


Anne Frank.

DIALANN CAILÍN ÓIG



BA IAD
OTTO H. FRANK
AGUS MIRJAM PRESSLER
A CHUIR AN DIALANN IN EAGAR
ARNA AISTRIÚ AG PÁDRAIG DE BLÉINE

PUFFIN BOOKS

DIALANN CAILÍN ÓIG

Rugadh Anne Frank ar 12 Meitheamh 1929. Fuair sí bás agus í i sluachampa géibhinn in Bergen-Belsen, trí mhí roimh a breithlá sé bliana déag.

Ba é Otto H. Frank an t-aon duine amháin ón dlúth-theaghlach a tháinig slán as an Uileloscadh. Fuair sé bás sa bhliain 1980.

Is Léachtóir Sinsearach Roinn na Gaeilge i gColáiste Ollscoile Naomh Muire i mBéal Feirste é Pádraig de Bléine a d'aistrigh an Dialann.

Anne Frank.

DIALANN CAILÍN ÓIG

BA IAD OTTO H. FRANK
AGUS MIRJAM PRESSLER
A CHUIR AN DIALANN IN EAGAR

ARNA AISTRÍÚ AG PÁDRAIG de BLEINE

Anne Frank: Dialann Cailín Óig
Arna chéadfhoilsiú i SAM 1995
Arna chéadfhoilsiú sa Bhreatain Mhór ag Viking 1997
Arna fhoilsiú in Puffin Books 1997

Cóipcheart 1982, 1992, 2001 Anne Frank Fonds, Basel an Eilvéis
HET ACHTERHUIS
DAGBOEKBRIEVEN 14 JUNI 1941 - 1 AUGUSTUS 1944
An t-aon leagan údaraithe: OTTO H. FRANK AND MIRJAM PRESSLER

Cóipcheart © AFF Basel CH / AFS Amstardam an Íseltír
Cóipcheart © ANNE FRANK FONDS Basel CH / Anne Frank Stichting
Amsterdam an Íseltír
Cóipcheart ar lámhscríbhneoireacht Anne Frank le caoinchead
ANNE FRANK FONDS Basel an Íseltír

Grianghraf Theach Anne Frank, cóipcheart © Maria Austria/MAI
Griangraif, cóipcheart © Getty Images

Réamhrá

Choinnigh Anne dialann ó 12 Meitheamh 1942 go 1 Lúnasa 1944. Ar dtús, leis an fhírinne a dhéanamh, scríobh sí di féin amháin í. Ansin, lá éigin sa bhliain 1944, d'fhógair Gerrit Bolkestein, ball de chuid rialtas na hOllainne, a bhí ar deoraíocht, i gcraolachán raidió as Londain go raibh sé ag dúil le cuntais na héagóra a d'fhulaing muintir na hOllainne, agus na Gearmánaigh i seilbh na tíre, a bhailiú ó fhinnéithe agus a chur ar fáil don phobal. Luaigh sé go háirithe litreacha agus dialanna mar shamplaí.

De thairbhe go ndeachaigh a óráid i bhfeidhm uirthi, shocraigh Anne go bhfoilseodh sí leabhar nuair a bheadh an cogadh thart bunaithe ar a dialann. Thosaigh sí a scríobh agus a chur eagar ar a dialann, a fheabhsú an téacs, a fhágáil sleachta ar lár a shíl sí nach raibh suimiúil go leor agus a chur nótaí eile léi óna cuimhní cinn. Ag an am céanna, choinnigh sí a bundialann ag dul. Sa saothar scolártha *The Diary of Anne Frank: The Critical Edition (1989)*, tugtar leagan *a* ar an chéad dialann ag Anne nach raibh eagar curtha uirthi le í a dhealú óna dara dialann a raibh eagar curtha uirthi, a dtugtar leagan *b* uirthi.

Is é 1 Lúnasa 1944 an dáta deireanach a scríobh Anne rud ar bith ina dialann. Ar 4 Lúnasa 1944, gabhadh an t-ocht ar a bhí i bhfolach san Urtheach. Tháinig Miep Gies agus Bep Voskuil, beirt rúnaithe a bhíodh ag obair san fhoirgneamh, ar dhialanna Anne agus iad scaipthe ar fud an urláir.

Dhing Miep iad isteach i dtarraiceán a deisce chun iad a choinneáil slán. I ndiaidh an chogaidh, nuair a tháinig sé chun solais go raibh Anne ar shlí na fírinne, thug sí na dialanna d’athair Anne, Otto Frank, gan iad a léamh

I ndiaidh dó machnamh domhain a dhéanamh air, shocraigh Otto Frank mian a iníne a chomhlíonadh trína dialann a fhoilsiú. Roghnaigh sé ábhair ó leaganacha a agus b , á gcur in eagar i leagan is gairide a dtugadh leagan c uirthi níos faide anonn. Tá a fhios ag léitheoirí ó cheithre chreasa an domhain an leagan seo dar teideal i mBéarla *The Diary of a Young Girl*.

Agus é á roghnú, bhí ar Otto Frank smaoineamh ar roinnt rudaí. Ar dtús, b’éigean dó an leabhar a choinneáil gairid sa dóigh go mbeadh sí fóirsteanach don tsraith a chuirfeadh an foilsitheoir Ollannach amach. Anuas air sin, fágadh roinnt sleachta a bhain le collaíocht Anne ar lár nuair a foilsíodh an dialann a chéadair sa bhliain 1947. Ní raibh sé de nós ag daoine scríobh ar chúrsaí collaíochta go hoscailte, agus is cinnte nach scríobhtaí fúthu i leabhair do dhaoine óga. Ar mhaithe le meas ar na daoine a bhí marbh, d’fhág Otto Frank roinnt sleachta neamh-mholtacha faoina bhean agus faoi dhaoine eile a bhí san Urtheach ar lár. Scríobh Anne Frank, a bhí trí bliana déag nuair a thosaigh sí ar a dialann agus cúig bliana déag nuair ab éigean di stopadh, gan fiacail a chur ann faoi na rudaí a raibh dúil aici iontu agus na rudaí nach raibh dúil aici iontu.

Nuair a fuair Otto bás sa bhliain 1980, thug sé lámhscríbhinní a iníne le huacht do Institiúid Stáit na hOllainne um Cháipéisí Cogaidh in Amstardam. De bhrí gur caitheadh amhras ar fhírinne na dialainne ó foilsíodh í den chéadair, d’ordaigh Institiúid um Cháipéisí Cogaidh go mbeadh dianfhiosrúchán ann. A luaithe agus a cruthaíodh fírinne na dialainne, gan lá amhrais, foilsíodh ina hiomláine í maraon le torthaí mionstaidéir. Tá leaganacha a , b agus c sa leabhar dar teideal i mBéarla *The Critical Edition* chomh maith le hailt

ar chúlra an teaghlaigh Frank, faoina ngabháil agus a ndíbirt thar tír amach, faoin iniúchadh ar pheannaireacht Anne agus na cáipéisí agus na hábhair ar baineadh úsáid astu.

Shocraigh Anne Frank-Fonds (Iontaobhas Anne Frank) in Basle san Eilbhéis, a bhí ina oidhre ghinearálta ag Otto Frank agus a fuair cóipchearta a iníne le hoidhreacht, go mbeadh eagrán nua sínte ann a bheadh foilsithe do ghnáthléitheoirí. Ní théann an leagan úr i bhfeidhm ar ionracas an tseanchinn ar chuir Otto Frank eagar air, rud a thug an dialann agus a teachtaireacht chuig na milliúin duine. Cuireadh an dualgas ar Mirjam Pressler, scríbhneoir agus aistritheoir, an leagan nua sínte a chur le chéile. Cuireadh sleachta as leaganacha *a* agus *b* leis an chuid a bhí tofa ó thus ag Otto Frank. Tá 30% níos mó ábhair sa leagan úr de chuid Mirjam Pressler, atá ceadaithe ag Anne Frank-Fonds agus rún aici léargas is mó a thabhairt don léitheoir ar shaol Anne.

Sa bhliain 1998 tháinig sé chun solais go raibh cúig leathanach eile den dialann ann nach raibh a fhios ag duine ar bith gurbh ann dóibh roimhe. Anois, le caoinchead Anne Frank-Fonds, cuireadh sliocht fhada a théann siar go dtí 8 Feabhra 1944 leis an chuid a cuireadh isteach cheana ar an dáta sin. Níor cuireadh sliocht ghairid eile isteach in áit an chinn a bhí ann de bhrí go bhfuil leagan is cuimsithí den dáta céanna sa dialann cheana féin. Ar a bharr sin, mar gheall ar rudaí a tháinig chun solais le déanaí, bogadh an chuid a cuireadh isteach ar 7 Samhain 1942 go 30 Deireadh Fómhair 1943. Le tuilleadh eolais a fháil, féach an leagan leasaithe i mBéarla *The Critical Edition*.

Agus í ag scríobh a dara leagan (*b*), chum Anne ainmneacha bréagacha do na daoine a bheadh ann ina leabhar. Bhí sí ag iarraidh Anne Aulis a thabhairt uirthi féin ag an tús, agus ina dhiaidh sin Anne Robin. Roghnaigh Otto Frank a n-ainmneacha féin a thabhairt ar bhaill a theaghlaigh féin agus mar ba mhian le Anne maidir leis na daoine eile. Thar na

blianta tá a fhios ag an saol agus a mháthair ainmneacha na ndaoine a chuidigh leis na teaghlaigh san Urtheach.

Sa leagan seo, tugtar an fíorainm ar na cúntóirí uilig, rud atá tabhaithe go maith acu. Tugtar na hainmneacha bréagacha orthu siúd uilig de réir *The Critical Edition*. Thug an Institiúid um Cháipéisí Cogaidh ceannlitreacha orthu siúd ar mhaithe le iad a bheith gan ainm.

Is iad seo a leanas fíorainmneacha na ndaoine eile a bhí i bhfolach san Urtheach:

AN TEAGHLACH VAN PELS
(as Osnabrück, an Ghearmáin):

Auguste van Pels (a rugadh 9 Meán Fómhair 1900)

Hermaan van Pels (a rugadh 31 Márta 1898)

Peter van Pela (a rugadh 8 Samhain 1926)

Thug Anne Petronelle, Hans agus Alfred van Daan orthu ina lámhscríbhinn; agus sa leabhar: Petronella, Hermann agus Peter van Daan.

FRITZ PFEFFER

(a rugadh 30 Aibreán 1889, in Giessen na Gearmáine):

Thug Anne Albert Dussel air ina lámhscríbhinn agus sa leabhar.

Is fiú don léitheoir cuimhneamh air go bhfuil cuid mhaith den leagan seo bunaithe ar leagan *b* de dhialann Anne a scríobh sí nuair a bhí sí beagnach cúig bliana déag d’aois. Ó am go ham, chuaigh Anne siar gur scríobh sí faoi shliocht a bhí scríofa aici roimhe sin. Ar ndóigh, ceartaíodh na meancóga litrithe agus teanga a rinne Anne. Seachas sin, tá an téacs fágtha a bheag nó a mhór mar a scríobh sí féin é, de thairbhe go mbeadh sé neamhfhoirsteanach eagar a chur ar cháipéis stairiúil.

Ik zal hoop ik een jou allerhinnest
hervertrouwen, zoals ik het nog een
niemand gekunt heb, en ik hoop dat
ji alle grote stemmen om me zullen zijn.
Amst. Frank. 12 Juni 1842.

‘Tá súil as agam go mbeidh mé ábalta muinín a chur ionat
faoi gach uile rud, ar dhóigh nach raibh mé ábalta muinín
a chur i nduine ar bith, agus tá súil agam go mbeidh tú i do
fhoinsé sóláis agus tacaíochta dom.’

12 MEITHEAMH 1942

Tá súil as agam go mbeidh mé ábalta muinín a chur ionat faoi gach uile rud, ar dhóigh nach raibh mé ábalta muinín a chur i nduine ar bith, agus tá súil as agam go mbeidh tú i d'fhoinse sóláis agus tacaíochta dom.

CUNTAS CURTHA AG ANNE AR
AN 28 MEÁN FÓMHAIR 1942:

Is an-mhór an fhoinse sóláis atá ionat domsa go dtí seo, agus in Kitty chomb maith, a mbím ag scríobh chuici go minic anois. Is deise dialann a choinneáil ar an dóigh seo agus anois bím ag dúil go mór leis na bomaití nuair atá mé ábalta scríobh chugat.

Ó, tá an-áthas orm gur thug mé liom thú!

AN DOMHNACH, 14 MEITHEAMH 1942

Tosóidh mé ón bhomaite a fuair mé thú, ón bhomaite a chonaic mé thú i do luí ar an tábla i measc mo chuid bronntanas breithlae eile. (Chuaigh mé ann nuair a ceannaíodh thú, ach níl sé sin san áireamh.)

Ar an Aoine, 12ú Meitheamh, bhí mé i mo dhúiseacht ar a sé a chlog, ní iontas ar bith é sin ó tharla go raibh mo bhreithlá ann. Ach níl cead agam éirí ag an am sin, mar sin de bhí agam leis an fhiosracht a smachtú go dtí ceathrú go dtí a seacht. Nuair nach raibh mé ábalta fanacht níbh fhaide, chuaigh mé chuig an seomra bia, áit ar chuir Moortje (an cat) fáilte romham agus í á cuimilt féin in éadan mo chos.

Tamall beag i ndiaidh a seacht chuaigh mé chuig daidí agus mamaí agus ansin chuig an seomra suí chun mo chuid bronntanas a oscailt, agus is tusa an chéad rud a chonaic mé, b'fhéidir ar na bronntanais is deise agam. Ansin crobhaing rósanna, roinnt piainí agus planda i bpota. Fuair mé blús gorm, cluiche, buidéal sú fíonchaor, a bhfuil blas fíona uirthi, dar liom féin (i ndeireadh na dála, déantar fíon d'fhíonchaora), puzal, pota ungaidh fhuair, 2.50 guldán agus dearbhán faoi choinne dhá leabhar. Fuair mé leabhar eile chomh maith, *Camera Obscura* (ach tá sé ag Margot cheana féin mar sin de mhalartaigh mé mo cheannsa ar rud eile), pláta brioscaí baile (a rinne mé fein, ar ndóigh, ó tharla go bhfuil mé i mo shaineolaí ag déanamh brioscaí), neart milseán agus toirtín súnna talún ó Mháthair. Agus litir ó Grammy, go díreach in am, ach ar ndóigh ní raibh ann ach comhtharlú.

Ansin tháinig Hanneli chun bualadh liom agus chuaigh muid ar scoil. I rith an tsosa thug mé amach brioscaí do mhúinteoirí agus do bhaill mo ranga, agus ansin bhí sé in am dúinn dul ar ais ar obair. Níor bhain mé an teach amach go dtí a cúig a chlog ó tharla go ndeachaigh mé chuig an ghiomnásiam leis an chuid eile den rang. (Níl cead agam páirt a ghlacadh ann de bhrí go bhfuil claonadh ag mo ghualainn agus ag mo chorróga bheith curtha as alt.) De bhrí go raibh mo bhreithlá ann bhí mé ábalta an cluiche a d'imreodh mo chairde ranga a roghnú, agus roghnaigh mé eitpheil. Ina dhiaidh sin, dhamhsaigh siad uile thart orm i gciorcal agus dúirt siad 'Lá Breithe Sona Duit'. Ar fhilleadh abhaile dom, bhí Sanne Ledermann ann romham. Tháinig Ilse Wagner, Hanneli Goslar agus Jacqueline van Maarsen abhaile liom i ndiaidh an ghiomnásiaim, ó tharla gur sa rang chéanna atáimid. Ba iad Hanneli agus Sanne an bheirt chairde ab fhearr agam. Deireadh daoine a d'fheiceadh le chéile muid, 'Sin iad Anne, Hanne agus Sanne.' Níor casadh Jacqueline van Maarsan orm go dtí gur thosaigh mé ar Licéam na nGiúdach, agus anois

is í an cara is fearr agam í. Is í Ilse an cara is fearr atá ag Hanneli agus freastalaíonn Sanne ar scoil eile agus tá cairde aici ansin. Thug siad leabhar galánta dom, *Dutch Sagas and Legends*, ach thug siad Imleabhar II dom de thaisme, mar sin de mhalartaigh mé dhá leabhar eile ar Imleabhar I. Thug Aint Helene puzal, Aint Stephanie bróiste galánta agus Aint Leny leabhar den scoth *Daisy goes to the Mountains* dom.

Ar maidin luigh mé san fholcadán agus mé ag smaoineamh a fheabhas a bheadh sé dá mbeadh madadh agam dála Rin Tin Tin. Thabharfainn Rin Tin Tin air fosta, agus thabharfainn ar scoil liom é, áit a mbeadh sé ábalta fanacht i seomra an airígh nó ag seastáin na rothar nuair a bheadh dea-aimsir ann.

AN LUAN, 15 MEITHEAMH 1942

Bhí cóisir bhreithlae agam tráthnóna Dé Domhnaigh. D'éirigh go hiontach leis an scannán *The Rin Tin Tin* i measc mo chairde ranga. Fuair mé dhá bhróiste, leabharmharc agus dhá leabhar.

Tosóidh mé a insint duit roinnt rudaí faoi mo scoil agus faoi mo rang, ag tosú leis na páistí eile.

Tá cuma measartha bocht ar Betty Bloemendaal, agus tá mé ag déanamh go mb'fhéidir go bhfuil sí bocht. Tá cónaí uirthi ar shráid gan iomrá in Oirthear Amstardam agus níl a fhios ag duine ar bith cén áit a bhfuil sí. Éiríonn go maith léi ar scoil, ach is é sin de bhrí go mbíonn sí ag obair go crua, ní hé de bhrí go bhfuil sí cliste. Tá sí measartha ciúin.

Tá Jacqueline van Maarsen in ainm is a bheith ina cara is fearr agam, ach ní raibh fíorchara riamh agam. Ar dtús shíl mé go mbeadh Jacque ina fíorchara agam, ach bhí dul amú orm. Is girseach an-neirbhíseach í D.Q* a dhéanann dearmad ar

* Ceannlitreacha á n-úsaid gan aird dóibh siúd arbh fhearr leo fanacht gan ainm.

rudaí i gcónaí, mar sin de coinníonn na múinteoirí orthu ag tabhairt obair baile bhreise di mar phionós. Tá sí an-chineálta, go háirithe le G.Z.

Bíonn E.S. ag caint an oiread sin nach bhfuil sé greannmhar. Bíonn sí i gcónaí ag leagan a láimhe ar do chuid gruaige nó ag méirínteacht le do chnaipí nuair a chuireann sí ceist ort. Deir siad nach dtig léi cur suas liom, ach is ríchuma liom, de bhrí nach bhfuil mórán dúile agam inti ach oiread.

Is girseach dheas í Henny Mets a bhfuil meon gealgháireach aici ach amháin go bhfuil guth ard aici agus go mbíonn sí iontach leanbaí agus muid ag súgradh taobh amuigh. Ar an drochuair, tá cara ag Henny darb ainm Beppy a imríonn drochthionchar uirthi de bhrí go bhfuil sí salach agus lodartha.

J.R. – thiocfadh liom leabhar iomlán a scríobh fá dtaobh dithe. Is ráflálaí gráiniúil, slítheánta, ardnósach, béalchráifeach í J. a shíleann go bhfuil sí ina duine fásta. Tá Jacque faoi dhraíocht aici i ndáiríre, agus is mór an náire é. Is duine goilliúnach í Jacque a phléascann amach ag caoineadh ar an rud is lú ar bith agus, mar bharr ar an donas, bíonn sí de shíor ag cur gothaí uirthi féin. Caithfidh an ceart a bheith ag Iníon J. i gcónaí. Tá sí an-saibhir agus tá almóir lán de na gúnaí is aobhne aici atá i bhfad ró-aosta di. Síleann sí go bhfuil sí dóighiúil, ach níl sí. Ní thig le J agus liomsa cur suas lena chéile.

Is girseach dheas í Ilse Wagner a bhfuil meon gealgháireach aici, ach tá sí an-chúrialta agus tig léi uaireanta an chloig a chaitheamh ag éagaoín agus ag geonaíl faoi rud éigin. Tá an-dúil ag Ilse ionam. Tá sí an-chliste ach falsa.

Tá Hanneli Goslar, nó Lies mar a thugtar ar scoil uirthi, giota beag aisteach. Is gnách go mbíonn sí cúthail – béalscaoilte sa bhaile, ach dúnarasach le daoine eile. Sceitheann sí cibé rud a insíonn tú di lena máthair. Ach deir sí amach a mbíonn ar a hintinn, agus le déanaí is mór an meas atá agam uirthi.

Tá Nannie van Praag-Sigaar beag, greannmhar agus siosmaideach. Sílim go bhfuil sí deas. Tá sí measartha cliste. Níl mórán eile a thig leat a rá faoi Nannie.

I mo bharúil féin, tá Eefje de Jon thar barr. Cé nach bhfuil sí ach dhá bhliain déag d'aois, cuireann sí gothaí na mná uaisle uirthi féin. Caitheann sí liom mar a bheadh leanbh ionam. Tá sí an-chuidiúil fosta, agus tá dúil agam inti.

Is í G.Z. is dóighiúla inár rang. Tá aghaidh dheas uirthi, ach tá sí giota beag bómánta. Sílim go bhfuil siad ag dul í a choinneáil siar go ceann bliana, ach ar ndóigh níor inis mé sin di.

CUNTAS CURTHA AG ANNE NÍOS MOILLE:

Rud a chuir mo sháith iontais orm nár coinníodh G.Z. siar go ceann bliana sa deireadh.

Agus ina suí in aice le G.Z. is í an duine deireanach den dá ghirseach déag, mise.

Tá neart le rá faoi na gasúir, nó b'fhéidir nach bhfuil an oiread sin sa deireadh.

Tá Maurice Coster ar an iliomad daoine a bhreathnaíonn orm le haoibhneas, ach is mór an crá croí é.

Tá intinn shalach ag Sallie Springer, agus chuaigh sé an bealach ar fad, de réir na ráflaí. Ar aon nós, sílim go bhfuil sé thar barr, de bhrí go bhfuil sé greannmhar.

Breathnaíonn Emiel Bonewit ar G.Z. le haoibhneas, ach tá sise ar nós cuma liom. Tá sé measartha leadránach.

Is gnách go dtugadh Rob Cohen grá dom fosta, ach ní thig liom cur suas leis níos mó. Is snagaire beag bómánta bréagach, gráiniúil agus béalchraifeach é a shíleann a mhór de féin.

Is gasúr feirme é Max van de Velde as Medemblik, ach gasúr breá, mar a déarfadh Margot.

Tá intinn shalach ag Herman Koopman fosta, go díreach dála Jopie de Beer, atá ina chliúsaí agus ina bhanaí déanta.

Is é Leo Blom an cara is fearr ag Jopie de Berr, ach tá sé truaillithe ag intinn shalach Jopie.

Tháinig Albert de Mesquita ó Scoil Montessori agus léim sé bliain. Tá sé an-chliste go deo.

Tháinig Leo Slager ón scoil chéanna, ach níl sé chomh cliste céanna. Is gasúr smutach starrógach é Ru Stoppelmon as Almelo a d'aistrigh chun na scoile seo i lár na bliana.

Déanann C.N cibé rud nár chóir dó a dhéanamh.

Suíonn Jacques Kocernoot taobh thiar dinn, in aice le C., agus bíonn an bheirt againn (G. agus mise) sna trithí gáire.

Is é Harry Schaap an gasúr is breátha inár rang. Tá sé deas. Tá Werner Joseph deas chomh maith, ach d'éirigh sé ina dhuine ciúin mar gheall ar na hathruithe uile atá ag tarlú le déanaí, mar sin de tá an chuma air go bhfuil sé leadránach.

Is duine de na diúlaiigh chrua é Sam Saloman as an taobh gharbh den bhaile. Dailtín déanta. (Geallmhar orm!)

Tá Appie Riem measartha ceartchreidmheach, ach is dailtín é fosta.

AN SATHARN, 20 MEITHEAMH 1942

Is taithí as an ghnáth í do mo leithéid bheith ag scríobh i ndialann. Ní hé amháin de bhrí nár scríobh mé rud ar bith riamh, ach fosta chítear domsa nach mbeidh suim agam féin nó ag duine ar bith eile i machnamh ghirseach scoile trí bliana déag d'aois amach anseo. Faraor, is cuma. Tá fonn scríbhneoireachta orm, agus tá gá níos géire agam anois gach sórt rudaí a chur díom.

'Is mó an fhoighne atá ag páipéar ná ag duine.' Smaoinigh mé ar an nath cainte ar lá de na laetha sin nuair a bhí mé giota beag faoi smúit agus mé i mo shuí sa bhaile agus mo smig ina suí i mo lámha agam, dúdóite agus spadánta, ag déanamh mo mhachnaimh cé acu a d'fhanfainn istigh nó a rachainn amach. D'fhan mé istigh sa deireadh áit a raibh mé ag machnamh go

brúite ar rudaí. Is ea, is mó an fhoighne atá ag páipéar ná ag duine, agus ó tharlaíonn nach bhfuil sé ar intinn agam ligean do dhuine ar bith eile an leabhar nótaí seo a bhfuil droim chrua aige a gcuirtear síos air go hardnósach mar ‘dhialann’ a léamh, ach ab é go bhfaighe mé fíorchara, is éadócha go ndéanfaidh sé lá difir. Anois tá mé ar ais chuig an chúis a spreag mé chun ‘dialann’ a choinneáil sa chéad dul síos: níl cara agam.

Lig dom é a dhéanamh níos soiléire, ó tharlaíonn nach gcreidfídh duine ar bith go bhfuil girseach trí bliana déag d’aois go hiomlán uaigneach sa saol. Agus níl mé. Tá tuimsitheoirí grámhara agam agus deirfiúr sé bliana déag d’aois, agus tá thart faoi thríocha duine ann a dtig liom cairde a thabhairt orthu. Tá plód daoine ann atá geallmhar orm nach féidir a súile adhartha a choinneáil uaim agus nach mbíonn an dara suí sa bhuaille acu ach úsáid a bhaint as scáthán póca bríste chun spléachadh a fháil ormsa sa seomra ranga. Tá teaghlach agam, aintíní a bhfuil grá acu dom agus teach breá. Ní hea, ar an dromchla, tá an chuma ar an scéal go bhfuil deireadh agam, ach amháin mo chara cléibh féin. Ní bhíonn ar m’intinn ach am maith a bheith agam nuair a bhím le cairde. Ní thig liom labhairt ar rud ar bith seachas gnáthrudaí laethúla. Níl an chuma air go bhfuilimid ábalta éirí níos cóngaraí, agus sin í an fhadhb. B’fhéidir go bhfuil an locht orm nach ligimid rún le chéile. Ar aon nós, sin an dóigh a bhfuil rudaí, agus ar an drochuair níl an dealramh air go dtiocfaidh athrú orthu. Is é sin an fáth ar thosaigh mé an dialann.

Chun cur le híomhá an charad seo ar fhan mé tamall fada léi i mo shamhlaíocht, níl mé go díreach ag iarraidh nótaí a bhreacadh síos sa dialann ar an dóigh chéanna a ndéanfaidh an chuid is mó de na daoine é, ach tá mé ag iarraidh go mbeidh an dialann mar chara agam, agus tá mé ag dul a thabhairt *Kitty* ar an chara seo.

De bhrí nach dtuigfeadh duine ar bith focal de mo chuid scéalta chuig *Kitty* dá léimfinn díreach isteach, b’fhearrde dom

achóimre ar mo shaol a sholáthar, dá laghad a thaitníonn sé liom.

Níor phós m'athair, an t-athair is aoibhne dá bhfaca mé riamh, níor phós sé mo mháthair go dtí go raibh sé sé bliana is tríocha d'aois agus bhí sise cúig bliana is fiche. Tháinig mo dheirfiúr Margot ar an saol in Frankfurt am Main na Gearmáine sa bhliain 1926. Rugadh ar an dara lá Meitheamh 1929 mé. Bhí cónaí orm in Frankfurt go dtí go raibh mé ceithre bliana d'aois. De bhrí gur Giúdaigh muid, chuaigh m'athair ar imirce chun na hOllainne sa bhliain 1933, nuair a rinneadh stiúrthóir bainistíochta de ar Chomhlacht Opekta na hOllainne, a dhéanann táirgí le haghaidh suibhe milse. Chuaigh mo mháthair, Edith Hollander Frank, leis chun na hOllainne i mí Mheán Fómhair, agus cuireadh Margot agus mise go hAachen chun fanacht ag ár seanmháthair. Chuaigh Margot chun na hOllainne i mí na Nollag, agus lean mé í i mí Feabhra, nuair a shuigh mé fúm ag an tábla mar bhronntanas breithlae do Mhargot.

Thosaigh mé ar an naíscóil Montessori ar an toirt. D'fhan mé ansin go dtí go raibh mé sé bliana agus ansin thosaigh mé sa chéad rang. Ba í Bean Kuperus, an ardmháistreas, mo mhúinteoir ranga sa séú rang. Ag deireadh na bliana bhí na deora leis an bheirt againn nuair a d'fhág muid slán ó chroí ag a chéile, de bhrí gur glacadh liom ag Licéam na nGiúdach, áit a ndeachaigh Margot ar scoil fosta.

Níorbh amhlaidh a chaith muid ár saol gan imní an tsaol, ó tharla go raibh ár ngaolta sa Ghearmáin ag fulaingt faoi dhlíthe frith-Ghiúdacha Hitler. I ndiaidh na n-ionsaithe sa bhliain 1938 theith mo bheirt uncaílí (deartháireacha mo mháthar) ón Ghearmáin, go bhfuair siad tearmann i Meiriceá Thuaidh. Tháinig mo sheanmháthair a bhí anonn in aois a chónaí linne. Bhí sí trí bliana déag agus trí scór bliain d'aois ag an am.

I ndiaidh mhí na Bealtaine 1942 is annamh a tháinig laethanta sona: sa chéad dul síos bhí an cogadh ann, ansin tháinig an géilleadh agus teacht na nGearmánach, agus is é sin an uair a thosaigh an trioblóid do na Giúdaigh. Cuireadh teorainn lenár saoirse le sraith dlíthe frith-Ghiúdacha; ordaíodh do na Giúdaigh réalta bhuí a chaitheamh; b'éigean do na Giúdaigh scaradh lena rothair; bhí cosc ar na Giúdaigh dul ar na tramanna, bhí cosc ar na Giúdaigh taisteal i gcarranna, fiú ina gcarr féin; b'éigean do na Giúdaigh a gcuid siopadóireachta a dhéanamh idir 3.00 i.n. agus 5.00 i.n.; b'éigean do na Giúdaigh dul chuig siopaí bearbóra agus seomraí áilleachta ar le Giúdaigh amháin iad; bhí cosc ar na Giúdaigh bheith amuigh ar na sráideanna idir 8.00 i.n agus 6.00 r.n.; bhí cosc ar na Giúdaigh dul chun na n-amharclann, chun na bpictiúrlann nó chuig siamsaíocht ar bith eile; ní raibh cead ag na Giúdaigh dul chuig an linn snámha, chuig na cúirteanna leadóige, chuig na páirceanna haca nó chuig páirc lúthchleasaíochta ar bith eile; bhí cosc ar na Giúdaigh dul a rámhaíocht; bhí cosc ar na Giúdaigh páirt a ghlacadh in imeacht lúthchleasaíochta ar bith go poiblí; ní raibh cead ag na Giúdaigh suí ina ngarraithe féin nó i ngarraithe a gcairde i ndiaidh 8.00i.n.; bhí cosc ar na Giúdaigh cuairt a thabhairt ar Chríostaithe ina dtithe féin; b'éigean do na Giúdaigh freastal ar scoileanna Giúdacha agus araile. Ní raibh tú ábalta seo ná siúd a dhéanamh, ach lean an saol ar aghaidh. Deireadh Jacque liom i gcónaí, 'níl sé de mhisneach agam rud ar bith a dhéanamh níos mó, ar eagla nach bhfuil sé ceadaithe.'

I samhradh na bliana 1941 d'éirigh mo Mhamó tinn agus bhí uirthi dul faoi scian, mar sin d'imigh mo bhreithlá thart gan mórán ceiliúrtha. I samhradh na bliana 1940, is beag a rinne muid do mo bhreithlá ach an oiread, ó tharla go raibh an chogaíocht san Ollainn i ndiaidh teacht chun deiridh. Fuair Mamó bás i mí Eanáir 1942. Níl a fhios ag duine ar bith a mhinice a smaoiním uirthi agus tá grá agam di i gcónaí.

Bhí an ceiliúradh breithlae seo sa bhliain 1942 le cúiteamh a dhéanamh ar an chuid eile, agus lasadh coinneal Mhamó leis an chuid eile.

Tá an ceathrar againn ag dul ar aghaidh go maith, agus tugann sé sin mé chuig dáta an lae inniu 20 Meitheamh 1942, agus toirbhirt shollúnta mo dhialainne.

AN SATHARN, 20 MEITHEAMH 1942

A Kitty dhil!

Tosaím láithreach; tá sé deas ciúin anois. Tá Athair agus Máthair amuigh agus tá Margot ar shiúl ag imirt leadóg thábla le daoine óga eile ag teach a carad Tree. Bím féin ag imirt cuid mhór leadóg thábla le déanaí, an oiread sin gur bhunaigh cúigear cailíní againn club. Is é ‘An Camchéachta Beag Bain Ar Shiúl Beirt’, a thugtar air. Ainm fíoramaideach atá ann, ach tá sé bunaithe ar mheancóg. Bhí muid ag iarraidh ainm speisialta a thabhairt ar ár gclub; agus de bhrí go bhfuil cúigear againn ann, bhuail an smaoinemh muid, an Camchéachta Beag . Shíl muid go raibh cúig réalta ann, ach tharla go raibh muid contráilte. Tá seachtar ann, dála an Chamchéachta Mhóir, a mhíníonn, ‘Bain Ar Shiúl Beirt’. Tá trealamh leadóg thábla ag Ilse Wagner, agus tugann muintir Wagner cead dúinn imirt ina seomra mór bia am ar bith is mian linn. Ó tharlaíonn go bhfuil an-dúil ag an chúigear imreoirí leadóg thábla againn san uachtar reoite, go háirithe i rith an tsamhraidh, agus ó tharlaíonn go n-éiríonn tú te agus tú ag imirt leadóg thábla, is gnách go dtugaimid cuairt ar an pharlús uachtair reoite is cóngaraí ag deireadh na gluichí, a thugann cead isteach do na Giúdaigh: Oasis, é sin nó Delphi. Is fada ó chuir muid stad le cuardach an airgid nó na sparán – an chuid is mó den am bíonn sé chomh gnóthach sin in Oasis go bhfuilimid ábalta teacht ar roinnt fear fial a bhfuil aithne againn orthu nó ar dhuine

geallmhar orainn a bhíonn ag tairiscint níos mó uachtair reoite dúinn ná a thiocfadh linn a ithe taobh istigh de sheachtain.

Is dócha go bhfuil do sháith iontais ort éisteacht liom ag caint ar dhaoine atá geallmhar orm agus mé chomh hóg sin. Ar ar drochuair, nó ar an dea-uair, nó cibé dóigh a bhfuil sé, tá an chuma ar an scéal go bhfuil an saol mór imithe chun mímhóráiltachta inár scoil. An dá luas agus a iarrann buachaill orm an dtig leis dul abhaile ar a rothar in éineacht liom agus a luaithe a thosaímid a chaint, tig liom bheith cinnte de, naoi n-uaire as deich, go n-éireoidh sé an-tugtha dom ar an toirt agus nach ligfidh as a radharc ar feadh soicind mé. Téann a dhíograis i bhfuaire sa deireadh, go háirithe ó tharlaíonn go dtugaim neamhaird ar a shracfhéachaintí paiseanta agus go n-oibrím na troitheáin go haigeantach ar mo bhealach. Má éiríonn sé chomh holc sin go dtosaíonn siad a rámhaille leo faoi ‘cead Athar a iarraidh’, cuirim an rothar ar fiar beag, titeann mo mhála, agus síleann an fear óg nach bhfuil dul as aige ach teacht anuas dá rothar agus é a thabhairt dom, faoin am seo bíonn an t-ábhar comhrá athraithe agam go hábhar eile. Is iad seo na cinn is soineanta. Ar ndóigh táthar ann a chuireann póga chugat nó a dhéanann iarracht greim a fháil ar do lámh, ach is cinnte go bhfuil an dul amú orthu. Tagaim anuas de mo rothar agus diúltaím bheith ina gcuideachta níos mó nó cuirim an chuma orm gur tugadh masla dom agus deirim anonn is anall leis dul abhaile gan mé.

Sin tú. Tá dúshraith ár gcairdis curtha againn. Go dtí amárach.

Do chara dílis, Anne

A Kitty dhil,

Tá ár rang uile ar bharr amháin creatha le heagla. Is é an cruinniú chugainn nuair a shocraíonn na múinteoirí orthu siúd a rachaidh ar aghaidh chuig an chéad rang eile agus orthu siúd a choinneofar siar is cúis leis, ar ndóigh. Tá leathchuid den rang ag cur geallta. Bímse féin agus G.Z. sna trithí gáire ar an bheirt ghasúr taobh thiar dinn, ar C.N. agus ar Jacques Kocernoot, a chuir a raibh sábháilte acu don tsaoire ar an gheall. Ó mhaidin go faoithin, níl ann ach ‘Éireoidh leat’, ‘Ní éireoidh liom’, ‘Éireoidh, éireoidh leat’, ‘Ní éireoidh, ní éireoidh liom’. Níl sracfhéachaintí impíocha G. nó rachtanna feirge s’agam fiú ábalta iad a shuaimhniú. Dar liom, tá an oiread sin bómán ann gur chóir go gcoinneofaí thart faoin cheathrú cuid den rang siar, ach is iad na múinteoirí na créatúir is dothairngirthe ar domhan. Is féidir go mbeidh siad dothairngirthe an iarraidh seo sa treo cheart mar athrú.

Níl mé róbhuartha faoi mo chailínchairde nó fúm féin. Éireoidh linn. Is é an mhata an t-aon ábhar amháin nach bhfuil mé cinnte de. Ar aon nós, ní thig linn rud ar bith eile a dhéanamh ach fanacht. Go dtí sin, coinneoidimid ag insint dá chéile gan an misneach a chailleadh.

Réitím go measartha maith le mo chuid múinteoirí uile. Tá naonúr acu ann, seachtar fear agus beirt bhan. Bhí rothán ar an Uasal Keesing liom le tamall fada, an seanfhondúir a theagascann an mhata dom, de bhrí gur labhair mé barraíocht. I ndiaidh roinnt rabhadh thug sé breis obair baile dom. Aiste dar teideal ‘An Clabaire’. Clabaire, cad é a thig leat scríobh faoi sin? Bheinn buartha faoi sin níba mhoille anonn, a shocraigh mé. Bhreac mé síos an teideal ar mo leabhar nótaí, shocraigh mé i mo mhála é agus rinne iarracht bheith i mo thost.

Tráthnóna, i ndiaidh dom an chuid eile de m’obair baile a chríochnú, chaith mé mo shúil ar an nóta. Thosaigh mé a smaoineamh ar an ábhar agus mé ag cogaint bharr mo phinn

tobair. Thioctadh le duine ar bith bheith ag rámhaille leis agus bearnaí móra a fhágáil idir na focail, ach ba é an cleas ná teacht ar argóintí feidhmiúla le gá na cainte a chruthú. Rinne mé mo mhachnamh go domhain air, agus go tobann rith an smaoineamh liom. Scríobh mé na trí leathanach a dháil an tUasal Keesing orm agus bhí mé sásta. Rinne mé an argóint gur gné bhaineann í an chaint agus go ndéanfainn mo dhícheall í a choinneáil faoi smacht, ach nach dtiocfadh liom éirí as an nós go huile is go hiomlán, ó tharla gur labhair mo mháthair an oiread céanna liomsa, mura labhraíonn sí níos mó, agus is beag a thig leat a dhéanamh faoi ghnéithe a thagann anuas ó ghlúin go glúin. Rinne an tUasal Keesing gáire croíúil ar mo chuid argóintí, ach nuair a lean mé orm ag caint i rith an chéad cheachta eile, dháil sé an dara haiste orm. An iarraidh seo bhí sí le bheith ar ‘Clabaire Dosmachtaithe’. Thug mé isteach í agus ní raibh ábhar gearáin ag an Uasal Keesing ar feadh dhá cheacht iomlána. I rith an tríú ceacht, áfach, bhí a sháith aige faoi dheireadh. ‘A Anne Frank’, mar phionós ar an chaint sa rang, scríobh aiste dar teideal “‘Grágarsach, grágarsach, grágarsach,’ arsa Iníon an Chlabaire”.’

Bhain sé sin gáire croíúil as an rang. B’éigean domsa gáire a dhéanamh fosta, cé go raibh mo chuid beartaíochta beagnach sáraithe agam ar thopaic na gclabairí. Bhí sé in am dom teacht aníos le rud éigin eile, le bunsmaoineamh. Dúirt cara liom, Sanne, a bhfuil bua na filíochta aici, go gcuideodh sí liom aiste a scríobh i véarsaíocht ó thus go deireadh. Bhí altú na lámh suas agam. Bhí Keesing ag iarraidh ceap magaidh a dhéanamh díom leis an ábhar amaideach seo, ach dhéanfainn cinnte de go mbeadh sé fein ina cheap magaidh.

Chuir mé críoch le mo dhán, agus bhí sé galánta! Bhí sé faoi lacha agus eala a raibh trí éinín lachan acu agus d’ith an t-athair ina mbeo iad de bhrí go mbíodh siad ag grágarsach barraíocht. Ar ámharáí an tsaoil, bhí acmhainn mhaith ag Keesing don ghreann ar an toirt. Léigh sé an dán don rang, ag

cur a chuid cuntas leis, agus léigh sé do roinnt ranganna eile é. Ó shin i leith, tá cead cainte agam agus níor dáileadh obair baile bhreise ar bith orm. A mhalairt ar fad, tá Keesing ag déanamh magaidh de rudaí na laetha seo.

Do chara dílis, Anne

AN CHÉADAOIN, 24 MEITHEAMH 1942

A Kitty dhil,

Tá sé an-bhrothallach. Tá gach duine as anáil, agus caithfidh mé siúl gach áit sa teas seo. Tuigim go díreach anois a dheise atá an tram, ach níl cead ag na Giúdaigh feidhm a bhaint as an ghalántacht seo; is leor linn an dá chois atá againn. Bhí coinne agam leis an fhiaclóir Jan Luykenstraat ag am lóin inné. Is achar fada é ón scoil s'againne ar Stradstimmertuinen. Is beag nár thit mo néal orm ag mo dheasc an tráthnóna sin. Ar an dea-uair, tá sé de nádúr ag daoine rud éigin le hól a thairiscint duit. Tá an banfhiaclóir an-chineálta.

Is é an bád farrantóireachta an t-aon mhodh taistil atá fágtha againn. Thug fear an bháid ag Josef Israelkade anonn muid nuair a d'iarr muid air. Níl locht ar bith ar na hOllannaigh go bhfuil na Giúdaigh ag fulaingt an oiread sin.

Is mian liom nach raibh orm dul ar scoil. Goideadh mo rothar le linn shaoire na Cásca, agus thug Athair rothar Mháthar do chairde críostaí éigin chun é a choinneáil slán. Buíochas do Dhia go bhfuil saoire an tsamhraidh beagnach linn; seachtain amháin eile agus beidh ár gcrá croí thart.

Tharla rud éigin nach raibh mé ag dúil leis maidin inné. Agus mé ag dul thart le seastáin na rothar, chuala mé m'ainm á ghlaoch. Thiontaigh mé thart agus bhí an gasúr deas ar casadh orm é ag teach mo charad Wilma an tráthnóna roimhe, ina sheasamh romham. Is col seisear le Wilma é. Shíl mé go raibh Wilma deas tráth, agus tá sí, ach ní bhíonn ábhar comhrá ar bith eile aici ach amháin na gasúir, agus téann sé chun leadráin. Tháinig sé chugam, agus é cineál faiteach, gur chuir sé é féin

in aithne mar Hello Silberberg. Bhí cineál iontais orm agus ní raibh mé cinnte cad é a bhí uaidh, ach níorbh fhada go bhfuair mé amach. D'iarr sé cead orm dul ar scoil i mo chuideachta. 'A fhad is atá tú ag dul an bealach sin, rachaidh mé leat,' a dúirt mé. Agus mar sin de shiúil muid le chéile. Tá Hello sé bliana déag agus tá sé maith ag insint gach cineál scéil ghreannmhair.

Bhí sé ag fanacht liom arís ar maidin, agus tá mé ag déanamh go mbeidh sé ansin as seo amach.

Anne

AN CHÉADAIOIN, 1 IÚIL 1942

A Kitty dhil,

Go dtí an lá inniu, leis an fhírinne a dhéanamh, ní raibh an t-am agam scríobh chugat. Bhí mé le cairde an lá ar fad Déardaoin, bhí cuideachta againn Dé hAoine, agus is mar sin a bhí sé go dtí an lá inniu.

Tá Hello agus mé féin ag cur aithne mhaith ar a chéile le seachtain anuas, agus d'inis sé cuid mhór dom faoina shaol féin. Is as Gelsenkirchen é agus tá sé ag cur faoi lena sheantuismitheoirí anois. Tá a thuismitheoirí sa Bheilg, ach níl dóigh ar bith ann go dtig linn dul ansin. Bhíodh cailínchara ag Hello darb ainm Ursul. Tá aithne agam uirthi fosta. Tá sí iontach deas ach iontach leadránach. Ó casadh orm é, tuigean Hello go bhfuil sé ag titim ina chodladh i gcuideachta Ursul. Is mé an ola ar a chroí aige. Ní bhíonn a fhios agat in am ar bith an mhaith atá ionat.

Chaith Jacque oíche Shathairn anseo. Bhí sé ag teach Hanneli Dé Domhnaigh agus bhí mé dúdóite.

Bhí Hello le teacht anonn tráthnóna, ach chuir sé glaoch orm i dtrátha a sé. D'fhreagair mé an guthán, agus dúirt sé, 'Is é seo Helmuth Silberberg. An dtig liom labhairt le Anne?'

'Ó, a Hello, is í seo Anne.'

'Ó, Dia duit, a Anne. Cad é mar atá tú?'

‘Go breá, go raibh maith agat.’

‘Níl mé ach ag iarraidh a rá go bhfuil mé buartha nach dtig liom teacht anocht, cé gur mhaith liom focal a bheith agam leat. An mbeidh sé ceart go leor má thagaim thart i gceann deich mbomaite nó mar sin?’

‘Beidh, sin go breá. Slán agat!’

‘Maith go leor, beidh mé thall caol díreach. Slán leat!’

Chuir mé síos an guthán, d’athraigh mo chuid éadaí go gasta agus chóirigh mo chuid gruaige. Bhí mé chomh neirbhíseach sin gur chuir mé mo cheann amach ar an fhuinneog chun é a fheiceáil. Tháinig sé sa deireadh. Iontas na n-iontas, níor dheifrig mé síos an staighre, ach d’fhan mé go ciúin go dtí gur bhuaíl sé an cloigín. Chuaigh mé síos gur oscail mé an doras, agus níor chuir sé fiacail ann.

‘A Anne, síleann mo sheanmháthair go bhfuil tú ró-óg dom agus nár chóir dom tú a fheiceáil ar bhonn rialta. Deir sí gur chóir dom bheith ag dul chuig teach Lowenbach, ach is dócha go bhfuil a fhios agat nach bhfuil mé ag siúl amach le hUrsul níos mó.’

‘Níl, níl a fhios agam. Cad é a tharla? Ar tharla idir an bheirt agaibh?’

Níor tharla, níor tharla a dhath ar bith mar sin. Dúirt mé le hUrsul nach raibh muid fóirsteanach dá chéile agus gurbh fherr i bhfad dúinn gan bheith ag siúl amach lena chéile níos mó, ach go mbeadh fáilte roimpi ag an teach agam agus go mbeadh fáilte romham ag a teach siúd. Leis an fhírinne a dhéanamh, shíl mé go raibh gasúr eile ag Ursul agus chaith mé léi a rá is de go raibh aici. Ach níorbh í sin an fhírinne. Agus ansin dúirt m’uncail liom gur chóir dom mo leithscéal a ghabháil léi, ach ar ndóigh ní raibh fonn orm é sin a dhéanamh, agus is é sin an fáth ar scar mé léi. Ach ní raibh ann sin ach fáth de na fáthanna.

‘Anois tá mo sheanmháthair ag iarraidh orm siúl amach le hUrsal agus gan bheith ag siúl amach leatsa, ach ní aontaím léi

agus ní shiúlfaidh. In amanna bíonn smaointe seanaimseartha ag na seandaoine, ach ní chiallaíonn sé sin go gcaithfidh mé teacht leo. Tá mo sheantuismitheoirí de dhíth orm, ach ar bhealach éigin, tá mise de dhíth orthu fosta. As seo amach beidh mé saor gach oíche Chéadaoin. An dtuigeann tú, chuir mo sheantuismitheoirí fiachadh orm clárú do rang adhmadóireachta, ach is é firinne an scéil go dtéim go club a eagraíonn na Síónaigh. Níl mo sheantuismitheoirí ag iarraidh orm dul ann, de bhrí gur frith-Shíónaigh iad. Ní Síónach fanaiceach mé, ach cuirim suim ann. Cibé ar bith, bhí sé ina phraiseach chomh mór sin le tamall go bhfuil sé de rún agam éirí as. Mar sin de, is ar an Chéadaoin seo chugainn a bheas an cruinniú deireanach agam. Ciallaíonn sé sin go dtig liom tú a fheiceáil tráthnóna Dé Céadaoin, san iarnóin Dé Sathairn, trathnóna Dé Sathairn, san iarnóin Dé Domhnaigh agus b'fheidir níos mó ná sin.'

'Ach mura bhfuil do sheantuismitheoirí ag iarraidh ort, níor chóir duit é a dhéanamh i ngan fhios dóibh.'

'Níl ní nach ceadmhach i gcúrsaí grá.'

Go díreach ansin chuaigh muid thart le Siopa Leabhar Blankevoort agus bhí Peter Schiff ansin agus beirt ghasúr eile leis; is é an chéad uair a bheannaigh sé dom le tamall fada, agus chuir sé gliondar ar mo chroí.

Tháinig Hello anonn tráthnóna Dé Luain le bualadh le hAthair agus Máthair. Cheannaigh mé císte agus roinnt milseán, agus bhí tae agus brioscaí againn, an t-iomlán dearg, ach ní raibh fonn orm féin nó ar Hello bheith inár suí go righin inár gcathaoireacha. Mar sin de chuaigh muid amach faoi choinne siúlóide, agus níor thug sé ar ais chuig mo dhoras mé go dtí a deich i ndiaidh a hocht. Bhí Athair ar an daoraí. Dúirt sé gur mhór an éagóir dom é gan bheith sa bhaile in am. B'éigean dom gealltanais a thabhairt dó bheith sa bhaile ar a deich go dtí a hocht as seo amach. Iarradh orm dul go teach Hello ar an Satharn. D'inis Wilma dom gur fhiafraigh sí de

Hello oíche dá raibh sé ag a teach, ‘Cé acu is fearr leat, Ursul nó Anne?’

‘Coinnigh do ghnóthaí duit féin.’ arsa sé.

Ach nuair a bhí sé ag imeacht (níor labhair siad le chéile an chuid eile den tráthnóna), arsa sé, ‘Bhuel, is fearr liom Anne, ach ná hiniis do dhuine ar bith. Slán agat! Agus i bhfaiheadh na súl ... bhí sé amach ar an doras. Is léir dom ó gach rud a deir sé agus ó gach rud a dhéanann sé go bhfuil grá ag Hello dom, agus iompú cineál deas atá ann. Déarfadh Margot gur duine breá é. Sílim féin gurb ea fosta, ach tá níos mó ná sin ann. Molann Máthair go hard é fosta: ‘Gasúr dathúil. Deas múinte.’ Tá áthas orm go bhfuil an oiread sin gnaoi ag gach duine air. Ach amháin ag mo chailínchairde. Síleann sé go bhfuil siad iontach leanbaí, agus tá an ceart aige faoi sin. Bíonn Jacque ag spochadh asam faoi i gcónaí, ach níl mé i ngrá leis. Níl i ndáiríre. Tá sé go breá go bhfuil gasúir mar chairde agam. Ní miste le duine ar bith é sin.

Bíonn Máthair i gcónaí ag fiafraí díom cé a phósfaidh mé nuair a thioctas ann dom, agus geallaim nach bhfuil tuairim aici gurb é Peter é, de bhrí gur chuir mé féin an smaoineamh sin as a ceann, gan aon bhomaite braodair orm. Tá grá agam do Peter ar dhóigh nach raibh grá agam do dhuine ar bith eile riamh, agus bíim ag insint dom féin go mbíonn sé ag dul thart leis na cailíní eile sin chun a fhíormhothúcháin domsa a chur faoi cheilt. Is féidir go síleann sé go bhfuil mé féin agus Hello i ngrá le chéile, rud nach bhfuil fíor. Níl ann ach cara, nó mar a deir Máthair, is suiríoch é.

Do chara dílis Anne

A Kitty dhil,

Fógraíodh torthaí na scrúduithe in Amharclann na nGiúdach Dé hAoine. Ní raibh cail ar mo thuirisc. Fuair mé D amháin, C– san ailgéabar, B sa chuid eile, seachas dhá B+ agus dhá B-. Bhí mo thuismitheoirí sásta, agus níl siad ar nós tuismitheoirí eile faoi na gráid. Ní bhíonn braodar orthu in am ar bith faoi na tuairiscí, bíodh siad maith nó olc. A fhad is atá mé folláin agus áthasach agus gan mé róshotalach, tá siad sásta. Má tá na trí rud seo go breá, beidh gach rud eile ceart go leor.

A mhalairt ar fad atá ionam. Níor mhaith liom bheith i mo dhrochdhalta. Glacadh liom i Licéam na nGiúdach ar bhonn coinníollach. Bhí mé le fanacht ag an Scoil Montessori, ach nuair a cuireadh d’fhiacha ar na Giúdaigh freastal ar scoileanna Giúdacha amháin, rinne an tUasal Elte cinneadh faoi dheireadh, i ndiaidh cuid mhór áitimh, glacadh le Lies Goslar agus liomsa. D’éirigh le Lies fosta i mbliana, cé go gcaithfidh sí a scrúdú geoiméadrachta a athdhéanamh.

Lies bhocht. Níl sé furasta uirthi staidéar a dhéanamh sa bhaile; bíonn a deirfiúr óg, girseach bheag mhille dhá bhliain d’aois, ag súgradh ina seomra an lá ar fad. Mura bhfaigheann Gabi a bealach, tosaíonn sí a screadaíl, agus mura dtugann Lies aire di, tosaíonn Bean Goslar a screadaíl. Mar sin de bíonn sé cruá ar Lies a hobair baile a dhéanamh, agus a fhad is a bheas an scéal amhlaidh, ní chuideoidh an teagasc breise atá sí á fháil mórán léi. Dá bhfeicfeá teaghlach Goslar. Cónaíonn tuismitheoirí Bhean Goslar béal dorais, ach itheann siad a gcuid leis an chlann. Ansin tá an cúntóir tí agus an babaí ann, an tUasal Goslar atá fíordhearmadach agus a bhíonn as láthair i gcónaí agus Bean Goslar atá neirbhíseach cantalach agus atá ag dúil le duine eile clainne. Bíonn Lies, a bhfuil méara sliopacha uirthi, cailte sa ruaille buaille.

Fuair mo dheirfiúr Margot a tuairisc fosta. Ar dóigh, mar is gnách. Dá mbeadh a leithéid de rud agus ‘cum laude’ againn,

d'éireodh léi céim onórach a bhaint amach ann, tá sí chomh cliste sin.

Tá Athair ag caitheamh a lán ama sa bhaile le déanaí. Níl rud ar bith le déanamh aige san oifig; caithfidh sé go bhfuil sé go holc má mhothaíonn tú nach bhfuil gá leat. Chuaigh an tUasal Kleiman i mbun Opekta, agus chuaigh an tUasal Kugler, Gies agus a Chuid, i mbun an chomhlachta a bhíonn ag plé le spíosraí agus le hionaid spíosraí a bunaíodh sa bhliain 1941.

Cúpla lá ó shin agus muid ag spaisteoireacht thart cearnóg ár gcomharsanachta, thosaigh Athair a chaint ar dhul i bhfolach. Dúirt sé go mbeadh sé an-deacair dúinn maireachtáil scartha ón chuid eile den phobal. D'fhiafraigh mé de cén fath a raibh sé ag tarraingt aníos an scéal seo anois.

'Bhuel, a Anne,' a d'fhreagair sé, 'Tá a fhios agat go bhfuilimid ag cur ár gcuid éadaí, chomh maith le bia agus troscán dár gcuid chuig daoine eile le breis agus bliain anuas. Níor mhaith linn go ngabhfadh na Gearmánaigh ár gcuid earraí. Agus níor mhaith linn bheith faoi bhos an chait acu ach oiread. Mar sin de fágfaimid as ár stuaim féin agus ní fhanfaimid le bheith tarraingte ar shiúl.

'Ach cén uair, a Athair?' Labhair sé chomh tromchúiseach sin gur scanraigh sé mé.

Ná buair do cheann. Amharcfaimid i ndiaidh gach rud. Go díreach bain sult as do shaol gan bhuaireamh nuair a thig leat.

Tá an cloigín á bhualadh, tá Hello anseo, in am dom stopadh.

Do chara dílis Anne.

A Kitty dhil,

Shílfeá go ndeachaigh na blianta thart ó bhí maidin Domhnaigh ann. Tharla an oiread sin go bhfuil sé a rá is de gur cuireadh an saol ar mhullach a chinn. Ach mar a tchí tú a Kitty, tá mé fós beo, ach ná fiafraigh díom cén áit nó cén dóigh. Is dócha nach dtuigeann tú focal dá ndeirim leat inniu, mar sin de tosóidh mé a insint duit faoi rud a tharla tráthnóna Dé Domhnaigh.

Ar a trí a chlog (Bhí Hello imithe ach bhí sé in ainm is a bheith ag teacht ar ais níos déanaí), buaileadh cloigín an dorais. Níor chuala mé é, ó tharla mé ar an bhalcóin, ag léamh go leisciúil faoin ghrian. Tamall beag ina dhiaidh sin tháinig Margot isteach sa chistin agus cuma chorraithe uirthi. ‘Tá glaoch chun airm faighte ag Athair ón SS,’ arsa sí i gcogar. ‘Tá Máthair ar shiúl chun an tUasal van Daan a fheiceáil.’ (Is cara maith agus páirtí gnó le hAthair é an tUasal van Daan.)

Rinneadh stangaire díom. Glaoch chun airm: tá a fhios ag an saol agus a mháthair an chiall atá leis sin. Rith smaointe faoi shluachampaí géibhinn agus chillíní uaigneacha fríd mo cheann. Cad é mar a thiocfadh linn Athair a fhágáil i muinín a leithéid de chinniúint? ‘Ar ndóigh níl sé ag dul ann,’ a dúirt Margot agus muid ag fanacht le Máthair sa seomra teaghlaigh. ‘Tá Máthair ar shiúl le bualadh leis an Uasal van Daan le fáil amach an dtig linn bogadh isteach inár gcró folaigh amárach. Tá muintir van Daan ag teacht linn. Beidh seachtar againn ann ar fad.’ Tost. Ní raibh muid ábalta labhairt. Chuir an smaoineamh go raibh Athair ag tabhairt cuairt ar dhuine in Otharlann na nGiúdach gan eolas aige ar an rud a bhí ag tarlú, an fhanacht fhada le Máthair agus an beophianadh inár dtost muid.

Go tobann buaileadh ar an chloigín an athuair. ‘Is é sin Hello,’ arsa mise. ‘Ná hoscail an doras!’ arsa Margot go hard chun mé a stopadh. Ach ní raibh gá leis ó tharla gur chuala

muid Máthair agus an tUasal van Daan ag caint le Hello thíos staighre, agus ansin tháinig an bheirt acu isteach agus dhruid siad an doras ina ndiaidh. Gach uair a bhuaifí ar an doras b'éigean do Margot nó domsa dul síos staighre ar ár mbarraicíní le fáil amach arbh é Athair é, agus níor lig muid do dhuine ar bith eile teacht isteach. Cuireadh Margot agus mé féin amach as an seomra, de bhrí go raibh an tUasal van Daan ag iarraidh labhairt le Máthair ina haonar.

Nuair a bhí mé féin agus Margot inár suí inár seomra leapa, d'inis Margot dom nach raibh an glaoch chun airm ann d'Athair, ach di féin. Baineadh an dara geit asam agus thosaigh mé a chaoineadh. Tá Margot sé bliana déag d'aois – de réir dealraimh tá siad ag iarraidh cailíní dá haois a chur ar shiúl leo féin. Ach buíochas do Dhia ní bheidh sí ag dul ann; dúirt Máthair féin, agus is dócha gurbh é sin an rud a bhí i gceist ag Athair nuair a bhí sé ag caint orainn dul i bhfolach. I bhfolach ... Cá háit a rachaimid i bhfolach? Sa chathair? Faoin tuath? Sa teach? I gcró beag? Cén uair? Cén áit? Cén dóigh...? Seo iad na ceisteanna nach raibh mé ábalta a chur, ach choinnigh siad orthu ag rith fríd m'intinn.

Thosaigh Margot agus mé féin a chur ár mbagáiste is tábhachtaí le chéile i dtiachóg. Ba í an dialann an chéad rud a dhing mé isteach, ansin an tlú cataíola, ciarsúir, leabhair scoile, cíor agus roinnt seanlitreacha. Agus mé buartha faoi dhul i bhfolach, dHING mé na rudaí is amaidí isteach sa tiachóg, ach níl aiféala orm. Is tábhachtaí iad na cuimhní cinn dom ná na gúnaí.

Tháinig Athair abhaile sa deireadh i dtrátha a cúig a chlog, agus chuir muid glaoch ar an Uasal Kleiman le fáil amach an dtiocfadh leis bualadh isteach tráthnóna. Chuaigh an tUasal van Daan chun Miep a fháil. Tháinig Miep agus gheall sí go dtiocfadh sí ar ais níos moille an oíche sin, thug sí mála lán bróg, gúnaí, casóg, fo-éadaí agus riteog léi. Ina dhiaidh sin

bhí sé ciúin san árasán againn; ní raibh fonn ar dhuine ar bith againn ithe. Bhí sé te go fóill, agus bhí gach rud an-aisteach.

Bhí ár seomra mór thuas staighre ar cíos ag an Uasal Goldschmidt, fear sna tríochaidí a bhí colscartha, nach raibh rud ar bith le déanamh aige an tráthnóna sin de réir dealraimh, mar in ainneoin na leideanna múinte a thug muid dó, bhí sé ag crochadh thart go dtí a deich a chlog.

Tháinig Miep agus Jan Gies ar a haon déag. Tá Miep, atá ag obair do chomhlacht Athar ón bhliain 1933, anois ina dlúthchara, agus tá a céile Jan amhlaidh. Arís eile, d'imigh bróga, riteoga, leabhair agus fo-éadaí as radharc agus isteach i mála Miep agus isteach i bpócaí doimhne Jan. Ar leath i ndiaidh a haon déag d'imigh siadsan as amharc fosta.

Bhí mé spíonta, agus cé go raibh a fhios agam gurbh é seo an oíche dheireanach a bheadh agam i mo leaba féin, thit mo néal orm láithreach bonn agus níor mhúscail mé go dtí gur ghlaigh Máthair orm ar leath i ndiaidh a cúig an mhaidin dár gcionn. Ar an dea-uair, ní raibh sé chomh te agus a bhí sé Dé Domhnaigh; thit báisteach the an lá ar fad. Bhí an ceathrar againn cuachta suas leis an oiread sin clúdach éadaí go raibh an chuma orainn gur ag dul a chaitheamh na hoíche i gcuisneoir a bhí muid, agus sin uilig sa dóigh is go dtiocfadh linn níos mó éadaí a thabhairt linn. Ní bheadh sé de mhisneach ag Giúdach ar bith, ár ndála féin, an teach a fhágáil agus mála lán éadaí aige. Bhí dhá veist, trí phéire fo-bhríste, gúna, agus sciorta uime sin, casóg, cóta báistí, dhá phéire riteog, bróga troma, boinéad, scairf agus cuid mhór eile orm. Bhí mé plúchtach fiú sular fhág muid an teach, ach níor bhac le duine ar bith fiafraí díom cad é mar a mhothaigh mé.

Dhing Margot leabhair scoile isteach ina mála, chuaigh lena rothar a fháil agus chuaigh a rothaíocht go saol eile agus Miep ag dul ar tosach. Cibé ar bith, sin mar a taibhsíodh dom é, ó tharla nach raibh a fhios agam cén áit a raibh ár gcró foláigh.

Ar leath i ndiaidh a seacht dhruid muid an doras inár ndiaidh. Ba é Moortje, mo chat, an t-aon chréatúr amháin beo ar fhág mé slán aige. De réir nóta a d'fhág muid ag an Uasal Goldschmidt, bhí sí le bheith tugtha do na comharsana, a thabharfadh baile maith di. Chuir na leapacha bána, na hábhair bricfeasta ar an tábla, an punt feola don chat sa chistin – chuir na rudaí seo uilig an chuma ar an scéal gur fhág muid faoi dheifir. Ach bhí muid beag beann ar an chuma a bhí ar an áit. Ní raibh ann ach go raibh muid ag iarraidh fáil amach as an áit, imeacht agus ár gceann scríbe a bhaint amach slán sábháilte. Ba chuma faoi rud ar bith eile.

Tuilleadh amárach.

Do chara dílis, Anne

AN DÉARDAOIN, 9 IÚIL 1942

A Kitty dhil,

Agus sin mar a bhí muid, Athair, Máthair agus mé féin, ag siúl faoin doirteadh fearthainne, mála ag gach duine againn agus mála siopadóireachta ag cur thar maoil le héagsúlacht mhór earraí. D'amharc na daoine a bhí ag dul ar obair le moch na maidine orainn go báúil; bheadh a fhios agat ó bheith ag amharc ár a n-aghaidh go raibh siad buartha nach dtiocfadh leo modh éigin taistil a thairiscint dúinn; dhearbhaigh an réalta fheiceálach bhuí an méid sin.

Níorbh é go dtí go raibh muid ag siúl síos an tsráid gur nocht Athair, diaidh ar ndiaidh, an plean a bhí aige. Le míonna anuas bhí muid ag bogadh an oiread troscán agus trealamh agus ab fhéidir linn amach as an árasán. Socraíodh go rachaimis i bhfolach ar an 16 Iúil. Mar gheall ar an ghlaoch chun airm a fuair Margot, cuireadh an plean chun tosaigh deich lá, rud a chiallaigh go mbeadh orainn bheith sásta le seomraí nach raibh chomh slachtmhar sin.

Bhí an cró folaigh lonnaithe i bhfoirgneamh oifigí Athar. Tá sé giota beag deacair do dhaoine nach dár dteaghlach féin iad é sin a thuiscint, mar sin de míneoidh mé é. Ní raibh an oiread sin daoine ag obair ag Athair ina oifig, go díreach an tUasal Kugler, an tUasal Kleiman, Miep agus clóscríobhaí trí bliana is fiche d’aois darb ainm Bep Voskuijl, a bhí uilig ar an eolas go raibh muid ag teacht. Bíonn an tUasal Voskuijl, athair Bep ag obair sa stór in éineacht le beirt chúntóirí, nár insíodh a dhath dóibh.

Seo cur síos ar an fhoirgneamh. Baintear feidhm as an stór mór ar an bhunurlár mar sheomra oibre agus mar sheomra stórais agus tá sé roinnte ina rannóga éagsúla, mar tá an seomra stórais agus an seomra meilte, áit a meiltear cainéal, clóibh agus ionaid piobair.

Tá doras eile ar an taobh amuigh in aice leis na doirse don seomra stórais, bealach isteach eile chun na hoifige. Tá an dara doras taobh istigh de dhoras na hoifige féin, agus tá staighre thairis sin. Tá doras eile ag barr an staighre, a bhfuil gloine seaca ann agus an focal ‘Oifig’ scríofa air i litreacha dubha. Is í seo an oifig mhór tosaigh – iontach mór, iontach geal agus iontach plódaithe. Bíonn Bep, Miep agus an tUasal Kleiman ag obair inti i rith an lae. I ndiaidh duit dul trí chuasán a bhfuil taisceadán, almóir agus cófra mór stáiseanáireachta ann, tiocfaidh tú a fhad le hoifig bheag dhorcha phlúchtach cúil. Bhíodh an tUasal Kugler agus an tUasal van Dann araon ag obair inti tráth, ach anois is é an tUasal Kugler an t-aon sealbhóir. Tig oifig an Uasail Kugler a bhaint amach fosta ón phasáiste, ach dul amach ar dhoras gloine amháin ar féidir é a oscailt ón taobh istigh ach nach féidir é a oscailt go furasta ón taobh amuigh. Má fhágann tú oifig an Uasail Kugler agus má leanann ort tríd an phasáiste fhada chúng, thart leis an stóras guail agus suas ceithre chéim, tiocfaidh tú a fhad le hoifig phríobháideach, an chuid is deise den fhoirgneamh ar fad. Tá troscán ealaíonta mahagaine, urlár líonóile atá clúdaithe



le brait, raidió, lampa deas agus gach rud den scoth inti. Tá cistin fhairsingeach béal dorais léi a bhfuil téitheoir-uisce, dhá fháinne gáis, agus ar a bharr sin leithreas istigh inti. Is é sin an chéad urlár.

Leanann staighre adhmaid a bhealach ón phasáiste síos an staighre go dtí an dara hurlár. Tá léibheann ag barr an staighre, a bhfuil doras ar gach taobh de. Glacann an doras ar chlé thú a fhad leis an stóras spíosraí agus leis an áiléar agus an lochta ag tosach an tí. Ritheann staighre crochta ar stíl na hOllainne, a bhainfeadh casadh as do mhurnán, ó thosach an tí chuig doras eile amach ar an tsráid.

Leanann tú an léibheann ó dhoras ar thaobh na láimhe clé de a fhad leis ‘An tÚrtheach Rúnda’ ar chúl an tí. Ní shamhlódh aon duine go mbeadh an oiread sin seomraí ar chúl an ghnáthdorais léith sin. Níl ach céim bheag amháin os comhair an dorais, agus ansin tá tú istigh. Tá staighre crochta díreach romhat. Tá halla cúng ar thaobh na láimhe clé a osclaíonn amach ar sheomra a mbaineann teaghlach Frank úsáid as mar sheomra suí agus sheomra codlata. Tá seomra níos lú, seomra codlata agus seomra staidéir ar le beirt bhan óg an teaghlaigh é béal dorais leis. Tá ‘seomra folctha’ ar thaobh na láimhe deise ón staighre, seomra gan fuinneog nach bhfuil ann ach doirteal. Ó dhoras eile leanann an bealach ar aghaidh chuig an leithreas agus ó cheann eile chuig seomra ar le Margot agus liomsa é. Má théann tú suas an staighre agus má osclaíonn tú an doras ag an bharr, beidh iontas ort seomra chomh mór geal fairsingeach sin a fheiceáil istigh i seanteach mar seo ar bhruach na canála. Tá sorn gáis ann (a bhúí leis an Uasal Kugler de bhrí gur sheansaotharlann a bhíodh ann tráth) agus doirteal. Seomra codlata ag an Uasal van Daan agus a bhean, gnáthsheomra suí, seomra bia agus seomra staidéir a bheas ann do gach duine chomh maith. Beidh seomra beag bídeach ag an taobh ag Peter van Daan mar sheomra leapa. Ansin, go díreach mar atá sé ag tosach an tí, tá áiléar agus lochta ann. Sin tú anois. Anois chuir mé thú ar an eolas go hiomlán faoinár nÚrtheach galánta!

Do chara dílis, Anne

AN AOINE, 10 IÚIL 1942

A Kitty dhil,

Is dócha gur thuirsih mé thú leis an chur síos fhada ar ár dteach, ach sílim gur chóir go raibh a fhios agat faoin áit ar chríochnaigh mise suas; beidh tú ábalta oibriú amach ó mo chéad litreacha eile an dóigh ar chríochnaigh mé suas anseo.

Ar dtús, lig dom leanúint ar aghaidh le mo scéal, óir, mar atá a fhios agat, ní raibh mé críochnaithe. I ndiaidh dúinn 263 Prinsengracht a bhaint amach, threoraigh Miep muid go gasta tríd an phasáiste fhada agus suas an staighre adhmaid a fhad leis an chéad urlár eile agus isteach san Urtheach. Dhruid sí an doras inár ndiaidh, agus bhí muid fágtha linn féin. Bhain Margot an áit amach i bhfad níba luaithe ar a rothar agus bhí sí ag fanacht linn.

Bhí ár seomra suí agus na seomraí eile uilig chomh lán sin le rudaí nach bhfuil léamh scríobh ná insint béil air. Bhí na boscaí cairtchláir uilig a cuireadh chun na hoifige le roinnt míonna anuas cnaptha le chéile ar na hurláir agus ar na leapacha. Bhí an seomra beag lán ó bhun go barr le línéadach. Má bhí muid ag iarraidh dul a luí i leapacha cóirithe mar is ceart an oíche sin, bhí orainn dul i mbun oibre agus caoi a chur ar an áit. Ní raibh i Máthair ná i Margot bogadh. Luigh siad siar ar a dtochtanna loma, iad tuirseach, anróiteach agus níl a fhios agam cad é eile. Ach thosaigh Athair agus mé féin, beirt ghlantóirí an teaghlaigh, ar an obair láithreach.

An lá ar fad d'fholmhaigh muid na boscaí, líon muid na cófraí, thiomáin muid na tairní isteach agus chuir muid caoi ar an áit, go dtí gur thit muid tuirseach traochta isteach inár leapacha glana san oíche. Níor ith muid béile te ar bith an lá ar fad, ach ba chuma linn; bhí Máthair agus Margot róthuirseach agus róthógtha le bheith ag ithe, agus bhí Athair agus mé féin róghnóthach.

Thosaigh muid maidin Dé Máirt mar ar fhág muid é an oíche roimhe. Chuaigh Bep agus Miep a shiopadóireacht lenár ndearbháin chiondálacha. Chuir Athair na dallóga in airde, scuab muid urlár na cistine, agus arís eile bhí muid gnóthach ó mhaidin go hoíche. Go dtí an Chéadaoin, ní raibh deis agam mo mhachnamh a dhéanamh ar an athrú ollmhór a tháinig ar mo shaol. Ansin, den chéad uair ó bhain muid an tUrtheach Rúnda amach, bhí bomaite agam le gach rud a insint duit faoi

agus leis an rud a bhí i ndiaidh tarlú dom agus an méid a bhí romham a thuiscint go cruinn.

Do chara dílis, Anne

AN SATHARN, 11 IÚIL 1942

A Kitty dhil,

Ní thig le hAthair, Máthair ná le Margot éirí cleachtaithe le bualadh chlog an Westeroren, a insíonn an t-am dúinn gach ceathrú uair an chloig. Murab ionann agus mé féin, bhí dúil riamh agam ann ón tús. Chuir sé ar mo shuaimhneas mé, go háirithe san oíche. Is cinnte go bhfuil tú ag iarraidh mo bharúil a chluinstin ar an saol i bhfolach. Bhuel, ní thig liom ach a rá nach bhfuil a fhios agam le fírinne fós. Ní dóigh liom go mothóidh mé sa bhaile choíche san áit seo, ach ní chiallaíonn sé sin go bhfuil fuath agam ar an áit. Tá sé níos cosúla le bheith ar saoire i lóistín éigin aisteach. Dóigh aisteach atá ann le bheith ag smaoineamh ar an saol i bhfolach, ach sin an dóigh atá ar rudaí. Is áit iontach é an tÚrtheach le dul i bhfolach ann. Bíodh is go bhfuil sé tais agus leathmhaing air, is dócha nach bhfuil cró folaigh chomh compordach leis in Amstardam ar fad. Níl, san Ollainn ar fad.

Go dtí seo, bhí ár seomra leapa, a bhfuil na ballaí bána aige, an-lom. A bhuí le hAthair – a thug leis mo bhailiúchán cártaí poist agus réaltaí scannán anseo roimh ré – agus a bhuí le scuab agus le pota glé, bhí mé ábalta na ballaí a chlúdach le pictiúir. Tá cuma i bhfad níos croíúla air. Nuair a bhaineann muintir van Daan an áit amach, beimid ábalta cófraí agus fuíoll agus conamar eile a chur in airde as an charn adhmaid san áiléar.

Tá Máthair agus Margot a bheag nó a mhór ar ais chucu féin. Inné mhothaigh Máthair maith go leor chun anraith piseanna scoilte a dhéanamh den chéad uair, ach ansin bhí sí thíos staighre agus rinne sí dearmad glan air. Bhí na pónairí

dúscallta, agus ní dhéanfadh an scríobadh is mó a rinneadh riamh iad a fháil amach as an phota.

Aréir tháinig an ceathrar againn anuas chun na hoifige príobháidí agus d'éist muid le Sasana ar an raidió. Bhí an oiread sin eagla orm gur impigh mé ar Athair mé a thabhairt ar ais síos staighre. Thuig Máthair an imní a bhí orm agus tháinig sí liom. Pé rud a dhéanaimid, bíonn eagla orainn gur féidir go gcluinfidh na comharsana muid. Thosaigh muid láithreach an chéad lá ag fuáil na gcuirtíní. Le fírinne, is ar éigean a thig leat sin a thabhairt orthu, ó tharlaíonn nach bhfuil iontu ach fuílligh éadaigh, a bhfuil cruthanna, cineálacha agus patrúin éagsúla orthu, a d'fhuáil Athair agus mé féin go cam lenár méara neamhoilte. Greamaíodh na saothair ealaíne seo de na fuinneoga, mar a bhfanfaidh siad go dtaga muid amach as an chró folaigh.

Is craobh den chomhlacht Keg é an foirgneamh ar dheis, gnólacht as Zaandam, agus tá ceardlann troscán ar thaobh na láimhe clé. Cé nach mbíonn na daoine a bhíonn ag obair inti ar bhall áitribh tar éis am dúnta, is féidir go rachaidh fuaim ar bith a dhéanfaimid fríd na ballaí. Chuir muid cosc ar Margot bheith ag casacht san oíche, cé go bhfuil slaghdán trom uirthi, agus táimid ag tabhairt míosúr mór cóidín di.

Tá mé ag dúil le teacht mhuintir van Daan atá socraithe don Mháirt. Beidh níos mó craice ann agus ní bheidh sé chomh ciúin. An dtuigeann tú, is é an ciúnas an fáth a mbíonn cearthaí orm tráthnóna agus san oíche, agus thabharfainn a bhfuil agam dá mbeadh duine dár gcuid cúntóirí ábalta bheith ina chodladh anseo.

Níl sé chomh holt sin anseo, i ndáiríre, ó tharlaíonn go dtig linn ár gcuid cócaireachta féin a dhéanamh agus go dtig linn bheith ag éisteacht leis an raidió in oifig Dhaidí. Thug an tUasal Kleiman agus Miep, agus Bep Voskuiji fosta, an oiread sin cuidithe dúinn. Tá neart biabhóg, súnna talún agus silíní caomhnaithe againn cheana féin, mar sin de, san am i láthair

níl mé ag déanamh go mbeimid dúdóite. Tá soláthar ábhar leitheoireachta againn fosta, agus táimid ag dul a cheannach neart cluichí fosta. Ar ndóigh, ní thig linn amharc amach ar an fhuinneog nó dul amach. Agus caithfidh bheith ciúin ionas nach gcluinfidh daoine thíos staighre muid.

Inné bhí lán na lámh againn. Bhí orainn na síolta a bhaint amach as dhá chiseán silíní go gcaomhnódh an tUasal Kugler iad. Táimid ag dul a bhaint úsáid as na ciseáin fholmha chun seilfeanna leabhar a dhéanamh.

Tá duine éigin ag glaoch orm.

Do chara dílis, Anne

CUNTAS CURTHA AG ANNE AR
AN 28 MEÁN FÓMHAIR 1942:

Cuireann sé isteach orm níos mó ná a thig liom a rá nach dtig liom dul amach, agus tá eagla mo chraicinn orm go dtiocfar ar ár gcró folaigh agus go scaoilfear muid. Ar ndóigh is tuar measartha duairc é sin.

AN DOMHNACH, 12 IÚIL 1942

Bhí siad uile chomh deas sin liom tá mí ó shin mar gheall ar mo bhreithlá, agus fós gach lá mothaím go bhfuil an caidreamh atá agam le Máthair agus le Margot ag imeacht le sruth. D'oibrir mé go crua inniu agus mhol siad mé, ach gur thosaigh siad a bhaint asam arís cúig bhomaite ina dhiaidh sin.

Is furasta an t-idirdhealú a fheiceáil idir an dóigh a gcaitheann siad liom agus an dóigh a gcaitheann siad le Margot. Cuir i gcás, bhris Margot an folúsghlantóir, agus dá bhrí sin bhí muid gan solas an chuid eile den lá. Arsa Máthair, 'Bhuel, a Margot, is léir nach bhfuil tú cleachtaithe leis an obair; nó bheadh a fhios agat gan an phlocóid a tharraingt amach as an

chorda.’ Thug Margot freagra éigin, agus b’shin deireadh an scéil.

Ach tráthnóna, nuair a bhí mé ag iarraidh rud éigin a athscríobh ar liosta siopadóireachta Mháthar de bhrí go bhfuil a cuid peannaireachta chomh deacair sin a léamh, ní ligfeadh sí dom. Thug sí íde béil dom arís, agus bhí an teaghlach uile páirteach ann.

Ní réitím leo, agus mhothaigh mé sin go soiléir le cúpla seachtain anuas. Tá siad chomh maoithneach sin le chéile, ach b’fhearr liom bheith maoithneach i m’aonar. Bíonn siad i gcónaí ag rá cé chomh deas agus atá sé go bhfuil an ceathrar againn ann, agus go réitimid go maith le chéile, gan lá airde á thabhairt acu ar an smaoinemh nach mar sin a mhothaím ar chor ar bith.

Is é Daidí an t-aon duine a thuigeann mé, anois agus arís, cé gur gnách go dtaobhaíonn sé le Máthair agus le Margot. Is rud eile é nach dtig liom cur suas leis go labhraíonn siad fúm os comhair coimhthíoch ag insint dóibh gur chaoim mé nó ag insint dóibh cé chomh siosmaideach agus atá mé m’iompar féin. Tá sé uafásach. Agus uaireanta bíonn siad ag caint ar Moortje agus ní thig liom é a fhulaingt. Is é Moortje an áit lag agam, cronaím í gach bomaite den lá, agus níl a fhios ag duine ar bith a mhinice a smaoiním uirthi; nuair a smaoiním uirthi, baineann sé na deora asam. Tá Moorjte chomh deas sin, agus tá an oiread sin grá agam di go gcoinním orm ag brionglóideach go dtiocfaidh sí ar ais chugainn.

Bíonn neart brionglóidí agam, ach is é fírinne an scéil go mbeidh orainn fanacht anseo go raibh an cogadh thart. Ní thig linn dul amach in am ar bith, agus is iad Miep, a fear céile Jan, Bep Voskuijl, an tUasal Voskuijl, an tUasal Kugler, an tUasal Kleiman agus Bean Kleinman na cuairteoirí amháin a bhíonn againn, cé nár tháinig sí féin de bhrí go síleann sí go bhfuil sé róchontúirteach.

CUNTAS CURTHA AG ANNE I MÍ MHEÁN FÓMHAIR
1942:

Bíonn Daidí i gcónaí deas liom. Tuigeann sé mé go maith, agus is mian liom go mbeadh combrá ó chroí againn uair éigin gan mé ag pléascadh amach ag caoineadh ar an toirt. Ach is dealraitheach go mbaineann sé sin le m'aois. Ba mhaith liom mo chuid ama uile a chaitheamb ag scríobh, ach is dócha go n-éireodh sé sin leadránach. Go nuige seo níor chuir mé mo mhuintir i rud ar bith ach ambáin i mo dhialann. Níor éirigh liom go fóill sceitsí greannmhara a scríobh a thiocfadh liom léamb amach os ard níos moille anonn. Amach anseo tá mé ag dul a chaitheamb níos lú ama ar mhaoithneachas agus níos mó ama ar réalachas.

AN AOINE, 14 LÚNASA 1942

A Kitty dhil,

Thréig mé thú le mí iomlán anuas, ach is fíorbheagán a tharla a chiallaíonn go bhfuil sé deacair scéal fiúntach a aimsiú le hinsint duit gach uile lá. Tháinig muintir van Daan ar an 13 Iúil. Shíl muid go raibh siad le teacht ar an cheathrú lá déag, ach ón tríú lá déag go dtí an séú lá déag bhí na Gearmánaigh ag cur amach glaonna chun seirbhíse i ngach treo a chothaigh a lán míshuaimehnis, mar sin de shocraigh siad go mbeadh sé níos sábháilte imeacht lá luath ná bheith lá mall.

Tháinig Peter van Daan ar leath i ndiaidh a naoi ar maidin (agus muid fós ag ithe bricfeasta). Tá Peter ag tarraingt ar shé bliana déag, gasúr faiteach ciotach atá ann nach fiú mórán a chuideachta. Tháinig an tUasal van Daan agus Bean van Daan leathuair níos moille. Bhí Bean van Daan ag iompar bosca hata a raibh ártach istigh ann, rud a chuir aoihbneas orainn. ‘Ní mhothaím go díreach sa bhaile gan m’ártach,’ arsa sí os ard, agus ba é an chéad rud é le háit bhuan a fháil faoin leaba

dibheáin. In ionad árthaigh, bhí an tUasal van D. ag iompar tábla sofhillte faoina ascaill.

Ón tús, d'ith muid ár mbéilí le chéile, agus i ndiaidh trí lá mhothaigh sé a rá is de gur teaghlach mór amháin a bhí ann. Ar ndóigh, bhí neart scéalta le hinsint ag muintir van Daan faoin tseachtain a chaith muid ar shiúl ón tsibhialtacht. Bhí suim ar leith againn fáil amach cad é a tharla dár n-árasán agus don Uasal Goldschmidt.

D'inis an tUasal van Daan iomlán an scéil dúinn: ‘Maidin Luain ar a naoi, chuir an tUasal Goldschmidt glooch orm agus d'iarr orm an dtiocfadh leis teacht anall. Chuaigh mé láithreach agus tháinig mé ar an Uasal Goldschmidt agus é an-bhuartha. Thaispeáin sé nóta a d'fhág an teaghlach Frank ina ndiaidh. Mar a iarradh air, bhí rún aige an cat a thabhairt do na comharsana, agus d'aontaigh mé gur smaoinemh maith é. Bhí eagla air go gcuartófaí an teach, mar sin de chuaigh muid fríd na seomraí uile, á nglanadh anseo is ansiúd agus ag glanadh na n-ábhar bricfeasta den tábla. Go tobann chonaic mé leabhar nótaí ar dheasc an Uasail Frank, a raibh seoladh in Maastricht scríofa air. Cé go raibh a fhios agam gur fhág Bean Frank é d'aon ghnó, lig mé orm go raibh idir iontas agus uafás orm agus d'impigh mé ar an Uasal Goldschmidt an páipéar ionchoiritheach a dhó. Mhionnaigh mé go dubh is go daingean nach raibh a dhath ar eolas agam faoi bhur n-imeacht, ach gur thug an nóta smaoinemh dom. “A Uasail Goldschmidt,” arsa mise, “Cuirim geall leat go bhfuil a fhios agam an rud a dtagraíonn an seoladh dó. Thart faoi shé mhí ó shin tháinig oifigeach sinsearach chun na hoifige. Is cosúil gur fhás sé féin agus an tUasal Frank aníos le chéile. Gheall sé go dtabharfadh sé cuidiú don Uasal Frank dá mba ghá leis in am ar bith. Mar is cuimhneach liom é, bhí sé lonnaithe in Maastricht. Sílim gur chuir an t-oifigeach seo lena fhocal agus go bhfuil plean éigin aige cuidiú leo dul anonn chun na Beilge agus ansin chun na hEilbhéise. Ní dochar ar bith é seo a insint do chairde de chuid

mhuintir Frank a chuireann a dtuairisc. Ar ndóigh, ní gá duit an chuid faoi Maastricht a lua.” Agus ina dhiaidh sin d’imigh mé. Is é seo an scéal a insíodh do mhórchuid bhur gcairde, mar chuala mé ó shin é ó roinnt daoine éagsúla.

Shíl muid go raibh sé an-ghreannmhar, agus bhí muid stiúgtha gáire nuair a d’inis an tUasal van Daan dúinn go raibh samhlaíocht bheo ag daoine áirithe. Cuir i gcás, mhaígh teaghlach amháin a chónaíonn cóngarach dár gcearnóg go bhfaca siad an ceathrar againn ag rothaíocht ar na gearráin iarainn go luath ar maidin, agus bhí bean eile iomlán cinnte de gur cuireadh isteach i bhfeithicil mhíleata muid i lár na hoíche.

Do chara dílis, Anne

AN AOINE, 21 LÚNASA 1942

A Kitty dhil,

Anois tá ár nUrtheach Rúnda go fírinneach ina rún. De bhrí go bhfuil an oiread sin tithe á gcuardach faoi choinne rothar atá i bhfolach, shíl an tUasal Kugler gurbh fhearr go dtógfaí leabhragán os comhair an bhealaigh isteach chuig ár gcró folaigh. Luascann sé amach ar a chasáin a osclaíonn mar a bheadh doras ann. Rinne an tUasal Voskuijl an obair adhmaadóireachta. (Insíodh don Uasal Voskuijl go bhfuil an seachtar againn i bhfolach agus bhí sé an-chuidiúil.)

Anois nuair atáimid ag iarraidh dul síos an staighre caithfidimid an cloigeann a chromadh agus ansin léim. I ndiaidh na chéad trí lá bhí muid uile ag siúl thart cnapáin ar chlár an éadain againn ó bheith ag bualadh ár gcloigeann in éadan na hursaine ísle. Ansin rinne Peter cúisín as tuáille fíorlíonta le slisíní adhmaid a ghreamaigh sé de fhráma an dorais le tairní. Feicimís an gcuideoidh sé!

Níl mé ag déanamh mórán obair scoile. Ghlac mé saoire go dtí mí Mheán Fómhair. Tá Athair ag iarraidh tús a chur le

ceachtanna a thabhairt dom anois, ach caithfimid na leabhair uilig a cheannach ar dtús.

Is beag athrú atá ar ár saol anseo. Níodh gruaig Peter inniu, ach ní rud ar bith iontach é sin. Bíonn an tUasal van Daan agus mé féin i gcónaí in adharca a chéile. Caitheann mamaí i gcónaí liom mar a bheadh leanbh ann, rud nach dtig liom cur suas leis. Don chuid eile, tá rudaí ag dul ar aghaidh níos fearr. Ní dóigh liom gur éirigh Peter níos deise. Is gasúr gráiniúil é a bhíonn ina luí thart ar a leaba an lá ar fad, á chrochadh féin suas go díreach chun píosa beag obair adhmaoireachta a dhéanamh sula ligeann sé a néal arís. A leithéid d'fhágálach.

Thug mamaí ceann eile dá cuid liodán uafásach dom ar maidin. Ní aontaímid le chéile faoi rud ar bith. Is muirín é Daidí; éiríonn sé crosta liom, ach ní mhaireann sé níos faide ná cúig bhomaite.

Is lá galánta é amuigh, deas te, agus in ainneoin gach rud, déanaimid an chuid is fearr den aimsir agus muid inár luí thart ar an leaba shofhillte san áiléar.

Do chara dílis, Anne

CUNTAS CURTHA AG ANN AR 21 MEÁN FÓMHAIR 1942:
Bhí an tUasal van Daan an-deas go deo liom le déanaí. Ní dúirt mé a dhath, ach tá mé ag baint suilt as fad is a mhaireann sé.

AN CHÉADAOIN, 2 MEÁN FÓMHAIR 1942
A Kitty dhil,

Bhí argóint mhillteanach idir an tUasal van Daan agus a bhean. Ní fhaca mé a leithéid riamh, ó tharlaíonn nach smaoiníodh Máthair agus Athair ó Dhia anuas ar bheith ag scairteadh ar a chéile mar sin. Bhí an argóint faoi rud chomh beagthábhachtach sin nach raibh an chosúlacht air gurbh fhiú

aon fhocal amháin a chur amú air. Ó bhuel, bíodh a rogha rud ag gach duine.

Ar ndóigh, tá sé iontach deacair do Peter, a bhíonn gafa sa lár, ach ní ghlacann duine ar bith Peter i ndáiríre níos mó, ó tharlaíonn go bhfuil sé hipirtheannasach agus falsa. Inné bhí sé á bhuaireamh féin go mór de bhrí go raibh a theanga gorm in áit í a bheith bándearg. D'imigh an feiniméan neamhchoitianta seo chomh gasta agus a tháinig sé. Inniu tá sé ag siúl thart agus scairf thiubh air de bhrí go bhfuil a muineál righin. Tá an Mhórgacht ag gearán go bhfuil tinneas caoldhroma air. Tá tinneas agus pianta ina chroí, sna duáin agus ina scamhóga anois mar chuid dílis den chluiche mhór. Is hipeacoindreach amach is amach é. (Is é sin an focal ceart, nach é?)

Níl Máthair agus muintir van Daan ag réiteach go maith lena chéile. Tá go leor ábhair easaontais ann. Chun sampla beag amháin a thabhairt duit, bhain Bean van D. a cuid braillíní uile seachas trí cinn ón chófra chomhchoiteann línéadaigh. Tá sí ag déanamh go dtig leis an dá theaghlach cuid Mháthar a úsáid. Bainfear geit mhillteanach aisti nuair a gheobhaidh sí amach gur lean Máthair a nós.

Ar a bharr sin, ní mó ná sásta atá Bean van D. de bhrí go bhfuilimid ag baint úsáide as a cuid soithí poircealláin in áit ár gcoda féin. Tá sí fós ag iarraidh fáil amach cad é a rinne muid lenár bplátaí; tá siad i bhfad níos cóngaraí ná a shíleann sí, ó tharlaíonn go bhfuil siad brúite isteach i mboscaí cairtchláir san áiléar, ar chúl ualach mór ábhar fógraíochta Opekta. A fhad agus atáimid i bhfolach, ní bheidh na plátaí faoi fhad na láimhe aici. Ó tharlaíonn go mbaineann tasmí dom i gcónaí, is maith an rud é! Inné bhris mé babhla anraith de chuid Bhean van Daan.

‘Ó!’ arsa sí go feargach. ‘Nach dtig leat bheith níos cúramaí? Ba é sin an ceann deireanach a bhí agam.’

Cuimhnigh air fosta, a Kitty, go bhfuil Ollainnis dhéisteanach ag an bheirt bhan (Níl sé de mhisneach agam rud ar bith a

rá faoi na fir uaisle, mhaslófaí go láidir iad). Dá gcluinfeá a gcuid iarrachtaí ciotacha, bheifeá sna trithí gáire. D'éirigh muid as aird a tharraingt ar a gcuid meancóg, ó tharlaíonn nach ndéanann sé maitheas iad a cheartú ar aon nós. Nuair a luaim sliocht Mháthar nó Bhean van Daan, scríobhfaidh mé Ollainnis mar is ceart in áit triail a bhaint as aithris a dhéanamh ar a cuid cainte.

An tseachtain seo caite cuireadh isteach go gairid ar ghnáthchúrsaí aontonacha ár saoil. Ba é Peter a sholáthair é – leabhar faoi na mná. Ba cheart dom a mhíniú go bhfuil cead ag Margot agus ag Peter beagnach gach leabhar a thugann an tUasal Kleiman dúinn ar iasacht a léamh. Ach b'fhearr leis na daoine fásta an leabhar speisialta seo a choinneáil dóibh féin. Ba é seo an rud a mhúscail suim Peter ann láithreach. Cad é úll na haithne a bhí istigh ann? D'éalaigh sé leis gan fhios nuair a bhí a mháthair thíos staighre ag caint, agus thug sé an t-áiléar air féin agus ar a chreach. Bhí gach rud go breá ar feadh dhá lá. Bhí a fhios ag Bean van Daan cad é a bhí ar bun aige, ach focal ní dúirt sí go dtí go bhfuair an tUasal van Daan amach faoin leabhar. Tháinig taom feirge air, bhain an leabhar ar shiúl agus ghlac sé leis gurbh é sin deireadh an scéil. Rinne sé a bheag, áfach, d'fhiosracht a mhic. Thosaigh Peter a smaoinreamh ar bhealaí chun an chuid eile dá leabhar an-suimiúil a léamh agus gan é buartha faoina athair.

Idir an dá linn, d'iarr Bean van Dann a barúil ar Mháthair. Níor shíl Máthair go raibh an leabhar áirithe seo fóirsteanach do Margot, ach níor dhochar di an chuid eile de na leabhair a léamh, dar léi.

'An dtuigeann tú, a Bhean van Daan?,' arsa Máthair, 'tá difear mór idir Margot agus Peter. Sa chéad dul síos, is girseach í Margot, agus bíonn na girseacha i gcónaí níos aibí ná na gasúir. Sa dara dul síos, tá neart leabhar dáiríre léite aici cheana féin agus ní bhíonn sí sa tóir ar na cinn siúd nach bhfuil coiscthe níos mó. Sa tríú dul síos, tá Margot i bhfad níos

siosmaidí agus an-intleachtúil mar gheall ar a ceithre bliana ar scoil den scoth.

D'aontaigh Bean van Daan léi, ach shíl sí mar phrionsabal nár cheart do dhaoine óga leabhair a bhí scríofa do dhaoine fásta a léamh.

Idir an dá linn, smaoinigh Peter ar am fóirsteanach nuair nach mbeadh suim ag duine ar bith ann nó ina leabhar. Ar leath i ndiaidh a seacht tráthnóna, nuair a bhíodh an teaghlach ar fad ag éisteacht leis an raidió san oifig phríobháideach, thug sé a thaisce agus d'éalaigh sé leis chuig an áiléar arís. Ba chóir dó bheith ar ais ar leath i ndiaidh a hocht, ach bhí sé chomh saíte sin sa leabhar go ndearna sé dearmad ar an am agus bhí sé go díreach ag teacht anuas an staighre nuair a chuaigh a athair isteach sa seomra. Níor ábhar iontas ar bith é an radharc ina dhiaidh sin, i ndiaidh buille, buille boiseoige agus tarraingt téide, bhí an leabhar ina luí ar an tábla agus bhí Peter san áiléar.

Ba é seo mar a bhí cúrsaí nuair a bhí sé in am don teaghlach ithe. D'fhan Peter thuas staighre. Níor thug duine ar bith lá airde air; b'éigean dó dul a luí gan dinnéar. Lean muid orainn ag ithe, ag cabaireacht linn go meidhreach, nuair go tobann chuala muid feadóg pholltach. Chuir muid síos ár bhfoirc agus bhí muid ag stánadh ar a chéile, an scanradh le feiceáil go soiléir ar ár n-aghaidheanna bána. Ansin chuala muid guth Peter ag teacht amach as an simléar: 'Ní thiochfaidh mé anuas!'

D'éirigh an tUasal van Daan ina sheasamh de léim, a naprún ag titim ar an urlár, gur bhéic sé, agus dath na fola le feiceáil ar a aghaidh, 'Tá mo sháith agam!'

Fuair Athair greim láimhe air agus eagla air roimh an rud a thiochfadh leis tarlú agus chuaigh an bheirt fhear suas chuig an áiléar. I ndiaidh cuid mhór streachailte agus ciceála, chríochnaigh Peter suas ina sheomra agus an doras druidte aige agus lean muid orainn ag ithe.

Bhí Bean van Daan ag iarraidh píosa aráin a shábháil dá peata mic, ach bhí an tUasal van Daan chomh dáigh le carraig chloiche faoi. ‘Mura ngabhann sé a leithscéal láithreach bonn, beidh air dul a luí san áiléar.’

Rinne muid argóint gur leor an pionós é dul gan dinnéar. Cad é a tharlódh dá dtiocfadh slaghdán ar Peter? Ní bheimis ábalta fios a chur ar dhochtúir.

Níor ghabh Peter a leithscéal, agus d’fhill sé ar an áiléar. Shocraigh an tUasal van Daan gurbh fhearr rudaí a fhágáil mar a bhí, cé gur mhothaigh sé an mhaidin dár gcionn gur chodail duine éigin i leaba Peter. Ar a seacht chuaigh Peter chuig an áiléar arís, ach tugadh air teacht anuas an staighre nuair a labhair Athair cúpla focal deas leis. I ndiaidh trí lá de dhrochamhairc dhúra agus de chiúnas ceandána, bhí gach rud ar a chóir arís.

Do chara dílis, Anne

AN LUAN, 21 MEÁN FÓMHAIR 1942

A Kitty dhil,

Inniu inseoidh mé an nuacht ghinearálta duit anseo san Urtheach. Cuireadh lampa in airde os cionn mo leapa dibheáin agus amach anseo, nuair a chluinim scaoileadh na ngunnaí, beidh mé ábalta tarraingt ar théad agus na soilse a lasadh. Ní thig liom é a úsáid faoi láthair de bhrí go bhfuilimid ag coinneáil na fuinneoige giota beag ar oscailt de ló is d’oíche.

Thóg na baill fhireann de mheitheal mhuintir van Daan taisceadán áisiúil bia a bhfuil ruaim adhmaid agus fíorscáthláin air. Go dtí seo bhí an cófra galánta lonnaithe i seomra Peter, ach ar mhaithe le haer úr bogadh chuig an áiléar é. Áit a mbíodh sé, tá seilf ann anois. Chuir mé comhairle ar Peter a thábla a chur faoin tseilf, ruga deas a chur leis agus a chófra a chur in airde áit a bhfuil an tábla ina sheasamh anois. B’fhéidir go

ndéanfadh sé sin a chaochóg níba chompordaí, cé gur cinnte nár mhaith liom féin codladh ansin.

Tá Bean van Daan dofhulaingthe. Tugtar leadhairt mhaith den teanga dom i gcónaí mar gheall ar mo chuid clabaireachta gan stad agus mé thuas staighre. Ní deirim a dhath ach ligint do na focail dul tharam! Tá cleas folaigh ag mo bheansa: ag déanamh iarrachta éirí as níochán na bpotaí agus na sáspan. Má bhíonn píosa bia fágtha ag bun an tsáspain, fágann sí é go dté sé ó mhaith in áit é a aistriú go soitheach gloine. Ansin tráthnóna nuair a bhíonn Margot gafa ag níochán na bpotaí agus na sáspan uile, arsa sí os ard, ‘Ó, a Mhargot bhocht, tá an oiread sin oibre le déanamh agat!’

Gach dara seachtain tugann an tUasal Kleiman cúpla leabhar scríofa do ghirseacha m’aoise dom. Tá mé iontach tugtha don tsraith *Joop ter Heul*. Bhain mé an-sult go deo as na leabhair uile de chuid Cissy van Marxveldt. Léigh mé *The Zaniest Summer* ceithre huair agus cuireann an t-ábhar áiféiseach ag gáire go fóill mé.

Tá Athair agus mé féin ag obair faoi láthair ar ár gcrann gineálaigh, agus insíonn sé rud éigin dom faoi gach duine de réir mar a théimid ar aghaidh.

Thosaigh mé ar an obair scoile. Tá mé ag obair go dian ar an Fhraincis, ag brú cúig bhriathar neamhrialta isteach i mo chloigeann gach lá. Ach rinne mé dearmad ar i bhfad barraíocht den mhéid a d’fhoghlaim mé ar scoil.

Tá Peter ag tabhairt faoin Bhéarla agus drogall air. Tá roinnt leabhar-scoile i ndiaidh teacht, agus thug mé liom soláthar mór cóip-leabhar, peann luaidhe, cuimilteoirí agus lipéad ón bhaile. Tá Pim (is é sin ár n-ainm ceana ar Athair) ag iarraidh orm cuidiú leis lena cheachtanna Ollainnise. Tá mé breá toilteanach teagasc dó mar mhalairt ar chuidiú leis an Fhraincis agus le hábhair eile. Ach déanann sé earráidí atá thar a bheith dochreidte.

Éistim leis na craolacháin Ollainnise ó Londain ó am go ham. D'fhógair an Prionsa Bernhard le déanaí go bhfuil an Banphrionsa Julianna ag dúil le duine clainne i mí Eanáir, scéal atá go hiontach, dar liom. Ní thuigeann duine ar bith acu an fáth a gcuirim suim sa Chlann Ríoga.

Cúpla oíche ó shin, ba mé an t-ábhar díospóireachta, agus shocraigh muid uile gur aineolaí mé. Dá bhrí sin, luigh mé isteach ar m'obair scoile an lá dár gcionn, ó tharlaíonn nach bhfuil aon fhonn orm bheith sa chéad fhoirm nuair a bheas mé ceithre bliana nó cúig bliana déag. Pléadh fírinne an scéil gur ar éigean atá cead agam a dhath ar bith a léamh. Faoi láthair, tá Máthair ag léamh *The House of Tavelinck*, agus ar ndóigh níl cead agamsa é a léamh (cé go bhfuil ag Margot!). Ar dtús caithfidh mé bheith i mo ghirseach dhéanta go hintleachtúil, dála mo dheirféar ardintleachta. Ansin phléigh muid m'aineolas ar an fhealsúnacht, ar an tsíceolaíocht, agus ar an fhiseolaíocht. (Chuardaigh mé na focail mhóra láithreach ar an fhoclóir!) Tá sé fíor, níl eolas ar bith agam ar na hábhair seo. Ach b'fhéidir go mbeadh níos mó foghlamtha agam le teacht na bliana seo chugainn!

Tháinig mé ar an tuairim uafásach nach bhfuil ach gúna amháin a bhfuil muinchillí fada air agus trí scoilteog le caitheamh agam sa gheimhreadh. Thug Athair cead dom geansaí bán a chniotáil; níl an olla ródheas, ach beidh sé te, agus is é sin an rud is tábhachtaí. Fágadh cuid dár gcuid éadaí ag cairde, ach ar an drochuair ní bheimid ábalta í a fháil go dtí i ndiaidh an chogaidh. Ar choinníoll go bhfuil sí fós ann, ar ndóigh.

Chríochnaigh mé ag scríobh rud éigin faoi Bhean van Dann go díreach agus í ag siúl isteach sa seomra. Tailm, dhruid mé an leabhar de phlab.

'Hóigh, a Anne, nach dtig liom fiú spléachadh a fháil air?'

'Ní thig, a Bhean van Daan.'

‘An leathanach deireanach amháin mar sin?’

‘Ní thig, fiú an leathanach deireanach, a Bhean van Daan.’

Ar ndóigh, is beag nach bhfuair mé bás, ó tharla go raibh cur síos gan mholadh uirthi ar an leathanach áirithe sin.

Bíonn rud éigin ag tarlú gach lá, ach tá mé róthuirseach agus rófhalsa chun gach rud a scríobh síos.

Do chara dílis, Anne

AN AOINE, 25 MEÁN FÓMHAIR 1942

A Kitty dhil,

Tá cara ag Athair, fear ina lár-sheachtóidí darb ainm an tUasal Dreher, atá tinn, bocht agus chomh bodhar le slis. Tá a bhean, mar a bheadh aguisín gan mhaith ann, ag a thaobh, seacht mbliana is fiche níos óige agus chomh bocht céanna, a bhfuil a lámha agus a cosa faoi ualach braisléad bréagach agus fáinní atá ina bhfuíollach ar laethanta níos rathúla. Tá an tUasal Dreher seo ina chrá croí ag Athair cheana féin, agus bhí meas riamh agam ar an dóigh fhoighneach naofa a láimhseálann sé an seandúine truamhéalach seo ar an ghuthán. Nuair a bhí muid fós inár gcónaí sa bhaile, ba ghnách go gcuireadh Máthair comhairle air gramafón a chur os comhair an ghlacadáin, ceann a chasfadh an rud céanna gach trí bhomaite, ‘Sea, a Uasail Dreher’ agus ‘Ní hea, a Uasail Dreher’, ó tharla nár thuig an seandúine oiread is focal de fhreagraí fada Athar cibé ar bith.

Chuir an tUasal Dreher glooch ar an oifig inniu agus d’iarr ar an Uasal Kugler teacht chun é a fheiceáil. Ní raibh fonn ar an Uasal Kugler agus dúirt go gcuirfeadh sé Miep, ach chuir Miep an coinne ar ceal. Chuir Bean Dreher glooch ar an oifig trí huair, ach ó tharla go raibh Miep de réir tuairisce amuigh an tráthnóna ar fad, b’éigean di aithris a dhéanamh ar ghuth Miep. Bhí scléip thíos staighre san oifig agus thuas staighre san Urtheach. Anois, gach uair dá mbuaileann an guthán,

deir Bep ‘Sin é an tUasal Dreher!’ agus caithfidh Miep gáire a dhéanamh, agus beannaítear do na daoine ar an taobh eile den líne le scigireacht dhrochmhúinte. Nach dtig leat é a shamhailt? Caithfidh sé gurb í seo an oifig is iontaí ar chlár na cruinne. Bíonn an oiread sin craice ag na saoiestí agus ag na girseacha oifige le chéile!

Tráthnónta áirithe téim chuig muintir van Daan le comhrá a dhéanamh leo. Ithimid briosaí ‘liathróidí leamhan’ (briosaí a bhí i dtaisce in almóir a bhí leamhandíonach) agus bíonn am deas againn. Bhí an comhrá ann faoi Peter le déanaí. Dúirt mé gur minic a thugann sé bosóg dom ar mo leiceann, nach dtaitníonn liom. Chuir siad ceist orm ar an ghnathdhóigh a ndéanann na daoine fásta é an bhféadfainn choíche grá a bheith agam do Peter mar a bheadh deartháir dom ann, ó tharlaíonn go bhfuil grá aige dom mar a bheadh deirfiúr ionam. ‘Ó ní fhéadfainn!’ arsa mise, ach cad é air a raibh mé ag smaoinreamh, ‘Ó feo!’ Samhlaígi sin! Chuir mé leis go bhfuil Peter giota beag righin, b’fhéidir de bhrí go bhfuil sé faiteach. Bíonn gasúir nach bhfuil cleachtaithe le bheith i gcuideachta girseach mar sin.

Caithfidh mé a rá go bhfuil Coiste an Urthí (rannóg na bhfear) iontach cruthaitheach. Éist leis an scéim ar smaoinigh siad uirthi chun teachtaireacht a fháil chuig an Uasal Brok, ionadaí díolaíochta de chuid Opekta Teo agus cara linn a chuir earraí dár gcuid i bhfolach go rúnda dúinn. Tá siad ag dul a chlóscriobh litreach chuig úinéir siopa in Zeeland Theas, atá ina chustaiméir, go hindíreach ag Opekta, ag iarraidh air foirm a líonadh amach agus í a chur ar ais sa chlúdach féinseolta faoi iamh. Scríobhfaidh Athair an seoladh ar an chlúdach féin. A luaithe a thiocfaidh an litir ar ais ó Zeeland, tig an fhoirm a bhaint ar shiúl agus tig litir lámhscríofa a chruthaíonn go bhfuil Athair beo a chur isteach sa chlúdach. Ar an dóigh seo tig leis an Uasal Brok an litir a léamh gan amhras a bheith aige ar chleas. Roghnaigh siad ceantar Zeeland de bhrí go bhfuil

sé de dheas don Bheilg (tig litir a thabhairt faoi choim go furasta trasna na teorann) agus de bhrí nach bhfuil cead taistil chuici ag duine ar bith gan ceadúnas speisialta. Ní thabharfaí ceadúnas don Uasal Brok choíche.

Rinne Athair cur i gcéill inné. Agus na cosa ag lúbadh faoi de cheal codlata, chuaigh sé a stamrógacht leis a luí. Bhí a chosa fuar, mar sin de thug mé mo stocaí leapa ar iasacht dó. Cúig bhomaite ina dhiaidh sin chaith sé ar an urlár iad. Ansin tharraing sé na pluideanna aníos thar a chloigeann de bhrí gur chuir an solas isteach air. Múchadh an solas, agus chuir sé a cheann amach ar na clúdaigh go cáiréiseach. Bhí sé uile an-ghreannmhar. Thosaigh muid a chaint ar an ábhar go ndeir Peter gur ‘beach dhíbhírceach’ í Margot. Go tobann chualathas guth Dhaidí ó na hÍochtair: ‘Gobaire, ba mhian leat a rá.’

Tá Mouschi, an cat, ag éirí níos deise liom le himeacht aimsire, ach tá cineál eagla orm roimpi fós.

Do chara dílis, Anne

AN DOMHNACH, 27 MEÁN FÓMHAIR 1942

A Kitty dhil,

Bhí ‘díospóireacht’ mar dhea agam féin agus ag Máthair inniu, ach is é an rud a ghoilleann orm gur phléasc mé amach ag caoineadh. Níl neart agam air. Bíonn Daidí *i gcónaí* deas liom, agus is fearr a thuigeann sé mé. Ag amanna mar seo ní thig liom cur suas le Máthair. Is léir gur coimhthíoch léi mé; níl a fhios aici fiú mo bharúil ar na rudaí is coitianta. Bhí muid ag caint faoi na cailíní aimsire agus ar an dóigh gur cheart duit ‘cúntóir tís’ a thabhairt orthu lenár linn. Mhaígh sí go mbeidh siad ag iarraidh go dtabharfaí sin orthu nuair a bheas an cogadh thart. Ní mar sin a thuig mé féin é. Ansin dúirt sí mar aguisín go mbím ag caint ar ‘níos moille’ chomh minic sin agus go mbím ag dul thart mar a bheadh bean uasal ionam, cé

nach bhfuil ionam, ach ní shílím gur rud chomh huafásach sin é caisleáin ghainimh a thógáil san aer, ionas nach nglacann tú ródháiríre leis. Ar aon nós, is gnách go gcosnaíonn Daidí mé. Gan é ní bheinn ábalta é a fhulaingt amuigh anseo.

Ní réitím go rómhaith le Margot ach an oiread. Cé nach mbíonn na rachtanna céanna feirge ar an teaghlach againn agus a bhíonn orthu thuas staighre, ní mó a thaitníonn sé liom. Tá pearsantachtaí Mháthar agus Margot chomh héagsúil sin liom. Is fearr a thuigim mo chailínchairde ná mo mháthair féin. Nach mór an trua é sin?

Ní den chéad uair, tá Bean van Daan stuacánach. Tá sí an-taghdach agus tá sí ag baint ar shiúl níos mó agus níos mó dá cuid earraí agus á gcur faoi ghlas. Is mór an trua nach mbaineann Máthair cúiteamh as gach ‘imeacht as amharc’ de chuid van Daan le ‘himeacht as amharc’ de chuid mhuintir Frank.

Ní hé amháin gur breá le daoine áirithe, dála mhuintir van Daan, a bpáistí féin a thógáil ach is breá go mór leo páistí eile a thógáil. Níl sé de dhíth ar Margot, ó tharlaíonn go bhfuil sí go maith, cineálta agus cliste ó nádúr, iomlán foirfe, ach is cosúil go bhfuil go leor ceilge agam don bheirt againn. Níos minice ná uair amháin líonadh an t-aer le rabhaidh mhuintir van Daan agus le haisfhreagraí sotalacha agam. Cosnaíonn Athair agus Máthair go láidir mé i gcónaí. Gan iad ní bheinn ábalta dul ar ais sa chath agus guaim a choinneáil orm féin. Coinníonn siad orthu ag insint dom gur chóir dom níos lú cainte a dhéanamh, mo ghnóthaí a choinneáil dom féin agus bheith níos modhúla, ach is cosúil nach bhfuil aon fhorás i ndán dom. Mura mbeadh Athair chomh foighneach sin, bheadh deireadh dúile bainte agam de na dóchais mheasartha atá ag mo thuismitheoirí dom a chomhlíonadh.

Mura nglacaim ach cuid bheag de ghlasra a bhfuil fuath agam air agus má ithim prátaí ina áit, ní thig le muintir van Daan, go háirithe le Bean van Daan a chreidbheáil cé chomh

millte agus atá mé. ‘Gabh ar aghaidh, a Anne, ith cuid eile glasraí,’ arsa sí.

‘Ní íosfaidh, go raibh maith agat, a bhean uasal, an freagra a thugaim uirthi. ‘Tá go leor agus barraíocht agam leis na prátaí.’

‘Tá na glasraí maith duit; is amhlaidh a deir do mháthair é fosta. Bíodh tuilleadh agat,’ a dhearbhaíonn sí, go dtí go ndéanann Athair idirghabháil agus go dtacaíonn liom go bhfuil sé de cheart agam diúltú do bhia nach bhfuil dúil agam ann.

Ansin téann Bean van Daan as a crann cumhachta: ‘Ba chóir duit bheith sa teach againne, áit ar tógadh na páistí mar ba cheart. Ní thugaim tógáil cheart air seo. Tá Anne thar a bheith millte. Ní chéadóinn choíche é sin. Dá mbeadh Anne ina hiníon domsa...’

Is é seo mar a thosaíonn agus mar a chríochnaíonn a sciolladh teanga i gcónaí: ‘Dá mbeadh Anne ina hiníon domsa...’ Buíochas do Dhia, níl mé.

Ach le dul siar ar an ábhar tógáil clainne, inné thit ciúnas i ndiaidh do Bhean van Daan a hóráid bheag a chríochnú. Ansin thug Athair freagra uirthi, ‘sílim gur tógáil mhaith a fuair Anne. Ar a laghad, tá sé le ciall aici gan freagra a thabhairt ar do sheanmóirí gan deireadh. A fhad is a bhaineann sé leis na glasraí, níl a dhath le rá agam faoi ach an citeal ag tabhairt achasáin don phota.’

Fuarthas an lámh in uachtar ar Bhean van D. le réasún. Tagraíonn an citeal ag tabhairt achasáin don phota do Bhean van Daan í féin ar ndóigh, ó tharlaíonn nach dtig léi cur suas le pónairí nó le cineál ar bith cabáiste tráthnóna de bhrí go ngineann siad ‘gaoth’ inti. Ach thiofadh liom an rud céanna a rá. A leithéid d’óinseach, nach dóigh leat? Cibé ar bith, bímis dóchasach go stopfaidh sí de bheith ag caint fúm.

Tá sé greannmhar a fheiceáil a ghasa a éiríonn Bean van Daan dearg san aghaidh. Ní éirím féin, rud a chuireann isteach go mór uirthi faoi rún.

Do chara dílis, Anne

AN LUAN, 28 MEÁN FÓMHAIR 1942

A Kitty dhil,

B'éigean dom éirí as inné cé nach raibh mé réidh ná baol air. Tá mé ar bís insint duit faoi easaontas eile dár gcuid, ach sula ndéanfaidh mé sin ba mhaith liom an méid seo a rá: Sílim gur rud aisteach é go mbíonn daoine fásta ag argóint le chéile chomh furasta sin agus is minic gur faoi rudaí beaga suaracha atá sé. Go nuige seo shíl mé riamh gur rud í smiolgaireacht a rinne na páistí agus gur éirigh siad aisti. Ar ndóigh, bíonn ábhar fíorargóna ann ó am go ham, ach níl ann ach smiolgaireacht sna heasaontais béil a tharlaíonn anseo. Ba chóir dom bheith cleachtaithe leis go dtarlaíonn na heasaontais béil seo ar bhonn laethúil, ach níl mé agus ní bheidh go deo a fhad is a bhím féin mar ábhar beagnach gach díospóireacht a bhíonn ann. (Tagraíonn siad dóibh mar 'dhíospóireachtaí', in áit 'easaontas', ach níl a fhios ag na Gearmánaigh an difear eatarthu!) Cáineann siad gach rud, i ndáiríre gach rud fúm: m'iompar, mo phearsantacht, mo bhéasa; tá gach orlach díom, ó mhullach go sáil agus ar ais arís, ina dhreas cardála agus díospóireachta. Caitear focail gharbha agus bhéiceacha go rialta i mo threo, cé gur cinnte nach bhfuil mé cleachtach leis ar chor ar bith. De réir na ndaoine i gcumhacht, níl le déanamh agam ach mo chár a theannadh ar a chéile. Ach ní thig liom! Níl lá rúin agam glacadh lena gcuid maslaí gan oiread agus focal asam ar mo shon féin. Taispeánfaidh mé dóibh nár inné a saolaíodh Anne Frank. Bainfidh mé an dúiseacht astu go dtabharfaidh siad faoi deara gur chóir dóibh a mbéal mór a choinneáil druidte nuair a chuirim in iúl dóibh gur chóir

dóibh díriú ar a ngnóthaí féin in áit mo ghnóthaíse. Nach dána an mhaise dóibh é bheith ag dul ar aghaidh mar sin! Tá sé barbarach ar fad. Rinneadh stangaire díom, arís agus arís eile, a leithéid de mhíbhéas agus thar rud ar bith eile ... a leithéid de dhobhrántacht (Bean van Daan). Ach a luaithe atá mé cleachtach leis an smaoinemh, agus níor chóir go nglacfadh sé sin i bhfad, tabharfaidh mé tomhas a láimhe féin dóibh, agus beidh athrú poirt acu! An bhfuil mé chomh mímhúinte, chomh ceanndána, chomh stuacánta, chomh sotalach, chomh bómánta, chomh falsa, agus araile, agus araile, céanna agus a deir muintir van Daan? Níl, ar ndóigh. Tá a fhios agam go bhfuil mo chuid lochtanna agus easpaí agam, ach téann siad thar fóir ar fad leo! Dá mbíodh a fhios agat, a Kitty, go mbíonn fiuchadh feirge orm nuair a thugann siad scalladh teanga dom nó nuair a bhíonn siad ag magadh fúm. Ní fada go bpléascfaidh mé le fearg nach ligfí amach.

Ach is leor sin. Tá mé do do chrá fada go leor le mo chuid argóintí, agus fós féin ní thig liom gan comhrá dinnéir an-suimiúil a chur leis.

Ar dhóigh éigin tháinig fíorchúthaileacht Pim aníos mar ábhar comhrá. Tá a fhios ag an saol mór faoina mhodhúlacht, rud nach gcaithfeadh an duine is bómánta amhras air. Gan choinne, dúirt Bean van Daan focal, bean a mhothaíonn i gcónaí gur gá di í féin a thabhairt isteach sa chomhrá, ‘Tá mé an-mhodhúil agus cúthail fosta, níos mó ná mar atá m’fhear céile!’

Ar chuala tú a leithéid d’amaidí riamh? Tugann an abairt seo le fios go soiléir nach baileach go bhféadfaí duine modhúil a thabhairt uirthi!

D’fhreagair an tUasal van Daan, a mhothaigh gurbh éigean dó an ‘níos mó ná mar atá m’fhear céile’ a mhíniú, go ciúin. ‘Ní mian liom ar chor ar bith bheith modhúil nó cúthail. Ó mo thaithí féin, éiríonn níos fearr leat má bhíonn tú chun tosaigh!’ Agus á thiontú féin chugam, chuir sé an méid seo leis, ‘Ná bí

modhúil agus cúthail, a Anne. Ní éireoidh leat rud ar bith a dhéanamh díot féin mar sin.'

D'aontaigh Máthair go hiomlán leis an dearcadh seo. Ach, mar is gnách, b'éigean do Bhean van Daan a dhá pingin a chur leis. An iarraidh seo, áfach, in áit labhairt liom go díreach, thiontaigh sí chuig mo thuismitheoirí agus arsa sí, 'Caithfidh sé go bhfuil dearcadh aisteach agat ar an saol má deir tú sin, a Anne. Bhí rudaí difriúil agus mise ag fás aníos. Cé gur dócha nár athraigh siad mórán ó shin, ach amháin i do theaghlach nua-aimseartha!'

Buille díreach a bhí ann seo ar na modhanna nua-aimseartha tógála a bhí ag Máthair, a chosain sí go han -mhinic. Bhí Bean van Daan trína chéile an oiread sin gur tháinig dath dearg ar a haghaidh. Éiríonn na daoine a dtagann dath dearg ar a n-aghaidh níos tógtha nuair a mhothaíonn siad iad féin ag éirí te, agus is gasta a fhaigheann na céilí comhraic an lámh in uachtar orthu.

Ghlac an mháthair, nach raibh dath dearg san aghaidh uirthi, agus a bhí ag iarraidh bheith réidh leis a ghasa ab fhéidir léi, sos beag sular thug sí freagra. 'Bhuel, a Bhean van Daan, aontaím gur fearr i bhfad mura mbíonn duine rómhoduil. Tá mo chéile, Margot agus Peter thar a bheith modhúil. Cé nach a mhalairt ar fad atá do chéile, Anne agus mé féin, ní ligimís do dhaoine beag a dhéanamh dinn.'

Bean van Daan: 'Ó, ach a Bhean Frank, ní thuigim an rud atá tú a mhaíomh! Le fírinne, tá mé iontach modhúil agus cúthail. Cad é mar a thig leat a rá go bhfuil mé sotalach?'

Máthair: 'Ní dúirt mé go raibh tú sotalach, ach ní chuirfeadh duine ar bith síos ort mar dhuine atá cúthail.'

Bean van D.: 'Ba mhaith liom fáil amach cén dóigh a bhfuil mé sotalach! Mura dtabharfainn aire dom féin anseo, ní thabharfadh duine ar bith eile aire dom, agus is gairid go bhfaighinn bás den ocras, ach ní chiallaíonn sé sin nach bhfuil mé chomh modhúil agus chomh cúthail agus atá d'fhear céile.'

Ní raibh an dara suí ag Máthair ach gáire a dhéanamh ar an fhéinchosaint amaideach seo, rud a chuir isteach go mór ar Bhean van Daan. Ní bheadh sí ina hurlabhraí go díreach ó nádúr, ach lean sí uirthi lena cuntas niamhrach i meascán den Ghearmáinis agus den Ollainnis, go dtí go ndeachaigh sí in abar an oiread sin lena cuid focal gur éirigh sí sa deireadh dá cathaoir agus bhí sí ar tí an seomra a fhágáil nuair a leag sí a súil ormsa. Dá bhfeicfeá í! Ar ámharaí an tsaoil, bhí mé ag croitheadh agus ag claonadh mo chinn le bá agus le híoróin. Ní raibh mé á dhéanamh d'aon ghnó, ach lean mé a sciolladh chomh géar sin go raibh an dóigh a ndeachaigh an scéala i bhfeidhm orm go hiomlán éadoilteanach. Chas Bean van Daan thart agus thug sí sciolladh teanga dom; agus é cruá, Gearmánach, cruálach lodartha, go díreach mar a dhéanfadh bean éisc ramhar éigin a mbeadh aghaidh dhearg uirthi. B'aoibhinn an radharc é. Dá mbeinn ábalta tarraingt, dhéanfainn sceitse di mar a bhí sí ansin. Bhuail sé liom go raibh sé chomh greannmhar sin, an uaill bheag bhómánta sin! Tá rud amháin foghlamtha agam: ní chuireann tú aithne cheart ar dhuine go dtí go n-éiríonn eadraibh. Is é sin an t-aon uair amháin a thig leat breith a thabhairt ar a gcarachtar!

Do chara dílis, Anne

AN MHÁIRT, 29 MEÁN FÓMHAIR 1942

A Kitty dhil,

Tarlaíonn na rudaí is aistí duit agus tú i bhfolach! Déan iarracht é seo a shamhailt. De bhrí nach bhfuil folcadán againn, nímid muid féin i ndabhach stáin, agus de bhrí nach bhfuil ach uisce te san oifig (a chiallaíonn an bunurlár ar fad), déanann an seachtar againn sealáíocht ar thairbhe a bhaint as an deis iontach seo. Ach ó tharlaíonn go bhfuilimid chomh héagsúil sin óna chéile, bímid céasta ag leibhéil éagsúla modhúlachta, tá áit dhifriúil roghnaithe ag gach ball den teaghlach. Glacann

Peter folcadán i gcistin na hoifige, cé go bhfuil doras gloine uirthi. Nuair a bhíonn sé in am dá fholcadán, téann sé thart ó dhuine go duine agus fógraíonn nár chóir dúinn siúl thart leis an chistin go ceann na chéad leathuaire eile. Síleann sé gur leor an méid seo. Glacann an tUasal van Daan a fholcadán thuas staighre, ag déanamh gur tábhachtaí sábháilteacht a sheomra féin ná an deacracht a bheadh aige an t-uisce te a iompar suas an staighre uilig. Níor ghlac Bean van Daan folcadán go fóill; tá sí ag fanacht leis an áit is fearr a fháil amach. Níonn Athair é féin san oifig phríobháideach agus níonn Máthair í féin sa chistin ar chúl sciath tine, agus thug Margot agus mé féin le fios gurb í an oifig tosaigh ár n-áit fholcadáin. Ó tharlaíonn go mbíonn na cuirtíní druidte tráthnóna Dé Sathairn, sciúraimid muid féin sa dorchadas, agus an té nach bhfuil san fholcadán ag amharc amach ar an fhuinneog trí scoilt sna cuirtíní agus í ag stánadh faoi iontas ar na daoine barrúla ag dul thar bráid gan stad gan staonadh.

Shocraigh mé tá seachtain ó shin nach raibh dúil agam san áit seo agus tá mé ag amharc amach faoi choinne ceathrúna níos compordaí. Ba é Peter a thug an smaoineamh dom mo dhabhach stáin a chur i leithreas fairsingeach na hoifige. Tig liom suí, an solas a lasadh, an doras a chur faoi ghlas agus an t-uisce a dhoirteadh amach gan cuidiú duine ar bith, agus sin uile gan eagla orm go bhfeicfear mé. Bhain mé úsáid as m'fholcadán galánta den chéad uair Dé Domhnaigh agus, aisteach go leor, is fearr liom é ná áit ar bith eile.

Bhí an pluiméir ag obair thíos staighre Dé Céadaoin, ag bogadh na bpiobán uisce ó leithreas na hoifige chuig an phasáiste ionas nach mbeidh siad reoite i rith an gheimhridh. Ní raibh cuairt an phluiméara pleisiúrtha ar chor ar bith. Ní hé amháin nach raibh cead agam uisce a rith i rith an lae, ach bhí an leithreas thar teorainn. Déarfaidh mé leat an dóigh ar láimhseáil muid an fhadhb; b'fhéidir go sílfeá go bhfuil sé mí-oiriúnach dom labhairt air, ach níl mé chomh ceartaiseach

faoi chúrsaí mar seo. An lá a tháinig muid, sholáthair Athair agus mé féin ártach ar ala na huaire, ag déanamh íobartha de chruiscín caomhnaithe ar mhaithe leis. Fad a mhair cuairt an phluiméara, cuireadh na cruiscíní caomhnaithe ar obair i rith an lae chun scairteanna ár ngnóthaí a choinneáil. Chomh fada liomsa de, ní raibh sé leath chomh deacair agus a bhí sé dom bheith i mo shuí an lá ar fad gan focal asam. Tig leat a shamhail a dheacra a bhí sé do Bhean, Grágarsach, Grágarsach, Grágarsach. Caithfidimid labhairt i gcogair ar ghnáthlaethanta; is míle uair is measa é gan cead cainte a bheith agat ar chor ar bith.

I ndiaidh trí lá i mo shuí gan staonadh, bhí mo thóin righin agus nimhneach. Bhí an challaistéinic san oíche ina cuidiú.

Do chara dílis, Anne

DÉARDAOIN, 1 DEIREADH FÓMHAIR 1942

A Kitty dhil,

Scanraíodh go mór mé inné. Ar a hocht a chlog, buaileadh ar chloigín an dorais go tobann. Ní thiocfadh liom smaoineamh ar rud ar bith eile ach amháin go raibh duine éigin ag teacht faoinár gcoinne. Tá a fhios agat cé atá i gceist agam. Ach shocraigh mé síos nuair a gheall gach duine go gcaithfidh sé gur fear clis nó fear an phoist a bhí ann.

Tá na laethanta anseo an-chiúin. Tá an tUasal Levinsohn, ceimiceoir beag Giúdach, ag déanamh roinnt tástálacha don Uasal Kugler sa chistin. Ó tharlaíonn go bhfuil sé eolach ar an fhoirgneamh ar fad, bíonn eagla ár gcaicinn i gcónaí orainn go rithfidh sé leis dul a amharc ar an áit a mbíodh an tsaotharlann. Bímid chomh ciúin le luchóga. Cé a déarfadh tá trí mhí ó shin go suífeadh Anne luathintinneach chomh ciúin sin ar feadh uaireanta an chloig gan deireadh, agus rud eile de, go dtiocfadh léi?

Bhí breithlá Bhean van Daan ar an naoú lá is fiche. Cé nach raibh ceiliúradh mór againn, tugadh neart bláthanna, bronntanas simplí agus bia maith di. Is traidisiún teaghlaigh é lus na gile a fháil óna céile, de réir cosúlachta.

Lig dom sos a ghlacadh ar feadh bomaite agus mé ag caint ar Bhean van Daan agus inseoidh mé duit go gcuireann a hiarrachtaí gan stad ar ghiolamas le hAthair isteach go mór orm. Tugann sí bosóg dó ar a leiceann agus ar a cheann, tarraingíonn aníos a sciorta agus tugann barúlacha deisbhéalacha, mar dhea, chun aird Pim a tharraingt uirthi féin. Ar an dea-uair ní cheapann sé go bhfuil sí tarraingteach nó taitneamhach agus ní thugann sé aird ar bith ar a giolamas. Mar atá a fhios agat, is duine éadmhar mé, agus ní thig liom cur suas lena hiompar. I ndiaidh gach ní, ní théann Máthair ar aghaidh ar an dóigh sin leis an Uasal van D., rud a dúirt mé le Bean van D. gan fiacail a chur ann.

Ó am go ham tig le Peter bheith an-ghreannmhar. Tá cosúlacht amháin againn lena chéile: is breá linn gléasadh suas, a chuireann gach duine ag gáire. Tráthnóna dá raibh ann, tháinig muid ar an láthair, Peter agus ceann de ghúnaí dlúth le craiceann a mháthar air agus a chulaith orm. Bhí hata air; bhí bearad orm. Bhí na daoine fásta sna trithí gáire, agus bhain muid féin an oiread céanna suilt as.

Cheannaigh Bep sciortaí nua do Margot agus dom féin ag The Bijienkorf. Bhí an t-éadach gránna, mar a bheadh na málaí ann ina dtagann na prátaí. Go díreach na cineálacha rudaí nach mbeadh sé de dhánacht sna siopaí móra díol sna seanlaetha, agus 24.00 guldán anois orthu (ceann Margot) agus 7.75 guldán (ar mo cheannsa).

Tá pléisiúr i ndán dúinn: d'ordaigh Bep cúrsa poist sa luathscríbhinn do Margot, Peter agus domsa. Fan go bhfeice tú, ag an am seo ar an bhliain seo chugainn beimid ábalta luathscríbhinn fhoirfe a bhreacadh síos. Cibé ar bith, tá an dóigh le cód rúnda scríofa mar sin a fhoghlaim fíorshuimiúil.

Tá pian mhillteanach i mo chormhéar (ar mo lámh chlé), mar sin de ní thig liom smúdáil ar bith a dhéanamh. A leithéid de mhí-ádh!

Tá an tUasal van Daan ag iarraidh orm suí in aice leis ag an tábla, ó tharlaíonn nach n-itheann Margot go leor chun é a shásamh. Tá sé sin go breá liomsa, is maith liom athruithe. Bíonn cat dubh beag bídeach i gcónaí ag siúl ar fud an chlóis, agus cuireann sé mo thaisce beag Moortje i gcuimhne dom. Is é an fáth eile a gcuirim fáilte roimh an athrú ná go mbíonn Mamaí i gcónaí do mo lochtú. Is ar Margot a thitfidh tromlach an lochtaithe as seo amach. Nó ba chóir a rá nach uirthi, ó tharlaíonn nach ndeir Máthair a leithéid d'fhocail tharcaisneacha léi. Chan leis an eiseamláir gheanmhaí sin! Bím i gcónaí ag baint as Margot faoi bheith ina heiseamláir gheanmhaí na laetha seo, agus tá fuath aici air. B'fhéidir go dtabharfadh sé sin le fios di nár chóir di bheith ina duine ceartaiseach. Tá sé thar am aici foghlaim.

Scéal greannmhar sonrath a d'inis an tUasal van Daan chun deireadh a chur leis an mheascán mearaí nuachta seo:

Cad é a dhéanann clic naoi n-uaire is nócha agus cleaic uair amháin?

Céadchosach a bhfuil camreilge air.

Slán go fóill, Anne

AN SATHARN, 3 DEIREADH FÓMHAIR 1942
A Kitty dhil,

Bhí gach duine ag baint go mór asam inné de bhrí gur luigh mé siar ar an leaba taobh leis an Uasal van Daan. 'Agus an aois atá agat! Millteanach!' agus focail eile cosúil leo. Amaideach, ar ndóigh. Níor mhaith liom choíche dul a luí leis an Uasal van Daan ar an dóigh a gceapann siadsan.

Inné tharla idir Máthair agus mé féin arís agus thóg sí raic mhór. D'inis sí mo chuid peacaí do Dhaidí agus thosaigh sí a chaoineadh, rud a chuir mé féin ag caoineadh fosta, agus bhí tinneas cinn millteanach orm cheana féin. Sa deireadh d'inis mé do Dhaidí go bhfuil níos mó grá agam dó ná mar atá agam do Mháthair, is é an freagra a thug sé air gur iomaí craiceann a chuireas an óige di, ach ní dóigh liom é. Is é rud nach dtig liom cur suas le Máthair, agus caithfidh mé iallach a chur orm féin gan í a ithe an t-am ar fad, agus fanacht socair, nuair a b'fhéarr liom leiceadar a tharraingt uirthi. Níl a fhios agam an fáth nach bhfuil dúil ar bith agam inti. Deir Daidí gur chóir dom dualgais a ghlacadh orm féin le cuidiú léi mura bhfuil Máthair ar fónamh nó má bhíonn tinneas cinn uirthi, ach níl mé ag dul a dhéanamh sin de bhrí nach bhfuil grá agam di agus nach dtaitníonn sé liom iad a dhéanamh. Tig liom a shamhailt go bhfaighidh Máthair bás lá éigin, ach bheadh bás Dhaidí dosmaoinimh. Tá sé iontach suarach dom, ach is é sin mar a mhothaím. Tá súil as agam nach léifidh Máthair é seo go deo nó rud ar bith eile dár scríobh mé.

Tá cead agam leabhair do dhaoine níos fásta a léamh le déanaí. Tá *Eva's Youth* le Nico van Suchtelen do mo choinneáil gnóthach i láthair na huaire. Ní dóigh liom go bhfuil mórán difir idir é seo agus leabhair do chailíní sna déaga. Shíl Eva gur fhás na cailíní ar chrainn mar a bheadh úlla ann, agus gur bhain an chorr bhán den chrann iad nuair a bhí siad aibí gur thug sí chuig a máithreacha iad. Ach bhí púisíní ag cat a cailínchara agus chonaic Eva ag teacht amach as an chat iad, mar sin de shíl sí gur rug cait uibheacha agus gur tháinig siad amach mar a bheadh sicíní ann, agus go ndeachaigh máithreacha ar mhaith leo leanbh suas staighre fosta roinnt laethanta roimh an am chun ubh a bhreith agus í a ghoradh. I ndiaidh do na leanaí teacht ar an saol, bhí na máithreacha iontach lag ó bheith ina suí ar a ngogaide. Ag am áirithe, bhí leanbh ó Eva fosta. Thóg sí scairf olla gur spréigh sí ar an

urlár í sa dóigh is go dtiocfadh leis an ubh titim uirthi, agus ansin shuigh sí ar a gogaide gur thosaigh sí a bhrú. Bhí sí ag glógarsach agus í ag fanacht, ach níor tháinig ubh ar bith amach. Sa deireadh, i ndiaidh di bheith ina suí ar feadh tamaill fhada, tháinig rud éigin, ach ispín a bhí ann in áit uibhe. Bhí Eva náirithe. Shíl sí go raibh sí tinn. Aisteach, nach bhfuil? Tá tréimhsí *Óige Eva* ann fosta a dhéanann tagairt do na mná a dhíolann a gcolainn ar an tsráid agus iad ag iarraidh moll mór airgid. Bheinn náirithe amach is amach os comhair fir mar sin. Ar a bharr sin, déanann sé tagairt d'fhuil mhíosta Eva. Ó, is fada liom é teacht m'fhola míosta – is ansin a bheas mé fásta suas dáiríre.

Tá Daidí ag gearán arís agus é ag bagairt go dtabharfaidh sé mo dhialann ar shiúl. Ó, uafás na n-uafás! As seo amach, tá mé ag dul í a chur i bhfolach.

Anne Frank

Samhlaím...

Go bhfuil mé ar shiúl chun na hEilbhéise. Codlaím féin agus Daidí in aon seomra, agus athraítear seomra na mbuachaillí* ina sheomra suí, áit a dtig liom bualadh le cuairteoirí. Chun iontas a chur orm, cheannaigh siad troscán nua dom, tábla tae, deasc, cathaoireacha uilleannacha agus dibhéán san áireamh. Tá gach rud go hiontach. I ndiaidh roinnt laethanta tugann Daidí 150 guldán dom – malartaithe go hairgead na hEilbhéise, ar ndóigh, ach tabharfaidh mé guldain orthu – agus insíonn dom gach rud a shílim a bheas uaim a cheannach, dom féin amháin. (Níos moille anonn, faighim guldán in aghaidh na seachtaine, a mbainaim úsáid as le pé rud is mian liom a cheannach.) Imím liom le Bernd agus ceannaím:

3 veist chadáis @ 0.50 = 1.50

3 péire fo-éadaí cadáis @ 0.50 = 1.50

3 veist olla @ 0.75 = 2.25

3 péire fo-éadaí olla @ 0.75 = 2.25

2 pheireacót @ 0.50 = 1.00

2 chíochbheart (an méid is lú) @ 0.50 = 1.00

5 péire pitseámaí @ 1.00 = 5.00

1 fhallaing sheomra éadrom @ 2.50 = 2.50

1 fhallaing sheomra throm @ 3.00 = 3.00

2 chasóg leapa @ 0.75 = 1.50

1 cheannadhairt bheag @ 1.00 = 1.00

1 péire slipéar éadrom @ 1.00 = 1.00

1 péire slipéar te @ 1.50 = 1.50

1 péire bróg an tsamhraidh (scoile) @ 1.50 = 1.50

1 péire bróg an tsamhraidh (is fearr) @ 1.50 = 1.50

1 pheire bróg an gheimhridh (scoile) @ 2.50 = 2.50

1 péire bróg an gheimhridh (is fearr) @ 3.00 = 3.00

*Col ceathrair le Anne Bernhard (Bernd) agus Stephen Elias.

2 naprún @ 0.50 = 1.00
25 ciarsúr @ 0.05 = 1.25
4 phéire riteog síoda @ 0.75 = 3.00
4 phéire stoca glúine @ 0.50 = 2.00
4 phéire stocáí @ 0.25 = 1.00
2 phéire stocáí tiubha @ 1.00 = 2.00
3 scáinne olla báine (fo-éadaí, bearad) = 1.50
3 scáinne olla goirme (geansaí allais, sciorta) = 1.50
3 scáinne olla ildathaí (bearad, scairf) = 1.50
Scairfeanna, criosanna, bónaí, cnáipí = 1.25

Móide 2 ghúna scoile (samhraidh), 2 ghúna scoile (geimhridh), 2 sciorta mhaithe (samhraidh), 2 sciorta mhaithe (geimhridh), 1 sciorta samhraidh, 1 sciorta maith geimhridh, 1 sciorta scoile geimhridh, 1 chóta báistí, 1 chóta samhraidh, 1 chóta geimhridh, 2 hata, 2 bhearad. 108.00 guldán ar fad.

2 mhála láimhe, 1 chulaith don haca oighir, 1 phéire scátaí, 1 chás (a bhfuil púdar, unghadh craicinn, bunungadh, unghadh níocháin, unghadh gréine, olann chadáis, trealamh gartharrthála, dearg, béaldath, peann luaidhe mala, salainn folcadáin, púdar folcadáin, eau-de-Cologne, gallúnach, clúimhín púdair).

Móide 4 gheansaí@ 1.50, 4 bhlús @ 1.00, rudaí ilghnéitheacha @ 10.00 agus leabhair, bronntanais @ 4.50.

AN AOINE, 9 DEIREADH FÓMHAIR 1942

A Kitty dhil,

Níl agam ach scéal duairc gruama le hinsint duit inniu. Tá an iliomad cairde Giúdacha agus Giúdacha a bhfuil aithne againn orthu á dtabhairt ar shiúl ina bplóid. Tá an Gestapo

ag caitheamh go holc leo agus á dtabhairt i dtrucaílí eallaigh go Westerbork, an sluachampa mór in Drente áit a bhfuil siad ag cur na nGiúdach uile. D’inis Miep dúinn faoi dhuine éigin ar éirigh leis éalú uaidh. Caithfidh sé go bhfuil sé uafásach in Westerbork. Is fíorbheag a fhaigheann na daoine le hithe agus níos lú le hól, de dheasca nach bhfuil an t-uisce ar fáil ach ar feadh uair an chloig sa ló, agus níl ann ach leithreas agus doirteal amháin le freastal ar na mílte duine. Téann fir agus mná a chodladh sa seomra céanna, agus is minic a bhearrtar gruaig na mban agus na bpáistí. Tá éalú ón áit beagnach dodhéanta; tá cuma Ghiúdach ar chuid mhaith daoine agus is léir an méid sin óna gcloigeann bearrtha.

Má tá sé go holc san Ollainn, cad leis a bhfuil sé cosúil sna háiteanna neamhshibhialta i gcéin mar a gcuireann na Gearmánaigh iad? Táimid ag déanamh go ndúnmharaítear an chuid is mó acu. Deir raidió Shasana go bhfuil gás á thabhairt dóibh. Is féidir gurb í sin an dóigh is gasta chun bás a fháil.

Motháim go holc. Tá cuntais Miep ar na huafáis seo an-choscraich ar fad, agus tá Miep cráite go mór fosta. An lá faoi dheireadh, cuir i gcás, chuir an Gestapo seanbhean Ghiúdach atá ina cláiríneach ar leac dorais Miep agus iad ag imeacht ar lorg cairr. Bhí eagla a craicinn ar an tseanbhean roimh na tóirshoilse dallraitheacha agus roimh scaoileadh na gunnaí ar na heitleáin Shasanacha os a cionn. Ina dhiaidh sin, ní raibh sé de mhisneach ag Miep í a ligint isteach. Ní ligfeadh duine ar bith. Tá na Gearmánaigh fial go leor ó thaobh an phionóis de.

Tá Bep an-cheansaithe fosta. Tá a stócach á chur chun na Gearmáine. Gach uair dá n-eitlíonn an t-eitleán os ár gcionn, bíonn eagla uirthi go dtitfidh a n-ualach buamaí uile ar chloigeann Bertus. Níl scéalta grinn dála, ‘Ó, ná bí buartha, ní thig leo uile titim air’ nó ‘Ní ghlacann sé ach buama amháin’ fóirsteanach sa chás seo. Ní hé Bertus an t-aon duine amháin a bhfuil sé d’fhiachadh air dul a obair sa Ghearmáin. Imíonn an dúrud fear óg ar na traenacha gach lá. Déanann cuid acu

iarracht éalú gan fhios ón traein nuair a stopann sí ag stáisiún beag, áfach, ní éiríonn ach le roinnt acu éalú gan fhios agus cró folaigh a aimsiú.

Ach ní hé sin deireadh le mo chuid éagaoine. Ar chuala tú an téarma ‘giall’ riamh? Is é sin an pionós is déanaí do na sabaitéirí. Agus is é an rud is measa a thig leat a shamhailt. Cuirtear saoránaigh mhóra – daoine soineanta – i bpríosún le fanacht lena mbású. Mura dtig leis an Gestapo teacht ar an sabaitéir, níl ann ach go bhfaigheann siad greim ar chúigear giall agus cuirtear i líne iad i gcoinne an bhalla. Léann tú fógraí a mbáis ar an nuachtán, áit a ndéantar tagairt dóibh mar ‘thaismí tubaisteacha’.

Samplaí breátha daonnachta, is ea na Gearmánaigh, agus nuair a chuimhním air, is duine acu mise le fírinne! Ní hea, níl sé sin fíor, bhain Hitler ár náisiúntacht ar shiúl fadó. Agus lena chois sin, níl ar chlár na cruinne naimhde is mó ná na Gearmánaigh agus na Giúdaigh.

Do chara dílis, Anne

AN CHÉADAIOIN, 14 DEIREADH FÓMHAIR 1942

A Kitty dhil,

Tá mé iontach gnóthach. Inné thosaigh mé a aistriú caibidle ó *La Belle Nivernaise* agus a scríobh síos focail. Ansin chuaigh mé i ngleic le fadhb *uafásach* matamaitice agus d’aistrigh mé trí leathanach ghramadach na Fraincise ar a bharr sin. Inniu, gramadach na Fraincise agus stair. Diúltaím go díreach an mhatamaitic uafásach sin a dhéanamh gach lá. Síleann Daidi go bhfuil sí uafásach chomh maith. Tá mé féin beagnach níos fearr aici ná mar atá sé féin, cé nach bhfuil ceachtar againn go maith, déanta na fírinne, mar sin de caithfimid cuidiú a iarraidh ar Margot i gcónaí. Tá mé ag obair liom ar an luathscríbhinn, a thaitníonn liom. As an triúr againn, is mise a rinne an dul chun cinn is mó.

Léigh mé *The Storm Family*. Tá sé measartha maith, ach níl sé inchurtha le *Joop ter Heul*. Cibé ar bith, is féidir na focail chéanna a fháil ar an dá leabhar, atá le ciall de bhrí gurb é an t-údar amháin a scríobh iad. Is scríbhneoir den scoth í Cissy van Marxveldt. Tá mé ag dul a ligint do mo pháistí féin a cuid leabhar a léamh chomh maith.

Rud eile de, léigh mé cuid mhór drámaí le Körner. Is maith liom an dóigh a scríobhann sé. Cuir i gcás, *Hedwig*, *The Cousin from Bremen*, *The Governess*, *The Green Domino*, srl.

Arís eile, is dlúthchairde muid Máthair, Margot agus mé féin. Tá sé i bhfad níos deise mar sin, go cinnte. Aréir bhí mé féin agus Margot inár luí taobh le taobh ar an leaba. Bhí sé an-chraptha, ach sin an rud greannmhar faoi. D'iarr sí cead mo dhialann a léamh anois agus arís.

'Cuid di,' arsa mise, agus chuir mé tuairisc a cinnse. Thug sí cead dom í a léamh fosta.

Tarraingíodh an comhrá ar an todhchaí, agus d'fhiafraigh mé di cad é ba mhaith léi a dhéanamh nuair a thioctadh ann di. Ach ní déarfadh sí agus bhí sí measartha rúnda faoi. Thuigh mé go raibh sé bainteach leis an mhúineadh ar dhóigh éigin; ar ndóigh, níl mé iomlán cinnte de, ach tá mé ag déanamh gurb é a leithéid de rud é. Ní cóir dom bheith chomh fiosrach sin, dáiríre.

Ar maidin, luigh mé siar ar leaba Peter, i ndiaidh dom é a ruaigeadh uaithi ar dtús. Bhí sé ar buile, ach ba chuma liom. B'fhéidir go bhféachfadh sé chuige bheith beagáinín níos cairdiúla liom ó am go ham.

I ndiaidh gach ní, thug mé úll dó aréir. Chuir mé ceist ar Margot tráth ar shíl sí go raibh mé gránna. Dúirt sí go raibh mé maith go leor agus gur deas na súile a bhí agam. Beagáinín éideimhin, nach síleann tú?

Bhuel, go dtí an chéad uair eile!

Anne Frank

IS. Ar maidin ghlac muid uile seal ar na scálaí. Tá Margot anois 9 gloch 6 unsa, tá Máthair 9 gloch 10, tá Athair 11 chloch 1, tá Anne 6 chloch 12, tá Peter 10 gloch 8, tá Bean van Daan 8 gloch 5, tá an tUasal van Daan 11 chloch 11. Sa trí mhí ó tháinig mé anseo, chuir mé suas naoi bpunt déag. Cuid mhór, huh?

AN MHÁIRT, 20 DEIREADH FÓMHAIR 1942

A Kitty dhil,

Tá mo lámh ar crith go fóill, cé go ndeachaigh dhá uair an chloig thart ó fuair muid an scanradh. Ba chóir dom a mhíniú go bhfuil cúig mhúchtóir tine san fhoirgneamh. Rinne foireann na hoifige dearmad, go hamaideach, rabhadh a thabhairt dúinn go raibh an siúinéir, nó pé ainm a thugtar air, ag teacht a líonadh na múchtóirí. Dá dheasca sin, níor bhac muid le bheith ciúin go dtí gur chuala mé trup na casúireachta (trasna ón leabhragán). Rinne mé talamh slán de gurbh é an siúinéir é agus chuaigh mé chun Bep a bhí ag ithe a lóin, a chur ar a faichill, nach dtiocfadh léi dul síos staighre. D’fhan Athair agus mé féin ag an doras sa dóigh is go dtiocfadh linn fáil amach nuair a bhí an fear imithe. I ndiaidh dó bheith ag obair ar feadh beagnach cúig bhomaite dhéag, chuir sé a chasúr agus uirlisí eile ar ár leabhragán (nó sin a shíl muid!) agus chnag sé ar an doras. Tháinig dath an bháis orainn le heagla. Ar chuala sé rud éigin i ndiaidh gach ní agus an raibh sé ag iarraidh scrúdú a dhéanamh ar an leabhragán a raibh cuma rúnda air? Bhí an chosúlacht air go raibh, ó tharla gur choinnigh sé air á chnagadh, á tharraingt, á bhrú agus á sracadh.

Bhí an oiread sin eagla orm gur bheag nár thit mé i laige agus mé ag smaoineamh go raibh an fear seo a bhí ina strainséir go huile is go hiomlán ag dul a theacht ar ár gcró iontach folaigh. Go díreach nuair a shíl mé go raibh mé ar an leabhar ag an

fhiach dhubh, chuala muid an tUasal Kleiman ag rá, ‘Oscail suas, níl ann ach mise.’

D’oscail muid an doras láithreach. Cad é a tharla? Bhí an bacán a cheangail an leabhragán i bhfostú, agus sin an fáth nach raibh duine ar bith ábalta muid a chur ar ár bhfaichill faoin siúinéir. I ndiaidh don fhear imeacht, tháinig an tUasal Kleiman chun Bep a fháil, ach ní raibh sé ábalta an leabhragán a oscailt. Níl léamh, scríobh ná insint béil ar an suaimhneas intinne a tháinig orm. Istigh i m’intinn shamhlaigh mé gur choinnigh an fear a bhí ag iarraidh a bhealach a dhéanamh isteach inár nUrtheach Rúnda ag fás agus ag fás go dtí nach raibh sé ina fhathach amháin, ach ina Fhaisistí is cruálaí ar domhan chomh maith. Ar an dea-uair, bhí gach rud go breá sa deireadh, ar a laghad an iarraidh seo.

Bhí neart scléipe againn Dé Luain. Chaith Miep agus Jan an oíche linn. Chodail Margot agus mise i seomra Athar agus Mháthar an oíche sin sa dóigh is go dtiocfadh le muintir Gies ár leapacha a bheith acu. Bhí an biachlár déanta ina n-onóir, agus bhí an béile iontach blasta. Cuireadh isteach sa cheiliúradh ar feadh bomaite nuair a tharla gearrchiorcad i lampa Athar agus slogadh isteach sa dorchadas muid. Cad é a dhéanfaimid? Bhí aidhníní againn, ach bhí an bosca aidhníní ar chúl an tí stórais dhorcha, rud a rinne an obair seo an-mhíthaitneamhach san oíche. I gcónaí, thug na fir faoi, agus i gceann deich mbomaite bhí muid ábalta na coinnle a chur ar shiúl.

Bhí mé i mo shuí go luath ar maidin. Bhí Jan gléasta cheana féin. Ó tharla go raibh air imeacht ar leath i ndiaidh a hocht, bhí sé thuas staighre ag ithe bricfeasta ar a hocht. Bhí Miep gnóthach ag cur éadaí uirthi féin, agus bhí sí ina veist nuair a tháinig mé isteach. Caitheann sí an cineál céanna fo-éadaí agus a chaithim nuair a bhíonn sí ag rothaíocht. Chuir Margot agus mé féin ár gcuid éadaí orainn go gasta chomh maith agus bhí muid thuas staighre níos luaithe ná mar is gnách. I ndiaidh bricfeasta dheas, chuaigh Miep síos staighre, Bhí sé

ag doirteadh anuas taobh amuigh agus bhí áthas uirthi nárbh éigean di dul ar obair ar a rothar. Chóirigh Daidí agus mé féin na leapacha, agus ina dhiaidh sin, d'fhoghlaim mé cúigi bhriathar neamhrialta. Iontach díograiseach, nach síleann tú?

Bhí Margot agus Peter ag léamh inár seomra, agus Mouschi a cheann curtha ina chamas in aice le Margot ar an dibheán. I ndiaidh mo bhriathra neamhrialta Fraincise, chuaigh mé ina gcuideachta agus léigh mé *Beyond Sing the Woods*. Is leabhar galánta é, ach an-aisteach. Tá mé beagnach réidh leis.

An tseachtain seo chugainn, is é seal Miep é le fanacht thar oíche.

Do chara dílis, Anne

DÉARDAOIN, 29 DEIREADH FÓMHAIR 1942

A Kitty dhil,

Tá mé iontach buartha. Tá Athair tinn. Tá sé clúdaithe le spotaí agus tá teocht ard air. Tá an chuma air go bhfuil an bhruitíneach air. Samhlaigh sin, ní thig linn fiú fios a chur ar an dochtúir. Tá Máthair ag tabhairt air bheith ag cur allais agus dóchas uirthi go dtiocfaidh an fiabhras amach san allas.

Ar maidin d'inis Miep dúinn go raibh an troscán tugtha ar shiúl ó árasán mhuintir van Daan ar Zuider-Amstellaan. Níor inis muid do Bhean van D. go fóill. Tá sí chomh '*nervenmässig*'* sin le déanaí, agus níl fonn orainn éisteacht lena héagaoin nó lena cneadach faoina soithí galánta poircealláin nó faoi na cathaoireacha ab éigean di fágáil ina diaidh. B'éigean dúinn an chuid is mó dár rudaí deasa a fhágáil inár ndiaidh fosta. Cad is fiú bheith ag éagaoin faoi anois?

Tá Athair ag iarraidh orm tosú a léamh leabhar le Hebbel agus le scríbhneoirí Gearmánacha cáiliúla eile. Tig liom an Ghearmáinis a léamh go measartha maith faoi seo, ach ab é

*Neirbhíseach.

go mbím ag monabhar na bhfocal in ionad iad a léamh go ciúin dom féin. Ach imeoidh sé sin. Thug Athair na drámaí de chuid Goethe agus Schiller anuas ón leabhragán agus tá rún aige bheith ag léamh dom gach tráthnóna. Thosaigh muid le *Don Carlos*. Agus í spreagtha ag dea-shampla Athar, bhrúigh Máthair a leabhar urnaithe isteach i mo lámh. Léigh mé roinnt paidreacha sa Ghearmáinis, go díreach le bheith múinte. Tá fuaim ghalánta orthu go cinnte, ach is beag a chiallaíonn siad dom. Cad chuige a bhfuil sí ag tabhairt orm bheith diaganta agus cráifeach?

Amarách táimid ag dul a lasadh an tsoirn den chéad uair. Níor scuab muid an simléar leis na cianta, mar sin de is cinnte go líonfar an seomra le toit. Bímis dóchasach go bhfadófaí é.

Do chara dílis Anne

AN LUAN, 2 SAMHAIN 1942

D’fhan Bep linn oíche Aoine. Bhí sé sultmhar, ach níor chodail sí chomh maith sin de bhrí gur ól sí fíon. Don chuid eile de, níl mórán le rá agam. Bhí tinneas cinn millteanach orm inné agus thug mé an leaba orm féin go luath. Tá Margot ina crá croí arís.

Ar maidin thosaigh mé a shórtáil comhad cártaí cláraithe ón oifig, de bhrí gur thit sé agus go raibh gach rud measctha suas. Níorbh fhada go raibh mé ag dul as mo chrann cumhachta. D’iarr mé ar Margot agus ar Peter cuidiú liom, ach bhí siad rófhalsa, mar sin de chuir mé ar shiúl é. Níl mé amaideach go leor an t-iomlán dearg a dhéanamh liom féin!

Anne Frank

IS. Rinne mé dearmad an nuacht thábhachtach a lua go mb’fhéidir go dtiocfadh m’fhuil mhíosta roimh i bhfad. Aithním an méid sin de bhrí go gcoinním ag teacht ar smearadh a bhfuil dath cineál bán air i m’fho-éadaí, agus

thuar Máthair go dtosódh sí roimh i bhfad. Is fada liom a teacht. Is tábhachtach an t-imeacht é. Is mór an trua nach dtig liom tuáillí sláintíochta a úsáid. Ach ní thig iad a fháil níos mó, agus ní thig ach le mná a raibh leanbh acu úsáid a bhaint as stoipéid Mháthar.

RÁITEAS LE ANNE AR 22 EANÁIR 1944

Ní bheinn ábalta an cineál sin ruda a scríobh níos mó.

Anois agus mé ag athléamb mo dhialainne i diaidh bliain go leith, cuireann mo shoineantacht leanbaí iontas orm. I ndoimhneacht mo chroí tá a fhios agam nach dtiocfadh liom bheith chomh soineanta sin arís, dá mhéad a ba mhaith liom é. Tig liom na bathruithe taghdanna a thuiscint agus na ráitis faoi Margot, Máthair agus Athair a rá is de gur inné féin a scríobh mé iad, ach ní thig liom mé féin a shamhailt ag scríobh chomh hoscailte sin faoi chúrsaí eile. Bíonn náire an domhain orm nuair a léim na leathanaigh ag plé le hábhair a bhfuil cuimhní níos fearr agam orthu ná mar a bhí siad i ndáiríre. Tá mo chur síos chomh fíneálta sin. Ach is leor sin faoi.

Ní thuigim an cumha i ndiaidh an bhaile a bhí orm agus an tnúthán le Moortje. Tá mé ag tnúth leis an t-am ar fad agus mé anseo i m'fho-chomhfhiosach agus in amanna i mo chomhfhiosach ar son muiníne, grá agus ceana fisiciúla. Is féidir go n-athraíonn an tnúthán ina ghéire, ach bíonn sé i gcónaí ann.

DÉARDAOIN, 5 SAMHAIN 1942

A Kitty dhil,

D'éirigh leis na Briotanaigh roinnt buanna a fháil san Afraic agus níor gabhadh Stalingrad fós, mar sin de tá na fir sásta agus bhí caife againn ar maidin. Don chuid eile de, níl rud ar bith speisialta le rá.

Tá mé ag léamh cuid mhór an tseachtain seo agus ag déanamh beagán oibre. Sin an dóigh ar chóir dó bheith. Is é sin bóthar an ratha gan amhras.

Tá mé féin agus Máthair ag réiteach níos fearr le chéile le déanaí, ach nílimid cóngarach *in am ar bith*. Níl Athair ró-oscailte faoina chuid mothúchán, ach is é an muirín céanna i gcónaí é. Las muid an sorn tá roinnt laethanta ó shin agus tá an seomra ar fad líonta le toit go fóill. Is fearr liom téamh lárnach, agus is dócha nach mé an t-aon duine amháin. Is crá croí í Margot (níl dóigh ar bith eile ann le cur síos a dhéanamh uirthi) ina hábhar crá, maidin, nóin agus oíche.

Anne Frank

AN LUAN, 9 SAMHAIN 1942

A Kitty dhil,

Bhí breithlá Peter ann inné, a shéú ceann déag. Bhí mé thuas staighre ar a hocht, agus d'amharc Peter agus mé féin ar a chuid bronntanas. Fuair sé cluiche Monopoly, rásúr agus lasóir toitíní. Ní hé go mbíonn sé ag caitheamh an oiread sin, ní chaitheann ar chor ar bith; is é rud go bhfuil cuma cheiliúil air.

Tháinig an t-iontas is mó ón Uasal van Daan, a chuir in iúl ar a haon gur tháinig na Sasanaigh i dtír i dTúinis, san Algiers, in Casablanca agus in Oran. 'Is é seo tús an deiridh,' a dúirt gach duine. Ach caithfidh sé gur chuala Churchill, Príomhaire na Breataine, an rud céanna á aithris i Sasana, agus arsa sé, 'Ní hé seo an deireadh, Ní hé fiú tús an deiridh é. Is féidir gurb é deireadh an tús é.' An bhfeiceann tú an difear? Tá ábhar síorbhuíochais ann, áfach. Níor thit Stalingrad, an chathair Rúiseach, atá faoi léigear le trí mhí anuas isteach i lámha na nGearmánach go fóill.

I bhfíorspiorad an Urthí, ba chóir dom labhairt leat faoi bhia. (Ba chóir dom a mhíniú gur craosairí amach is amach iad ar an urlár uachtarach.)

Seachadann báicéir deas, cara leis an Uasal Kleiman, arán go laethúil. Ar ndóigh, níl an oiread céanna againn agus a bhí againn sa bhaile, ach is leor é. Ceannaímid leabhair chiondálacha fosta ar an mhargadh dhubh. Coinníonn an praghas ag dul in airde; tá sé ardaithe cheana féin ó 27 go 33 guldán. Agus níl ann sin ach leathanaigh páipéar priontáilte!

Chun foinse cothabhála a sholáthar dúinn féin, a mhairfidh, ar bharr na gcéadta canna bia atá againn ar stóras anseo, cheannaigh muid trí chead punt pónairí. Ní hé amháin dúinne, ach d'fhoireann na hoifige fosta. Chroch muid na málaí pónairí ar chrúcaí sa halla, go díreach taobh istigh dár nUrtheach rúnda, ach scoilt roinnt de na huamanna faoin mheáchan. Mar sin de shocraigh muid ar iad a bhogadh chuig an áiléar, agus is ar Peter a fágadh freagracht an iompair throim. D'éirigh leis cúig de na sé mhála a thabhairt suas staighre slán agus bhí sé gnóthach leis an cheann deireanach nuair a briseadh an mála agus chuaigh tuile, nó ba chóir a rá, stoirm clocha sneachta pónairí donna ag eitilt fríd an aer agus anuas an staighre. Bhí beagnach caoga punt pónairí sa mhála sin, rinne sé torman a d'éireodh na mairbh. Thíos staighre bhí siad cinnte de go raibh an teach ag titim anuas orthu. Rinneadh stangaire de Peter, ach ansin, bhí sé sna trithí gáire nuair a chonaic sé mé i mo sheasamh ag bun an staighre, mar a bheadh oileán ann san fharraige dhonn, agus tonnaí pónairí ag lapadaíl ag mo rúitíní. Thosaigh muid á bpiocadh suas ar an toirt, ach tá pónairí beag agus sleamhain agus roll siad isteach i ngach coirnéal agus poll dá bhféadfá smaoineamh air. Anois, gach uair dá dtéimid suas staighre, cromaimid anuas go dtig linn na pónairí a chuardach ionas go dtig linn dornán a bhronnadh ar Bhean van Daan.

Is beag nach ndearna mé dearmad a rá go bhfuil biseach ar Athair.

Do chara dílis, Anne

IS. Tá sé go díreach i ndiaidh bheith fógraithe ar an raidió gur thit cathair na hAlgéire. Tá Morocco, Casablanca agus Oran i lámha na mBriotanach le roinnt laethanta. Táimid ag fanacht le Túinis.

AN MHÁIRT, 10 SAMHAIN 1942

A Kitty dhil,

Scéal iontach! Shíl muid i gcónaí go raibh go leor fairsinge agus bia faoi choinne duine éigin eile, ach bhí eagla orainn ualach oibre níos mó a chur ar an Uasal Kruger agus ar an Uasal Kleiman. Ach ó tharlaíonn go bhfuil tuairiscí na rudaí uafásacha atá á ndéanamh ar na Giúdaigh ag dul in olcas lá i ndiaidh lae, shocraigh Athair an bheirt fhear uasal seo a bhraitheadh faoin scéal, agus shíl siad gur plean iontach a bhí ann. ‘Tá sé chomh contúirteach céanna is cuma cé acu atá seachtar nó ochtar ann,’ a bhí ceart mar a dúirt siad é. A luaithe a socraíodh air sin, shuigh muid síos go ndeachaigh muid fríd an liosta daoine a raibh aithne againn orthu inár n-intinn, agus muid ag iarraidh teacht aníos le duine éigin a mheascfadh go maith lenár mórtheaghlach. Ní raibh sé seo deacair. I ndiaidh d’Athair diúltú d’ainmneacha na ngaolta uile de chuid mhuintir van Daan, roghnaigh muid fiaclóir darb ainm Albert Dussel. Cónaíonn sé le bean aoibhinn Chríostaí atá giota maith níos óige ná é. Is dócha nach bhfuil siad pósta, ach níl baint ar bith aige sin leis an scéal. Tá an clú amuigh air go bhfuil sé ciúin séimh, agus bhí an chuma air, ón smearaithne atá againn air, go raibh sé deas. Tá aithne ag Miep air fosta, mar sin de beidh sí in ann na socrúithe cearta uile a dhéanamh. Má thagann sé, beidh ar an Uasal Dussel codladh sa seomra agam in áit Margot, a mbeidh uirthi fáil ar aghaidh le leaba

fhillte. * Iarrfaimid air rud éigin a thabhairt leis a dtig linn na cuasa ballaí a líonadh leis.

Do chara dílis, Anne

DÉARDAOIN, 12 SAMHAIN 1942

A Kitty dhil,

Tháinig Miep le hinsint dúinn go ndeachaigh sí chun an tUasal Dussel a fheiceáil. Chuir sé ceist uirthi a luaithe a chuaigh sí isteach sa seomra an raibh cró folaigh ar eolas aici agus bhí áthas an domhain air nuair a dúirt Miep go raibh áit éigin ar intinn aici. Chuir sí leis gurbh fhearr dó dul i bhfolach a luaithe ab fhéidir, ar an Satharn, de rogha ar lá ar bith eile, ach shíl sé nach raibh aon chraiceann air sin, ó tharla go raibh sé ag iarraidh a chuid taifead a thabhairt suas chun dáta, a chuntais a shocrú agus freastal ar chúpla othar. D’inis Miep an teachtaireacht dúinn ar maidin. Níor shíl muid gur mhaith an rud é fanacht an oiread sin. Bíonn míniúcháin de dhíth ar na hullmhúcháin seo uile do dhaoine éagsúla a shílimid gur chóir dúinn a fhágáil dall ar ár gcinneadh. Chuaigh Miep a fhiafraí nach dtiocfadh leis an Uasal Dussel teacht ar an Satharn faoi dheireadh, ach dúirt sé nach dtiocfadh, agus anois tá sé ag brath teacht Dé Luain.

Sílim gur aisteach an rud é nach dtapaíonn sé an deis lenár gcinneadh, má thógann siad ar an tsráid é ní bheidh sé ina chuidiú ag a thaifid nó ag a othair, cén fáth an mhoill mar sin? Má chuireann tú ceist orm, is amaideach an mhaise d’Athair é a ionramháil.

Seachas sin, níl aon scéal agam.

Do chara dílis, Anne

*I ndiaidh do Dussel teacht, chodail Margot i seomra leapa a tuismitheoirí.

A Kitty dhil,

Tháinig an tUasal Dussel. Chuaigh gach rud go réidh. D'inis Miep dó bheith ag áit áirithe os comhair oifig an phoist ar 11.00r.n., mar a mbuailfeadh fear leis, agus bhí sé ag an ionad coinne ag an am cheart. Chuaigh an tUasal Kleiman a fhad leis, d'fhógair dó nach raibh an fear a raibh sé ag dúil bualadh leis ábalta teacht agus d'iarr air bualadh isteach san oifig chun Miep a fheiceáil. Chuaigh an tUasal Kleiman ar an tram ar ais chuig an oifig agus an tUasal Dussel á leanúint de shiúl na gcos.

Bhí sé fiche i ndiaidh a haon déag nuair a bhuaíl an tUasal Dussel cnaigín ar dhoras na hoifige. D'iarr Miep air a chóta a bhaint de, sa dóigh nach bhféadfaí an réalta bhuí a fheiceáil, agus thug chuig an oifig phríobháideach é, mar ar choinnigh an tUasal Kleiman gnóthach é go dtí gur imigh an banghlantóir. Ar scáth go raibh an oifig de dhíobháil do rud éigin eile, thug Miep an tUasal Dussel suas staighre, d'oscail an leabhragán agus chuaigh isteach, bhí an tUasal Dussel ag amharc air seo agus alltacht air.

Idir an dá linn, bhí an seachtar againn inár suí thart ar an tábla dinnéir agus muid ag fanacht leis an duine breise is déanaí isteach inár dteaghlach le caife agus coinneac. Thug Miep isteach i seomra teaghlaigh na Frank ar dtús é. D'aithin sé ár dtoscán láithreach, ach ní raibh barúil aige go raibh muid thuas staighre, go díreach os a chionn. Thit an drioll ar an dreall aige nuair a d'inis Miep dó agus is beag nár thit sé i bhfanntais. Buíochas do Dhia nár choinnigh sí ar bís é níos faide, ach thug suas an staighre é. Shuigh an tUasal Dussel siar i gcathaoir, é ag stánadh orainn gan focal as agus iontas an domhain air, a rá is de gur shíl sé go dtiocfadh leis an fhírinne a léamh ar ár n-aghaidh. Ansin labhair sé go stadach, '*Aber... ach níl sibh sa Bheilg? An t-oifigeach, an carr, ní raibh siad le teacht? Ní raibh ag éirí leis an éalú?*'

Mhínigh muid deireadh dó, an dóigh ar chuir muid ráfla an oifigigh agus an chairr thart an oifig d'aon ghnó chun cor a chur ar na Gearmánaigh agus ar dhuine ar bith eile a thiocthadh ár lorg. D'fhan an tUasal Dussel ina thost agus ní thiocthadh leis a dhath ar bith eile a dhéanamh seachas bheith ag amharc thart agus alltacht air ar an Urtheach fhíorphraiticiúil ghalánta. Bhí lón againn uile i gcuideachta a chéile. Ansin lig sé néal gairid, bhí sé linn don tae, agus chuir sé ar shiúl an bagáiste beag a bhí Miep ábalta a thabhairt léi roimh ré agus mhothaigh sé i bhfad níos mó ar a shuaimhneas. Go háirithe nuair a thug muid na rialacha agus treoracha an Urthí Rúnda seo a leanas dó (léiriú de chuid mhuintir van Daan):

RÉAMHEOLAIRE AGUS TREOIR
DON URTHEACH RÚNDA

Áis ar leith faoi choinne Lóistín Shealadaigh do
Na Giúdaigh agus do Dhaoine Díshealbhaithé Eile.

Oscailte an bhliain ar fad: Lonnaithe i gceantar ciúin galánta, agus coillte thart air i gcroílár Amstardam. Gan lóistín príobháideach sna cóngair. Tig dul chuige ar thram 13 nó 17 agus sa charr agus ar rothar fosta. Dóibh siúd a bhfuil a leithéid de mhodh taistil coiscthe orthu ag na hÚdaráis Ghearmánacha, tig teacht a fhad leis de shiúl na gcós fosta. Tá seomraí agus árasáin a bhfuil troscán iontu agus gan troscán iontu ar fáil an t-am ar fad, le béilí nó gan bhéilí.

Praghas: Saor in aisce.

Aiste bia: beagmhéathras.

Uisce reatha sa seomra folctha amháin (buartha, ach níl folcadán ann) agus ar bhallaí éagsúla laistigh agus lasmuigh. Soirn sheascair faoi choinne teasa.

Nearf fairsinge stórála d'éagsúlacht ábhar. Dhá thaisceadán mhóra, nua-aimseartha.

Raidió príobháideach a bhfuil líne dhíreach aige go Londain, go Nua Eabhrac, go Tel Aviv agus neart stáisiún eile. Ar fáil do na háitritheoirí uile i ndiaidh a 6.00i.n. Gan bheith ábalta bheith ag éisteacht le craolacháin choiscthe, ach go bhfuil eisceachtaí áirithe ann, m.sh. ní thig na stáisiúin Ghearmánacha a úsáid ach amháin faoi choinne ceoil chlasaicigh. Tá sé coiscthe go huile is go hiomlán bheith ag éisteacht le ráitis Ghearmánacha nuachta (is cuma cá has a ggraoltar iad) agus iad a chur ar aghaidh chuig daoine eile.

Uaireanta sosa: Óna 10.00 i.n. go dtí 7.30 r.n.; 10.15 r.n. Dé Luain. Mar gheall ar na coinníollacha, caithfidh na háitritheoirí uaireanta sosa a ghlacadh i rith an lae nuair a ordaíonn an bhainisteoireacht dóibh é a dhéanamh. Chun sábháilteacht gach uile duine a chinntiú, caithfidh na huaireanta sosa a chomhlíonadh!!!

Caitheamh aimsire: Níl ceann ar bith acu ceadaithe taobh amuigh den teach go bhfógrófar a mhalairt.

Úsáid teanga: Is gá labhairt go séimh an t-am ar fad. Níltear ábalta ach teanga daoine sibhialta a labhairt, mar sin de, Gearmáinis ar bith.

Léitheoireacht agus ag déanamh só: Níl cead leabhair Ghearmáinise a léamh, seachas na clasaicigh agus saothair acadúla. Tá leabhair eile rognach.

Callaistéinic: Go laethúil.

Ceol: Go séimh amháin, agus i ndiaidh a 6.00 in.

Scannáin: Réamhshocruithe de dhíth.

Ceachtanna: Cúrsa poist go seachtainiúil sa luathscríbhinn. Tá cúrsaí i mBéarla, sa Fhraincis, sa mhata agus sa stair á dtairiscint uair ar bith de ló is d'óiche. Íocaíocht i bhfoirm teagaisc, m.sh. An Ollainnis.

Rannóg ar leith do chúram peataí tí (ach amháin mionainmhithe, a bhfuil ceadúnas speisialta de dhíth).

Uaireanta bia:

Bricfeasta: Ar a 9.00 r.n. go laethúil ach amháin ar laethanta saoire poiblí agus Dé Domhnaigh; i dtrátha 11.30 r.n. Dé Domhnaigh agus ar laethanta saoire poiblí.

Lón: Béile éadrom. Ó 1.15 i.n. go 1.45 i.n.

Dinnéar: B'fhéidir go mbeadh béile te ann nó b'fhéidir nach mbeadh. Braitheann am bia ar chraolacháin nuachta.

Dualgais maidir le Soláthar Cór: Caithfidh áitritheoirí bheith sásta cuidiú le hobair oifige i rith an ama.

Folcadáin: Tá an folcadán stáin ar fáil do na háitritheoirí uile i ndiaidh a 9.00 r.n. Dé Domhnaigh. Tig le háitritheoirí iad féin a ní sa seomra folctha thíos staighre, sa chistin, san oifig phríobháideach nó san oifig tosaigh, mar is toil leo féin é.

Alcól: Mar ábhar íocshláinteach amháin.

An Deireadh.

Do chara dílis, Anne

AN DÉARDAOIN, 19 SAMHAIN 1942

A Kitty dhil,

Go díreach mar a shíl muid, is fear deas é an tUasal Dussel. Ar ndóigh ba chuma leis go raibh sé ag roinnt seomra liom; déanta na fírinne, ní déarfainn go díreach go bhfuil lúcháir orm go bhfuil stráinséir ag baint úsáide as mo chuid rudaí féin, ach caithfidh tú íobairtí a dhéanamh ar son cúis mhaith, agus tá áthas orm go dtig liom an ceann beag seo a dhéanamh. 'Má thig linn fiú cara amháin dár gcuid cairde a thabhairt slán as, is cuma faoin chuid eile,' arsa Athair, agus tá an ceart ar fad aige.

An chéad lá a bhí an tUasal Dussel anseo, chuir sé gach cineál ceiste orm – cuir i gcás, an t-am a dtagann an banghlantóir chun na hoifige, an dóigh a bhfuil sé socraithe againn an seomra folctha a úsáid agus an uair a bhíonn cead againn dul chuig an leithreas. B'fhéidir go ndéanfá gáire, ach

níl na rudaí seo chomh furasta sin i gcró folaigh. I rith an lae ní thig linn torann ar bith a dhéanamh ar eagla go gcluinfí thíos staighre é, agus nuair a bhíonn duine éigin eile ann, dála an bhanghlantóra, caithfidh bheith níos faichillí arís. Mhínigh mé é seo uile go foighneach don Uasal Dussel, ach bhí iontas orm a mhoille a bhí sé a thuigbheáil. Cuireann sé ceist ort faoi dhó agus fós féin níl sé ábalta cuimhneamh ar an méid a d'inis tú dó.

B'fhéidir go bhfuil sé trína chéile maidir leis an athrú tobann agus go gcuirfeadh sé thairis é. Seachas sin, tá gach rud go breá. D'inis an tUasal Dussel cuid mhór dúinn faoin saol lasmuigh a chaill muid le tamall fada. Bhí scéal brónach aige. Tugadh an iliomad cairde agus daoine a raibh aithne againn orthu ar shiúl agus iad fágtha i muinín na cinniúna uafásaí. Oíche i ndiaidh oíche, tugann feithiclí liatha agus glasa cuairt thart na sráideanna. Buaileann siad cnag ar gach aon doras, ag fiafraí an gcónaíonn Giúdach ar bith ansin. Má chónaíonn, tugtar an teaghlach ar fad ar shiúl láithreach. Mura gcónaíonn, téann siad ar aghaidh chuig an chéad teach eile. Tá sé dodhéanta éalú óna gcrúba ach ab é go dtéann tú i bhfolach. Is minic a théann siad thart agus liostaí acu, ag bualadh cnag ar na doirse amháin a bhfuil eolas acu lasta mór earraí luachmhara a bheith taobh thiar de. Is minic a thairgeann siad fordheontas, an oiread sin an cloigeann. Tá sé mar a bheadh seilgí na sclábhaithe ann fadó. Níl mé ag iarraidh beag a dhéanamh de, tá sé róthragóideach dó sin. Tráthnóna nuair a bhíonn sé dorcha, is minic a fheicim línte de dhaoine maithe neamhchiontacha, a bhfuil páistí ag caoineadh ina gcuideachta acu, ag siúl ar aghaidh agus ar aghaidh, á n-ordú ag dornán fear a scranaíonn agus a bhuaileann iad go dtí gur beag nach dtiteann siad. Ní théann aon duine saor uaidh. Greadtar na daoine tinne, na seandaoine, páistí, leanaí agus mná ag dúil le duine clainne ar shiúl chun a mbáis.

Tá an oiread sin áidh ag rith linn istigh anseo, ar shiúl ón chlampar. Ní bheadh orainn lá airde a thabhairt ar an fhulaingt seo uile ach ab é go bhfuil an oiread sin inní orainn faoi na daoine a bhfuilimid ceanúil orthu, nach dtig linn cuidiú leo níos mó. Mothaím go holc ag dul a lú i leaba the agus mo chairde amuigh ansin áit éigin ag titim go talamh agus iad spíonta nó á mbrú go talamh. Tagann eagla orm féin nuair a smaoiním ar dhlúthchairde atá faoi bhois an chait ag na harrachtaigh is cruálaí a chuir cos ar domhan.

Agus sin uile de bhrí gur Giúdaigh iad.

Do chara dílis, Anne

AN AOINE, 20 SAMHAIN 1942

A Kitty dhil,

Níl a fhios againn cén dóigh ar chóir dúinn ligint do rudaí dul i bhfeidhm orainn. Go dtí seo, is beag scéal faoi na Giúdaigh a tháinig a fhad linn anseo, agus shíl muid gurbh fhearr dúinn fanacht chomh gealgháireach agus ab fhéidir. Deireadh Miep anois agus arís an rud a tharla do chara léi, agus thosaíodh Máthair agus Bean van Daan a chaoineadh, mar sin de shíl sí gurbh fhearr di gan rud ar bith eile a rá. Ach lean muid orainn ag cur na mílte ceist ar an Uasal Dussel, agus bhí na scéalta a d'inis sé dúinn chomh scanrúil agus chomh huafásach sin nach dtiocfadh linn iad a chur amach as ár gceann. An uair amháin a bhíonn deis againn an nuacht a ligint isteach, is dócha go rachaimid ar ais ag spochadh as a chéile agus ag insint scéalta greannmhara. Ní rachaidh sé chun sochair dúinne nó do na daoine lasmuigh má leanaimid orainn chomh gruama agus atáimid. Agus cad is fiú Urtheach Brónach a dhéanamh den Urtheach Rúnda?

Is cuma cad é atá idir lámha agam, ní thig liom gan bheith ag smaoineamh orthu siúd atá imithe. Tagaim orm féin ag gáire agus cuimhním gur uafásach an rud é bheith chomh

gealgháireach sin. Ach an bhfuil mé in ainm is a bheith ag caitheamh an lá ar fad ag caoineadh? Níl, ní thig liom é sin a dhéanamh. Imeoidh an ghruaim seo.

Chomh maith leis an anró seo tá ceann eile ann, ach é ar dhóigh níos pearsanta, agus ní aon ní é i gcomparáid leis an fhulaingt ar labhair mé uirthi ansin. Ar aon nós, ní thig gan insint duit gur thosaigh mé a mhothú tréigthe le déanaí. Tá folús romhór thart timpeall orm. Níor ghnách liom mórán airde a thabhairt air roimhe, ó tharla go raibh m'intinn líonta le mo chairde agus le ham maith a bheith agam. Anois, smaoiním ar rudaí neamháthasacha nó orm féin. Ghlac sé tamall, ach tuigim faoi dheireadh nach dtig le hAthair, dá chineálta atá sé, áit an tsaoil a bhí agam roimhe a líonadh. Nuair a thagann sé chuig mo chuid mothúchán, ní raibh Máthair nó Margot sa chuntas le fada.

Ach cad chuige a gcuirim isteach orm féin leis an amaidí seo? Tá mé iontach díomuíoch, a Kitty. Tá a fhios agam é, ach nuair a thugtar leadhbairt teanga dom arís agus arís eile agus nuair a chaithfidh mé bheith ag smaoineamh ar na buarthaí eile uile atá orm fosta, tosaíonn mo cheann a dhul thart!

Do chara dhil, Anne.

AN SATHARN, 20 SAMHAIN 1942

A Kitty dhil,

Bhain muid úsáid as barraíocht aibhléise agus chuaigh muid thar an chiondáil a bhí againn: Is é an toradh atá air: barraíocht eacnamaíochta agus an chosúlacht air go ngearrfar an aibhléis. Gan solas go ceann coicíse, is smaoineamh taitneamhach é sin, nach ea? Ach cé aige a bhfuil an t-eolas, b'fhéidir nach mbeadh sé chomh fada sin! Tá sé ródhorcha bheith ag léamh i ndiaidh a ceathair nó leath i ndiaidh a ceathair, mar sin de bímid ag meilt ama le gach cineál imeachtaí seafóideacha: ag insint tomhas, ag déanamh callaistéinice sa dorchadas, ag labhairt Béarla nó

Fraincise, ag déanamh léirmheasanna ar leabhair – i ndiaidh tamaill éiríonn gach rud leadránach. Tháinig mé ar chaitheamh aimsire nua inné: ag baint úsáide as péire maith déshúileach chun amharc isteach i seomraí geala na gcomharsan. I rith an lae, ní thig na cuirtíní againn a oscailt, chan fiú orlach amháin, ach ní dochar ar bith é nuair a bhíonn sé dorcha.

Thit sé amach go bhfuil an tUasal Dussel, an fear a ndeirtear faoi go réitíonn sé go maith le páistí agus go bhfuil cion mór aige orthu, ina smachtaí seanaimseartha a thugann seanmóirí fada dofhulaingthe ar mhúineadh. Ó tharlaíonn go bhfuil sé de phleisiúr suntasach agam (!) mo sheomra atá i bhfad róchúnga roinnt lena Shoilse, agus ó tharlaíonn go gcreidtear gur mise an duine is measa ó thaobh iompair de i measc an triúr ógánach, glacann sé a bhfuil ionam an chluas bhodhar a thabhairt don seanléasadh teanga agus do na rabhaidh chéanna a chaitear i mo threo go rialta a sheachaint. Ní bheadh sé chomh hólca céanna mura mbeadh an tUasal Dussel ina scéalaí mór agus mura thogh sé Máthair chun glacadh lena thuairiscí.

Dá mba rud é gurbh é an tUasal Dussel amháin a thug léasadh teanga dom, ach tugann Máthair léacht dom arís agus arís eile, an iarraidh seo ag caitheamh an leabhair iomláin chugam. Agus má bhíonn an t-ádh ag rith liom, iarrann Bean van D. orm cuntas a thabhairt di cúig bhomaite níos moille, agus í ag léamh an liodáin dom fosta!

Le fírinne, níl sé furasta bheith i lár an aonaigh agus an teaghlaigh a aimsíonn locht ort i gcónaí ag caint ort go drochmheasúil.

San oíche, agus mé ag déanamh mo mhachnaimh ar an iliomad peacaí agus ar na heaspaí áibhéileacha, bíim chomh trína chéile sin ar an méid rudaí a gcaithfidh mé mo mhachnamh a dhéanamh orthu go mbím ag gáire nó ag caoineadh, ag brath ar an spíonn atá orm. Ansin titeann mo néal orm agus bíonn mothú aisteach orm go bhfuil mé ag iarraidh bheith difriúil ón duine atá ionam nó ag iarraidh bheith difriúil ón duine ba

mhaith liom bheith ionam, nó b'fhéidir mé féin a iompar ar shlí eile amach ón dóigh ar mhaith liom é.

Ó a Dhia, anois tá mé do do chur trína chéile fosta. Maith dom, ach ní maith liom líne a chur fríd rudaí, agus in aimsir seo na heaspa, tá crosadh iomlán ar pháipéar a chaitheamh uait. Mar sin de ní thig liom ach comhairle a chur ort gan an teachtaireacht thuas a athléamh agus gan iarracht ar bith a dhéanamh í a oibriú amach, de bhrí nach n-aimseoidh tú do bhealach amach choíche arís!

Do chara dhil, Anne

AN LUAN, 7 NOLLAIG 1942

A Kitty dhil,

Is beag nár thit Lá Hanukkah agus Lá Fhéile Nioclás ar an lá céanna i mbliana; ní raibh ach lá amháin eatarthu. Níor chuir muid mórán stró orainn féin le Hanukkah, ní raibh ann ach gur mhalartaigh muid roinnt bronntanas beag agus gur lasadh coinnle. Ó tharlaíonn go bhfuil easpa coinnle ann, níor las muid iad ach ar feadh deich mbomaite, ach a fhad is a deirimid an t-amhrán, is cuma faoi sin. Rinne an tUasal van Daan meanóra as adhmaid, mar sin de féachadh ina dhiaidh sin fosta.

Bhí níos mó spraoi ar Lá Fhéile Nioclás a bhí ann ar an Satharn. I rith an dinnéir bhí Bep agus Miep chomh gnóthach sin ag cogarnaíl le chéile gur músclaíodh ár bhfiosracht agus go raibh amhras orainn go raibh rud éigin ar bun acu. Cinnte le Dia, ar a hocht a chlog bhailigh muid le chéile go ndeachaigh muid síos staighre tríd an phasáiste sa dubh dorchadas (chuir sé creachta fuara orm, agus ba mhian liom go raibh mé slán sábháilte thuas staighre arís!) sa chailleach. Thiocfadh linn na soilse a lasadh ó tharlaíonn nach bhfuil fuinneog ar bith sa seomra seo. Nuair a rinneadh é sin, d'oscail Athair an cófra mór.

‘Ó, nach iontach an rud é!’ arsa muid uile os ard.

Bhí ciseán mór sa choirnéal agus é maisithe le páipéar ildathach agus aghaidh mhaide Peter Dhuibh.

Thug muid an ciseán suas staighre linn go gasta. Bhí bronntanas beag taobh istigh de do gach duine, agus véarsa fóirsteanach san áireamh. Ó tharlaíonn go bhfuil tú eolach ar na cineálacha dánta a scríobhann daoine chuig a chéile Lá Fhéile Nioclás, ní bhreacfaidh mé iad síos duit.

Fuair mise bábóg, fuair Athair leabharthacaí, agus araile. Bhuel, cibé ar bith, smaoineamh deas a bhí ann agus ó tharlaíonn nár cheiliúir muid Lá Fhéile Nioclás riamh roimhe, am maith a bhí ann an deis a thapú.

Do chara dílis, Anne

IS. Bhí bronntanais againn fosta do gach duine thíos staighre, cúpla rud a bhí fágtha againn ón seansaol breá; ar a bharr sin, bíonn Miep agus Bep i gcónaí buíoch airgead a fháil.

Inniu chuala muid go ndearna an tUasal Voskuijl, cé eile a bheadh ann, luaitheadán an Uasail van Daan, fráma pictiúir an Uasail Dussel agus leabharthacaí Athar. Ní thuigim dubh, bán ná riabhach an dóigh a dtig le duine bheith chomh cliste sin lena lámha!

AN DÉARDAOIN, 10 NOLLAIG 1942

A Kitty dhil,

Ba ghnách leis an Uasal van Daan bheith sa ghnó feola, ispíní agus spíosraí. Fostaíodh é mar gheall ar an eolas atá aige ar spíosraí, ach ina ainneoin sin, is é an ola ar an chroí againn é a bhuanna mar gheall ar na hispíní atá chomh sásta sin anois.

D’ordaigh muid moll mór feola (faoin chuntar, ar ndóigh) a bhí beartaithe againn a chaomhnú ar eagla go rachadh sé cruá orainn amach anseo. Shocraigh an tUasal van Dann go ndéanfadh sé bratwurst, ispíní agus mettwurst. Bhí craic agam

ag amharc air ag cur na feola fríd an mheilteoir: uair amháin, dhá uair, trí huair. Ansin chuir sé fuilleach an chomhábhair leis an mhionfheoil agus bhain úsáid as píopa fada chun an meascán a bhrú isteach sna craicne. D'ith muid an bratwurst agus an sauerkraut faoi choinne lóin, ach b'éigean do na hispíní a bhí le bheith caomhnaithe triomú ar dtús, mar sin de chroch muid iad thar chuaille a bhí crochta ar an síleáil. Phléasc gach duine a tháinig isteach sa seomra amach ag gáire nuair a chonaic siad na hispíní ar crochadh. A leithéid de radharc greannmhar a bhí ann.

Bhí an chistin trína chéile. Bhí an tUasal van Daan ag obair leis ar an fheoil agus é ag caitheamh naprún a mhná agus cuma níos raimhre ná riamh air. Bhí cuma an fhíorbhúistéara air lena lámha fuilteacha, a aghaidh dhearg agus a naprún breacdearg. Bhí Bean van D. ag déanamh iarrachta gach rud a dhéanamh ar an toirt: Ollainnis a fhoghlaim ó leabhar, an t-anraith a mheascadh, amharc ar an fheoil, agus í ag ligint osna agus ag éagaoin mar gheall ar a heasna bhriste.

Sin an rud a tharlaíonn nuair a dhéanann a leithéid de sheanmhná aclaíocht bhómánta chun a dtóin mhór a chur díobh! Bhí infhabhtú súile ar an Uasal Dussel agus bhí sé ina shuí taobh leis an sorn ag tabhairt smitíní beaga den tae fíogadáin dá shúil. B'éigean do Pim, a bhí ina shuí faoin aon gha amháin gréine a bhí ag teacht fríd an fhuinneog, coinneáil ag bogadh a chathaoireach an bealach seo agus an bealach siúd chun é a sheachaint. Caithfidh sé go raibh a dhathacha matán ag cur as dó de bhrí go raibh sé giota beag cromtha anuas agus é ag coinneáil súile ar an Uasal van Daan agus cuma chéasta ar an aghaidh aige. Chuir sé na seanohair bhreuite a fheiceann tú i dteach na mbocht i gcuimhne dom. Bhí Peter ag ramsáil thart an seomra le Mouschi, an cat, agus Máthair, Margot agus mé féin ag baint an chraicinn de na prátaí bruite. Ba í lomchnámh na fírinne í nach raibh duine ar bith againn ag déanamh na

hoibre mar ba cheart, de bhrí go raibh muid chomh gnóthach sin ag amharc ar an Uasal van Daan.

D'oscail Dussel a mháinliacht fhiacilach. Ar mhaithe leis an ghreann, cuirfidh mé síos ar an chéad séisiún lena chéad othar.

Bhí Máthair ag smúdáil, agus shuigh Bean van D, an chéad fhulangaí ar chathaoir i lár an tseomra. D'iarr an tUasal Dussel eau-de-Cologne a bhféadfaí úsáid a bhaint as mar dhíghalrán agus veasailín a bhféadfaí úsáid a bhaint as mar chéir nuair a bhí sé ag folmhú a mhála agus é ag cur cuma thábhachtach air féin. D'amharc sé isteach i mbéal Bhean van Daan agus tháinig sé ar dhá fhiacail a chuir í ag cúbadh i bpian agus í ag ligint gáir scaipthe aisti nuair a bhain sé díobh. I ndiaidh scrúdaithe fhada (fada a fhad agus a bhaineann sé le Bean van D. ó tharla nár ghlac sé níos mó ná dhá bhomaite), thosaigh Dussel a scríobadh amach cuasa. Ach ní raibh lá rúin ag Bean van D. ligint dó. Bhí sí ag súisteáil a lámh agus a cos go dtí sa deireadh gur lig an tUasal Dussel a thóireadóir uaidh agus... d'fhan sé greamaithe d'fhiacail Bhean van D. Ba é sin an lasóg sa bharrach! Bhí sí ag lascadh go fiáin i ngach treo agus bhéic sí (a mhéad is féidir leat agus gléas mar sin i do bhéal agat), rinne iarracht é a bhaint ar shiúl, níor éirigh léi ach é a chur isteach níos doimhne, áfach. Bhreathnaigh an tUasal Dussel go socair ar an radharc, a lámha ar a chorróga, agus an chuid eile den lucht féachana sna trithí gáire. Ar ndóigh, bhí ár n-iompar go suarach. Dá mbeinn féin ann, déarfainn go ligfinn béic níos mó asam. I ndiaidh cuid mhór ciceála, béiceacha agus scairte, d'éirigh le Bean van D. sa deireadh thiar thall é a tharraingt amach agus lean an tUasal Dussel ar aghaidh lena chuid oibre a rá is de nár tharla rud ar bith. Bhí sé chomh gasta sin nach raibh an t-am ag Bean van D. amaidí ar bith eile a dhéanamh. Ach ansin, bhí níos mó cuidithe aige ná mar a bhí riamh: beirt chúntóirí ar an chuid is lú; rinne an tUasal van D. agus mé féin an obair go maith. Bhí an rud uile cosúil le ceann de na greanadóireachtaí sin ó na Meánaoiseanna dar teideal

‘Pontanálaí ar Obair’. Idir an dá linn, áfach, bhí an t-othar ag éirí míshocair, ó tharla go raibh uirthi súil a choinneáil ar ‘a cuid’ anraith agus ar ‘a cuid’ bia. Tá rud amháin cinnte: is fada go ndéana Bean van D. coinne fiaclóra eile!

Do chara dílis, Anne

AN DOMHNACH, 13 NOLLAIG 1942

A Kitty dhil,

Tá mé i mo shuí anseo go deas seascair san oifig tosaigh, ag amharc amach go fáilí trí scoilt sna cuirtíní troma. Tá sé dorcha, ach tá go díreach go leor solais ann le bheith ag scríobh.

Tá sé iontach aisteach ag amharc ar dhaoine ag siúl thar bráid. Tá an chosúlacht orthu go bhfuil an oiread sin deifre orthu gur beag nach mbaintear tuisle astu lena gcosa féin. Téann na daoine ar rothair thart chomh gasta sin nach dtig liom fiú insint duit cé atá ar an rothar. Níl na daoine sa chomharsanacht seo chomh deas sin le bheith ag amharc orthu. Tá na páistí go speisialta chomh salach sin nach mbainfeá leo ar ór ná ar airgead. Fíorpháistí as na slumaí a mbíonn a srón ina rith atá iontu. Is ar éigean a thuigim focal ar bith dá ndeir siad.

Tráthnóna inné, nuair a bhí Margot agus mé fein ag glacadh folcadáin, arsa mise, ‘Dá mba rud é go bhfaighimis slat iascaigh agus gach duine de na páistí sin a tharraingt isteach ina nduine agus ina nduine agus iad ag siúl thar bráid, agus iad a shá san fholcadán, nite, a gcuid éadaí cóirithe agus ansin...’

‘Agus ansin bheadh siad chomh salach agus chomh gíofógach céanna agus a bhí siad riamh,’ arsa Margot.

Ach tá mé ag cabaireacht liom. Tá rudaí eile ann fosta a dtig leat amharc orthu: carranna, báid agus an bháisteach. Tig liom an tram agus na páistí a chloisteáil agus taitníonn sé liom.

Is beag athrú a thagann ar ár smaointe, ár ndála féin. Tá siad mar a bheadh áilleagán intrigh ann, ag tiontú ó na Giúdaigh go bia, ó bhia go polaitíocht. Dála an scéil, ó tharlaíonn gur ag caint ar na Giúdaigh atá mé, chonaic mé beirt inné agus mé ag amharc amach go fáilí tríd an scoilt sna cuirtíní. Mhothaigh mé a rá is de go raibh mé ag stánadh ar iontas de Sheacht nÍontas an Domhain. Chuir sé mothú aisteach ionam, a rá is de gur scéith mé orthu leis na húdaráis agus mé anois ag spiaireacht ar a mí-ádh.

Tá teach báid os ár gcomhair. Cónaíonn an captaen ansin lena bhean agus a chuid páistí. Tá madadh beag aige a bhíonn ag sceamhaíl. Tá aithne againn ar an mhadadh mar gheall ar an dóigh a mbíonn sé ag tafann agus mar gheall ar a ruball, a thig linn a fheiceáil nuair a bhíonn sé ag rith thart ar an bhord. Ó, is mór an trua é, tá an bháisteach i ndiaidh tosú agus tá bunús na ndaoine ceilte faoina scáth fearthainne. Níl le feiceáil agam ach cotaí báistí, agus anois agus arís cúl cinn a bhfuil hata stoca air. I ndáiríre, ní gá dom amharc fiú. Tig liom na mná a aithint anois le sracfhéachaint: éirithe ró-ramhar ó bheith ag ithe na bprátaí, gléasta i gcóta dearg nó glas agus bróga smolchaite orthu, mála siopadóireachta ar crochadh ar a lámha, agus aghaidh ghruama nó shásta orthu, ag brath ar an spionn a bhíonn ar an fhear chéile acu.

Do chara dílis, Anne

AN MHÁIRT, 22 NOLLAIG 1942

A Kitty dhil,

Bhí lúcháir ar mhuintir an Urthí a chloisteáil go bhfaighimid ceathrú punt breise ime don Nollaig. De réir an nuachtáin tá leathphunt dlite do gach duine, ach tá siad ag tagairt do na hanamacha ádhúla a fhaigheann a leabhar ciondálacha ón rialtas, chan do Ghiúdaigh i bhfolach, ár ndála féin nach bhfuil ar a n-acmhainn ach ceithre leabhar ciondálacha a cheannach

ar an mhargadh dhubh in ionad ocht gcinn. Tá gach duine againn ag dul a bhácáil rud éigin leis an im. Ar maidin rinne mé dhá chiste agus roinnt brioscaí. Tá sé iontach gnóthach thuas staighre agus thug Máthair le fios dom nach bhfuil cead agam staidéar ar bith nó léitheoireacht ar bith a dhéanamh go dtí go mbeidh an obair tí uile críochnaithe.

Tá Bean van Daan ina luí ar an leaba agus í ag tabhairt aire dá heasna bhrúite. Bíonn sí ag gearán an lá ar fad, í i gcónaí ag iarraidh go n-athrófaí na bindealáin agus go ginearálta bíonn sí míshásta le gach rud. Beidh áthas orm nuair a bheas sí ar ais ar a bonnaí agus nuair a bheas sí ábalta glanadh suas ina diaidh.

Caithfidh mé a admháil go bhfuil sí iontach díograiseach agus slachtmhar, agus a fhad is a bhíonn sí sláintiúil go fisiciúil agus ina hintinn, bíonn sí measartha gealgháireach.

Mura bhfuil sé olc go leor go gcluinim ‘fuist, fuist’, i rith an lae de bhrí go mbím i gcónaí ag déanamh barraíocht calláin, tá mo chara cléibh sa seomra i ndiaidh teacht aníos leis an smaoinemh go mbeidh sé ag rá ‘fuist, fuist’ liom i rith an hoíche fosta. Dar leis, níor chóir dom tiontú thart fiú. Diúltaím lá airde a thabhairt air, agus an chéad uair eile a déarfaidh sé fuist liom tá mé ag dul a rá fuist go díreach ar ais leis.

Éiríonn sé níos cráite agus níos leithlí le himeacht na laethanta. Seachas an chéad seachtain, ní fhaca mé fiú ceann amháin de na brioscaí a gheall sé chomh fial sin dom. Bím le báiní leis go mór mór ar an Domhnach, nuair a lasann sé na soilse le héirí na gréine chun aclaíocht a dhéanamh ar feadh deich mbomaite.

Domsa, is cosúil go maireann an crá croí ar feadh uaireanta an chloig, ó tharlaíonn go mbíonn na cathaoireacha a mbainim úsáid astu chun mo leaba a dhéanamh níos faide á mbogadh faoi mo cheann codlatach. I ndiaidh dó deireadh a chur lena chuid aclaíochta sínte agus le roinnt luascadh láidir na ngéag, tosaíonn a Thiarnas á ghléasadh féin. Tá a chuid fo-éadaí ar

crochadh ar chrúca, mar sin de treabhann sé chun cinn go maslach chun iad a fháil agus ansin treabhann sé ar ais go maslach, thart ar mo leaba.

Ach tá a charbhat ar an tábla, mar sin de uair amháin eile brúnn sé agus buaileann sé a bhealach thart ar na cathaoireacha.

Ach níor chóir dom níos mó de do chuid ama a chur amú ag gearán faoi sheandaoine suaracha. Ní bheidh sé ina chuidiú cibé. Ar an drochuair b'éigean dom éirí as mo phleananna díoltais, mar atá an bolgán a scaoileadh, an doras a chur faoi ghlas agus a chuid éadaí a chur i bhfolach, ar mhaithe leis an tsíocháin.

Ó tá mé ag éirí chomh siosmaideach sin! Caithfidimid bheith réasúnta faoi gach rud a dhéanaimid anseo: ag staidéar, ag éisteacht, ag coimhhead ár dteanga, ag cuidiú le daoine eile, bheith cineálta, ag déanamh comhréiteach agus níl a fhios agam cad é eile! Tá eagla orm go mbeidh mo chuid céille, a bhí ar an ghannchuid ag an tús tráite róghasta agus ní bheidh cuid ar bith fágtha agam nuair a bheas an cogadh thart.

Do chara dílis, Anne

AN CHÉADAIOIN, 13 EANÁIR 1943

A Kitty dhil,

Cuireadh isteach orm gan staonadh ar maidin, agus dá dheasca sin ní raibh mé ábalta aon rud ar chuir mé tús leis a chríochnú.

Tá caitheamh aimsire nua againn, eadhon, ag líonadh paicéad le hanlann púdair. Is táirge é an t-anlann de chuig Gies & a Chuid. Ní raibh an tUasal Kugler ábalta teacht ar dhuine ar bith eile chun na paicéid a líonadh, agus ar a bharr sin, tá sé níos saoire má dhéanaimid an obair. Is é an cineál oibre é a dhéanann siad i bpríosún. Tá sé thar a bheith leadránach agus cuireann sé meadhrán inár gceann agus ag scigireacht muid.

Tá rudaí uafásacha ag tarlú ar an taobh amuigh. Ag am ar bith de ló is d’oíche, tá daoine bochta anbhanna á dtarraingt amach as a dtithe. Níl cead acu ach mála droma agus beagán airgid a thabhairt leo, agus fiú ansin, goidtear na hearraí seo uathu ar an bhealach. Tá teaghlaigh réabtha óna chéile. Scartar fir, mná agus páistí óna chéile. Tagann páistí abhaile ón scoil agus faigheann siad amach nach bhfuil a dtuismitheoirí ann níos mó. Tagann mná abhaile óna gcuid siopadóireachta agus faigheann siad amach go bhfuil a dtithe druidte, a dteaghlaigh imithe. Tá eagla ar na Críostaithe a chónaíonn san Ollainn fosta de bhrí go bhfuil a gcuid mac á gcur chun na Gearmáine. Tá gach duine scanraithe. Gach oíche téann na céadta eitleán os cionn na hOllainne ar a mbealach chuig cathracha na Gearmáine, chun a mbuamaí a chur ar thailte na Gearmáine. Gach uair an chloig, maraítear na céadta, nó b’fhéidir na mílte duine sa Rúis agus san Afraic. Ní thig le tír ar bith fanacht amuigh ón choinbheacht, tá an domhan ar fad sa chogadh, agus cé go bhfuil ag éirí níos fearr leis na Comhghuaillithe, níl iomrá ar bith ar an deireadh.

Agus maidir linn féin, táimid measartha ádhúil. Níos ádhúlá ná na milliúin duine eile. Tá sé ciúin agus slán anseo, agus táimid ag baint úsáide as ár gcuid airgid chun bia a cheannach. Táimid chomh leithleasach sin go mbímid ag caint ar ‘i ndiaidh an chogaidh’ agus muid ag dúil le héadaí nua agus le bróga nua, nuair ba chóir dúinn i ndáiríre bheith ag cur gach pingin i dtaisce le cuidiú le daoine eile nuair a bheas an cogadh thart, agus pé rud a thig linn a tharrtháil.

Bíonn páistí na comharsanachta seo ag rith thart agus léinte tanaí agus bróga adhmaid orthu. Níl cótaí, stocaí ná bearaid acu agus gan duine ar bith ann le cuidiú leo. Bíonn siad ag creimeadh cairéid chun na pianta ocrais a chur díobh, siúlann siad óna dtithe fuara ar na sráideanna fuara go seomra ranga atá níos fuaire arís. Tá rudaí chomh holec sin san Ollainn go

stopann na scaiftí páistí daoine agus iad ag siúl tharstu ag impí orthu píosa aráin a thabhairt dóibh.

Thiocfadh liom na huairéanta an chloig a chur isteach ag insint duit faoin fhulaingt a thug an cogadh leis, ní bheadh ann áfach ach go ndéanfainn mé féin níb ainnise. Caithfidimid fanacht, sin a dtig linn a dhéanamh, a shéimhe is féidir, leis an deireadh. Tá Giúdaigh agus Críostaithe araon ag fanacht, tá an domhan mór ag fanacht, agus tá cuid mhór ag fanacht leis an bhás.

Do chara dílis, Anne

AN SATHARN, 30 EANÁIR 1943

A Kitty dhil,

Tá mé ar buile ar fad cé nach dtig liom é a thaispeáint. Ba mhaith liom scread a ligint asam, mo chos a bhualadh ar an talamh, Máthair a chroitheadh go maith, bheith ag caoineadh agus níl a fhios agam cad é eile mar gheall ar na focail mhíofara, na hamhairc scigiúla agus na gearáin a bhíonn aici fúm lá i ndiaidh lae, ag dul tríom mar a bheadh saighid ann ó bhogha a bhfuil na sreanga teann air, atá beagnach dodhéanta iad a bhaint amach as mo chorp. Ba bhreá liom scread a ligint asam ar Mháthair, Margot, ar mhuintir van Daan, ar Dussel agus ar Athair fosta: ‘Imigh uaim, lig dom oíche amháin a bheith agam ar a laghad nuair nach mbím ag caoineadh agus mé ag dul a chodladh, na súile agam á ndó agus mo chloigeann á réabadh. Lig dom imeacht liom, imeacht ó gach rud, imeacht ón domhan seo!’ Ach ní thig liom é sin a dhéanamh. Ní thig liom ligint dóibh na hamhrais agam nó an dóigh a ngoilleann siad orm a fheiceáil. Ní thiocfadh liom cur suas lena gcuid trua nó lena bhfonóid ghreannmhar. Níl ann ach go mbeinn ach iarraidh scread níos airde a ligint asam.

Síleann gach duine go mbím ag maíomh asam féin nuair a bhím ag caint, amaideach nuair a bhím ciúin, sotalach nuair a

thugaim freagra, glic nuair a bhíonn smaoinemh maith agam, leisciúil nuair a bhím tuirseach, leithleasach nuair a ithim plaic níos mó ná ba chóir dom, bómánta, meata, maslach, srl., srl. Ní chluinim an lá ar fad ach a leithéid de pháiste cráite atá ionam, agus cé go ndéanaim gáire faoi agus go ligim orm féin nach miste liom, is dom is miste é. Is mian liom go dtiocfadh liom iarraidh ar Dhia pearsantacht eile a thabhairt dom, ceann nach gcuireann isteach ar gach duine.

Ach tá sé sin dodhéanta. Tá mé ceangailte leis an phearsantacht ar rugadh mé léi, agus go fóill féin tá mé cinnte de nach drochduine mé. Déanaim mo dhícheall gach duine a shásamh, níos mó ná mar a bheadh siad ag súil leis i milliún bliain. Nuair a bhím thuas staighre déanaim iarracht gáire a dhéanamh faoi de bhrí nach bhfuil mé ag iarraidh orthu mo chuid trioblóidí a fheiceáil.

Níos minice ná uair amháin, i ndiaidh do Mháthair achasán a thabhairt dom faoi rudaí amaideacha, thug mé áladh ar Mháthair: ‘Is cuma liom cad é a deir tú. Cad chuige nach nach bhfágann tú an clár is an fhoireann agam? – is duine gan mhaith mé.’ Ar ndóigh, déarfadh sí liom gan a bheith ag caint ar ais léi agus is é rud go ndúnfadh sí a súile orm beagnach ar feadh dhá lá. Ansin, go tobann, dhéanfaí dearmad ar gach rud agus chaithfeadh sí liom mar a chaitheann sí le gach duine eile.

Tá sé dodhéanta dom bheith iontach gealgháireach lá agus binbeach an chéad lá eile. B’fherr liom an tsár-riail a roghnú, nach bhfuil go hiomlán sármhaith, is é sin mo chuid smaointe a choinneáil dom féin. B’fhéidir am éigin go mbeadh an drochmheas céanna agam orthu agus atá acu orm. Ó dá mba rud é go dtiocfadh liom.

Do chara dhílis, Anne

A Kitty dhil,

Cé gur tamall fada é ó scríobh mé chugat faoi na hachrainn, níl athrú ar bith ar rudaí fós. Ar dtús ghlac an tUasal Dussel ár gcuid argóintí a ndearnadh dearmad orthu roimh i bhfad iontach dáiríre. Ach anois tá sé éiríthe cleachtach leo agus ní dhéanann sé iarracht níos mó idirghabháil a dhéanamh.

Ní thabharfá go dearfa ‘óg’ ar Margot nó ar Peter; tá siad beirt chomh ciúin sin agus leadránach. In aice leo, bím ag gobadh amach mar a bheadh ordóg nimhneach ann, agus insítear dom i gcónaí, ‘Ní bhíonn Margot nó Peter ag dul ar aghaidh mar sin. Cad chuige nach leanann tú sampla do dheirféar!’ Tá fuath agam air sin.

Admhaím nach bhfuil lá méine agam bheith dála Margot. Tá lag-thoil aici agus í ró-umhal domsa, ligeann sí do dhaoine eile í a lúbadh agus géilleann sí i gcónaí nuair a chuirtear faoi bhrú í. Ba mhaith liom go mbeadh níos mó miotail inti! Ach coinním na smaointe seo dom féin. Ní dhéanfaidís ach gáire fúm dá mbainfinn úsáid as seo mar chosaint.

I rith am bia bíonn teannas san aer. Ar an dea-uair, coinnítear na rachtanna feirge siar ag ‘na hiteoirí anraith’ ón oifig a thagann aníos faoi choinne cupán anraith don lón.

Tráthnóna tharraing an tUasal van Daan an scéal anuas ar a laghad a itheann Margot.

‘Is dócha go ndéanann tú é chun do chruth a choinneáil,’ arsa sé de ghlór magúil.

Dúirt Máthair, a bhíonn ag déanamh cosanta ar Margot i gcónaí, de ghlór ard, ‘Ní thig liom cur suas le do chuid cainte amaidí bomaite níos faide.’

D’éirigh Bean van D. chomh dearg le fuil. Bhí an tUasal van D. ag stánadh díreach ar aghaidh gan focal as.

Mar sin féin, is minic a bhaintear gáire mór asainn. Le déanaí bhí Bean van D. ár gcealgadh le scéal amaideach éigin. Bhí sí ag labhairt ar an am atá thart, faoi cé chomh maith agus a réitigh

sí lena hathair agus faoina leithéid de chliúsaí a bhí ann. ‘Agus tá a fhios agat,’ arsa sí agus í ag leanúint uirthi, ‘d’inis m’athair dom dá n-éireodh duine súgach liom, go mbeadh orm a rá leis, “Cuimhnigh a dhuine uasail, gur bean uasal mé,” agus bheadh a fhios aige an chiall a bhí leis.’ Bhímid sna trithí gáire air, a rá is de gur inis sí scéal greannmhar.

Fiú bíonn ábhar scléipe ag Peter, cé go bhfuil sé ciúin de ghnáth. Tá sé de mhí-ádh air go bhfuil sé tugtha do na focail iasachta gan an chiall atá acu ar eolas aige. Tráthnóna dá raibh ann ní thioctadh linn an leithreas a úsáid de bhrí go raibh cuairteoirí san oifig. Gan é ábalta fanacht, chuaigh sé chuig an leithreas ach níor shruthlaigh sé é. Chun rabhadh a thabhairt dúinn faoin bholadh bhréan, chuir sé comhartha in airde le tairní, ar an doras: ‘RSVP – gás!’ Ar ndóigh is é an rud a bhí sé ag iarraidh a rá ‘Dainséar – gás!’ ach shíl sé go raibh cuma níos grástúla ar ‘RSVP’. Ní raibh barúil ar bith aige gur chiallaigh sé ‘freagair le de thoil’ sa Fhraincis.

Do chara dílis, Anne.

AN SATHARN, 27 FEABHRA 1943

A Kitty dhil,

Tá Pim ag dúil leis an ionradh lá ar bith feasta. Bhí níúmóine ar Churchill, agus tá sé ag teacht ar ais chuige féin diaidh ar ndiaidh. Tá Ghandi, ceannaire shaoirse na hInde ar cheann dá iliomad stailceanna ocrais.

Maíonn Bean van D. go bhfuil sí cinniúnaíoch. Ach cé air a mbíonn an eagla is mó nuair a scaoiltear na gunnaí? Cé a bheadh ann ach Petronella van Daan.

Thug Jan leis an litir easpagóideach a léigh na heaspaig dá bparóistigh. Bhí sí galánta agus spreagúil. ‘A mhuintir na hOllainne, seasai gí an fód agus gníomhaígí. Caithfidh gach duine againn ár n-arm féin a roghnú chun troid ar son saoirse ár dtíre, ár ndaoine agus ár gcreidimh! Tugaigí bhur gcuidiú

agus bhur dtacaíocht. Gníomhaígí anois!’ Is é seo an méid atá siad ag seanmóireacht ón phuilpéad. An ndéanfaidh sé maitheas ar bith? Tá sé rómhall go cinnte cuidiú lenár gComh-Ghiúdaigh.

Déan tomhas cad é a tharla dúinn anois? Dhíol úinéir an fhoirgnimh é gan insint don Uasal Kugler nó don Uasal Kleiman. Tháinig an tiarna talaimh nua lá agus ailtire leis chun an foirgneamh a iniúchadh. Buíochas do Dhia, bhí an tUasal Kleiman san oifig. Thaispeáin sé don fhear uasal a raibh le feiceáil ann, seachas an tUrtheach Rúnda. Mhaígh sé gur fhág sé an eochair sa bhaile agus nár chuir an t-úinéir nua ceist ar bith eile air. Más rud é go dtiocfaidh sé ar ais ag iarraidh an tUrtheach Rúnda a fheiceáil, sa chás sin, beimid i dtrioblóid mhór!

D’fholmhaigh Athair comhad cártaí do Margot agus dom féin agus líon sé le treoir-chártaí é atá bán ar thaobh amháin. Beidh sé seo inár gcomhad léitheoireachta, ina ndéanfaidh mé féin agus Margot nóta de na leabhair a léigh muid, de na húdair agus den dáta. Tá dhá fhocal nua foghlamtha agam: ‘drúthlann’ agus ‘cliúsaí’. Cheannaigh mé cóipleabhar eile faoi choinne focal nua.

Tá roinnt nua ar an dáileadh ime agus margairín. Tá gach duine lena chuid féin a fháil ar a phláta féin. Tá an dáileadh seo iontach míchothrom. Tugann muintir van Daan, a dhéanann an bricfeasta i gcónaí, oiread go leith dóibh féin agus a thugann siad dúinne. Tá barraíocht eagla ar mo thuismitheoirí go dtosóidh siad a argóint má deir siad rud ar bith, is mór an náire é, mar sílim gur chóir go dtabharfaí tomhas a láimhe féin do na daoine sin.

Do chara dílis, Anne

A Kitty dhil,

Tá leasainm nua ag Bean van D. – thosaigh muid a thabhairt Bean Beaverbrook uirthi. Ar ndóigh, ní chiallaíonn sé sin rud ar bith duitse, mar sin de lig dom míniú a thabhairt air. Bíonn an tUasal Beaverbrook áirithe seo ag labhairt ar raidió an Bhéarla faoin bhombardú trócaireach a dhéantar ar an Ghearmáin. Tá Bean van Daan, a bhréagnaíonn gach duine, Churchill agus na tuairiscí nuachta san áireamh, ag aontú go huile is go hiomlán leis an Uasal Beaverbrook. Shíl muid mar sin gur smaoineamh maith a bheadh ann go mbeadh sí pósta air, agus ó tharla gur mheall an nóisean í, shocraigh muid go dtabharfaimis Bean Beaverbrook uirthi feasta.

Táimid ag fáil fostaí nua don teach stórais, de bhrí go bhfuil an seanfhostaí á chur chun na Gearmáine. Drochscéal atá ann dó ach dea-scéal dúinne de bhrí nach mbeidh an duine nua eolach ar an fhoirgneamh. Tá eagla orainn fós roimh na fir a bhíonn ag obair sa teach stórais.

Tá Ghandi ag ithe arís.

Tá an margadh dubh ag déanamh gnó an-mhaith. Dá mbeadh go leor airgid againn na praghsanna amaideacha a íoc, d'íosfaimis thar ár n-acmhainn. Ceannaíonn ár ngrósaer na prátaí ón 'Wehrmacht' agus tugann i málaí chun na hoifige príobháidí iad. De bhrí go gceapann sé go bhfuilimid i bhfolach anseo, tagann sé d'aon turas ag am lóin, nuair a bhíonn fostaithe an tí stórais amuigh.

Tá an oiread sin piobair á mheilt anseo go mbímid ag sraothartach agus ag casachtach le gach anáil dá dtarraingímid. Cuireann gach duine a thagann aníos an staighre fáilte romhainn le 'ah-CHOO'. Tugann Bean van D. an leabhar nach rachaidh sí síos an staighre; boladh amháin eile piobair agus tá sí ag dul a bheith tinn.

Ní dóigh liom go bhfuil an gnó atá ag Athair ródheas. Níl ann ach ábhar cíorach agus piobar. Más rud é go bhfuil tú sa ghnó bia, cad chuige nach ndéanfá milseáin?

Tháinig fíorstóirm focal anuas orm de phlab arís ar maidin. Bhí splancanna ag dul fríd an aer leis an oiread sin cainte gairsiúla go raibh ceol i mo chluasa gan le cloisteáil ach ‘Droch-Anne seo’ agus ‘Dea-van Daan’ siúd. Tine agus ruibhchloch!

Do chara dílis, Anne

AN CHÉADA OIN, 10 MÁRTA 1943

A Kitty dhil,

Bhí gearrchiorcad againn aréir, agus ar a bharr sin, bhí na gunnaí á scaoileadh go héirí na gréine. Cuireann na heitleáin agus scaoileadh na ngunnaí eagla orm go fóill, agus bím ag lámhacán ar na ceithre boinn isteach i leaba Athar chun sólás a thabhairt dom. Tá a fhios agam go bhfuil cuma leanbaí air, ach fan go dtarlaí sé duitse! Cruthaíonn na gunnaí aic-aic an oiread sin tormáin nach dtig leat fiú do ghuth féin a chloisteáil. Is beag nár phléasc Bean Beaverbrook, an cinniúnaí, amach ag caoineadh agus dúirt sí i nguth beag faiteach, ‘Ó tá sé chomh holc sin. Ó tá na gunnaí chomh hard sin!’ atá ina bhealach eile le rá ‘Tá mé chomh scanraithe sin’.

Ní raibh sé chomh holc céanna le solas coinnle agus a bhí sa dorchadas. Bhí mé ar crith, a rá is de go raibh teocht ard orm, agus d’impigh mé ar Athair an choinneal a athlasadh. Bhí sé chomh dáigh le carraig chloiche: ní bheadh solas ar bith ann. Go tobann chuala muid rois urchar á scaoileadh ó na meaisínghunnaí, agus tá sé sin deich n-uaire níos measa ná gunnaí frith-aerárthacha. Léim Máthair amach as an leaba gur las sí an choinneal rud a chuir dreach cráite ar Athair. Ba é an freagra diongbháilte a thug sí ar ghearán Athar ná, ‘I ndeireadh na dála, ní iarshaighdiúir í Anne!’ Agus ba é sin deireadh an scéil!

Ar inis mé eagla ar bith eile de na heaglaí atá ar Bhean van D.? Ní dóigh liom é. Le tú a choinneáil suas chun dáta leis na heachtraí is déanaí san Urtheach Rúnda, bá chóir dom é seo a insint duit fosta. Oíche dá raibh shíl Bean van D. gur chuala sí coiscéimeanna arda san áiléar, agus bhí an oiread sin eagla uirthi gur buirgléirí a bhí iontu gur mhúscaíl sí a fear céile. Ag an bhomaite chéanna sin, d'imigh na buirgléirí agus ní raibh le cloisteáil ag an Uasal van D. ach bualadh eaglach chroí a mná cinniúnaí. ‘Ó a Phutti,’ a ghlaigh sí in ard a cinn. (Is é Putti an t-ainm ceana atá ag a bhean chinniúnaí ar a fear céile.) ‘Caithfidh sé gur ghoid siad ár n-ispíní agus ár bpónairí triomaithe uile. Agus cad faoi Peter? Ó, an síleann tú go bhfuil Peter slán sábháilte ina leaba?’

‘Tá mé cinnte de nár ghoid siad Peter. Ná bí chomh hamaideach sin, agus lig dom dul ar ais a chodladh!’

Dodhéanta. Bhí Bean van D. ró-eaglach le dul a chodladh. Roinnt oícheanta ina dhiaidh sin, mhúscaíl tormáin thaibhsiúla teaghlach van Daan ar fad. Chuaigh Peter chuig an áiléar agus tóirse ina lámh aige agus – sciúird, sciúird – agus cad é a shíleann tú a chonaic sé ag rith ar shiúl? Scaoth francach mór!

A luaithe a fuair muid amach cén sórt gadaithe a bhí iontu, lig muid do Mhouschi codladh san áiléar agus ní fhaca muid ár gcuaríteoirí nach raibh fáilte rompu ó shin... ar a laghad ní fhaca muid san oíche iad.

Cúpla oíche ó shin (bhí sé leath i ndiaidh a seacht agus é fós geal), chuaigh Peter suas chuig an áiléar go bhfuair sé sean-nuachtáin. B'éigean dó greim láidir a fháil ar an chomhla thógála ionas go mbeadh sé ábalta dreapadh anuas an dréimire. Chuir sé a lámh síos gan amharc uaidh, agus is beag nár thit sé den dréimire leis an scranadh agus leis an phian. Gan fhios dó, chuir sé a lámh ar fhrancach mór, a bhain plaic as a ghéag. Faoin am ar shroich sé muid, bhí sé chomh bán le sneachta agus bhí a ghlúine ag bualadh ar a chéile, bhí a phitseámaí ar maos le fuil. Ní nach ionadh gur baineadh geit as – ní haon

spraoi é francach a chuimilt, go háirithe nuair a bhaineann sé plaic as do ghéag.

Do chara dílis, Anne

AN AOINE, 12 MÁRTA 1943

A Kitty dhil,

Lig dom duine a chur in iúl duit: an Mháthair Frank, cosantóir na bpáistí! Breis ime do na páistí, na fadhbanna a luíonn roimh óige an lae inniu – is cuma cad é atá ann, cosnaíonn sí an ghlúin óg.

I ndiaidh scirmise nó dhó, faigheann sí a bealach féin i gcónaí. Tá ceann amháin de na crúiscíní teanga i bpíicil imithe ó mhaith. Féasta a bheas ann do Mouschi agus Boche.

Níor casadh Boche ort go fóill, d’ainneoin go raibh sí anseo sula ndeachaigh muid i bhfolach. Is í cat an stórais agus na hoifige í, a chuireann na francaigh sa seomra stórais faoi smacht. Tig a hainm aisteach polaitiúil a mhíniú go furasta. Bhí dhá chat ag an chomhlacht Gies & a Chuid. ar feadh tamaill: ceann acu don seomra stórais agus an ceann eile don áiléar. Thrasnaíodh a mbealaí ó am go ham, agus is é rud a tharla go mbíodh siad ag troid dá bharr. Ba é cat an seomra stórais an t-ionsaitheoir i gcónaí, agus ba é cat an áiléir a bhain sa deireadh, go díreach mar a bhí sé i gcúrsaí polaitíochta. Mar sin de tugadh an Gearmánach ar chat an seomra stórais, nó ‘Boche’, agus tugadh an Sasanach, nó ‘Tommy’ ar chat an áiléir. Am éigin ina dhiaidh sin, chuir siad Tommy díobh, ach bíonn Boche i gcónaí ann chun taitneamh a thabhairt dúinn nuair a théimid síos an staighre.

Tá an oiread sin pónairí donna agus pónairí francacha ite againn nach dtig liom cur suas leis bheith ag amharc orthu. Déanann sé tinn mé go díreach má smaoiním orthu.

Cuireadh ár gcuid aráin tráthnóna ar ceal.

Dúirt Daidí go díreach nach bhfuil dea-spionn air. Tá cuma an-bhrónach ar a shúile arís, an fear bocht!

Ní thig liom mé féin a tharraingt as an leabhar *A Knock at the Door* le Ina Bakker Boudier. Tá an sága teaghlaigh seo scríofa go han-mhaith, ach níl na codanna a bhaineann leis an chogadh, le scríbhneoirí agus le fuascailt na mban chomh maith sin. Le fírinne, ní chuirim mórán suime sna hábhair seo.

Aer-ruathair uafásacha buamála sa Ghearmáin. Tá an tUasal van Daan cantalach. Is é an fáth atá leis sin: ganntanas toitíní.

Tháinig deireadh leis an díospóireacht faoi cé acu ba chóir dúinn an bia sna cannaí a ithe nó nár chóir agus tugadh an bhreith inár bhfabhar.

Ní thig liom bróga ar bith de mo chuid a chaitheamh, seachas mo bhuataisí sciála, nach bhfuil róphraiticiúil faoin teach. Bhí péire cuarán féir a ceannaíodh ar 6.50 guldán smolchaite go dtí na sála taobh istigh de sheachtain. B'fhéidir go mbeadh Miep ábalta teacht aníos le rud éigin ar an mhargadh dhubh.

Tá sé in am gruaig Athar a bharradh. Geallann Pim go ndéanaim jab chomh maith sin nach rachaidh sé chuig bearbóir eile i ndiaidh an chogaidh. Dá dtiocfadh liom é a dhéanamh gan a chluasa a ghearradh chomh minic sin!

Do chara dílis, Anne.

AN DÉARDAOIN, 18 MÁRTA 1943

A Kitty dhil,

Tháinig an Tuirc isteach sa chogadh. An-chorraitheach. Ag fanacht le tuairiscí nuachta go mífhoighneach.

A Kitty dhil,

Lean an díomá an t-áthas taobh istigh de leathuair an chloig. Níl an Tuirc istigh sa chogadh go fóill. Ní raibh ann ach go raibh aire rialtais ag rá go n-éireodh an Tuirc as a dearcadh neodrach roimh i bhfad. Bhí an díoltóir nuachtáin i gCearnóg Dam ag scairteadh ‘tá an Tuirc ar thaobh na Sasanach!’ agus bhí na páipéir á sciobadh as a lámha. Is é seo an dóigh ar fhoghlaim sé faoin scéal spreagúil.

Táthar ag fógairt go bhfuil na nótaí míle guldán gan luach. Beidh sé sin ina bhuille trom do lucht an mhargaidh dhuibh agus a mhacasamhail de dhaoine eile, ach fiú do dhaoine i bhfolach agus do dhuine ar bith eile a bhfuil airgead aige nach dtig a mhíniú. Más rud é go dtugann tú nóta míle guldán isteach, caithfidh tú bheith ábalta a rá an dóigh ar tháinig tú air agus fianaise a thabhairt. Tig iad a úsáid fós chun cánacha a íoc, ach go dtí an tseachtain seo chugainn amháin. Beidh deireadh leis na nótaí cúig chéad guldán ag an am chéanna. Bhí nótaí míle guldán fós ag Gies & a Chuid. nach dtiocfadh leo a mhíniú ar bhain siad úsáid astu chun na meastacháin cánacha a íoc don bhliain amach romhainn, mar sin de tá cuma dhleathach ar gach rud.

Fuair Dussel druilire fiaclóra sheanaimseartha, a mbaintear úsáid as le cos. Ciallaíonn sé sin go mb’fhéidir go bhfaighidh mé féin seiceáil mhór roimh i bhfad.

Tá Dussel iontach fáillíoch maidir le leanúint rialacha an tí. Ní amháin go mbíonn sé ag scríobh litreacha chuig Charlotte, ach bíonn sé i gcomhfhreagras poist le daoine éagsúla eile. Tá Margot, múinteoir an Urthí, ag ceartú na litreacha seo dó. Chuir cosc Athar air bheith ag dul don chleachtadh seo agus stad Margot de bheith ag ceartú na litreacha, ach sílim nach fada go dtosóidh sé air arís.

Bhí an Führer ag caint le saighdiúirí atá gortaithe. Chuala muid ar an raidió é agus bhí sé millteanach. Is é seo an dóigh ar cuireadh na ceisteanna agus ar freagraíodh iad:

‘Heinrich Scheppel is ainm dom.’

‘Cá háit ar gortaíodh thú?’

‘Congárach do Stalingrad.’

‘Cén sórt gortaithe atá ann?’

‘ Dhá chos atá siocdhóite agus briseadh mo lámh chlé.’

Is tuairisc bheacht í seo ar an seó puipéad a chuir siad amach ar na haerthonnaí. Bhí an chuma ar na fir ghortaithe go raibh siad bródúil as na gortuithe – dá mhéad é is amhlaidh is fearr é. Ní raibh a lúcháir ar aon duine riamh agus é ag smaoiniamh ar lámh a chroitheadh leis an Führer (tá mé ag déanamh talamh slán de go bhfuil leathlámh aige) gur beag nach raibh sé in ann focal ar bith a rá. Tharla gur thit gallúnach Dussel as mo lámh agus gur chuir mé mo chos uirthi. Anois tá píosa iomlán di ar iarraidh. D’iarr mé ar Athair cheana féin é a chúiteamh ar a son, go háirithe ó tharlaíonn sé nach bhfaigheann Dussel ach leathbharra gallúnaí cogaidh atá ar chaighdeán íseal in aghaidh na míosa.

Do chara dílis, Anne

AN DÉARDAOIN, 25 MÁRTA 1943

A Kitty dhil,

Bhí mé féin Máthair, Athair agus Margot inár suí go deas suaimhneach i gcuideachta a chéile aréir nuair a tháinig Peter isteach go tobann gur labhair sé le hAthair i gcogar. Chuala mé na focail ‘thit bairille sa seomra stórais’ agus ‘duine éigin ag útamáil leis an doras’.

Chuala Margot é fosta, ach bhí sí ag iarraidh mé a shuaimhniú, ó tharla go raibh mé chomh bán le sneachta agus mé an-neirbhíseach. D’fhan an triúr againn mar a raibh muid nuair a chuaigh Athair agus Peter síos staighre. Bomaite nó

dhó ina dhiaidh sin tháinig Bean van Daan aníos ón áit a raibh sí ag éisteacht leis an raidió agus d'inis dúinn gur iarr Pim uirthi é a chur dó agus dul suas staighre ar a barraicíní. Ach tá a fhios agat cad é a tharlaíonn nuair a bhíonn tú ag déanamh iarrachta bheith ciúin – bhí an staighre ag díoscadh dhá oiread níos airde. Cúig bhomaite ina dhiaidh sin tháinig Athair agus Peter i láthair, dath bán ar an aghaidh acu chun a scéal a insint dúinn.

Ghlac siad áit faoi log an staighre agus d'fhan siad. Níor tharla rud ar bith. Ansin as lár na soininne chuala siad cúpla trup ard, a rá is de gur druideadh dhá dhoras sa teach de phlab taobh istigh den teach. Chuaigh Pim suas an staighre de léim, agus chuaigh Peter suas an staighre chun an rabhadh a thabhairt do Dussel a lean orthu sa deireadh, cé gur thóg sé raic agus go ndearna sé neart calláin ar dtús. Ansin chuaigh muid uilig amach ar ár mbarraicíní gan ach stocaí ar ár gcosa chuig muintir van Daan ar an chéad urlár eile. Bhí slaghdán trom ar an Uasal van Daan agus bhí sé ina luí cheana féin, chruinnigh muid thart ar a leaba mar sin gur phléigh muid an t-amhras a bhí orainn i gcogar. Gach uair dá ndearna an tUasal van D. casacht go hard, is beag nár tháinig cliseadh néaróg ar Bhean van D. agus orm féin. Choinnigh sé air ag casacht go dtí gur tháinig duine éigin aníos leis an dea-smaoineamh cóidín a thabhairt dó. Maolaíodh ar a chasacht láithreach.

Arís eile, d'fhan muid agus d'fhan muid ach níor chuala muid a dhath. Sa deireadh tháinig muid ar an tuairim gur thug na buirgléirí na boinn astu nuair a chuala siad coiscéimeanna i bhfoirgneamh a bhí ciúin seachas sin. Is é an fhadhb a bhí ann go raibh na cathaoireacha san oifig phríobháideach ina seasamh thart ar an raidió go slachtmhar agus stáisiún Shasana aimsithe aige. Dá gcuirfeadh na buirgléirí an doras isteach agus dá dtabharfadh na maoir aer-ruathair é faoi deara agus fios a chur ar na póilíní, bheadh drochthoradh air. Mar sin de d'éirigh an tUasal van Daan, chuir air a chóta agus a

bhríste, chuir air a hata agus lean Athair go faichilleach síos an staighre, agus bhí Peter (a raibh casúr ina láimh aige, ar eagla na heagla) go díreach ar a chúl. D’fhan na mná (mé fein agus Margot san áireamh) go himníoch go dtí gur tháinig na fir ar ais cúig bhomaite ina dhiaidh sin gur dhúirt siad nach raibh an chuma ar an scéal go raibh rud ar bith ag tarlú san fhoirgneamh. D’aontaigh muid é gan uisce a rith nó an leithreas a shruthlú; ach ós rud é go raibh tarraingt orla ar gach duine mar gheall ar an teannas uile, tig leat an boladh bréan a shamhailt i ndiaidh do gach duine a sheal a fháil ar an leithreas.

Tagann tubaistí eile sna sála ar eachtraí mar seo, agus níorbh eisceacht ar bith í seo. Sa chéad dul síos, stad cloigíní Westertoren á mbualadh, agus thug siad riamh sólás dom, Sa dara dul síos: d’fhág an tUasal Voskuil go luath aréir, agus ní raibh muid cinnte de ar thug sé an eochair do Bep agus rinne sise dearmad an doras a chur faoi ghlas.

Ach ní fiú bheith ag caint air anois. Bhí an oíche go díreach i ndiaidh tosú agus ní raibh muid cinnte cad é a bhí i ndán dúinn. Bhí sé ina údar misnigh againn nár chuala muid tráithnín idir ceathrú i ndiaidh a hocht nuair a tháinig an buirgléir isteach san fhoirgneamh den chéad uair agus ár mbeatha a chur i mbaol – agus leath i ndiaidh a deich. Dá mhéad a smaoinigh muid air is amhlaidh is lú an chosúlacht a bhí air go gcuirfeadh buirgléir an doras isteach chomh luath sin tráthnóna, agus daoine fós amuigh ar na sráideanna. Ar a bharr sin, chonachthas dúinn go mb’fhéidir go raibh bainisteoir an seomra stórais ag Comhlacht Keg béal dorais linn fós ar obair. Leis an fhuadar uile a bhí fúinn agus na ballaí tanaí, is furasta meancóg a dhéanamh i dtaca leis na trupanna. Anuas air sin, is minic a imríonn d’intinn cleasanna ort in am na contúirte.

Mar sin de chuaigh muid a luí, ach chan a chodladh. Bhí Athair agus Máthair agus an tUasal Dussel ina ndúiseacht

an chuid is mó den oíche, agus níl mé ag déanamh áibhéile de nuair a deirim gur beag nach bhfuair mé néal ar bith. Ar maidin chuaigh na fir síos staighre le fáil amach an raibh an doras amach fós faoi ghlas, ach tá gach rud go breá!

Ar ndóigh, thug muid cuntas d'fhoireann na hoifige uile bomaite ar bhomaite ar an eachtra, nach raibh pléisiúrtha ar chor ar bith ach a mhalairt ar fad. Tá sé i bhfad níos fusa bheith ag déanamh gáire faoi na rudaí seo i ndiaidh dóibh tarlú, agus ba í Bep an t-aon duine a ghlac dáiríre lenár scéal.

Do chara dílis, Anne

IS. Ar maidin bhí an leithreas tachtá, agus b'éigean d'Athair cuaille fada adhmaid a shá isteach agus roinnt punt eiscreíde agus oideas súnna talún (a mbainimid úsáid astu faoi choinne páipéar leithris anois) a bhaint amach. Ina dhiaidh sin dhóigh muid an cuaille.

AN SATHARN, 27 MÁRTA 1943

A Kitty dhil,

Tá ár gcúrsa luathscríbhíne críochnaithe againn agus táimid ag obair ar an luas a fheabhsú. Nach muidne atá cliste! Lig dom níos mó a insint duit faoi mo chuid 'meilt ama' (is é seo a thugaim ar mo chúrsaí, mar is é an t-aon rud a dhéanaimid ná na laethanta a chur isteach a ghasta is féidir sa dóigh is go bhfuilimid níos cóngaraí do dheireadh ár gcuid ama anseo). Is breá liom an mhiotaseolaíocht, go háirithe déithe na Gréige agus na Róimhe. Síleann gach duine anseo nach bhfuil ann ach tallann a bhuail mé agus a imeoidh roimh i bhfad, ós rud é nár chuala siad riamh faoi dhéagóir a bhfuil suim aige sa mhiotaseolaíocht. Bhuel, is dócha gur mise an chéad duine!

Tá slaghdán ar an Uasal van Daan. Nó ba chóir dom a rá go bhfuil piachán ina ghlór, ach tá sé ag déanamh scéal an ghamhna bhuí de. Bíonn sé ag folcadh a chraois le tae fíogadán, cuireann clúdach thinctiúr miorr ar dhíon a bhéil

agus cuimlíonn Vick ar a bhrollach, ar a shrón, ar a dhrandail agus ar a theanga.

Mar bharr ar an donas, tá drochspionn air!

Thug Rauter, Gearmánach mór le rá, aitheasc le déanaí. ‘Ní mór do Ghiúdaigh uile bheith taobh amuigh de limistéir atá i seilbh na nGearmánach roimh 1 Iúil. Glanfar cúige Utrecht de na Giúdaigh [a rá is de gur ciaróga iad] idir 1 Aibreán agus 1 Bealtaine, agus cúigí i dTuaisceart agus i nDeisceart na hOllainne idir 1 Bealtaine agus 1 Meitheamh’. Tá na daoine bochta seo a gcúr chuig tithe salacha áir ar nós tréad bó tinn a ndearna neamart ann. Ach ní déarfaidh mé rud ar bith eile faoi sin. Tagann tromluí orm nuair a smaoiním air!

Is píosa amháin dea-scéil é gur chuir sabaitéirí an Malartán Oibre le thine. Roinnt laethanta níos moille cuireadh an Oifig Chláraithe le thine fosta. Lig fir orthu féin gur phóilíní Gearmánacha iad gur cheangail siad lámha na ngardaí agus gur sháigh siad gobán ina mbéal agus d’éirigh leo roinnt cáipéisí tábhachtacha a scriosadh.

Do chara dílis, Anne

AN DÉARDAOIN, 1 AIBREÁN 1943

A Kitty dhil,

Níl fonn cleasanna orm (féach an dáta thuas). A mhalairt atá fíor, inniu tig liom an nath a lua ‘Ní thagann drochscéal amháin leis féin’.

Sa chéad dul síos, bhí babhta eile oibriú-ghastraistéigeach rith fola ar an Uasal Kleiman, ár gcara na soininne, inné agus beidh air fanacht ina leaba go ceann trí seachtaine ar a laghad. Ba chóir dom insint duit go raibh a bholg ag cur isteach go mór air, agus nach bhfuil leigheas air. Sa dara dul síos, tá an flíú ar Bep. Sa tríú dul síos caithfidh an tUasal Voskuijl dul isteach san otharlann an tseachtain seo chugainn. Is dócha go bhfuil othras air agus go mbeidh air dul faoi scian. Sa cheathrú

dul síos, tháinig bainisteoirí Thionscal Pomosin ó Frankfurt chun seachadadh nua Opekta a phlé. Chuaigh Athair siar ar na pointí tábhachtacha leis an Uasal Kleiman, agus ní raibh go leor ama ann chun coimriú mion a thabhairt don Uasal Kugler.

Tháinig an fear as Frankfurt agus bhí Athair ar crith cheana féin agus é ag smaoineamh ar an dóigh a rachadh na cainteanna.

‘Dá mba rud é go dtiocfadh liom bheith ann, dá mba rud é go mbeinn thíos staighre,’ arsa sé de bheoghuth.

‘Gabh agus luigh síos agus cuir do chluas leis an urlár. Tabharfar chuig an oifig phríobháideach iad, agus beidh tú ábalta deireadh a chloisteáil.’

Tháinig dath ar ais ar aghaidh Athar agus maidin inné ar leath i ndiaidh a deich chuaigh Margot agus Pim (is fearr dhá chluas ná ceann amháin) chuig a n-ionad ar an urlár. Bhí na cainteanna críochnaithe ag meán lae, ach ní raibh sé de chumas ar Athair leanúint ar aghaidh lena fheachtas éisteachta. Bhí sé brúite i bpian ó bheith ina luí ar feadh na n-uaireanta an chloig ar dhóigh a bhí chomh míchompordach neamhchoitianta sin. Ar leath i ndiaidh a dó chuala muid guthanna sa phasáiste agus ghlac mé a áit; choinnigh Margot cuideachta liom. Bhí an comhrá chomh leadránach fadálach sin gur thit mé i mo chodladh ar an urlár crua lionóile. Ní raibh sé de mhisneach ag Margot baint díom ar eagla go gcluinfidís muid, agus ar ndóigh ní raibh sí ábalta béic a ligean aisti. Chodail mé ar feadh leathuaire ar a laghad agus mhúscail mé de léim, agus dearmad déanta agam den chomhrá thábhachtach. Ar ámháraí an tsaoil, thug Margot níos mó airde air.

Do chara dílis, Anne

A Kitty dhil,

Ó a Dhia, cuireadh rud eile le mo liosta peacaí. Aréir bhí mé i mo luí agus mé ag fanacht le hAthair mé a chlutharú sa leaba agus mo chuid paidreacha a rá liom, nuair a tháinig Máthair isteach sa seomra agus arsa sí go séimh, ‘A Anne, níl Daidí réidh. An éistfidh mise le do chuid paidreacha anocht?’

‘Ní éistfidh,’ a d’fhreagair mé.

D’éirigh Máthair, sheas in aice le mo leaba ar feadh bomaite agus ansin shiúil go mall i dtreo an dorais. Thiontaigh sí go tobann, a haghaidh crúpthaí aici leis an phian, agus arsa sí, ‘Níl mé ag iarraidh bheith feargach leat. Ní thig liom fiachadh a chur ort grá a bheith agat dom!’ Tháinig roinnt deor anuas a grua agus í ag dul amach an doras.

Luigh mé gan ghíog asam, agus mé ag smaoineamh ar a chruálaí a bhí sé domsa diúltú di, ach bhí a fhios agam fosta nach raibh sé ar mo chumas í a fhreagairt ar dhóigh ar bith eile. Ní thig liom bheith i mo dhuine fimíneach agus paidreacha a rá ina cuideachta nuair nach bhfuil fonn orm. Go díreach, ní mar sin a oibríonn sé. Bhí trua agam do Mháthair – trua mhór agam di – mar den chéad uair i mo shaol, mhothaigh mé nach raibh sí beag beann ar a fhuaire a bhí mé.

Chonaic mé an brón ar a haghaidh nuair a labhair sí faoin dóigh nach dtiocfadh léi fiachadh a chur orm grá a bheith agam di. Tá sé deacair, leis an fhírinne a dhéanamh, agus is é fírinne an scéil é gurb í féin a thug a droim dom. Is ise an duine a bhfuil na ráitis mhístuama agus na scéalta greannmhara cruálacha déanta aici nach gceapaim féin atá greannmhar agus a d’fhág mé neamh-mhothálach ar ghrá ar bith a léiríonn sí dom. Go díreach mar a thiteann an croí ionam gach uair dá gcluinnim a cuid focal cruálach, thit an croí inti nuair a thuing sí nach raibh grá ar bith eadrainn.

Bhí sí ag caoineadh ar feadh leath na hoíche agus ní bhfuair sí codladh ar bith. Tá Athair ag fanacht as m’amharc, agus

má tharlaíonn go mbuaileann a shúile le mo chuid, tig liom a chuid focal gan rá a léamh: ‘Cad é mar a thiocfadh leat bheith chomh míchineálta sin? Nach dána an mhaise duit é do mháthair a fhágáil chomh brónach sin!’

Tá gach duine ag dúil le go ngabhfaidh mé mo leithscéal, ní rud é a dtig liom mo leithscéal a ghabháil faoi, mar d’inis mé an fhírinne, agus is cinnte go bhfaigheadh Máthair amach luath nó mall. Dealraíonn sé go bhfuil mé beag beann ar dheora Mháthar agus ar sracfhéachaintí Athar, agus tá mé, de bhrí go bhfuil an bheirt acu anois ag mothú an dóigh ar mhothaigh mise riamh. Níl agam ach trua di, agus beidh uirthi socrú ar a dearcadh féin as a stuaim féin. Maidir liomsa, leanfaidh mé orm bheith i mo thost agus scoite, agus níl rún agam an fhírinne a sheachaint, mar dá fhaide a chuirtear ar an mhéar fhada í, is amhlaidh is deacra a bheas sé orthu glacadh léi nuair a chluinfear í!

Do chara, Anne

AN MHÁIRT, 27 AIBREÁN 1943

A Kitty dhil,

Tá an teach ar crith fós ó iarsma na n-argóintí. Tá fearg ar gach duine le gach duine eile: Máthair liomsa, an tUasal van Daan le hAthair, Máthair le Bean van D. Atmaisféar den scoth, nach síleann tú? Arís eile nochtadh gnáthliosta easpaí Anne go mór.

Tháinig ár gcuariteoirí Gearmánacha ar ais an Satharn seo caite. D’fhan siad go dtí a sé a chlog. Shuigh muid uile thuas staighre, gan de mhisneach againn cor a chur dinn. Mura bhfuil duine ar bith eile ag obair san fhoirgneamh nó sa chomharsanacht, tig leat gach aon choiscéim san oifig phríobháideach a chloisteáil. Tá seangáin i mo chuid fo-éadaí arís de bhrí go bhfuil orm suí gan bogadh asam chomh fada sin.

Tugadh an tUasal Voskuil chun an ospidéal, ach tá an tUasal Kleiman ar ais san oifig. D'inis sé dúinn go ndearna tuilleadh loite ar an Oifig Chláraithe de bhrí gur scaoil na fir dhóiteáin tuile uisce tríd an fhoirgneamh ar fad in ionad an tine a chur as go díreach. Tógann sé sin mo chroí!

Scríosadh Óstán an Carlton. Tháinig dhá eitleán Shasanacha a raibh ualach mór buamaí tine orthu anuas go díreach ar bharr Chlub na nOifigeach Gearmánach. Chuaigh an coirnéal sráide ar fad ag Vijzelstraat agus Singel le thine. Tá líon na n-aer-ruathar ar chathracha na Gearmáine ag dul i méad ar bhonn laethúil. Ní raibh oíche mhaith scíthe againn le fada, agus tá sprochaillí faoi mo shúile de cheal codlata.

Tá ár gcuid bia uafásach. Séard atá ann don bhricfeasta ná arán bán gan im agus caife ionaid. Séard a bhí ann don lón le coicís anuas ná spionáiste nó leitís bhruite agus prátaí móra a bhfuil blas milis leamha orthu. Má tá tú ag déanamh iarrachta meáchan a chailleadh, is é an tUrtheach an áit duit! Thuas staighre bíonn siad ag gearán go mór, ach ní cheapaimidne gur mór an tragóid í.

Glaodh na fir Ollannacha uile a throid nó a chuaigh ar shlógadh sa bhliain 1940 chun seirbhíse sna campaí do na cimí cogaidh. Cuirfidh mé geall leat go bhfuil siad ag déanamh faichille ar fhaitíos an ionraidh!

Do chara dílis, Anne

AN SATHARN, 1 BEALTAINE 1943

A Kitty dhil,

Bhí breithlám Dussel ann inné. Ar dtús chuaigh sé ar aghaidh a rá is de nach raibh sé ag iarraidh é a cheiliúradh, ach nuair a tháinig Miep agus mála mór a bhí ag cur thar maoil le bronnantais léi, bhí sé chomh tógtha le páiste beag. Chuir a thaisce 'Lotje' uibheacha, im, brioscaí, líomanáid, arán, coinneac, císte spíosraí, bláthanna, oráistí, seacláid,

leabhair agus paipéar scríbhneoireachta chuige. Chuir sé a chuid bronntanas ar mhullach a chéile ar thábla agus chuir ar taispeáint iad ar feadh trí lá ar a laghad, an seanamadán déanta!

Ná bí ag déanamh go bhfuil sé stiúgha ocrach. Tháinig muid ar arán, cháis, shubh mhilis agus uibheacha ina chófra. Is scéal náireach é go bhfuil Dussel, ar chaith muid go fial leis agus ar tháinig muid i dtarrtháil air, á líonadh féin gan fhios dúinn agus gan é ag tabhairt rud ar bith dúinne. I ndiaidh gach ní, roinn muid a raibh againn leis! Ach rud atá níos measa, dar linn, go bhfuil sé chomh sprionlaithe sin maidir leis an Uasal Kleiman, an Uasal Voskuijl agus le Bep. Ní thugann sé a dhath dóibh. Dar le Dussel, rachaidh na horáistí a bhfuil géarghá ag Kleiman leo dá bholg tinn chun sochair dá bholg féin níos mó fós.

Anocht bhí na gunnaí ag déanamh an oiread sin calláin go raibh orm mo chuid a bhailiú le chéile ceithre huaire. Inniu phacáil mé mála taistil le rudaí a bheadh de dhíth orm ar eagla go mbeadh orainn teitheadh, ach mar a dúirt Máthair agus an ceart aici, ‘Cá háit a rachfá?’

Tá pionós á chur ar mhuintir na hOllainne uile mar gheall ar stailc na n-oibrithe. Fógraíodh dlí airm, agus gheobhaidh gach duine dearbhán níos lú. A leithéid de pháistí dalba.

Nigh mé gruaig Mháthar tráthnóna, obair nach furasta na laethanta seo. Is éigean dúinn leacht tiubh greamaitheach a úsáid de bhrí nach bhfuil foltfholcadh ar bith eile ann. Ar a bharr sin, faigheann Mam dua lena cuid gruaige a scuabadh de bhrí nach bhfuil ach deich bhfiacail fágtha ag a cíor.

Do chara dílis, Anne

AN DOMHNACH, 2 BEALTAINE 1943

Nuair a smaoiním ar ár saol anseo, is gnách go dtagaim ar an tuairim go bhfuilimid inár gcónaí sna flathis inchurtha leis na

Giúdaigh nach bhfuil i gcró folaigh. Mar sin féin, níos moille, nuair a bheas gach rud mar ba chóir dó bheith, is dócha go n-amharcaidh mé siar ar an dóigh a dtiocfadh le daoine, a bhí ina gcónaí go teolaí dul chomh híseal sin, maidir le béasa, tá mé ag iarraidh a rá. Cuirim i gcás, tá an t-oléadach céanna ar an tábla bia ó tháinig muid anseo. I ndiaidh dúinn an oiread sin úsáide a bhaint as, ní déarfainn go bhfuil sé gan smál. Déanaim mo dhícheall é a ní, ach ós rud é gur ceannaíodh an cheirt soithí sula ndeachaigh muid i bhfolach agus ós rud é go bhfuil níos mó poll ná ceirte inti, is saothar in aisce é. Tá muintir van Daan ina gcodladh an geimhreadh ar fad ar an bhraillín chéanna déanta as cadáis, nach féidir a ní de bhrí go bhfuil ciondáil ar an phúdar níocháin. Ar a bharr sin, tá an púdar de dhéanamh chomh holc sin, nach fiú mórán é. Tá Athair ag siúl thart agus bríste smolchaite air, agus tá cuma smolchaite ar a charbhat chomh maith. Briseadh cóirséad Mháthar inniu agus ní thig é a dheisiú, agus tá Margot ag caitheamh cíochbhirt atá dhá mhéid róbheag di. Rinne Máthair agus Margot sealáíocht ar na trí veist chéanna an geimhreadh ar fad, agus tá mo chuidse chomh beag sin nach gclúdaíonn siad fiú mo bholg. Is rudaí iad seo uile a thig linn a shárú, ach déanaim mo mhachnamh in amanna: cad é mar is féidir linne, a bhfuil gach rud atá againn, ó mo chuid fo-éadaí go scuab bearrtha Athar chomh sean agus chomh smolchaite sin an stádas a bhí againn roimh an chogadh a fháil ar ais?

AN DOMHNACH, 2 BEALTAINE 1943

Dearcadh Áitritheoirí an Urthí i leith an Chogaidh.

An tUasal van Daan. Dar linn uile, tá léargas mór maith ag an fhear uasal seo a bhfuil urraim againn dó ar chúrsaí polaitíochta. Mar sin féin, tá sé ag tuar go mbeidh orainn fanacht anseo go deireadh na bliana '43. Is tamall iontach fada é, agus fós féin

is féidir fanacht anseo go dtí an t-am sin. Ach cé atá ábalta a insint dúinn go cinnte go mbeidh an cogadh seo, nár tharraing ach pian is anró, thart faoin am sin? Agus nach dtarlóidh rud ar bith dúinn nó dár gcuid cúntóirí i bhfad roimhe sin? Duine ar bith! Is é sin an fáth a mbíonn gach aon lá lán teannais. Gineann dóchas agus súil teannas, mar an gcéanna leis an eagla – cuir i gcás, nuair a chluinimid torann taobh istigh nó taobh amuigh den teach, nuair a scaoiltear na gunnaí nó nuair a léimid na ‘forógraí’ ar na páipéir nuachta, ós rud é go bhfuil eagla orainn go mbeidh sé d’fhiacha ár gcúntóirí féin dul i bhfolach am éigin. Tá gach duine ag caint ar dhul i bhfolach na laethanta seo. Níl a fhios againn go beacht líon na ndaoine atá i bhfolach; ar ndóigh, is líon réasúnta beag é inchurtha leis an daonra i gcoitinne, níos moille anonn tá mé cinnte de go mbainfear geit asainn faoi líon na ndaoine maithe san Ollainn a bhí toilteanach Giúdaigh agus Críostaithe, a raibh airgead acu agus nach raibh, a ghlacadh isteach ina gcuid tithe. Tá líon dochreidte daoine ann fosta a bhfuil cáipéisí aitheantais bréagacha acu.

Bean van Daan. Nuair a chuala an ghirseach óg galánta seo (a cuid focal féin) go raibh sé ag éirí níos fusa CA a fháil, mhol sí go ndéanfaí ceann do gach duine againn láithreach. A rá is de nach raibh stró ar bith i gceist, a rá is de go raibh airgead ina mhaiseoga ag Athair agus ag an Uasal van Daan.

Bíonn Bean van Daan i gcónaí ag rá na rudaí is amaidí amuigh, agus is minic a bhíonn a Putti curtha i mbarr a chéille. Ach ní iontas ar bith é sin, de bhrí gur fhógair Kerli lá, ‘Nuair a bhíonn sé seo uile thart, tá mé ag dul a fhéachaint chuige go mbaistfear mé’; agus an chéad rud eile, ‘A fhad agus is cuimhneach liom, ba mhaith liom dul go hIarúsailéim. Ní mhothaím sa bhaile ach go mbím i gcuideachta Giúdach eile!’

Is duine dóchasach i gcónaí é *Pim*, ach bíonn fáth leis i gcónaí.

Bíonn *an tUasal Dussel* ag cumadh leis de réir a chéile, agus beidh ar an duine atá ag iarraidh a Mhórgacht a bhréagnú athmhachnamh a dhéanamh air. I dteach Albert Dussel níl dul thar a fhocal, ach ní fhóireann sé sin do Anne Frank ar chor ar bith.

Is cuma cad é a shíleann baill eile theaghlach an Urthí faoin chogadh. Ó thaobh na polaitíochta de, níl san áireamh ach an ceathrar seo. Le fírinne, níl ach beirt acu san áireamh, ach áiríonn Bean van Daan agus Dussel iad féin ann fosta.

AN MHÁIRT, 18 BEALTAINE 1943

A Kitty dhil,

Chonaic mé comhrac fíochmhar le déanaí le mo shúile cinn idir píolótaí Gearmánacha agus píolótaí Sasanacha. Ar an drochuair, b'éigean do chúpla eitleoir de lucht an Chomhghuaillithe léim amach as a n-eitleán a bhí le thine. Chonaic fear an bhainne againn, a chónaíonn in Halfweg, ceathrar Ceanadach ina suí ar thaobh an bhealaigh mhóir, agus bhí Ollainnis líofa ag duine acu. D'iarr sé ar fhear an bhainne an mbeadh las aige dá thoitín, agus ansin d'inis dó go raibh seisear sa chriú. Dódh an píolóta beo beathach, agus bhí an cúigiú ball den chriú i bhfolach áit éigin. Tháinig Póilíní Slándála na Gearmáine chun an ceathrar eile a ghabháil, ní raibh duine ar bith acu gortaithe. I ndiaidh dó teacht anuas le paraisiút as eitleán a bhí le thine, cad é mar a choinnigh sé guaim air féin?

Cé go bhfuil sé thar a bheith te, caithfidimid tine a lasadh dara gach aon lá chun craiceann na nglasraí agus an bruscar a dhó. Ní thig linn rud ar bith a chur sna boscaí bruscair, ar eagla go bhfeicfeadh na fostaithe sa seomra stórais iad. Má dhéanaimid dearmad de bharr siléige, beidh ár gcosa nite!

Táthar ag iarraidh ar mhic léinn ollscoile uile ráiteas oifigiúil a shíniú a thugann le fios go bhfuil siad 'báúil leis na

Gearmanaigh agus leis an Ord Nua'. Tá sé socraithe ag ochtó faoin chéad acu bheith umhal d'ordú a meabhrach, ach beidh an pionós go holc. Cuirfear mac léinn ar bith a dhiúltaíonn an ráiteas a shíniú go campa oibre de chuid na nGearmánach. Cad é a bheas i ndán d'óige ár dtíre más gá dóibh uile obair chrua a dhéanamh sa Ghearmáin?

Aréir bhí na gunnaí ag déanamh an oiread sin trup gur dhruid Máthair an fhuinneog. Bhí mise i leaba Pim. Go tobann, díreach os ár gcionn, chuala muid Bean van D. ag éirí de phlab a rá is de gur bhain Mouschi plaic aisti. Leanadh é le bloc mór, agus shíl mé gur tháinig buama tine anuas in aice le mo leaba.

'Soilse, soilse!' arsa mé ag ligint screada asam.

Las Pim an lampa. Bhí mé ag déanamh go n-imeodh an seomra in aon bhladh amháin bomaite ar bith feasta. Níor tharla a dhath. Dheifriugh muid uile suas an staighre le fáil amach cad é a bhí ag dul a tharlú. Chonaic an tUasal van Daan agus a bhean solas dearg ag teacht fríd an fhuinneog agus shíl go raibh tine in aice láimhe, agus iad cinnte de go raibh ár dteach le thine. Bhí Bean van D. ina seasamh cheana féin in aice a leapa nuair a chualathas an bloc agus a dá ghlúin ag bualadh ar a chéile. D'fhan Dussel thuas staighre chun toitín a chaitheamh, agus chuaigh muid ar na ceithre boinn ar ais isteach sa leaba. Níos lú ná cúig bhomaite dhéag ina dhiaidh sin thosaigh an scaoileadh arís. D'éirigh Bean van D. as a leaba de léim agus síos an staighre léi chuig seomra an Uasail Dussel chun sólas a fháil uaidh, rud nach raibh sí ábalta a fháil óna céile fir. Chuir Dussel fáilte roimpi ag rá 'Tar isteach i mo leaba, a pháiste!'

Phléasc muid amach ag gáire, agus níor chuir scaoileadh na ngunnaí isteach orainn níos mó; scuabadh ar shiúl an eagla a bhí orainn.

Do chara dílis, Anne

A Kitty dhil,

Tá an dán a chum Athair do mo bhreithlá ródheas chun é a choinneáil dom féin.

Ós rud é nach scríobhann Pim a chuid véarsaí ach sa Ghearmáinis, ghlac Margot an dualgas uirthi féin é a aistriú go hOllainnis. Féach tú féin an dtig le Margot bheith bródúil aisti féin. Tosaíonn sé leis an ghnáthachóimre chéanna ar imeachtaí na bliana agus ansin mar seo a leanas:

*Mar an duine is óige, nach bhfuil beag níos mó,
Tig leat bheith deacair, agus is orainn atá an stró
Bheith i do thuistí, atá leadránach go leor.
'Ach, tá taithí againne, glac uaim é a stór!'
Rinne muid roimhe é, gan fadhb ar bith,
'Tá a fhios againn an dóigh, tuigimid an cluich'
Ó thus an tsaoil níor tháinig athrú ar bith.
Níl i do laigí féin, ach ábhar éadrom,
Ach do gach duine eile, tá an t-ábhar trom,
Is furasta bheith i do cháinteoir, agus muid in anchaoi,
Cé go ndéanann do thuistí iarracht, tá doiligh a chroí,
Caitheamh leat go cothrom, agus fosta go lách,
Is nós é an gearán nach n-imíonn go brách.
Agus tú ag cur fút le seanóirí mar atá, cad é an rogha
é?
Ach cur suas leis an chrá, tá sé deacair ach tá sé fíor.
Tá an piolla searbh, ach caithfear dul siar,
Chun an tsíocháin a choinneáil, an dtuigeann tú?
Ní raibh na míonna fada anseo curtha amú.
Ó tharlaíonn nach é sin an sórt duine thú.
Bíonn tú ag léamh agus an staidéar an lá ar fad
beagnach.
Chun an leadrán a chloí, tá tú díograiseach.
Is í an cheist is deacra, níos deacra le plé,*

*Ó cad é a chuirfidh mé orm, in ainm Dé?
Níl fo-éadaí agam, tá mo chuid éadaí rótheann
Is breid í mo veiste, dá bhfeicfeá Anne!
Caithfidh na méara a bhaint, chun bróga a chur orm
Ó a stór, tá mé cráite, nach orm atá an brón!’*

Bhí sé deacair ar Margot rím a dhéanamh leis an chuid faoi bhia, mar sin de tá mé á fhágáil ar lár. Ach seachas sin, nach síleann tú gur dán maith é?

I dtaca leis an chuid eile, tá mé millte ar fad agus fuair mé líon maith bronntanas galánta, leabhar maith ar an ábhar is ansa liom san áireamh, miotaseolaíocht na Gréige agus na Róimhe. Ní thig liom bheith ag gearán faoi easpa milseán ach an oiread; chuir gach duine a lámh isteach don chuid dheireanach a bhí i dtaisce acu. Mar Benjamin an Urthí fuair mé níos mó ná mar a bhí tabhaithe agam.

Do chara dílis, Anne

AN MHÁIRT, 15 MEITHEAMH 1943

A Kitty dhil,

Tharla a lán rudaí, ach is minic a cheapaim go bhfuil mé do do thuisriú leis an chlabaireacht gan éifeacht agus go mbeifeá lán chomh sásta níos lú litreacha a fháil. Mar sin de, coinneoidh mé an scéal gairid.

Ní dheachaigh an tUasal Voskuijl faoi scian mar gheall ar an othras sa deireadh. Nuair a bhí sé ar an tábla obráide ag na dochtúirí agus nuair a d’oscail siad é, chonaic siad go raibh ailse air. Bhí sé chomh holc sin nárbh fhiú dó dul faoi scian. Mar sin de dhruid siad le greimeanna é, choinnigh san ospidéal ar feadh trí seachtaine é agus chuir abhaile é. Ach rinne siad meancóg dho-mhaite: d’inis siad dó cad é go díreach a bhí i ndán dó. Ní thig leis bheith ag obair níos mó agus níl ann ach go mbíonn sé ina shuí sa bhaile, a ochtar páistí thart timpeall air agus é ag machnamh go brúite ar an bhás atá ag druidim

leis. Tá trua mhór agam dó agus is fuath liom nach dtig liom dul amach; nó thabharfainn cuairt air a mhinice a thiocfadh liom agus chuideoinn leis faoiseamh intinne a thabhairt dó. Anois ní thig leis an fhear mhaith insint dúinn cad é atá ag dul ar aghaidh sa teach stórais, atá ina thubaiste dúinn. Ba é an tUasal Voskuil an fhoinsé cuidithe agus tacaíochta ab fhearr dá raibh againn maidir le cúrsaí sábháilteachta. Cronaímid go mór é.

Is é an seal s’againne ár raidió a thabhairt do na húdaráis an mhí seo chugainn. Tá ceann beag ag an Uasal Kleiman faoi cheilt sa chistin sa bhaile agus tá sé á thabhairt dúinn chun áit ár gceann galánta Philips a ghlacadh. Is trua go gcaithfimid ár gceann mór a thabhairt isteach, ach nuair a bhíonn tú i bhfolach, ní ligfeadh an saol dúinn na húdaráis a thabhairt anuas sa mhullach orainn.

Ar ndóigh cuirfimid an raidió ‘beag’ thuas staighre. Cad é atá suntasach faoi raidió folaitheach nuair atá Giúdaigh fholaitheacha agus airgead folaitheach ann?

Ar fud na tíre tá daoine ag déanamh a ndíchill greim a fháil ar sheanraidió a thig leo a thabhairt isteach in ionad a ‘mbolscaire meanman’. Tá sé fíor: agus na tuairiscí ar an taobh amuigh ag dul in olcas i rith an ama, go gcuidíonn an raidió linn agus an guth iontach atá aige gan uchtach a chailleadh agus le hinsint dúinn féin, ‘Tóg cian díot féin, taispeáin an deamhianach, éireoidh rudaí níos fearr gan amhras!’

Do chara dílis, Anne

AN DOMHNACH, 11 IÚIL 1943

A Kitty dhil,

Le dul siar ar ábhar na tógála clainne (den mhíle uair), lig dom insint duit go bhfuil mé ag déanamh mo dhíchill le bheith cuidiúil, cairdiúil agus cineálta agus a bhfuil mé in ann a dhéanamh chun an fhearthainn lochtach a choinneáil ina

ceobhrán. Níl sé furasta ag iarraidh bheith i do pháiste gan locht le daoine nach dtig leat cur suas leo, go háirithe nuair nach dtagann sé ón chroí. Ach tig liom a fheiceáil go n-éiríonn níos fearr le giota beag fimíneachta ná leis an tseandóigh a bhí agam gur dhúirt mé go díreach an rud a bhí ar m'intinn (cé nach n-iarrann duine ar bith mo bharúil orm agus iad beag beann orm). Ar ndóigh, is minic a dhéanaim dearmad ar an ról atá agam agus tá sé deacair orm srian a choinneáil ar mo theanga nuair a bhíonn siad míchothrom, mar sin de caitheann siad an chéad mhí eile ag rá gur mise an ghirseach is sotalaí ar domhan. Nach síleann tú gur mór an díol trua mé in amanna? Is maith an rud é nach mbím ag gearán, mar b'fhéidir go n-éireoinn searbh agus confach. Tig liom an taobh greannmhar dá gcuid cáintí a fheiceáil, ach is fusa nuair a thugtar casaoid do dhuine éigin eile.

Rud eile de, shocraigh mé (i ndiaidh cuid mhór machnaimh) éirí as an luathscríbhinn. Sa chéad dul síos ionas go mbeidh níos mó ama agam do na hábhair eile, agus sa dara dul síos, mar gheall ar mo shúile. Is scéal brónach é sin. D'éirigh mé iontach gearr-radharcach agus ba chóir go raibh speaclaí agam fadó ó shin. (Ó, nach mbeidh cuma amaideach ormsa!) Ach mar atá a fhios agat, ní thig le daoine atá i bhfolach...

Inné ní thiocfadh le duine ar bith labhairt faoi rud ar bith eile seachas súile Anne, de bhrí gur mhol Máthair go rachainn chuig radharc-eolaí le Bean Kleiman. Is beag nár thit mé i laige nuair a chuala mé sin, ó tharlaíonn nach ábhar gan tábhacht é. Ag dul amach! Smaoinigh air, ag siúl síos an *tsráid!* Ní thig liom é a shamhailt. Bhí eagla mo chraicinn orm ar dtús, agus ansin áthas orm. Ach níl sé chomh furasta sin; ní raibh na húdaráis éagsúla a thugann cead dá leithéid ábalta cinneadh gasta a dhéanamh.

B'éigean dóibh ar dtús na deacrachtaí agus na priacail uile a mheas, cé go raibh Miep réidh le himeacht agus mise ar théad aici. Idir an dá linn, bhain mé mo chóta liath as an almóir, ach

bhí sé chomh beag sin go raibh an chuma air go mb'fhéidir gur le mo dheirfiúr bheag é. D'ísligh muid an fháithim, ach fós féin ní raibh mé ábalta na cnáipí a cheangal. Tá mé iontach fiosrach le fáil amach cad é an socrú a bheas acu, cé nach sílim go n-oibreoidh siad amach plean choíche, de bhrí gur bhain na Sasanaigh an tSicil amach agus tá Athair ag déanamh go mbeidh 'deireadh gasta' leis.

Thug Bep cuid mhór obair oifige domsa agus do Margot. Mothaímid beirt tábhachtach agus is mór an cuidiú di é. Tig le duine ar bith litreacha a chur i gcomhad agus díolacháin a chlárú, ach déanaimid é chomh cruinn beacht sin.

Tá an oiread sin le hiompar ag Miep go bhfuil sí cosúil le hasal a bhfuil dath an bháis air. Téann sí amach beagnach gach lá ar lorg glasraí, agus ansin tagann sí ar ais ar a rothar agus na rudaí a cheannaigh sí i málaí móra siopadóireachta. Is ise an duine fosta a thugann cúig leabhar ón leabharlann léi gach Satharn. Is fada linn teacht an tSathairn, mar ciallaíonn sé sin go mbeidh leabhair ann. Táimid dála dream páistí a bhfuil bronntanas acu. Ní thuigeann an gnáthdhuine a thábhachtaí atá na leabhair do dhuine atá cuachta istigh. Is iad an léitheoireacht, an staidéar agus éisteacht leis an raidió an t-aon chaitheamh aimsire atá againn.

Do chara dílis, Anne

AN MHÁIRT, 13 IÚIL 1943

An Tábla Beag Is Fearr

Tráthnóna inné thug Athair cead dom iarraidh ar an Uasal Dussel an mbeadh sé chomh maith sin is go dtabharfadh sé cead dom (an bhfeiceann tú a bhéasaí atá mé?) an tábla beag inár seomra a úsáid dhá thráthnóna in aghaidh na seachtaine, óna ceathair go dtí leath i ndiaidh a cúig. Bím i mo shuí aige cheana féin ó leath i ndiaidh a dó go dtí a ceathair nuair a

dhéanann Dussel dreas codlata, ach an chuid eile den am bíonn an seomra agus an tábla thar teorainn dom. Tá sé dodhéanta bheith ag staidéar béal dorais tráthnóna, de bhrí go bhfuil barraíocht ag dul ar aghaidh. Ar a bharr sin, is maith le hAthair bheith ina shuí ag an deasc tráthnóna.

Mar sin de, bhí cuma réasúnta ar an iarratas, agus d'iarr mé air go béasach é. Cad é an freagra a bhí ag an fhear léannta i do bharúil féin? ‘Ní thig.’ Go díreach ‘Ní thig’!

Bhí mé le ceangal agus ní raibh mé ag dul a ligint dom féin bheith curtha ó dhoras mar sin. Chuir mé ceist air cén fáth ar dhúirt sé ‘Ní thig’, ach ní dhearna mé aon dhul chun cinn ansin. Ba é an bunús a bhí lena fhreagra ná: ‘Caithfidh mise bheith ag staidéar fosta, bíodh a fhios agat, agus mura dtig liom é sin a dhéanamh tráthnóna, ní bheidh mé ábalta í a oibriú isteach ar chor ar bith. Caithfidh mé an tasc a chuir mé romham a chríochnú; nó ní fiú tús a chur leis. Cibé ar bith, níl tú dáiríre faoi do chuid staidéir. Miotaseolaíocht – cén cineál oibre í sin? Níl an léitheoireacht ná an chnótáil san áireamh ach oiread. Bainim úsáid as an tábla sin agus níl mé ag dul a éirí as!’

D’fhreagair mé, ‘a Uasail Dussel, glacaim mo chuid oibre dáiríre. Ní thig liom bheith ag staidéar béal dorais tráthnóna, agus bheinn faoi chomaoin agat dá ndéanfá athmhachnamh ar m’iarratas!’

Agus na focail seo ráite agam, thiontaigh an Anne ar tugadh masla di thart agus lig uirthi nach raibh an dochtúir léannta ansin. Bhí mé ar an daoraí agus mhothaigh mé go raibh Dussel iontach drochmhúinte (rud a bhí fíor gan amhras) agus go raibh mé féin iontach múinte.

An tráthnóna sin, nuair a d’éirigh liom greim a fháil ar Pim, d’inis mé dó cad é a tharla agus phléigh muid cad é an chéad rud eile ba chóir dom a dhéanamh, de bhrí nach raibh lá rúin agam éirí as agus de bhrí gurbh fhearr liom féin déileáil leis an ábhar. Thug Pim barúil éigin dom ar an dóigh is fearr le dul

chuig Dussel, ach mhol dom fanacht go dtí an lá dár gcionn, ó tharla go raibh mé chomh tógtha sin. Rinne mé neamhaird den chomhairle sin agus d’fhan mé le Dussel i ndiaidh dom an obair níocháin a dhéanamh. Bhí Pim ina shuí sa seomra béal dorais agus chuir sé sin foighne ionam.

Thosaigh mé, ‘a Uasail Dussel, is cosúil go gcreideann tú nach fiú tuilleadh plé a dhéanamh ar an ábhar seo, ach impím ort athmhachnamh a dhéanamh air.’

Tháinig aoibh aoibhinn ar aghaidh Dussel agus dúirt, ‘bím i gcónaí sásta an t-ábhar a phlé, cé go bhfuil sé socraithe cheana féin.’

Choinnigh mé orm ag labhairt, in ainneoin go raibh Dussel de shíor ag cur isteach orm. ‘Nuair a tháinig tú anseo ar dtús,’ arsa mise, ‘d’aontaigh muid go raibh an seomra le bheith roinnte ar an bheirt againn. Dá ndéanfaimis socrú cothrom, bheadh an mhaidin ar fad agat agus bheadh an tráthnóna ar fad agamsa! Níl mé ag iarraidh an oiread sin fiú, ach tá cuma réasúnta ar dhá thráthnóna sa tseachtain dar liom.’

D’éirigh Dussel óna chathaoir de léim a rá is de gur shuigh sé ar bhiorán. ‘Níor chóir duitse bheith ag caint ar do chearta maidir leis an seomra. Cá háit ar chóir domsa dul? B’fhéidir gur chóir dom iarraidh ar an Uasal van Daan caochóg a thógáil dom san áiléar. Ní tusa an t-aon duine amháin nach bhfuil ábalta áit chiúin a aimsiú chun obair a dhéanamh. Bíonn tú i gcónaí ag iarraidh troda. Dá dtiocfadh do dheirfiúr Margot chugam, a bhfuil áit oibre tuillte aici níos mó ná agatsa agus an t-iarratas céanna aici, ní smaoinéoinn choíche diúltiú di, ach duitse...’

Agus arís eile thóg sé ceist na miotaseolaíochta agus na cniotála, agus arís eile maslaíodh Anne. Níor lig mé orm a dhath, áfach, agus lig mé do Dussel críochnú: ‘Ach faraor, ní fiú bheith ag caint leat. Tá tú leithleasach gan náire. Is cuma faoi dhuine ar bith eile, ionas go bhfaighidh tú do bhealach féin. Ní fhaca mé riamh a leithéid de pháiste, ach i ndeireadh

na dála, is éigean dom ligint duit do bhealach féin a fháil, ó tharlaíonn nach mbeidh sé le rá ag duine ar bith níos moille anonn gur theip ar Anne Frank ina cuid scrúduithe de bhrí gur dhiúltaigh an tUasal Dussel scaradh leis an tábla!’

Chuaigh sé ar aghaidh agus ar aghaidh go dtí go raibh díle focal ann agus gur ar éigean a bhí mé in ann coinneáil suas. Ar feadh bomaite bhig bhídigh amháin smaoinigh mé, ‘Éisean agus a chuid bréag. Tabharfaidh mé buille chomh láidir sin dá aghaidh ghránna go mbeidh sé ag preabadh ar an bhalla!’ Ach an chéad bhomaite eile smaoinigh mé, ‘Socraigh síos, ní fiú éirí tógtha mar gheall air!’

Sa deireadh thiar thall, bhí fearg an Uasail Dussel cloíte, d’fhág sé an seomra agus cuma chaithréimeach agus meascán d’fhraoch ar a aghaidh, agus pócaí a chóta i riocht a réabtha le bia.

Chuaigh mé de rith anonn chuig Athair gur inis mé an scéal iomlán dó, nó ar a laghad na píosaí nach raibh sé féin ábalta coinneáil suas leo. Shocraigh Pim go labhródh sé le Dussel an tráthnóna céanna, agus labhair siad ar feadh níos mó ná leathuair an chloig. Phléigh siad ar dtús ar chóir go raibh cead ag Anne úsáid a bhaint as an tábla, ba chóir nó níor chóir. Dúirt Athair gur phléigh sé féin agus Dussel an t-ábhar uair amháin roimhe agus gur chuir sé i gcéill gur aontaigh sé leis an Uasal Dussel de bhrí nach raibh sé ag iarraidh éitheach a thabhairt don seanóir os comhair an duine óig, ach fiú ag an am sin, gur shíl sé nach raibh sé cothrom. Mhottaigh Dussel nach raibh sé de cheart agam labhairt leis a rá is de go raibh sé ina bhuirgléir sa teach agus go raibh sé ag iarraidh a raibh ann a ghlacadh ina sheilbh. Ach chuir Athair suas dó go láidir, ó tharla nár chuala sé féin mé ag rá a leithéid de rud. Agus mar sin chuaigh an comhrá anonn is anall, Athair ag déanamh cosanta ar mo chuid ‘leithleachais’ agus ‘mo chuid imeachtaí gan mhaith’ agus Dussel ag gearán i rith an ama.

B'éigean do Dussel tabhairt suas sa deireadh, agus tugadh an deis dom bheith ag obair gan cur isteach dhá thráthnóna sa tseachtain. Bhí cuma iontach dúr ar Dussel, níor labhair liom ar feadh cúpla lá agus rinne cinnte de go raibh sé ina shuí ag an tábla óna cúig go dtí leath i ndiaidh a cúig – é iontach leanbaí ar fad, ar ndóigh.

Ní thioctaidh athrú ar dhuine ar bith atá chomh suarach agus chomh saothíneach ag ceithre bliana is caoga d'aois agus is léir gur rugadh ar an dóigh sin é.

AN AOINE, 16 IÚIL 1943

A Kitty dhil,

Bhí briseadh isteach eile ann, ach fíorcheann an iarraidh seo! Chuaigh Peter síos chuig an seomra stórais ar maidin ar a seacht, mar is gnách, agus thug faoi deara go raibh doras an tseomra stórais agus doras na sráide araon oscailte. D'inis sé é seo láithreach do Pim, a chuaigh chuig an oifig phríobháideach gur aimsigh stáisiún raidió Gearmánach agus ansin chuir sé an doras faoi ghlas. Ansin chuaigh siad beirt suas an staighre arís. Tugtar orduithe dúinn nuair a tharlaíonn a leithéid 'gan muid féin a ní nó uisce a rith, bheith ciúin, bheith gléasta ar a hocht a chlog agus gan dul chuig an leithreas', agus mar is gnách chomhlíon muid iad go huile is go hiomlán. Bhí muid uile chomh sásta sin gur chodail muid go maith agus nár chuala muid rud ar bith. Bhí muid feargach ar feadh tamaill de bhrí nár tháinig duine ar bith ón oifig aníos an staighre an mhaidin ar fad; bhí muid faoi inmí go dtí leath i ndiaidh a haon déag. Dúirt sé gur bhrúigh na buirgléirí an doras ar an taobh amuigh agus doras an tseomra stórais le barra iarainn, ach nuair nár tháinig siad ar rud ar bith arbh fhiú dóibh a ghoid, chuaigh siad sa seans ar an chéad urlár eile. Ghoid siad dhá bhosca airgid a raibh daichead guldán iontu, seiceanna glana, agus níos measa ná rud ar bith eile, dearbháin do thrí chéad tríocha

punt siúcra, ár gcuid ar fad. Ní bheidh sé furasta cinn nua a aimsiú gan seiftiúlacht.

Síleann an tUasal Kugler go bhfuil an buirgléir seo bainteach leis an dream chéanna a rinne iarracht gan rath na trí dhoras uile a oscailt tá sé seachtaine ó shin (doras an tseomra stórais agus an dá dhoras ar an taobh amuigh).

Thóg an buirgléir raic eile, ach is cosúil gurb é buaic an Urthí é. Ar ndóigh, bhí áthas orainn go raibh an scipéad agus na clóscríobháin slán sábháilte faoi cheilt san almóir againn.

Do chara dílis, Anne

IS. Ag teacht isteach sa tSicil. Céim eile níos cóngaraí don...!

AN LUAN, 19 IÚIL 1943

A Kitty dhil,

Rinneadh buamáil throm ar Thuaisceart Amstardam Dé Domhnaigh. Rinneadh léirscrios de réir dealraimh. Rinneadh seanbhallóga de shráideanna iomlána, agus glacfaidh sé tamall fada orthu na coirp uile a thochailt. Go dtí seo, maraíodh dhá chéad duine agus gortaíodh líon do-áirithe eile. Tá na hotharlanna ag cur thar maoil. Insíodh dúinn faoi pháistí a bhí ag cuardach a dtuismitheoirí marbha sna seanbhallóga smolchaite gan dóchas ar bith. Cuireann sé créachtaí fuachta ionam go fóill nuair a smaoiním ar an dordán bhodhar i gcéin a thug le fios go raibh an léirscrios ar a bhealach.

AN AOINE, 23 IÚIL 1943

Tá Bep ábalta teacht ar chóipleabhair faoi láthair, go háirithe ar leabhair chúnta agus ar chlárleabhair, atá an-úsáideach do mo dheirfiúr an cuntasóir! Tá cinn eile ar díol fosta, ach ná fiafraigh díom cad é an chuma atá orthu nó cá fhad a mhairfidh siad. Faoi láthair tá lipéad orthu uile ‘Níl Dearbháin De Dhíth’! Dála gach rud eile a thig leat a cheannach gan

stampaí ciondála, ní fiú a dhath iad. Tá dhá leathanach liatha déag ann agus línte cúnga ag dul trasna an leathanaigh ar fiar. Tá Margot ag smaoineamh ar chúrsa a dhéanamh sa pheannaireacht bhreá; mhol mé di dul ar aghaidh agus é a dhéanamh. Ní ligfidh Máthair dom mar gheall ar mo shúile, ach sílim go bhfuil sé sin amaideach. Cibé acu a dhéanaim sin nó rud éigin eile, bíonn an toradh céanna air.

Ó tharlaíonn nár mhair tú in aimsir an chogaidh riamh, a Kitty, agus ó tharlaíonn gur beag an taithí atá agat ar an saol faoi cheilt, in ainneoin mo chuid litreacha, ceadaigh dom insint duit, ar mhaithe leis an ghreann, cad é ba mhaith le gach duine againn a dhéanamh nuair a bheimid ábalta dul amach arís.

Ba mhian le Margot agus leis an Uasal van Dann, thar rud ar bith eile, go mbeadh folcadán te acu, líonta chuig an bharr, a dtig leo luí siar ann go ceann níos mó ná leathuair an chloig. Ba bhreá le Bean van Daan císte, ní thig le Dussel smaoineamh ar rud ar bith eile seachas a Charlotte a fheiceáil, agus tá Máthair ar bís cupán fíorchaife a fháil. Ba mhaith le hAthair cuairt a thabhairt ar an Uasal Voskuijl, rachadh Peter go lár an bhaile, agus maidir liom féin, bheadh altú na lámh suas agam agus ní bheadh a fhios agam cá háit a dtosóinn.

Thar rud ar bith eile tá mé ag tnúth go mór le teach dár gcuid féin a bheith againn, le bheith ábalta siúl thart gan cosc ar bith agus le go mbeidh duine éigin ann chun cuidiú liom le mo chuid obair baile, faoi dheireadh. Lena rá ar dhóigh eile, le dul ar ais ar scoil!

Thairg Bep go bhfaigheadh sí roinnt torthaí dúinn, ar lacáistí mar a thugtar orthu: fíonchaora 2.50 guldán an punt, spíonáin ar 70 cent an punt, péitseog amháin 50 cent, mealbhacáin 75 cent an punt. Ní iontas ar bith é go mbaineann na páipéir nuachta úsáid as cló mór ramhar chun gach rud a scríobh: ‘Bí Cothrom agus Coinnigh na Praghsanna Íseal’!

A Kitty dhil,

Lá clamprach a bhí ann inné agus táimid uilig tógtha go fóill. Le fírinne, tig leat smaoinemh duit féin an dtéann lá ar bith thart gan clampar éigin.

Chualathas an chéad rabhadh ón bhonnán ar maidin agus muid ag ithe bricfeasta, ach níor thug muid aird ar bith air, de bhrí nach raibh ann ach go raibh na heitleáin ag trasnú an chósta. Bhí pian mhillteanach i mo cheann, mar sin de luigh mé síos ar feadh uair an chloig i ndiaidh an bhricfeasta agus ansin chuaigh mé chuig an oifig i dtrátha a dó. Ar leath i ndiaidh a dó chríochnaigh Margot a cuid obair oifige agus bhí sí go díreach ag bailiú a cuid rudaí le chéile nuair a chualathas caoineadh na mbonnán arís. Mar sin de chuaigh mé féin agus í féin de shodar suas an staighre. Is cosúil nach raibh muid bomaite róluath, mar níos lú ná cúig bhomaite ina dhiaidh sin bhí trup na ngunnaí le cloisteáil chomh hard sin gur sheas muid sa phasáiste. Chuaigh an teach ar crith agus choinnigh na buamaí ag teacht anuas. Bhí greim an fhir bháite agam ar mo ‘mhála éalaithe’, ba é an fáth a bhí leis go raibh mé ag iarraidh greim a fháil ar rud éigin níos mó ná mar a bhí mé ag iarraidh éalú. Tá a fhios agam nach dtig linn an áit seo a fhágáil, ach dá mba rud é go gcaithfid, bheadh sé lán chomh contúirteach bheith amuigh ar na sráideanna agus a bheadh sé agus muid gafa in aer-ruathar. I ndiaidh leathuaire, maolaíodh ar dhordán na n-inneall agus bhí fuadar faoi na daoine sa teach arís. Tháinig Peter amach as a thúr faire san áiléar tosaigh, d’fhan Dussel san oifig tosaigh, mhothaigh Bean van D. gurbh í an oifig phríobháideach an áit is sábháilte. Bhí an tUasal van Dann ag faire ón áiléar agus bhímidne ar an landair ag amharc amach ar na colúin toite a bhí ag éirí aníos ón chuan. Bhí boladh toite le sonrú gach áit roimh i bhfad, agus ar an taobh amuigh bhí an chuma ar an chathair go raibh sí clúdaithe le ceo trom.

Ní radharc deas é tine mhór mar sin, ach ar an dea-uair dúinne bhí sé uile thart agus chuaigh muid ar ais chuig ár bpoist éagsúla. Go díreach agus muid ag cur tús leis an dinnéar, chualathas aláram aer-ruathair eile. Bhí an bia maith, ach chaill mé mo ghoile an bomaite a chuala mé an t-aláram. Níor tharla a dhath, áfach, agus i ndiaidh cúig bhomaite is daichead bhí an chontúirt thart. I ndiaidh níochán na soithí, bhí rabhadh aer-ruathair eile ann, scaoileadh na ngunnaí agus scaoth eitleán. ‘Ó a Dhia, dhá uair taobh istigh de lá amháin,’ shíl muid gur ‘barraíocht a bhí ann faoi dhó.’ Ba bheag ab fhiú dúinn é, de bhrí gur tháinig na buamaí anuas arís ina gceathanna, ar an taobh eile den chathair an iarraidh seo. De réir thuairiscí na Sasanach, tháinig buamaí anuas ar Aerfort Schiphol. Bhí na heitleáin ag tumadh agus ag éirí in airde, bhí an t-aer líonta le dordán na n-inneall. Bhí sé iontach scanrúil, agus i rith an ama ar fad choinnigh mé orm ag smaoineamh dom féin, ‘Seo ag teacht anois é, seo é an deireadh.’

Deirimse leat nuair a chuaigh mé a luí ar a naoi, bhí mo chosa fós ar crith. Ar bhuille an mheán oíche, músclaíodh arís mé, tuilleadh eitleán! Bhí Dussel ag baint a chuid éadaí de, ach níor chuir mé sonrú ann agus d’eirigh mé de léim amach as an leaba, iomlán múscailte, le scaoileadh an chéad urchair. D’fhan mé i leaba Athar go dtí a haon, i mo leaba féin go dtí leath i ndiaidh a haon, agus bhí mé ar ais i leaba Athar ar a dó. Ach choinnigh na heitleáin orthu ag teacht. Sa deireadh thiar stad siad de bheith ag scaoileadh agus bhí mé ábalta dul ar ais ‘abhaile’ arís. Thit mo néal orm sa deireadh ar leath i ndiaidh a dó.

A seacht a chlog. Mhúscail mé de phreab agus shuigh mé siar ar an leaba. Bhí an tUasal van Daan le hAthair. Ba é ‘burgléirí’ an chéad rud a rith liom. ‘Gach rud,’ chuala mé an tUasal van Daan a rá, agus shíl mé gur goideadh gach rud. Ach níor goideadh, scéal iontach a bhí ann an iarraidh seo, an scéal ab fhearr dá raibh againn le míonna anuas, b’fhéidir fiú

ó thosaigh an cogadh. D'éirigh Mussolini as oifig agus bhí an rialtas faoi riail Rí na hIodáile.

Bhí altú na lámh suas againn. I ndiaidh na ndrochrudaí a tharla inné, sa deireadh tarlaíonn rud éigin maith agus tugann sé leis ... dóchas! Dóchas go dtiocfaidh deireadh leis an chogadh, dóchas na síochána.

Bhuail an tUasal Kugler isteach agus d'inis dúinn gur buaileadh monarcha na n-eitleán Fokker go holc. Idir an dá linn, bhí aláram aer-ruathair eile ann ar maidin, agus eitleáin ag dul os ár gcionn, agus bonnán rabhaidh eile. Tá mé tinn tuirseach de na halárim. Is beag a chodail mé, agus is é an obair an rud is faide siar ar mo choigeal. Ach anois is é tinneall sheasamh na hIodáile maidir leis an chogadh agus an dóchas go mbeidh an cogadh thart faoi dheireadh na bliana atá dár gcur ó chodladh.

Do chara, Anne

AN DÉARDAOIN, 29 IÚIL 1943

A Kitty dhil,

Bhí Bean van Daan, Dussel agus mé féin ag glanadh suas, agus bhí mé iontach ciúin. Tá sé seo iontach neamhchoitianta domsa agus is cinnte go dtabharfadh siad faoi deara é, mar sin chun ceisteanna ar bith a sheachaint, thuirsig mé m'inchinn chun ábhar neodrach a fháil. Shíl mé go mbeadh an leabhar *Henry from Across the Street* breá fóirsteanach, ach mheath mo bharúil orm; mura dtugann Bean van Daan aghaidh an chraois orm tugann an tUasal van Daan aghaidh an chraois orm. Is é seo bun agus barr an scéil: mhol an tUasal Dussel an leabhar do Margot agus domsa mar shampla de scríbhneoireacht den scoth. Shíl muid nach raibh sé maith, cibé ar bith eile a bhí air. Tugadh léiriú maith ar an ghasúr bheag, ach maidir leis an chuid eile... dá laghad cainte a dhéanfar air is ea is fearr.

Luaigh mé rud éigin mar sin agus muid ag glanadh suas, agus rinne Dussel sciolladh fíochmhar orm.

‘Cad é mar is féidir leat síceolaíocht an fhir a thuigbheáil? Más páiste é níl sé chomh deacair sin [!]. Ach tá tusa i bhfad ró-óg le leabhar mar sin a léamh. Ní bheadh fear fiche bliain d’aois fiú ábalta é a thuigbheáil.’ (Cén fáth mar sin a ndeachaigh sé as a bhealach chun an leabhar a mholadh do Margot agus domsa?)

Lean Bean van D. agus Dussel ar aghaidh lena n-óráid: ‘Tá barraíocht ar eolas agat ar rudaí nár chóir go mbeadh eolas agat orthu. Tógadh go mícheart thú. Amach anseo, nuair a bheas tú níos sine, ní bheidh tú ábalta sult a bhaint as rud ar bith níos mó. Déarfaidh tú, “Ó léigh mé sin tá fiche bliain ó shin i leabhar éigin.” Beidh ort deifir a dhéanamh má tá tú ag iarraidh fear céile a fháil nó titim i ngrá, ó tharlaíonn gur cinnte go mbeidh díomá ort le gach rud. Tá a fhios agat cheana féin a bhfuil de dhíth ort go teoiriciúil. Ach go praiticiúil? Sin scéal eile!’

An dtig leat a shamhailt an dóigh ar mhothaigh mé? Chuir mé iontas orm féin a rá go séimh, ‘B’fhéidir go síleann tú nár tógadh mar is ceart mé, ach tá neart daoine ann nach n-aontódh leat!’

Is cosúil go síleann tú gurb ionann tógáil mhaith clainne agus mé a chur in éadan mo thuismitheoirí, ó tharlaíonn gurb é sin á ndéanann siad. Agus ar ndóigh tá sé go breá gan insint do ghirseach ar an aois s’agamsa faoi chúrsaí do dhaoine fásta. Tig linn uile a fheiceáil an toradh a bheas air nuair a thógtar daoine ar an dóigh sin.

Ag an bhomaite sin thiocfadh liom buille a thabhairt don bheirt acu as bheith ag spochadh asam. Bhí mé ar an daoraí, agus dá mbeadh a fhios agam cá fhad eile a bheadh orainn cur suas le cuideachta a chéile, thosóinn a áireamh na laethanta.

Is maith an té í Bean van Daan ag tabhairt achasáin dom! Tugann sí sampla ceart go leor, drochshampla! Tá an clú

amuigh uirthi gur duine í a bhrúnn í féin chun cinn, gur duine féinspéisíoch, glic, fadbhreathnaitheach í agus nach mbíonn sí sásta in am ar bith. Cuir baois agus péacach leis sin agus níl amhras ar bith faoi: ach gur duine suarach amach is amach í. Thiocfadh liom leabhar iomlán a scríobh faoi Bhean van Daan, agus cá bhfios, b'fhéidir go scríobhfainn lá éigin. Tig le duine ar bith aghaidh aoibhinn a chur air féin nuair is mian leis, go háirithe na fir, mar sin de tá sé furasta meancóg a dhéanamh nuair a chuireann tú aithne uirthi den chéad uair. Síleann Máthair go bhfuil Bean van Daan róbhómánta le cur síos a dhéanamh uirthi, síleann Margot go bhfuil sí gan tábhacht ar bith, síleann Pim go bhfuil sí róghrána (go liteartha agus go fiortha!) agus i ndiaidh breathnaithe mhóir (ní bhím claonta ag an tús in am ar bith), tháinig mé ar an tuairim go bhfuil na trí rud thuasluaite fóirsteanach di, agus cuid mhór eile ar a bharr sin. Tá an oiread sin drochthréithe inti, cad chuige ar chóir dom díriú go díreach ar cheann amháin acu?

Do chara dílis, Anne

IS. An nglacfaidh an léitheoir san áireamh gur scríobhadh an scéal seo sular mhaolaigh fearg an scríbhneora?

AN MHÁIRT, 3 LÚNASA 1943

A Kitty dhil,

Tá ag éirí go maith le rudaí ó thaobh na polaitíochta de. Chuir an Iodáil cosc ar Pháirtí na bhFaisistithe. Tá na daoine ag troid in éadan na bhFaisistithe i gcuid mhór áiteacha – tá an t-arm fiú páirteach sa troid. Cad é mar a thig le tír mar sin cogadh a chur ar Shasana?

Tugadh ár raidió galánta ar shiúl an tseachtain seo caite. Bhí fearg an domhain ar Dussel leis an Uasal Kugler gur thug sé isteach é ar an lá a bhí leagtha amach. Tá mo mheas ar an Uasal Dussel ag dul i laghad i rith an ama, agus tá sé faoi náid cheana féin. Tá a bhfuil le rá aige faoi chúrsaí polaitíochta,

staire, tíreolaíochta nó faoi rud ar bith eile chomh hamaideach sin gur ar éigean a thig liom é a athrá: imeoidh Hitler ó na leabhair staire; tá an cuan in Rotterdam níos mó ná an ceann in Hamburg; is amadáin iad na Sasanaigh nár thapaigh siad an deis an Iodáil a bhuamáil ina smidiríní; srl.,srl.

Táimid díreach i ndiaidh an tríú haer-ruathar a chloisteáil. Shocraigh mé na fiacla a ghearradh agus an chrógacht a chleachtadh.

Is í Bean van Daan, an duine a deir i gcónaí ‘Lig dóibh titim’ agus ‘Is fearr go gcuirfear deireadh leis le pléasc ná gan deireadh ar bith a bheith leis’ an cladhaire is mó inár measc. Bhí sise ar bharr amháin creatha le heagla ar maidin agus phléasc sí amach ag caoineadh fiú. Thóg a fear cian di, ar fhógair sí sos cogaidh leis le déanaí i ndiaidh seachtain argóna; is beag nár éirigh mé maoithneach ag amharc orthu.

Tá sé cruthaithe ag Mouschi anois, gan amhras ar bith, go bhfuil míbhuntáistí chomh maith le buntáistí ag baint le cat a bheith agat. Tá an teach beo le dreancaidí, agus tá sé ag dul in olcas gach lá. Spréigh an tUasal Kleiman dusta buí sna poill agus sna prochóga uile, ach níor thug na dreancaidí lá airde air. Táimid uile corrrhónach mar gheall air; táimid uile ag samhailt de shíor go bhfuil plaiceanna á mbaint as ár lámha agus as ár gcosa nó as codanna eile ár gcoirp, mar sin de bímid ag léim aníos agus ag déanamh roinnt aclaíochta, ó tharlaíonn go dtugann sé leithscéal dúinn radharc níos fearr a fháil ar ár lámha agus ar ár muineál. Ach anois tá a shliocht orainn nach raibh an oiread sin aclaíochta againn; táimid righin agus is ar éigean a thig linn ár gcloigeann a thiontú thart. D’éirigh muid as an fhíorchallaistéinic tamall fada ó shin.

Do chara dílis, Anne

A Kitty dhil,

Anois agus muid i bhfolach le breis agus bliain, tá cuid mhaith ar eolas agat faoinár saoil. Fós féin, ní thig liom gach rud a insint duit, ó tharlaíonn go bhfuil sé chomh difriúil sin inchurtha leis an ghnáthshaol agus le gnáthdhaoine. Mar sin féin, chun spléachadh níos cóngaraí a thabhairt duit ar ár saol, ó am go ham cuirfidh mé síos ar chuid den ghnáthlá. Tosóidh mé leis an tráthnóna agus leis an oíche.

A naoi tráthnóna. Tosaíonn am luí san Urtheach le cuid mhór brú agus deifre. Bogtar cathaoireacha, tarraingtear leapacha amach, osclaítear na pluideanna – ní fhanann a dhath ar bith áit a mbíonn sé i rith an lae. Téim a chodladh ar dhibheán beag, nach bhfuil ach cúig troithe ar fad, mar sin de caithfidimid roinnt cathaoireacha a chur leis chun é a dhéanamh níos faide. Fann-chlúmhán, braillíní, ceannadhairteanna, pluideanna: caithfear gach rud a thabhairt amach as leaba Dussel, áit a mbíonn sé i rith an lae.

Bíonn díoscán millteanach le cloisteáil sa seomra béal dorais, sin leaba shofhillte Margot á cur in airde. Tuilleadh pluideanna agus ceannadhairteanna, rud ar bith chun na lataí adhmaid a dhéanamh níos compordaí. Shílfeá go raibh an toirneach ann thuas staighre, níl ann ach leaba Bhean van D. á brú in éadan na fuinneoige sa dóigh is go dtig lena Mógacht, agus í gléasta ina culaith oíche bhándearg, aer na hoíche a ionanálú isteach trína pollairí beaga fíneálta.

A naoi a chlog. I ndiaidh do Peter críochnú, seal s'agamsa atá ann don seomra folctha. Ním mé féin ó mhullach go sáil, agus níos minice ná a mhalairt tagaim ar dhreancaid bheag ar snámh sa doirteal (i rith na míonna, seachtainí nó laethanta teo amháin). Scuabaim m'fhiacla, cuirim cataíl i mo ghruaig, maisím m'ingne agus tugaim smitiní beaga sárocsaíde don bhéal uachtair chun na píosaí gruaige duibhe a thuaradh – agus seo uilig i níos lú ná leathuair an chloig.

Leath i ndiaidh a naoi. Cuirim orm m'fhallaing sheomra go gasta. Le gallúnach i lámh amháin agus ártach, bioráin gruaige, fo-éadaí, catóirí agus olann chadáis sa lámh eile, deifrím chuig an seomra folctha. Iarrann an chéad duine eile orm gan teip teacht ar ais agus an ghruaig ghrástúil chatach ghránna atá ina luí sa doirteal a thógáil.

A deich a chlog. Tá sé in am an scáileán lándorchú a chur in airde agus oíche mhaith a rá. Ar feadh an chéad chúig bhomaite dhéag eile, ar a laghad, níl le cloisteáil ar fud an tí ach díoscán na leapacha agus osna na spriongaí briste, agus ina dhiaidh sin, ionas nach mbíonn argóint phósta idir ár gcomharsana atá ina luí thuas staighre, bíonn gach rud ciúin.

Leath i ndiaidh a haon déag. Díoscán le cloisteáil ó dhoras an tseomra folctha. Titeann ga cúng gréine isteach sa seomra. Díoscán na mbróg, cóta mór fada, níos mó fiú ná an fear taobh istigh de... tá Dussel ag filleadh ón obair oíche in oifig an Uasail Kugler. Cluinim é ag tarraingt na gcos anonn is anall ar feadh deich mbomaite iomlána, cluinim siosarnach an pháipéir (ar an bhia atá sé á chur i leataobh ina chófra) agus an leaba á cóiriú. Ansin imíonn an deilbh as radharc arís, agus ní bhíonn le cloisteáil ach trup amhrasach anois is arís ón leithreas.

I dtratha a trí a chlog. Caithfidh mé éirí chun an canna faoi mo leaba a úsáid, a bhfuil brat rubair faoi, ar eagla na heagla, ar eagla go mbeadh braon anuas as. Coinním m'anáil istigh i gcónaí nuair a théim, ó tharlaíonn go mbuailleann sí isteach sa channa mar a bheadh sruthán ar thaobh sléibhe ann. Cuirtear an t-ártach ar ais ina áit, agus dreapann an cruth sa chulaith oíche bhán (an chulaith a ndeir Margot gach oíche fúithi, 'Ó an chulaith mhíchuibheasach sin!') ar ais isteach sa leaba. Luíonn an duine áirithe seo ina dúiseacht ar feadh cúig bhomaite dhéag, ag éisteacht le fuaimeanna na hoíche. Sa chéad dul síos le fáil amach an bhfuil buirgléirí ar bith thíos staighre agus ansin leis na leapacha éagsúla – thuas staighre, sa seomra is gaire dom

agus i mo sheomra féin – le fáil amach an bhfuil na daoine eile ina gcodladh nó leathmhúscailte. Níl sé greannmhar ar chor ar bith, go háirithe nuair atá sé bainteach le ball an teaghlaigh darb ainm Dr Dussel. Ar dtús, tá fuaim an éisc a bhfuil a anáil i mbarr a ghoib aige le cloisteáil, agus athchluintear é seo naoi nó deich n-uaire. Ansin, fliuchtar na liopaí go flúirseach. Déantar sealaiócht idir seo agus fuaim buille boise, agus ina dhiaidh sin bíonn sé ag corraí ina chodladh ar feadh tréimhse fada agus é ag athshochrú a cheannadhairte. I ndiaidh cúig bhomaite fíorchíunais, tarlaíonn an tsraith chéanna arís trí huaire eile, agus ina dhiaidh sin titeann sé ar ais ina chodladh, glacaim leis, ar feadh tamaill.

In amanna scaoiltear na gunnaí i rith na hoíche, idir a haon agus a ceathair. Ní bhíonn a fhios agam go bhfuil mé á dhéanamh sula dtarlaíonn sé, ach go tobann bíim i mo sheasamh ag taobh mo leapa, is nós agam amach is amach é. In amanna bíim ag brionglóidí chomh domhain sin (ar na briathra neamhrialta Fraincise nó ar argóint thuas staighre) nach dtugaim faoi deara go dtí go bhfuil an bhrionglóid thart gur tháinig deireadh leis an scaoileadh agus gur fhan mé go ciúin i mo sheomra. Ach is gnách go músclaím. Ansin faighim greim ar cheannadhairt agus ar chiarsúr, caithim orm m'fhallaing sheomra agus mo shlipéir agus téim de rúchladh chuig Athair sa seomra is gaire dom go díreach ar an dóigh ar chuir Margot síos air sa dán breithlae seo:

*Nuair a scaoiltear na piléir i ndorchadas na hoíche'
Osclaítear an doras le díoscán
Agus faightear radharc ar chiarsúir,
cheannadhairt agus ar fhigiúr bhán...*

A luaithe a bhainim an leaba mhór amach, bíonn an chuid is measa de thart, ach amháin nuair a bhíonn scaoileadh na ngunnaí an-ard.

Ceathrú go dtí a seacht. Brrring... an clog aláram, a thógann a ghlór caol ag am ar bith sa lá nó san oíche, is cuma cé acu atá tú á iarraidh nó nach bhfuil. Díoscán ...bham...Múchann Bean van D. é. Díoscán... éiríonn an tUasal van D., cuireann an t-uisce sa tsiúl agus ritheann chuig an seomra folctha.

Ceathrú i ndiaidh a seacht. Díoscán an dorais arís. Tig le Dussel dul chuig an leithreas. Liom féin sa deireadh, bainim an scáileán dorcha ar shiúl... agus tosaíonn lá nua san Urtheach.

Do chara dílis, Anne

DÉARDAOIN, 5 LÚNASA 1943

A Kitty dhil,

Labhramis inniu faoin sos lóin.

Tá sé leath i ndiaidh a dó dhéag. Ligeann an dream uilig osna faoisimh: chuaigh an tUasal van Maaren, an fear a bhfuil cúlra amhrasach aige, agus an tUasal de Kok abhaile le haghaidh lóin.

Thuas staighre tig leat trup an fholúsghlantóra ar an aon ruga amháin atá ag Bean van D. a chloisteáil agus é galánta. Cuireann Margot roinnt leabhar faoina hascaill agus tugann aghaidh ar rang do na ‘foghlaimoirí malla’, atá in Dussel, de réir cosúlachta. Suíonn Pim i gcúinne agus a chomrádaí dílis leis, Dickens, agus é ag dúil go bhfaighidh sé suaimhneas. Deifríonn Máthair suas an staighre chun cuidiú leis an bhean tí bheag ghnóthach, agus cuirim slacht orm féin agus ar an seomra folctha ag an am céanna.

Ceathrú go dtí a haon. Tháinig siad isteach go malltriallach duine i ndiaidh an duine: An tUasal Gies ar dtús agus ansin an tUasal Kleiman nó an tUasal Kugler, agus lean Bep nó in amanna Miep iad.

A haon. Bailithe le chéile thart ar an raidió, éistean siad uile faoi dhraíocht leis an BBC. Is é seo an t-aon uair amháin nach gcuireann baill an Urthí isteach ar a chéile, ó tharlaíonn

nach dtig leis an Uasal van Daan fiú bheith ag argóint leis an chainteoir.

Ceathrú i ndiaidh a haon. Dáileadh an bhia. Faigheann gach duine ón urlár thíos cupán sú agus, móide an mharóg, má tharlaíonn go bhfuil cuid ar bith ann. Suíonn an tUasal Gies agus é sona sásta ar an dibheán nó baineann sé taca as an deasc, an nuachtán, cupán agus an cat ag a thaobh de ghnáth. Má bhíonn ceann amháin de na trí rud sin ar iarraidh ní fada go gcuireann sé in iúl nach bhfuil sé sásta. Insíonn an tUasal Kleiman an nuacht is déanaí dúinn ón bhaile, agus is foinse den chéad scoth é. Deifríonn an tUasal Kugler suas an staighre, buaileann cnag gairid ach cnag láidir ar an doras agus tagann isteach ag fáscadh a lámh nó nó á gcuimilt le chéile le háthas, ag brath ar cé acu tá sé ciúin agus drochspionn air nó cainteach agus dea-spionn air.

Ceathrú go dtí a dó. Éiríonn gach duine ón tábla agus déanann a ngnóthaí féin. Déanann Margot agus Máthair an níochán, tugann an tUasal van D. agus a bhean aghaidh ar an dibheán, tugann Peter aghaidh ar an áiléar, Athair ar a dhibheán, Dussel fosta, agus déanann Anne a hobair baile.

Is é rud go dtagann an uair an chloig is ciúine sa lá ina dhiaidh sin; nuair a bhíonn siad uile ina gcodladh, ní bhíonn cur isteach ar bith ann. Le breithiúnas a thabhairt air ó bheith ag amharc air, tá Dussel ag brionglóideach faoi bhia. Ach ní bhím ag amharc air ar feadh i bhfad, de bhrí go n-imíonn an t-am i bhfaiteadh na súl agus sula mbíonn a fhios agat, beidh sé a 4.00 i.n. agus beidh an tUasal Dussel saothíneach ina sheasamh an clog ina láimh aige de bhrí go bhfuil mé bomaite amháin mall ag fágáil an tábla.

Do chara dílis, Anne

A Kitty dhil,

Thosaigh mé a scríobh scéil tá roinnt seachtainí ó shin, rud éigin a chum mé ó thus go deireadh, agus bhain mé an oiread sin suilt as go bhfuil torthaí mo phinn ag bailiú leo.

Do chara dílis, Anne

A Kitty dhil,

Leanaimid orainn anois le gnáthlá san Urtheach. Ó tharla go raibh an lón againn cheana féin, tá sé in am cur síos a dhéanamh ar an dinnéar.

Déantar freastal ar *an Uasal van Daan* ar dtús agus glacann sé píosa mór fial de pé rud is maith leis. Is gnách go nglacann sé páirt sa chomrá agus tugann a bharúil gan teip. A luaithe a labhrann sé níl dul siar ar a fhocal. Má tá sé de mhisneach ag duine ar bith rud ar bith eile a mhaíomh, tig leis an Uasal van D. argóint mhaith a dhéanamh. Ó tig leis siosarnach a dhéanamh mar a bheadh cat ann...ach b'fhearr liom mura ndéanfadh. A luaithe a fheiceann tú é, ní bhíonn tú ag iarraidh é a fheiceáil arís. Is aige is fearr fios, tá a fhios aige an chuid is mó faoi gach rud. I gcéad dó, tá cloigeann maith ag an fhear ar a ghuaillí, ach tá sé ata nach beag aige.

Madame. Déanta na fírinne, is binn béal ina thost. Laethanta áirithe, go háirithe nuair a bhíonn drochspionn ag teacht uirthi, is doiligh í a léamh. Má scagann tú an plé, tuigeann tú nach ise an t-ábhar ach gurb í atá ciontach! Rud a ndéanann gach duine neamhaird de. Mar sin féin, thiocfadh leat an gríosóir a thabhairt uirthi. Ag cothú argóintí, is é sin an rud a dtugann Bean van Daan greann air. Ag cothú achrainn idir Bean Frank agus Anne. Níl Margot ná an tUasal Frank chomh furasta sin. Ach fillimis ar an tábla. Tig leis an Bean van D. déanamh amach nach bhfaigheann sí a sáith i gcónaí, ach ní hé sin an

cás. Rogha na bprátaí, an ghrábhóg is blasta, an chuid is boige de pé rud atá ag gabháil, is é sin mana Madame. Tig leis an chuid eile a seal a fháil, ionas go bhfaighidh mé an chuid is fearr. (Go díreach an rud a chuireann sí i leith Anne Frank.) Is é an dara focal faire atá aici: coinnigh ort ag caint. A fhad agus atá duine éigin ag éisteacht, is cuma léi fáil amach cé acu atá siad ag éisteacht nó nach bhfuil. Caithfidh sé go bhfuil sí ag déanamh go mbeidh suim ag gach duine sa rud a deir Bean van Daan.

Cuir aoibh phéacach ort, lig ort go bhfuil gach rud ar eolas agat, cuir comhairle ar gach duine agus bí mar mháthair acu – is cinnte go rachaidh sé sin i bhfeidhm ar dhaoine. Ach má amharcann tú go géar air, imíonn an t-imprisean maith. Sa chéad dul síos, tá sí díograiseach, sa dara dul síos, tá sí gealgháireach; sa tríú dul síos tá sí péacach – agus in amanna bíonn a haghaidh galánta. Is í sin Petronella van Daan.

An tríú caiteoir dinnéir. Is beag a deir sé. Is gnách go mbíonn an tUasal Óg van Dann ina thost agus is ar éigean a chuireann sé é féin in iúl. Ó thaobh a ghoile de, is ártach Danaídean é nach bhfaigheann a sháith in am ar bith. Fiú i ndiaidh an bhéile is tacúla, tig leis amharc go díreach ort idir an dá shúil agus a mhaíomh go dtiocfadh leis a dhá oiread a ithe.

Uimhir a ceathair – Margot. Itheann mar a bheadh éan ann agus ní deir sí focal. Ní itheann sí ach glasraí agus torthaí. ‘Millte’, de réir mhuintir van Daan. ‘Gan go leor aclaíochta agus aeir úir’, dar linn.

In aice léi – Mamaí. Tá goile maith aici, agus déanann sí a saith cainte. Ní bheadh sé le rá ag duine ar bith, mar a deir faoi Bhean van Daan, gur bean tí í seo. Cad é an difear idir an bheirt acu? Bhuel, déanann Bean van D. an chócaireacht agus déanann Máthair an níochán agus cuireann snas ar an troscán.

Uimhir a sé agus a seacht. Ní déarfaidh mé mórán faoi Athair nó fúm féin. Is é an duine tosaigh an duine is modhúla ag an tábla. Féachann sé chuige go ndéantar freastal ar na

daoine eile ar dtús. Níl rud ar bith de dhíth air féin; is do na páistí atá na rudaí is fearr. Is é an maitheas i gcolainn dhaonna é. Ina shuí in aice leis is é an duine a bhíonn faoi chearthaí.

Dussel. Cuidigh leat féin, coinnigh do shúile ar an bhia, bí ag ithe agus ná bí ag caint. Agus más gá duit rud éigin a rá, in ainm Croim bí ag caint ar an bhia. Ní chothaíonn sé sin argóintí, ach maíomh go díreach. Itheann sé codanna móra, agus níl na focail ‘ní bheidh’ ina chuid foclóireachta, is cuma cé acu atá an bia maith nó olc.

Bríste aníos chuig a bhrollach, casóg dhearg, slipéir dhubha snasleathair agus spéaclaí imill adhairce air – sin an chuma atá air agus é ina shuí ag an tábla beag ag dul dá chuid oibre, i gcónaí ag déanamh staidéir, gan dul chun cinn ar bith á dhéanamh aige. Ní chuireann ach a chodladh beag tráthnóna, bia agus – an áit is fearr aige – an leithreas isteach air seo. Is cinnte go mbeidh trí, ceithre nó cúig uaire ann i rith an lae nuair a bheas duine éigin ag fanacht taobh amuigh den doras, ag léim go mífhoighneach ó chos amháin go cos eile, ag déanamh iarrachta é a choinneáil istigh agus is ar éigean a éiríonn leis. An cuma le Dussel? Is cuma sa tsioc leis. Ó cheathrú i ndiaidh a seacht go dtí leath i ndiaidh a seacht, ó leath i ndiaidh a dó dhéag go dtí a haon a chlog, óna dó go dtí ceathrú i ndiaidh a dó, óna ceathair go dtí ceathrú i ndiaidh a ceathair, óna sé go dtí ceathrú i ndiaidh a sé, ó leath i ndiaidh a haon déag go dtí a dó dhéag. Tig leat d’uaireadóir a shocrú leo; is iad seo a leanas na huaireanta atá aige dá chuid ‘séisiún mírialta’. Ní lúbann sé in am ar bith nó ní ghéilleann sé slí do na guthanna taobh amuigh den doras, ag impí air an doras a oscailt sula dtarlóidh tubaiste.

Uimhir a naoi ní cuid dár dteaghlach Urthí í, cé go roinneann sí an teach agus an tábla linn. Tá goile maith ag Bep. Glanann sí a pláta agus ní duine beadaí í. Is furasta Bep a shásamh agus sásaíonn sé sin muid. Tig cur síos a dhéanamh uirthi

mar seo a leanas: gealgháireach, dea-araíonach, cineálta agus toilteanach.

AN MHÁIRT, 10 LÚNASA 1943

A Kitty dbil,

Smaoineamh nua: i rith na mbéilí labhraím níos mó liom féin ná leis na daoine eile, rud a bhfuil dhá bhuntáiste leis. Sa chéad dul síos, tá áthas orthu nach gá dóibh bheith ag éisteacht le mo chuid cabaireachta gan staonadh, agus sa dara dul síos, ní gá dom bheith tógtha faoina dtuairimí. Ní dóigh liom go bhfuil mo chuidse barúlacha amaideach, ach ceapann daoine eile go bhfuil, mar sin de is fearr iad a choinneáil dom féin. Bainim úsáid as an bheartaíocht chéanna nuair is gá dom rud éigin a ithe a bhfuil fuath agam air. Cuirim an pláta os mo chomhair, ligim orm féin go bhfuil sé blasta, seachnaím le mo shúile é a mhéad is féidir liom, agus bíonn sé imithe sula mbíonn an t-am agam fáil amach cad é atá ann. Nuair a éirím ar maidin, am míthaitneamhach eile, léimim amach as an leaba, agus deirim liom féin, ‘Beidh tú ag sleamhnú faoi na clúdaigh arís roimh i bhfad,’ siúlaim go dtí an fhuinneog, bainim anuas an dallóg, bíim ag smúrthacht ag an scoilt go dtí go mothaím puth air úir, agus bíim múscailte. Bainim na héadaí den leaba a ghasta is féidir liom ionas nach mbeidh cathú orm dul ar ais isteach inti. An bhfuil a fhios agat cad é a thugann Máthair ar a leithéid de seo? Saothar an tsaoil. Nach nath cainte aisteach é?

Táimid uilig giota beag trína chéile le seachtain anuas de bhrí go bhfuil na cloigíní a bhfuil grá againn uilig dóibh in Westertoren tugtha ar shiúl le bheith leáite ar son an chogaidh, mar sin de níl barúil againn ar an am chruinn, ar maidin nó san oíche. Tá mé dóchasach go fóill go dtiocfaidh siad ar mhíotal ionaid, déanta as copar nó as stán nó as a leithéid, leis an chlog a chur i gcuimhne don chomharsanacht.

Gach áit dá dtéim, suas staighre nó síos staighre, tugann siad uilig sracfhéachaint mheasúil ar mo chosa, a bhfuil péire bróg thar a bheith deas orthu (don ré ina bhfuilimid!).

D'éirigh le Miep an deis a thapú chun iad a cheannach ar 27.50 guldan. Dath fíondearg orthu agus iad déanta as svaeid agus as leathair a bhfuil sála ar mheánmhéid orthu. Mothaím a rá is de go bhfuil mé ag siúl ar chosa croise, agus tá cuma níos airde orm ná mar a bhíonn orm de ghnáth fiú.

Ba dhoirt an lá dom é inné. Chuir mé poll beag i m'ordóg le taobh maol bioráin mhóir. Mar gheall air sin, bhí ar Margot an craiceann a bhaint de na prátaí dom (thuas seal thíos seal), agus bhí an scríbhneoireacht ciotach. Ansin bhuail mé in éadan dhoras an chófra chomh crua sin gur beag nár thit mé, agus tugadh léasadh teanga dom mar gheall ar an trup. Ní ligfeadh siad dom uisce a rith chun m'éadan a fholcadh, mar sin de tá mé anois ag siúl thart agus cnapán ollmór os cionn mo shúile deise. Mar bharr ar an donas, bhí an ladhar beag ar mo chos dheas gafa san fholúsghlantóir. Bhí sé ag cur fola agus bhí sé nimhneach, ach bhí na tinnis eile uile ag cur as dom an oiread sin cheana féin go ndearna mé neamhaird den cheann seo, a bhí amaideach agam, de bhrí go bhfuil mé anois ag siúl thart agus ladhar galraithe orm. Mar gheall ar an ungadh, ar an uige agus ar an ghléthéip, ní thig liom mo bhróg ó neamh a chur ar mo chos.

Chuir Dussel muid i gcontúirt arís eile. Go dearbh, d'iarr sé ar Miep leabhar a thabhairt dó, sciolladh fíochmhar frith-Mussolini, a bhí coiscthe. Ar an bhealach anseo leag gluaisrothar de chuid an SS í. Chaill sí a stuaim agus bhéic sí 'A bhrúideanna!' agus d'imigh sí léi. Ní raibh sé de mhisneach agam smaoineamh ar an rud a tharlódh dá dtabharfaí chun na ceanncheathrún í.

Do chara dílis, Anne

*Giurnáil Laethúil inár bPobal Beag:
Ag Baint Craicinn de na Prátaí!*

Téann duine amháin chun roinnt nuachtán a fháil; duine eile, chun an scianra a fháil (ag coinneáil an chinn is fearr dó féin, ar ndóigh); an tríú duine chun prátaí a fháil agus an ceathrú duine chun uisce a fháil.

Tosaíonn an tUasal Dussel. B'fhéidir nach mbainfeadh sé an craiceann díobh mar ba chóir, ach coinníonn sé air ag baint an chraicinn díobh gan stad gan staonadh, ag caitheamh a shúile ar dheis agus ar chlé le fáil amach an bhfuil gach duine á dhéanamh ar an dóigh chéanna is a dhéanann sé féin é. Níl, níl siad!

‘Féach, a Anne, Tá mé ag tógáil an scamhaire i mo láimh mar seo agus ag dul ó bhun go barr leis! *Nein*, chan mar sin... ach mar seo!’

‘Sílím gur fusa an dóigh a ndéanaim féin é, a Uasail Dussel,’ arsa mé go triaileach.

‘Ach is é seo an dóigh is fearr, a Anne. Tig leat é seo a ghlacadh uaimse. Ar ndóigh is cuma, déan tusa é ar do dhóigh féin.’

Leanaimid orainn ag baint craicinn de na prátaí. Caithim súil ar an Uasal Dussel as cúinne mo shúile. Cailte ina smaointe féin, croitheann sé a cheann (mar gheall ormsa, gan dabht), ach ní deir sé a thuilleadh.

Leanaim orm ag baint an chraicinn díobh. Ansin amharcaim ar Athair, ar an taobh thall díom. Dar le hAthair, ní giurnáil ar bith é an craiceann a bhaint de na prátaí, ach obair chruinnis. Nuair a bhíonn sé ag léamh bíonn roc domhain ar chúl a chinn. Ach nuair a bhíonn sé ag ullmhú prátaí, pónairí nó glasraí, bíonn an chuma air go bhfuil sé go huile is go hiomlán saite san obair. Cuireann sé a aghaidh ‘tá mé ag baint craicinn de na prátaí’ air féin, agus nuair a bhíonn sí curtha air ar an

dóigh áirithe sin, bheadh sé dodhéanta ach an práta a bhfuil an craiceann bainte de go foirfe a chur de.

Coinníonn orm ag obair. Caithim súil suas ar feadh soicind, ach is é sin a bhfuil de dhíth orm. Tá Bean van D. ag iarraidh aird Dussel a fháil. Tosaíonn sí a amharc ina threo, ach ligeann Dussel air nach bhfeiceann sé í. Caochann sí a súil, ach leanann Dussel air ag baint craicinn de na prátaí. Déanann sí gáire, ach fós féin ní amharcann Dussel suas. Ansin déanann Máthair gáire fosta, ach ní thugann Dussel aird ar bith orthu. Nuair nach n-éiríonn le Bean van D. a sprioc a bhaint amach caithfidh sí a cur chuige eile a bheartú. Bíonn tost ann ar feadh tamaill ghairid. Ansin deir sí, ‘a Phutti, cad chuige nach gcuireann tú naprún ort? Nó, beidh orm an lá ar fad amárach a chaitheamh ag iarraidh na smáil a fháil amach as do chulaith!’

‘Níl mé á déanamh salach.’

Tost beag eile. ‘A Phutti, cad chuige nach suíonn tú?’

‘Tá mé go breá mar atá mé. Is maith liom bheith i mo sheasamh!’

Tost.

‘A Phutti, bí cúramach, *du spritzt schon!*’*

‘Tá a fhios agam, a Mhamaí, ach tá mé á dhéanamh go cúramach.’

Amharcann Bean van D. amach faoi choinne ábhar eile cainte. ‘Úm, a Phutti, cad chuige nach bhfuil na Sasanaigh ag déanamh buamáil aeir ar bith inniu?’

‘De bhrí go bhfuil an aimsir go holc, a Kerli!’

‘Ach bhí an lá chomh deas sin inné agus ní raibh siad ag eitilt ach oiread.’

‘Cuirimis deireadh leis an ábhar cainte seo.’

‘Cad chuige? Nach dtig le duine bheith ag caint air sin nó a bharúil a thabhairt?’

* Anois tá tú ag splaiseáil!

‘Ní thig!’

‘Bhuel, cad chuige faoin spéir nach dtig?’

‘Ó, bí ciúin, a *Mhammichen!*’*

‘Tugann an tUasal Frank freagra dá bhean i gcónaí.’

Tá an tUasal van D. ag déanamh iarrachta smacht a choinneáil air féin. Tagann sí in aghaidh an tsnáithe air i gcónaí leis an ráiteas seo, ach ní duine í Bean van D. a éiríonn as: ‘Ó, ní bheidh ionradh ann choíche!’

Tagann dath bán ar an Uasal van D., agus nuair a thugann sí seo faoi deara, lasann aghaidh Bhean van D, ach ní choisctfidh an saol í: ‘Níl na Sasanaigh ag déanamh a dhath ar bith!’

Pléascann an buama. ‘Agus éist do bhéal, *Donnerwetter noch mal!*’†

Is ar éigean a thig le Máthair cúl a choinneáil ar an gháire, agus bím ag stánadh go díreach ar aghaidh. Tarlaíonn na radhairc chéanna beagnach gach lá, ach amháin más rud é go raibh argóint uafásach eatarthu. Sa chás sin, ní deir an tUasal van D. ná Bean van D. focal.

Tá sé in am dom tuilleadh prátaí a fháil. Téim suas chuig an áiléar, mar a bhfuil Peter gnóthach ag baint míoltóg den chat. Amharcann sé suas, tugann an cat faoi deara, agus whoosh... tá sé imithe. Amach ar an fhuinneog agus isteach sa gháitéar fearthainne.

Garrann Peter na mionnaí móra; déanaim gáire agus éalaím amach as an seomra faoi choim.

Saoirse san Urtheach

Leath i ndiaidh a cúig. Fógraíonn teacht Bep tús ár saoirse oíche. Tosaíonn rudaí láithreach bonn. Téim suas staighre le Bep, a mbíonn a maróg aici de ghnáth roimh an chuid eile

* a Mhamaí

† ar son Dé

againn. A luaithe a shuíonn Bean van D. tosaíonn sí a ríomh a cuid mianta. Is gnách go dtosaíonn a liosta le ‘Ó, dála an scéil, a Bep, rud éigin eile a ba mhaith liom...’ Caochann Bep a súil orm. Tapaíonn Bean van D. an deis a cuid mianta a chur in iúl do pé duine a thagann aníos an staighre. Caithfidh sé gurb é sin ceann de na fáthanna nach maith le duine ar bith acu dul suas ansin.

Ceathrú go dtí a sé. Imíonn Bep. Téim síos dhá urlár le hamharc thart: chuig an chistin ar dtús, ansin chuig an oifig phríobháideach agus ansin chuig an stóras guail chun doras an chait a oscailt do Mouschi.

I ndiaidh turas fada cigireachta, críochnaím suas in oifig an Uasail Kugler. Tá an tUasal van Daan ag scrúdú na dtarraiceán agus na gcomhad uile ar lorg post an lae inniu. Tógann Peter Boche agus eochair an stórais; tarraingíonn Pim an clóscríobhán suas staighre; cuartaíonn Margot áit shuaimhneach chun a cuid obair oifige a dhéanamh; cuireann Bean van D. citeal uisce ar an fháinne gáis; tagann Máthair anuas an staighre agus sáspan prátaí aici; tá a fhios againn uile ár ndualgais.

Ní fada go dtagann Peter ar ais ón seomra stórais. Is é an cheist a chuireann siad air ar chuimhnigh sé ar an arán. Níor, níor chuimhnigh sé air. Cromann sé roimh an doras chun na hoifige tosaí chun é féin a dhéanamh chomh beag agus is féidir leis agus téann ar a lámha agus ar a ghlúine chuig an chófra cruaiche, tógann amach an t-arán agus déanann réidh le himeacht. Ar aon nós, sin an rud atá sé ag iarraidh a dhéanamh, ach sula bhfuil a fhios aige cad é a tharla, tá Mouschi i ndiaidh léim thart air agus é ina shuí faoin deasc.

Amharcann Peter thart i ngach treo. Á, sin é an cat! Téann sé ar a lámha ar ais isteach san oifig agus faigheann sé greim ar ruball an chait. Déanann Mouschi siosarnach agus ligeann Peter osna. Cad é atá bainte amach aige? Tá Mouschi anois ina shuí in aice leis an fhuinneog a lí féin, an-sásta gur éirigh

léi éalú ó ghreim Peter. Níl an dara rogha ag Peter ach í a mhealladh le píosa aráin. Meallann an cleas Mouschi chuige, leanann amach é, agus druidtear an doras.

Amharcaim ar an radharc iomlán trí scoilt sa doras. Tá an tUasal van Daan feargach agus druideann an doras de phlab. Amharcaim féin agus Margot ar a chéile agus smaoinimid ar an rud chéanna: caithfidh sé go bhfuil racht feirge air arís mar gheall ar mheancóg éigin a rinne an tUasal Kugler, agus dearmad glan déanta aige ar an chomhlacht Keg béal dorais.

Cluintear coiscéim eile sa phasáiste. Tagann Dussel isteach, téann i dtreo na fuinneoige agus cuma na cirte air, tarraingíonn aer isteach ar a ghaosán agus, déanann casacht, sraotharthach agus glanann a sceadamán. Níl an t-ádh air – piobar a bhí ann. Leanann sé air chuig an oifig tosaigh. Tá na cuirtíní ar oscailt, a chialláinn nach dtig leis greim a fháil ar an pháipéar scríbhneoireachta. Imíonn sé agus cuireann scamh air féin.

Tugaim féin agus Margot sracfhéachaint ar a chéile arís. ‘Leathanach níos lú do ghrá geal a chroí amárach,’ cluinim í a rá. Claoaim mo cheann agus mé ag aontú léi. Cluintear coiscéim eilifinte ar an log staighre. Is é Dussel é, ar lorg só san áit is ansa leis.

Leanaimid orainn ag obair. Cnag, cnag, cnag...Ciallaíonn trí bhuille go bhfuil am lóin ann!

AN LUAN, 23 LÚNASA 1943

*Wenn Die Uhr Halb Neune Schägt...**

Tá Máthair agus Margot neirbhíseach. ‘Fuist...a Athair. Bí ciúin, a Otto. Fuist...a Pim! Tá sé leath i ndiaidh a hocht. Goitse, ní thig leat an t-uisce a rith a thuilleadh. Siúil go socair!’ Samplaí de na rudaí a deirtear le hAthair sa seomra folctha. Ar

* Nuair a bhuaileann an clog ar leath i ndiaidh a hocht.

bhuille an chloig ar leath i ndiaidh a hocht, caithfidh sé bheith sa seomra suí. Gan cead uisce a rith, gan cead an leithreas a shruthlú, gan cead bheith ag siúl thart, gan tormán dá laghad ceadaithe. De bhrí nár bhain foireann na hoifige an áit amach go fóill, taistealaíonn tormán níos fusa sa seomra stórais.

Osclaítear an doras thuas staighre ar fiche i ndiaidh a hocht, agus leanann trí bhuille bhoga ar an urlár é... brachán Anne. Dreapaim an staighre chun mo bhabhla madaidh a fháil.

Thíos staighre arís caithfidh gach rud bheith déanta go gasta, go gasta: cíoraím mo chuid gruaige, cuirim an t-árthach ar shiúl, cuirim an leaba ar ais ina háit. Ciúnas! Tá ag clog ag bualadh leath i ndiaidh a hocht. Athraíonn Bean van D. a bróga agus imíonn léi ag tarraingt a cos ina diaidh ina slipéir; an tUasal van D. fosta – fíor-Charlie Chaplin. Tá gach rud ciúin.

Tá an radharc idéalach den teaghlach ag a bharrphointe. Tá mé ag iarraidh bheith ag léamh nó ag staidéar agus tá Margot amhlaidh. Athair agus Máthair ag teacht linn. Tá Athair ina shuí (agus Dickens agus an foclóir aige, ar ndóigh) ar cholbha na leapa díoscanáí atá íslithe, nach bhfuil tocht réasúnta uirthi. Tig dhá adhairt a chur ar mhullach a chéile fúithi. ‘Níl siad seo de dhíth orm,’ a smaoiníonn sé. ‘Tig liom dul gan iad!’

A luaithe a thosaíonn sé a léamh, ní amharcann sé suas. Déanann sé gáire anois agus arís agus déanann iarracht tabhairt ar Mháthair sliocht a léamh.

‘Níl an t-am agam ag an bhomaite seo!’

Bhí cuma na díomá air, ach ansin leanann sé air ag léamh. Tamall beag níos moille, nuair a thagann sé ar phíosa suimiúil eile, déanann sé iarracht an athuair: ‘Caithfidh tú an píosa seo a léamh, a Mháthair!’

Suíonn Máthair ar an leaba shofhillte, agus í ag léamh, nó ag fuáil, nó ag cníotáil nó ag staidéar, nó ag dul do cibé an chéad rud eile atá ar a liosta. Ritheann smaoinreamh léi as lár na soininne, agus deir sí go gasta é, ionas nach ndéanfaidh sí

dearmad air, ‘a Anne, cuimhnigh ar... a Margot, breac síos é seo...’

Índiaidh tamaill tá sé ciúin arís. Druideann Margot a leabhar de phlab, bhí muc ar gach mala le hAthair, agus cuar aisteach ag teacht ar a mhaláí agus a roc dianmhachnaimh ag teacht ar ais ar chúl a chinn, agus é sáite ina leabhar arís; tosaíonn Máthair a chabaireacht le Margot; agus éirím fiosrach agus éistim chomh maith. Slogtar Pim isteach sa chomhrá... a naoi a chlog. Bricfeasta!

AN AOINE, 10 MEÁN FÓMHAIR 1943

A Kitty dhil,

Gach uair a scríobhaim chugat, tá rud éigin speisialta i ndiaidh tarlú, is gnách gur rud míthaitneamhach é seachas rud taitneamhach. An iarraidh seo, áfach, tá rud iontach ag dul ar aghaidh.

Dé Céadaoin, 8 Meán Fómhair bhí muid ag éisteach leis an nuacht ar a seacht a chlog nuair a chuala muid fógra: ‘Seo cuid den nuacht is fearr faoin chogadh go dtí seo: Ghéill An Iodáil.’ Ghéill an Iodáil slí gan choinníoll! Thosaigh craoladh na hOllainne ó Shasana ar cheathrú i ndiaidh a hocht leis an scéal:

‘A éisteoirí, uair agus cúig bhomaite dhéag ó shin, go díreach nuair a chríochnaigh mé ag scríobh na tuairisce laethúla agam, fuair muid an scéal iontach gur ghéill an Iodáil. Tá mé ag insint daoibh, níor chaith mé mo chuid nótaí isteach sa bhosca bruscair riamh agus an oiread sin aoibhnis orm agus a chaith mé inniu!’

‘Go sábhála Dia an Rí’, casadh amhrán náisiúnta Mheiriceá agus ‘Internationale’ na Rúise. Mar is gnách, thóg an clár Ollannach ár meanma gan é bheith ródhóchasach.

Tháinig na Sasanaigh i dtír in Naples. Tá tuaisceart na hIodáile faoi smacht na nGearmánach. Síníodh an Conradh

Dé hAoine, 3 Meán Fómhair, an lá a tháinig na Sasanaigh i dtír san Iodáil. Tá na Gearmánaigh ag caitheamh caint bhladhmánach ar na nuachtáin faoi fheillbheart Badoglio agus faoi Rí na hIodáile.

Pé scéal é, tá drochscéal ann fosta. Tá sé faoin Uasal Kleiman. Mar atá a fhios agat, tá an-dúil againn uilig ann. Tá sé gealgháireach gan teip agus thar a bheith cróga, cé go mbíonn sé i gcónaí tinn agus i bpian agus cé nach dtig leis mórán a ithe nó mórán siúlóide a dhéanamh. ‘Nuair a théann an tUasal Kleiman isteach sa seomra, tosaíonn an ghrian a shoilsiú,’ arsa Máthair le déanaí, agus tá an ceart ar fad aici.

Tá an chosúlacht air anois go gcaithfidh sé dul isteach san otharlann le hobráid iontach casta a fháil ar a bholg, agus beidh air fanacht ansin go ceann ceithre seachtaine ar a laghad. Ba cheart duit é a fheiceáil nuair a d’fhág sé slán againn. Rinne sé a ghnáthrud, a rá is de nach raibh sé ach ag dul ar theachtaireacht.

Do chara dílis, Anne

AN DÉARDAOIN, 16 MEÁN FÓMHAIR 1943

A Kitty dhil,

Tá na caidrimh san Urtheach ag éirí níos measa i rith an ama. Níl sé de mhisneach againn ár mbéal a oscailt ag am na mbéilí (ach amháin chun greim bia a shleamhnú isteach), óir pé rud a deirimid, is cinnte go gcuirfidh sé olc ar dhuine éigin nó go dtógfaidh duine ar an dóigh chontráilte é. Tagann an tUasal Voskuijl ar cuairt chugainn ó am go ham. Ar an drochuair, níl sé ar fónamh. Níl sé á dhéanamh níos fusa dá theaghlach, óir is cosúil go bhfuil an dearcadh aige: nach cuma liom, tá mé ag dul a fháil bháis cibé ar bith! Nuair a smaoiním ar cé chomh goilliúnach agus atá gach duine anseo, tig liom a shamhailt an dóigh a mbeadh sé ag teach Voskuijl’.

Tá mé ag glacadh caorthann curraigh gach la chun an inní agus an dúlagar a throid, ach níl a bhac orm bheith i bhfad níos ainnise an chéad lá eile. Chuideodh gáire mór croíúil deich n-uaire níos fearr ná braonta chaorthann curraigh, ach is beag nach ndearna muid dearmad ar an dóigh le gáire a dhéanamh. In amanna bíonn eagla orm go dtitfidh m'aghaidh leis an bhrón seo uile agus go mbeidh mo bhéal íslithe go buan ag na cúinní. Níl ag éirí níos fearr leis an chuid eile. Tá eagla a gcroí ar gach duine anseo roimh theacht an uafáis a dtugtar an geimhreadh air.

Rud eile nach gcuireann aoibh lúcháireach ar ár n-aghaidh go bhfuil an tUasal van Maaren, an fear a bhíonn ag obair sa seomra stórais, ag éirí amhrasach faoin Urtheach. Caithfidh sé go dtabharfadh amadán ar bith faoi deara faoi seo go ndeir Miep in amanna go bhfuil sí ag dul chuig an tsaotharlann, go bhfuil Bep ag dul chuig na comhaid, go bhfuil an tUasal Kleiman ag dul chuig na stórais Opekta, agus an tUasal Kugler ag maíomh nach bhfuil an tUrtheach mar chuid den fhoirgneamh seo ar chor ar bith, ach den cheann béal dorais.

Ba chuma linn cad é a shíl an tUasal van Maaren den scéal ach go bhfuil an clú amuigh air nach dtig brath air agus go bhfuil sé thar a bheith fiosrach. Ní thig an duine céanna a chur ó dhoras le leithscéal lag.

Bhí an tUasal Kugler ag iarraidh bheith cúramach thar an gcoitiantacht lá, mar sin de ar fiche i ndiaidh a dó dhéag chuir sé air a chóta agus chuaigh chuig an siopa ceimiceora thart an coirnéal. Chuaigh sé ar ais níos lú ná cúig bhomaite ina dhiaidh sin, gur shleamhnaigh sé suas an staighre mar a bheadh gadaí ann chun cuairt a thabhairt orainn. Ar cheathrú i ndiaidh a haon thosaigh sé a imeacht, ach bhuaíl Bep leis ar an léibheann agus thug rabhadh dó go raibh van Maaren san oifig. D'athraigh Kugler a intinn agus d'fhan linn go dtí leath i ndiaidh a haon. Ansin bhain sé de a bhróga, chuaigh go tosach an áiléir agus stocaí ar a chosa (in ainneoin an fhuachta) agus

síos an staighre eile, coiscéim i ndiaidh na coiscéime chun an díoscán a sheachaint. Ghlac sé cúig bhomaite dhéag air an staighre a ghlanadh, ach bhí sé slán sábháilte sa deireadh ina oifig i ndiaidh dó dul isteach ón taobh amuigh.

Idir an dá linn, chuir Bep van Maaren di agus tháinig chun an tUasal Kugler a fháil ón Urtheach. Ach bhí sé imithe cheana féin agus é ag dul síos an staighre ar a bharraicíní ag an bhomaite sin. Cad é a mheas na daoine ag dul an bealach nuair a chonaic siad an bainisteoir ag cur a bhróg air taobh amuigh? Hóigh, tusa, sna stocaí!

Do chara dílis, Anne

AN CHÉADAOIN, 29 MEÁN FÓMHAIR 1943

A Kitty dhil,

Tá breithlá Bhean van Daan ann. Seachas dearbhán ciondála amháin fá choinne cáise, feola agus aráin, ní bhfuair sí uainn ach pota suibhe milse. Níor thug a céile, Dussel agus foireann na hoifige rud ar bith di ach amháin bláthanna agus bia chomh maith. Sin é an saol ina mairimid!

Bhuail taom néaróg Bep an tseachtain seo caite de bhrí go raibh an oiread sin teachtaireachtaí le déanamh aici. Bhí daoine á cur amach deich n-uaire in aghaidh an lae faoi choinne rudaí, agus iad ag teannadh uirthi go rachadh sí láithreach nó go rachadh sí arís nó go ndearna sí praiseach de. Agus nuair a smaoiníonn tú air go bhfuil a gnáthobair oifige le déanamh aici, go bhfuil an tUasal Kleiman tinn, go bhfuil Miep sa bhaile agus slaghdán uirthi agus go bhfuil rúitín Bep leonta, trioblóidí lena stócach agus athair cancrach aici, ní nach ionadh go bhfuil sí ag deireadh a péice. Thug muid sólás di agus d'inis di dá gcuirfeadh sí a cos i dtaca uair nó dhó agus dá ndéarfadh sí nach raibh an t-am aici, go laghdófaí na liostaí siopadóireachta as a stuaim féin.

Bhí dráma mór ann Dé Sathairn, nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe. Thosaigh sé le plé ar van Maaren agus chríochnaigh sé le hargóint agus le deora. Rinne Dussel gearán le Máthair go raibh daoine ag caitheamh leis mar a bheadh lobhar ann, nach raibh duine ar bith cairdiúil leis agus, i ndeireadh na dála, nach ndearna sé rud ar bith agus nach raibh sé tuillte aige. Lean an béal bán an méid sin, nár mheall Máthair an iarraidh seo. Dúirt sí leis go raibh díomá orainn leis, agus níos minice ná uair amháin, gur chuir sé isteach go mór ar rudaí. Gheall Dussel an domhan agus a bhfuil ann di, agus mar is gnách, ní fhaca muid oiread agus ga amháin.

Tá rud éigin ar cois le muintir van Daan, tig liom é a mhothú! Tá Athair ar buile de bhrí go bhfuil siad ag fealladh orainn: tá siad ag coinneáil siar feoil agus rudaí eile. Ó, cén cineál scéala uafáis atá ag dul a theacht amach anois? Dá mba rud é nach raibh mé bainteach leis na scirmisí seo! Dá mba rud é go raibh mé ábalta an áit seo a fhágáil. Tá siad ár gcur ar strae!

Do chara dílis, Anne

AN DOMHNACH, 17 DEIREADH FÓMHAIR 1943
A Kitty dhil,

Tá an tUasal Kleiman ar ais, buíochas do Dhia! Tá cuma bhán air, agus fós féin d'imigh sé leis chun roinnt éadaí a dhíol don Uasal van Daan.

Is é an scéal míthaitheamhach é go bhfuil airgead an Uasail van Daan uilig imithe. Chaill sé a chéad guldán deireanach sa seomra stórais, rud atá ag tabhairt trioblóide dúinn go fóill: tá na fir ag déanamh iontais den dóigh a dtiocfadh le nóta céad guldán bheith sa seomra stórais maidin Luain. Tá a lán amhrais ann. Idir an dá linn, goideadh an céad guldán. Cé hé an gadaí?

Ach bhí mé ag caint ar an ghanntanas airgid. Tá an t-uafás gúnaí, cótaí agus bróg ag Bean van D., nach dtig léi dul gan ceann ar bith acu, dar léi. Is doiligh culaith an Uasail van D. a bhogadh, agus cuireadh rothar Peter ar díol ach tá ar ais arís, ó tharla nach raibh duine ar bith á iarraidh. Ach ní hé sin deireadh an scéil. An dtuigeann tú, beidh ar Bhean van Daan scarúint lena cóta fionnaidh. Dar léi, ba chóir don chomhlacht íoc as ár gcothú, ach tá sé sin amaideach. Tá siad i ndiaidh argóint mhór a bheith acu faoi agus chuir siad tús leis an chuid sin den aithreachas ‘ó, mo Phutti milis’, agus ‘a Kerli a thaisce’.

Tá mé trína chéile ag an tsaoltacht a ndeachaigh an teaghlach seo tríthi le mí anuas. Siúlann Athair thart agus a bheolaí druidte go daingean ar a chéile, agus nuair a chluineann sé a ainm, amharcann sé suas agus inní air, a rá is de go bhfuil eagla air go n’iarrfar air fadhb bheag eile a réiteach. Tá Máthair chomh saothraithe sin go bhfuil a leicne breac le dearg, tá Margot ag gearán go bhfuil tinneas cinn uirthi, ní thig le Dussel dul a chodladh, tá Bean van D. ag dul le buile an lá ar fad, agus tá mé féin as mo chrann cumhachta. Leis an fhírinne a dhéanamh, in amanna déanaim dearmad ar na daoine a bhfuilimid ar aon intinn leo agus orthu siúd nach bhfuil.

Is é an staidéar an t-aon bhealach a dtig liom cian a thógáil díom féin agus tá neart de sin déanta agam ar na mallaibh.

Do chara dílis, Anne

AN AOINE, 29 DEIREADH FÓMHAIR 1943

A Kitty dhil,

Tá an tUasal Kleiman amuigh arís: ní thabharfaidh a bholg suaimhneas ar bith dó. Níl a fhios aige fiú ar stop sé ag cur fola. Tháinig sé a insint dúinn nach raibh sé ar fónamh agus go raibh sé ag dul abhaile, agus den chéad uair bhí an chuma air go raibh sé in ísle brí.

Bhí cogáí fíochmhara eile ag dul ar aghaidh idir an tUasal van D. agus a bhean. Tá cúis shimplí leo, tá siad ar an leathphingin. Bhí siad ag iarraidh cóta mór agus culaith de chuid an Uasail van D. a dhíol ach ní thiocthadh leo ceannaithe ar bith a aimsiú. Bhí a phraghsanna i bhfad ró-ard.

Tamall ó shin bhí an tUasal Kleiman ag caint ar fhionnadóir a bhfuil aithne aige air. Chuir sé seo an tUasal van D. ag smaoinreamh go ndíolfadh sé cóta fionnaidh a mhná. Tá sé déanta as craiceann coinín, agus tá sé aici le seacht mbliana déag anuas. Fuair Bean van D. 325 guldán air, méid ollmhór. Bhí sí ag iarraidh an t-airgead a choinneáil di féin le héadaí nua a cheannach i ndiaidh an chogaidh, agus ghlac sé iarracht mhór sula raibh an tUasal van D. ábalta cur ar a súile di go raibh géarghá leis chun íoc as costais an tí.

Ní thig leat an screadaíl, an scairteadh, bualadh na gcós agus gearradh na mionnaí móra a shamhailt a lean ar aghaidh. Bhí sé scéiniúil. Sheas mo theaghlach ag bun an staighre a gcroí ina mbéal, ar eagla go mbeadh orthu iad a tharraingt óna chéile. Cuireann an t-esaontas, na deora agus an tocht néaróg an oiread sin brú agus struis orm go dtitim isteach i mo leaba san oíche agus mé ag caoineadh agus altú na lámh suas agam go bhfuil leathuair an chloig agam dom féin.

Tá mé go breá, ach amháin nach bhfuil goile agam. Cluinim i gcónaí, ‘A Dhia, tá cuma bhocht ort!’ Caithfidh mé a admháil go bhfuil siad ag déanamh a ndíchill mé a choinneáil aclaí: tá siad ag tathaint deisleois, ola ae troisc, giosta bríbhéireachta agus cailciam orm. In amanna bíim faoi chearthaí, go háirithe ar an Domhnach; is é sin an t-am a mothaím go hainnis. Tá an t-atmaisféar plúchta, spadánta agus marbh.

Ní chluintear oiread agus éan amháin taobh amuigh agus bíonn an ciúnas plúchta marbhánta ina scamall dubh os mo chionn agus faigheann greim orm a rá is de go raibh sé ag dul mé a tharraingt isteach chuig na ceantair is doimhne in ifreann. Ag amanna mar seo, tá mé ar nós cuma liom faoi Athair,

Mháthair agus Margot. Siúlaim ó sheomra go seomra, téim suas agus tagaim anuas an staighre agus tá mé mar a bheadh éan ceoil ann ar réabadh a sciatháin de agus a choinníonn air á chaitheamh féin in éadan bharraí a cháis dhorcha. ‘Lig amach mé, mar a bhfuil aer úr agus gáire!’ a bhéiceann guth ionam. Ní bhacaim fiú le freagra a thabhairt níos mó, ach luím siar ar an dhibheán. Cuireann an codladh an ciúnas agus an imeagla díom níos gaiste, cuidíonn leis an am a mheilt, ó tharlaíonn go bhfuil sé dódhéanta é a mharú.

Do chara dílis, Anne

AN SATHARN, 30 DEIREADH FÓMHAIR 1943

A Kitty dhil,

Tá Máthair ar bior, agus ní tuar dóchais é sin domsa. An comhtharlú é go díreach nach dtugann Athair nó Máthair amach do Margot? Aréir, cuir i gcás, bhí Margot ag léamh leabhair a raibh léaráidí galánta air; d’éirigh sí gur chuir sí an leabhar ar leataobh go dtí níos moille. Ní raibh mé ag gabháil do rud ar bith, mar sin de, thóg mé é gur thosaigh mé a amharc ar na pictiúir. Tháinig Margot ar ais, chonaic ‘a’ leabhar i mo lámha, chrap a malaí agus d’iarr a leabhar ar ais go crosta. Bhí mé ag iarraidh amharc fríd ar feadh tamaill eile. D’éirigh Margot níba fheargaí gach bomaite a chuaigh thart, agus sháigh Máthair a teanga sa chomhrá: ‘Bhí Margot ag léamh an leabhair sin; tabhair ar ais di é.’

Tháinig Athair isteach, agus gan fhios dó fiú cad é a bhí ag dul ar aghaidh, chonaic sé go raibh éagóir á dhéanamh ar Margot agus thug léasadh teanga dom: ‘Ba mhaith liom fáil amach cad é a dhéanfá féin dá mbeadh Margot ag amharc ar leabhar de do chuidse!’

Ghéill mé slí gan mórán moille, chuir síos an leabhar, agus dá réir, d’fhág an seomra ‘go stuacach’. Ní raibh mé stuacach ná crosta, níl ann ach go raibh mé brónach.

Níor chóir d'Athair breithiúnas a thabhairt gan eolas aige ar an chnámh spairne. Thabharfainn féin an leabhar do Margot, agus i bhfad níba ghaiste, mura gcuirfeadh Athair agus Máthair isteach ar rudaí agus mura mbeadh an oiread sin deifre orthu taobhú le Margot, a rá is de go raibh éagóir mhór á déanamh uirthi.

Ar ndóigh, thaobhaigh Máthair le Margot; taobhaíonn siadsan lena chéile i gcónaí. Tá mé chomh cleachtach sin leis go bhfuil mé beag beann ar ghearáin Mháthar agus ar thaghdaíl Margot. Tá grá agam dóibh, ach go díreach de bhrí gurb iad Máthair agus Margot iad. Is cuma sa tsioc liom fúthu mar dhaoine. Chomh fada liomsa de, tig leo dul go Paiteagó. Tá sé difriúil le hAthair. Nuair a fheicim go bhfuil sé ag taobhú le Margot, ag aontú le gach rud a dhéanann sí, á moladh, ag tabhairt croí isteach di, mothaím pian ag creimeadh mo thaobh istigh, de bhrí go bhfuil mé doirte dó. Déanaim aithris ar Athair, agus níl duine ar bith ar chlár na cruinne a bhfuil níos mó grá agam dó. Ní aithníonn sé go gcaitheann sé liom ar dhóigh dhifriúil ná mar a chaitheann sé le Margot: tarlaíonn sé go díreach gurb í Margot an duine is cliste, is cineálta, is dóighiúla agus is fearr. Ach tá sé de cheart agam go nglacfaí go dáiríre liom fosta. Is mise an chlabóg agus an duine a bhíonn i gcónaí ag cothú ceilge sa chlann; bhí orm i gcónaí íoc as mo chuid peacaí faoi dhó: uair amháin le léasadh teanga agus ansin arís le mo chuid éadóchais féin. Níl mé sásta níos mó leis an ghrá gan chiall nó leis na cainteanna dáiríre mar dhea. Bíim ag tnúth le rud éigin ó Athair nach dtig leis a thabhairt. Níl éad orm le Margot; ní raibh riamh. Níl éad orm léi mar gheall ar a hintleacht ná ar a háilleacht. Is é rud gur mhaith liom go mothóinn go bhfuil grá ag Athair domsa, ní amháin de bhrí gur mise a pháiste, ach de bhrí gur mise mé féin, Anne.

Fanaim go dlúth le hAthair de bhrí go bhfuil an drochmheas atá agam ar Mháthair ag dul in olcas ar bhonn laethúil agus is tríd atá mé ábalta an mothú deireanach atá agam don

teaghlach a choinneáil beo. Ní thuigeann sé go gcaithfidh mé mo racht feirge a ligean amach le Máthair. Níl sé ag iarraidh labhairt air, agus seachnaíonn sé plé ar bith ar mhothúcháin Mháthar.

Agus fós féin, is í Máthair in ainneoin a cuid lochtanna, is deacra domsa bheith ag déileail léi. Níl a fhios agam an dóigh ar chóir dom mé féin a iompar. Ní thig liom seasamh ina láthair lena cuid neamhshuime, a tarcaisne agus a cruas croí, agus fós féin ní thig liom leanúint ar aghaidh ag cur an locht orm féin.

Tá mé féin agus Máthair chomh difriúil le talamh agus spéir, mar sin de tarlóidh easaontas eadrainn. Níl mé ag iarraidh breithiúnas a thabhairt uirthi; níl sé de cheart agam. Níl mé ach ag amharc uirthi ina ról mar mháthair. Ní máthair domsa í – caithfidh mé bheith mar mháthair agam féin. Scar mé mé féin uathu. Tá mé ag dul mo bhealach féin, agus tchífimid cén toradh a bheas air. Níl an dara suí sa bhuaile agam, de bhrí go dtig liom a shamhailt an dóigh ar chóir do mháthair agus do bhean chéile a bheith agus ní thig liom rud ar bith dá leithéid a aimsiú sa bhean a bhfuil mé in ainm is a bheith ag tabhairt ‘Máthair’ uirthi.

Deirim liom féin arís agus arís eile neamhaird a dhéanamh de dhrochshampla Mháthar. Níl mé ach ag iarraidh a dea-thréithe a fheiceáil, agus amharc isteach ionam féin do na tréithe atá in easnamh aici. Ach ní oibríonn sé, agus is é an chuid is measa de nach n-aithníonn Athair ná Máthair a gcuid lochtanna féin agus an locht atá agam orthu gur loic siad orm. An bhfuil tuismitheoirí ar bith ann atá ábalta áthas a chur ar a gcuid páistí?

In amanna sílim go bhfuil Dia ag iarraidh mé a chur faoi scrúdú, anois agus sa todhchaí araon. Beidh orm bheith i mo dhuine maith as mo stuaim féin, gan duine ar bith ann chun dea-shampla a thabhairt dom nó chun comhairle a chur orm, ach beidh mé níos láidre sa deireadh.

Cé eile seachas mé féin atá ag dul a léamh na litreacha seo? Cé air a dtig liom bheith ag brath seachas orm féin chun sólás a thabhairt dom? Is minic a bhíonn sólás de dhíth orm, is minic a mhothaím lag, agus níos minice ná a athrach, ní bhím chomh maith agus a bhíonn súil agam a bheas mé. Tá a fhios agam é sin agus gach lá bíonn sé de rún agam bheith níos fearr.

Ní bhíonn siad leanúnach sa dóigh a gcaitheann siad liom. Deir siad lá gur girseach shiosmaideach í Anne agus é de cheart aici an t-eolas uile bheith aici agus an chéad lá eile gur óinseach í Anne nach bhfuil barúil ar bith aici agus go samhlaíonn sí go bhfuil an t-eolas uile atá de dhíth uirthi foghlamtha aici as na leabhair! Ní mise an leanbh nó an t-aingeal beag millte níos mó a dtig gáire a dhéanamh ar gach rud a dhéanann sí. Tá mo bharúlacha féin agam, mo phleananna féin agus m'aislingí féin, ach níl mé ábalta iad a rá go glinn go fóill.

Ó, cibé ar bith. Tagann an oiread sin rudaí isteach i mo chloigeann san oíche nuair a bhím liom féin, nó i rith an lae nuair a chaithfidh mé cur suas le daoine nach bhfuil dúil ar bith agam iontu nó a bhaineann an chiall chontráilte as mo rúin. Sin é an fáth a gcoinním orm ag teacht ar ais chuig mo dhialann – tosaím ansin agus críochnaím ansin de bhrí go mbíonn Kitty foighneach i gcónaí. Geallaim di go gcoinneoidh mé ag dul in ainneoin gach rud, go dtiocfaidh mé ar mo bhealach féin agus go stopfaidh mé na deora. Is é rud gur mhaith liom roinnt torthaí a fheiceáil nó, go díreach uair amháin go bhfaighinn misneach ó dhuine a bhfuil grá aige dom.

Ná cuir aon locht orm, ach smaoinigh orm mar dhuine a bhíonn ar tí pléascadh ó am go ham!

Do chara dílis, Anne

A Kitty dhil,

Chun suaimhneas intinne a thabhairt dúinn ó ábhair reatha agus chun iad a fhorbairt chomh maith, chuir Athair ordú isteach faoi choinne catalóige ó chúrsa poist. Scag Margot an leabhrán tiubh trí huair gan teacht ar rud ar bith a raibh dúil aici ann. B'fhurasta Athair a shásamh agus shocraigh sé ar litir a scríobh agus ceacht trialach i 'mBunchúrsa Laidine' a iarraidh. Níor luaithe ráite ná déanta é. Tháinig an ceacht, chrom Margot air go díograiseach agus shocraigh sí go ndéanfadh sí an cúrsa, in ainneoin an chostais. Tá sé i bhfad ródheacair domsa cé gur bhreá liom Laidin a fhoghlaim.

Chun tionscnamh nua a thabhairt domsa fosta, d'iarr Athair Bíobla do pháistí ar an Uasal Kleiman ionas go dtiocfadh liom rud éigin a fhoghlaim faoi dheireadh faoin Tiomna Nua.

'An bhfuil rún agat Bíobla a thabhairt d'Anne do Hannukkah?', a d'fhiafraigh Margot agus í beagán trína chéile?

'Tá...Bhuel, b'fhéidir gurbh fhearr an ócáid é Lá Fhéile Nioclás', a d'fhreagair Athair.

Ní théann Íosa agus Hanukkah go díreach le chéile.

Ó tharlaíonn go bhfuil an folúsghlantóir briste caithfidh mé an tseanscuab a úsáid ar an ruga gach oíche. Tá an fhuinneog druidte agus an solas sa tsiúl, tá an sorn thíos, agus seo mé ag scuabadh an ruga liom. 'Is cinnte go mbeidh fadhb leis seo,' a smaoinigh mé an chéad uair. 'Is cinnte go mbeidh gearáin ann.' Bhí an ceart agam: tháinig tinneas cinn ar Mháthair ó na scamail thiubha dusta ag rothlú thart an seomra, bhí foclóir nua Laidine de chuid Margot clúdaithe le dusta, agus bhí Pim ag gearán nach raibh cuma dhifriúil ar an urlár cibé ar bith. Sin a bhfuil de bhuíochas agam as an stró uilig.

Shocraigh muid go lasfaí an sorn ar leath i ndiaidh a seacht Maidin Dé Domhnaigh as seo amach in áit leath i ndiaidh a cúig. Sílim féin go bhfuil sé contúirteach. Cad é a mheasfas na

comharsana nuair a fheicfidh siad toit ag teacht amach as an simléar?

Is é an scéal céanna leis na cuiríní é. Ó chuaigh muid i bhfolach a chéadair, tá siad greamaithe go docht le tacóidí de na fuinneoga. In amanna is cathú dochloíte é do dhuine de na mná nó na fir uaisle spléachadh a thabhairt ar an saol amuigh. An toradh air: sraith focal maslach. An freagra air: ‘Ó ní thabharfaidh duine ar bith faoi deara é.’ Is é sin an dóigh a dtosaíonn agus a gcríochnaíonn gach gníomh neamhairde. Ní thabharfaidh duine ar bith faoi deara é, ní chluinfidh duine ar bith é, ní chuirfidh duine ar bith lá suime ann. Is furasta sin a rá, ach an bhfuil sé fíor?

Faoi láthair, tá na hargóintí achrannacha maolaithe; níl ann ach go bhfuil Dussel agus muintir van Daan fós in adharca a chéile. Nuair a bhíonn Dussel ag caint ar Bhean van D., is gnách go dtugann sé ‘an tseanchailleach sin’ uirthi, nó ‘an óinseach sin’, agus go contrátha tagraíonn Bean van D. dár bhfear uasal léannta mar ‘sheanmhaighdean’ nó ‘sheanmhaighdean thaghdach néaróiseach’, srl.

An óinseach ag aoir ar an amadán!

Do chara dílis, Anne

TRÁTHNÓNA DÉ LUAIN, 8 SAMHAIN 1943

A Kitty dhil,

Dá léifeá mo chuid litreacha in aon mheall amháin, chuirfeadh sé an dubh-iontas ort gur scríobhadh iad agus mé thuas seal thíos seal. Cuireann sé isteach orm go bhfuil mé ag brath ar an ghiúmar san Urtheach, ach ní mise an t-aon duine a dtagann drochspionn air, tagann sé ar gach duine. Tá mé sáite i leabhar, caithfidh mé mo chuid smaointe a chur in ord sula meascain le daoine eile, nó b’fhéidir go mbeidís ag déanamh go raibh mé aisteach. Mar a fheiceann tú, tá mé sna duibheagáin faoi láthair. Ní thiocfadh liom insint duit cad é a chuir tús

leis, ach sílim go mbaineann sé le mo chuid cladhreachta, a sheasann i mo láthair gach uair ar an bhealach. Tráthnóna, nuair a bhí Bep fós anseo, buaileadh ar chloigín an dorais go hard agus go hard, bhí mé chomh bán le taibhse láithreach, bhí mo bholg trína chéile, agus bhí mo chroí ag preabadh go gasta – agus é sin uile de bhrí go raibh eagla orm.

San oíche i mo luí dom feicim mé féin i m'aonar i ndoinsíún, gan Athair ná Máthair. Nó bím ag fanaíocht ar na sráideanna, nó bíonn an tUrtheach le thine, nó tagann siad i ndoimhneacht na hoíche chun muid a thabhairt ar shiúl agus téim faoi mo leaba ar mo lámha agus éadóchas orm. Feicim gach rud a rá is de go raibh sé ag tarlú le fírinne. Agus ag smaoineamh go dtarlóidh sé sin uile roimh i bhfad!

Is minic a deir Miep go bhfuil sí in éad linn de bhrí go bhfuil saol socair suaimhneach againn anseo. Is féidir go bhfuil sé sin fíor ach is léir nach bhfuil sí ag smaoineamh ar an eagla atá orainn.

Is é rud nach dtig liom a shamhailt go mbeidh gnáthshaol againn go deo arís. Bím ag caint ar 'i ndiaidh an chogaidh', ach tá sé sin a rá is de go raibh mé ag caint ar chaisleán sa spéir, rud éigin nach bhfíorfar choíche.

Amharcaim ar an ochtar againn san Urtheach a rá is de gur paiste scamail ghoirm a bhí ionainn agus scamail dhubha bhagartha thart timpeall orainn. Tá an paiste atá go foirfe cruinn a bhfuilimid inár seasamh air slán sábháilte go fóill, ach tá na scamail ag teacht inár dtreo agus tá an fainne idir muidne agus an chontúirt atá ag druidim linn á theannadh agus á theannadh. Tá an dorchadas agus an chontúirt thart timpeall orainn, agus coinnímid orainn ag bualadh lena chéile agus muid ag cuardach bealach éalaithe gan dóchas. Amharcaimid ar an chogaíocht thíos fúinn agus ar an áilleacht thuas. Idir an dá linn, tá na scamail mhóra dhubha ár scarúint ón saol a chiallaíonn nach dtig linn dul suas ná síos. Tá an chontúirt á tuar dúinn mar a bheadh balla dothréite ann, ag

déanamh iarrachta muidne a bhrú, ach an cumas aige é sin a dhéanamh go fóill. Níl mé ábalta ach caoineadh a dhéanamh agus scairteadh amach in ard mo chinn agus impí air, ‘Ó a fháinne, a fháinne, oscail go leathan agus scaoil amach muid!’

Do chara dílis, Anne

DÉARDAOIN, 11 SAMHAIN 1943

A Kitty dhil,

Tá teideal maith agam don chaibidil seo:

*Óid chuig Mo Pheann Tobair
I nDíl Chuimbne*

Ba é mo pheann tobair ceann de na rudaí ba luachmhaire dá raibh agam; bhí sé iontach luachmhar dom, go háirithe de bhrí go raibh gob leathan aige, agus ní thig liom scríobh go néata ach le gob leathan. Chuir sé tús le saol fada pinn tobair, a ndéanfaidh mé achoimre air thíos.

Nuair a bhí mé naoi mbliana d’aois, tháinig mo pheann tobair (é clúdaithe le focas cadáis) ‘ina shampla de rud nach raibh luach trádálach leis’ an bealach ar fad ó Aachen, mar a raibh mo sheanmháthair (an bronntóir cineálta) ina cónaí. Bhí mé i mo luí agus an fliú orm, agus gaotha mhí Feabhra ag glafarnach thart an t-árasán againn. Tháinig an peann tobair iontach seo i mbosca dearg leathair, agus thaispeáin mé do mo chailínchairde é an chéad deis a fuair mé. Mise, Anne Frank, úinéir bródúil pinn tobair.

Nuair a bhí mé deich mbliana d’aois, bhí cead agam an peann a thabhairt ar scoil, agus rud a chuir iontas orm, thug an múinteoir cead dom bheith ag scríobh leis fiú. Nuair a bhí mé aon bhliain déag d’aois, áfach, bhí orm mo sheoid a chur i dtaisce arís de bhrí nár thug an múinteoir sa séú foirm cead dúinn ach pinn na scoile agus potaí dúigh na scoile a úsáid.

Nuair a bhí mé dhá bhliain déag d'aois thosaigh mé a fhreastal ar Licéam na nGiúdach agus tugadh cás nua do mo pheann tobair in ómós don ócáid. Ní amháin go raibh spás ann faoi choinne pinn luaidhe, ach bhí sip air fosta a bhí i bhfad níos sonraí. Nuair a bhí mé trí bliana déag d'aois tháinig an peann tobair liom chuig an Urtheach, agus le chéile chuaigh muid fríd dialanna agus ceapadóireacht do-áirithe de ruathar.

Bhain mé cúig bliana déag amach agus bhí mo pheann tobair ag baint suilt as an bhliain dheireanach dá shaol nuair...

Bhí sé go díreach i ndiaidh a cúig tráthnóna Dé hAoine. Tháinig mé amach as mo sheomra agus bhí mé ar tí suí ag an tábla le dul i mbun scríbhneoireachta nuair a brúdh ar leataobh mé go garbh chun áit a dhéanamh d'Athair agus do Margot a bhí ag iarraidh a gcuid Laidine a chleachtadh. Bhí an peann tobair ina shuí tréigthe ar an tábla, nuair a cuireadh iallach ar a úinéir, agus í ag ligint osna, bheith sásta le cúinne beag den tábla, mar ar thosaigh sí a chuimilt pónairí. Is é sin an dóigh a mbainimid an coincheall de na pónairí agus iad a chur ar ais chuig a mbunrud. Ar cheathrú go dtí a sé scuab mé an t-urlár, chaith mé an salachar isteach i nuachtán mar aon leis na pónairí lofa agus chaith isteach sa sorn é. Léim lasair mhór aníos, agus shíl mé gur rud iontach é gur tháinig biseach mór míorúilteach ar an sorn, a bhí ar an dé deiridh.

Bhí gach rud ciúin arís. D'imigh na mic léinn Laidine, agus shuigh mé ag an tábla le tosú ón áit ár fhág mé. Ach ba chuma cibé áit ar chuardaigh mé, ní raibh mo pheann tobair le feiceáil in áit ar bith. Chuardaigh mé arís, chuardaigh Margot, chuardaigh Máthair, chuardaigh Athair, chuardaigh Dussel. Ach bhí sé imithe.

'B'fhéidir gur thit sé isteach sa sorn, mar aon leis na pónairí!' arsa Margot.

'Níor thit, ní thiocfadh leis!' a d'fhreagair mé. Ach an tráthnóna sin, nuair nár thángthas ar mo pheann tobair fós, rinne muid uile talamh slán de gur dódh é, go

háirithe de bhrí go dtéann ceallalóid le thine go hiontach gasta. Dearbhaíodh an eagla anama a bhí orainn an lá dár gcionn nuair a chuaigh Athair chun an sorn a fholmhú agus tháinig sé ar an fháiscín a úsáidtear chun é a dhaingniú le póca, i measc an luathrigh. Ní raibh tásca ná tuairisc ar an ghob óir. ‘Caithfidh sé gur leádh go cloch é,’ an bharúil a bhí ag Athair.

Tá sólas amháin fágtha agam, dá laghad atá sé: créamadh mo pheann tobair, go díreach an rud a ba mhaith liom a tharlódh domsa lá éigin.

Do chara dílis, Anne

AN CHÉADA OIN, 17 SAMHAIN 1943

A Kitty a chara,

Tá an teach trína chéile mar gheall ar rudaí a tharla le déanaí. Mar gheall ar ráig dhiftéire tigh Bep, ní bheidh cead aici teagmháil a dhéanamh linn go ceann sé seachtaine. Gan í, beidh an chócaireacht agus an tsiopadóireacht iontach deacair, gan trácht ar a mhéad a chronóimid a cuideachta. Tá an tUasal Kleiman fós ina lú gan rud ar bith á ithe aige ach brachán le trí seachtaine anuas. Tá an tUasal Kugler sáite ina chuid oibre.

Cuireann Margot a cuid ceachtanna Laidine chuig múinteoir, a cheartaíonn agus a thugann ar ais iad. Chláraigh sí faoi ainm Bep. Tá an múinteoir iontach deas agus deisbhéalach fosta. Cuirim geall leat go bhfuil áthas air go bhfuil a leithéid de dhalta cliste aige.

Tá Dussel trína chéile agus níl a fhios againn cén fáth. Thosaigh sé uilig nuair nár dhúirt Dussel focal nuair a bhí sé thuas staighre, níor labhair sé oiread is focal le ceachtar acu, an tUasal ná Bean van Daan. Thug muid uilig faoi deara é. Mhair sé ar feadh roinnt laethanta agus ansin thapaigh Máthair an deis rabhadh a thabhairt dó faoi Bhean van D., a bhí ábalta an saol a dhéanamh anróiteach dó. Dúirt Dussel gur thosaigh Bean van Daan a thabhairt cluas bhodhar dó agus nach raibh lá rúin

aige an scéal a athrú. Ba chóir dom a mhíniú go raibh an 16 Samhain ann inné, cuimhneachán bliana ó chuir sé faoin san Urtheach. Fuair Máthair planda in ómós na hócáide seo, ach ní bhfuair Bean van Daan rud ar bith, an duine a rinne tagairt don dáta le seachtainí anuas agus nár chuir fiacail ann gur shíl sí gur chóir do Dussel dinnéar a dhéanamh dúinn. In ionad an deis a thapú le buíochas a thabhairt dúinn – den chéaduaire – as é a thabhairt isteach go neamhleithleasach, níor labhair sé focal. Agus ar maidin an séú lá déag nuair a d’fhiafraigh mé de ar chóir dom comhghairdeas nó comhbhrón a dhéanamh leis, d’fhreagair sé go ndéanfadh ceachtar acu cúis. Ní dhearna Máthair dul chun cinn ar bith, cé go ndearna sí ceann réitigh di féin, agus tháinig deireadh leis an scéal agus é cothrom ar gach taobh.

Tig liom a rá gan áibhéil ar bith go bhfuil boc mearaí ar Dussel. Is minic a dhéanaimid gáire dúinn féin de bhrí nach bhfuil cuimhne ar bith, barúil láidir ar bith nó ciall ar bith aige. Thug sé taitneamh dúinn níos mó ná uair amháin nuair a rinne sé iarracht scéal a bhí sé go díreach i ndiaidh a chloisteáil a chur ar aghaidh chugainn, ó tharlaíonn go mbíonn an scéal céanna as a riocht sa seoladh. Ar a bharr sin, freagraíonn sé gach ábhar náire agus gearáin le moll mór gealltanais breá, nach gcomhlíonann sé in am ar bith.

*Der Mann hat einen grossen Geist
Und ist so klein von Taten!**

Do chara dílis, Anne

AN SATHARN, 27 SAMHAIN 1943

A Kitty dhil,

Aréir nuair a bhí mé ag titim i mo chodladh, nocht Hanneli romham as lár na soininne.

* Nath cainte a bhfuil clú air: ‘Tá intinn an duine uasal, / Ach is suarach a chuid gníomhartha.’

Chonaic mé í gléasta ina cuid éadaí gioblacha, a haghaidh tanaí agus caite. D’amharc sí orm leis an oiread sin bróin agus ábhar náire ina súile ollmhóra go raibh mé ábalta an teachtaireacht iontu a léamh: A Anne, a Anne, cad chuige ar thréig tú mé? Fóir orm, fóir orm, tar i dtarrtháil orm ón ifreann seo!’

Agus ní thig liom teacht i dtarrtháil uirthi. Ní thig liom ach seasamh ar leataobh agus amharc ar dhaoine eile agus iad ag fulaingt agus ag fáil bháis. Ní thig liom ach guí do Dhia í a thabhairt ar ais chugainn. Chonaic mé Hanneli, agus ise amháin, agus tuigim an fáth. Níor thuig mé i gceart í, ní raibh mé aibí go leor tuigbheáil cé chomh deacair a bhí sé di. Bhí sí doirte dá cara, agus caithfidh sé go raibh an chuma air go raibh mise ag déanamh iarrachta í a thabhairt ar shiúl uaithi. An créatúr bocht, caithfidh sé gur mhothaigh sí go hól! Tá a fhios agam, mar aithním an mothú ionam féin! Bhí corrsplanc tuigbheála agam, ach ansin ní raibh ar m’aird ach mo chuid fadhbanna agus pléisiúir féin.

Bhí sé go hól gur chaith mé léi ar an dóigh sin, agus anois bhí sí ag amharc orm, gan dóchas ar bith, a haghaidh bhán agus a súile impíocha. Dá mba rud é go dtiocfadh liom teacht i dtarrtháil uirthi! A Dhia dhílis, tá mian mo chroí agus mo shúl agam, agus ise faoi bhos an chait ag an chinniúint. Bhí sí chomh cráifeach agus a bhí mise, b’fhéidir fiú níba chráifí, agus bhí sí ag iarraidh an rud ceart a dhéanamh chomh maith. Ach ansin, cén fáth ar roghnaíodh mise le bheith beo, agus ise ag dul a fháil bháis, b’fhéidir? Cad é an difear eadrainn? Cad chuige a bhfuilimid an oiread sin scartha óna chéile?

Leis an fhírinne a dhéanamh, níor smaoinigh mé uirthi ar feadh na míonna – nó, ar feadh leathbhliana ar a laghad. Ní dhearna mé dearmad glan uirthi, agus fós féin ní raibh ann ach go dtí go bhfaca mé í os mo chomhair amach gur smaoinigh mé ar an dóigh a raibh sí ag fulaingt.

Ó, a Hanneli, tá súil as agam go dtiocfaidh tú ar ais chugainn ag deireadh an chogaidh agus go mbeidh mé ábalta tú a thabhairt isteach agus cúiteamh a dhéanamh leat as an éagóir a rinne mé ort.

Ach fiú dá mbeinn ábalta teacht i dtarrtháil uirthi in am ar bith, ní bheadh sé de dhíth uirthi níos mó ná mar atá sé anois. Ní fheadar an smaoiníonn sí orm in am ar bith, agus cad é a mhothaíonn sí?

A Dhia na trócaire, tabhair suaimhneas di, sa dóigh is nach mbeidh sí ina haonar ar a laghad. Ó, dá mba rud é go mbeifeá ábalta insint di go bhfuil mé ag smaoineamh uirthi le trua agus le grá, b'fhéidir go gcuideodh sé léi dul ar aghaidh. Caithfidh mé éirí as trácht fada a dhéanamh air seo. Ní dhéanfaidh mé dul chun cinn ar bith leis. Feicim a súile ollmhóra i gcónaí, agus tá mé ciaptha acu. An gcreideann Hanneli i nDia i ndáiríre, nó an é gur brúdh an creideamh uirthi? Níl a fhios agam é sin fiú. Níor chuir mé an stró orm riamh an cheist a thógáil.

A Hanneli, a Hanneli, dá mba rud é go dtiocfadh liom tú a thabhairt ar shiúl, dá mba rud é go dtiocfadh liom a bhfuil agam a roinnt leat. Tá sé rómhall, ní thig liom cuidiú nó dul siar ar an éagóir a rinne mé. Ach ní dhéanfaidh mé dearmad uirthi choíche arís agus beidh mé i gcónaí ag guí ar a son!

Do chara dílis

AN LUAN, 6 NOLLAIG 1943

A Kitty dhil,

A chónagaraí a tháinig sé go Lá Fhéile Nioclás, is amhlaidh is mó a chuimhnigh muid siar ar chiseán maisithe na bliana seo chuaigh thart. Thar dhuine ar bith eile, shíl mé go mbeadh sé uafásach ceiliúradh a sheachaint i mbliana. I ndiaidh domhainmhachnaimh, rith smaoineamh liom sa deireadh, rud éigin greannmhar. Chuaigh mé i gcomhairle le Pim, agus

chrom muid ar véarsa a scríobh do gach duine tá seachtain ó shin.

Tráthnóna Domhnaigh ar cheathrú go dtí a hocht, chruinnigh muid le chéile thuas staighre agus an ciseán mór níocháin linn, a bhí maisithe le gearrthóga agus le boghanna déanta as páipéar gorm carbóin. Bhí píosa mór páipéar beartán ar a bharr agus nóta greamaithe de. Bhí alltacht ar gach duine faoi cé chomh mór agus a bhí an bronntanas. Bhain mé an nóta de gur léigh mé os ard é:

*Arís eile tá Féile Niocláis linn,
Agus muid fós anseo faoi choim;
Ní dóigh liom go mbeidh an chraic chéanna san áit,
Agus a bhí anseo an bhliain seo cait'
Dóchas orainn ansin, gan fáth ambráis,
Go mbeadh an bua ag lá an dóchais,
Agus faoin am a mbeadh an bhliain sin caite,
Go mbeimís uilig saor slán sábháilte.
Fós féin, ná ligimis dearmad go bhfuil Lá Niocláis ann
Cé nach bhfuil a dhath le bronnadh againn agus muid gann.
Beidh orainn rud éigin eile a dhéanamh leoga,
Mar sin de, amharcaigí isteach i bhur mbróga.*

De réir mar a thóg gach duine a bhróg amach as an chiseán, rinneadh scairteadh gáire. Taobh istigh de gach bróg bheag bhí beartán clúdaithe le páipéar seolta chuig a húinéir.

Do chara dílis, Anne

AN CHÉADAOIN, 22 NOLLAIG 1943

A Kitty dhil,

Chuir drochbhabhta fliú cosc orm scríobh chugat go dtí inniu. Tá sé millteanach le bheith tinn anseo. B'éigean dom

tumadh faoin bhlaicéad le gach casacht dá ndearna mé – uair amháin, dhá uair, trí huair – agus iarracht a dhéanamh gan casacht a dhéanamh níos mó. An chuid is mó den am dhiúltaigh an choigilt imeacht, mar sin de b'éigean dom bainne a ól a raibh mil, siúcra nó braonta frithchasachta ann. Bíonn mearbhall i mo cheann nuair a smaoiním ar na leigheasanna uile a moladh dom: an fiabhras a chur díom agus mé ag cur allais, leigheas gaile, adhartáin fhliucha, adhartáin thirime, deochanna teo, ceirt a chuimilt de mo scornach, i mo luí gan bhogadh, pillín teasa, buidéal uisce the, líomanáid agus, an teirmiméadar gach dhá uair a chloig. An gcuirfidh na leigheasanna seo biseach ort i ndáiríre? Ba é an chuid ba mheasa de nuair a shocraigh an tUasal Dussel dochtúir a dhéanamh de féin gur chuir sé a chloigeann gruaige ar mo bhrollach lom chun éisteacht leis na fuaimeanna. Ní amháin gur chuir a chuid gruaige coigiltí ionam, ach bhí mé náirithe, cé go ndeachaigh sé ar scoil tá tríocha bliain ó shin agus go bhfuil céim de chineál éigin aige. Cad chuige ar chóir dó a chloigeann a leagan ar mo chroí? I ndiaidh gach ní, ní hé mo stócach é! I dtaca leis sin de, ní bheadh sé ábalta fuaim fholláin a aithint thar cheann mífholláin. Bheadh air a chluasa a ghlanadh ar dtús, ó tharlaíonn go bhfuil sé ag éirí bodhar, rud atá scanrúil. Ach is leor sin faoi mo thinneas. Tá mé ar ais ar mo sheanléim anois. D'fhás mé beagnach dhá orlach agus chuir me suas dhá phunt meáchain. Tá dath bán orm ach tá mé ar bís filleadh ar mo chuid leabhar.

*Ausnahmsweise** (is é seo an t-aon fhocal a fhóireann anseo), táimid uile ag réiteach go maith le chéile. Níl easaontas ar bith ann, cé gur dócha nach mairfidh sé sin rófhada. Ní raibh an oiread céanna síochána agus suaimhnis sa teach seo le sé mhí anuas.

Tá Bep fós ar leith, ach lá ar bith feasta ní bheidh a

* Mar athrú

deirfiúr tógálach. Don Nollaig táimid ag fáil tuilleadh ola chócaireachta, milseán agus triacla. Don Hanukkah, thug an tUasal Dussel císte galánta do Bhean van Daan agus Mháthair, a d'iarr sé ar Miep a bhácáil dó. Ar bharr na hoibre uile atá le déanamh aici! Fuair Margot agus mé féin bróiste déanta as pingin, é uilig geal agus lonrach. Ní thig liom cur síos a dhéanamh air i ndáiríre ach tá sé galánta.

Tá bronntanas Nollag agam fosta do Miep agus Bep. Le mí iomlán anuas chuir mé an siúcra a chuirim i mo bhrachán de ghnáth a shábháil, agus bhain an tUasal Kleiman úsáid as chun fondant a dhéanamh.

Tá an aimsir ceobhránach agus dorcha, tá boladh bréan ón sorn, agus luíonn an bia ina mhoirt ar ár mbolg, a chothaíonn éagsúlacht geonaíola.

Tá fál go haer leis an chogadh, táimid in ísle brí,

Do chara dílis, Anne

AN AOINE, 24 NOLLAIG 1943

A Kitty dhil,

Mar atá scríofa agam cuid mhaith uaireanta roimhe, is é nádúr na dtaghdanna go dtéann siad i bhfeidhm go mór orainn anseo, agus ó mo thaobhsa de tá sé ag éirí níos measa le déanaí. Is cinnte go bhfuil *'Himmelhoch jauchzend, zu Tode betrübt'** fóirsteanach domsa. Bím 'ar bharr na dtonn' nuair a smaoiním ar cé chomh hádhúil agus atáimid agus nuair a chuirim mé féin i gcomparáid le páistí Giúdacha eile, agus 'in ísle brí' nuair a thagann Bean Kleiman thart, cuirim i gcás, agus nuair a labhrann sí ar chlub haca Jopie, turais curáí, drámaí scoile agus tae tráthnóna le cairde.

Ní dóigh liom go bhfuil mé in éad le Jopie, ach is fada liom am an-deas bheith agam aon uair amháin agus gáire a

*Líne cháiliúil ó Goethe: 'Ar bharr na dtonn nó in ísle brí.'

dhéanamh chomh mór sin go ngortóidh sé mé. Táimid gafa sa teach seo mar a bheadh lobhair ann, go háirithe i rith an gheimhridh, agus na Nollag agus shaoire na Bliana Úire. Le fírinne, níor chóir dom bheith á scríobh seo, ó tharlaíonn go gcuireann sé an chuma orm nach bhfuil mé buíoch, ach ní thig liom gach rud a choinneáil dom féin, mar sin de déarfaidh mé arís ár dhúirt mé ag an tús: ‘Tá páipéar níos foighní ná daoine.’

Nuair a thagann duine isteach anseo ón taobh amuigh, agus an ghaoth ina chuid éadaí agus an fuacht ar a leicne, mothaím gur mhaith liom mo cheann a chur faoi na blaincéid ionas nach mbeidh mé ag smaoinéamh air, ‘Cén uair a bheas cead againn aer úr a ionanálú arís?’ Ní thig liom sin a dhéanamh – a mhalairt atá fíor, caithfidh mé mo chloigeann a choinneáil ard agus aghaidh chróga a chur ar rudaí, ach coinníonn na smaointe ag teacht ar ais chugam cibé ar bith. Ní hé go dtagann siad uair amháin, ach arís agus arís eile.

Creid uaim é, má bhí tú faoi ghlas ar feadh bliain go leith, tig leis bheith barraíocht duit in amanna. Ach ní thig neamhaird a dhéanamh ar na mothúcháin, is cuma cé chomh héagórach nó cé chomh díomuíoch agus atá siad. Is fada liom dul a rothaíocht, bheith ag damhsa, feadaíl a dhéanamh, amharc ar an domhan, bheith óg agus fios a bheith agam go bhfuil mé saor, agus fós féin ní thig liom ligint dom féin é a léiriú. Samhlaigh cad é a tharlódh dá mbeadh trua ag an ochtar againn uile dúinn féin nó dá siúlfaimis uile thart agus cuma mhíshasta go soiléir orainn. Cad é an mhaith a bheadh ann dúinn? Bím ag machnamh in amanna an dtuigfidh duine ar bith an rud atá mé a mhaíomh an ndéanfaidh duine ar bith neamhaird ar mo mhíbhuíochas gan inní air cé acu atá mé i mo Ghiúdach nó nach bhfuil agus amharc orm go díreach mar dhéagóir a bhfuil spraoi de dhíth uirthi go géar. Níl a fhios agam, agus ní bheinn ábalta labhairt faoi le duine ar bith, os rud é go bhfuil mé cinnte de go dtosóinn a chaoineadh. Tig

leis an chaoineadh faoiseamh a thabhairt, ionas nach mbíonn tú ag caoineadh i d'aonar. In ainneoin mo chuid teoiricí agus iarrachtaí, cronaím – gach lá agus gach uair an chloig den lá – máthair a bheith agam a thuigeann mé. Is é sin an fáth a samhlaím dom féin le gach rud dá ndéanaim agus dá scríobhaim an cineál máthar ba mhaith liom bheith ionam féin le mo pháistí amach anseo. An cineál máthar nach nglacann ródháiríre le gach rud a deir daoine ach a ghlacann dáiríre *liomsa*. Bíonn sé deacair dom cur síos ar an rud atá i m'intinn, ach deir an focal ‘mam’ gach rud. An bhfuil a fhios agat an rud a rith liom? Ionas go dtabharfar an mothú dom rud éigin atá cosúil le ‘Mam’ a thabhairt ar mo mháthair, is minic a thugaim ‘Mumsie’ uirthi. In amanna giorraím go ‘Mums’ é: ‘Mam’ lochtach. Is mian liom go dtiocfadh liom onóir a thabhairt di agus an ‘s’ a bhaint ar shiúl. Is maith an rud é nach dtuigeann sí é seo, de bhrí go gcuirfeadh sé brón uirthi.

Bhuel, is leor é sin. Thóg mo chuid scríbhneoireachta cian díom ar dhóigh ó ‘na duibheagáin’.

Do chara dílis, Anne

Is é an lá i ndiaidh na Nollag é, agus ní thig liom gan a bheith ag smaoineamh ar Pim agus ar an scéal a d’inis sé dom ag an am seo anuraidh. Níor thuig mé brí a chuid focal an t-am sin chomh maith agus a thuigim anois iad. Dá mba rud é go ndéanfadh sé trácht air arís, b’fhéidir go mbeinn ábalta taispeáint dó gur thuig mé an rud a bhí sé a mhaíomh!

Sílim gur inis Pim dom de bhrí go raibh air, a bhfuil ‘rúin phríobháideacha’ an oiread sin daoine eile ar eolas aige, a chuid mothúchán féin a léiriú ar a laghad aon uair amháin; ní labhrann Pim air féin in am ar bith, agus ní dóigh liom go bhfuil barúil dá laghad ag Margot ar an méid a ndeachaigh sé fríd. Pim bocht, ní thig leis dallamullóg a chur orm go bhfuil dearmad déanta aige ar an ghirseach sin. Ní bheidh choíche.

Tá sé iontach garach mar gheall air, de bhrí nach bhfuil sé dall ar lochtanna Mháthar. Tá súil as agam go mbeidh mé ar an dóigh chéanna leis beagán, gan orm dul fríd an oiread céanna agus a ndeachaigh sé féin fríd.

Anne

AN LUAN, 27 NOLLAIG 1943

Tráthnóna Dé hAoine, den chéad uair riamh i mo shaol, fuair mé bronntanas Nollag. D'ullmhaigh an tUasal Kleiman, an tUasal Kugler agus na girseacha bronntanas iontach dom. Rinne Miep císte Nollag sobhlasta a raibh 'Síocháin 1944' scríofa ar a bharr, agus sholáthair Bep brioscaí a bhí ar chaighdeán réamhchogaidh.

Bhí pota iógairt ann do Peter, do Margot agus domsa agus buidéal beorach do na daoine fásta uile. Agus arís eile bhí gach rud clúdaithe chomh deas sin, agus pictiúir áille greamaithe de na beartáin. Maidir leis an chuid eile de, d'imigh an tsaoire thart go gasta dúinn.

Anne

AN CHÉADAIOIN, 29 NOLLAIG 1943

Bhí mé an-bhrónach arís aréir. Tháinig Mamó agus Hanneli chugam arís eile. Mamó, ó mo Mhamó mhilis. Is beag a thuig muid ar fhulaing sí, a chineálta a bhí sí i gcónaí agus an tsuim a chuireadh sí i ngach rud bainteach linn. Agus nuair a smaoiníonn tú air go raibh sí ag cosaint a rúin uafásaigh go cúramach.*

Bhí Mamó i gcónaí chomh dílis agus chomh maith sin. Ní fhealladh sí orainn in am ar bith. Is cuma cad é an rud a tharla, is cuma cé chomh dona agus a d'iompair mé mé féin,

*Bhí tinneas gan leigheas ar Mhamó Anne.

sheasadh Mamó an fód i gcónaí dom. A Mhamó, an raibh grá agat dom, nó an rud é nár thuig tú mé ach oiread? Níl a fhios agam. Caithfidh sé go raibh Mamó an-uaigneach inár n-ainneoin. Tig leat bheith uaigneach fiú nuair a bhíonn grá ag a lán daoine duit, de bhrí nach tú ‘an duine speisialta’ ag duine ar bith.

Agus Hanneli? An bhfuil sí fós beo? Cad é atá sí a dhéanamh? A Dhia dhílis, tabhair aire di agus tabhair ar ais chugainn í. A Hanneli, is cuimhneachán tú ar a mbeadh i ndán dom, b’fhéidir. Coinním mo shamhailt féin i d’áit. Cad chuige a bhfuil cuma ainniseach orm go minic faoi cad é atá ag dul ar aghaidh anseo? Nár chóir go mbeadh sonas orm, go raibh mé sásta agus áthasach, ach amháin nuair a bhím ag smaoineamh ar Hanneli agus orthu siúd atá ag fulaingt léi? Tá mé leithleasach agus meata. Cad chuige a mbím ag smaoineamh agus ag brionglóideach ar na rudaí is uafásaí agus fonn orm bheith ag screadaíl agus eagla mo bháis orm? Mar, in ainneoin gach rud, níl go leor muiníne agam i nDia. Thug Sé an oiread sin dom, nach bhfuil tabhaithe agam, agus fós féin déanaim an oiread sin meancóg gach lá!

Bhainfeadh sé na deora asat nuair a smaoiníonn tú orthu siúd a bhfuil grá agat dóibh agus iad ag fulaingt; déanta na fírinne, thiocfadh leat an lá ar fad a chaitheamh ag caoineadh. Is é an rud is mó a thig leat a dhéanamh ná guí do Dhia míorúilt a dhéanamh agus beatha cuid acu ar a laghad a shábháil. Agus tá súil as agam go bhfuil mé ag déanamh go leor de sin!

Anne

DÉARDAOIN, 30 NOLLAIG 1943

A Kitty dhil,

Ó bhí na hachrainn fhraochmhara ann, tá rudaí suaimhneach anseo, ní amháin eadrainn féin, Dussel agus ‘thuas staighre’, ach idir an tUasal van D agus a bhean fosta. Mar sin féin, tá

spéartha toirní ag teacht sa treo seo, agus sin uile mar gheall ar ... bhia. Tháinig Bean van D. aníos leis an smaoinemh amaideach níos lú prátaí a fhriochadh ar maidin agus iad a choinneáil go dtí níos moille sa lá. Níor aontaigh Máthair agus Dussel agus an chuid eile againn léi, mar sin de, táimid anois ag roinnt na bprátaí fosta. Tá an chuma ar an scéal nach bhfuil na sailleacha agus na holaí á roinnt go cothrom, agus beidh ar Mháthair stop a chur leis. Cuirfidh mé in iúl duit má bhíonn forbairtí suimiúla ar bith ar an scéal. Le roinnt míonna anuas táimid ag roinnt na feola (a gcuid le saill agus ár gcuid gan í), an anraith (itheann siadsan é, ní ithimid), na bprátaí (a gcuid gan chraiceann, ár gcuid le craiceann), na rudaí breise agus anois na bprátaí friochta fosta.

Dá mba rud é go dtiocfadh linn scarúint óna chéile go huile is go hiomlán!

Do chara dílis, Anne

IS. Chóipeáil Bep pictiúr den Chlann Ríoga ar fad domsa. Tá cuma an-óg ar Juliana, agus ar an Bhanríon chomh maith. Tá an triúr girseach beag go haoibhinn. Ba dheas an rud é ó Bep, nach síleann tú?

AN DOMHNACH, 2 Eanáir 1944

A Kitty dhil,

Ar maidin, nuair nach raibh rud ar bith le déanamh agam, d'iompaigh mé leathanaigh mo dhialainne agus tháinig mé trasna ar an oiread sin litreacha ag plé le 'Máthair' ar dhóigheanna chomh láidir sin gur baineadh geit asam. Dúirt mé liom féin, 'a Anne, an tusa atá ann i ndáiríre ag labhairt ar an fhuath? Ó, a Anne, cad é mar a thiocfadh leat?'

D'fhan mé i mo shuí an leabhar ar oscailt i mo lámh agam agus mé ag machnamh ar an fáth a raibh an oiread sin feirge orm agus fuatha agam go raibh orm é uile a ligean leatsa. Rinne mé mo dhícheall an Anne a bhí ann anuraidh a thuiscint

agus mo leithscéal a ghabháil ar a son, mar a fhad a fhágaim na gearáin seo agat gan mé ag déanamh iarrachta an rud a spreag iad a mhíniú, ní bheidh mo choincias glan agam. Bhí mé ag fulaingt an t-am sin, (agus tá go fóill) ó ghruaim a choinnigh mo chloigeann faoi uisce (go meafarach) agus nár cheadaigh dom ach rudaí a fheiceáil ó mo thaobh féin, gan mé ag smaoineamh go ciúin staidéarach ar na rudaí a dúirt na daoine eile, orthu siúd a ghortaigh mé nó a ndearna mé éagóir orthu le mo mheon aigeantach, agus ansin m’iompar féin ar an dóigh a n-íompróidís siúd iad féin.

Bhí mé i bhfolach ionam féin, gan mé ag smaoineamh ar dhuine ar bith eile agus scríobh mé síos go ciúin staidéarach mo chuid áthais, tarcaisne agus bróin uile i mo dhialann. De bhrí go bhfuil an dialann seo anois ina leabhar gearrthóg ar dhóigh, tá mo chroí istigh inti, ach ní thiocfadh liom ach, ‘thart agus déanta’ a scríobh ar chuid mhaith de na leathanaigh.

Bhí mé ar buile le Máthair (agus tá go fóill cuid mhaith den am). Tá sé fíor, nár thuig sí mé, ach níor thuig mise í ach an oiread. De bhrí go raibh grá aici dom, bhí sí ceanúil agus grámhar, ach de bhrí gur chuir mé i bponc í agus mar gheall ar an droch-chás ina raibh sí, bhí sí neirbhíseach, cantalach, mar sin de tig liom an fáth a raibh sí borb liom a thuiscint.

Maslaíodh mé, chuaigh sé go dtí an croí ionam barraíocht agus bhí mé millteanach léi, rud a chuir míshásamh uirthi. Bhí muid gafa i gciorcail lochtach an mhíthaitnimh agus an bhróin. Níor thréimhse áthais do cheachtar againn í, ach ar a laghad tá deireadh ag teacht léi. Ní raibh mé ag iarraidh a fheiceáil cad é a bhí ag dul ar aghaidh, agus bhí an-trua agam dom féin, ach tá sé sin le tuiscint fosta.

Níl sna rachtanna feirge ar phár ach rith focal feirge a thiocfadh liom a chur díom féin sa ghnáthsaoil trí mé féin a chur faoi ghlas i mo sheomra agus mo chosa a bhualadh ar an talamh roinnt uaireanta agus ainmneacha a thabhairt ar Mháthair gan fhios di.

Tá an tréimhse chaointeach inar chiontaigh mé Máthair thart. D'éirigh mé níos críonna agus tá néaróga Mháthar níos daingne. Éiríonn liom srian a choinneáil ar mo theanga den chuid is mó nuair a chuirtear isteach orm, agus cuireann sí isteach orm; mar sin de ar an dromchla, tá an chuma orainn go bhfuilimid ag réiteach níos fearr le chéile. Ach tá rud ann nach dtig liom a dhéanamh, is é sin grá a thabhairt do Mháthair le dílseacht an pháiste.

Tugaim sólas do mo choinsias agus mé ag déanamh gur fearr do na focail mhíchineálta bheith ar phár ná go n-íompródh Máthair thart ina croí iad.

Do chara dílis, Anne

DÉARDAOIN, 6 EANÁIR 1944

A Kitty dhil,

Inniu tá orm dhá rud a admháil. Tá sé ag dul a ghlacadh am fada, ach caithfidh mé iad a insint do dhuine éigin, agus is dócha gur tusa an duine sin, de bhrí go bhfuil a fhios agam go gcoinneoidh tú rún pé rud a tharlaíonn.

Tá an chéad cheann faoi Mháthair. Mar atá a fhios agat, is minic a rinne mé gearán fúithi agus ansin rinne mé mo dhícheall bheith deas léi. Is go tobann a thug mé faoi deara cad é atá cearr léi. Dúirt Máthair go n-amharcann sí orainn mar a bheadh cairde ann níos mó ná mar a bheadh iníonacha ann. Tá sé sin iontach deas, ar ndóigh, ach amháin nach dtig le cara áit Mháthar a ghlacadh. Tá mé ag iarraidh ar mo Mháthair dea-shampla a thabhairt agus bheith ina duine a dtig liom meas a bheith agam uirthi, ach i gcuid mhaith de na cúrsaí, is sampla í den rud nár chóir a dhéanamh. Mothaím go mbíonn Margot ag smaoineamh chomh difriúil sin ar na rudaí seo nach mbeadh sí ábalta choíche na rudaí atá mé i ndiaidh insint duit a thuiscint. Agus seachnaíonn Athair comhrá ar bith atá bainteach le Máthair.

Samhlaíonn máthair dom mar bhean a bhfuil cuid mhaith tuisceana aici, sa chéad dul síos, go háirithe ar a cuid páistí óigeánta, agus ní bean, dála Mumsie, a bhíonn ag spochadh asam nuair a bhím ag caoineadh. Ní hé de bhrí go bhfuil mé i bpian, ach mar gheall ar rudaí eile.

B'fhéidir go mbeadh cuma bheagthábhachtach air seo, ach tá eachtra amháin ann nach maithfidh mé choíche di. Tharla sé ar lá a bhí orm dul chuig an fhiacloír. Shocraigh Máthair agus Margot go rachaidís liom agus d'aontaigh gur chóir dom dul ar mo rothar. Nuair a bhí an fiacloír críochnaithe agus muid taobh amuigh, thug Margot agus Máthair le fios dom go deas milis go raibh siad ag dul chuig an bhaile chun rud éigin a cheannach nó le bheith ag amharc ar rud éigin, ní cuimhin liom cad é a bhí i gceist, ach ar ndóigh bhí mé ag iarraidh dul leo. Ach dúirt siad nach raibh mé ábalta teacht de bhrí go raibh mo rothar liom. Tháinig deora feirge chun mo shúl ina rabharta, agus thosaigh Margot agus Máthair a mhagadh fúm. Bhí an oiread sin feirge orm gur chuir mé mo theanga amach chucu, go díreach ansin ar an tsráid. Tharla go raibh seanbhean ag dul thar bráid agus bhí an chuma uirthi gur baineadh siar aisti. Chuaigh mé abhaile ar mo rothar agus caithfidh sé gur chaoin mé ar feadh uaireanta an chloig. Aisteach go leor, cé gur ghoill Máthair orm na mílte uair, tá nimh sa chréacht áirithe seo nuair a chuimhním ar a fheargaí a bhí mé.

Tá sé deacair dom an dara ceann a admháil de bhrí go bhfuil sé fúm féin. Níl mé ceartaiseach, a Kitty, agus fós féin gach uair a thugann siad cuntas focal ar fhocal ar a dturais chuig an leithreas, rud a rinne siad go minic, éiríonn mo cholainn uile amach ina gcoinne.

Léigh mé alt inné ar lasadh san aghaidh le Sis Heyster. Bhí sé a rá is de go raibh sí ag labhairt go díreach liomsa. Ní hé go lasann m'aghaidh go furasta, ach bhí feidhm ag an chuid eile den alt i mo chás-sa. Is é a dúirt sí go bunúsach go gconlaíonn girseacha chucu féin i rith an chaitheachais agus go dtosaíonn

siad a smaoineamh ar na hathruithe iontacha atá ag tarlú ina gcolainn. Mothaím sin fosta, is féidir go míníonn sé sin an náire a bhí orm faoi Margot, Mháthair agus Athair. Ar an láimh eile, tá Margot i bhfad níos faití ná mise, agus fós féin níl lá náire uirthi.

Mothaím go bhfuil an rud atá ag tarlú domsa chomh hiontach sin, agus níl mé ag caint ar na hathruithe atá ag tarlú ar an taobh amuigh de mo cholainn amháin, ach orthu siúd ar an taobh istigh fosta. Ní bhím ag caint orm féin ná ar cheann ar bith de na rudaí seo le daoine eile, agus is é sin an fáth a gcaithfidh mé bheith ag caint orthu liom féin. Nuair a thagann an fhuil mhíosta (agus níor tharla sí ach trí huair), mothaím, in ainneoin na péine uile, an mhíshuaimhnis agus an tsalachair, go bhfuil rún milis á iompar agam. Mar sin de cé gur crá croí í, ar dhóigh áirithe bíim i gcónaí ag dúil leis an uair a mhothóidh mé an rún taobh istigh díom féin.

Scríobh Sis Heyster fosta go mothaíonn girseacha mo chomhaoise míchompordach iontu féin agus nach bhfuil siad ach i ndiaidh tosú a fháil amach gur daoine iontu féin iad a bhfuil a smaointe, a mbarúlacha agus a nósanna féin acu. Bhí trí bliana déag d'aois slánaithe agam go díreach nuair a tháinig mé anseo, mar sin de thosaigh mé a smaoineamh orm féin agus rith sé liom go ndearnadh 'duine neamhspleách' díom níos luaithe ná an chuid is mó de na girseacha. In amanna i mo luí dom san oíche bíonn fonn millteanach orm mo lámha a chur ar mo chíocha agus éisteacht le frithbhualadh ciúin, socair mo chroí.

Gan fhios dom féin, bhí na mothúcháin seo orm fiú sular tháinig mé anseo. Tráth dá raibh nuair a bhí mé ag caitheamh na hoíche ag teach Jacque, ní raibh mé ábalta srian a choinneáil ar m'fhiosracht faoina colainn, a chuir sí i bhfolach i gcónaí agus nach bhfaca mé riamh í. D'iarr mé uirthi, mar chruthúnas ar an chairdeas eadrainn, an dtiocfadh linn lámha a chur ar chíocha a chéile. Dhiúltaigh sí. Bhí fonn millteanach orm fosta

í a phóghadh, rud a rinne mé. Gach uair dá bhfeicim bean lom nocht, dála Véinis i mo leabhar ar stair na healaíne, bím i dtáimhnéal áthais. In amanna bíonn siad chomh fíorálainn sin dom go mbím ag streachailt liom féin na deora a choinneáil siar. Dá mba rud é go raibh cailínchara agam!

DÉARDAOIN, 6 EANÁIR 1944

A Kitty dhil,

Tá an dúil le bheith ag caint le duine éigin éirithe chomh dofhulaingthe sin gur tháinig sé isteach i mo cheann ar dhóigh éigin Peter a roghnú don ról seo. Ar ócáid den bheagán a chuaigh mé chuig seomra Peter i rith an lae, shíl mé i gcónaí go raibh sé deas seascair. Ach tá Peter rómhúinte chun an doras a thaispeáint do dhuine nuair atá sé ag cur isteach air, mar sin de ní raibh sé de dhánacht ionam fanacht rófhada. Bhí eagla i gcónaí orm go sílfeadh sé gur phleiseam mé. Tá mé ag iarraidh leithscéil le bheith tamall fada ina sheomra chun é a chur ag caint gan fhios dó, agus inné fuair mé an deis. Tá dúil mhillteanach ag Peter faoi láthair sna crosfhocail, agus ní dhéanann sé rud ar bith eile ach iad an lá ar fad. Bhí mé ag cuidiú leis, agus ba ghairid go raibh muid inár suí os comhair a chéile ag a thábla, Peter ar an chathaoir agus mise ar an dibheán.

Mhottaigh mé go hiontach nuair a d'amharc mé isteach ina shúile dorcha gorma agus nuair a chonaic mé cé chomh faiteach agus a bhí sé mar gheall ar mo chuairt nach raibh sé ag dúil léi. Thiocfadh liom na smaointe is uaigní ina chroí a léamh, agus chonaic mé cuma anbhainne agus éiginnte ar a aghaidh faoin dóigh ar chóir dó é féin a iompar agus ag an am chéanna splanc aithne aige gur duine fireann é. Chonaic mé an chúthaileacht ann agus leáigh sé mé. Bhí mé ag iarraidh a rá, 'inis dom fút féin. Amharc isteach ionam thar an taobh

amuigh atá briosc-chainteach.’ Ach fuair mé amach go raibh sé níos fusa ceisteanna a chumadh ná iad a chur air.

Tháinig deireadh leis an tráthnóna agus níor tharla a dhath, ach amháin gur inis mé dó faoin alt ar lasadh aghaidhe. Chan ar scríobh mé chugat, ar ndóigh, go díreach go n-éireodh sé níos sábháilte ann féin de réir mar a d’éireodh sé níos sine.

An oíche sin bhí mé i mo luí agus mé ag caoineadh uisce mo chinn, ag déanamh cinnte de an t-am ar fad nach dtiocfadh le duine ar bith mé a chloisteáil. Chuir an smaoineamh go raibh mé ag cuimilt boise do Peter déistin orm. Ach déanfaidh daoine chóir a bheith rud ar bith chun a mianta a shásamh, glac mise, cuir i gcás, shocraigh mé go dtabharfainn cuairt ar Peter níos minice, chun é a chur ag caint liom ar dhóigh éigin.

Ná smaoinigh go bhfuil mé i ngrá le Peter, mar níl. Dá mbeadh iníon ag muintir van Daan in áit mic, dhéanfainn iarracht bheith cairdiúil léi.

Mhúscaíl mé ar maidin go díreach roimh a seacht agus chuimhnigh mé ar an bhrionglóid a bhí agam láithreach. Bhí mé i mo shuí ar chathaoir agus bhí Peter ina shuí go díreach os mo chomhair ... Peter Schiff. Bhí muid ag amharc ar leabhar sceitseála de chuid Mary Bos. Bhí an bhrionglóid chomh soiléir sin go dtig liom cuimhneamh ar chuid de na pictiúir. Ach níorbh é sin uilig é – chuaigh an bhrionglóid ar aghaidh. Go tobann bhuaíl súile Peter le mo chuid, agus bhí mé ag stánadh ar feadh tamaill fhada ar na súile donna síodúla sin. Ansin dúirt sé go hiontach séimh, ‘Dá mbeadh a fhios agam, thiocfainn chugat i bhfad ó shin!’ Thiontaigh mé go tobann, cloíte ag an tocht. Agus ansin mhothaigh mé leiceann a bhí chomh fuar sin in éadan mo chinn féin, agus mhothaigh sé chomh maith sin, chomh maith sin... Ag an bhomaite sin mhúscaíl mé, ag mothú a leicne fós in éadan mo chinn féin agus a shúile donna ag stánadh go domhain ar mo chroí, chomh domhain sin go dtiocfadh leis an grá a bhí agam dó agus atá agam dó go fóill a léamh. Arís tháinig na deora chun mo shúl, agus bhí brón

orm de bhrí gur chaill mé arís eile é, agus fós ag an am chéanna bhí áthas orm de bhrí go raibh a fhios agam go cinnte gurbh é Peter an t-aon duine domsa.

Tá sé aisteach, ach is minic a bhíonn íomhánna soiléire i mo chuid brionglóidí. Chonaic mé Grammy* oíche amháin chomh soiléir sin go dtiocfadh liom an craiceann bog rocach síodúil uirthi a dhéanamh amach. Uair eile nocht Grandma os mo choinne mar a bheadh aingeal coimhdeachta ann. Ina dhiaidh sin, bhí Hanneli ann, atá ina samhailchomhartha fós dom ar fhulaingt mo chuid cairde agus na nGiúdach i gcoitinne, agus mé ag guí ar a son, tá mé ag guí fosta ar na Giúdaigh uilig agus orthu siúd uilig atá ar an ghannchuid.

Agus anois Peter, Peter mo thaisce. Ní raibh riamh íomhá chomh soiléir dó i m'intinn. Níl grianghraf de dhíth orm, tig liom é a fheiceáil chomh maith sin.

Do chara dílis, Anne

AN AOINE, 7 EANÁIR 1944

A Kitty dhil,

A leithéid d'óinseach atá ionam. Rinne mé dearmad nár inis mé duit go fóill faoin aon searc amháin a bhí agam.

Nuair a bhí mé i mo ghirseach óg, fadó agus mé sa náiscoil, bhí dúil agam in Sally Kimmel. Bhí a athair imithe, agus bhí sé féin agus a mháthair ina gcónaí le haintín dá chuid. Ba é duine de chol cheathracha le Sally é gasúr dathúil, caol, dubh darb ainm Appy a raibh an chuma réalta nóinléirithe air níos moille anonn agus a mhúscail níos mó aoibhnis ionam ná Sally a bhí ina ghasúr beag, aisteach toirteach. Ar feadh tamaill fhada chuaigh muid gach áit le chéile, ach seachas sin, grá gan chúiteamh a bhí ann go dtí gur bhuail mé le Peter. Bhí mé sa chiall is aigeantaí ina dhiaidh. Bhí dúil aige ionam fosta,

* Is í Grammy mamó Anne ar thaobh a hathar, agus is í Grandma a mamó ar thaobh a máthar.

agus bhí muid do-scartha ar feadh an tsamhraidh iomláin. Tig liom muid a fheiceáil go fóill ag siúl lámh ar lámh fríd an chomharsanacht, Peter i gculaith bhán chadáis agus gúna gairid samhraidh ormsa. Ag deireadh shaoire an tsamhraidh chuaigh sé suas rang foirme chuig an chéad scoil eile, agus d’fhan mise sa séú rang. Bhuaileadh sé liom ar an bhealach abhaile, nó thógainn é. Gasúr den scoth a bhí in Peter, é ard, caol agus dathúil, agus aghaidh dháiríre chiúin chliste air. Bhí a chuid gruaige dorcha, súile donna galánta, leicne dearga agus srón dheas bhiorach aige. Bhí mé splanctha ar a aoibh, a chuir cuma an ghasúir óig agus chomh cealgach sin air.

Chuaigh mé chun na tuaithe le linn shaoire an tsamhraidh, agus nuair a tháinig mé ar ais, ní raibh Peter ag a sheanseoladh níos mó; d’aistrigh sé agus bhí cónaí anois air le gasúr i bhfad níos sine ná é, a dúirt leis de réir dealraimh nach raibh ionam ach páiste, de dheasca gur stop Peter ag siúl amach liom. Bhí an oiread sin grá agam dó nach raibh mé ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar an fhírinne. Choinnigh mé greim air go dtí an lá nuair a thuig mé sa deireadh dá leanfainn orm sa tóir air, déarfadh daoine go raibh mé splanctha i ndiaidh na ngasúr.

Chuaigh dhá bhliain thart. Chuaigh Peter thart le girseacha a chomhaoise agus níor bhac sé le beannú dom níos mó. Thosaigh mé ar Licéam na nGiúdach agus bhí roinnt gasúr as mo rang i ngrá liom. Bhain mé taitneamh as agus ba mhór an onóir dom é an aird a thug siad orm, ach sin a raibh ann. Níos moille anonn, bhí Hello splanctha orm, ach mar a dúirt mé leat cheana féin, níor thit mé i ngrá arís.

Tá seanrá ann: ‘Is maith an cneasaí an aimsir.’ Is é sin an dóigh a raibh sé liomsa. Dúirt mé liom féin go raibh Peter curtha díom agus nach raibh dúil dá laghad agam ann. Ach bhí mo chuimhní air chomh láidir sin go raibh orm a admháil dom féin gurbh é an t-éad a bhí orm leis na girseacha eile an t-aon chúis a bhí ann nach raibh dúil agam ann níos mó. Ar maidin d’aithin mé nár athraigh rud ar bith; a mhalairt a

bhí fíor, de réir mar a fhásaim aníos agus a éirím níos aibí, tá an grá ag fás in éineacht liom. Tuigim anois an fáth ar shíl Peter go raibh mé leanbaí, agus fós féin goilleann sé orm go raibh dearmad iomlán déanta aige orm. Chonaic mé a aghaidh chomh soiléir sin; bhí a fhios agam go cinnte nach dtiocfadh le duine ar bith eile ach Peter fanacht beo i m'intinn ar an dóigh sin.

Tá mé trína chéile inniu. Nuair a phóg Athair mé ar maidin, bhí mé ag iarraidh scairteadh amach, 'Ó dá mba rud é gur tusa Peter!' Bím ag síorsmaoineamh air, agus an lá ar fad bím ag athrá liom féin, 'Ó, a Petel, a thaiscidh, a stór, a ghrá geal mo chroí...'

Cá háit a bhfaighidh mé cuidiú? Is é rud go gcaithfidh mé maireachtáil agus bheith ag guí do Dhia, dá mba rud é go n-éireodh linn fáil amach as an áit seo, go dtiocfadh Peter trasna orm agus go n-amharcfadh sé isteach i mo shúile, go léifeadh sé an grá iontu agus go ndéarfadh sé, 'Ó, a Anne, dá mba rud é go raibh a fhios agam sin, thiocfainn chugat i bhfad ó shin.'

Tráth dá raibh Athair agus mé féin ag plé cúrsaí gnéis, dúirt sé go raibh mé ró-óg chun an cineál sin méine a thuiscint. Ach shíl mé gur thuig mé é, agus tá mé cinnte de go dtuigim anois é. Níl an oiread céanna ceana agam ar dhuine ar bith eile anois agus atá agam ar Petel!

Chonaic mé m'aghaidh sa scáthán, agus bhí cuma chomh difriúil sin uirthi. Bhí mo shúile glé domhain, bhí luisne ar mo ghnúis, nach raibh uirthi le seachtainí anuas, bhí mo bhéal i bhfad níos boige. Bhí cuma áthasach orm, agus fós féin bhí rud éigin chomh brónach sin ar mo dhreach gur imigh an aoibh de mo bhéala ar an toirt. Níl áthas orm, ó tharla go bhfuil a fhios agam nach bhfuil Petel ag smaoineamh orm, agus fós féin tig liom a shúile galánta a mhothú ag stánadh orm agus a leiceann fionnuar bog i gcoinne mo chinnse. ...Ó, a Petel, a Petel, cad

é mar bheas mé ábalta mé féin a scaoileadh saor choíche ó d'íomhá? Nach bocht an duine ionaid é a thiocthadh i d'áit? Tá grá agam duit, agus grá chomh mór sin nach dtiocfadh leis coinneáil ag fás taobh istigh de mo chroí, ach b'éigean dó léim amach agus é féin a nochtadh ina ollmhéid.

Seachtain ó shin, fiú bliain ó shin, dá gcuirfeá ceist orm, 'Cé acu de do chairde is dóigh leat a bheadh claonadh agat a phósadh', d'fhreagróinn, 'Sally, ó tharlaíonn go gcuireann sé áthas orm agus agus go mothaím ar mo shuaimhneas agus slán sábháilte leis!' Ach anois bhéicfínn in ard mo chinn, 'Petel, mar tá mé dúnta i ngrá leis. Géillim dó go huile is go hiomlán!' Seachas rud amháin: tig leis a lámh a chur ar m'aghaidh, ach sin a bhfuil.

Ar maidin samhlaíodh dom go raibh mé san áiléar tosaigh le Petel, i mo shuí ar an urlár in aice na bhfuinneog, agus i ndiaidh dúinn bheith ag caint ar feadh tamaill, thosaigh muid beirt a chaoineadh. Cúpla bomaite ina dhiaidh sin mhothaigh mé a bhéal agus a leiceann iontach! Ó, a Petel, tar chugam. Smaoinigh orm, a Petel, a stór!

AN CHÉADA OIN, 12 Eanáir 1944

A Kitty dhil,

Tá Bep ar ais le coicís anuas, cé nach mbeidh cead ag a deirfiúr teacht ar ais go dtí an tseachtain seo chugainn. Chaith Bep féin dhá lá ina luí agus drochshlaghdán uirthi. Bhí Bep Miep agus Jan as láthair ar feadh dhá lá, agus tinneas goile orthu.

I láthair na huairé tá mé an-tugtha don damhsa agus don bhailé agus bím ag cleachtadh mo chéimeanna damhsa go díograiseach gach tráthnóna. Rinne mé culaith dhamhsa atá iontach nua-aimseartha as fóghúna lása a bhfuil dath labhandair air ar le Mumsie é. Cuirtear téip trí phoill ar a bharr agus ceanglaítear os cionn an bhrollaigh é. Cuireann

ríbín bándearg cordaithe críoch leis an iomlán. Rinne mé iarracht bróga gleacaíochta a dhéanamh de mo shlipéir bailé, ach níor éirigh liom. Tá mo ghéaga righne beagnach chomh solúbtha agus a bhíodh siad. Is aclaíocht iontach é suí ar an urlár, sáil do chos a chur in achan lámh agus an dá chos a ardú san aer. Caithfidh mé suí ar chúisín, sin nó thabharfaí drochghreasáil do mo thóin bhocht.

Tá gach duine anseo ag léamh leabhair dar teideal *Salute to Freedom*. Shíl Máthair go raibh sé iontach maith de bhrí go gcuireann sé síos ar roinnt fadhbanna ógántachta. Shíl mé féin go raibh sé giota beag íorónta, ‘Cad chuige nach gcuireann tú níos mó suime i do chuid ógánach féin ar dtús?’

Sílim go gcreideann Máthair go bhfuil caidreamh níos fearr ag Margot agus agam féin lenár dtuismitheoirí ná rud ar bith atá ag duine ar bith eile ar domhan, agus nach bhfuil Máthair ar bith eile chomh sáite sin i saol a cuid páistí. Caithfidh sé go bhfuil sí ag smaoineamh ar mo dheirfiúr, ó tharlaíonn nach gcreidim féin go bhfuil na fadhbanna ná na smaointe céanna ag Margot agus atá agam féin. Ní hé gur mhaith liomsa cur in iúl do Mháthair nach bhfuil duine dá cuid iníonacha chomh maith agus a mheasann sí. Bheadh mearbhall intinne uirthi, agus cibé ar bith, ní bheadh sí choíche in ann athrú a dhéanamh; b’fhearr liom gan rud a dhéanamh a ghoillfeadh uirthi, go háirithe de bhrí go bhfuil a fhios agam go bhfanfadh gach rud mar an gcéanna. Mothaíonn Máthair go bhfuil níos mó grá ag Margot di ná mar atá agam féin di, ach síleann sí gur iomaí craiceann a chuireann an óige di agus agus gurb amhlaidh domsa é.

Tá Margot níos deise. Tá an chuma uirthi go bhfuil sí i bhfad níos difriúla ná mar a bhíodh sí. Níl sí chomh mailíseach céanna na laethanta seo agus tá mé ag éirí mór léi. Ní bhíonn sí ag amharc orm anois mar a bheadh páiste beag ann ar beag is fiú é.

Tá sé aisteach, ach tig liom mé féin a fheiceáil in amanna an dóigh a bhfeiceann daoine eile mé. Amharcaim go réidh ar feadh tamaill fhada ar dhuine darb ainm ‘Anne Frank’ agus léim síos fríd leathanaigh a saoil a rá is de gur coimhthíoch í.

Sular tháinig mé anseo, nuair nach ndearna mé mo mhachnamh ar rudaí chomh domhain agus a dhéanaim anois, mhothaigh mé corruair nach le Mumsie, Pim nó le Margot mé agus gur strainséir i gcónaí mé. Ba ghnách liom dul thart ar feadh sé mhí uaireanta agus mé ag ligint orm féin gur dhílleachta mé. Ansin chuirinn smacht orm féin de bhrí go raibh mé ag déanamh fulangaí díom féin, nuair le fírinne, bhí an t-ádh riamh orm.

Ina dhiaidh sin chuirfínn brú orm féin bheith cairdiúil go ceann tamaill. Gach maidin nuair a chluininn coiscéimeanna ar an staighre, bhíodh dóchas agam gur Máthair a bheadh ann ag teacht chun beannacht na maidine a thabhairt dom. Bheannaínn di go croíúil, de bhrí go mbínn ag dúil lena sracfhéachaint cheanúil. Ach ansin bhíodh sí borb liom de bhrí gur luaigh mé rud éigin agus théinn ar scoil agus beaguchtach iomlán orm. Ar an bhealach abhaile dhéanainn leithscéalta di, ag insint dom féin go raibh cuid mhór buarthaí uirthi. Bhaininn an teach amach agus mé ar bharr na dtonn, ag geabaireacht liom gan stad gan staonadh, go dtí go dtarlaíodh imeachtaí na maidine arís agus d’fhágainn an seomra an mála i mo láimh agam agus cuma mhachnamhach ar m’aghaidh. In amanna, shocraínn fanacht feargach, ach ansin bhíodh an oiread sin rudaí agam le bheith ag caint orthu i ndiaidh na scoile go ndéanainn dearmad ar mo rún agus go mbínn ag iarraidh ar Mháthair stop a chur le cibé rud a bhí ar bun aici agus cluas le héisteacht a thabhairt dom. Ansin thagadh an t-am arís eile nuair nach n-éistinn níos mó leis na coiscéimeanna ar an staighre agus mhothaigh mé uaigneach agus bhínn ag caoineadh isteach i mo cheannadhairt gach oíche.

Tá gach rud éirithe i bhfad níos measa anseo anois. Ach bhí a fhios agat sin cheana féin. Anois chuir Dia duine éigin chun cuidiú liom: Peter. Bím ag méirín-teacht le mo shiogairlín, brúim i gcoinne mo bhéala é agus smaoiním, ‘Cad chuige a bhfuil mise buartha?! Is liomsa é Peter agus níl a fhios ag duine ar bith faoi sin!’ Agus mé ag smaoineamh air seo, tig liom an ceann is fearr a fháil ar gach focal mioscaiseach. Cé acu de na daoine anseo a shílfeadh go raibh an oiread sin ag dul ar aghaidh in intinn girsí ina déaga?

AN SATHARN, 15 EANÁIR 1944

A Kitty dbil,

Níl fiú dom leanúint orm ag cur síos ar ár n-argóintí agus ar ár n-easaontais uile go mion. Is leor a rá leat gur roinn muid cuid mhór rudaí ar nós feola, agus saille agus ola agus go bhfuilimid ag friochadh ár gcuid prátaí féin. Le déanaí táimid ag ithe giota beag níos mó arán seagail de bhrí go mbíonn an oiread sin ocrais orainn ar a ceathair a chlog nach dtig linn smacht a choinneáil ar an gheonaíl inár mbolg.

Tá breithlá Mháthar ag teacht gan mhoill. Fuair sí siúcra sa bhreis ón Uasal Kugler, a chuir éad ar mhuintir van Daan, de bhrí nach bhfuair Bean van D. cuid ar a breithlá féin. Ach cad is fiú tusa a chrá le focail chruálacha, le comhráite binbeacha agus le deora nuair atá a fhios agat gur mó a chránn siad muidne?

Nocht Máthair mian, nach bhfuil an chosúlacht uirthi go fíorófar roimh i bhfad í: nach mbeidh uirthi aghaidh an Uasail van Daan a fheiceáil go ceann dhá sheachtain iomlána. Ní fheadar an mbíonn gach duine a roinneann teach in adharca a chéile lena gcomháitritheoirí luath nó mall. Nó an rud é go raibh an mí-ádh orainn? Ag am na mbéilí, nuair a ghlacann Dussel an cheathrú cuid den eascra súlaigh atá leathlíonta dó a chiallaíonn go gcaithfidh an chuid eile againn dul gann, caillim

mo ghoile agus bíonn fonn orm éirí ar mo chosa, á leagan den chathaoir agus é a chaitheamh amach ar an doras.

An bhfuil formhór na ndaoine sprionlaithe agus leithleasach? Fuair mé léargas ar nádúr an chine daonna ó tháinig mé anseo, rud atá maith, ach tá mo sháith agam faoi láthair. Deir Peter an rud céanna.

Tá an cogadh ag dul ar aghaidh in ainneoin ár n-argóintí agus in ainneoin go bhfuilimid ag tnúth le saoirse agus le haer úr, ba chóir dúinn mar sin an chuid is fearr a bhaint as ár seal anseo.

Tá mé ag seanmóireacht, ach creidim má mhairim anseo mórán níos faide, go ndéanfar seandúine seargtha díom. Is é an rud atá uaim dáiríre bheith i mo dhéagóir cóir!

Do chara dílis, Anne

TRÁTHNÓNA DÉ CÉADAIOIN, 19 Eanáir 1944

A Kitty dhil,

Níl a fhios agam (seo mé ag tosú arís!) cad é a tharla, ach ó bhí an bhrionglóid agam coinním orm ag tabhairt faoi deara gur tháinig athrú orm. Dála an scéil, bhí brionglóid agam faoi Peter arís aréir agus arís eile mhothaigh mé a shúile ag amharc ar mo chuidse go grinn, ach ní raibh an bhrionglóid seo chomh gléineach ná chomh hálainn agus a bhí an ceann deireanach.

Tá a fhios agat go mbíodh i gcónaí éad orm le Margot as siocair an caidreamh a bhí aici le hAthair. Níl tásca ná tuairisc ar an éad a bhí orm anois; goilleann sé orm fós nuair a bhíonn Athair míréasúnta liom mar gheall ar a néaróga, ach ansin ritheann sé liom, ‘ní thig liom an locht a chur ort mar gheall ar an dóigh a bhfuil tú. Labhrann tú an oiread sin ar aigne na bpáistí agus na n-ógánach, ach níl aithne ar bith agat orthu!’ Bím ag tnúth le níos mó ná cion Athar, níos mó ná a chuid póg agus barróg. Nach olc an rud é go bhfuil mé buartha fúm féin? Nár chóir domsa, atá ag iarraidh bheith maith agus cineálta

maitheamh dóibh ar dtús? Maithim do Mháthair fosta, ach gach uair a labhrann sí go tarcaisneach nó a dhéanann gáire fúm, bíonn sé thar a bheith doiligh dom srian a choinneáil orm féin.

Tá a fhios agam nach bhfuil mé féin gan locht; an mbeidh mé choíche?

Anne Frank

IS. D'fhiafraigh Athair díom ar inis mé duit faoin chiste? Do bhreithlá Mháthar, fuair sí fíorchiste mhoca, ar chaighdeán réamhchogaidh, ón oifig. Lá thar a bheith deas a bhí ann! Ach faoi láthair, níl áit ar bith i m'intinn do rudaí mar sin.

AN SATHARN, 22 EANÁIR 1944

A Kitty dhil,

An dtig leat a insint dom an fáth a gcuireann duine stró air féin an fíorchineál duine atá ann a cheilt? Nó an fáth a n-iompraím mé féin ar dhóigh eile nuair a bhím i gcuideachta daoine eile? Cad chuige a bhfuil a laghad sin muiníne ag daoine as daoine eile? Is cinnte go gcaithfidh sé go bhfuil fáth ann, ach in amanna sílim gur uafásach an rud é nach dtig leat dul i muinín duine éigin, fiú i muinín na ndaoine is cóngaraí duit.

Is cosúil gur fhás mé aníos ón oíche a bhí an bhrionglóid agam, a rá is de gur éirigh mé níos neamhspleáiche. Beidh iontas ort nuair a insím duit go bhfuil athrú tagtha ar an dearcadh a bhí agam ar mhuintir van Daan fiú. Stad mé de bheith ag amharc ar an phlé uile ón dearcadh claonta a bhí ag mo theaghlach. Cad chuige a ndearna mé athrú bunúsach ar mo dhearcadh? Bhuel, an dtuigeann tú, thuig mé dá mba rud é go mbeadh Máthair difriúil, dá mba rud é go mbeadh sí ina fíormhamaí, go mbeadh an caidreamh eadrainn go hiomlán difriúil. Ní duine iontach í Bean van Daan, ná baol air, fós féin thiocthadh linn leathchuid de na hargóintí a sheachaint

mura mbeadh sé chomh deacair sin déileáil le Máthair gach uair dá dtiocfadh ábhar casta aníos. Tá dea-thréith amháin ag Bean van Daan, áfach, tig leat labhairt léi. Is dócha go bhfuil sí leithleasach, sprionlaithe agus calaoiseach, ach tarraingeoidh sí siar gan aon fhadhb ionas nach gcuireann tú le fearg í agus í a dhéanamh míréasúnta. Ní oibríonn an cleas gach uair, ach más rud é go bhfuil tú foighneach, tig leat coinneáil ort agus féachaint cé chomh fada agus a éiríonn leat dul.

Is dócha go mbeadh léamh eile ar an scéal, ar na coimhlintí uile faoinár dtógáil, faoin dóigh gan páistí a mhilleadh, faoin bhia – faoi gach rud, go díreach gach rud dá mba rud é go mbeimis leathanaigeanta agus cairdiúil in ionad a bheith ag taispeáint an taoibh is measa gach uair.

Tá a fhios agam go díreach an rud atá tú ag dul a rá, a Kitty. ‘Ach, a Anne, an bhfuil na focail seo ag teacht ó do bhéal fein i ndáiríre? Uaitse, arbh éigean duit cur suas leis an oiread sin focal míthrócaireach ón mhuintir thuas staighre? Uaitse, a bhfuil na héagóracha uile ar eolas agat?’

Agus fós féin, is uaimse atá siad ag teacht. Tá mé ag iarraidh bheith ag amharc ar rudaí ón úr agus mo bharúil féin a thabhairt orthu, chan aithris lom a dhéanamh ar mo thuismitheoirí, mar a deir an seanfhocal ‘Ní thiteann an t-úll i bhfad ón chrann.’ Tá mé ag iarraidh athmhachnamh a dhéanamh ar mhuintir van Daan agus m’intinn féin a dhéanamh suas cé acu atá fíor agus cé acu a ndearnadh lán béil de. Má tharlaíonn sé go bhfuil díomá orm leo sa deireadh, tig liom i gcónaí taobhú le Máthair agus le hAthair. Ach mura dtarlaíonn, tig liom iarracht a dhéanamh an dearcadh s’acu a athrú. Agus mura n-éiríonn leis sin, beidh orm cloí le mo chuid barúlacha agus breithiúnais féin. Tapóidh mé gach deis labhairt go hoscailte le Bean van D. faoi na rudaí nach n-aontaímid orthu gan eagla orm – in ainneoin an chlá atá orm mar chílí – chun mo thuairim neamhchlaonta a thabhairt. Ní déarfaidh mé rud ar bith diúltach faoi mo theaghlach féin, cé nach gciollaíonn sé



*Margot agus Anne
lena n-athair,
Frankfurt,
An Ghearmáin,
1930.*



*Anne (ar dheis)
agus cara léi
Sanne Ledermann
Amstardam,
1935.*



*Anne,
Aachen,
An Ghearmáin,
1934.*



*Edith Frank,
Bealtaine 1935.*



*Otto Frank,
Bealtaine 1936.*



*Anne ar a deichiú breithlá, Amstardam, 12 Meitheamh 1939
(ó thaobh na láimhe clé, Lucie van Dijk, Anne, Sanne Ledermann,
Hanneli Goslar, Juultje Ketellapper, Käthe Egyedie,
Mary Bos, Ietje Swillens, Martha van den Berg).*



Margot, Anne agus Mamó Holländer, Zandvoort, An Ollainn 1939.



*Anne,
Amstardam, 1941.*



*Bean van Daan agus a fear céile agus
Victor Kugler, Amstardam, 1941.*



*Otto agus Anne Frank ag siúl leo i gcuideachta aionna eile chuig bainis
Jan agus Miep Gies, Amstardam, Meitheamh 1941.*



*Peter van Daan
(dáta agus áit gan fhios).*



*Miep Gies agus Bep Voskuil,
Amstardam, 1945.*



*263 Prinsengracht, Amstardam, radharc ó chúil an tí.
Radharc An tÚrthí Rúnda (an dá urlár uachtarachá agus an t-áiléar)
ón ghairdín cúil).*

sin nach ndéanfaidh mé cosaint orthu má deir duine ar bith eile aon rud, agus ón lá inniu ar aghaidh, tá deireadh le mo chuid ráflála.

Go dtí seo, bhí mé cinnte de gur ar mhuintir van Daan a bhí an locht mar gheall ar na hargóintí, ach anois tá mé chóir a bheith cinnte go raibh an locht orainne den chuid is mó. Bhí an ceart againn ó thaobh na gceisteanna de, ach ba chóir go mbeadh níos mó léargais ag daoine cliste (ár ndála féin) ar an dóigh le déileáil le daoine eile.

Tá súil as agam go bhfuil ar a laghad píosa beag den léargas céanna agam, agus go bhfaighidh mé deis úsáid mhaith a bhaint as.

Do chara dílis, Anne

AN LUAN, 24 Eanáir 1944

A Kitty dhil,

Tharla rud iontach aisteach dom. (Le fírinne, ní hé ‘tharla’ an focal iomlán ceart.)

Sular tháinig mé anseo, nuair a labhair duine ar bith sa bhaile nó ar scoil faoi ghnéas, bhí siad rúnda, é sin nó samhnasach. Labhraíodh focail ar bith a bhain le gnéas i gcogar, agus is iomaí uair a rinneadh magadh ar na daoine nach raibh an t-eolas acu. Shíl mé féin go raibh sé sin iontach aisteach agus is iomaí uair a rinne mé mo mhachnamh ar an fháth a raibh daoine chomh rúnda nó chomh déisteanach sin nuair a labhair siad ar an ábhar. Ach de bhrí nach raibh sé ar mo chumas rudaí a athrú, dúirt mé a laghad is féidir nó d’iarr mé eolas ar mo chailínchairde.

I ndiaidh dom méid measartha mór a fhoghlaim, dúirt Máthair liom tráth, ‘a Anne, lig dom comhairle do leasa a chur ort. Ná pléigh an t-ábhar seo choíche le buachaillí, agus má thógann siad an cheist, ná tabhair freagra orthu.’

Is cuimhneach liom go díreach an freagra a thug mé. ‘Ní phléifidh, ar ndóigh,’ a dúirt mé os ard, .‘Samhlaigh sin!’ Agus focal eile níor labhraíodh.

Nuair a chuaigh muid i bhfolach ar dtús, is iomaí uair a dúirt Athair liom faoi rudaí arbh fhearr dom cloisteáil ó Mháthair fúthu, agus d’fhoghlaim mé an chuid eile ó leabhair agus ó rudaí a thóg mé i gcomhráite le daoine eile.

Ní raibh Peter van Daan riamh chomh déisteanach faoin ábhar seo agus a bhí na buachaillí ar scoil. Nó b’fhéidir go raibh uair nó dhó ag an tús, cé nach raibh sé ag déanamh iarrachta mé a chur a chaint. Dúirt Bean van Daan linn tráth nár phléigh sí riamh an t-ábhar seo le Peter, go bhfios di, níor phléigh a céile ach oiread. Is cosúil nach raibh a fhios aici fiú an méid eolais a bhí ag Peter nó cá háit a bhfuair sé an t-eolas.

Inné, nuair a bhí mé féin, Margot agus Peter ag baint craicinn de na prátaí, thiontaigh an comhrá ar Boche. ‘Nílimid cinnte de go fóill cé acu atá Boche ina bhuachaill nó ina girseach, an bhfuilimid?’ a d’fhiafraigh mé.

‘Táimid,’ a d’fhreagair sé. ‘Is cat fireann é Boche.’

Thosaigh mé a gháire. ‘Is cat fireann é ceart go leor má tá sé ag iompar.’

Thosaigh Peter agus Margot a gháire fosta. Chuir Peter in iúl dúinn mí nó dhó ó shin, an dtuigeann tú, gur scéal cinnte é go mbeadh púisíní ag Boche roimh i bhfad, de bhrí go raibh a bolg ag at go gasta. Tharla sé, áfach, go raibh bolg ramhar ag Boche mar gheall ar an bheart cnámh a goideadh. Ní raibh púisíní ag fás ar an taobh istigh, gan trácht ar theacht ar an saol.

Mhottaigh Peter go raibh air é féin a chosaint ar mo líomhaintí. ‘Tar liom go bhfeice tú féin. Bhí mé ag amaidí thart leis an chat lá, agus thiocthadh liom feiceáil go cinnte gur “fireann” a bhí ann.’

Gan mé ábalta srian a chur ar mo chuid fiosrachta, chuaigh mé leis chuig an teach stórais. Ní raibh Boche ag glacadh le

cuaríteoirí ag an am sin, áfach, agus ní raibh tásc ná tuairisc air. D’fhan muid ar feadh tamaill, ach nuair a d’éirigh sé fuar chuaigh muid suas staighre arís.

Níos moille an tráthnóna sin chuala mé Peter ag dul síos staighre don dara huair. Chruinnigh mé mo neart chun siúl tríd an teach ciúin liom féin gur bhain mé an teach stórais amach. Bhí Boche ar an tábla pacála ag súgradh le Peter, a bhí ag déanamh réidh chun é a chur ar na scálaí chun a mheáchan a thomhas.

‘Haló, ar mhaith leat amharc anois?’ Gan focail ar bith a rá mar thús, thóg sé an cat, chuir ar shlat a dhroma é, fuair greim ar a chloigeann agus ar a chrúba go deaslámhach agus thosaigh ar an cheacht. ‘Is é sin an ball fireann gnéis, is ribí gruaige sconnribí iad seo, agus is í sin a thóin.’

Thug an cat scirthín gur sheas sé ar a chosa beaga bána. Dá dtaispeánfadh buachaill ar bith eile ‘an ball fireann gnéis’ dom, ní thabharfainn an dara hamharc air. Ach lean Peter leis ag caint i nguth nádúrtha ar ábhar atá ciotach de ghnáth. Is ní raibh aidhm fholáigh aige. Faoin am ar chríochnaigh sé bhí mé an oiread sin ar mo shuaimhneas gur thosaigh mé ag dul ar aghaidh ar dhóigh nádúrtha fosta. Bhí muid ag súgradh le Boche, bhí am maith againn, bhí dreas comhrá againn agus sa deireadh shiúil muid tríd an teach stórais fada a fhad leis an doras.

‘An raibh tú ann nuair a leigheasadh Mouschi?’

‘Bhí, cinnte. Ní ghlacann sé rófhada. Ar ndóigh thug siad ainéistéiseach dó.’

‘An mbaineann siad rud éigin amach?’

‘Ní bhaineann, is é rud go dtobghearrann an tréidlia an feadán. Níl rud ar bith le feiceáil ar an taobh amuigh.’ B’éigean dom mo mhisneach a mhúscailt chun an cheist a chur, ó tharla nach raibh sé chomh ‘nádúrtha’ agus a shíl mé. ‘A Peter, is é ‘ball gnéis’ an chiall atá leis an fhocal Ghearmánach *Geschlechtsteil*,

nach é? Ach ansin tá cinn dhifriúla ar an cheann fhireann agus ar an cheann bhaineann.

‘Tá a fhios agam sin.’

‘Tugtar an fhaighean ar an cheann bhaineann, tá a fhios agam sin, ach níl a fhios agam cad é a thugtar ar an cheann fhireann.’

‘Hmm.’

‘Ó bhuel,’ arsa mise. ‘Cén dóigh a bhfuil na focail seo in ainm is a bheith ar eolas againn? An chuid is mó den am is é rud go dtagann tú trasna orthu de thaisme.’

‘Cad chuige a bhfanfaimid? Cuirfidh mé ceist ar mo thuismitheoirí. Is mó an t-eolas atá acu agus bheadh níos mó taithí acu.’

Bhí muid ar an staighre cheana féin, mar sin de níor dúradh rud ar bith eile. Sea, is fíor gur tharla sé. Ní labharfainn le girseach choíche ar an ábhar seo i nguth chomh nádúrtha sin. Tá mé cinnte de fosta nach é seo an cineál ruda a bhí ar intinn ag Máthair nuair a chuir sí comhairle orm faoi na buachaillí.

Mar sin féin, ní raibh mé mar a bhím de ghnáth an chuid eile den lá. Nuair a smaoinigh mé siar ar an chomhrá a bhí againn, rith sé liom go raibh sé aisteach. Ach tá rud amháin foghlamtha agam ar a laghad: tá daoine óga ann, ó inscní difriúla fiú, atá ábalta na rudaí seo a phlé go nádúrtha, gan scéal barrúil a insint.

An bhfuil Peter ag dul a chur a lán ceisteanna ar a thuismitheoirí i ndáiríre? An bhfuil sé i ndáiríre an dóigh a raibh sé inné?

Ó, cad é an t-eolas atá agam air?!!!

Do chara dílis, Anne

A Kitty dhil,

Le seachtainí anuas chuir mé suim mhór i gcrainn ghinealaigh na clainne ríoga. Tá mé den tuairim anois, go gcaithfidh tú coinneáil ort ag tochailt níos doimhne agus níos doimhne isteach san am atá caite a luaithe a thosaíonn tú air, a nochtann rudaí níos spéisiúla féin duit.

Cé go bhfuil mé iontach dícheallach ó thaobh obair scoile de agus go dtig liom Seirbhís Bhaile an BBC a leanúint a bheag nó a mhór, caithim cuid mhór de mo chuid Domhnaí fós ag sórtáil amach agus ag amharc trí mo bhailiúchán réaltaí scannán, a bhfuil méid measartha tagtha air. Cuireann an tUasal Kugler áthas orm gach Luan nuair a thugann sé cóip de *Cinema & Theatre* dom. Is minic a thagraíonn baill nach bhfuil chomh saolta céanna don chleachtadh seo dó mar chur amú airgid, fós féin, cuireann sé iontas orthu gach uair gan teip cé chomh cruinn agus atá mé nuair a thig liom liosta a dhéanamh de na haisteoirí i scannán ar bith, fiú i ndiaidh bliana. Insíonn Bep, a théann lena stócach chun na pictiúrlainne ar a lá saor dom gach Satharn ainm an scannáin atá siad ag dul a fheiceáil, agus ansin tosaím féin ag spalpadh ainmneacha na bpríomhaisteoirí agus na bpríomh-bhanaisteoirí agus na léirmheasanna. Dúirt Máthair le déanaí nach mbeadh gá agam dul chun na pictiúrlainne níos moille, de bhrí go raibh na plotaí, ainmneacha na réaltaí agus na léirmheasanna uilig de ghlanmheabhair agam.

Nuair a shiúlaim isteach a rá is de go raibh mé ar snámh ar an aer agus stíl úr ghruaige orm, tig liom an dímheas ar a n-aghaidheanna a léamh, agus tig liom bheith cinnte de go gcuirfidh duine éigin ceist orm cén réalta scannáin a bhfuil mé ag déanamh iarrachta aithris a dhéanamh air. Nuair a fhreagraím gurb í mo stíl féin í, bíonn amhras orthu. I dtaca leis an stíl úr ghruaige, ní choinníonn sí a foirm go ceann níos mó ná uair an chloig. Faoin am sin bímse chomh tinn tuirseach

den méid atá ráite acu go rithim chuig an seomra foltha mar a gcóirím mo chuid gruaige ina gnáthmheall cataíola.

Do chara dílis, Anne

AN AOINE, 28 Eanáir 1944

A Kitty dhil,

Ar maidin bhí mé ag déanamh mo mhachnaimh ar mhothaigh tú riamh mar a bheadh bó ann, go bhfuil ort mo scéalta a bhfuil meirg orthu a chogaint arís agus arís eile go dtí go bhfuil an oiread sin tuirse ort leis an ábhar leadránach go mbíonn tú ag méanfach, agus gur mian leat go rúnda go dtoclóinn ábhar nua aníos.

Tá mé buartha, tá a fhios agam go síleann tú go bhfuil sé chomh dúr le slis, ach samhlaigh cé chomh tinn tuirseach agus atá mise den seanscéal céanna a chloisteáil. Mura bhfuil an chaint ag am na mbéilí faoin pholaitíocht nó faoi bhia maith, ansin cuireann Máthair nó Bean van D. scéalta faoina n-óige os ard atá cloiste againn na mílte uair roimhe, nó téann Dussel ar aghaidh faoi na ráschapaill ghalánta, faoi almóir ollmhór Charlotte, faoi bháid rámhaíochta a shileann an t-uisce, faoi bhuachaillí nach bhfuil ach ceithre bliana d'aois a bhfuil snámh acu, faoi mhatáin phianmhara agus faoi othair atá scanraithe. Is é seo bun agus barr an scéil: an uair amháin a osclaíonn duine den ochtar againn ar mbéal, tig leis an seachtar eile an scéal a chríochnú dó. Tá líne dheiridh gach scéal grinn ar eolas againn sula n-insítear é, sa dóigh is go bhfuil an duine insint scéil fágtha le gáire a dhéanamh leis féin. Tá an iliomad fear bainne, fear grósaera agus búistéirí an bheirt iarmhná tí, molta go hard na spéire nó cáinte go trom go bhfuil siad chomh sean leis na cnoic inár samhlaíocht; níl seans dá laghad go ndéanfar plé ar rud ar bith úr nó nua san Urtheach.

Mar sin féin, is dócha go mbeadh sé seo uile infhulaingthe dá mba rud é nach mbeadh sé de nós ag na daoine fásta athrá

a dhéanamh ar na scéalta a chluinimid ón Uasal Kleiman, ó Jan nó ó Miep, á mbreáthú le roinnt sonraí dá gcuid féin, ionas gur minic is gá dom liomóg a bhaint as mo sciathán faoin tábla chun srian a chur orm féin an scéalaí díograiseach a chur ar bhealach a leasa. Níor chóir do pháistí beaga choíche, dála Anne, a sinsear a cheartú, is cuma cá mhéad meancóg a dhéanann siad nó cé chomh minic agus a théann a samhlaíocht as smacht orthu.

Is breá le Jan agus leis an Uasal Kleiman bheith ag caint ar dhaoine a chuaigh ar a dteitheadh nó i bhfolach; tá a fhios acu go bhfuilimid ar bís cluinstitín faoi na daoine eile atá ar an dóigh chéanna linne agus go bhfuil fíorbhá againn leo siúd a gabhadh agus áthas orainn faoi na cimití a scaoileadh saor.

Tá an teitheadh nó ag dul i bhfolach éirithe chomh coitianta leis an rud atá ina sheanfhocail, faoin phiopa agus na slipéirí a bhíodh ag fanacht le fear an tí i ndiaidh lá fada oibre. Tá neart grúpaí troda ann, dála Saoirse na hÍsiltíre, a chuireann cártaí aitheantais bréige amach, a sholáthraíonn tacaíocht airgeadais dóibh siúd atá i bhfolach, a eagraíonn áiteanna do dhaoine le dul i bhfolach iontu, agus a aimsíonn obair do Chríostaithe óga a théann ar a dteitheadh. Is iontach an méid a dhéanann na daoine fiala neamhleithleasacha seo, á gcur féin i mbaol a mbáis le cuidiú le daoine eile.

Is iad ár gcúntóirí féin an sampla is fearr de seo, ar éirigh leo muid a thabhairt fríd chomh fada seo agus tá súil as agam muid a thabhairt slán i dtír, mar mura dtarlaíonn sé sin beidh an deireadh céanna i ndán dóibh agus atá i ndán dóibh siúd a bhfuil siad ag iarraidh cosaint a dhéanamh orthu. Níor labhair siad oiread is focal riamh ar an ualach a chuirimid orthu, ní dhearna siad gearán riamh gur chuir muid barraíocht stró orthu. Tagann siad aníos an staighre gach lá chun labhairt le fir faoi ghnó agus pholaitíocht, chun labhairt leis na mná faoi fhíon agus dheacrachtaí an chogaidh agus leis na páistí faoi leabhair agus pháipéir nuachta. Cuireann siad an chuma

is gealgháirí dá bhfuil acu orthu féin, tugann bláthanna agus bronntanais do bhreithlaethanta agus d'ócáidí speisialta agus bíonn siad i gcónaí toilteanach a bhfuil ar a gcumas a dhéanamh. Is rud é sin nár chóir dúinn dearmad a dhéanamh air; agus daoine eile ag léiriú gaiscíochta ar an pháirc chogaidh in éadan na nGearmánach, léiríonn ár gcúntóirí a gcuid gach lá lena ndea-thréithe agus lena gcion. Tá na scéaltaí is aistí ag dul thart, cé go bhfuil an chuid is mó acu fíor. Cuir i gcás, thug an tUasal Kleiman le fios an tseachtain seo gur tharla cluiche peile i gceantar Gelderland; bhí foireann ann a ndeachaigh a himreoirí ar a dteitheadh, agus an duine dhéag eile ina bPóilíní Míleata. Eisíodh cártaí nua cláraithe in Hilversum. Ionas go bhfaigheadh a oiread sin daoine agus is féidir a gciondálacha (caithfidh tú an cárta seo a thaispeáint chun do leabhar ciondála a fháil - sin nó seasca guldan an leabhar a íoc), d'iarr an cláraitheoir orthu siúd uile a bhí i bhfolach a gcártaí a thógáil ag am áirithe, nuair a bhaileofaí na cártaí ag tábla eile. Sin ráite, caithfidh tú bheith cúramach nach gcluineann na Gearmánaigh faoi chleasa mar seo.

Do chara dílis, Anne

AN DOMHNACH, 30 EANÁIR 1944

A Kitty dhil,

Tá Domhnach eile i ndiaidh teacht thart; ní chuireann siad isteach an oiread sin orm anois agus a chuir ag an tús, ach tá siad leadránach go leor.

Ní dheachaigh mé chuig an teach stórais go fóill, ach is féidir go rachaidh mé roimh i bhfad. Aréir chuaigh mé síos staighre sa dorchadas, agus mé liom féin, i ndiaidh dom bheith ann le hAthair roinnt oícheanta ó shin. Sheas mé ag barr an staighre agus na heitleáin Ghearmánacha ag eitilt anonn is anall, agus bhí a fhios agam go raibh mé liom féin, nach dtiocfadh liom bheith ag brath ar dhaoine eile chun tacaíocht a thabhairt

dom. D'imigh an eagla a bhí orm. D'amharc mé suas ar an spéir agus bhí muinín agam as Dia.

Tá géarghá agam bheith liom féin. Níor thug Athair faoi deara nach bhfuil mé mar a bhím de ghnáth, ach ní thig liom insint dó cad é atá ag cur isteach orm.

'Lig dom, fág mé liom féin!', is é sin an t-aon rud ba mhaith liom a screadaíl.

Cé aige a bhfuil an t-eolas? Is féidir go dtiocfaidh an lá nuair a bheas mé liom féin agus ba mhaith liom sin!

Anne Frank

AN DÉARDAOIN, 3 FEABHRA 1944

A Kitty dhil,

Tá gach duine ar fud na tíre an-tógtha faoi scéalta laethúla ionraidh. Dá mbeifeá anseo, tá mé cinnte de go dtabharfá an dea-thuairim chéanna don iliomad ullmhúchán, cé go ndéanfá gáire, gan amhras ar an fhuadar uile atá fúinn. Cé aige a bhfuil an t-eolas? Tá gach seans ann gur beag is fiú é!

Tá na nuachtáin lán scéalta den ionradh agus tá siad ag cur gach duine ar strae sa chloigeann le ráitis ar nós: 'Má tharlaíonn sé go dtiocfaidh na Sasanaigh i dtír san Ísiltír, déanfaidh na Gearmánaigh a ndícheall an tír a chosaint, fiú ag scaoileadh tuile uirthi, más gá.' Chuir siad léarscáileanna na hÍsiltíre i gcló agus na háiteanna ar féidir leo tuile a scaoileadh orthu aibhsithe acu. Ó tharla go raibh cuid mhaith ceantar in Amstardam scáthaithe, is é an cheist a bhí againn cad é a dhéanfaimis dá mba rud é go n-ardófaí an t-uisce go básta. Mhúscaíl an cheist chasta seo éagsúlacht freagraí:

'Beidh sé dodhéanta bheith ag siúl nó ag rothaíocht, mar sin de beidh orainn siúl tríd an uisce.'

'Bíodh ciall agat. Beidh orainn iarracht a dhéanamh bheith ag snámh. Cuirfimid uile ár gculaith shnámh, ár hataí snámha agus ár bhfo-éadaí snámha orainn agus snámhfaimid

faoin uisce a mhéad is féidir linn, ionas nach mbeidh a fhios ag duine ar bith gur Giúdaigh muid.’

‘Amaidí! Tig liom na mná a shamhailt ag snámh agus na lúcháda móra ag baint plaic as a gcosa!’ (Fear a bhí ann ar ndóigh, feicfidimid cé a ligfidh an scread is airde as!)

‘Ní bheimid fiú ábalta an teach a fhágáil. Tá an teach stórais chomh neamhsheasmhach sin go dtitfidh sé as a chéile má bhíonn tuile ann.’

‘Éistigí gach duine, gan bheith ag magadh air, ba cheart dúinn iarracht a dhéanamh bád a fháil.’

‘Cad chuige a mbacfaimid? Tá plean níos fearr agam. Tig linn uile cás pacála a thabhairt ón áiléar agus bheith ag rámháiocht le spúnóg adhmaid.’

‘Tá mise ag dul a shiúl ar chosa croise. Bhí mé i mo dhraíodóir nuair a bhí mé óg.’

‘Ní gá do Jan Gies é a dhéanamh. Ligfidh sé dá bhean chéile dul droim muice, agus ansin beidh Miep ar chosa croise.’

Anois tá barúil de chineál éigin agat ar cad é atá ag dul ar aghaidh. Nach bhfuil a Kit? Tá an fonóideach éadromchroíoch seo iontach greannmhar, ach scéal eile a bheas ar an fhírinne lom. Is cinnte go dtógfar an dara ceist ar an ionradh: cad é ba chóir dúinn a dhéanamh dá bhfolmhódh na Gearmánaigh Amstardam?

‘An chathair a fhágáil leis an chuid eile. Muid féin a chur as aithne a fheabhas is féidir linn.’

‘Pé rud a tharlaíonn, ná gabh taobh amuigh! Is é an rud is fearr le déanamh ná fanacht áit a bhfuilimid! Tá sé ar chumas na nGearmánach daonra iomlán na hÍsiltíre a thiomáint ina dtréad isteach sa Ghearmáin, mar a bhfaighidh siad uile bás.’

‘Ar ndóigh fanfaimid anseo. Is é seo an áit is sábháilte. Déanfaimid iarracht a chur ina luí ar Kleiman agus ar a theaghlach teacht a chónaí linn. Gheobhaimid greim ar chual connaidh ar dhóigh éigin sa dóigh is go dtig linn codladh ar an urlár. Iarraimis ar Miep agus ar Kleiman roinnt blaincéad a

thabhairt leo, le fios nó le hamhras. Agus ordóimid tuilleadh arbhair le cur leis an sé phunt is seasca atá againn cheana féin. Tig le Jan iarracht a dhéanamh teacht ar thuilleadh pónairí. Faoi láthair tá thart fá shé phunt is seasca pónairí agus deich bpunt piseanna scoilte againn. Agus ná déan dearmad ar an chaoga canna glasraí.’

‘Cad faoin chuid eile, a Mháthair? Inis na figiúirí dúinn.’
‘Deich gcanna éisc, daichead canna bainne, fiche punt púdarbhainne, trí bhuidéal ola, ceithre phota ime, ceithre phota feola, dhá phota mhóra súnna talún, dhá phota súnna craibhe, fiche pota trátaí, deich bpunt coirce, naoi bpunt ríse. Sin a bhfuil.’

Tá an soláthar againn ag mairstean go measartha maith. An méid sin ráite, caithfimid foireann na hoifige a chothú, a chiallaíonn go gcaithfimid scaradh le cuid den ábhar atá i dtaisce againn gach seachtain, mar sin de ní mar a shíltear a bhítear. Tá ár sáith guail agus adhmaid againn, agus coinnele chomh maith.

‘Déanaimis uile málaí beaga airgid le cur i bhfolach inár gcuid éadaí ionas go dtig linn ár gcuid airgid a thabhairt linn más gá dúinn an áit a fhágáil.’

‘Tig linn liostaí a dhéanamh de na rudaí a chaithfimid a thabhairt linn ar dtús ar eagla go gcaithfimid teitheadh, agus ár málaí droma a phacáil roimh ré.’

‘Nuair a thioctas an t-am, beidh beirt ar airdeall, duine acu san áiléar ag tosach an tí agus duine acu ar a chúl.’

‘Fan bomaite, cad is fiú an oiread sin bia a bheith againn mura bhfuil uisce, gás nó aibhléis ar bith ann?’

‘Beidh orainn cócaireacht a dhéanamh ar an sorn. An t-uisce a shíothlú agus é a bhruith. Ba chóir dúinn roinnt crúiscíní móra a ghlanadh agus iad a líonadh le huisce. Tig linn uisce a chur i dtaisce fosta i dtrí sáspan a úsáidimid le haghaidh caomhnaithe, agus sa doirteal stáin.’

‘Ar aon nós, tá thart faoi dhá chéad tríocha punt de phrátaí an gheimhridh sa seomra stórais.’

Sin a bhfuil le cloisteáil agam an lá ar fad. Ionradh, ionradh, gan rud ar bith eile seachas ionradh. Argóintí faoin ocrais, faoi bhás, bhuamaí, mhúchtóirí tine, mhálaí codlata, chártaí aitheantais, ghás nimhiúil, srl., srl., ní baileach go bhféadfaí a rá go bhfuil sé gealgháireach.

Is sampla maith é seo a leanas de rabhaidh dhearfa na mball fireann an comhrá seo le Jan:

Urtheach: ‘Tá eagla orainn go dtabharfaidh na Gearmánaigh an daonra iomlán leo nuair a tharraingíonn siad siar.’

Jan: ‘Tá sé sin dodhéanta. Níl a sáith traenacha acu.’

Urtheach: ‘Traenacha? An síleann tú i ndáiríre go gcuirfidís sibhialtaigh ar thraenacha? Ní chuirfidís, ná baol air. Bheadh ar gach duine na cosa a bhaint as.’

(Nó, mar a deir Dussel i gcónaí, *per pedes apostolorum*.)

Jan: ‘Ní thig liom é sin a chreidbheáil. Bíonn an taobh gruama den scéal i gcónaí agaibh. Cén fáth a mbaileoidís na sibhialtaigh uile agus iad a thabhairt leo?’

Urtheach: ‘Nach bhfuil cuimhne agat ar Goebbels a rá go ndruidfidh siad na doirse uile ar na ceantair fhorghabhála ina ndiaidh más gá dóibh imeacht?’

Jan: ‘Is iomaí rud a dúirt siad.’

Urtheach: ‘An síleann tú go bhfuil na Gearmánaigh ró-uasal nó ródhaonna chun é sin a dhéanamh?’

Is é an dearcadh atá acu: má tharraingtear síos muid, tarraingeimid gach duine síos linn.’

Jan: ‘Tig leat do rogha rud a rá, deirim anonn is anall leat nach gcreidim thú.’

Urtheach: ‘Is é an scéal céanna i gcónaí é. Níl duine ar bith ag iarraidh an chontúirt a aithint go díreach os coinne a súl.’

Jan: ‘Ach níl tú cinnte de rud ar bith. Níl ann ach go bhfuil tú ag déanamh tomhais.’

Urtheach: ‘De bhrí gur tháinig muid fríd a leithéid cheana féin. Sa Ghearmáin sa chéad dul síos agus ansin anseo. Cad é atá ag tarlú sa Rúis, i do bharúil?’

Jan: ‘Níor chóir duit na Giúdaigh a chur san áireamh. Ní dóigh liom go bhfuil a fhios ag duine ar bith cad é atá ag tarlú sa Rúis. Is dócha go bhfuil na Sasanaigh agus na Rúisigh ag déanamh áibhéile ar mhaithe le bolscaireacht, dála na nGearmánach.’

Urtheach: ‘Is cinnte nach bhfuil. D’inis an BBC an fhírinne i gcónaí. Agus fiú má dhéantar áibhéil bheag, tá na fíricí olc go leor mar atá siad. Ní thig leat a shéanadh go bhfuil na milliúin saoránach as an Pholainn agus as an Rúis dúnmharaithe nó curtha chun báis leis an ghás.’

Ní chuirfidh mé do chuid ama amú ar an chuid eile dár gcomhrá. Tá mé iontach suaimhneach agus ní thugaim aird ar bith ar an ghlór mhór ar bheagán cúise. Tá mé san áit anois gur cuma liom cé acu a mhairfidh mé nó nach mairfidh. Rachaidh an saol ar aghaidh gan mé, agus níl sé ar mo chumas rud ar bith a athrú cibé ar bith. Ligfidh mé don saol a seal a thabhairt agus díreoidh mé m’aird ar an staidéar agus dóchas agam go mbeidh gach rud ceart go leor sa deireadh.

Do chara dílis, Anne

AN MHÁIRT, 8 FEABHRA 1944

A Kitty dhil,

Ní thig liom insint duit an dóigh a motháim. Bomaite amháin bím ag dúil leis an suaimhneas agus an chéad bhomaite eile bím ar lorg giota beag grinn. Tá dearmad déanta againn ar an dóigh le gáire a dhéanamh – tá mé ag iarraidh a rá, stiúgtha gáire gan tú ábalta stopadh.

Ar maidin bhí mé ag déanamh scigireachta; tá a fhios agat, an cineál ba ghnách linn a dhéanamh ar scoil. Bhí mé féin agus

Margot ag déanamh scigireachta mar a bheadh fiordhéagóirí ionainn.

Bhí dráma eile le Máthair aréir. Bhí Margot á siopriú féin i bpluid olla sa leaba nuair a léim sí amach as an leaba go tobann gur scrúdaigh sí an phluid. Cad é a shíleann tú a fuair sí? Biorán! Chuir Máthair paiste ar an bhlaincéad agus rinne sí dearmad é a bhaint amach. Chroith Athair a cheann d'aon ghnó agus dúirt sé rud éigin faoi mháthair agus faoi cé chomh míchúramach agus atá sí. Go gairid ina dhiaidh sin, tháinig Máthair isteach ón seomra folctha, agus go díreach le bheith ag baint aisti dúirt mé, *'Du bist doch eine echte Rabenmutter'**

Ar ndóigh, d'fhiafraigh sí díom cén fáth ar dhúirt mé sin, agus dúirt muid léi faoin bhiorán a ndearna sí dearmad air. Chuir sí cuma uaibhreach uirthi láithreach agus dúirt, 'Is maith an té atá ag tabhairt achasáin. Nuair a bhíonn tú féin ag fuáil, bíonn an t-urlár ar fad clúdaithe le bioráin. Agus amharc air sin, d'fhág tú an fhoireann lámh-mhaisithe ina luí thart arís. Ní chuireann tú ar shiúl é ach oiread!'

Dúirt mé nár bhain mé úsáid aisti, agus d'aontaigh Margot liom, ó tharla gurbh í féin a bhí ciontach.

Lean Máthair uirthi ag caint faoi cé chomh míshlachtmhar agus a bhí mé go dtí gur éirigh mé bréan di agus gur dhúirt mé go measartha borb, 'ní mise fiú an duine a dúirt go raibh tú míchúramach. Nuair a dhéanann daoine eile meancóga cuirtear an locht ormsa i gcónaí.'

Bhí Máthair ina tost agus níos lú ná bomaite ina dhiaidh sin bhí fiachadh orm póg a thabhairt di agus mé ag dul a luí. Is dócha nach raibh an eachtra seo iontach tábhachtach, ach cuireann gach rud isteach orm na laethanta seo.

De bhrí go bhfuil mé ag dul trí thréimhse athmhachnaimh faoi láthair agus ag ligint do m'intinn bheith ag machnamh ar réimse leathan rudaí, thosaigh mé a smaoineamh ar ndóigh

* Ó, tá tú cruálach.

ar phósadh Athar agus Mháthar. Cuireadh os mo chomhair i gcónaí é mar a bheadh pósadh idéalach ann. Ní raibh riamh argóint ann, ní raibh fearg le sonrú riamh, pósadh foirfe agus an bheirt ag teacht go maith le chéile, srl, srl.

Tá roinnt rudaí ar eolas agam faoi shaol Athar san am atá caite, agus an méid nach bhfuil ar eolas agam, chum mé é; chítear domsa gur phós Athair Máthair de bhrí gur shíl sé go mbeadh sí ina bean chéile fhóirsteanach dó. Caithfidh mé a rá go bhfuil meas agam ar Mháthair agus ar an dóigh ar ghlac sí ról na mná céile, agus go bhfios domsa, ní dhearna sí gearán riamh agus ní raibh riamh éad uirthi. Ní thig leis bheith furasta do bhean ghrámhar fios a bheith aici nach ise an duine is mó a bhfuil cion aige uirthi, agus bhí a fhios ag Máthair an méid sin. Is cinnte go raibh meas ag Athair ar dhearcadh Mháthar agus gur shíl sé go raibh meon ar dóigh aici. Cad chuige a bpósfadh sé duine eile? Bhí a chuid brionglóidí scriosta agus bhí a óige thart. Cén sórt pósta a bhí ann anois? Ní raibh easaontais nó argóintí ann – ach ní raibh pósadh idéalach ann ach oiread. Tá meas ag Athair ar Mháthair agus tá grá aige di, ach chan leis an ghrá chéanna a mbeinn ag dúil leis i bpósdh. Glacann Athair le Máthair mar atá sí, is minic a bhíonn sé tógtha, ach deir sé a laghad is féidir, de bhrí go bhfuil a fhios aige na híobairtí a chaithfidh Máthair a dhéanamh.

Ní i gcónaí a iarrann Athair a barúil – ar an ghnó, ar chúrsaí eile, ar dhaoine, ar gach sórt ruda. Ní insíonn sé gach rud di, de bhrí go bhfuil a fhios aige go bhfuil sí i bhfad róchorraitheach, i bhfad rócháinteach, agus go minic i bhfad róchlaonta. Níl Athair i ngrá. Pógann sé í ar an dóigh chéanna a bpógann sé muidne. Ní dhéanann sé eiseamláir de Mháthair, de bhrí nach dtig leis. Amharcann sé uirthi agus é ag spochadh léi nó ag saighdeadh léi, ach chan go grámhar. Tá seans ann gurb í an íobairt a rinne Máthair an fáth a mbíonn sí cadránta agus doicheallach leis na daoine thart uirthi, ach is cinnte go dtabharfaidh sé níos faide ar shiúl í ó bhóthar an ghrá,

chun níos lú measa a mhúscailt inti, agus lá éigin is cinnte go dtuigfidh Athair nár iarr sí a ghrá iomlán ar an taobh amuigh, ach go bhfuil sí á creimeadh go mall ar an taobh istigh. Tá níos mó grá aici dó ná duine ar bith eile, agus is deacair nuair a fheiceann tú nach bhfuil an cineál céanna grá á thabhairt ar ais di.

Ar chóir go mbeadh níos mó trua agam do Mháthair? Ar chóir dom cuidiú léi? Agus Athair? Ní thig liom, bíim i gcónaí ag smaoineamh ar mháthair eile. Is é rud nach dtig liom. – Cad é mar a thiocfadh liom? Níor inis sí rud ar bith fúithi féin domsa, agus níor iarr mé uirthi riamh. Cad é atá ar eolas againn beirt faoi smointe a chéile? Ní thig liom labhairt léi, níl mé ábalta amharc go grámhar ar na súile fuara sin. Níl mé ábalta. Ní bheidh choíche! – Dá mbeadh fiú tréith amháin fóna na máthar inti, cineáltas, cairdeas, nó foighid nó rud éigin, choinneoinn orm ag iarraidh bheith níos cóngaraí di. Ach is deacra gach lá grá a bheith agam ar an chreatúr neamh-mhothálach, mhagúil seo!

Do chara dílis, Anne

AN SATHARN, 12 FEABHRA 1944

A Kitty dhil,

Tá an ghrian ag soilsiú, tá dath dúghorm ar an spéir, tá leoithne dheas ghaoithe ann, agus tá mé ag dúil – ag dúil go mór – le gach rud: le comhrá, le saoirse, le cairde, le bheith liom féin. Tá mé ag dúil ... le caoineadh! Mothaím a rá is de go raibh mé ag dul a phléascadh. Tá a fhios agam go gcuideodh an caoineadh liom, ach ní thig liom caoineadh. Tá mé míshocair. Siúlaim ó sheomra amháin go seomra eile, bíim ag ionanáilú tríd an scoilt ar an fhuinneog, agus mothaím frithbhualadh mo chroí a rá is de go raibh sé a rá, ‘Comhlíon an dúil ionam faoi dheireadh ...’

Mothaím go bhfuil an t-earrach taobh istigh díom. Mothaím an t-earrach ag múscailt, mothaím i mo cholainn agus i m'anam é. Caithfidh mé brú a chur orm féin an gnáthrud a dhéanamh. Tá mé trína chéile, gan barúil agam cad é a léifidh mé, cad é a scríobhfaidh mé, cad é a dhéanfaidh mé. Níl a fhios agam ach go bhfuil mé ag dúil le rud éigin ...

Do chara dílis, Anne

AN LUAN, 14 FEABHRA 1944

A Kitty dhil,

D'athraigh rudaí dom ó bhí an Satharn ann. Is é seo an rud a tharla: bhí mé ag dúil le rud éigin (agus tá go fóill), ach ... réitíodh píosa beag den fhadhb, píosa an-bheag.

Maidin Domhnaigh thug mé faoi deara, agus an-áthas orm (leis an fhírinne a rá), gur choinnigh Peter ag amharc orm. Ní ar an ghnáthdhóigh. Níl a fhios agam, ní thig liom é a mhíniú, ach go tobann mhothaigh mé nach raibh sé chomh mór sin i ngrá le Margot agus a shíl mé. An lá ar fad rinne mé iarracht gan a bheith ag amharc air an oiread sin, mar nuair a d'amharc mé, fuair mé é ag amharc orm agus ansin – bhuel, mhothaigh mé go hiontach ar an taobh istigh mar gheall air, agus níor chóir dom bheith mar sin rómhinic.

Tráthnóna Domhnaigh agus bhí gach duine bailithe le chéile thart ar an raidió, seachas Pim agus mé fein, ag éisteacht le 'Ceol Buanchlúiteach na Máistrí Gearmánacha'. Choinnigh Dussel air ag casadh na gcnaipí air, rud a chuir isteach ar Peter, agus ar na daoine eile fosta. I ndiaidh dó srian a chur air féin ar feadh leathuair an chloig, d'iarr Peter air go colgach stopadh a bheith ag útamáil leis an raidió. D'fhreagair Dussel é go hiontach uaibhreach, '*Ich mach' das schon!*'* D'éirigh Peter feargach agus dúirt rúd éigin go sotalach. Thaobhaigh an tUasal van Daan leis, agus b'éigean do Dussel cúlú. Ba é sin é.

* Déanfaidh mise an cinneadh sin

Ní raibh cúis an easaontais róshuimiúil ann féin, ach is cosúil gur ghoill sé go mór ar Peter, mar ar maidin, agus mé ag ransú an chiseán leabhar san áiléar, tháinig Peter aníos gur inis sé dom faoin rud a tharla. Ní raibh a fhios agam rud ar bith faoi, ach is gairid gur thuig Peter go raibh mé ag tabhairt cluas le héisteacht dó agus thosaigh sé a luí isteach ar an ábhar.

‘Bhuel, tá sé mar seo,’ arsa sé. ‘Ní minic a bhím ag caint barraíocht, ó tharlaíonn go mbíonn a fhios agam roimh ré nach bhfanfaidh focal ionam. Tosaím a labhairt go stadach agus a éirí dearg san aghaidh agus casaim na focail thart an oiread sin go mbíonn orm stopadh sa deireadh de bhrí nach dtig liom teacht ar na focail chearta. Is é sin an rud a tharla inné. Bhí mé ag iarraidh rud eile ar fad a rá, ach an uair amháin a thosaigh mé, cuireadh trína chéile mé. Tá sé uafásach. Bhíodh drochnós agam tráth, agus in amanna is mian liom go raibh sé agam ar fad: nuair a bhíodh fearg orm le duine, thugainn greasáil dó in ionad a bheith ag argóint leis. Tá a fhios agam nach ndéanfaidh sé sin maitheas ar bith dom, agus is é sin an fáth a bhfuil meas agam ort. Ní bhíonn tú gan focal in am ar bith: deir tú go díreach an rud a ba mhaith leat a rá agus níl tú ar dhóigh ar bith cúthail.’

‘Ó, níl an ceart agat faoi sin,’ a d’fhreagair mé. ‘Tagann bunús na rudaí a deirim amach go héagsúil ar fad ón rud a bhí beartaithe agam. Ar a bharr sin labhraím barraíocht agus rófhada, agus tá sé sin chomh holc céanna.’

‘B’fhéidir, ach tá an buntáiste agat nach dtig le duine ar bith feiceáil go bhfuil náire ort. Ní éiríonn tú dearg san aghaidh agus ní thiteann tú as a chéile.’

Thug a chuid focal taitneamh dom go rúnda, rud nach raibh neart agam air. Áfach, ó tharla go raibh mé ag iarraidh air leanúint ar aghaidh ag labhairt go ciúin faoi féin, chuir mé gáire orm faoi cheilt, shuigh mé ar chúisín ar an urlár, d’fháisc mé mo lámha thart ar mo ghlúine agus mé ag stánadh air go géar.

Tá áthas orm go bhfuil duine eile sa teach a éiríonn chomh colgach céanna liomsa. Bhí an chuma ar Peter go raibh faoiseamh air go dtiocfadh leis Dussel a cháineadh gan eagla air go n-inseoinn. Maidir liom féin, bhí áthas orm fosta, de bhrí gur mhothaigh mé cairdeas láidir, rud nár mhothaigh mé riamh ach le cailíní a bhí cairdiúil liom.

Do chara, Anne

AN MHÁIRT, 15 FEABHRA 1944

Bhí torthaí ar an esaontas bheag le Dussel, agus níorbh fhiú dó an locht a chur ar dhuine ar bith ach air féin amháin. Tráthnóna Luain tháinig Dussel isteach chun Máthair a fheiceáil agus dúirt léi go buach gur chuir Peter ceist air ar maidin ar chodail sé go maith, agus chuir sé leis cé chomh brónach agus a bhí sé faoin rud a tharla tráthnóna Dé Domhnaigh – nach raibh dochar ar bith ann. Chuir Dussel in iúl dó nár ghoill sé go mór air. Mar sin de bhí gach rud go seamhrach arís. D’inis Máthair an scéal seo dom, agus bhí iontas orm ionam féin gur umhlaigh Peter é féin, cé go raibh sé chomh feargach le Dussel agus in ainneoin a chuid gealltanais nach ndéanfadh sé amhlaidh.

Ní raibh mé ábalta srian a chur ar mo chuid fiosrachta agus bhraith mé Peter faoin scéal, agus dúirt sé láithreach bonn go raibh Dussel ag insint bréag. Ba chóir duit aghaidh Peter a fheiceáil. Is mian liom go raibh ceamara agam. Tháinig dreach diomú, dúfheirge, éiginnteachta, buaireamh intinne agus cuid mhór eile ar a aghaidh go gasta i ndiaidh a chéile.

Thug an tUasal van Daan agus Peter íde béil na muc is na madaí do Dussel an oíche sin. Ach is cosúil nach raibh sé chomh holc sin ó tharla go raibh coinne fiaclóra eile ag Peter inniu.

Le fírinne, ní raibh siad ag iarraidh labhairt lena chéile arís go deo.

Níor labhair mé féin agus Peter le chéile an lá ar fad, seachas roinnt focal gan bhrí. Bhí sé rófhuar le dul suas chuig an áiléar, agus cibé ar bith, breithlá Margot a bhí ann. Ar leath i ndiaidh a dó dhéag tháinig sé chun na bronntanais a fheiceáil agus bhí sé ag croitheadh thart ag labhairt níos mó ná mar a bhí gá leis, rud éigin nach ndéanfadh sé dá mbeadh an rogha aige. Ach fuair mé an deis tráthnóna. Ó tharla go raibh fonn orm Margot a mhilleadh ar a breithlá, chuaigh mé chun an caife a fháil agus ina dhiaidh sin na prátaí. Nuair a tháinig mé a fhad le seomra Peter, thóg sé a chuid páipéar láithreach ón staighre, agus d'iarr mé air ar chóir dom comhla thógála an áiléir a dhruidim.

‘Ba chóir,’ arsa sé, ‘lean ort. Nuair a bheas tú réidh le teacht anuas arís, go díreach buail cnag air agus osclóidh mé é faoi do choinne.’

Ghabh mé buíochas leis, chuaigh suas staighre agus chaith ar a laghad deich mbomaite ag cuardadh na bprátaí is lú sa bhairille. Thosaigh mo dhroim a chur isteach orm, agus bhí an t-áiléar fuar. Ar ndóigh, níor bhac mé le cnagadh ach d’oscail mé an chomhla thógála mé féin. Ach d’éirigh sé go garach gur bhain sé an pota as mo lámha.

‘Rinne mé mo dhícheall, ach ní raibh mé ábalta teacht ar chinn ar bith eile níos lú.’

‘Ar chuardaigh tú sa bhairille mhór?’

‘Chuardaigh, bhí mé tríothu uilig.’

Faoin am seo bhí mé ag bun an staighre, agus chaith sé súil ar an phota prátaí a bhí ina lámh aige go fóill. ‘Ó, ach tá na cinn seo go breá,’ arsa sé agus dúirt fosta nuair a thug mé an pota uaidh, ‘Maith thú!’

Agus é á ra seo, d’amharc sé orm chomh ceanúil dea-chroíoch sin gur mhothaigh mé luisne ionam. Bhí a fhios agam go raibh sé ag iarraidh áthas a chur orm, ach de bhrí nach dtiocfadh leis óráid fhada mholtach a dhéanamh, dúirt sé gach

rud lena shúile. Thuig mé go soiléir é agus bhí mé iontach buíoch. Cuireann sé áthas orm fós nuair a smaoiním siar ar na focail agus ar an radharc sin!

Nuair a chuaigh mé síos staighre, dúirt Máthair go raibh tuilleadh prátaí de dhíth uirthi, don dinnéar an iarraidh seo, mar sin de ghlac mé an dualgas orm féin agus chuaigh mé ar ais. Nuair a chuaigh mé isteach i seomra Peter, ghabh mé mo leithscéal as cur isteach air arís. Agus mé ag teacht aníos an staighre, sheas sé, chuaigh anonn gur sheas sé idir an staighre agus an balla, fuair greim ar mo lámh agus rinne iarracht mé a stopadh.

‘Rachaidh mise,’ arsa sé. ‘Caithfidh mé dul suas an staighre cibé ar bith.’

D’fhreagair mé nár ghá dó, nach raibh orm na cinn bheaga a aimsiú an iarraidh seo. Sásta leis sin, scaoil sé a ghreim ar mo lámh. Ar mo bhealach ar ais, d’oscail sé an chomhla thógála agus arís eile thug sé an sáspan uaim. Agus mé i mo sheasamh taobh leis an doras, d’fhiafraigh mé de, ‘Cad é air a bhfuil tú ag obair?’

‘Ar an Fhraincis,’ a d’fhreagair sé.

D’fhiafraigh mé de an dtiocfadh liom spléachadh a fháil ar a cheachtanna. Ansin chuaigh mé le mo lámha a ní agus shuigh mé os a chomhair ar an dibheán.

I ndiaidh dom roinnt Fraincise a mhíniú dó, thosaigh muid a chaint. Dúirt sé liom go raibh sé ag iarraidh dul chuig Indiacha Thoir na nOllannach agus cónaí ar phlándaíl rubair. Labhair sé ar a shaol sa bhaile, ar an mhargadh dhubh agus ar cé chomh mí-úsáideach agus atá sé. D’inis mé dó go raibh coimpléasc ísleachta air. Labhair sé ar an chogadh, a rá go raibh sé cinnte de go mbeadh sé ina chogadh idir an Rúis agus Sasana, agus ar na Giúdaigh fosta. Dúirt sé go mbeadh an saol i bhfad níos fusa dá mbeadh sé ina Chríostaí nó dá dtiocfadh leis bheith ina Chríostaí i ndiaidh an chogaidh. Chuir mé ceist air an mbeadh sé ag iarraidh go mbaistfí é, ach níorbh é sin an

rud a bhí ar intinn aige ach oiread. Dúirt sé nach mbeadh sé choíche ábalta bheith ina Chríostaí ceart, ach go ndéanfadh sé cinnte de nach mbeadh a fhios ag duine ar bith gur Giúdach é i ndiaidh an chogaidh. Chuaigh freang trí mo chroí ar feadh bomaite. Is mór an trua é go bhfuil blas beag den mhí-ionracas ann fós.

Lean Peter ar aghaidh a rá, ‘Bhí na Giúdaigh riamh ina bhfíréin agus beidh ina bhfíréin go deo na ndeor!’

D’fhreagair mé, ‘An iarraidh seo go díreach, tá súil as agam go mbeidh rud éigin maith i ndán dóibh!’

Ach lean muid orainn ag déanamh comhrá deas, ar Athair, ar bhreith a dhéanamh ar thréithe an duine agus ar gach sórt rudaí, ar an oiread sin rudaí nach dtig liom cuimhne orthu uile.

D’fhág mé ar cheathrú i ndiaidh a cúig de bhrí gur tháinig Bep.

An tráthnóna sin dúirt sé rud éigin eile a shíl mé a bhí deas. Bhí muid ag labhairt ar phictiúr réalta scannán a thug mé dó tráth, atá ar crochadh ina sheomra le bliain go leith ar a laghad. Bhí an oiread sin dúile aige ann gur thairg mé roinnt eile dó.

‘Ná tabhair,’ a d’fhreagair sé, ‘b’fhearr liom an ceann atá agam a choinneáil. Amharcaim air gach lá, agus d’éirigh mé cairdiúil leis na daoine ann.’

Is fearr a thuigim anois an fáth a dtugann sé croí isteach chomh teann sin do Mouschi. Is léir go bhfuil cion de dhíth air fosta. Rinne mé dearmad rud éigin eile a lua a raibh sé ag caint air. Dúirt sé, ‘Níl, níl eagla orm, ach amháin nuair a bhaineann na rudaí liomsa, ach tá mé ag obair air sin.’

Tá coimpléasc ísleachta an-olc ar Peter. Cuir i gcás, síleann sé i gcónaí go bhfuil sé an-bhómánta agus go bhfuilimidne an-chliste. Nuair a chuidím leis leis an Fhraincis, gabhann sé buíochas an-mhór liom. Lá de na laetha seo tá mé ag dul a rá

leis, ‘Ó, ná bí ag dul dó sin! Is fearr i bhfad ag an Bhéarla agus ag an tíreolaíocht thú!’

Anne Frank

AN DÉARDAOIN, 17 FEABHRA 1944

A Kitty dhil,

Bhí mé thuas staighre ar maidin, ó tharla gur gheall mé do Bhean van D. go léifinn cuid de mo chuid scéalta di. Thosaigh mé le ‘Brionglóid Eva’ a thaitin go mór léi, agus ansin léigh mé roinnt sleachta as ‘An tÚrtheach Rúnda’, a chuir sna trithí í. D’éist Peter fosta ar feadh tamaill (go díreach leis an chuid dheireanach) agus d’iarr sé orm teacht chuig a sheomra am éigin chun tuilleadh a léamh. Shocraigh mé láithreach bonn go raibh orm dul sa tseans, mar sin de bhain mé mo chóipleabhar amach agus lig mé dó an píosa sin a léamh ina mbíonn Cady agus Hans ag caint ar Dhia. Ní thig liom déanamh amach cad é mar a chuaigh sé i bhfeidhm air. Dúirt sé rud éigin nach bhfuil cuimhne mhaith agam air, chan faoi cé acu a bhí sé maith nó nach raibh, ach faoin smaoineamh taobh thiar de. Dúirt mé leis go raibh mé ag iarraidh go dtuigfeadh sé nár scríobh mé ach rudaí greannmhara go díreach. Chlaon sé a cheann agus d’fhág mé an seomra. Feicimid an gcluinfidh mé tuilleadh!

Do chara dílis, Anne Frank

AN AOINE, 18 FEABHRA 1944

A Kitty dhil,

Nuair a théim suas staighre, téim i gcónaí chun ‘é’ a fheiceáil. Anois agus rud agam a dtig liom bheith ag dúil leis, tá mo shaol anseo i bhfad níos fearr.

Ar a laghad tá ábhar mo chairdis i gcónaí anseo agus ní gá go raibh eagla orm roimh chéilí iomaíochta (seachas Margot).

Ní dóigh liom go bhfuil mé i ngrá, ach mothaím go dtiocfaidh rud álainn faoi bhláth idir Peter agus mé, cineál cairdis agus mothú muiníne. Téim chun é a fheiceáil nuair a bhíonn deis agam, agus níl sé ar an dóigh ar ghnách leis a bheith, nuair nach dtiocfadh leis bun nó barr a dhéanamh dom. A mhalairt ar fad atá fíor, bíonn sé ag caint leis féin agus mé ag dul amach an doras. Ní maith le Máthair go mbím ag dul suas staighre. Deir sí i gcónaí go mbím ag cur isteach ar Peter agus gur chóir dom gan a bheith ag cur as dó. I ndáiríre, nach dtig léi a aithint go bhfuil tuiscint éigin i mo chroí? Bíonn sí i gcónaí ag amharc orm chomh haisteach sin nuair a théim chuig seomra Peter. Nuair a thagaim anuas arís, fiafraíonn sí díom cén áit a raibh mé. Tá sé uafásach, ach tá mé ag tosú ar fhuath a bheith agam uirthi!

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN SATHARN, 19 FEABHRA 1944

A Kitty dhil,

Tá an Satharn ann arís, agus ba chóir go mbeadh go leor ráite ansin. Bhí sé ciúin ar maidin. Chaith mé beagnach uair an chloig thuas staighre ag déanamh liathróidí feola, áfach, níor labhair mé ‘leis’ ach ag beannú dó.

Nuair a chuaigh gach duine suas staighre ar leath i ndiaidh a dó le bheith ag léamh nó le néal codlata a fháil, chuaigh mé síos staighre, blaincéad agus deireadh liom, le bheith i mo shuí ag an deasc ag léamh nó ag scríobh. Roimh i bhfad, ní thiocfadh liom cur suas leis níos mó. Chuir mé mo cheann i mo lámha agus chaoin mé uisce mo chinn. Bhí na deora ag sileadh anuas mo leicne, agus mhothaigh mé iontach míshásta. Ó dá mba rud é go dtiocfadh ‘sé’ chun sólas a thabhairt dom.

Bhí sé i ndiaidh a ceathair nuair a chuaigh mé suas staighre arís. Ar a cúig a chlog chuaigh mé liom chun roinnt prátaí a fháil, ag dúil arís go mbualfaimis le chéile, ach agus mé fós sa

seomra folctha ag cóiriú mo chuid gruaige, chuaigh sé chun Boche a fheiceáil.

Bhí mé ag iarraidh cuidiú le Bean van. D. agus chuaigh mé suas staighre leabhar agus deireadh liom, ach go tobann mhothaigh mé na deora ag teacht ar ais. Rith mé liom síos an staighre chuig an seomra folctha, ag fáil greim ar an scáthán ar an bhealach. Shuigh mé ansin ar an leithreas, agus mé gléasta ó bhun go barr, ar feadh tamaill fhada i ndiaidh dom críochnú agus d'fhág mo dheora smáil dhorcha ar an naprún dearg, agus mhothaigh tromchroíoch.

Is é seo an rud atá ag dul trí m'intinn: 'Ó ní éireoidh liom le Peter ar an dóigh seo. Níl a fhios agam, b'fhéidir nach bhfuil fiú dúil aige ionam agus nach bhfuil duine ar bith de dhíth air chun muinín a chur ann. Is féidir nach smaoiníonn sé orm ach ar dhóigh fhánach. Beidh orm dul ar ais le bheith i m'aonar, gan duine ar bith ann chun muinín a chur ann agus gan Peter, gan dóchas, gan sólas nó rud ar bith le bheith ag dúil leis. Ó, dá mba rud é go dtiocfadh liom mo cheann a leagan ar a ghualainn agus gan mé ag mothú go huaigneach agus tréigthe! Níl a fhios agam, is féidir nach bhfuil sé ar nós cuma liom fúm agus go n-amharcann sé ar dhaoine eile ar an dóigh ghramhar chéanna. Is féidir gur shamhlaigh mé go raibh sé go speisialta domsa. Ó, a Peter, dá mba rud é go dtiocfadh leat mé a chloisteáil nó a fheiceáil. Má bhíonn an fhírinne searbh, ní bheidh mé ábalta cur suas léi.'

Tamaillín níos moille anonn mhothaigh mé go maith agus lán dóchais arís, cé go raibh na deora ag sileadh fós – ar an taobh istigh.

Do chara dílis, Anne M. Frank

Is iad na rudaí a tharlaíonn i dtithe dhaoine eile i rith na seachtaine na rudaí a tharlaíonn anseo Dé Domhnaigh. Agus daoine eile ag caitheamh na n-éadaí is fearr dá bhfuil acu agus ag spaisteoireacht faoin ghrian, bímid ag sciúradh, ag scuabadh agus ag déanamh an níocháin.

A hocht a chlog. Cé gur fearr leis an chuid eile againn codladh go headra, éiríonn Dussel ar a hocht. Téann sé chuig an seomra folctha, ansin síos staighre, ansin suas arís agus ansin chuig an seomra folctha, mar a gcaitheann sé uair an chloig ar fad á ní féin.

Leath i ndiaidh a naoi. Lastar na soirn, tarraingítear an dallóg dhubh anuas, agus tugann an tUasal van Daan aghaidh ar an seomra folctha. Is é ceann de na rudaí is measa a gcaithfidh mé cur suas leis ná luí ar mo leaba agus amharc ar Dussel nuair a bhíonn sé ag guí. Tá a fhios agam go bhfuil cuma aisteach air sin, ach chuirfeadh sé cradhscal ar dhuine ar bith bheith ag amharc ar Dussel ag guí. Ní hé go mbíonn sé ag caoineadh nó ag éirí maoithneach, ní hé sin é ar chor ar bith, ach caitheann sé ceathrú uair an chloig - cúig bhomaite dhéag ar fad - ag luascadh óna mhéara coise go sál a choise. Anonn agus anall, anonn agus anall. Téann sé ar aghaidh go síoraí, agus mura ndruidim mo shúile go teann, bíonn mearbhall i mo cheann.

Ceathrú i ndiaidh a deich. Ligeann muintir van Daan fead; tá an seomra folctha saor. I gceantar mhuintir Frank, tá na chéad aghaidheanna tuirsiúla ag tosú ar theacht amach as a gceannadhairt. Ansin tarlaíonn gach rud, go gasta, go gasta, go gasta. Déanann Margot agus mé féin sealaiócht ar an níochán. Ó tharlaíonn go bhfuil sé measartha fuar thíos staighre, cuirimid bríste agus scairf cloiginn orainn. Idir an dá linn, tá Athair gnóthach sa seomra folctha. Bíonn seal agam féin nó ag Margot sa seomra folctha ar a haon déag, agus ansin bímid uile glan.

Leath i ndiaidh a haon déag. Bricfeasta. Ní dhéanfaidh mé scéal fada de seo, ó tharlaíonn go mbíonn go leor cainte ann faoi bhia gan mise ag tarraingt aníos an t-ábhar fosta.

Ceathrú i ndiaidh a dó dhéag. Téimid uile ár mbealach féin. Téann Athair síos ar a cheithre boinn agus é gléasta ina fhorbhríste go scuabann sé an ruga chomh tréan sin go mbíonn an seomra clúdaithe le scamall dusta. Cóiríonn an tUasal Dussel na leapacha uile (chan mar is ceart ar ndóigh), agus é i gcónaí ag feadaíl an choinséartó chéanna de chuid Beethoven ar an veidhlín agus é i mbun oibre. Tig Máthair a chloisteáil ag siúl go líodránta thart an t-áiléar agus í ag cur an níocháin ar crochadh in airde. Cuireann an tUasal van Daan a hata air agus imíonn leis as radharc isteach sna ceantair is ísle, agus Peter agus Mouschi sna sála air de ghnáth. Cuireann Bean van D. naprún fada, casóg dhubh olla agus forbhróga uimpi, ceanglaíonn scairf dhearg olla thart ar a cloigeann, cartann beart éadaí salacha agus, le nós bean níocháin a bhfuil neart cleachta aici, téann síos staighre. Ním féin agus Margot na soithí agus cuirimid slacht ar an seomra.

AN CHÉADAOIN, 23 FEABHRA 1944

A Kitty dhil,

Tá an aimsir go hiontach ó bhí inné ann, agus tá beocht arís ionam. Tá mo chuid scríbhneoireachta, an rud is fearr dá bhfuil agam ag dul ar aghaidh go maith. Téim chuig an áiléar beagnach gach maidin chun an t-aer leamh a chur amach as mo scamhóga. Nuair a chuaigh mé chuige ar maidin, bhí Peter gnóthach ag glanadh suas. Chríochnaigh sé go gasta agus tháinig sé anall áit a raibh mé i mo shuí ar an spota is fearr liom ar an urlár. D'amharc an bheirt againn amach ar an spéir ghorm, an crann cnó capall ag drithliú le drúcht, na faoileáin agus éin eile ag drithliú ar nós an airgid agus iad ag dul ar ruathar tríd an aer, agus spreagadh muid an oiread sin

go raibh muid i dtámhnéal gan duine ar bith againn ábalta labhairt. Sheas sé, a cheann i gcoinne bíoma tiubh agus mé i mo shuí. Bhí muid ag ionanálú an aeir, ag amharc amach ar an saol amuigh agus mhothaigh an bheirt againn nár chóir an draíocht seo a bhriseadh le focail. D’fhan muid mar seo ar feadh tamaill fhada, agus faoin am a raibh air dul chuig an áiléar chun adhmaid a ghearradh, bhí a fhios agam gur buachaill breá maith a bhí ann. Dhreap sé an dréimire chuig an áiléar, agus lean mé air; le linn an chúig bhomaite dhéag agus é ag gearradh an adhmaid, níor labhair muid focal ach oiread. D’amharc mé air ón áit a raibh mé i mo sheasamh, bhí sé soiléir dom go raibh sé ag déanamh a dhíchill an t-adhmaid a ghearradh mar is ceart agus a thaispeáint dom cé chomh láidir agus a bhí sé. Ach d’amharc mé amach ar an fhuinneog oscailte, ag ligint do mo shúile bheith ag breathnú ar chuid mhór d’Amstardam, thar na díonta agus ar íor na spéire, go bhfaca mé stiall ghorm a bhí chomh tláith sin go raibh sé beagnach dofheicthe.

‘A fhad is go bhfuil sí ann,’ a smaoinigh mé, ‘an ghrian seo agus an spéir gan néal, a fhad is a thig liom sult a bhaint aisti, cad é mar a thig liom bheith brónach?’

Is é an leigheas is fearr dóibh siúd a bhfuil eagla, uaigneas nó brón orthu ná dul amach, áit a dtig leo bheith ina n-aonar, leo féin leis an spéir, leis an nádúr agus le Dia. Is ansin agus ansin amháin a mhothaíonn tú go bhfuil gach rud i gceart agus go bhfuil Dia ag iarraidh ar dhaoine bheith sásta i measc áilleacht agus shimplíocht an nádúir.

A fhad is a bhíonn sé seo ann, agus ba chóir go raibh sé ann go deo, tá a fhios agam go bhfaighidh mé faoiseamh ar gach buairt, is cuma cad é an cás atá ann. Creidim go daingean go dtig leis an nádúr sólas a thabhairt do chách a fhulaingíonn.

Ó, níl a fhios agam, b’fhéidir nach fada go mbeidh mé ábalta an tocht atá orm le teann lúcháire a roinnt le duine a mhothaíonn amhlaidh.

IS. Smaointe: Chuig Peter

Is mór atá á chailleadh againn anseo, is mór go cinnte, agus ar feadh tamaill an-fhada. Cronaím é an oiread céanna agus a chonaíonn tú féin é. Níl mé ag caint ar rudaí seachtracha, ó tharlaíonn go bhfuil go leor á sholáthar dúinn ar an dóigh sin; is iad na rudaí ar an taobh istigh a bhfuil mé ag caint orthu. Do dhála féin, bím ag tnúth leis an tsaoirse agus leis an aer úr, ach sílim go bhfuil go leor againn mar chúiteamh orthu. Ar an taobh istigh, tá mé ag iarraidh a rá.

Ar maidin, nuair a bhí mé i mo shuí os comhair na fuinneoige, agus mé ag amharc go domhain ar feadh tamaill fhada ar Dhia agus ar nádúr, bhí áthas orm, áthas orm go díreach. A Peter, a fhad is go mothaíonn daoine an cineál sin áthais iontu féin, áthas an nádúir, na sláinte agus cuid mhaith eile ar a bharr sin, beidh siad i gcónaí ábalta an t-áthas sin a fháil ar ais arís.

Is féidir maoin, clú agus gach rud eile a chailleadh. An t-áthas i do chroí, áfach, ní féidir ach é a íslíú; beidh sé ann i gcónaí, a fhad is a mhaireann tú, chun cian a thógáil díot arís.

Nuair a mhothaíonn tú uaigneach nó brónach, bain triail as dul chuig an áiléar agus amharc amach ar lá galánta. Ní ar na tithe ná ar na díonta, ach ar an spéir. A fhad is a thig leat amharc ar an spéir gan eagla, beidh a fhios agat go bhfuil tú glan ar an taobh istigh agus tiocfadh áthas ort an athuir.

AN DOMHNACH, 27 FEABHRA 1944

A Kitty dhil,

Ón chéad rud ar maidin go dtí go mall san oíche, is ar Peter amháin a bhím ag smaoineamh. Titim i mo chodladh agus a íomhá os comhair mo shúl, bím ag brionglóideach air agus músclaím agus é ag amharc orm fós.

Motháim go láidir nach bhfuil mé féin nó Peter chomh difriúil sin óna chéile agus atá an chosúlacht air ar an taobh amuigh, agus míneoidh mé an fáth: níl máthair agam féin ná ag Peter. Tá a mháthair róbhréagach, is maith léi bheith ag cliúsaíocht agus ní bhíonn sí róbhuartha faoi na rudaí atá ag dul ar aghaidh ina cheann. Cuireann mo mháthair suim mhór i mo shaol ach níl stuaim, mothálaí ná tuiscint na máthar aici ar chor ar bith.

Tá mé féin agus Peter araon ag streachailt leis na smaointe is uaigní inár gcroí. Táimid neamhchinnte dinn féin agus táimid iontach soghonta, ó thaobh na mothúchán de, go gcaithfí go garbh linn. Nuair a tharlaíonn sé seo, ba mhaith liom rith amach, nó mo chuid mothúchán a chur faoi cheilt. Ina ionad sin, buailim na potaí agus na sáspain, tógaim steallóga uisce agus tríd is tríd tógaim callán ionas gur mian leis na daoine eile go raibh mé i bhfad ar shiúl. Is é an rud a dhéanann Peter ná é féin a scarúint ó gach duine, gan mórán a rá, fanacht ina shuí go ciúin agus bheith ag aislingleacht, agus an fíordhuine ann á chur i bhfolach aige an t-am ar fad.

Ach cad é mar agus cén uair a dhéanfaimid caidreamh lena chéile?

Níl a fhios agam cé chomh fada agus a bheidh mé ábalta dul ar aghaidh mar seo ag cur smacht ar an dúil ionam.

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN LUAN, 28 FEABHRA 1944

A Kitty dhil,

Tá sé mar a bheadh tromluí ann, ceann a leanann ar aghaidh ar feadh tamaill fhada i ndiaidh dom múscailt. Feicim é beagnach gach uair an chloig sa lá agus mar sin féin ní thig liom bheith leis, ní thig liom na daoine eile a chur ar an eolas, agus caithfidh mé ligint orm go bhfuil mé gealgháireach, cé go bhfuil mo chroí cráite.

Is ionann Peter Schiff agus Peter van Daan agus an t-aon duine amháin anois, atá maith cineálta agus a mbím ag dúil go mór leis. Tá Máthair uafásach, tá Athair deas, a fhágann go bhfuil sé níos cráite, agus is í Margot is measa, ó tharlaíonn go mbaineann sí sochar as m'aghaidh ghealghaireach di féin, nuair is é an rud atá uaim ná bheith liom féin go díreach.

Ní dheachaigh Peter i mo leith san áiléar ach chuaigh chuig an lochta chun obair shiúinéireachta a dhéanamh. D'fhág giota beag eile misnigh mé gach uair a chuala mé fuaim dhíoscánach agus tailm agus bhí mé níos buartha fós. Bhí clog á bhualadh i gcéin 'Bíodh do chroí glan, bíodh d'intinn glan!'

Tá mé maoithneach, tá a fhios agam. Tá mé gan dóchas agus amaideach, tá a fhios agam sin fosta.

Ó, cuidigh liom!

Do chara, Anne M. Frank

AN CHÉADAOIN, 1 MÁRTA 1944

A Kitty dhil,

Tá mo chúrsaí féin curtha ar leataobh mar gheall ar ... bhriseadh isteach. Tá mé do do thuisriú leis na bristeacha isteach uile, ach cad é a thig liom a dhéanamh nuair a bhaineann na buirgléirí an oiread sin suilt as onóir a thabhairt do Gies & a Chuid. bheith inár láthair. Tá an eachtra seo i bhfad níos casta ná an ceann deireanach a tharla, i mí Iúil 1943.

Ar leath i ndiaidh a seacht aréir bhí an tUasal van Daan ag tabhairt aghaidhe ar oifig an Uasail Kugler, mar is gnách, nuair a mhothaigh sé go raibh an doras gloine agus doras na hoifige beirt oscailte. Bhí iontas air, ach lean sé air ar a bhealach agus bhí a sháith iontais air nuair a mhothaigh sé go raibh doirse na cailí oscailte fosta agus go raibh an oifig tosaigh ina praiseach. Rith na focail 'tharla briseadh isteach' tríd a intinn. Ach go díreach le bheith cinnte, chuaigh sé síos

staighre chuig an doras tosaigh, rinne seic ar an ghlas agus fuair amach go raibh gach rud dúnta. ‘Caithfidh sé go raibh Bep agus Peter iontach míchúramach tráthnóna,’ an chonclúid a bhí ag an Uasal van D. D’fhan sé ar feadh tamaill in oifig an Uasail Kugler, chuir as an lampa agus chuaigh suas staighre gan é róbhuartha faoi na doirse oscailte nó an praiseach san oifig.

Go luath ar maidin bhuail Peter cnag ar an doras againn le hinsint dúinn go raibh an doras tosaigh ar leathadh agus go raibh an teilgeoir agus mála nua cáipeisí an Uasail Kugler imithe as an chófra. Ordaíodh do Peter an doras a chur faoi ghlas. D’inis an tUasal van Daan dúinn faoi na rudaí ar tháinig sé orthu an oíche roimhe, agus bhí inní an domhain orainn.

Is é an t-aon mhíniú atá ann go raibh cóip den eochair ag an bhuirgléir, ó tharla nach raibh an chuma ar rudaí go ndeachaigh sé isteach sa teach de lámh láidir. Caithfidh sé gur shleamhnaigh sé isteach faoi choim go luath tráthnóna, gur dhruid sé an doras ina dhiaidh, go ndeachaigh sé i bhfolach nuair a chuala sé an tUasal van Daan, gur theith sé leis an chreach i ndiaidh don Uasal van Daan dul suas staighre agus, faoi dheifir, nár bhac sé leis an doras a dhruidim.

Cé aige a mbeadh an eochair againn? Cad chuige nach ndeachaigh an buirgléir chuig an teach stórais? Arbh é duine dár gcuid fostaithe féin é, agus scaoilfidís ár rún, ós rud é gur chuala sé an tUasal van Daan agus b’fhéidir fiú go bhfaca sé é?

Tá sé iontach scanrúil, de bhrí nach bhfuil a fhios againn an rithfidh sé leis an bhuirgléir fáil isteach arís. Nó ar baineadh an oiread sin geite as nuair a chuala sé duine san fhoirgneamh go bhfanfaidh sé ar shiúl?

Do chara dílis, Anne

IS. Bheadh lúcháir orainn dá dtiocfadh leat bleachtair maith a aimsiú dúinn. Ar ndóigh, ar choinníoll go dtig bheith ag brath air nach ndéanfaidh sé scéala ar dhaoine atá i bhfolach.

A Kitty dhil,

Bhí mé féin agus Margot san áiléar le chéile inniu. Ní thig liom bheith sásta ina cuideachta ansin ar an dóigh chéanna a samhlaím a bheadh sé le Peter (nó le duine eile). Tá a fhios agam go mothaíonn sí mar an gcéanna liom faoi chuid mhór rudaí!

Agus í ag déanamh níocháin, thosaigh Bep a labhairt le Máthair agus le Bean van Daan faoi cé chomh héadóchasach agus a éiríonn sí. Cad é an cuidiú a thug an bheirt sin di? Is é an rud a rinne ár máthair chiotach ná an scéal a chur ó ghiolla na sliogán go giolla na mbairneach. An bhfuil a fhios agat an chomhairle a chuir sí uirthi? Gur chóir di bheith ag smaoineamh ar na daoine eile uilig ar domhan atá ag fulaingt! Cad é mar a thig le machnamh ar ainnise daoine eile cuidiú leat má tá tú féin go hainnis? Dúirt mé an méid sin léi. Ar ndóigh is é an freagra a bhí acu gur chóir dom fanacht amuigh ó chomhrá den chineál seo.

Is amadáin dhéanta iad na daoine fásta! A rá is de nach raibh na mothúcháin chéanna ag Peter, Margot, Bep agus agam féin. Is é an t-aon rud a chuidíonn ná grá máthar, ná grá carad atá iontach, iontach cóngarach. Ach níl tuiscint dá laghad ag an dá mháthair seo dúinn! Is féidir go bhfuil giota beag níos mó ag Bean van Daan ná mar atá ag Máthair. Ó ba mhian liom go dtiocfadh liom rud éigin a rá le Bep bhocht, rud éigin a chuideodh léi ó mo thaithí féin. Ach tháinig Athair eadrainn, do mo bhrú go garbh ar leataobh. Tá siad uile chomh bómánta sin!

Labhair mé le Margot fosta faoi Athair agus Mháthair, faoi cé chomh deas agus a thiocfadh leis bheith anseo mura mbeidís chomh hachrannach sin. Bheimis ábalta na tráthnóna a eagrú sa dóigh is go mbeadh gach duine ábalta seal a fháil ag plé ábhar éigin. Ach chuaigh muid siar air sin uile cheana féin. Tá sé dodhéanta dom bheith ag caint anseo! Bíonn an tUasal

van Daan maslach, éiríonn Máthair tarcaisneach agus ní thig léi rud ar bith a rá ina gnáthghuth, ní bhíonn fonn ar Athair nó ar an Uasal Dussel páirt a ghlacadh ann agus ionsaítear Bean van D. chomh minic sin go mbíonn sí ina suí ansin a haghaidh dearg, agus is ar éigean a thig léi troid ar bith a dhéanamh níos mó. Agus cad fúinne? Níl cead againn barúil a bheith againn. A thiarcais, nach bhfuil siadsan forásach! Gan cead agat barúil a bheith agat! Tig le daoine insint duit do bhéal a dhruidim, ach ní thig leo do bharúil a thabhairt ar shiúl. Ní thig leat gan ceadú do dhuine barúil a bheith aige, is cuma cé chomh hóg agus atá sé! Is é an grá agus an dílseacht amháin a chuideodh le Bep, Margot, Peter agus liom féin, rudaí nach dtugtar dúinn anseo. Agus níl sé ar chumas duine ar bith, go háirithe ar na saoithe amaideacha thart anseo muidne a thuigbheáil, ó tharlaíonn go bhfuilimid féin níos tuisceanaí agus níos mó chun tosaigh inár n-intinn ná mar a shamhlaíonn duine ar bith acu!

Grá, cad é an rud é an grá? Ní dóigh liom go dtig leat i ndáiríre é a chur i bhfocail. Ciallaíonn grá go bhfuil tuiscint agat do dhuine, go dtugann tú aire dó, go mbíonn tú ann nuair a bhíonn áthas air agus nuair a bhíonn brón air. Áirítear grá fisiciúil ann de réir a chéile. Tá rud éigin roinnte eadraibh, rud éigin tugtha ar shiúl agus rud éigin faighte agat mar chúiteamh, is cuma cé acu atá sibh pósta nó nach bhfuil, cé acu atá leanbh agaibh nó nach bhfuil. Is cuma má chailleann tú do shuáilce, a fhad is atá a fhios agat go mbeidh duine taobh leat fad a mhairfidh tú a thuigfidh tú, agus nach gá é a roinnt le duine ar bith eile.

Do chara dílis, Anne M. Frank

Faoi láthair, tá Máthair gearánach orm arís; is léir go bhfuil éad uirthi liom de bhrí go ndéanaim níos mó comhrá le Bean van Dann ná léi féin. Is cuma sa tsioc liom!

D'éirigh liom greim a fháil ar Peter tráthnóna, agus bhí dreas comhrá eadrainn ar feadh cúig bhomaite is daichead ar a laghad. Bhí sé ag iarraidh rud éigin a insint dom faoi féin, ach ní raibh sé furasta dó. D'éirigh leis é a chur amach sa deireadh, cé gur ghlac sé tamall fada air. Le fírinne ní raibh a fhios agam arbh fhearr dom fanacht nó imeacht. Ach ba mhór a bhí mé ag iarraidh cuidiú leis! D'inis mé dó faoi Bep agus faoi cé chomh míthuisceanach agus atá ár máithreacha. D'inis sé dom go mbíonn a thuismitheoirí ag argóint lena chéile ar bhonn rialta, faoi pholaitíocht, faoi thoitíní agus faoi gach cineál ruda. Mar a dúirt mé leat cheana féin, tá Peter iontach cúthail, ach chan chomh cúthail sin nach n-admhódh sé go mbeadh sé breá sásta mura bhfeicfeadh sé a thuismitheoirí go ceann bliana nó beirt. 'Níl m'athair chomh deas agus a shílfeá leis an chuma a chuireann sé air féin,' arsa sé. 'Ach, ó thaobh na dtoitíní de, tá an ceart ar fad ag Máthair.'

D'inis mé dó fosta faoi mo mháthair. Ach chosain sé Athair. Shíl sé gur 'fear breá' atá ann.

Anocht nuair a bhí mé ag crochadh suas mo naprún i ndiaidh dom an níochán a dhéanamh, d'iarr sé orm dul anonn chuige agus d'iarr orm gan rud ar bith a rá leis na daoine thíos staighre faoi argóint eile a bhí ag a thuismitheoirí agus nach raibh siad ag caint lena chéile. Gheall mé dó, cé gur inis mé do Margot cheana féin. Ach tá mé cinnte de nach gcuirfidh Margot an scéal ar aghaidh.

'Ó, a Peter, focal ní déarfaidh mé,' arsa mise, 'ní gá duit bheith buartha fúm. D'fhoghlaim mé gan gach rud a chluinim a sceitheadh. Ní labhraím ar na rudaí a insíonn tú dom.'

Bhí áthas air sin a chluinstin. Dúirt mé leis fosta go raibh muid iontach olc ag cúlchaint agus dúirt, 'Tá an ceart ar fad ag Margot, ar ndóigh, nuair a deir sí nach bhfuil mé ionraic, dá

mhéad ba mhaith liom stopadh den chúlchaint, níl rud ar bith is fearr liom ná an tUasal Dussel a phlé.’

‘Is deas an rud é go bhfuil tú ábalta é a admháil,’ arsa sé. Las a aghaidh agus is beag nár chuir a ionracas náire orm fosta.

Ansin shiúil muid ‘suas staighre’ agus ‘síos staighre’ arís. Bhí a sháith iontais ar Peter le cluinistin nach bhfuil dúil againn ina thuismitheoirí. ‘A Peter,’ arsa mise, ‘tá a fhios agat go mbím i gcónaí ionraic, mar sin de cad chuige nár chóir dom seo a insint duit fosta? Tig linn a gcuid lochtanna a fheiceáil fosta.’

‘A Peter, ba bhreá liom go mór cuidiú leat. An ligfidh tú dom? Tá tú sáinnithe in áit chiotach, agus tá a fhios agam, cé nach ndeir tú rud ar bith, go gcuireann sé isteach ort’, arsa mise fosta.

‘Ó, bíonn fáilte i gcónaí roimh do chuidiú!’

‘B’fhéidir gurbh fhearr duit labhairt le hAthair. Tig leat rud ar bith a insint dó. Ní sceithfidh sé rún.’

‘Tá a fhios agam gur fíorchara é.’

‘Tá an-dúil agat ann, nach bhfuil?’

Chlaon Peter a cheann agus lean mé orm, ‘Bhuel, tá dúil aige ionatsa fosta, bíodh a fhios agat!’

D’amharc sé suas go gasta agus las a aghaidh. Bhí sé iontach maoithneach le feiceáil an oiread sin áthais a chuir na focail sin air. ‘An síleann tú sin?’ a d’fhiafraigh sé.

‘Sílim,’ arsa mé. ‘Tig leat é a aithint ó na rudaí beaga a deir sé ó am go chéile.’

Ansin tháinig an tUasal van Daan isteach le horduithe a thabhairt amach. Is ‘diúlach ar dóigh’ é Peter, dála Athar!

Do chara dílis, Anne M. Frank

A Kitty dhil,

Nuair a d’amharc mé isteach sa choinneal anocht, mhothaigh mé ar mo shuaimhneas agus áthasach arís. Dealraíonn sé dom go bhfuil Mamó sa choinneal sin, agus is í Mamó a bhíonn ag amharc anuas orm agus a chosnaíonn mé ar rudaí agus a chuireann áthas orm arís. Ach ... tá duine eile ann a rialaíonn an spíonn a bhíonn orm agus is é sin ... Peter. Chuaigh mé chun na prátaí a fháil inniu, agus nuair a bhí mé i mo sheasamh ar an staighre agus an sásan lán agam, d’fhiafraigh sé díom, ‘Cad é a rinne tú i rith am lóin?’

Shuigh mé ar an staighre, agus thosaigh muid a chaint. Níor bhain na prátaí an chistin amach go dtí cúig bhomaite dhéag i ndiaidh a cúig (uair an chloig i ndiaidh dom dul faoina gcoinne). Níor dhúirt Peter rud ar bith eile faoina thuismitheoirí; is é rud gur labhair muid go díreach faoi leabhair agus faoin am atá caite. Ó, bíonn sé ag stánadh orm agus an oiread sin beochta ina shúile; ní dóigh liom go nglacfaidh sé mórán orm titim i ngrá leis.

Tharraing sé an t-ábhar aníos tráthnóna. Chuaigh mé chuig a sheomra i ndiaidh dom an craiceann a bhaint de na prátaí agus dúirt mé focal faoi cé chomh te agus a bhí sé. ‘Tig leat an teocht a mheas má amharcann tú ar Margot nó orm féin, de bhrí go dtagann dath bán orainn nuair a bhímid fuar agus dath dearg nuair a bhímid te,’ arsa mise.

‘I ngrá?’ a d’fhiafraigh sé.

‘Cad chuige ar chóir dom bheith i ngrá?’ Freagra measartha amaideach a bhí ann (nó ba chóir ceist a rá).

‘Cad chuige nach bhfuil?’ arsa sé, agus ansin bhí am dinnéir ann.

Cad é a bhí sé ag iarraidh a rá? Inniu d’éirigh liom sa deireadh ceist a chur air ar chuir mo chuid geabaireachta isteach air. Is é an méid a dúirt sé, ‘Ó, tá sé go breá liomsa!’ Ní

thig liom insint duit an méid dá fhreagra a bhí bainteach lena chúthaileacht.

A Kitty, tá mé ag dul ar aghaidh mar a bheadh duine atá i ngrá ionam agus nach dtig léi labhairt ar rud ar bith eile seachas a muirnín. Agus is muirnín é Peter. An mbeidh mé ábalta choíche sin a insint dó? Ní bheidh ach go smaoiníonn sé orm ar an dóigh chéanna, ach is é an cineál duine atá ionamsa go gcaithfidh tú ionramháil go cáiréiseach léi, tá a fhios agam sin go rímhaith. Agus is maith leis bheith leis féin, mar sin de níl a fhios agam an méid dúile atá aige ionam. Ar scor ar bith, táimid ag cur aithne níos fearr ar a chéile. Is mian liom go raibh sé de mhisneach againn níos mó a rá. Ach, níl a fhios ag duine ar bith, b'fhéidir go dtiocfadh an t-am sin níos luaithe ná a shílim! Uair nó dhó sa lá tugann sé spléachadh deas orm. Caochaim ar ais air, agus bíonn áthas ar an bheirt againn. Dealraíonn sé go bhfuil mé as mo mheabhair nuair a deirim go bhfuil áthas orm, agus fós féin bíonn lúcháir orm nuair a smaoiním go mothaíonn seisean mar an gcéanna.

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN SATHARN, 4 MÁRTA 1944

A Kitty dhil,

Is é seo an chéad Satharn le míonna anuas nach raibh sé tuirsiúil, gruama agus leadránach. Is é Peter is cúis leis. Ar maidin agus mé ar mo bhealach chuig an áiléar chun mo naprún a chrochadh in airde, d'fhiafraigh Athair díom an raibh mé ag iarraidh fanacht chun mo chuid Fraincise a chleachtadh, agus dúirt mé go raibh. Labhair muid Fraincis lena chéile ar feadh tamaill agus mhínigh mé rud éigin do Peter, agus ansin bhí muid ag obair ar an Bhéarla. Léigh Athair os ard as Dickens, agus bhí mé sna Flaithis bheaga órga, ó tharla go raibh mé i mo shuí ar chathaoir Athar cóngarach do Peter.

Chuaigh mé síos staighre ar cheathrú go dtí a haon déag. Nuair a chuaigh mé suas arís ar leath i ndiaidh a haon déag, bhí Peter ag fanacht liom cheana féin ar an staighre. Bhí muid ag caint le chéile go dtí ceathrú go dtí a haon. Nuair a fhágaim an seomra, cuir i gcás i ndiaidh béile, agus nuair a bhíonn an deis ag Peter agus ní thig le duine ar bith eile é a chloisteáil, deir sé, ‘Slán, a Anne, chífidh mé níos moille thú.’

Ó tá mé chomh sásta sin! Ní fheadar an bhfuil sé ag dul a thitim i ngrá liom i ndeireadh na dála? Pé scéal é, is buachaill deas é, agus ní thuigeann tú cé chomh maith agus atá sé labhairt leis!

Síleann Bean van D. go bhfuil sé maith go leor dom bheith ag caint le Peter, ach inniu d’fhiafraigh sí díom, idir shúgradh is dáiríre, ‘An dtig le muinín a bheith agam as an bheirt agaibh thuas ansin?’

‘Thig, ar ndóigh,’ a mhaígh mé. ‘Is masla é sin domsa!’ Ó mhaidin go hoíche, bím ag dúil le Peter a fheiceáil.

Do chara dílis, Anne M. Frank

IS. Sula ndéanaim dearmad, aréir bhí gach rud clúdaithe le sneachta. Anois tá coscairt ann agus is beag atá fagtha.

AN LUAN, 6 MÁRTA 1944

A Kitty dhil,

Ón uair a d’inis Peter dom faoina thuismitheoirí, mothaím ar dhóigh go bhfuil mé freagrach as – nach síleann tú go bhfuil sé sin saoihiúil. A rá is de go mbaineann na hargóintí eatarthu an oiread céanna liomsa agus a bhaineann leis siúd, agus fós féin, níl sé de mhisneach agam é a tharraingt aníos níos mó, de bhrí go go bhfuil eagla orm go mothaíonn sé míchompordach faoi. Tá eagla orm nach mbeadh iarraidh orm, agus níor mhaith liom sin ar ór ná ar airgead.

Aithním ó aghaidh Peter go ndéanann sé a mhachnamh ar rudaí chomh domhain céanna agus a dhéanaim féin. Aréir

chuir sé isteach orm nuair a bhí Bean van D. ag spochadh as, ‘An machnóir!’ Las aghaidh Peter agus bhí sé náirithe, agus is beag nár phléasc mé.

Cad chuige nach gcoinníonn na daoine seo a mbéal druidte? Ní thig leat a shamhailt a dheacra a bhíonn sé bheith i do sheasamh ar an imeall agus a fheiceáil cé chomh huaigneach agus atá sé, gan mé ábalta rud ar bith a dhéanamh. Tig liom a shamhailt, a rá is de go raibh mé ina áit, cé chomh héadóchasach agus a mhothaíonn sé in amanna faoi na hargóintí. Agus faoi ghrá. Peter bocht. Tá an oiread sin grá de dhíth ar Peter!

Mhothaigh sé chomh fuar sin nuair a dúirt sé nach raibh cairde ar bith de dhíth air. Ó tá sé go hiomlán mícheart! Ní dóigh liom go gcreideann sé é sin. Coinníonn sé greim ar an duine fireann ann, ar a aonarachas agus ar a fhuarchúis bhréagach ionas go dtig leis a ról a chur chun cinn, ionas nach mbeidh air choíche a chuid mothúchán a chur in iúl. Peter bocht, cé chomh fada agus a bheidh sé ábalta coinneáil ag dul? Nach bpléascfaidh sé mar gheall ar an iarracht seo atá os cionn nádúir dhaonna?

Ó, a Peter, dá mba rud é go dtiocfadh liom cuidiú leat, dá ligfeá dom! Le chéile thiocfadh linn ruaig a chur ar an uaigneas atá ortsa agus ormsa!

Tá mé ag déanamh cuid mhaith machnaimh, ach níl mé ag rá mórán. Bíim áthasach nuair a fheicim é, agus níos áthasaí fós má bhíonn an ghrian ag soilsíú nuair a bhímid le chéile. Nigh mé mo chuid gruaige inné, agus de bhrí go raibh a fhios agam go raibh sé béal dorais, bhí mé iontach callánach. Ní raibh neart agam air; dá chiúine ar an taobh istigh mé is amhlaidh is callánaí ar an taobh amuigh mé. Cé hé an chéad duine a aithneoidh an scoilt i mo chathéide?

Is maith an rud é nach bhfuil iníon ag muintir van Daan. Ní bheadh an mealladh chomh dúshlánach sin, chomh galánta sin, agus chomh deas sin le duine den inscne chéanna!

Do chara, Anne M. Frank

IS. Tá a fhios agat go mbím i gcónaí ionraic leat, mar sin de sílim gur chóir dom insint duit go mbím beo ó theagmháil amháin leis go dtí an chéad cheann eile. Bím i gcónaí ag dúil le fáil amach go bhfuil sé ar bís mé a fheiceáil, agus bíonn sceitimíní áthais orm nuair a fheicim a chuid iarrachtaí faiteacha. Sílim gur mhaith leis bheith ábalta é féin a chur in iúl a fhusa a dhéanaim féin é; is beag a shíleann sé gurb é a chiotail a mheallann mé.

AN MHÁIRT, 7 MÁRTA 1944

A Kitty dhil,

Nuair a amharcaim siar ar an saol a bhí agam i 1942, mothaíonn sé chomh dochreidte sin. Tá an Anne Frank ar thaitin an saol sona sin léi go hiomlán difriúil ón duine a chuaigh in eagna taobh istigh de na ballaí seo. 'Sea, saol sona a bhí ann. Bhíodh cúigear ag caitheamh súil thaitneamhach orm le haoibhneas ag gach coirnéal sráide, fiche cara nó mar sin agam, mé i mo pheata ag bunús mo mhúinteoirí, go huile is go hiomlán millte ag Athair agus ag Máthair, málaí lán milseán agus neart airgead póca agam. Cad é eile a bheadh de dhíth ar dhuine ar bith?

Is dócha go bhfuil tú ag déanamh iontais den dóigh a raibh mé ábalta aoibhneas a thabhairt do na daoine sin uilig. Deir Peter go bhfuil sé amhlaidh de bhrí go bhfuil mé 'dóighiúil', ach ní hé sin iomlán an scéil. Bhain na múinteoirí taitneamh as na freagraí greannmhara agus cliste a bhí agam, as mo chuid focal deisbhéalach, as m'aghaidh a mbíodh i gcónaí aoibh uirthi agus as m'intinn bhreithiúnach. Sin a raibh ionam, scioflóg mhillteanach a bhí péacach agus greannmhar. Bhí tréithe fóna ionam, a choinnigh mór le gach duine mé: bhí mé díograiseach, ionraic agus fial. Ní dhiúltóinn choíche do dhuine a bhí ag iarraidh spléachadh a thabhairt ar mo chuid

freagraí, bhí mé flaithiúil le mo chuid milseán agus ní raibh mé ardnósach.

An bhfágfadh an moladh sin uilig a thug daoine dom go mbeinn rómhuinéach? Is maith an rud é, ag barr mo réime, gur tugadh orm breathnú ar an fhírinne lom. Ghlac sé níos mó ná bliain orm bheith cleachtach leis an saol gan mholadh.

Cad é mar a mheas siad mé ar scoil? Ba mé duine grinn an ranga, an ceann feadhain i gcónaí, nach raibh drochspionn riamh orm, gan mé riamh i m'ainle. An iontas ar bith é go mbíodh gach duine ag iarraidh dul a rothaíocht liom ar scoil nó garanna beaga a dhéanamh dom?

Amharcaim siar ar an Anne Frank sin mar a bheadh girseach dheas ghreannmhar ach bhréagach inti, nach mbaineann liom níos mó. Cad é a dúirt Peter fúm? ‘An uair amháin a chonaic mé thú, bhí tú timpeallaithe le scata girseach agus ar a laghad beirt bhuachaillí, ba ghnách leat bheith i gcónaí ag gáire, agus ba tusa i gcónaí croí na féile!’ Bhí an ceart aige.

Cad é a bhí fágtha den Anne Frank sin? Ó ní dharna mé dearmad ar an dóigh le gáire a dhéanamh nó le focal a rá, tá mé chomh maith céanna, mura bhfuil mé níos fearr, ag tabhairt casaoide do dhuine, agus tig liom fós bheith i mo scioflóg agus bheith greannmhar, má tá an fonn orm...

Ach is í sin an fhadhb. Ba mhaith liom bheith beo ar an dóigh áthasach sin gan bhuaireamh de réir cosúlachta ar feadh tráthnóna, ar feadh roinnt laethanta ar feadh seachtaine. Ag deireadh na seachtaine bheinn spíonta, agus bheinn buíoch den chéad duine a labharfadh liom faoi rud éigin ciallmhar.

Tá cairde, chan daoine a mholann mé, de dhíth orm. Daoine a bhfuil meas acu ar mo thréithe féin agus ar mo ghníomhartha, agus chan ar an aoibh mheallacach a bhíonn orm. Bheadh an ciorcal thart orm i bhfad níos lú, ach cad é atá cearr leis sin, a fhad is atá siad dílis?

In ainneoin gach rud, ní raibh mé iomlán sásta sa bhliain 1942; is minic a mhothaigh mé go raibh mé tréigthe, ach de

bhrí go raibh mé ag dul liom an lá ar fad, níor smaoinigh mé air. Bhain mé an oiread suilt as an saol agus a thiocfadh liom, ag déanamh iarrachta go comhfhiosach nó go hainbhiosach an folús a líonadh le scéalta grinn.

Ag amharc siar dom, tuigim go bhfuil deireadh leis an tréimhse sin de mo shaol gan fáil go brách air, tá na laethanta scoile gan bhuaireamh gan chúram imithe go deo na ndeor. Ní chronaím iad fiú. Tá siad curtha uaim leis an aimsir. Ní thig liom feasta bheith aerach, ó tharlaíonn go mbíonn an taobh dáiríre ionam i gcónaí.

Amharcaim ar mo shaol go dtí an Bhliain Úr 1944 mar a bheinn ag amharc trí ghloine chumhachtach formhéadúcháin. Nuair a bhínn sa bhaile, bhíodh gliondar ar mo chroí. Ansin i lár na bliana 1942, tháinig athrú ar rudaí thar oíche. Na hargointí, na gearáin uile, - ní thiocfadh liom é uile a thuigbheáil. Rugadh orm ar mo neamhaire, agus is é an t-aon dóigh a raibh mé ábalta mé féin a iompar ná labhairt ar ais.

Thug an chéad leath den bhliain 1943 babhtáí caointe, uaigneas agus an tuiscint de réir a chéile ar mo chuid lochtanna agus ar m'easpaí féin, a bhí líonmhar go leor agus an chuma orthu go raibh níos mó acu ann. Chuir mé an lá isteach ag geabaireacht agus rinne iarracht Pim a tharraingt níos cóngaraí dom ach theip orm. D'fhág sé sin mé liom féin chun dul i ngleic leis na dúshláin chun mé féin a fheabhsú ionas nach mbeadh orm a gcuid focal cáinte a chloisteáil, de bhrí gur chuir siad an oiread sin éadóchais orm.

Bhí an dara cuid den bhliain beagán níos fearr. Bhí mé i mo dhéagóir anois, agus caitheadh liom mar a bheadh duine fásta ann. Thosaigh mé a dhéanamh mo mhachnaimh ar rudaí agus a scríobh scéalta, ag teacht ar an tuairim sa deireadh nach raibh baint nó páirt ag na daoine eile liom. Ní raibh sé de cheart acu mé a luascadh anonn is anall mar a bheadh luascadán ar chlog ionam. Bhí mé ag iarraidh mé féin a athrú ar mo dhóigh féin. Thuig mé go dtiocfadh liom fáil ar aghaidh gan mo mháthair,

go huile is go hiomlán agus ghoill sé sin orm. Ach is é an rud is mó a chuaigh i bhfeidhm orm ná an tuiscint nach dtiocfadh liom choíche dul i muinín Athar. Ní raibh muinín agam as duine ar bith ach amháin asam féin.

I ndiaidh na Bliana Úire, tharla an dara hathrú mór: an aisling a bhí agam, ina bhfuair mé amach an dúil a bhí agam i ...mbuachaill; chan cailínchara, ach stócach. D'aimsigh mé gliondar ar mo chroí istigh faoin radharc bhréagach ghealgháireach ar an taobh amuigh. Bhí mé ciúin ó am go ham. Anois tá mé beo ar son Peter amháin, de bhrí go bhfuil an saol a bheas romham ag brath cuid mhór airsean!

Bím i mo luí san oíche, agus cuirim críoch le mo chuid paidreacha leis na focail '*Ich danke dir für all das Gute und Liebe und Schöne*'* agus bíonn lúcháir an domhain orm. Smaoiním ar dhul i bhfolach, mo shláinte agus mé féin ar fad mar *das Gute*; leannán Peter (atá fós chomh nua agus chomh leochaileach sin nach bhfuil sé de mhisneach ag duine ar bith againn é a rá os ard), an todhchaí, sonas agus grá mar *das Liebe*; an domhan, an nádúr agus áilleacht mhór gach rud, an niamhracht sin uile, mar *das Schöne*.

Sna bomaití seo ní bhím ag machnamh ar an ainnise uile, ach ar an áilleacht atá ann fós. Is é seo an áit a bhfuil Máthair agus mé féin go hiomlán difriúil óna chéile. Is í an chomhairle atá aici in éadan na lionnta dubha: 'Smaoinigh ar an fhulaingt sa domhan agus bí buíoch nach bhfuil tú bainteach léi.' Is í an chomhairle atá agam: 'gabh amach, faoin tuath, bain sult as an ghrian agus as a bhfuil ag an nádúr. Gabh amach agus déan iarracht an sonas atá taobh istigh díot a athghabháil; smaoinigh ar an áilleacht ionat féin agus ar gach rud thart ort agus bí sona.'

Ní dóigh liom go dtig leis an chomhairle atá ag Máthair bheith ceart, cad é a thig leat a dhéanamh má bhíonn tú féin

* Moladh duit a Dhia, ar son gach rud atá maith, ionúin agus álainn.

ag fulaingt leo? Bheifeá go hiomlán cailte. A mhalairt atá fíor, fanann an áilleacht, fiú in am na hanachana. Má théann tú á chuardach, tagann tú ar níos mó agus ar níos mó sonais agus tagann tú ar ais chugat féin. Cuirfidh duine a bhfuil sonas air sonas ar dhaoine eile; ní bhfaighidh an duine atá misniúil bás choíche go hainniseach!

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN CHÉADAOIN, 8 MARTA 1944

Tá mé féin agus Margot ag scríobh nótaí chun a chéile, le barr grinn, ar ndóigh.

Anne: Tá sé aisteach, ach ní thig liom cuimhnneamh ar an rud a tharla an oíche roimhe go dtí an lá dár gcionn. Cuir i gcás, chuimhnigh mé go tobann go raibh an tUasal Dussel ag srannfach go trom aréir. (Tá sé anois ceathrú go dtí a trí tráthnóna Dé Céadaoin agus tá an tUasal Dussel ag srannfach arís, agus is é sin an fáth ar rith sé liom, ar ndóigh.) Nuair a b'éigean dom úsáid a bhaint as an ártach don leithreas, rinne mé níos mó calláin d'aon turas le deireadh a chur leis an srannfach.

Margot: Cé acu is fearr, an srannfach nó an anáil i mbarr a ghoib?

Anne: Is fearr an srannfach, de bhrí go stopann sé nuair a dhéanaim callán, gan an duine atá i gceist a mhúscailt.

Is é rud nár scríobh mé chuig Margot ach a admhóidh mé duitse, a Kitty, go bhfuil mé ag brionglóideach faoi Peter cuid mhór. Arú aréir rinneadh taibhreamh dom go raibh mé ag scátáil díreach trínár seomra suí leis an ghasúr bheag sin ón rinc scátála; bhí sé lena dheirfiúr, an ghirseach a bhfuil na cosa

iontach tanaí uirthi a chaith an gúna gorm céanna i gcónaí. Chuir mé mé féin in aithne, ag dul thar fóir giota beag, agus d'iarr mé a ainm air. Ba é Peter é. I mo bhrionglóid bhí mé ag déanamh mo mhachnaimh ar an líon Peter go díreach a raibh aithne agam orthu!

Ansin rinneadh taibhreamh dom go raibh muid inár seasamh i seomra Peter, os comhair a chéile in aice leis an staighre. Dúirt mé rud éigin leis; thug sé póg dom, ach d'fhreagair sé nach raibh mórán grá aige dom agus nár chóir dom bheith i mo scioflóg. Dúirt mé i nguth impíoch agus le teann éadóchais, 'Níl mé i mo scioflóg, a Peter!'

Nuair a mhúscaíl mé bhí áthas orm nár dhúirt Peter sin ar chor ar bith. Aréir rinneadh taibhreamh dom go raibh muid ag pógadh a chéile, ach bhí díomá orm le leicne Peter, ní raibh siad chomh bog agus a shíl mé. Bhí siad níos cosúla le leicne Athar – leicne fir a bhíonn á bharradh cheana féin.

AN AOINE, 10 MÁRTA 1944

A Kitty dhil,

Is fíor inniu an nath cainte a deir 'Nuair a thig cith tig bailc'. Tá Peter go díreach i ndiaidh an méid sin a rá. Lig dom insint duit faoi na rudaí uafásacha uile a tharla agus atá os ár gcionn go fóill.

Sa chéad dul síos, tá Miep tinn, de bhrí go raibh sí ag bainis Henk agus Aagje inné. Tháinig slaghdán uirthi sa Wesrerkerk, áit a raibh an tseirbhís. Sa dara dul síos, níor fhíll an tUasal Kleiman ar obair ó thosaigh a bholg a chur fola an t-am deireanach. Mar sin de tá Bep fágtha léi féin chun an obair a choinneáil ag dul. Sa tríú dul síos, ghabh na póilíní fear (nach gcuirfidh mé a ainm i gcló). Tá sé uafásach, ní amháin dó féin ach dúinne fosta, ó tharlaíonn go raibh sé ag soláthar prátaí, ime agus suibhe dúinn. Tá cúigear clainne ag an Uasal M., mar

a thabharfaidh mé air atá uile faoi thrí bliana déag d'aois agus tá leanbh eile ar an bhealach.

Bhí scanradh beag eile againn aréir: bhí muid i lár an dinnéir nuair a chnag duine ar an bhalla béal dorais gan choinne. Bhí muid neirbhíseach agus faoi ghruaim an chuid eile den oíche.

Níl an fonn orm ar na mallaibh na rudaí atá ag tarlú anseo a scríobh síos. Tá mé níos saíte ionam féin. Ná bíodh míthuisceint ar bith ort, tá mé iontach buartha faoin Uasal M. bocht deachroíoch, ach níl mórán fairsinge ann dó i mo dhialann.

Bhí mé i seomra Peter ar an Mháirt, ar an Chéadaoin agus ar an Déardaoin ó leath i ndiaidh a ceathair go dtí ceathrú i ndiaidh a cúig. Bhí muid ag obair ar ár gcuid Fraincise agus ag geabaireacht faoi seo siúd agus araile. Bím ag dúil go mór leis an uair an chloig nó mar sin san iarnóin, ach is é an rud is fearr faoi go sílim go mbíonn Peter chomh sásta céanna mise a fheiceáil.

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN SATHARN, 11 MÁRTA 1944

A Kitty dhil

Níl mé ábalta suí go socair in aon áit amháin le tamall. Téim suas staighre, síos staighre agus ansin ar ais arís. Is maith liom bheith ag caint le Peter, ach bíonn i gcónaí eagla orm go mbím á chrá. D'inis sé giota dom faoin am atá caite, faoina thuismitheoirí, agus faoi féin, ach ní leor é, agus gach cúig bhomaite cuireann sé iontas orm go mbím ag dúil le tuilleadh. Shíl sé roimhe go raibh mé i mo chrá croí, agus ní raibh ionam ach a leath. D'athraigh mé m'intinn, ach cad é mar atá a fhios agam gur athraigh sé a intinn? Sílim gur athraigh, ach ní hionann é sin agus a rá go gcaithfidh bheith inár ndlúthchairde, chomh fada liomsa de, dhéanfadh sé ár gcuid ama anseo níos infhulaingthe. Ach ní ligfidh mé dó seo

mé a chur ar strae. Caithim go leor ama ag smaoinemh air agus ní gá dom éirí tógtha fosta, go díreach de bhrí go bhfuil mé chomh dearóil sin!

AN DOMHNACH, 12 MÁRTA 1944

A Kitty dhil,

Tá rudaí ag éirí níos measa anseo de réir mar a théann na laethanta ar aghaidh. Níor amharc Peter orm ó bhí inné ann. Tá sé ag dul ar aghaidh a rá is de go bhfuil sé crosta liom. Tá mé ag déanamh mo dhíchill gan a bheith ag rith ina dhiaidh agus bheith ag labhairt leis a laghad is féidir ach níl sé furasta! Cad é atá ag dul ar aghaidh?, cad chuige a gcionníonn sé fad a rí uaidh mé bomaite amháin agus ag deifriú le bheith taobh liom an chéad bhomaite eile? Is féidir go samhlaím go bhfuil sé níos measa ná atá sé le fírinne. Is féidir go bhfuil sé taghdach go díreach mo dhála féin, agus go mbeidh gach rud i gceart arís amárach!

Tá sé iontach deacair orm bheith ag déanamh iarrachta aghaidh nádúrtha a choinneáil orm nuair a mhothaím chomh hainnis agus chomh brónach sin. Caithfidh mé labhairt, cuidiú thart an teach, suí leis na daoine eile, agus thar rud ar bith eile, ligint orm go bhfuil mé gealgháireach! Is é an saol taobh amuigh agus áit a bheith agam a dtig liom suí ann chomh fada agus is mian liom is mó a chonaím! Sílim go bhfuil gach rud ag éirí measctha suas agam, a Kitty, ach ansin, bíonn mearbhall orm: ar thaobh amháin tá mé splanctha ina dhiaidh agus á shantú, agus is ar éigean a thig liom bheith sa seomra chéanna leis gan a bheith ag amharc air; agus ar an taobh eile, bíonn iontas orm cad chuige a bhfuil an oiread sin dúile agam ann agus cén fáth nach dtig liom bheith ar mo shuaimhneas arís!

De ló is d'óiche, gach uair a bhím múscaile, ní dhéanamh rud ar bith ach ceist a chur orm féin, 'Ar thug tú go leor deise dó bheith leis féin? An bhfuil tú ag caitheamh barraíocht ama

thuas staighre? An mbíonn tú ag caint barraíocht ar ábhair dháiríre nach bhfuil fonn air labhairt orthu? Is féidir nach bhfuil dúil fiú aige ionat? An bhfuil sé uile i do shamhlaíocht? Ach ansin cad chuige ar inis sé an oiread sin faoi féin duit? An bhfuil aiféala air gur inis?’ Agus cuid mhór eile.

Tráthnóna inné bhí mé chomh spíonta sin leis an scéal bhrónach ar an taobh amuigh gur luigh me síos ar mo dhibheán gur thit mo néal orm. Is é codladh an t-aon rud a bhí de dhíth orm gan a bheith ag machnamh ar rud ar bith. Chodail mé go dtí a ceathair, ach ansin b'éigean dom dul béal dorais. Ní raibh sé furasta, ag freagairt na gceisteanna uile a bhí ag Máthair agus ag iarraidh leithscéal a chumadh faoi mo néal d'Athair. Dúirt mé go raibh tinneas cinn orm, rud nach raibh bréagach, ó tharla go raibh ceann orm ... ar an taobh istigh!

Shílfeadh gnáthdhaoine, gnáthchailíní, déagóirí mo dhála féin go bhfuil an fhéintrua uile seo i bhfad thar fóir. Ach is é sin go díreach é. Scaoilim mo rúin leat agus an chuid eile den am bíim díchéillí, gealgháireach agus chomh muiníneach agus a thig liom chun ceisteanna a chuireann isteach go mór orm a sheachaint.

Tá Margot iontach cineálta agus ba mhaith liom muinín a chur inti, ach ní thig liom gach rud a insint di. Glacann sí ródháiríre mé, i bhfad ródháiríre, agus caitheann cuid mhór ama ag smaoineamh ar a dheirfiúr mhíre, ag amharc go grinn orm nuair a osclaím mo bhéal agus í ag smaoineamh, ‘An bhfuil sí ag ligint uirthi nó an bhfuil sí i ndáiríre?’

Ach is é an rud atá ann go mbímid i gcónaí le chéile. Níl mé ag iarraidh go mbeidh an duine a gcuirim muinín ann i gcónaí thart orm.

Cén uair a chuirfidh mé ord ar na smaointe uile i mo cheann? Cén uair a bheas mé socair ar an taobh istigh arís?

Do chara dílis, Anne

A Kitty dhil,

Is féidir go síleann tú go bhfuil sé greannmhar (cé nach sílim féin) le cloisteáil go mbeimid ag ithe inniu. Tá an banghlántóir ag obair thíos staighre, mar sin de tá mé i mo shuí ag tábla mhuintir van Daan a bhfuil oléadach air agus ciarsúr a bhfuil deora cumhráin réamhchogaidh air brúite i gcoinne mo shróine agus mo bhéil. Is dócha nach bhfuil barúil dá laghad agat cad é air a bhfuil mé ag caint, mar sin de lig dom ‘tosú ag an tús’. Gabhadh na daoine a sholáthraíonn dearbháin bia dúinn, mar sin de níl againn ach ár gcúig leabhar ciondála don mhargadh dhubh – gan dearbháin, gan gheir, gan olaí againn. Ó tharlaíonn go bhfuil Miep agus an tUasal Kleiman tinn arís, ní thig le Bep an tsiopadóireacht a láimhseáil. Tá an bia go hainnis, ár ndála féin. Ó amárach ar aghaidh, ní bheidh greim geire, ime nó margairín fágtha againn. Ní thig linn prátaí frioctha a ithe don bhricefaasta (rud a bhí muid a dhéanamh chun arán a choinneáil), mar sin de bíonn brachán againn ina n-áit, agus de bhrí go síleann Bean van D. go bhfuilimid stiúgtha leis an ocras, cheannaigh muid bainne agus uachtar. Prátaí brúite agus cáil saillte, is é sin a raibh againn don lón inniu. Míníonn sé seo an gníomh airdeallach agam leis an chiarsúr. Ní chreidfeá an boladh bréan a bhíonn ar chál nuair a bhíonn sé cúpla bliain d’aois. Tá boladh sa chistin mar a bheadh meascán plumaí millte, uibheacha lofa agus sáile ann. Ach, go díreach ag smaoineamh ar an salachar sin a ithe, déanann sé tinn mé. Ar a bharr sin, tháinig galair chomh haisteach sin ar ár gcuid prátaí go dtéann buicéad amháin as gach dhá bhucéad *pommes de terre* chuig an bhosca bruscair. Déanaimid spórt dá chéile ag déanamh iarrachta fáil amach cad é an galar atá orthu, agus tháinig muid ar an tuairim go bhfuil ailse, bolgach agus an bhruitíneach orthu. Le fírinne, níl sé furasta bheith i bhfolach sa cheathrú bliain den chogadh. Dá mba rud é go mbeadh an rud gránna uile thart!

Leis an fhírinne a dhéanamh, ní bheadh an oiread sin buairimh orm dá mba rud é go mbeadh an saol níos pleisiúrtha ar dhóigheanna eile. Ach is é sin é: tá an saol angarach seo ag tosú ar gach duine a dhéanamh doicheadallach. Is iad seo a leanas barúlacha an chúigir fhásta ar chúrsaí faoi láthair (níl cead barúlacha ag páistí, agus an iarraidh seo tá mé ag cloí leis na rialacha):

Bean van Daan: ‘stad mé ag iarraidh bheith i mo bhanríon na cistine fadó. Ach bhí sé leadránach bheith i mo shuí díomhaoin, mar sin de chuaigh mé ar ais chuig an chócaireacht. Mar sin féin, níl neart agam air má bhím ag gearán: tá sé dodhéanta bheith ag cócaireacht gan ola, agus déanann na bolaithe bréana uile tinn mé. Ar a bharr sin, cad é a fhaighim mar chúiteamh ar mo chuid iarrachtaí? Míbhúiochas agus focail gháirsiúla. Is mise an cuilthín i gcónaí; cuirtear an locht orm i gcónaí. Sa mhullach air sin, is é an bharúil atá agam gur beag an dul chun cinn atá á dhéanamh ó thaobh an chogaidh de. Beidh an bua ag na Gearmánaigh sa deireadh. Tá eagla mo chraicinn orm go bhfaighimid bás den ocras, agus nuair a bhíonn drochspionn orm bím giorraisc le gach duine a thagann gar dom.’

An tUasal van Daan: ‘Is é an t-aon rud a dhéanaim go díreach ná caitheamh, caitheamh, caitheamh tobac. Ina dhiaidh sin, ní bhíonn cuma chomh hólc sin ar an bhia ar chúrsaí polaitíochta nó ar dhrochghíúmar Kerli. Is muirín í Kerli. Mura mbíonn ábhar caithimh agam, mothaím tinn, ansin caithfidh mé feoil a ithe, éiríonn an saol dofhulaingthe, ní bhíonn rud ar bith maith go leor, agus is cinnte go mbeidh achrann mór ann. Is óinseach í an Kerli agam.’

Bean Frank: ‘Níl an bia ríthábhachtach, ach ba bhreá liom slisín arán seagail go díreach anois, de bhrí go bhfuil mé chomh hocrach sin. Dá mbeinn i mbróga Bhean van Daan, chuirfinn stop leis an Uasal van Daan de bheith ag caitheamh tobac i bhfad ó shin. Ach tá géarghá agam le toit anois, de bhrí go bhfuil mearbhall i mo cheann. Is daoine suaracha iad

muintir van Daan; is féidir go ndéanann na Sasanaigh cuid mhór botún, ach tá dul chun cinn á dhéanamh sa chogadh. Ba chóir dom mo bhéal a choinneáil dúnta agus bheith buíoch nach sa Pholainn atá mé.’

An tUasal Frank: ‘Tá gach rud go breá, níl rud ar bith de dhíth orm. Fan socair, tá neart ama againn. Go díreach tabhair prátaí dom agus beidh mé ciúin. Ba chóir dom cuid de mo chuid ciondálacha a chur ar leataobh do Bep. Tá cúrsaí polaitíochta ag feabhsú, tá mé iontach dóchasach.’

An tUasal Dussel: ‘Caithfidh mé an saothar a chuir mé romham a chur i gcrích, caithfidh gach rud bheith réidh in am. Tá cuma “*gut*” ar chúrsaí polaitíochta, tá sé dodhéanta go mbeirfear orainn. Mé, mé, mé ...!’

Do chara dílis, Anne

AN DEARDAOIN, 16 MÁRTA 1944

A Kitty dhil,

Faoiseamh! Scaoilte saor ón ghruaim ar feadh tamaill bhig! Is é an t-aon rud a chuala mé inniu: ‘Má tharlaíonn seo nó siúd, beimid san fhaopach, agus má éiríonn an duine seo nó an duine siúd tinn, beimid fágtha le soláthar a dhéanamh dúinn féin, agus má ...’

Bhuel, tá a fhios agat an chuid eile, nó pé scéal é glacaim leis go bhfuil tú cleachtach go leor leis na daoine a chónaíonn san Urtheach le tomhas a dhéanamh ar ábhar a gcuid cainte.

Is é is cúis leis na ‘rudaí éiginnteacha’ uile seo gur iarradh ar an Uasal Kugler obair sé lá a dhéanamh, go bhfuil Bep thíos le drochshlaghdán agus gur dócha go mbeidh uirthi fanacht sa bhaile amárach, nár chuir Miep an fliú di go fóill agus go raibh bolg an Uasail Kleiman ag cur fola an oiread sin go raibh sé gan aithne gan urlabhra. A leithéid de scéal ainneise!

Sílimid gur chóir don Uasal Kugler dul díreach chuig dochtúir iontaofa chun teastas easláinte a fháil, a thig leis

tabhairt leis chuig Halla an Bhaile in Hilversum. Tabharfar lá saor d'oibrithe an tí stórais amárach, mar sin de beidh Bep léi féin san oifig. Má bhíonn ar Bep (sin 'má' eile) fanacht sa bhaile amárach, beidh an doras fágtha faoi ghlas agus beidh orainn bheith chomh ciúin le luchóga ionas nach gcluinfidh duine ar bith ó Chomhlacht Keg muid. Ar a haon a chlog tiocfaidh Jan go ceann leathuair an chloig mar a bheadh duine cúraim ar zú ann le seic a dhéanamh orainne – na créatúir bhochta atá ligthe i ndearmad.

Tráthnóna, den chéad uair le tamall fada, d'inis Jan scéal dúinn faoin saol ar an taobh amuigh. Ba chóir duit muidne a fheiceáil bailithe thart air; bhí sé go díreach mar a bheadh pictiúr ann: 'Ag Glúin na Máthar Móire'.

Thug sé taitneamh dá lucht éisteachta le scéalta faoi – cad eile? ach faoi bhia. Tá Bean P., cara le Miep ag déanamh béilí dó. Arú inné d'ith Jan meacain dhearga agus piseanna glasa, inné bhí an fuíollach aige, inniu tá sí ag déanamh piseanna móra, agus amárach tá sé ar intinn aici fuíollach na meacan dearg a mheilt le prátaí.

D'fhiafraigh muid faoi dhochtúir Miep.

'Dochtúir?' arsa Jan. 'Cén dochtúir? Chuir mé glaoh air ar maidin agus ba í a fháilteoir a fuair mé ar an líne. D'iarr mé oideas fliú agus insíodh dom go dtiocfadh liom teacht chun é a thógáil maidin amárach idir a hocht agus a naoi. Má bhíonn drochfhliú ort, tagann an dochtúir féin ar an ghuthán agus deir, "Cuir amach do theanga agus abair 'á'. Ó, tig liom é a chloisteáil, tá ionfhabhtú ar do sceadamán. Scríobhfaidh mé oideas duit a thig leat a thabhairt chuig an phoitigéir. Go raibh lá deas agat." Agus sin sin. Post furasta atá aige, fáithmheas ar an ghuthán. Ach níor chóir dom an locht a chur ar na dochtúirí. I ndeireadh na dála, níl ach an dá lámh ag duine ar bith, agus tá barraíocht othar agus easpa dochtúirí ann na laethanta seo.'

Mar sin féin, rinne muid uile gáire ar ghlaoch gutháin Jan. Tig liom é a shamhailt go díreach an chuma atá ar sheomra feithimh an dochtúra na laethanta seo. Ní chuireann dochtúirí cor ina srón chuig na bochtáin níos mó ach chucu siúd nach bhfuil ach rudaí beaga cearr leo. ‘Hóigh, cad é atá tusa a dhéanamh anseo? A smaoiníonn siad, gabh go deireadh na scuaine; tá tosaíocht ag na fíor-othair ortsa!’

Do chara dílis, Anne

AN DÉARDAOIN, 16 MÁRTA 1944

A Kitty dhil,

Tá an aimsir galánta, chomh deas sin nach bhfuil léamh ná scríobh uirthi; beidh mé ag dul suas chuig an áiléar i gceann bomaite.

Tuigim anois an fáth a bhfuil mé i bhfad níos míshocaire ná Peter. Tá a sheomra féin aige, mar a dtig leis staidéar, brionglóideach agus machnamh a dhéanamh agus codladh ar ndóigh. Cuirtear an ruaig orm gan stad gan staonadh ó áit amháin go háit eile. Ní bhím liom féin in am ar bith sa seomra a roinnim le Dussel, cé gur fada mé ag dúil leis. Is fáth eile é sin a bhím ar lorg tearmainn san áiléar. Nuair a bhím ansin, nó nuair a bhím leat, tig liom bheith i mo dhuine féin, ar feadh tamaill bhig ar a laghad. Mar sin féin, níl mé ag iarraidh bheith ag geonáil. A mhalairt ar fad atá fíor, ba mhaith liom bheith cróga!

Buíochas do Dhia nach dtugann na daoine eile na mothúcháin i mo chroí istigh faoi deara, ach amháin le gach lá a théann thart tá mé níos fuaire le Máthair agus is lú mo mheas uirthi, bíonn níos lú ceana agam ar Athair agus ní bhím chomh toilteanach céanna smaoiniamh ar bith i m’intinn a roinnt le Margot; tá mé druidte suas níos teinne ná druma. Thar rud ar bith eile, caithfidh mé an chuma muinéine orm a choinneáil. Ní ceart go raibh a fhios ag duine ar bith go mbíonn mo chroí

agus m'intinn i gcónaí in adharca a chéile. Go dtí seo, bhí an lámh in uachtar i gcónaí ag m'intinn, ach an mbeidh an lámh in uachtar ag na mothúcháin i mo chroí istigh? In amanna, tá eagla orm go mbeidh, ach níos minice, le fírinne, tá súil as agam go mbeidh!

Ó, tá sé chomh damanta deacair sin gan a bheith ag labhairt le Peter faoi na rudaí seo, ach tá a fhios agam go gcaithfidh mé ligint dó tús a chur leo; tá sé chomh deacair sin bheith ag dul thart i rith an lae a rá is de nár tharla rud ar bith atá déanta agam nó atá ráite agam i mo bhrionglóidí! A Kitty, tá Anne gan chiall, ach sin ráite is tréimhse ama é seo atá gan chiall agus is lú an chiall atá ag imeachtaí an tsaoil.

Is é an chuid is fearr de go dtig liom mo chuid smaointe agus mothúchán a scríobh síos, ach ab é sin, bheinn plúchta gan dabht. Ní fheadar cad é a shíleann Peter de na rudaí uile seo? Coinním an smaoinemh go mbeidh mé ábalta labhairt leis faoi lá éigin. Caithfidh sé go ndearna sé tomhas éigin faoin duine ar an taobh istigh ionam, de bhrí nach dtiocfadh leis bheith i ngrá leis an Anne ar an taobh amuigh a bhfuil aithne aige uirthi go dtí seo! Cad é mar a thiocfadh le duine dála Peter, a bhfuil dúil aige sa saol suaimhneach, cur suas leis an challán agus leis an fhuadar a bhíonn fúm? An é an chéad duine agus an t-aon duine amháin a fheicfidh a bhfuil ann faoi m'aghaidh mhaide eibhir. An nglacfaidh sé i bhfad air? Nach bhfuil seanfhocal ann a deir go bhfuil grá cosúil le trua? Nach é sin an rud atá ag tarlú anseo fosta? Mar is iomaí uair a bhíonn an oiread céanna trua agam dó agus a bhíonn agam dom féin!

Le fírinne, níl a fhios agam cad é mar a thosóidh mé, le fírinne níl a fhios agam, mar sin de cad é mar a thig liom bheith ag dúil go dtosóidh Peter nuair atá an comhrá i bhfad níos deacra dó? Dá mba rud é go dtiocfadh liom scríobh chuige, ar a laghad bheadh a fhios aige ansin an rud a bhí mé ag iarraidh a rá, de bhrí go bhfuil sé chomh deacair sin é a rá os ard!

Do chara dílis, Anne M. Frank

A chara dhílis,

Bhí gach rud go breá sa deireadh; ní raibh ach sceadamán nimhneach ar Bep, chan an fliú, agus fuair an tUasal Kugler teastas leighis chun é a scaoileadh óna chuid oibre. Lig gach duine san Urtheach osna faoisimh. Tá gach rud go breá anseo! Ach amháin go bhfuil Margot agus mé féin cineál tuirseach dár dtuismitheoirí.

Ná lig dom tú a chur amú. Tá an oiread céanna grá agam d'Athair agus a bhí riamh agus tá grá ag Margot d'Athair agus do Mháthair araon, ach nuair atá tú chomh haosta agus atáimid, bíonn tú ag iarraidh roinnt cinnte a dhéanamh duit féin, gan a bheith faoi chrann smola acu. Nuair a théim suas staighre, cuireann siad ceist orm cad é atá mé ag dul a dhéanamh, ní ligfidh siad dom salann a chur ar mo chuid bia, cuireann Máthair ceist orm gach tráthnóna ar cheathrú i ndiaidh a hocht an bhfuil sé in am dom mo chulaith oíche a chur orm agus caithfidh siad gach leabhar a léim a cheadú. Caithfidh mé a admháil nach bhfuil siad uile chomh dian faoi sin agus go ligeann siad dom beagnach gach rud a léamh, ach tá mé féin agus Margot tinn tuirseach de bheith ag éisteacht lena bhfuil le rá acu agus lena gcuid ceisteanna an lá ar fad.

Tá rud éigin eile ann nach dtaitníonn leo: níl fonn orm níos mó póga a thabhairt dóibh maidin is oíche. Tá cur i gcéill leis na leasainmneacha uile sin, agus cuireann an fonn cainte a bhíonn ar Athair faoi bhromanna agus faoi dhul chuig an leithreas samhnas orm. Le scéal fada a dhéanamh gairid, is é an rud ab fhearr liom ná dul gan a gcuideachta ar feadh tamaill, agus ní thuigeann siad an méid sin. Ní hé gur dhúirt mé féin ná Margot rud ar bith faoi seo leo. Cad is fiú? Ní thuigfidís cibé ar bith.

Dúirt Margot aréir, 'Is é an rud is mó a chuireann isteach ormsa má tharlaíonn sé go gcuireann tú do cheann i do lámha nó má ligeann tú osna uair nó dhó, cuireann siad ceist ort

láithreach an bhfuil tinneas cinn ort nó nach mothaíonn tú go maith.’

Buille trom atá ann don bheirt againn a aithint go tobann gur beag den dlúth-theaghlach socair sásta a bhí ann sa bhaile atá fágtha! Is é an fáth is mó atá leis sin go bhfuil gach rud as ord anseo. Is é an chiall atá agam leis sin go gcaitear linn mar a bheadh páistí ann maidir le cúrsaí seachtracha agus ar an taobh istigh dár n-intinn táimid i bhfad níos sine ná cailíní ar comhaois linn. Cé nach bhfuil mé ach ceithre bliana déag, tá a fhios agam cad é ba mhaith liom, tá a fhios agam cé aige a bhfuil an ceart agus cé aige a bhfuil an mícheart, tá mo chuid barúlacha, smaointe agus prionsabal féin agam, agus cé go bhfuil seans ann go bhfuil cuma shaoithiúil air seo ag teacht ó dhéagóir, mothaím gur duine mé níos mó ná páiste – mothaím go bhfuil mé go hiomlán neamhspleách ar dhaoine eile. Tá a fhios agam go bhfuil mé níos fearr ná Máthair ag díospóireacht nó ag plé rudaí, tá a fhios agam go bhfuil mé níos oibiachtúla, ní dhéanaim an oiread céanna áibhéile, tá mé níos slachtmhaire agus níos fearr le mo lámha, agus mar gheall air sin mothaím (is féidir go gcuirfidh sé seo ag gáire thú) go bhfuil mé níos fearr ná í ar chuid mhaith dóigheanna. Chun grá a thabhairt do dhuine, caithfidh meas mór a bheith agam ar an duine, ach níl meas ar bith agam ar Mháthair!

Bheadh gach rud i gceart dá mba rud é go mbeadh Peter agam, de bhrí go bhfuil meas agam air ar a lán dóigheanna. Tá sé chomh deas agus chomh cumasach sin!

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN SATHARN, 18 MÁRTA 1944

A Kitty dhil,

Is mó a d’inis mé duit fúm féin agus faoi mo chuid mothúchán ná a d’inis mé riamh do Chríostaí an bhéil bheo, mar sin de cad chuige nach mbeadh gnéas san áireamh?

Tá tuismitheoirí agus daoine i gcoitinne iontach saoihiúil faoi ábhar an ghnéis. In ionad gach rud a insint dá gcuid mac agus dá gcuid iníonacha ag dhá bhliain déag d’aois, cuireann siad na páistí amach as an seomra an bomaite a thagann an t-ábhar aníos agus fágann siad iad leis an eolas uile a aimsiú dóibh féin. Níos moille anonn, nuair a mhothaíonn na tuismitheoirí gur aimsigh a gcuid páistí an t-eolas ar dhóigh éigin, glacann siad leis go bhfuil níos mó (nó níos lú) ar eolas acu ná mar atá le fírinne. Mar sin de, cad chuige nach ndéanann siad iarracht sin a cheartú le ceist a chur orthu faoi chúrsaí?

Constaic mhór atá ann do na daoine fásta – cé nach fadhb ar bith é, dar liom – go bhfuil eagla orthu nach n-amharcaidh a gcuid páistí ar phósadh mar rud atá naofa geanmnaí nuair a thuigeann siad, i gcuid mhaith cásanna, gur amaidí atá sa gheanmnaíocht. Ó mo thaobhsa féin de, níl rud ar bith cearr má thugann fear giota beag taithí chuig an phósadh. I ndeireadh na dála, ní bhaineann sé leis an phósadh féin ar chor ar bith. An mbaineann?

Go gairid i ndiaidh dom aon bhliain déag a bhaint amach, d’inis siad dom faoin fhuil mhíosta. Ach fiú ansin, ní raibh barúil ar bith agam cá has a dtáinig an fhuil nó an fáth a raibh sé ann. Nuair a bhí mé dhá bhliain déag go leith d’aois, d’fhoghlaim mé cuid eile ó Jacques, nach raibh chomh haineolach agus a bhí mé féin. Thuig mé i mo chroí istigh cad é a dhéanann fear agus bean nuair a bhíonn siad le chéile; bhí an chuma air gur beag an intleacht é ag an tús, ach nuair a chinntigh Jacques é, bhí mé bródúil asam féin gur oibrigh mé amach é!

Ba í Jacques fosta a d’inis dom nach dtagann leanaí amach as bolg a máthar. Mar a chuir sí féin é, ‘Tagann an toradh aibí amach áit a dtéann an t-oideas isteach!’ Fuair mé féin agus Jacques amach faoin dallán, agus faoi neart rudaí beaga eile ó leabhar ar chúrsaí gnéis. Bhí a fhios agam fosta go dtiocfadh

leat roghnú gan leanáí a bheith agat, ach ní thuigim dubh, bán ná riabhach an dóigh a n-oibríonn sé sin taobh istigh de do cholainn. Nuair a tháinig mé anseo, dúirt Athair liom faoi na striapacha, srl., ach gach rud leis an rud eile tá ceisteanna nach bhfuil freagraí orthu fós.

Mura n-insíonn máithreacha gach rud dá gcuid páistí, cluineann siad faoi giota ar ngiota, agus níl sé sin ceart ná cóir.

Cé go bhfuil an Satharn ann inniu, níl mé dúdóite! Bheith thuas san áiléar le Peter is cúis leis sin. Shuigh mé ansin, mo shúile dúnta agus mé ag brionglóideach, agus bhí sé thar barr.

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN DOMHNACH, 19 MÁRTA 1944

A Kitty dhil,

Lá an-tábhachtach a bhí ann dom inné. I ndiaidh an lóin, bhí gach rud mar a bhíonn sé de ghnáth. Ar a cúig a chlog chuir mé na prátaí síos, agus thug Máthair cuid d'ispín fola dom le tabhairt do Peter. Ní raibh mé ag iarraidh dul ar dtús, ach sa deireadh chuaigh mé. Ní ghlacfadh sé leis an ispín, agus bhí an mothú uafásach sin ionam gur bhain sé leis an argóint a bhí eadrainn faoi mhímhuinín. Go tobann, ní thiocfadh liom cur suas leis níos mó agus líonadh mo shúile le deora. Gan focal ar bith eile, thug mé an pláta ar ais do Mháthair agus chuaigh chuig an leithreas áit ar chaoin mé uisce mo chinn. Ina dhiaidh sin, shocraigh mé rudaí a phlé le Peter. Roimh an dinnéar bhí an ceathrar againn ag cuidiú leis le crosfhocal, mar sin de ní thiocfadh liom rud ar bith a rá. Ach agus muid ag dul a shuí le hithe, labhair mé leis i gcogair, 'An bhfuil tú ag dul a chleachtadh do luathscríbhneoireachta anocht, a Peter?'

'Níl,' a d'fhreagair sé.

'Ba mhaith liom labhairt leat níos moille.'

D'aontaigh sé.

I ndiaidh an níocháin, chuaigh mé chuig a sheomra agus chuir mé ceist air ar dhiúltaigh sé an t-ispín a ghlacadh mar gheall ar an argóint dheireanach a bhí eadrainn. Ar ámharáí an tsaoil, níorbh é sin an fáth; ní raibh ann ach gur shíl sé go mbeadh sé dímhúinte dá mbeadh an chosúlacht air go raibh sé ródhíocasach. Bhí sé iontach te thuas staighre agus bhí m'aghaidh chomh dearg le fuil. Mar sin de i ndiaidh dom uisce a thabhairt anuas do Margot, chuaigh mé suas arís faoi choinne aeir úir. Ar mhaithe le honóir, chuaigh mé gur sheas mé ag fuinneog mhuintir van Daan ar dtús sula ndeachaigh mé chuig seomra Peter. Bhí sé ina sheasamh ar thaobh na láimhe clé den fhuinneog oscailte, mar sin de chuaigh mé anonn chuig taobh na láimhe deise. Tá sé i bhfad níos fusa bheith ag labhairt taobh le fuinneog oscailte sa bhreacsholas ná mar atá sé i ngile an lae, agus sílim gur mhothaigh Peter mar an gcéanna. D'inis muid an oiread sin dá chéile, an oiread sin, nach dtig liom é uile a athrá. Ach mhothaigh sé go maith; ba é an tráthnóna ab fhearr é dá raibh agam san Urtheach. Tabharfaidh mé cur síos gairid ar na hábhair éagsúla ar labhair muid orthu.

Sa chéad dul síos labhair muid ar na hargóintí agus ar an dóigh a bhfuil dearcadh difriúil agam orthu anois, agus ansin ar an dóigh ar thug muid cúl dar dtuismitheoirí. D'inis mé do Peter faoi Mháthair agus Athair agus Margot agus fúm féin. Ag pointe amháin, d'fhiafraigh sé díom,
'Tugann sibh póg oíche mhaith dá chéile i gcónaí, nach dtugann?'

'Ceann amháin? Cuid mhaith acu. Ní thugann tusa, an dtugann?'

'Ní thugaim, níor phóg mé riamh duine i ndáiríre.'

'Fiú amháin ar do bhreithlá?'

'Thug, ar mo bhreithlá, thug.'

Labhair muid ar an dóigh nach bhfuil muinín i ndáiríre ag ceachtar againn as ár dtuismitheoirí, agus ar an dóigh a bhfuil grá mór ag a thuismitheoirí dá chéile agus gur mian leo go

gcuirfeadh sé muinín iontu, ach nár mhaith leis. Ar an dóigh a mbím ag caoineadh uisce mo chinn agus ar an dóigh a dtéann sé suas a ghearradh na mionnaí móra chuig an lochta. Ar an dóigh nár chuir Margot agus mé féin aithne cheart ar a chéile go dtí le gairid, agus fós féin gur beag a insimid dá chéile de bhrí go mbímid i gcónaí le chéile. Labhair muid ar gach rud faoin spéir, ar mhúinín, ar mhothúcháin agus orainn féin. Ó a Kitty, bhí sé go díreach mar a shíl mé a bheadh sé.

Ansin labhair muid ar an bhliain 1942, agus ar cé chomh difriúil agus a bhí muid an t-am sin; níl aithne againn fiú orainn féin ón tréimhse sin. Ar an dóigh nach dtiocfadh linn cur suas lena chéile ar dtús. Shíl sé gur crá croí callánach a bhí ionam, agus tháinig mé ar an tuairim go gasta nach raibh sé ar dhóigh ar bith speisialta. Níor thuig mé cén fáth nach mbíodh sé ag cliúsaíocht liom, ach anois tá áthas orm. Luaigh sé fosta an dóigh a n-imíodh sé leis chuig a sheomra. Dúirt mé leis gur dhá thaobh den bhonn chéanna a bhí i mo chuid calláin agus díograise agus ina chiúnas féin, agus gur mhaith liom féin suaimhneas ach nach bhfuil rud ar bith agam dom féin seachas mo dhialann, agus gur iomaí grua thirim i mo dhiaidh, ag tosú le Dussel agus nach mbím i gcónaí ag iarraidh bheith i mo shuí le mo thuismitheoirí. Labhair muid ar cé chomh háthasach agus atá sé go bhfuil páistí ag mo thuismitheoirí ar cé chomh háthasach agus atá mé go bhfuil sé anseo. Ar an dóigh a dtuigim anois go gcaithfidh sé cúlú agus ar a chaidreamh lena thuismitheoirí, agus ar cé chomh mór agus ba mhaith liom cuidiú leis nuair a bhíonn a thuismitheoirí ag argóint.

‘Ach bíonn tú i gcónaí i do chuidiú agam!’ arsa sé.

‘Cén dóigh?’ a d’fhiafraigh mé, agus iontas mór orm.

‘De bhrí go mbíonn tú gealgháireach.’

Ba é sin an rud ba deise dár dhúirt sé tráthnóna. Dúirt sé liom fosta nach gcuireann sé isteach air anois má thagam chuig a sheomra ar an dóigh ar ghnách leis; déanta na fírinne, thaitin sé leis. Dúirt mé leis fosta go raibh na hainmneacha

ceana uile ag Athair agus Máthair gan chiall, nár chothaigh póg anois agus arís muinín ar an toirt. Labhair muid fosta ar rudaí a dhéanamh ár mbealach féin, ar an dialann, ar an uaigneas, ar an difear idir gach duine ar an taobh istigh agus ar an taobh amuigh, ar m'aghaidh mhaide, srl. Bhí sé thar barr. Caithfidh sé go bhfuil grá aige dom mar chara, agus san am i láthair, is leor sin. Tá mé chomh buíoch sin agus chomh sásta sin, níl léamh, scríobh ná insint béil air. Caithfidh mé mo leithscéal a ghabháil leat, a Kitty, de bhrí nach bhfuil mo chuid stíle thar mholadh beirte inniu. Is é rud go díreach gur scríobh mé pé rud a tháinig isteach i mo cheann!

Motháim go bhfuil rún idir mé féin agus Peter. Nuair a amharcann sé orm leis na súile sin, aoibh an gháire air agus é ag caochadh na súile, tá sé mar a bheadh solas ann á lasadh ionam. Tá súil as agam go bhfanfaidh rudaí mar atá agus go mbeidh cuid mhór uaireanta áthasacha againn le chéile.

Do chara dílis, buíoch, áthasach Anne

AN LUAN, 20 MÁRTA 1944

A Kitty dhil,

Ar maidin d'iarr Peter orm an dtiocfainn tráthnóna éigin eile. Gheall sé dom nach mbeinn ag cur isteach air, agus dúirt, áit a mbíonn fairsinge do dhuine amháin bíonn fairsinge ann do bheirt. Dúirt mé leis nach dtiocfadh liom bualadh leis gach tráthnóna, de bhrí nár shíl mo thuismitheoirí gur rud maith a bhí ann, ach shíl sé nár chóir dom ligint dó sin cur isteach orm. Mar sin de dúirt mé leis gur mhaith liom teacht tráthnóna Sathairn éigin agus d'iarr mé air insint dom nuair a thiocfadh leat an ghealach a fheiceáil.

'Go breá,' arsa sé, 'b'fhéidir go mbeimis ábalta dul síos staighre agus amharc ar an ghealach ón áit sin.' D'aontaigh mé; níl an oiread sin eagla orm roimh bhuirgléirí .

Idir an dá linn, tháinig scamall anuas ar an sonas. Le fada mhothaigh mé go raibh dúil ag Margot in Peter. Níl a fhios agam go díreach an méid atá aici, ach tá an scéal uile míthaitneamhach. Anois gach uair a théim le Peter a fheiceáil goilleann sé uirthi, rud nach bhfuil neart agam air. Is é an rud is aistí faoi nach ligeann sí uirthi. Tá a fhios agam go mbeadh éad mór orm, ach is é rud go díreach a deir Margot nár chóir go mbeadh trua agam di. ‘Sílím go bhfuil sé go holc ar fad go bhfuil tú i d’éan corr anois,’ a dúirt mé léi.

‘Tá mé cleachtach leis sin,’ a d’fhreagair sí, ar dhóigh shearbh.

Níl sé de mhisneach agam insint do Peter. B’fhéidir níos moille anonn, ach caithfidh mise agus seisean a lán rudaí eile a phlé ar dtús.

Thug Máthair rabhadh beag dom aréir, a bhí tuillte agam. Níor chóir dom an neamhshuim atá agam inti agus an dímheas atá agam uirthi a thabhairt rófhada. In ainneoin gach rud, ba chóir dom iarracht a dhéanamh arís eile bheith cairdiúil agus srian a choinneáil ar mo theanga!

Níl Pim fiú chomh deas agus a bhíodh sé. Tá sé ag déanamh iarrachta gan caitheamh liom mar a bheadh páiste ann, ach anois tá sé i bhfad rófhuar. Beidh orainn fanacht go bhfeice muid cad é a tharlóidh! Thug sé rabhadh dom nach bhfaighidh mé teagasc breise ar bith i ndiaidh an chogaidh mura ndéanaim mo chuid ailgéabair. Thiocfadh liom fanacht go díreach le fáil amach cad é a tharlóidh, ach ba mhaith liom tosú arís, ar choinníoll go bhfaighinn leabhar nua.

Is leor sin san am i láthair. Ní dhéanaim rud ar bith ach stánadh ar Peter, agus bíonn mo chroí ag cur thar maoil!

Do chara dílis, Anne M. Frank

Fianaise na maitheasa atá in Margot. Fuair mé é seo inniu, 20 Márta 1944:

A Anne, inné nuair a dúirt mé nach raibh éad orm leat, ní raibh mé iomlán ionraic. Is é seo mar atá an scéal: níl éad orm leatsa ná le Peter. Níl ann ach go bhfuil brón orm nach bhfuil duine ar bith agam a dtig liom mo smaointe agus mo chuid mothúchán a roinnt leis, agus níl an chosúlacht air go mbeidh go gceann tamaill mheasarta amach anseo. Ach is é sin an fáth ar mian liom, amach ó mo chroí, go mbeidh sibh beirt ábalta muinín a chur ina chéile. Tá sibh ag cailleadh amach ar an oiread sin cheana féin anseo, ar rudaí a ndéanann daoine talamh slán díobh.

Ar an láimh eile, tá mé cinnte nach n-éireodh liom dul chomh fada sin le Peter, de bhrí go mothaím go mbeadh orm bheith iontach cóngarach do dhuine sula dtiocfadh liom mo chuid smaointe a roinnt leis. Bheinn ag iarraidh an mothú ionam féin gur thuig sé mé go huile is go hiomlán, fiú dá mba rud é nár dhúirt mé mórán. Ar an ábhar seo bheadh duine de dhíth orm a mbeadh intleacht níos fearr aige ná agamsa, agus ní hé sin an cás le Peter. Ach tig liom a shamhailt go mothaíonn tú cóngarach dó.

Mar sin de ní gá duit locht a fháil ort féin de bhrí go mothaíonn tú go bhfuil tú ag glacadh le rud a bhí ag dul domsa; ní hé sin fírinne an scéil ar chor ar bith. Tá gach rud le baint agatsa agus ag Peter mar gheall ar bhur gcairdeas.

An freagra a bhí agam,

A Margot dhil,

Bhí do litir iontach cineálta, ach ní mhothaím go hiomlán ar mo shuaimhneas faoi rudaí go fóill, agus ní dóigh liom go mothóidh choíche.

Faoi láthair, níl an oiread muiníne ag Peter asam agus a shíleann tú, ná agamsa as. Níl ann ach nuair a bhíonn tú i do sheasamh ag fuinneog oscailte le clapsholas, tig linn níos mó a rá lena chéile ná mar a thiocthadh linn i ngile an lae. Is fusa fosta labhairt faoi do chuid mothúchán i gcogar ná bheith ag scairteadh os ard. Mothaím go bhfuil cion agat ar Peter mar a bheadh deirfiúr ann agus gur mhaith leat cuidiú leis, an oiread céanna agus ba mhaith liom féin. B'fhéidir go mbeifeá ábalta sin a dhéanamh lá éigin, cé nach é sin an cineál muiníne atá i gceist againn. Creidim gur bealach dhá threo é an mhúinín; sílim fosta gurb é sin an fáth nár éirigh Athair agus mé féin iontach cóngarach. Ach ná labhramis air níos mó. Má tá rud ar bith ann ar mhaith leat plé a dhéanamh air fós, scríobh chugam le do thoil, de bhrí gur fusa dom an rud ba mhaith liom a rá a chur ar phár ná labhairt os comhair a chéile. Tá a fhios agat go bhfuil meas mór agam ort, agus is mian liom go mór go dtugaim faoi anáil do mhaitheasa agus faoi mhaitheas Athar, mar, sa chiall sin, tá an dóigh chéanna ag an bheirt agaibh.

Do chara dílis, Anne

AN CHÉADAOIN, 22 MÁRTA 1944

A Kitty dhil,

Fuair mé an litir seo aréir ó Margot:

A Anne dhil,

I ndiaidh do litir a fháil inné mothaím ar dhóigh nach dtaitníonn liom go mbíonn do choinsias ag cur isteach ort nuair a théann tú go seomra Peter le bheith ag

staidéar nó ag labhairt; i ndáiríre níl gá ar bith leis sin. I mo chroí istigh, tá a fhios agam go bhfuil duine ann a bhfuil mo mhuinín tuillte aige (agus a mhuinín agam), agus ní bheinn ábalta cur suas le Peter san áit seo.

Mar a scríobh tú féin, áfach, amharcaim ar Peter mar a bheadh cineál dearthár ann ... deartháir is óige; táimid ag brath an talaimh, agus is féidir go dtiocfaidh nó nach dtiocfaidh caidreamh mar a bheadh deartháir agus deirfiúr ann am éigin amach anseo, ach is cinnte nár bhain sé an áit sin amach go fóill. Mar sin de, ní gá trua a bheith agat dom. Anois agus an dlúthchaidreamh aimsithe agat, bain an oiread suilt as agus is féidir.

Idir an dá linn, tá rudaí ag éirí i bhfad níos fearr anseo. Sílim, a Kitty, go mb'fhéidir go mbeadh fíorghrá ag teacht faoi bhláth san Urtheach. Ní raibh na scéalta grinn uile faoi Peter a phósadh chomh hamaideach sin i ndeireadh na dála. Ní hé go bhfuil mé ag smaoineamh ar é a phósadh, bíodh a fhios agat. Níl a fhios agam fiú cad é mar a bheas sé nuair a thioctas ann dó. Nó an rud é go mbeidh grá go leor eadrainn le pósadh.

Tá mé cinnte de anois go bhfuil grá ag Peter dom fosta; is é rud nach bhfuil a fhios agat go díreach cén cineál grá atá ann. Ní thig liom m'intinn a dhéanamh suas cé acu atá cara maith de dhíth air nó an bhfuil tarraingt aige orm mar ghirseach nó mar dheirfiúr. Nuair a dúirt sé go mbím i gcónaí ag cuidiú leis nuair a bhíonn a thuismitheoirí ag argóint; bhí áthas an domhain orm; céim ar aghaidh a bhí ann go gcreidfinn ina chairdeas. Chuir mé ceist air inné cad é a dhéanfadh sé dá mbeadh dosaen Anne ann a choinnigh orthu ag bualadh isteach chun é a fheiceáil. Is é seo an freagra a bhí aige: 'Dá mbeidís uile do dhála féin, ní bheadh caill orm.' Tá sé thar a bheith soicheallach, agus sílim gur breá leis go mór mé a fheiceáil. Idir an dá linn, tá sé ag obair go cruath ag foghlaim na

Fraincise, ag staidéar sa leaba go dtí ceathrú i ndiaidh a deich fiú.

Ó, nuair a smaoiním siar ar oíche Shathairn, ar na focail eadrainn, ar ár nguthanna, mothaím sásta liom féin den chéad uair riamh; is é an rud atá mé ag iarraidh a rá, déarfainn an rud céanna go fóill agus níor mhaith liom rud ar bith a athrú, an dóigh ar mhaith liom de ghnáth. Tá sé chomh dathúil sin, is cuma cé acu a bhíonn aoibh an gháire air nó an mbíonn sé ina shuí go ciúin. Tá sé chomh lách agus maith agus galánta sin. Sílim gurb é an rud is mó fúm a chuir iontas air nach mé ar chor ar bith an Anne bhréagach, shaolta agus a dhealródh sé, ach gur aislingeach mé, a dhála féin, agus an oiread céanna fadhbanna agam!

Aréir, i ndiaidh dom na soithí a ní, bhí mé ag fanacht go n-iarrfadh sé orm fanacht thuas staighre. Ach níor tharla a dhath; d'imigh mé liom. Tháinig sé anuas an staighre le hinsint do Dussel go raibh sé in am éisteacht leis an raidió agus bhí sé ag crochadh thart an seomra folctha ar feadh tamaill, ach nuair a ghlac Dussel rófhada ann, chuaigh sé ar ais suas staighre. Shiúil sé de chéim chothrom suas agus síos a sheomra agus chuaigh a luí go luath.

Bhí mé chomh míshocair sin an tráthnóna ar fad gur choinnigh mé orm ag dul chuig an seomra folctha chun uisce fuar a stealladh ar m'aghaidh. Léigh mé ar feadh tamaill, bhí mé ag aislingeacht tamall eile, d'amharc ar an chlog agus d'fhan mé, agus d'fhan mé agus d'fhan mé, agus mé ag éisteacht lena choischéimeanna an t-am ar fad. Chuaigh mé a luí go luath agus mé spíonta.

Anocht caithfidh mé folcadán a ghlacadh, agus amárach?

Tá an lá dár gcionn chomh fada sin ar shiúl!

Do chara dílis, Anne M. Frank

An freagra a bhí agam:

A Margot dhil,

Sílim gurb é an rud is fearr le déanamh ná fanacht go díreach le fáil amach cad é a tharlós. Ní thig leis bheith mórán níos faide go dtí go socraím féin agus Peter cé acu a rachaimid ar ais ar an dóigh a raibh muid, nó an ndéanfaimid rud éigin eile. Níl a fhios agam cad é mar a thiontóidh sé amach; ní thig liom níos faide ná deireadh mo shróine a fheiceáil.

Ach tá mé cinnte de rud amháin: má éirím féin agus Peter cairdiúil lena chéile, tá mé ag dul a insint dó go bhfuil tusa iontach ceanúil air agus go bhfuil tú sásta cuidiú leis má tá tú de dhíth air. Ní bheidh tú ag iarraidh orm, tá mé cinnte, ach is cuma liom; níl a fhios agam cad é a shíleann Peter díot, ach cuirfidh mé ceist air nuair a thiocfas an t-am. Is cinnte nach bhfuil drochmheas aige ort – a mhalairt atá fíor! Tá fáilte romhat bheith linn san áiléar, nó pé áit a mbeimid. Ní bheidh tú ag cur isteach orainn, de bhrí go bhfuil comhaontú gan lua eadrainn gan bheith ag caint ach amháin tráthnóna nuair a bhíonn sé dorcha.

Coinnigh do mhisneach! Tá mé ag déanamh mo dhíchill, cé nach mbíonn sé furasta i gcónaí. Is féidir go mbeidh an lá leat níos luaithe ná a shíleann tú.

Do chara dílis, Anne

AN DÉARDAOIN, 23 MÁRTA 1944

A Kitty dhil,

Tá gach rud a bheag nó a mhór ar a chóir féin anseo anois. Scaoileadh fir na ndearbhán saor ón phríosún, buíochas do Dhia!

Tá Miep ar ais ó bhí inné ann, ach inniu b'éigean dá fear céile an leaba a thabhairt air féin – agus gnáthchomharthaí an fhliú air; ar crith le fuacht agus teocht ard. Tá biseach ar Bep, cé go ndéanann sí casacht go fóill, agus beidh ar an Uasal Kleiman fanacht sa bhaile go ceann tamaill fhada.

Bhí timpiste eitleáin ann inné ar na gaobhair. Bhí an criú ábalta fáil amach i bparaisiúit in am. Tháinig sé anuas ar bharr scoile, ach ar ámharaí an tsoil ní raibh páistí ar bith istigh inti. Bhí tine bheag ann agus maraíodh cúpla duine. Agus na heitleoirí ag teacht anuas scaoil na Gearmánaigh rois urchar leo. Bhí muintir Amstardam a chonaic é ar mire le fearg go ndearnadh a leithéid d'ainghníomh. Bhí eagla ár gcaicinn orainn – ar na mná ba chóir dom a rá. Brr, is fuath liom an trup a dhéanann scaoileadh na n-urchar.

Anois fúm féin.

Bhí mé i gcuideachta Peter inné, agus ar dhóigh éigin, le fírinne níl a fhios agam cén dóigh ar tharla sé, thosaigh muid a chaint ar ghnéas sa deireadh. Bhí m'intinn déanta suas agam tamall fada ó shin ceisteanna a chur air faoi roinnt rudaí. Tá gach rud ar eolas aige; nuair a dúirt mé leis gur beag eolas a bhí agam nó ag Margot, baineadh siar as. D'inis mé cuid mhór dó faoi Margot, fúm féin, faoi Mháthair agus Athair agus dúirt nach raibh sé de mhisneach agam ceist ar bith a chur orthu le déanaí. Dúirt sé go raibh sé sásta mé a chur ar an eolas, agus ghlac mé leis an tairiscint le croí mór maith: chuir sé síos ar an dóigh a n-oibríonn na frithghiniúnaigh, agus bhí sé de dhánacht ionam ceist a chur air ar an dóigh a mbíonn a fhios ag na fir go bhfuil siad fásta suas. Bhí air smaoineamh ar an cheann sin; dúirt sé go n-inseodh sé dom anocht. D'inis mé dó an rud a tharla do Jacque agus dúirt nach raibh cosaint ar bith ag na girseacha in éadan na mbuachaillí láidre. 'Bhuel, ní gá duit bheith buartha fúmsa,' arsa sé.

Nuair a tháinig mé ar ais an tráthnóna sin, d'inis sé dom an dóigh a mbíonn sé leis na buachaillí. Bhí náire orm ar dhóigh,

ach mar sin féin bhí sé iontach deas bheith ábalta é a phlé leis. Níor shamhlaigh sé riamh ná mé féin ach oiread go mbeimis ábalta labhairt chomh hoscailte sin le girseach nó le buachaill, faoi seach, faoi chúrsaí chomh pearsanta sin. Sílim go bhfuil gach rud ar eolas agam anois. D’inis sé cuid mhaith dom faoi *Präservativmitteln** mar a thugtar air sa Ghearmáinis.

An oíche sin sa seomra folctha bhí mé féin agus Margot ag labhairt faoi Bram agus Trees, beirt chairde léi.

Ar maidin bhí drochscéal nach raibh mé ag dúil leis ag fanacht liom: i ndiaidh an bhricfeasta rinne Peter comhartha dom dul suas staighre. ‘Sin droch-chleas a d’imir tú orm,’ arsa sé. ‘Chuala mé an méid a bhí tusa agus Margot a rá sa seomra folctha aréir. Sílim nach raibh tú ach ag iarraidh fáil amach an méid a bhí ar eolas ag Peter agus ansin ceap magaidh a dhéanamh díom!’

Rinneadh stangaire díom! Rinne mé a raibh ar mo chumas an smaoinemh gan bun nó barr aige a chur as a cheann; thiocfadh liom a thuiscint an dóigh ar mhothaigh sé, ach is é rud go díreach nach raibh sé fíor ar chor ar bith!

‘Ó, ní raibh, a Peter,’ arsa mise. ‘Ní dhéanfainn rud chomh suarach sin. Dúirt mé leat nach ndéarfainn rud ar bith a d’inis tú dom leis an dara duine agus ní déarfaidh. A leithéid de chur i gcéill a dhéanamh agus ansin a bheith chomh suarach sin ... Ní hé, a Peter, ní dhéanfainn ceap magaidh de sin. Ní bheadh sé ceart ná cóir. Níor dhúirt mé a dhath, le fírinne. Nach gcreideann tú mé?’ Gheall sé dom gur chreid, ach sílim go mbeidh orainn labhairt air arís am éigin eile. Ní dhearna mé a dhath ar bith eile inniu ach bheith buartha faoi. Buíochas do Dhia gur tháinig sé díreach amach agus dúirt cad é a bhí ag déanamh buartha dó. Samhlaigh dá mba rud é go mbeadh sé ag dul thart agus ag déanamh go dtiocfadh liom bheith chomh suarach sin. Tá sé chomh lách sin!

Do chara dílis, Anne

* ‘Ba chóir gur Präservativmitteln a bheadh ann: coiscíní.’

A Kitty dhil,

Is minic a théim suas chuig seomra Peter na laethanta seo i ndiaidh an dinnéir chun aer úr an tráthnóna a anáilú isteach. Ní ghlacann sé an oiread céanna ama ort teacht ar chomhráite ciallmhara sa dorchadas agus an ghrian ag cuimilt d'aghaidhe. Tá sé deas seascair i mo shuí ar chathaoir anseo taobh leis ag amharc amach ar an fhuinneog. Deir muintir van Daan agus Dussel na rudaí is amaidí agus a chuala tú riamh nuair a imím liom chuig a sheomra. '*Annes zweite Heimat*'*, a deir siad, nó 'An síleann sibh gur ceart é go gcasann girseacha óga ar fhear uasal ina sheomra san oíche agus na soilse as?' Tá Peter iontach maith ag coinneáil guaimhe air féin os comhair na léaspairtí seo uile mar dhea. Tá mo mháthair, mar a tharlaíonn, ar bís le teann fiosrachta agus ar gor ceist a chur cad é air a mbímid ag caint, ach go bhfuil eagla uirthi ina croí istigh go ndiúltóinn freagra a thabhairt di. Deir Peter gurb é an rud atá ann go díreach go bhfuil éad ar na daoine fásta linn de bhrí go bhfuilimid óg agus nár chóir dúinn ligint dá gcuid focal déisteanach dul go dtí an croí ionainn.

In amanna tagann sé anuas an staighre le bualadh liom, ach tá sé sin ciotach fosta, mar d'ainneoin go mbíonn sé airdeallach tagann dath dearg ar a aghaidh agus is ar éigean a thig leis na focail a chur amach as a bhéal. Tá áthas orm nach lasann m'aghaidh; caithfidh sé nach bhfuil sé iontach deas.

Chomh maith leis sin, cuireann sé isteach orm go gcaithfidh Margot bheith ina suí thíos staighre léi féin, agus mé thuas staighre ag déanamh cuideachta le Peter. Ach cad é a thig liomsa a dhéanamh faoi? Níor mhiste liom é dá mba rud é go dtiocfadh sí, ach bheadh sí go díreach ina héan corr, ina suí mar a bheadh cnapán ann.

* Dara baile Anne.

Bhí orm éisteacht leis an iliomad sin cainte faoinár gcairdeas tobann. Ní thig liom insint duit cé chomh minic agus a bhí an comhrá ag am na mbéilí ar phósadh san Urtheach, dá mba rud é go mairfeadh an cogadh go ceann cúig bliana eile. An gcuirimid sonrú ar bith i gclabaireacht seo na dtuismitheoirí? Leoga, ní chuireann, ó tharlaíonn go bhfuil sé uile chomh hamaideach sin. An bhfuil dearmad déanta ag mo thuismitheoirí go raibh siad óg tráth? Tá an chuma air go bhfuil. Cibé ar bith, bíonn siad ag gáire nuair a bhímid dáiríre agus dáiríre nuair a bhímid ag magadh.

Níl a fhios agam an chéad rud eile a tharlós, nó an rithfimid amach as rudaí le rá. Ach má théann sé ar aghaidh mar seo, beimid ábalta bheith le chéile gan focal asainn i ndeireadh báire. Dá mba rud é go gcuirfeadh a thuismitheoirí deireadh leis an dóigh aisteach a bhíonn acu. Is é rud gur féidir nach maith leo mé a fheiceáil chomh minic sin; is cinnte nach n-insím féin ná Peter dóibh cad é air a mbímid ag caint. Samhlaigh dá mbeadh a fhios acu go raibh a leithéid de rudaí pearsanta á bplé againn.

Ba mhaith liom ceist a chur ar Peter an bhfuil a fhios aige an chuma a bhíonn ar ghirseacha thíos ansin. Ní dóigh liom go bhfuil buachaillí chomh casta agus atá na girseacha. Tig leat a fheiceáil go furasta an chuma atá ar bhuachaillí ó ghrianghraif nó ó phictiúir d'fhir atá lomnacht, ach tá sé difriúil leis na mná. Maidir leis na mná, tá na baill ghiniúna, nó pé rud a thugtar orthu faoi cheilt idir na cosa. Is féidir nach bhfaca Peter girseach ó gharamharc. Leis an fhírinne a rá, ní fhaca mé féin ach oiread. Tá buachaillí i bhfad níos fusa. Cad é mar a thiocfadh liomsa in aon chor cur síos a dhéanamh ar chodanna girsí? Tig liom a aithint ón méid a dúirt sé nach bhfuil a fhios aige go díreach an dóigh a dtagann gach rud le chéile. Bhí sé ag caint ar an '*Muttermund*',* ach tá sé sin ar an taobh istigh,

*Ceirbheacs.

áit nach dtig leat é a fheiceáil. Tá gach rud curtha le chéile go maith sna mná. Go dtí go raibh mé aon bhliain nó dhá bhliain déag d'aois ní raibh a fhios agam go raibh an dara seit liopaí ar an taobh istigh, de bhrí nach dtiocfadh liom iad a fheiceáil. Is é is greannmhaire faoi gur shíl mé gur tháinig an mún amach as an bhrille. Chuir mé ceist ar Mháthair tráth cad é a bhí sa chnapán beag sin agus dúirt sí nach raibh a fhios aici. Tig léi cuma an daoi a chur uirthi féin nuair is mian léi!

Ach le fillleadh ar an ábhar. Cad é mar a thig leat in aon chor an chuma atá air a mhíniú gan samhail ar bith? An mbainfidh mé triail as cibé? Maith go leor, seo é!

Nuair a bhíonn tú i do sheasamh, ní fheiceann tú ón tosach ach gruaig. Idir do chosa tá dhá rud bhoga, mar a bheadh cúisíní iontu, agus iad clúdaithe le gruaig fosta, a bhrúnn le chéile nuair a bhíonn tú i do sheasamh, sa dóigh is nach dtig leat rud ar bith a fheiceáil ar an taobh istigh. Scarann siad óna chéile nuair a shuíonn tú, agus tá siad iontach dearg agus measartha feolmhar ar an taobh istigh. Sa chuid uachtarach, idir an liopa amuigh, tá fillleadh craicinn ann atá cosúil le cineál spuaice ar athsmaoineamh. Is í sin an bhrille. Ina dhiaidh sin tá an liopa istigh ann, atá brúite le chéile mar a bheadh cineál fillte ann. Nuair a osclaíonn siad tig leat an cnapán beag feolmhar a fheiceáil, gan é mórán níos mó ná barr m'ordóige. Tá cúpla poll beag sa chuid uachtarach, as a dtagann an mún. Tá an chuma ar an chuid íochtarach gur craiceann go díreach atá ann, agus ina dhiaidh sin féin is é sin an áit a bhfuil an bhrille. Is ar éigean a thig leat í a aimsiú, de bhrí go bhfolaíonn na fillteacha craicinn an oscailt. Tá an poll chomh beag sin go bhfuil sé deacair dom a shamhailt cad é mar a thiocfadh le fear fáil isteach ann, agus níos deacra fós cad é mar a thiocfadh leanbh amach. Tá sé doiligh go leor do chormhéar a chur isteach. Sin a bhfuil ann, agus fós féin tá ról chomh tábhachtach sin aici.

Do chara dílis, Anne M. Frank

A Kitty dhil,

Ní aithníonn tú a mhéad a d'athraigh tú go dtí go dtarlaíonn sé. Tá athrú mór tagtha orm, tá gach rud fúm difriúil: mo bharúlacha, mo chuid smaointe agus mo dhearcadh léirmheastach. I mo chroí istigh, ar an taobh amuigh, níl rud ar bith mar an gcéanna. Agus, tig liom a rá go cinnte fosta, gur tiontú bisigh a tháinig orm. D'inis mé duit tráth go raibh sé deacair orm dul i dtaithí ar an fhírinne lom agus ar na gearáin a bhaineann le daoine fásta i ndiaidh na mblianta de dhaoine bheith do m'adhradh. Ach tá an chuid is mó den locht ar Athair agus ar Mháthair go gcaithfidh mé cur suas leis an oiread sin stró. Sa bhaile, bhí siad ag iarraidh orm sult a bhaint as an saol, a bhí go breá, ach níor chóir dóibh iarraidh orm aontú leo gan ach an taobh 's'acu' de na hargóintí agus den chúlchaint a thaispeáint dom. Ghlac sé tamall fada orm fáil amach gurb ionann sa chás an t-éag agus an bás. Tá a fhios agam anois go ndearna idir óg agus aosta araon cuid mhór meancóg anseo. Is é an locht is mó atá ar Athair agus ar Mháthair agus iad ag plé le muintir van Daan nach mbíonn siad díreach cairdiúil (aithním gur gach seans go mbeadh an cairdeas bréagach). Thar rud ar bith eile, bím ag iarraidh an tsíocháin a choimeád, gan a bheith ag argóint nó ag cúlchaint. Níl sé deacair a dhéanamh le hAthair agus le Margot, ach tá le Máthair, agus is é sin an fáth a mbíonn áthas orm nuair a thugann sí criogaide ar na hailt dom. Tig leat an tUasal van Daan a fháil le taobhú leat má aontaíonn tú leis, má éistean tú go ciúin, gan mórán a rá agus thar rud ar bith eile má thugann tú freagra ar a scéalta seanchaite magúla grinn le scéal grinn de do chuid féin. Tig leat Bean van Daan a fháil le taobhú leat más rud é go mbíonn tú ag labhairt go hoscailte léi agus nuair a aithníonn tú go bhfuil tú mícheart. Aithníonn sí a cuid lochtanna go hoscailte fosta, agus tá neart aici. Tá a fhios agam go maith nach bhfuil an tuairim atá aici orm chomh

holc céanna agus a bhí ag an tús. Agus is é an fáth leis sin go díreach go mbím ionraic agus deirim go díreach le daoine an bharúil atá agam, fiú nuair nach mbíonn sé chomh moltach sin. Tá mé ag iarraidh a bheith ionraic, sílim go n-éiríonn níos fearr leat agus go mothaíonn tú níos fearr fút féin fosta.

Inné bhí Bean van Daan ag labhairt ar an rís a thug muid don Uasal Kleiman. ‘Bímid i gcónaí ag tabhairt, ag tabhairt agus ag tabhairt. Ach ag pointe áirithe, sílim go gcaithfidh deireadh teacht leis. Dá mba rud é go gcuirfeadh sé stró air féin, thiocfadh leis an Uasal Kleiman a chuid ríse féin a aimsiú. Cad chuige ar chóir dúinne ár soláthar bia a thabhairt ar shiúl? Tá siad de dhíth orainne chomh géar céanna.’ ‘Níl siad, a Bhean van Daan,’ a d’fhreagair mé. ‘Ní aontaím leat. Is féidir go bhfuil an tUasal Kleiman breá ábalta teacht ar ghiota beag ríse, ach ní maith leis é más gá dó bheith buartha faoi. Níl sé de cheart againne na daoine atá ag cuidiú linn a cháineadh. Ba chóir dúinn pé rud atá de dhíth orthu a thabhairt dóibh má bhíonn sé le spáráil againn. Ní dhéanfaidh pláta níos lú ríse in aghaidh na seachtaine an oiread sin difir; tig linn i gcónaí pónairí a ithe.’

Ní raibh Bean van D. ag teacht liom, ach dúirt sí go raibh sí toilteanach tarraingt siar cé nár aontaigh sí liom, agus rud eile ar fad a bhí ann sin.

Bhuel, tá go leor ráite agam. In amanna tá a fhios agam an áit ar mhaith liom bheith agus in amanna bíonn amhras orm, ach bainfidh mé an áit amach de réir a chéile! Tá a fhios agam go mbainfidh. Go háirithe anois agus an cuidiú agam, de bhrí gurb iomaí uair a chuidíonn Peter liom nuair a bhím in ísle brí agus sna duibheagáin!

Níl a fhios agam le fírinne an méid grá atá aige dom nó an bhfaighimid a fhad le póg; pé scéal é, níl mé ag iarraidh iallach a chur air beart a dhéanamh! D’inis mé d’Athair gur minic a théim le Peter a fheiceáil agus chuir mé ceist air an raibh sé sásta leis, agus ar ndóigh bhí!

Is fusa anois rudaí a ba ghnách liom coinneáil faoi rún dom féin a insint do Peter; cuir i gcás, d'inis mé dó gur mhaith liom bheith i mo scríbhneoir amach anseo, agus mura dtig liom bheith i mo scríbhneoir, bheith ag scríobh chomh maith leis an obair eile.

Níl mórán agam ó thaobh airgid nó rachmas an tsaoil de, níl mé dóighiúil éirimiúil ná cliste, ach tá mé sásta agus tá sé de rún agam fanacht mar sin! Rugadh mé agus áthas orm, agus tá an-duíl agam i ndaoine, tá sé de nádúr ionam go mbím iontaofa, agus ba mhaith liom go mbeadh áthas ar gach duine eile fosta.

Do chara cléibh, Anne M. Frank

*Lá folamb, agus cé go bhfuil sé glan geal, a chroí,
Tá sé go díreach chomh dorcha le hoíche ar bith.*

(Scríobh mé é seo tá roinnt seachtainí ó shin rud nach bhfuil fíor anois, ach scríobh mé síos anseo é de bhrí gur beag dán atá scríofa agam.)

AN LUAN, 27 MÁRTA 1944

A Kitty dhil,

Ba chóir go mbeadh caibidil fhada amháin faoinár saol i bhfolach bunaithe ar an pholaitíocht, ach tá mé ag seachaint an ábhair, de bhrí gur beag an tsuim atá agam inti. Inniu, áfach, tabharfaidh mé caibidil iomlán suas don pholaitíocht.

Ar ndóigh, ní lia duine ná tuairim ar an ábhar seo, agus ní iontas ar bith é go bpléitear go minic í in aimsir an chogaidh, ach ... níl ann ach seafóid bheith ag argóint an oiread sin faoin pholaitíocht! Lig dóibh gáire a dhéanamh, bheith ag gearradh na mionnaí móra, ag cur geall, agus ag gearán agus a rogha rud a dhéanamh ós iad a tharraing orthu, íoc, olc agus iaróg. Ach ná lig dóibh bheith ag argóint, de bhrí go dtéann rudaí in

olcas dá dheasca sin. Tugann na daoine a thagann chugainn ón taobh amuigh cuid mhaith nuachta dúinn nach raibh ann ach bréag; níor inis ár raidió bréag go dtí seo, áfach. Bíonn thuas seal thíos seal ag Jan, Niep, an Uasal Kleiman, Bep agus an Uasal Kugler maidir le cúrsaí polaitíochta, cé gur minice thuas ná thíos a bhíonn Jan.

Ní thagann athrú ar bith ar an spionn a bhíonn ar mhuintir an Urthí. Tagann an oiread sin gártha díomá ar nós ‘Dodhéanta! *Um Gottes Willen*,* leis na díospóireachtaí faoin ionradh, faoi na ruathair aeir agus faoi na hóráidí srl., srl. Más rud é go bhfuil siad go díreach ag cur tús leis anois cé chomh fada is a mhairfidh sé!, Tá ag éirí go breá leis, *gut*, go hiontach!’

Nochtann daoine dóchasacha agus daoine éadóchasacha – gan labhairt ar na réalaithe – a mbarúlacha atá lán fuinnimh agus misnigh, agus mar a tharlaíonn le gach rud eile, tá siad uile cinnte de go bhfuil an fhírinne acu. Cuireann sé isteach ar bhean uasal áirithe go gcuireann a céile an oiread sin muiníne sna Sasanaigh, agus ionsaíonn fear céile áirithe a bhean mar gheall ar a cuid focal magúil cáinteach ar an náisiún a bhfuil an oiread sin grá aige dó.

Agus is é sin an dóigh a mbíonn sé ag dul ar aghaidh ó mhaidin go dtí go mall san oíche; is é an rud is aistí a fuair mé amach faoi nach n-éiríonn siad tinn tuirseach de in am ar bith. Tháinig mé ar chleas agus tá an éifeacht dochreidte maith, go díreach mar an gcéanna le bior a chur i nduine agus ag amharc air ag léim. Is é seo an dóigh a n-oibríonn sé: tosaím a chaint ar an pholaitíocht. Ní ghlacann sé ach an t-aon cheist amháin, focal nó abairt, agus sula bhfuil a fhios agat, tá an teaghlach ar fad páirteach ann!

A rá is de nár leor an nuacht Ghearmánach ‘Wehrmacht News’ agus BBC Shasana, cuireann siad fógraí speisialta ar ruathair

*Ó, ar son Dé.

aeir leis. I bhfocal amháin, sármhaith. Ach is é an taobh eile den scéal go bhfuil Aerfhórsa na Breataine ar obair lá agus oíche. Cosúil le hobair bolscaireachta na Gearmáine, atá ag cur amach bréag de ló is d'oíche!

Mar sin de cuirtear an raidió ar siúl gach maidin ar a hocht (mura gcuirtear ar siúl níos luaithe é) agus éistear leis gach uair an chloig go dtí a naoi, a deich nó fiú a haon déag san oíche. Is é seo an fhianaise is fearr go fóill go bhfuil foighne gan teorainn ag na daoine fásta, ach chuaigh sé ina gceann dóibh (cuid acu, tá mé ag iarraidh a rá, de bhrí nár mhaith liom duine ar bith a mhaslú). Ba chóir gur leor craolachán amháin, dhá cheann ar a mhéad, don lá ar fad. Ach ní leor, na seanbhómáin sin ... is cuma, tá gach rud ráite agam cheana féin! 'Ceol Agus Tú Ag Obair', an craolachán Ollannach ó Shasana, Frank Phillips nó an Bhanríon Wilhelmina, faigheann gach duine acu seal agus duine atá toilteanach éisteacht leo. Mura bhfuil na daoine fásta ag ithe nó ina gcodladh, bíonn siad bailithe thart ar an raidió ag caint ar bhia, chodladh agus ar an pholaitíocht. Ó a Dhia! Tá sé ag dul chun leadráin, agus caithfidh mé mo dhícheall a dhéanamh nach ndéanfar seanfhondúir gruama díom féin! Cé gur féidir nach drochsmaoineamh ar bith é agus na seanfhondúirí uile thart orm.

Is dea-sampla os comhair an tsaoil é seo, óráid a rinne Winston Churchill i bpáirt le gach duine.

A naoi a chlog, tráthnóna Dé Domhnaigh. Tá an taephóta faoina pháic ar an tábla agus tagann na haíonna isteach sa seomra. Suíonn Dussel ar thaobh na láimhe clé den raidió, an tUasal van D. os a chomhair agus Peter ag a thaobh. Tá Máthair in aice leis an Uasal van D. ar a gcúl. Tá mé féin agus Margot inár suí sa tsraith dheireanach agus tá Pim ag an tábla. Tuigim nach cur síos róshoiléir é sin de phlean na suíochán, ach is cuma faoi sin. Caitheann na fir tobac, druideann Peter a shúile agus é ag cur cluas ghéar air féin éisteacht leis, tá gúna fada dubh oíche ar Mháthair, tá Bean van D. ar crith mar

gheall ar na heitleáin, a thugann neamhaird ar an óráid agus a eitlíonn thart go gliondarach chuig Essan, tá Athair ag baint súimín as a chuid tae, agus tá mé féin agus Margot inár suí le chéile agus cion deirféar eadrainn de bhrí gur ghlac Mouschi seilbh dár nglúine agus é ina chodladh. Tá catóirí i ngruaig Margot agus tá mo chulaith oíche róbheag, rótheann agus róghairid. Tá cuma chomh dlúth seascair agus suaimhneach sin ar chúrsaí, agus an iarraidh seo, tá le fírinne. Agus fós féin bíonn imeagla orm ag fanacht le deireadh na hóráide. Tá siad mífhoighneach, ar bís le tús a chur le hargóint eile! Pst, pst, mar a bheadh cat ann ag iarraidh luchóg a mhealladh as a poll, bíonn siad ag dul dá chéile go dtosaíonn argóint nó easaontas.

Do chara dílis, Anne

AN MHÁIRT, 28 MÁRTA 1944

A Kitty dhil,

Cé gur mhaith liom tuilleadh a scríobh ar chúrsaí polaitíochta, tá neart scéalta eile agam inniu le hinsint duit. Sa chéad dul síos, chuir Máthair chóir a bheith cosc iomlán orm dul suas chuig seomra Peter, tá éad ar Bhean van Daan, dar léi, sa dara dul síos chuir Peter cuireadh ar Margot bheith linn thuas staighre. Níl a fhios agam cé acu atá sé i ndáiríre nó nach bhfuil ann ach go bhfuil sé a rá agus é ag iarraidh bheith múinte. Níl a fhios agam. Sa tríú dul síos, chuir mé ceist ar Athair ar chóir dom sonrú a chur ann go bhfuil éad ar Bhean van Daan agus dúirt sé nár chóir dom.

Cad é ba chóir dom a dhéanamh anois? Tá fearg ar Mháthair, níl sí ag iarraidh orm dul suas staighre, tá sí ag iarraidh orm dul ar ais ar an dóigh a mbíodh rudaí agus m'obair baile a dhéanamh sa seomra a roinnim le Dussel. Is féidir go bhfuil éad uirthi féin. Ní mór le hAthair dúinn an cúpla uair an chloig sin agus síleann gur deas an rud é go réitimid chomh maith sin le chéile. Tá dúil ag Margot in Peter fosta, ach mothaíonn

nach dtig le triúr labhairt ar na rudaí céanna a mbíonn beirt ag labhairt orthu.

Ar a bharr sin, síleann Máthair go bhfuil Peter i ngrá liom. Leis an fhírinne a dhéanamh, ba mhian liom go mbeadh sé. Ansin bheimis cothrom, agus bheadh sé i bhfad níos fusa aithne a chur ar a chéile. Maíonn sí fosta go mbíonn sé i gcónaí ag amharc orm. Bhuel, is dócha go mbímis ag caochadh na súile ar a chéile ó am go ham. Ach níl neart agam air má chaitheann sé súil thaitneamhach ar mo thobairíní, an bhfuil?

Tá mé san fhaopach. Tá Máthair i m'éadan agus tá mise ina héadan siúd. Tugann Athair an chluas bhodhar don streachailt chiúin idir Máthair agus mé. Tá brón ar Mháthair, de bhrí go bhfuil grá fós aici dom, ach níl mé chomh míshásta sin, de bhrí gur beag meas atá agam uirthi.

I dtaca le Peter ... Níl mé ag iarraidh scarúint leis. Tá sé chomh deas sin agus tá ardmheas agam air. Thiocfadh linn caidreamh álainn bheith eadrainn, mar sin de cad chuige a mbíonn na daoine fásta i gcónaí ag cur a ladair isteach i ngnóthaí daoine eile arís? Ar an dea-uair tá mé cleachtach le mo mhothúcháin a chur i bhfolach, mar sin de éiríonn liom gan an oiread feirge atá orm leis a thaispeáint dó. An bhfuil sé ag dul a rá rud éigin ar chor ar bith? An mothóidh mé choíche a leiceann in éadan mo leicinn, an dóigh ar mhothaigh mé leiceann Petel i mo bhrioglóid? Ó, a Peter agus a Petel, is ionann an bheirt agaibh! Ní thuigeann siad muid; ní thuigfidís choíche go bhfuilimid sásta bheith inár suí anseo in aice lena chéile gan focal a rá. Ní thuigeann siad an rud a tharraingíonn le chéile muid! Ó, cén uair a sháróimid na deacrachtaí uile seo? Agus fós féin is rud maith é go gcaithfidimid iad a shárú, de bhrí go mbíonn an deireadh níos áille dá thairbhe. Nuair a leagann sé a cheann ar mo lámha agus druideann a shúile, is páiste i gcónaí é, nuair a bhíonn sé ag súgradh le Mouschi nó ag labhairt uirthi, tá sé ceanúil; nuair a iompraíonn sé na prátaí nó ualaí troma eile, tá sé láidir; nuair a théann sé a

éisteacht le lámhach na ngunnaí nó nuair a shiúlann sé tríd an teach sa dorchadas ar lorg buirgléirí, tá sé cróga, agus nuair a bhíonn sé chomh ciotach úspánta sin, tá sé doleigheasta taitneamhach. Tá sé i bhfad níos deise nuair a mhíníonn sé rud éigin dom ná nuair a chaithfidh mé rud éigin a theagasc dó. Ba mhian liom go mbeadh sé níl fhearr ná mise ar bheagnach gach aon dóigh.

Nach cuma linne faoinár máithreacha? Ó, dá mba rud é go ndéarfadh sé rud éigin.

Deir Athair i gcónaí go bhfuil mé leitheadach, ach níl mé. Níl ann ach go bhfuil mé mór as m'áilleacht. Is beag duine a dúirt liom go raibh mé dóighiúil, ach amháin buachaill ar scoil a dúirt go raibh cuma iontach deas orm nuair a bhí miongháire ar m'aghaidh. Inné, mhol Peter go hard mé, agus ar mhaithe leis an ghreann tabharfaidh mé barúil éigin duit ar an chomhrá eadrainn.

Is minic a deir Peter, 'déan miongháire!' Shíl mé go raibh sé aisteach, mar sin de inné d'fhiafraigh mé de, 'Cad chuige a mbíonn tú i gcónaí ag iarraidh orm miongháire a dhéanamh?'

'De bhrí go dtagann tobairíní i do leicne. Cad é mar a dhéanann tú sin?'

'Bhí siad orm nuair a rugadh mé. Tá ceann acu ar mo smig fosta. Is é an t-aon bhall seirce atá agam.'

'Ní hé, ní hé, níl sé sin fíor!'

'Tá, tá sé. Tá a fhios agam nach bhfuil mé doighiúil. Ní raibh mé riamh agus ní bheidh mé choíche!'

'Ní aontaím leat. Sílim go bhfuil tú dóighiúil.'

'Níl mé.'

'Deirim go bhfuil tú, agus beidh ort m'fhocal a chreidbheáil!'
Mar sin de, ar ndóigh, dúirt mé an rud céanna faoi.

Do chara dílis, Anne M. Frank

A Kitty dhil,

Dúirt an tUasal Bolkestein, an tAire Rialtais, agus é ag labhairt ar an chraolachán Ollannach ó Londain go mbaileofaí dialanna agus litreacha ag plé leis an chogadh nuair a bheadh an cogadh thart. Ar ndóigh, thug gach duine áladh ar mo dhialann féin. Samhlaigh cé chomh suimiúil agus a bheadh sé dá bhfoilseoinn úrscéal faoin Urtheach. Shílfeadh daoine ón teideal féin gur scéal bleachtaireachta é.

I ndáiríre, áfach, shílfeadh daoine go mbeadh sé iontach greannmhar nuair a léifidís faoin dóigh ar mhair muid, na rudaí a d'ith muid, agus na rudaí ar labhair muid orthu mar Ghiúdaigh i bhfolach deich mbliana i ndiaidh an chogaidh. Cé go n-insím cuid mhór duit faoinár saol, is beag eolas atá agat orainn fós. A leithéid d'eagla a bhíonn ar na mná i rith na ruathar aeir; an Domhnach seo caite, cuir i gcás, nuair a scaoil 350 eitleán Sasanach 550 tonna buamaí le Ijmuiden, a d'fhág na tithe ar crith mar a bheadh soip sa ghaoth ann. Nó an oiread sin aicídí forleata atá fairsing anseo.

Níl a fhios agat a dhath faoi na cúrsaí seo, agus ghlacfadh sé an lá ar fad an scéal a phlé go mion anseo. Caithfidh daoine fanacht i scuaine do na glasraí agus do gach cineál earra; ní thig le dochtúirí cuairt a thabhairt ar a n-othair, de bhrí go ngoidtear a gcarranna agus a rothair an bomaite a n-iompaíonn siad thart; tá an bhuirgléireacht agus an ghadaíocht chomh coitianta sin go gcuireann tú ceist ort féin cad é an rud a tháinig ar mhuintir na hOllainne chun iad a dhéanamh chomh luathlámhach sin. Briseann páistí beaga, atá ocht mbliana agus aon bhliain déag d'aois fuinneoga sna tithe ag daoine agus goideann pé rud a thig leo a lámha a chur air. Tá eagla ar dhaoine an teach a fhágáil fiú ar feadh cúig bhomaite, de bhrí go bhfuil gach seans ann go mbeadh gach rud dá bhfuil acu imithe nuair a thiocfaidh siad ar ais. Gach lá líontar na nuachtáin le fógraí faoi chúiteamh do chlóschríobháin, rugaí

Peirseacha, chloig leictreacha, éadaí srl. Baintear anuas na cloig leictreacha ar chúinní sráide, agus fágtar na gutháin phoiblí lom gan acu ach na sreanga.

Ní thiocthadh le meanma mhaith bheith ag na hOllannaigh. Tá gach duine ocrach; seachas an caife ersatz, ní mhaireann ciondáil seachtaine dhá lá. Is fada teacht an ionraidh, tá na fir á seoladh chun na Gearmáine, tá na páistí tinn agus easpa cothabhála acu, tá gach duine ag caitheamh bróg seanchaite agus éadaí smolchaite. Cosnaíonn sáil úr 7.50 guldán ar an mhargadh dhubh. Ar a bharr sin, is beag gréasaí bróg a dhéanann deisiúcháin ar bith anois, nó má dhéanann, caithfidh tú fanacht go ceann ceithre mhí le do bhróga, agus seans maith ann go ngoidfear iad idir an dá linn.

Tháinig rud maith amháin as seo: de réir mar a éiríonn an bia níos measa agus na horduithe níos déine, tá an méid loitiméireachta in éadan na n-údarás ag méadú. An bord bia, na póilíní, na hoifigigh – tá siad uile ag cuidiú lena gcomhshaoránaigh nó ag sceitheadh orthu agus á gcur go príosún. Ar an dea-uair, is céatadán beag é líon na nOllannach atá ar an taobh chontráilte.

Do chara dílis, Anne

AN AOINE, 31 MÁRTA 1944

A Kitty dhil,

Samhlaigh é go díreach, tá sé measartha fuar go fóill, agus fós féin tá bunús na ndaoine gan ghual le beagnach mí anuas. Tá cuma uafásach air, nach bhfuil? Tá atmaisféar dóchais ann faoi thosach na Rúiseach, de bhrí go bhfuil ag éirí go geal leis! Is annamh a scríobhaim faoi chúrsaí polaitíochta, ach caithfidh mé insint duit cá háit a bhfuil na Rúisigh faoi láthair. Bhain siad teorainn na Polainne amach agus An Abhainn Prut sa Romáin. Tá siad cóngarach do Odessa, agus tá Ternpool

timpeallaithe acu. Gach oíche bímid ag dúil le scéala oifigiúil ó Stalin.

Tá an oiread sin scaoileadh cúirtéise le cloisteáil i Moscó, caithfidh sé go bhfuil an chathair ag déanamh tormála agus í ar crith an lá ar fad. Níl a fhios agam le fírinne cé acu atá siad ag iarraidh ligint orthu go bhfuil an comhrac uile in aice láimhe nó an rud é nach bhfuil bealach ar bith eile acu an lúcháir atá orthu a chur in iúl!

Tá an Ungáir i seilbh na dtrúpaí Gearmánacha. Tá milliún Giúdach fós ina gcónaí ann; tá a bport seinnte.

Níl rud ar bith ar leith ag tarlú anseo. Tá breithlá an Uasail van Daan ann inniu. Fuair sé dhá phaicead tobac, braon caife, a d'éirigh lena bhean a chur i dtaisce, puins líomóide ón Uasal Kugler, sairdíní ó Miep, eau-de-Cologne uainne, craobhacha liathchorcra, tiúilipí, agus faoi dheireadh ach chan in áit na leathphingne, císte líonta le súnna craoibhe, giota beag greamaitheach mar gheall ar dhroch-cháilíocht an phlúir agus an easpa ime, ach blasta cibé ar bith.

Tháinig deireadh de chineál éigin leis an chaint uile faoi Peter agus fúm féin. Tá sé ag teacht chun mé a fháil anocht. Nach síleann tú go bhfuil sé sin iontach deas uaidh, de bhrí gur fuath leis é a dhéanamh! Is dlúthchairde muid. Caithimid a lán ama le chéile agus labhramid ar gach ábhar faoin spéir. Tá sé iontach deas nach gá dom rud ar bith a choinneáil siar nuair a thagann ábhar íogair aníos, an dóigh ar ghá dom le buachaillí eile. Cuir i gcás, bhí muid ag caint ar fhuil agus ar dhóigh éigin tháinig an comhrá chuig an fhuil mhíosta, srl. Síleann sé go bhfuil na mná measartha láidir bheith ábalta cur suas le cailteanas fola agus go bhfuil mé féin fosta. Ní fheadar cén fath? Tá mo shaol anseo níos fearr anois, i bhfad níos fearr. Níor thréig Dia mé, agus ní thréigfidh Sé go deo.

Do chara dílis, Anne M. Frank

A Kitty dhil,

Agus mar sin féin tá gach rud a dhéanaim chomh deacair sin. Tá a fhios agat an rud atá mé ag iarraidh a rá, nach bhfuil a fhios agat? Bíim ag dúil go mór go bpógfaidh sé mé, ach tá an phóg sin ag glacadh a cuid ama féin atá fadálach. An síleann sé fós nach bhfuil ionam ach cara? Nach síleann sé níos mó ná sin díom?

Tá a fhios agat agus agam araon go bhfuil mé láidir, go dtig liom an chuid is mó de na hualaí a iompar mé féin. Níl mé cleachtach le mo chuid buarthaí a roinnt le duine ar bith, agus níor fhan mé go dlúth le máthair riamh, ach ba bhreá liom mo chloigeann a leagan ar a ghualainn agus go díreach suí ansin go ciúin.

Ní thig liom, is é a fhad is a leithead nach dtig liom dearmad a dhéanamh ar an bhrionglóid a bhí agam faoi leiceann Peter, nuair a bhí mé chomh sona sin! An bhfuil an dúil chéanna aige? An rud é go díreach go bhfuil sé róchúthail le rá go bhfuil grá aige dom? Cad chuige a mbíonn sé ag iarraidh orm bheith in aice leis an oiread sin? Ó, cad chuige nach ndeir sé rud éigin?

Caithfidh mé éirí as, caithfidh mé bheith suaimhneach. Déanfaidh mé iarracht bheith láidir arís, agus má bhím foighneach, tiocfaidh an chuid eile ina dhiaidh. Ach – agus is í seo an chuid is measa de – tá an chuma orm go bhfuil mé sa tóir air. Titeann sé orm i gcónaí dul suas staighre chuige; ní thagann *seisean* choíche anuas *chugamsa*. Ach is iad na seomraí is cúis leis sin, agus tuigeann sé an fáth a gcuirim ina choinne. Ó, tá mé cinnte de go dtuigeann sé níos mó ná a shílim.

Do chara dílis, Anne M. Frank

A Kitty dhil,

I gcontrárthacht leis an ghnáthchleachtas a bhíonn agam, tá mé ag dul a chur síos go mion ar an dóigh a bhfuil cúrsaí bia, de bhrí gur ábhar inní agus tábhachta é, chan amháin ann seo san Urtheach, ach ar fud na hOllainne, ar fud na hEorpa agus níos faide ar shiúl fiú.

Le linn dúinn bheith inár gcónaí anseo le mí is fiche anuas, is iomaí ‘ciorcal bia’ a ndeachaigh muid fríd – tuigfidh tú an chiall atá leis sin i gceann bomaite. Is ionann ‘ciorcal bia’ agus tréimhse ama nach mbíonn againn ach cineál áirithe bia nó glasra le hithe. Ar feadh tamaill fhada níor ith muid rud ar bith ach amháin searbhán muc. Searbhán muc le gaineamh, searbhán muc gan ghaineamh, searbhán muc le brúitín, casaról searbhán muc agus brúitíní. Bhí spionáiste againn ina dhiaidh sin, agus ansin tháinig cálráib, trátaí, lus na bó, cabáiste géaraithe, srl, srl ina dhiaidh sin.

Ní thógann sé cian díot más gá duit, abair cabáiste géaraithe a ithe gach lá don lón agus don dinnéar, ach nuair a bhíonn tú ocrach go leor, itheann tú cuid mhór rudaí. Anois, áfach, is é seo an t-am is fearr dá raibh againn anseo, de thairbhe nach bhfuil glasraí ar bith ann.

Is iad na pónairí donna, anraith piseanna scoilte, prátaí agus domplagán, ‘kugel prátaí’ agus, le grásta ár dTiarna, barr na dtornaipí nó meacain dhearga a bhí lofa, agus ansin táimid ar ais ar na pónairí donna. De dheasca an easpa aráin, ithimid prátaí le gach béile, ag tosú leis an bhricfeasta, ach ansin déanaimid ar an fhriochtán iad ar feadh tamaill bhig. Bainimid úsáid as pónairí donna, pónairí francacha, prátaí, paicéid anraith glasraí, paicéid anraith sicín agus paicéid anraith pónairí. Bíonn pónairí donna istigh i ngach rud, san arán féin fiú. Bíonn i gcónaí prátaí le leacht a bhfuil cosúlacht anlainn orthu againn don dinnéar, agus buíochas do Dhia go bhfuil sé againn go fóill – sailéad biatais. Caithfidh mé insint duit faoi

na domplagáin. Déanaimid iad le plúr a thugann an rialtas amach, le huisce agus le giosta. Tá siad chomh greamaitheach agus chomh crua sin go mothaíonn sé mar a bheadh cloch ann agus é i do bholg agat, ach is cuma!

Is é slisín an ispín ae, agus an tsuibh ar an arán gan im, buaicphointe ár seachtaine. Ach táimid fós beo, agus bunús an ama, bíonn blas deas air sin fosta!

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN CHÉADAOIN, 5 AIBREÁN 1944

A Kitty dhil,

Le tamall fada anuas ní raibh a fhios agam cén fáth a raibh mé ag cur stró orm féin chun an obair scoile a dhéanamh. Bhí an chuma air go mbeadh deireadh an chogaidh chomh fada sin ar shiúl, chomh dochreidte sin, mar a bheadh finscéal ann. Mura mbíonn an cogadh thart faoi Mheán Fómhair, ní rachaidh mé ar ais ar scoil, de bhrí nár mhaith liom bheith dhá bhliain ar gcúl.

Líon Peter mo laethanta, rud ar bith seachas Peter, brionglóidí agus smaointe go dtí oíche Shathairn, nuair a mhothaigh mé go hainnis ar fad; ó, bhí sé uafásach. Choinnigh mé na deora siar nuair a bhí mé le Peter, rinne mé racht gáire le muintir van Daan agus muid ag ól puins agus bhí mé gealgháireach corraitheach, ach a luaithe a bhí mé liom féin bhí a fhios agam go mbeinn ag caoineadh uisce mo chinn. Síos ar an urlár liom, mo chulaith oíche orm agus thosaigh mé a ghuí go díograiseach. Ansin d'fháisc mé mo ghlúine isteach i m'ucht, chuir mo chloigeann ar mo lámha agus thosaigh a chaoineadh, mé cuachta ar an urlár lom. Thug smeach ard mé ar ais chugam féin, agus stop mé na deora, de bhrí nach raibh mé ag iarraidh ar dhuine ar bith béal dorais mé a chloisteáil. Ansin rinne mé iarracht greim a bhreith orm féin, a rá arís agus arís eile, caithfidh mé, caithfidh mé, caithfidh mé ...' Bhí

mé righin ó bheith i mo shuí ar an dóigh neamhghnách seo, thit mé siar in éadan cholbha na leapa agus choinnigh mé orm ag streachailt go dtí go díreach roimh leath i ndiaidh a deich, nuair a chuaigh mé suas isteach i mo leaba arís. Bhí sé thart!

Agus anois tá sé thart i ndáiríre. Thuig mé sa deireadh go gcaithfidh mé m'obair scoile a dhéanamh ionas nach mbeidh mé aineolach, ionas go n-éireoidh liom sa saol, le bheith i m'iriseoir, mar is é sin an rud a ba mhian liom. Tá a *fhios* agam go bhfuil mé maith ag scríobh. Tá cuid de mo scéalta go maith, tá an cur síos ar an Urtheach a rinne mé greannmhar, tá an mhórchuid de mo dhialann beoga agus soiléir, ach ... ach beidh le féiceáil an mbeidh bua agam.

Is é 'Aisling Éabha' an finscéal is fearr dá bhfuil agam, agus is é an rud is aistí faoi nach bhfuil barúil dá laghad agam cá has ar tháinig sé. Tá píosaí as 'Saol Cady' go maith fosta ach san iomlán ní rud ar bith iontach é. Is mé an léirmheastóir is fearr agus is measa atá agam. Tá a fhios agam an rud atá maith agus an rud nach bhfuil. Ach go dtí go scríobhann tú féin, ní thuigfidh tú cé chomh hiontach agus atá sé; ba ghnách liom bheith ag gearán nach dtiocfadh liom pictiúr a tharraingt, ach anois tá lúcháir orm go dtig liom bheith ag scríobh ar a laghad. Agus mura bhfuil an bua agam chun leabhair nó ailt don nuachtán a scríobh, tig liom i gcónaí bheith ag scríobh chugam féin. Ach ba mhaith liom níos mó ná sin a bhaint amach. Ní thig liom é a shamhailt go mbeadh orm bheith beo mar atá Máthair, Bean van Daan agus na mná uile a dhéanann a gcuid oibre agus a ligtear i ndearmad. Tá rud éigin eile seachas fear céile agus páistí de dhíth orm chun mo dhúthracht a chaitheamh leis! Níor mhaith liom go mbeadh mo shaol in aisce dála bhunús na ndaoine, fiú na daoine sin nár casadh orm riamh. Ba mhaith liom go mbeadh cuimhne orm i ndiaidh mo bháis! Agus is é sin an fáth a bhfuil an oiread sin buíochais agam do Dhia as an bhua a bhronn sé orm, a thig liom a úsáid

chun forbairt a dhéanamh orm féin agus na mianta uile atá istigh ionam a chur in iúl!

Nuair a bhím ag scríobh tig liom buarthaí an tsaoil uile a chur díom. Imíonn an brón a bhíonn orm, tógtar cian díom! Ach, agus is ceist mhór í sin, an mbeidh mé choíche ábalta rud éigin den scoth a scríobh, an mbeidh mé i m'iriseoir nó i mo scríbhneoir?

Tá súil as agam go mbeidh, ó tá súil as Dia agam go mbeidh, de bhrí go dtugann an scríbhneoireacht cead dom gach rud a thairfeadh, mo chuid smaointe uile, mo bharúlacha agus mo chuid fantaisíochta.

Ní dhearna mé obair ar bith ar 'Saol Cady' le tamall iontach fada. I m'intinn tá an chéad rud eile a tharlós oibrithe amach agam, ach níl an chuma air go bhfuil an scéal ag teacht ar aghaidh go maith. Tá seans ann nach gcríochnóidh mé choíche é, agus go gcríochnóidh sé suas sa bhosca bruscair nó sa tine. Is smaoinemh uafásach é sin, ach ansin deirim liom féin, 'Ag ceithre bliana déag d'aois agus a laghad sin taithí agat, tig leat scríobh ar ábhar na fealsúnachta.'

Mar sin de coinneoidh mé ag dul agus glacfaidh mé misneach an athuair. Tiocfaidh gach rud le chéile, de bhrí go bhfuil sé leagtha amach agam scríbhneoireacht a dhéanamh!

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN DÉARDAOIN, 6 AIBREÁN 1944

A Kitty dbil,

Chuir tú ceist orm cad iad na caithimh aimsire atá agam agus ba mhaith liom freagra a thabhairt, ach ba chóir dom rabhadh a thabhairt duit, tá neart acu agam, mar sin de ná bíodh iontas ort.

Sa chéad dul síos: an scríbhneoireacht, ach ní mheasaim gur caitheamh aimsire i ndáiríre í sin.

Uimhir a dó: cairteanna ginealaigh. Bím ag cuardach gach nuachtán, gach leabhar, agus gach cáipéis a thig liom a fháil do chrann ginealaigh theaghlach ríoga na Fraince, na Gearmáine, na Spáinne, Shasana, na hOstaire, na Rúise, na hIorua agus na hOllainne. Rinne mé neart dul chun cinn le cuid mhaith acu, mar le tamall fada tá mé ag breacadh síos nótaí agus mé ag léamh beathaisnéisí nó leabhar staire. Fiú déanaim cóip de chuid mhaith sleachta ar an stair.

Mar sin de is í an stair an tríú caitheamh aimsire atá agam, agus tá an iliomad leabhar ceannaithe ag Athair dom cheana féin. Is fada liom teacht an lae nuair a bheas mé ábalta dul chuig an leabharlann phoiblí agus an t-eolas atá de dhíth orm a thochailt amach mar a bheadh fíorat ionam.

Is í miotaseolaíocht na Gréige agus na Róimhe an ceathrú ceann. Tá éagsúlacht leabhar ar an ábhar seo agam fosta. Tig liom na naoi mBéithe agus seachtar leannán Seás a ainmniú. Tá mná Hercules, srl, srl, de ghlanmheabhair agam.

Is iad na réaltaí scannáin agus grianghraif an teaghlach na caithimh aimsire eile atá agam. Tá mé sáite sna leabhair agus sa léitheoireacht. Is breá liom stair na n-ealaíon, go háirithe nuair a bhaineann sí le scríbhneoirí, le filí agus le healaíontóirí; is féidir go dtiocfaidh an tsuim sna ceoltóirí amach anseo. Tá fuath na namhad agam ar an ailgéabar, ar an gheoiméadracht agus ar an uimhríocht. Bainim taitneamh as na hábhair scoile eile, ach is í an stair is fearr liom!

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN MHÁIRT, 11 AIBREÁN 1944

A Kitty dhil,

Tá mearbhall i mo cheann. Níl a fhios agam i ndáiríre cá háit a dtosóidh mé. Déardaoin (an t-am deireanach ar scríobh mé chugat) bhí gach rud mar a bhíonn sé de ghnáth. Tráthnóna Dé hAoine (Aoine an Chéasta) d'imir muid Monopoly; trathnóna

Dé Sathairn fosta. D'imigh na laethanta ar nós na gaoithe. Thosaigh scaoileadh na gunnaí go trom ar an Satharn thart faoina dó a chlog – meaisínghunnaí de réir na bhfear. Don chuid eile de, bhí gach rud ciúin.

Tháinig Peter chun mé a fheiceáil tráthnóna Dé Domhnaigh ar leath i ndiaidh a ceathair ar mo chuireadh. Ar cheathrú i ndiaidh a cúig chuaigh muid chuig an áiléar tosaigh, mar ar fhan muid go dtí a sé. Bhí ceolchoirm álainn de chuid Mozart á casadh ar an raidió idir a sé agus ceathrú i ndiaidh a seacht; thaitin an *Kleine Nachtmusik* liom thar rud ar bith eile. Is ar éigean a thig liom éisteacht leis sa chistin, de bhrí go gcuireann ceol álainn gliondar ar mo chroí istigh. Ní thiofcadh le Peter a fholcadán a ghlacadh trathnóna Domhnaigh, de bhrí go raibh an tobán thíos in oifig na cistine, agus é líonta le héadaí salacha. Chuaigh an bheirt againn chuig an áiléar tosaigh le chéile, agus ionas go mbeimis ábalta bheith inár suí go compordach, thug mé liom an t-aon chúisín a dtiofcadh liom teacht air i mo sheomra. Shuigh muid ar an chás pacála. De bhrí go raibh an cás agus an cúisín beirt iontach cúng, bhí muid inár suí measartha cóngarach dá chéile, ár ndroim i gcoinne dhá chás eile; choinnigh Mouschi cuideachta linn, mar sin de bhí súil ghéar á coinneáil orainn. Go tobann ar cheathrú go dtí a naoi, lig an tUasal van Daan fead agus chuir ceist orainn an raibh cúisín an Uasail Dussel againn. Phreab muid inár seasamh go ndeachaigh muid síos staighre leis an chúisín, an chat agus an Uasal van Daan. Bhí an cúisín sin ina chúis mhór ainnise. Bhí fearg ar Dussel de bhrí gur thug mé liom an ceann a úsáideann sé mar cheannadhairt, agus bhí eagla air go mbeadh sé clúdaithe le dreancaidí; bhí an teach ina racán aige mar gheall ar an aon chúisín seo. Chun díoltas a bhaint amach, sháigh mé féin agus Peter dhá scuab chrua isteach ina leaba, ach bhí orainn iad a bhaint amach arís nuair a shocraigh Dussel gan choinne go rachadh sé a shuí ina sheomra. Bhí muid sna trithí ag an idirchluiche bheag seo.

Ach ba ghairid a mhair an gáire. Ar leath i ndiaidh a naoi bhuail Peter cnag éadrom ar an doras agus d'iarr ar Athair teacht anuas an staighre chun cuidiú leis le habairt Bhéarla a bhí deacair.

'Tá cuma amhrasach air sin,' arsa mé le Margot. 'Is léir gur cur i gcéill atá ann. Tig leat a insint ón dóigh a bhfuil na fir ag labhairt gur tharla briseadh isteach!' B'fhíor dom. Briseadh isteach sa teach stórais go díreach ag an bhomaite sin. Bhí Athair, an tUasal van Daan agus Peter thíos staighre ar luas lasrach. D'fhan mé féin Margot, Máthair agus Bean van D. mar a raibh muid. Caithfidh ceathrar ban scanraithe labhairt, mar sin de sin is é sin an rud a rinne muid go dtí gur chuala muid trup thíos staighre. Ina dhiaidh sin bhí gach rud ina thost. Bhuail an clog ar cheathrú go dtí a deich. Tháinig dath bán ar aghaidh gach duine againn, ach d'fhan muid socair, cé go raibh eagla orainn. Cá háit a raibh na fir? Cad é a rinne an trup sin? An raibh siad ag troid leis na buirgléirí? Bhí an oiread sin eagla orainn nach dtiocfadh linn smaoineamh; ní thiocfadh linn rud ar bith a dhéanamh ach fanacht.

A deich a chlog, coiscéimeanna ar an staighre. Tháinig Athair isteach, dath geal bán ar a aghaidh agus é neirbhíseach, lean an tUasal van Daan é. 'Soilse as, gabhaigí suas staighre ar na barraicíní, táimid ag dúil le teacht na bpóilíní!'

Ní raibh an t-am ann bheith eaglach. Cuireadh na soilse as, fuair mé greim ar mo chasóg, agus shuigh muid thuas staighre. 'Cad é a tharla? Inis dúinn go gasta!'

Ní raibh duine ar bith ann le hinsint dúinn. Bhí na fir imithe síos staighre arís. Níor tháinig an ceathrar acu aníos arís go dtí a deich i ndiaidh a deich. Bhí beirt acu ag faire amach trí fhuinneog Peter a bhí oscailte. Bhí an doras chuig an léibheann cheann staighre faoi ghlas, bhí an leabhragán dúnta. Chlúdaigh muid ár solas oíche le geansaí allais, agus ansin d'inis siad dúinn cad é a tharla:

Bhí Peter ar an léibheann cheann staighre nuair a chuala sé dhá thrup arda. Chuaigh sé síos staighre agus mhothaigh sé go raibh painéal mór ar iarraidh ó thaobh clé dhoras an tí stórais. Lasc sé leis suas staighre chun ‘Gardaí an Bhaile’ a chur ar a n-airdeall, agus chuaigh an ceathrar acu síos staighre. Nuair a chuaigh siad isteach sa teach stórais, bhí na buirgléirí i mbun a gcuid oibre. Gan smaoineamh, lig an tUasal van Daan béic as ‘Póilíní!’ Bhí coiscéimeanna faoi dheifir amuigh; theith na buirgléirí. Cuireadh an clár ar ais isteach sa doras ionas nach dtabharfadh na póilíní an bhearna faoi deara. Ansin chuir buille gasta ón taobh eile é ag eitilt go talamh. Bhain dánacht an bhuirgléara siar as na fir. Mhothaigh Peter agus an tUasal van Daan araon racht dúnmharfach ag teacht orthu. Bhuaile an tUasal van Daan tua in éadan an urláir, agus bhí gach rud ina thost arís. Uair amháin eile cuireadh an clár isteach ar ais, agus uair amháin eile cuireadh an iarracht ar neamhní. Chuir fear agus bean ar an taobh eile tóirse a bhí lasta fríd an pholl, a las an teach stórais ar fad. ‘Cad é an ...?’ a dúirt duine de na fir faoina fhiacra. Malartaíodh a ról an iarraidh seo, áfach. In ionadh bheith ina bpóilíní, bhí siad féin ina mbuirgléirí anois. Chuaigh an ceathrar acu suas staighre de rith. Sciob Dussel agus an tUasal van Daan leabhair Dussel, d’oscail Peter na doirse agus na fuinneoga sa chistin agus san oifig phríobháideach, chaith an guthán go talamh, agus chríochnaigh an ceathrar acu suas ar chúl an leabhragáin.

DEIREADH LE CUID A HAON

Is é is dócha go ndeachaigh an bhean agus an fear a raibh an tóirse acu chuig na póilíní. Oíche Dhomhnaigh a bhí ann, Domhnach na Cásca. An lá dár gcionn, Luan na Cásca, bheadh an oifig dúnta, rud a chiallaigh nach dtiocfadh linn bheith ag bogadh thart go dtí maidin Dé Máirt. Samhlaigh sin, i do shuí anseo ar feadh lae agus dhá oíche agus eagla

do bháis ort! Níor smaoinigh muid ar rud ar bith, ach d’fhan ansin go díreach sa dubhdhorchadas – agus mar gheall ar an eagla a bhí uirthi chuir Bean van D. an lampa as. Bhí muid ag cogarnaíl, agus gach uair dár chuala muid díoscán, dúirt duine éigin, ‘Fuist, fuist.’

Bhí sé leath i ndiaidh a deich, ansin a haon déag. Ní raibh gíog ná míog ann. Rinne Athair agus an tUasal van Daan sealaíocht ar theacht anuas an staighre chugainn. Ansin, ar cheathrú i ndiaidh a haon déag, trup thíos staighre. Thuas staighre thiocthadh leat an teaghlach uile a chloisteáil ag anáilú. Maidir le rud ar bith eile, níor chuir duine ar bith cor de. Coiscéimeanna sa teach, san oifig phríobháideach, sa chistin, ansin ... ar an staighre. Ní raibh anáilú le cloisteáil níos mó, bhí ocht gcroí ag bualadh go trom. Coiscéimeanna ar an staighre, ansin torann ag an leabhragán. Ní thig cur síos a dhéanamh ar an bhomaite seo.

‘Anois, tá ár bport seinnte,’ arsa mé, agus mhothaigh mé pictiúir i m’intinn den chúigear déag againn á dtabhairt ar shiúl ag an Gestapo an oíche chéanna.

Bhí tuilleadh torainn le cloisteáil ag an leabhragán, faoi dhó. Ansin chuala muid canna ag titim, agus chuaigh na coiscéimeanna siar. Bhí muid as baol, go dtí seo! Chuir sé creachtaí fuara ar gach duine, chuala mé fiacla á mbualadh ar a chéile, níor dhúirt duine ar bith focal. D’fhan muid mar seo go dtí leath i ndiaidh a haon déag.

Ní raibh torann ar bith eile sa teach, ach bhí solas ag lonnru ar ár léibheann cheann staighre, go díreach os comhair an leabhragáin. An é gur shíl na póilíní go raibh cuma amhrasach air nó an rud é go ndearna siad dearmad de go díreach? An raibh duine ar bith ag dul a theacht ar ais chun é a chur as. D’aimsigh muid ár dteanga arís. Ní raibh daoine istigh san fhoirgneamh níos mó, ach b’fhéidir go raibh duine ag faire amach taobh amuigh. Rinne muid trí rud ansin: rinne iarracht ar thomhas a dhéanamh cad é a bhí ag dul ar aghaidh, bhí

muid ar crith le heagla, agus chuaigh muid chuig an leithreas. Ó tharla go raibh na buicéid uile san áiléar, ní raibh againn ach an bosca bruscair miotail a bhí ag Peter. Chuaigh an tUasal van Daan ar dtús, ansin Athair, ach bhí Máthair ró-náirithe. Thug Athair an bosca bruscair chuig an seomra béal dorais, áit ar úsáid mé féin, Margot agus Bean van Daan é le croí mór maith. Ghéill Máthair slí sa deireadh. Bhí ráchairt mhór ar pháipear, agus ar ámharáí an tsoil bhí cuid agam i mo phóca.

Bhí boladh bréan ón bhosca bruscair, bhí gach rud ag dul ar aghaidh i gcogar, agus bhí muid spíonta. Bhí meán oíche ann.

‘Luígí ar an urlár agus gabhaigí a chodladh!’ Tugadh ceannadhairt agus blaincéad domsa agus do Margot. Luigh Margot in aice leis an chófra bia, agus rinne mé leaba dom féin idir cosa an tábla. Ní raibh an boladh chomh holc sin anois agus mé i mo lú ar an urlár, ach d’imigh Bean van Daan léi go ciúin go bhfuair sí púdar tuartha gur chlúdaigh an t-árthach miotail le tuáille ar eagla na heagla.

Caint, cogair, eagla, boladh bréan, bromanna agus daoine ag dul chuig an leithreas gan stad gan staonadh; ag iarraidh dul a chodladh fríd sin! Ar leath i ndiaidh a dó, áfach, bhí mé chomh tuirseach sin gur thit mo néal orm agus níor chuala mé dada go dtí leath i ndiaidh a trí. Mhúscail mé nuair a chuir Bean van D. a ceann ar mo chosa.

‘In ainm Dé, tabhair dom rud éigin a thig liom a chur orm!’, arsa mé. Tugadh roinnt éadaí dom, ach ná fiafraigh díom cad é a bhí ann: péire briste olla thar mo chulaith oíche, geansaí dearg, sciorta dubh, stocaí bána agus stocaí glúine smolchaite.

Shuigh Bean van D, siar sa chathaoir, agus luigh an tUasal van D. síos, a cheann ar mo chosa. Ó leath i ndiaidh a trí ar aghaidh bhí mé ag machnamh go dian, agus ar crith an oiread sin nach raibh Bean van Daan ábalta dul a chodladh. Bhí mé do mo dhéanamh féin réidh d’fhilleadh na bpóilíní. D’inseoimis dóibh go raibh muid i bhfolach; dá mba rud é gur dhaoine maithe iad, bheimis slán, agus dá mbeidís báuil

leis na Naitsithe, thiocfadh linn iarracht a dhéanamh iad a bhreabadh!

‘Ba chóir dúinn an raidió a chur i bhfolach!’ arsa Bean van D. go héagaoiteach. ‘Maith go leor, sa sorn,’ a d’fhreagair an tUasal van D. ‘Má thagann siad orainn, tá sé chomh maith acu teacht ar an raidió fosta!’

‘Ansin tiocfaidh siad ar dhialann Anne fosta,’ arsa Athair ina dhiaidh sin.

‘Dóigh í mar sin,’ a mhol duine de na daoine sa ghrúpa a raibh eagla a mbáis orthu.

Ba é an ráiteas seo agus an torann a rinne na póilíní ar an leabhragán na bomaití nuair a bhí an eagla is mó orm. Ó, chan mo dhialann, má imíonn mo dhialann, imeoidh mise fosta! Buíochas do Dhia níor dhúirt Athair rud ar bith eile.

Ní fiú na comhráite uile a athinsint; insíodh an oiread sin. Thug mé sólás do Bhean van Daan a bhí iontach scanraithe. Labhair muid ar éalú, ar an Gestapo bheith dár gceistiú, ar ghlaoch a chur ar an Uasal Kleiman agus ar chrógracht.

‘Caithfidh bheith inár saighdiúirí, a Bhean van Daan. Má tá ár gcuid ama caite, bhuel ansin, beidh sé ar son na Banríona agus na Tíre, ar son na saoirse, na fírinne agus na córa, mar a insíonn siad i gcónaí dúinne ar an raidió. Is é an t-aon rud amháin atá olc faoi dtaobh de go dtarraingeoidimid na daoine anuas linn!’

I ndiaidh uair an chloig mhalartaigh an tUasal van Daan áiteanna lena bhean arís, agus tháinig Athair gur shuigh sé in aice liom.

A ceathair a chlog, a cúig a chlog, leath i ndiaidh a cúig. Chuaigh mé agus shuigh mé le Peter ag a fhuinneog agus d’éist muid, agus muid chomh cóngarach sin go dtiocfadh linn corp a chéile a mhothú ar crith; labhair muid focal nó beirt ó am go ham agus d’éist muid go géar. Bhain siad an dallóg dhubh anuas sa seomra béal dorais. Rinne siad liosta de na rudaí uile a bhí beartaithe acu insint don Uasal Kleiman ar an

ghuthán, de bhrí go raibh sé beartaithe acu glooch a chur air ar a seacht agus iarraidh air duine a chur anonn. Bhí siad ag dul sa phriacal mhór, de bhrí go mb'fhéidir go gcluinfedh an póilín ag an doras nó an póilín sa teach stórais iad, ach bhí priacal níos mó ann fiú go bhfillfeadh na póilíní.

Tá a liosta faoi iamh, ach ar mhaithe le soiléireacht, déanfaidh mé cóip de anseo,

Buirgléireacht: Póilíní san fhoirgneamh, a fhad leis an *leabhragán*, ach chan níos faide. Is cosúil gur cuireadh isteach ar na buirgléirí, chuir siad doras an tí stórais isteach agus theith fríd an ghairdín. Cuireadh an príomhdhoras faoi ghlas. Clóscríobhan agus meaisín áirimh slán sa chófra dhubh san oifig phríobháideach.

Níochán Miep nó Bep sa chistin.

Níl an eochair don dara doras ag duine ar bith ach amháin Bep nó Kugler; is féidir go bhfuil an glas briste.

Déan iarracht rabhadh a thabhairt do Jan agus an eochair a fháil, cuardaigh an oifig; tabhair bia don chat fosta.

Maidir le gach rud eile, chuaigh gach rud de réir mar a bhí sé leagtha amach. Cuireadh glooch ar an Uasal Kleiman, baineadh na cuailí ar shiúl ó na doirse agus cuireadh an clóscríobhán ar ais ar an chófra. Ansin shuigh muid uile thart ar an tábla arís ag fanacht le Jan nó leis na póilíní. Thit Peter ina chodladh agus bhí mé féin agus Bean van Daan inár luí ar an urlár nuair a chuala muid coiscéimeanna troma thíos fúinn. D'éirigh mé go gasta. 'Is é Jan é!'

'Ní hé, ní hé, is iad na póilíní atá ann!' arsa gach duine acu.

Bhí cnagadh ar ár leabhragán. Rinne Miep feadaíl. Ní raibh Bean van Daan ábalta é a láimhseáil, agus luigh sí siar sa chathaoir go faon, chomh bán le sneachta. Dá mairfeadh an teannas ar feadh bomaite amháin eile, thitfeadh sí i laige.

Tháinig Jan agus Miep isteach agus radharc galánta os a gcomhair amach. B'fhiú grianghraf a ghlacadh den tábla féin: cóip de *Cinema & Theatre*, ina luí oscailte ar leathanach a raibh girseacha damhsa clúdaithe le subh agus peictin a bhí á nglacadh againn le dul i ngleic leis an bhuinneach, dhá shearróg suibhe, leathrolla aráin, ceathrú rolla aráin, peictin, scáthán, cíor, cipíní, luaith, toitíní, luaithreadán, leabhair, péire fo-bhríste, tóirse, cíor Bhean van Daan, páipéar leithris, srl.

Thóg gach duine liú áthais do Jan agus Miep agus tháinig na deora fosta. Chuir Jan clár giúise thart ar an bhearna sa doras le tairní agus d'imigh sé leis le Miep chun na póilíní a chur ar an eolas faoin bhriseadh isteach. Tháinig Miep ar nóta fosta faoi dhoras an tí stórais ó Slegers, an faireoir oíche, a thug an poll faoi deara agus a chuir scéal chuig na póilíní. Bhí sé beartaithe ag Jan fosta Slegers a fheiceáil.

Mar sin de bhí leathuair an chloig againn chun slacht a chur ar an teach agus orainn féin. Ní fhaca mé a leithéid d'athrú riamh ar áit agus a chonaic mé sa tríocha bomaite sin. Chóirigh mé féin agus Margot na leapacha thíos staighre, chuaigh chuig an leithreas, scuab na fiacla, nigh na lámha agus chíor an ghruaig. Ansin chuir mé ord de chineál éigin ar an seomra agus chuaigh ar ais suas staighre. Glanadh an tábla cheana féin, mar sin de fuair muid uisce, rinne caife agus tae, bhruith muid an bainne agus leag muid an tábla. D'fholmhaigh Athair agus Peter na soithí seiftiúla a d'úsáid muid mar leithreas agus nigh iad le huisce te agus le púdar tuartha. Líonadh an ceann is mó acu go béal agus bhí sé chomh trom sin go raibh sé deacair dóibh é a thógáil. Mar bharr ar an donas, bhí sé ag sileadh, mar sin de bhí orthu é a chur i mbuicéad.

Ar a haon déag a chlog bhí Jan ar ais agus shuigh sé linn ag an tábla, de réir a chéile thosaigh gach duine a fháil faoisimh. Bhí an scéal seo a leanas le hinsint ag Jan:

Bhí an tUasal Slegers ina chodladh, ach d'inis a bhean do Jan gur tháinig a fear céile ar an pholl agus é ag dul thart ar an áit. Chuir sé fios ar phóilín agus chuardaigh an bheirt acu an foirgneamh. Téann an tUasal Slegers ar patról, mar fhaireoir oíche, ar a rothar, agus dhá mhadadh leis. Dúirt a bhean go dtiocfadh sé ar an Mháirt agus go n-inseodh sé an chuid eile do Kugler. Bhí an chuma ar an scéal nach raibh lá eolais ag duine ar bith sa stáisiún póilíní faoin bhriseadh isteach, ach rinne siad nóta de go dtiocfaidís an chéad rud maidin Dé Máirt le spléachadh a fháil air.

Ar an bhealach ar ais, tharla gur casadh an tUasal van Hoeven ar Jan, an fear a sholáthraíonn na prátaí dúinn, agus d'inis dó faoin bhriseadh isteach. 'Tá a fhios agam,' a d'fhreagair an tUasal Hoeven go ciúin. 'Aréir nuair a bhí mé féin agus mo bhean ag siúl thart leis an fhoirgneamh, mhothaigh mé bearna sa doras. Bhí mo bhean ag iarraidh siúl ar aghaidh, ach thug mé spléachadh isteach leis an tóirse agus caithfidh sé gurbh é an t-am sin a rith na buirgleirí leo. Níor chuir mé fios ar na póilíní le fios ná le hamhras. Shíl mé nach mbeadh ciall leis i bhur gcás-sa. Níl a fhios agam rud ar bith, ach tá amhras orm.' Ghabh Jan buíochas leis agus d'imigh sé leis. Is léir go measann an tUasal Hoeven go bhfuilimid istigh anseo, de bhrí go bhfágann sé na prátaí anseo i gcónaí ag am lóin. Duine breá atá ann!

Bhí sé a haon a chlog faoin am ar imigh Jan agus a raibh an glanadh suas uile déanta againn. Chuaigh an t-ocht ar fad againn a luí. Mhúscaíl mé ar cheathrú go dtí a trí agus chonaic mé go raibh Dussel ina shuí cheana féin. Bhí filltíní i m'aghaidh le heaspa codlata, tharla gur casadh Peter orm sa leithreas, díreach i ndiaidh dó teacht anuas staighre. Shocraigh muid bualadh le chéile san oifig. Rinne mé priocadh agus cíoradh orm féin agus chuaigh síos.

'Ina dhiaidh seo is uile, an bhfuil tú ag iarraidh dul chuig an áiléar tosaigh?' a d'fhiafraigh sé. Chlaon mé mo cheann,

fuair greim ar mo cheannadhairt a bhí clúdaithe le héadach agus chuaigh muid suas le chéile. Bhí an aimsir galánta, agus cé nárbh fhada gur thosaigh na haláraitm ruathair aeir á mbualadh, d’fhan muid áit a raibh muid. Chuir Peter a lámh thart ar mo ghualainn, chuir mé mo cheannsa thart air siúd, agus shuigh muid go ciúin mar sin go dtí a ceathair a chlog, nuair a tháinig Margot chun muid a fháil faoi choinne caife.

D’ith muid ár gcuid aráin, d’ól ár líomanáid agus rinne muid greann de rudaí (thiocfadh linn é a dhéanamh arís faoi dheireadh), agus maidir leis an chuid eile, bhí gach rud mar a bhíonn de ghnáth. Ghabh mé buíochas le Peter an oíche sin, de bhrí gurbh é an duine ba chróga é de gach duine againn.

Ní raibh duine ar bith againn riamh san oiread sin baoil agus a bhí muid an oíche. Bhí Dia na glóire ag amharc anuas orainn le fírinne. Samhlaigh é – bhí na póilíní go díreach ag an leabhragán, bhí an solas ar siúl, agus fós féin níor tháinig duine ar bith ar ár gcró folaigh! ‘Anois tá ár bport seinnte!’, arsa mé i gcogar ag an bhomaite sin, ach arís eile tháinig muid slán as. Nuair a thioctas an t-ionradh agus nuair a thosóidh na buamaí a thitim, beidh gach aon duine ar a shon féin, ach an iarraidh seo tá inní orainn i dtaobh na gCríostaithe maithe soineanta sin atá ag cuidiú linn.

‘Tháinig muid slán as, go dtaga muid slán as i gcónaí!’ Sin a dtig linn a rá.

Tharla cuid mhaith athruithe mar gheall ar an eachtra seo. As seo amach, beidh Dussel ag déanamh a chuid oibre sa seomra folctha, agus beidh Peter ag dul ar patról ar fud an tí idir leath i ndiaidh a hocht agus leath i ndiaidh a naoi. Níl cead ag Peter a fhuinneog a oscailt as seo amach, de bhrí gur mhothaigh duine de mhuintir Keg go raibh sí ar oscailt. Ní thig linn an leithreas a shruthlú i ndiaidh leath i ndiaidh a naoi san oíche as seo amach. Tá an tUasal Slegers ar fostú mar fhaireoir oíche,

agus beidh siúinéir atá ar a theitheadh ag teacht anocht chun baracáid a dhéanamh as na stoic bhána leapacha de chuid Frankfurt atá againn. Tá díospóireachtaí ag dul ar aghaidh gach áit san Urtheach. Fuair an tUasal Kugler locht orainn de bhrí go raibh muid míchúramach. Dúirt Jan fosta nár chóir dúinn choíche dul síos staighre. Is iad na rudaí atá le déanamh againn anois fáil amach an dtig linn muinín a chur in Slegers, an mbeidh na madaí ag tafann má chluineann siad duine éigin ar chúl an dorais, an dóigh le baracáidí a dhéanamh, agus cuid mhór mhór eile.

Cuireadh i gcuimhne dúinn go láidir gur Ghiúdaigh muid a bhfuil slabhraí orainn, ceangailte le slabhraí leis an aon áit amháin, gan chearta, ach míle dualgas orainn. Caithfidimid ár mothúcháin a chur ar leataobh; caithfidimid bheith láidir agus cróga, cur suas leis an mhíchompord gan ghearán, pé rud atá ar ár gcumas a dhéanamh agus muinín a chur i nDia. Beidh an cogadh uafásach seo thart lá éigin. Tíocfaidh an t-am arís nuair a bheimid inár ndaoine arís agus chan inár nGiúdaigh go díreach!

Cé atá ár gcrá mar seo? Cé a scar muid ón chuid eile? Cé a chuir an oiread sin fulaingthe orainn? Is é seo an dóigh a ndearna Dia muid, ach is é Dia a thógfaimid arís. I súile an domhain, tá ár bport seinnte, ach má tharlaíonn go mbeidh Giúdaigh fós fágtha ina dhiaidh seo is uile, tarraingeofar dea-chlú ar na Giúdaigh. Ar feadh a bhfuil ar eolas agam, is féidir go dteagascfaidh ár gcreideamh don domhan agus do na daoine air faoin mhaitheas, agus is é sin an fáth, agus an t-aon fáth amháin a gcaithfidimid bheith ag fulaingt. Ní thig linn bheith inár nOllannaigh, ná inár Sasanaigh, ná i rud ar bith eile go díreach, is Giúdaigh i gcónaí muid fosta. Agus beidh orainn fanacht inár nGiúdaigh, ach cibé ar bith, ba mhaith linn fanacht mar atá.

Bígí cróga. Cuimhnimis ar ár ndualgas agus comhlíon gan ghearán é. Beidh bealach éalaithe ann. Níor thréig Dia ár

muintir riamh. Riamh anall b'éigean do na Giúdaigh bheith ag fulaingt, ach riamh anall choinnigh siad ag dul, agus is é rud gur láidre iad mar gheall ar na céadta bliain fulaingthe. Titfidh an té atá lag agus mairfidh an té atá an-láidir agus ní bhrisfear iad!

Shíl mé an oíche sin go cinnte go raibh mé ag dul a fháil bháis. D'fhan mé leis na póilíní agus bhí mé réidh leis an bhás, mar a bheadh saighdiúir ar an mhachaire catha ann. Gheobhainn bás le croí mór maith ar son mo thíre. Ach anois, ó tháinig mé slán as, is é an chéad mhian atá agam bheith i mo shaoránach de chuid na hOllainne i ndiaidh an chogaidh. Tá dúil mhór agam i muintir na hOllainne, tá dúil mhór agam sa tír, tá dúil mhór agam sa teanga, agus ba mhaith liom bheith ag obair anseo. Agus fiú más gá dom scríobh chuig an Bhanríon féin, ní éireoidh mé as go raibh mo sprioc bainte amach agam!

Tá mé ag éirí níos neamhspleáiche fós ar mo thuismitheoirí. Cé go bhfuil mé óg, tá mé níos misniúla ná Máthair ag dul i ngleic leis an saol agus is fearr a thuigim cad é an rud é an ceart. Tá a fhios agam cad é atá uaim, tá sprioc agam, tá barúlacha agam, tá creideamh agus grá agam. Más rud é go dtig liom bheith i mo dhuine féin, beidh mé sásta. Tá a fhios agam gur bean mé, bean a bhfuil rúndaingne agus neart misnigh aici!

Más toil Dé go bhfágfar an saol agam, bainfidh mé níos mó amach ná a bhain Máthair riamh ina saol, déanfaidh mé cinnte de go gcluinfeair mo ghuth, rachaidh mé amach fríd an domhan agus beidh mé ag obair ar son an chine daonna!

Tá a fhios agam anois go gcaithfidh misneach agus áthas a bheith orm!

Do chara dílis, Anne M. Frank

A Kitty dhil,

Tá gach duine anseo fós iontach teann. Tá Pim ag coipeadh le fearg cheana féin; tá Bean van D. ina luí agus slaghdán uirthi, ag geonaíl léi; tá dath bán ag teacht ar an Uasal van D. gan a thoitíní; tá Dussel arbh éigean dó scarúint le cuid mhaith dá chompord ag lochtú gach duine; srl., srl. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil an saol ag rith inár gcoinne le déanaí. Tá an leithreas ag sileadh, agus tá ainghléas ar an sconna. A bhuíochas de na daoine uile a mbímid i dteagmháil leo, is gairid go ndeiseofar iad.

Bím maioithneach corruair, mar atá a fhios agat, ach ó am go ham bíonn cúis leis: nuair a bhím féin agus Peter inár suí cóngarach dá chéile ar chiseán crua adhmaid i lár an bhruscair agus an deannaigh, ár lámha thart ar ghuaillí a chéile, Peter ag súgradh le dlaoi de mo chuid gruaise; nuair a bhíonn scol na n-éan le cloisteáil lasmuigh, nuair a bhíonn na crainn faoi bhláth, nuair a thagann an ghrian agus nuair a bhíonn an spéir chomh gorm sin – ó, is ansin a thugaim mian don oiread sin rudaí!

Ní fheicim thart orm ach aghaidheanna míshásta agus gruama, ní chluinim ach osnaí agus gearáin faoi na fiacla. Shílfeá go ndeachaigh ár saol go tobann chun donais. Le fírinne, bíonn an saol ag brath ar do dhearcadh ar rudaí. Ní bhacann le duine ar bith anseo san Urtheach le dea-shampla a thabhairt. Caithfidh gach duine socrú a dhéanamh dó féin ar an dóigh le cian a thógáil de féin!

Gach lá cluineann tú, ‘Dá mba rud é go mbeadh sé uile thart!’

*Obair, dóchas, misneach agus grá,
Go raibh mé maith agus ábalta cur suas leis an chrá!*

Creidim i ndáiríre a Kit, go bhfuil mé trína chéile inniu, agus níl a fhios agam cén fáth. Tá mo chuid scríbhneoireachta uile ina cíor thuathail, léimim ó rud amháin go rud eile, agus tá mé in amhras in amanna an mbeidh suim ag duine ar bith choíche sa ráiméis seo. Is dócha go dtabharfaidh siad ‘Brionglóidí Éinín Lachan’ air. Is cinnte nach mbeidh mórán maitheasa i mo dhialanna don Uasal Bolkestein nó don Uasal Gerbrandy.*

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN SATHARN, 15 AIBREÁN 1944

A Kitty dhil,

‘Tarlaíonn drochrudaí go díreach ceann i ndiaidh an chinn eile. Cén uair a thiocfaidh deireadh leis seo uile?’ Tig leat sin a rá arís. Déan tomhas cad é a tharla anois? Rinne Peter dearmad an glas a bhaint den doras tosaigh. Mar thoradh air sin, ní thiocfadh leis an Uasal Kugler nó le fostaithe an seomra stórais fáil isteach. Chuaigh sé a fhad le cuid Keg, chuir ár bhfuinneog oifige sa chistin isteach agus fuair isteach ar an dóigh sin. Bhí na fuinneoga san Urtheach ar oscailt, agus chonaic muintir Keg an méid sin fosta. Ní fheadar cad é a mheasann siad? Agus van Maaren? Tá an tUasal Kugler ar buile. Chuir muid ina leith nach ndearna sé rud ar bith chun na doirse a dhaingniú, agus ansin déanaimid rud éigin amaideach mar seo! Tá Peter trína chéile. Ag an tábla, dúirt Máthair go raibh níos mó trua aici do Peter ná do dhuine ar bith eile, agus is beag nár thosaigh sé a chaoineadh. Táimid chomh lochtach céanna, de bhrí gur gnách go gcuirimid ceist air gach lá ar bhain sé an glas den doras, agus is gnách go cuireann an tUasal van Daan ceist air fosta. Is féidir go mbeidh mé ábalta sólas a thabhairt dó níos moille. Is mian liom go mór cuidiú leis!

* Ba é Gerrit Bolkestein an tAire Oideachais agus ba é Pieter Gerbrandy Príomhaire Rialtas na hOllainne a bhí ar deoraíocht i Londain. Féach litir Anne ar 29 Márta 1944.

Is iad seo a leanas na ráitis nuachta is déanaí faoin saol san Urtheach Rúnda le roinnt seachtainí anuas:

Seachtain ó shin, Dé Sathairn, tháinig tinneas ar Boche. Shuigh sé gan bogadh as agus thosaigh a chasacht. Thóg Miep ar an toirt é, chas tuáille thart air, agus chlútharaigh isteach ina mála siopadóireachta é agus thug go clinic na madaí agus na gcat é. Bhí fadhb stéigeach de chineál éigin air mar sin de, thug an tréidlia leigheas dó. Thug Peter dó é cúpla uair, agus ba ghairid gur imigh Boche leis. Cuirim geall leat go raibh sé amuigh ag déanamh suirí lena leannán. Ach anois tá a shrón ata agus bíonn sé ag crónán nuair a thógann tú é – is féidir go raibh sé ag déanamh iarrachta bia a ghoid agus gur thug duine smitín dó. Chaill Mouschi a guth ar feadh roinnt laethanta. Go díreach nuair a shocraigh muid go raibh sí le tabhairt chuig an tréidlia fosta, thosaigh sí a bhisíú.

Fágaimid fuinneog an áiléir oscailte giota beag anois gach oíche. Is minic a shuím féin agus Peter thuas ansin tráthnóna.

A bhuíochas le rubar, stroighin agus péint ola, thiocfadh leis an leithreas againn bheith cóirithe go gasta. Cuireadh sconna nua isteach in áit an sconna bhriste.

Ar ámharáí an tsaoil, tá biseach ar an Uasal Kleiman. Tá sé ag dul a fheiceáil saineolaí roimh i bhfad. Is é an dóchas atá againn anois nach gá dó dul faoi scian.

Fuair muid ocht leabhar ciondála an mhí seo. Ar an drochuair, go ceann coicíse beidh min choirce agus coirce scilligthe againn in áit pónairí. Is é an picilile na sócamais is déanaí atá againn. Mura bhfuil an t-ádh leat, ní fhaigheann tú ach pota lán lusanna na bó agus anlann mustaird.

Is doiligh teacht ar na glasraí. Níl ann ach leitís, leitís agus tuilleadh leitíse. Is é atá sna béilí againn ná prátaí agus anlann bréagach amháin.

Tá níos mó ná leathchuid na Crimé i seilbh na Rúiseach. Níl na Sasanaigh ag dul níos faide ná Cassino. Beidh orainn bheith ag brath ar Bhalla an Iarthair. Tharla cuid mhór

ruathar aeir a bhí dochreidte trom. Buamáladh an Chlárlann Lárnach sa Háig. Eiseofar leabhair nua chiondála do mhuintir na hOllainne uile.

Is leor sin don lá inniu.

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN DOMHNACH, 16 AIBREÁN 1944

A Kitty dhil,

Bíodh cuimhne agat ar dháta an lae inné, ó tharlaíonn gur lá croídhílis a bhí ann dom. Nach lá tábhachtach é do gach girseach nuair a fhaigheann sí a céad phóg? Mar sin, níl níos lú tábhachta ann domsa. Níl an t-am a phóg Bram mé ar mo leiceann dheas ná an t-am a phóg an tUasal Woudstra mé ar mo lámh dheas san áireamh. Cad é mar a tháinig mé ar an phóg seo go tobann? Inseoidh mé duit.

Aréir ar a hocht a chlog bhí mé i mo shuí le Peter ar a dhibheán agus níorbh fhada gur chuir sé a lámh thart orm. (De bhrí go raibh an Satharn ann, ní raibh a chuid éadaí oibre air.) ‘Cad chuige nach mbogaimid giota beag anonn?’ arsa mise, ‘ionas nach gcoinneoidh mé orm ag bualadh mo chinn in éadan an chófra.’

Bhog sé chomh fada sin siar go raibh sé chóir a bheith sa choirnéal. Shleamhnaigh mé mo lámh faoina cheannsa agus trasna a dhroma, agus chuir sé a lámh thart ar mo ghualainn, sa dóigh is go raibh mé chóir a bheith slogtha aige. Shuigh muid mar seo ar ócáidí eile, ach ní raibh muid riamh chomh cóngarach sin agus a bhí aréir. Choinnigh sé greim daingean orm, mo thaobh clé in éadan a bhrollaigh; thosaigh mo chroíse a bhualadh níos gasta cheana féin, ach bhí tuilleadh le teacht. Ní raibh sé sásta go dtí go raibh mo chloigeann leagtha ar a ghualainn, agus a cheannsa ar bharr mo chinnse. Shuigh mé suas arís i ndiaidh thart faoi chúig bhomaite, ach roimh i bhfad chuir sé a lámha ar mo chloigeann agus chuir ar ais in

éadan a chloiginn féin. Ó, bhí sé chomh hiontach sin. Is beag nach raibh mé ábalta labhairt, bhí an pléisiúr chomh tréan sin; rinne sé láinteacht le mo leiceann agus le mo lámh, agus é giota beag ciotach, agus bhí sé ag méirínteacht le mo chuid gruaige. Bhí ár gcloigeann le chéile den chuid is mó den am.

Níl insint ar an mhothúchán a rith tríom. Bhí an oiread sin áthais orm nach dtiocfadh liom labhairt, agus sílim go raibh airsean fosta.

Ar leath i ndiaidh a naoi sheas muid. Chuir Peter air a bhróga reatha ionas nach ndéanfadh sé mórán calláin ar a thuras oíche thart an foirgneamh, agus bhí mé i mo sheasamh taobh leis. An dóigh a raibh mé ábalta an ghluaiseacht cheart a dhéanamh, níl a fhios agam, ach sula ndeachaigh muid síos staighre, thug sé póg dom, fríd mo chuid gruaige, leath ar mo leiceann agus leath ar mo chluais. Chuaigh mé de ruathar síos an staighre ag amharc siar, agus tá mé ag tnúth go mór leis an lá inniu.

Maidin Dombnaigh, go díreach roimh a haon déag.

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN LUAN, 17 AIBREÁN 1944

A Kitty dhil,

An síleann tú go gceadódh Athair agus Máthair do ghirseach ag an aois atá mé bheith ina suí ar dhibheán ag pógadh gasúir seacht mbliana déag agus sé mhí d'aois? Tá mé in amhras go gceadóidís, ach caithfidh mé muinín a chur i mo bhreithiúnas féin sa chás seo. Tá sé chomh suaimhneach agus slán, i mo luí agus a lámha thart orm agus mise ag brionglóideach, tá sé, cuireann sé eiteoga ar mo chroí nuair a mhothaím a leiceann siúd ar mo leiceansa, tá sé chomh deas sin nuair atá a fhios agam go bhfuil duine éigin ag fanacht liom. Ach, agus tá ach ann, an mbeidh Peter ag iarraidh é a fhágáil mar sin? Ní dhearna mé dearmad ar a ghealltanais, ach ... is buachaill é!

Tá a fhios agam go bhfuil mé ag tosú go hiontach óg. Níl mé fiú cúig bliana déag agus mé neamhspleách cheana féin – tá sé sin giota beag deacair do dhuine eile a thuigbheáil. Tá mé measartha dearfach nach bpógfadh Margot buachaill choíche ach go mbeadh tagairt éigin do chleamhnas nó do phósadh ann. Níl a leithéid de phlean ag Peter ná agam féin. Tá mé cinnte de fosta nár leag Máthair lámh ar fhear sular casadh Athair uirthi. Cad é a déarfadh mo chailínchairde nó Jacque dá mbeadh a fhios acu go raibh mé i mo luí idir lámha Peter agus mo chroí in éadan a bhrollaigh, mo chloigeann ar a ghualainn agus a chloigeann agus a aghaidh in éadan mo chinn féin!

Ó, a Anne, nach millteanach an rud é sin! Ach i ndáiríre, ní mhothaím féin go bhfuil sé chomh millteanach sin; táimid cuachta istigh anseo, scartha ón saol mór, inmíoch agus eaglach, go háirithe le déanaí. Cad chuige ar chóir dúinn fanacht ar shiúl óna chéile nuair atá an oiread sin grá againn dá chéile? Cad chuige nár chóir dúinn póg a thabhairt dá chéile san am a bhfuilimid ann? Cad chuige ar chóir dúinn fanacht go dtí go bhfuil aois fhóirsteanach bainte amach againn? Cad chuige ar chóir dúinn cead duine éigin a iarraidh?

Shocraigh mé bheith ag faire amach do mo ghnóthaí féin. Níor mhaith leis choíche mé a ghortú ná buaireamh ar bith a chur orm. Cad chuige nár chóir domsa an rud a insíonn mo chroí dom a dhéanamh agus a chuireann áthas ar an bheirt againn?

Agus fós féin, tá mothú ionam a Kitty, go dtig leat an t-amhras atá orm a mhothú. Caithfidh sé gurb é m'ionracas ag éirí amach asam i gcoinne an dul thart faoi choim uile seo. An síleann tú go bhfuil sé de dhualgas orm insint d'Athair cad é atá ar bun agam? An síleann tú gur chóir go mbeadh ár rún roinnte leis an tríú duine? Chaillí an chuid is mó den áilleacht, ach an mothóinn níb fherr ar an taobh istigh mar gheall air? Labharfaidh mé *leis* faoi.

Ó, go cinnte, ba mhaith liom an oiread sin rudaí a phlé leis go fóill, de bhrí nach bhfeicim ciall ar bith le croí isteach go díreach. Tá cuid mhór muiníne de dhíth chun ár gcuid smaointe a roinnt le chéile, ach beimid beirt níos láidre dá thairbhe!

Do chara dílis, Anne M. Frank

IS. Bhí muid inár suí ar a sé a chlog maidin inné, de bhrí gur chuala an teaghlach iomlán callán an bhriseadh isteach arís. Caithfidh sé gur duine dár gcuid comharsan a bhí ina fhuilangáí an iarraidh seo. Nuair a rinne muid seiceáil ar a seacht a chlog, bhí ár ndoirse fós druidte go daingean, buíochas le Dia!

AN MHÁIRT, 18 AIBREÁN 1944

A Kitty dhil,

Tá gach rud go breá anseo. Tháinig an siúinéir arís aréir gur chuir sé clúdaigh iarainn ar phainéil an dorais. Tá Athair go díreach i ndiaidh a rá go bhfuil sé ag dúil le hoibríochtaí torthúla míleata sa Rúis agus san Iodáil, chomh maith le cinn san Iarthar roimh an 20 Bealtaine; dá fhad a mhaireann an cogadh, is amhlaidh is deacra atá sé a shamhailt go mbeimid choíche scaoilte saor ón áit seo.

Inné faoi dheireadh d'éirigh liom féin agus le Peter an dreas comhrá a dhéanamh a bhí á chur ar an mhéar fhada againn le deich lá anuas. D'inis mé dó a raibh ann faoi na girseacha, gan leisce orm na rudaí is dlúithe a phlé. Shíl mé go raibh sé measartha greannmhar gur shíl seisean gur fágadh an scoilt i gcorp mná ar lár go díreach ar na léaráidí. Ní thioctadh leis a shamhailt go raibh sé go díreach lonnaithe idir cosa na mná. Tháinig deireadh leis an tráthnóna le póg ón dá thaobh, cóngarach don bhéal. Le fírinne! Is mothú ar dóigh é!

B'fhéidir go dtabharfainn mo 'leabhar nótaí a bhfuil na sleachta is ansa liom istigh ann' suas liom am éigin sa dóigh is dtioctadh liom féin agus le Peter dul isteach i rudaí ní ba

dhoimhne. Ní dóigh liom gur rud sásúil é bheith inár lú i lámha a chéile ó lá go lá, agus tá súil as agam go mothaíonn sé féin mar an gcéanna.

I ndiaidh an gheimhridh bhoig a bhí againn tá an t-earrach galánta. Tá mí Aibreáin go hiontach, gan é róthe ná rófhuar, agus ceathanna éadroma ann ó am go ham. Tá ár gcrann cnó capaill faoi bhláth, agus tig leat roinnt buinneán úr a fheiceáil anseo is ansiúd cheana féin.

Bhronn Bep ceithre chrobhaing bláthanna orainn ar an Satharn, trí chrobhaing lusanna an chromchinn, agus crobhaing amháin búnna domsa. Tá an tUasal Kugler ag cur níos mó agus níos mó nuachtán ar fáil dúinn.

Tá sé in am dom m'ailgéabar a dhéanamh, a Kitty. Slán.

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN CHÉADAOIN, 19 AIBREÁN 1944

A stór mo chroí,

(Is é sin an teideal atá ar scannán a bhfuil Dorit Kreysler, Ida Wüst agus Harald Paulsen ann!)

Cad é a bheadh ní ba deise ná bheith i do shuí ag fuinneog oscailte, ag baint suilt as an nádúr, ag éisteacht le ceol na n-éan, an ghrian le mothú ar do leicne agus do mhuirín i do lámha? Mothaím chomh suaimhneach agus chomh slán sin nuair a bhíonn a lámha thart orm, a fhios agam go bhfuil sé in aice liom agus fós féin gan fiachadh orm labhairt; cad é mar a thig leis seo bheith go holc nuair a dhéanann sé an oiread sin maitheasa dom? Ó, dá mba rud é nach gcuirfeadh rud ar bith isteach orainn choíche arís, fiú Mouschi.

Do chara dílis, Anne M. Frank

A Kitty dhil,

D’fhan mé i mo luí inné de bhrí go raibh mo scornach nimhneach, ach ó tharla go raibh mé dúdóite cheana féin an chéad tráthnóna agus nach raibh teocht ard orm, d’éirigh mé inniu. Tá an scornach nimhneach beagnach ‘*verschwunden*’.*

Inné, mar a fuair tú amach cheana féin b’fhéidir, bhí breithlá ár Führer ann – caoga a cúig. Tá breithlá a Mógachta Ríoga Banphrionsa York ann inniu agus í ocht mbliana déag d’aois. Thuairisc an BBC nach raibh sé fós fógraithe go raibh an aois aici, cé go mbíonn de ghnáth le páistí an rí. Táimid ag déanamh ár machnaimh cén prionsa a roghnófar chun an duine galánta seo a phósadh, ach ní thig linn smaoineamh ar dhuine fóirsteanach; b’fhéidir go mbeadh a deirfiúr, Banphrionsa Margaret Rose ábalta Prionsa Corónach Baudouin na Beilge a fháil.

Anseo táimid ag dul ó thubaiste amháin go tubaiste eile. Ní luaithe a daingníodh na doirse ar an taobh amuigh go dtagann van Maaren chun solais arís. Tá gach seans ann gurb eisean a ghoid an plúr práta, agus go bhfuil sé anois ag déanamh iarrachta an locht a chur ar Bep. Ní iontas ar bith é go bhfuil an tUrtheach arís eile ina racán. Tá Bep ar buile ar fad. Is féidir go bhféachfaidh an tUasal Kugler chuige faoi dheireadh go leanfar an duine seo a bhfuil drochleagan air.

Bhí an luachálaí as Beethovenstraat anseo ar maidin. Thairg sé 400 guldán dúinn dár gcófra; dar linn, tá na meastacháin eile ró-íseal fosta.

Is mian liom iarraidh ar mhuintir an irisleabhair *The Prince* an nglacfaidh siad le ceann de mo scéalta sí, faoi ainm cleite, ar ndóigh. Ach go dtí seo tá mo scéalta sí rófhada, mar sin de ní shílím go bhfuil mórán seans agam.

Go dtí an chéad uair eile, a stór.

Do chara dílis, Anne M. Frank

* Imithe as radharc

A Kitty dhil,

Le deich lá anuas níl Dussel ag labhairt leis an Uasal van Daan, agus tá sé sin amhlaidh mar gheall ar na socrúithe nua slándála ó bhí an briseadh isteach ann. Fágann ceann acu nach bhfuil cead aige dul síos staighre tráthnóna. Déanann Peter agus an tUasal van Daan an turas deireanach thart an teach gach oíche ar leath i ndiaidh a naoi, agus ina dhiaidh sin níl cead ag duine ar bith dul síos staighre. Níl cead againn an leithreas a shruthlú níos mó i ndiaidh a hocht tráthnóna nó i ndiaidh a hocht ar maidin. Níl cead na fuinneoga a oscailt ach amháin ar maidin nuair a lastar na soilse in oifig an Uasail Kugler, agus níl cead iad a bhrú ar oscailt níos mó le maide san oíche. Is é an riail dheireanach seo an fáth a bhfuil an tUasal Dussel stuacánach. Maíonn sé gur thug an tUasal van Daan íde béil dó, ach bíodh sé ag éileamh air féin. Deir sé gurbh fherr leis bheith beo gan bhia ná bheith beo gan aer, agus gurb é an rud atá ann go gcaithfidh siad teacht ar réiteach leis na fuinneoga a choinneáil oscailte.

‘Beidh orm labhairt leis an Uasal Kugler faoi seo,’ arsa sé liomsa. D’fhreagair mé nár phléigh muid riamh cúrsaí den chineál seo leis an Uasal Kugler, ach taobh istigh den ghrúpa amháin.

‘Tarlaíonn gach rud i gcónaí ar chúl mo dhroma. Beidh orm labhairt leis an Uasal Kugler faoi sin.’

Níl cead aige suí in oifig an Uasail Kugler níos mó tráthnóna Dé Sathairn ná tráthnóna Dé Domhnaigh, de bhrí go mb’fhéidir go gcluinfadh bainisteoir Keg é dá mba rud é go mbeadh sé béal dorais. Chuaigh Dussel ar an toirt gur shuigh sé ansin ar aon nós. Bhí an tUasal van Daan ar buile, agus chuaigh Athair síos staighre a labhairt le Dussel, a tháinig aníos le leithscéal bocht éigin, ach níor buaileadh bob ar Athair fiú an iarraidh seo. Anois is beag déileáil a bhíonn ag Athair le Dussel de bhrí gur mhaslaigh Dussel é. Níl a fhios ag duine ar bith againn cad

é a dúirt sé, ach caithfidh sé go raibh sé measartha olc. Agus sílim go mbeidh breithlá an fhir anóitigh sin ann an tseachtain seo chugainn. Cad é mar a thig leat do bhreithlá a cheiliúradh nuair atá tú stuacach, cad é mar a thig leat bronntanais a ghlacadh ó dhaoine nach labharfaidh tú leo fiú?

Tá an tUasal Voskuijl ag éileamh go gasta. Tá teocht beagnach céad agus a ceathair air le breis agus deich lá. Dúirt an dochtúir go bhfuil a chás gan dóchas; síleann siad go bhfuil an ailse scaipthe chuig a scamhóga. An fear bocht, ba bhreá linn go mór cuidiú leis, ach is é Dia an t-aon duine amháin a thig cuidiú leis anois!

Scríobh mé scéal greannmhar dar teideal ‘Blurry an Taiscéalaí’, a chuaigh síos go maith le mo thriúr éisteoirí.

Tá slaghdán trom orm go fóill agus thóg Margot, Máthair agus Athair uaim é. Más rud é go dtagann sé ar Peter. Ní shásóidh rud ar bith ach póg é, agus thug a El Dorado orm. Ní thig leat sin a thabhairt ar dhuine, a amadáin! Ach tá sé milis cibé ar bith!

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN DÉARDAOIN, 27 AIBREÁN 1944

A Kitty dhil,

Bhí drochspionn ar Bhean van D. ar maidin. Ní dhearna sí rud ar bith ach gearán, ar dtús faoina slaghdán, gan í ábalta braonta casachta a fháil agus é ina crá go raibh uirthi a srón a shéideadh an t-am ar fad. Ansin rinne sí gearán nach raibh an ghrian ag soilsíú, nár cuireadh tús leis an ionradh, nach raibh cead againn amharc amach ar na fuinneoga, srl., srl. Ní thiocfadh linn cúl a choinneáil ar an gháire, agus caithfidh sé nach raibh sé chomh holc sin de bhrí go ndearna sí féin amhlaidh roimh i bhfad.

An t-oideas againn do Kugel prátaí, mionathraithe de dheasca easpa oinniún:

Grátáil prátaí a bhfuil an craiceann bainte díobh go tanaí agus cuir giota beag plúir eisithe ag an rialtas agus salann leo. Cuir céir pharaifín nó stéirín ar mhúnlú nó ar mhias oigheanndíonach agus bácáil go ceann 2 uair go leith.

Cuir amach le súnna talún lofa i síoróip siúcra. (Níl oinniúin ar fáil. Ná ola don mhúnlú ná taos aráin.)

Faoi láthair tá mé ag léamh *Emperor Charles V*, a scríobh ollamh ag Ollscoil Göttingen; tá daichead bliain caite aige ag obair ar an leabhar seo. Ghlac sé cúig lá orm caoga leathanach a léamh. Ní thig liom níos mó ná sin a dhéanamh. Agus 598 leathanach sa leabhar tig leat oibriú amach go díreach cá fhad a ghlacfaidh sé orm. Agus níl an dara imleabhar fiú san áireamh anseo. Ach ... iontach suimiúil!

Na rudaí a chaithfidh girseach scoile a dhéanamh i rith an lae! Amharc ormsa, mar shampla. Ar dtús, d'aistrigh mé sliocht as an chath dheireanach a bhí ag Nelson ón Ollainnis go Béarla. Ansin léigh mé tuilleadh faoin Chogadh Thuaidh (1700-21) – a raibh Peter the Great, Séarlas XII, Augustus Stanislaus Leczinsky, Mazeppa, von Görz, Brandenburg, Iarthar Pomerania, Oirthear Pomerania agus an Danmhairg páirteach ann, agus na gnáthdhátaí. Ansin, chríochoigh mé suas sa Bhrasaíl, mar ar léigh mé faoi thobac Bahia, fhlúirse an chaife, faoin mhilliún go leith duine a chónaíonn in Rio de Janeiro, faoi Pernamhuco agus São Paula, agus an meall is mó ar deireadh Abhainn na hAmasóine. Ansin faoin chine ghorm, faoi na mulataigh, faoi na mestizo, faoin chine gheal, faoin ráta neamhlitearthachta – breis agus caoga faoin chéad – agus faoin mhaláire. Ó tharla go raibh cuid ama fágtha agam, thug mé sracfhéachaint ar an chrann ginealaigh: John the Old,

William Louis, Ernests Casimir I, Henry Casimir I, go díreach a fhad le Margriet Franciska (a saolaíodh i 1943 in Ottawa).

A dó dheag a chlog: chuir mé tús le mo staidéar arís san áiléar, ag léamh faoi na déin, na sagairt, na ministrí, na pápaí agus ... leoga, bhí sé a haon a chlog!

Ar a dó a chlog bhí an páiste bocht (casacht bheag) ar ais ar obair. Tháinig moncaithe an tSeansaoil agus an tSaoil Úir ina dhiaidh sin. A Kitty, inis dom go gasta, cá mhéad ladhar atá ag dobhareach?

Tháinig an Bíobla ina dhiaidh sin, An Áirc, Shem, Ham agus Japeth. Ina dhiaidh sin, Séarlas V. Ansin le Peter, leabhar Thacheray faoin choirnéal sa Bhéarla. Scrúdú Fraincise, agus ansin comparáid a dhéanamh idir an Mississippi agus an Missouri

Is leor sin don lá inniu. Adieu!

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN AOINE, 28 AIBREÁN 1944

A Kitty dhil,

Ní dhearna mé dearmad riamh ar an bhrionglóid a bhí agam ar Peter Schiff (féach tús mhí Eanáir). Fiú anois chím go fóill a leiceann in éadan mo chinn féin, agus an luisne iontach sin arbh í an chuid eile de. Anois agus arís bhí an mothú céanna agam leis an Peter seo, ach ní raibh sé riamh chomh tréan sin ... go dtí aréir. Bhí muid inár suí ar an dhibheán, mar is gnách, i lámha a chéile. Go tobann, shleamhnaigh an ghnáth-Anne ar shiúl agus tháinig an dara Anne ina háit. An dara Anne, nach mbíonn rómhuiníneach ná greannmhar in am ar bith, nach bhfuil ach grá uaithi agus í ag iarraidh bheith lách.

Shuigh mé brúite ina éadan agus mhothaigh tocht mór ag teacht orm. Tháinig deora chuig mo shúile de rúchladh; thit na cinn ón tsúil chlé ar a cheirteach oibre, agus na cinn ón tsúil dheas anuas le mo shrón agus isteach san aer gur thuirling in

aice leis an chéad cheann. Ar thug sé faoi deara? Níor bhog sé ar chor ar bith le léiriú gur thug. Ar mhothaigh sé ar an dóigh chéanna liomsa? Is ar éigean a dúirt sé focal. Ar thug sé faoi deara go raibh beirt Anne taobh leis? Níor freagraíodh mo cheisteanna.

Ar leath i ndiaidh a hocht sheas mé agus chuaigh mé anonn chuig an fhuinneog, mar a bhfágaimid slán ag a chéile i gcónaí. Bhí mé fós ar crith, Anne uimhir a dó a bhí ionam fós. Tháinig sé anall chugam, agus chaith mé mo lámha thart ar a mhúineál gur phóg mé ar an leiceann clé é. Bhí mé ar tí an leiceann eile a phógadh nuair a chas mo bhéal ar a cheannsa, agus bhrúigh muid ár mbéal le chéile. I dtámhnéal, rug muid barróg ar a chéile, arís agus arís eile, gan deireadh leis, ó!

*

Tá grámhaireacht de dhíth ar Peter. Tá girseach aimsithe aige den chéad uair ina shaol; den chéad uair tuigeann sé go bhfuil taobh istigh agus croí ag na daoine ar crá croí iad fiú, agus go dtagann athrú orthu a luaithe a bhíonn siad ina n-aonar leat. Den chéad uair ina shaol tá a chairdeas agus an duine ann féin tugtha do dhuine eile. Ní raibh cara aige riamh roimhe, gasúr ná girseach. Anois, d'aimsigh muid a chéile. I dtaca leis sin de, ní raibh aithne agam air ach oiread, ní raibh riamh duine agam a dtiocfadh liom mo mhúinín a chur ann agus is é seo an toradh atá air ...

Coinníonn an cheist chéanna ag baint asam: ‘An bhfuil sé ceart?’ An bhfuil sé ceart dom géilleadh chomh luath sin, chomh paiseanta sin, agus líonta leis an oiread céanna paisin agus dúile agus atá ag Peter? An dtig liom, mar ghirseach, ligint dom féin dul chomh fada sin?

Níl ach freagra amháin ann: ‘Tá mé ag dúil leis an oiread sin ... agus tá le tamall iontach fada. Tá mé chomh huaigneach sin agus anois tá sólás faighte agam!’

Ar maidin téimid thart mar is gnách, mar an gcéanna san iarnóin fosta, seachas anois agus arís. Ach tráthnóna tagann

an dúil a bhí curtha faoi chois an lá ar fad agus an gliondar ó na huaireanta uile roimhe sin de rúchladh chuig an bharr, agus is ar a chéile amháin a bhímid ag smaoineamh. Gach oíche, i ndiaidh na póige deireanaí eadrainn, bíonn fonn orm teitheadh liom gan amharc isteach sna súile air arís. Ar shiúl, i bhfad ar shiúl, sa dorchadas agus ar an uaigneas!

Agus cad é atá ag fanacht liom ag bun na gceithre chéim déag sin? Soilse geala, ceisteanna agus gáire. Caithfidh mé na gnáthrudáí a dhéanamh agus bheith ag dúil nach dtabharfaidh siad rud ar bith faoi deara.

Tá mo chroí fós róleochaileach le go mbeadh sé ábalta teacht ar ais chuige féin go gasta i ndiaidh na geite a baineadh as aréir. Is beag uair a nochtann an Anne lách í féin, agus níl sí ag dul a ligint di féin bheith brúite amach go gairid i ndiaidh di teacht isteach. Tá áit bainte amach ag Peter ionam nár bhain duine ar bith amach roimhe, ach amháin i mo bhrionglóid! Tá greim faighte aige orm agus tá mé iompaithe bealach ar ais aige. Nach mbíonn am gairid ciúin de dhíth ar gach duine chun teacht ar ais chucu féin arís? Ó, a Peter, cad é atá déanta agat dom? Cad é ba mhaith leat uaim?

Cá háit a rachaidh sé seo? Ó, anois tuigim Bep. Anois, anois go bhfuil mé féin ag dul fríd, tuigim an t-amhras atá uirthi; dá mbeinn ní ba shine agus dá mbeadh sé ag iarraidh mé a phósadh, cad é an freagra a bheadh agam? A Anne, bí ionraic! Ní bheifeá ábalta é a phósadh. Ach tá sé chomh deacair sin scaoileadh leis. Tá laige carachtair ag Peter fós, laige tola, easpa minsigh agus rólag. Is páiste fós é, ó thaobh na mothúchán de níl sé níos sine ná mé féin, níl de dhíth air ach áthas agus suaimhneas intinne. Níl mé i ndáiríre ach ceithre bliana déag. Níl ionam i ndáiríre ach óinseach de ghirseach scoile. An bhfuil mé chomh neamhchleachtach sin ar gach rud? Tá níos mó taithí agam ná mar atá ag an chuid is mó; tá taithí agam ar rud nach bhfuil ag beagnach duine ar bith ag m'aois.

Tá eagla orm romham féin, eagla orm go bhfuil an dúil atá ionam ag cur brú orm géilleadh róluath. Cad é mar a thig leis bheith mar is ceart le gasúir eile amach anseo? Ó, tá sé chomh deacair sin, an streachailt ar an taobh istigh idir an croí agus an aigne. Tá am agus áit ann don bheirt acu, ach anois an dtig liom bheith cinnte de gur roghnaigh mé an t-am ceart?

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN MHÁIRT, 2 BEALTAINE 1944

A Kitty dhil,

Oíche Shathairn chuir mé ceist ar Peter an síleann sé gur chóir dom insint d’Athair fúinn. I ndiaidh dúinn é a phlé, dúirt sé gur shíl sé gur chóir dom. Bhí áthas orm; léiríonn sé go bhfuil sé siosmaideach agus mothálach. A luaithe a tháinig mé anuas an staighre, chuaigh mé le hAthair a fháil uisce. Bhí muid ar an staighre, arsa mise, ‘a Athair, tá mé ag déanamh go bhfuil sé oibrithe amach agat nach mbím féin ná Peter inár suí go díreach ag taobhanna éagsúla an tseomra nuair a bhímid le chéile. An síleann tú go bhfuil sé sin mícheart?’

Stad Athair sular thug sé freagra: ‘Ní shílím, níl shílím go bhfuil sé mícheart. Ach a Anne, nuair atá sibh i bhur gcónaí chomh cóngarach sin dá chéile, mar atáimid anseo, caithfidh tú bheith cúramach.’ Dúirt sé focail eile ar an dóigh chéanna, agus ansin chuaigh suas staighre.

Maidin Domhnaigh d’iarr sé orm dul chuige agus dúirt, ‘a Anne, bhí mé ag machnamh ar an rud a dúirt tú.’ (Ó, ó, bhí a fhios agam cad é a bhí le teacht!) ‘Ní smaoiniamh rómhaith é istigh san Urtheach. Shíl mé nach raibh ionaibh ach cairde. An bhfuil Peter i ngrá leat?’

‘Níl sé, ná baol air,’ a d’fhreagair mé.

‘Bhuel, tá a fhios agat go dtuigim don bheirt agaibh. Ach caithfidh tú bheith ar an duine a chuireann srian air; ná téigh suas staighre chomh minic sin, ná gríosaiigh é níos mó ná ba

chóir duit. I gcúrsaí mar seo, is é an fear i gcónaí a mbíonn an ról gníomhach aige, agus tá sé ag brath ar an bhean an teorainn a leagan síos. Taobh amuigh, nuair a bheas tú saor, beidh rudaí i bhfad níos difriúla. Chífidh tú gasúir agus girseacha eile, tig leat dul amach, páirt a ghlacadh i spórt agus i rudaí eile den uile shórt. Ach istigh anseo, má bhíonn sibh le chéile barraíocht agus ag iarraidh imeacht, ní thig libh. Chí sibh a chéile ó mhaidin go hoíche – an t-am ar fad, leis an fhírinne a dhéanamh. Bí cúramach, a Anne, agus ná glac leis chomh dáiríre sin!’

‘Ní ghlacaim, a Athair, ach is gasúr deas é Peter, gasúr deas!’

‘Is ea, ach níl aon neart ann, is furasta é a ghríosú le dea-rudaí a dhéanamh ach le drochrudaí a dhéanamh fosta. Tá súil as agam ar mhaithe leis féin go bhfanann sé go maith, de bhrí gur duine maith é go bunúsach.’

Rinne muid níos mó comhrá agus d’aontaigh go labhródh Athair leis fosta.

Tráthnóna Domhnaigh agus muid san áiléar tosaigh, d’fhiafraigh Peter díom, ‘Ar labhair tú le d’Athair go fóill, a Anne?’

‘Labhair,’ a d’fhreagair mé, ‘Inseoidh mé duit faoi. Ní shíleann sé go bhfuil sé mícheart, ach deir sé agus muid anseo, áit a bhfuilimid chomh cóngarach sin dá chéile, go dtiocfadh le coimhlintí bheith ann de thoradh air.’

‘D’aontaigh muid cheana féin nach mbeadh argóint ann, agus tá rún agam an gealltanais a choinneáil.’

‘Tá agam fosta, a Peter. Ach níor mheas Athair go raibh muid i ndáiríre, mheas sé nach raibh ionainn ach cairde. An síleann tú go dtig linn bheith mar chairde fós?’

‘Sílim, cad fútsa?’

‘Sílim féin fosta. Dúirt mé le hAthair fosta go bhfuil muinín agam asat. Tá muinín agam asat, an oiread céanna agus atá agam as Athair. Agus sílim go bhfuil mo mhúinín tuillte agat. Tá, nach bhfuil?’

‘Tá súil as agam go bhfuil.’ (Bhí sé iontach cúthail agus dath dearg ar a aghaidh.)

Lean mé orm, ‘creidim ionat, a Peter,’ a dúirt mé fosta. ‘Creidim go bhfuil nádúr deas agat agus go n-éireoidh leat ar an saol seo.’

Ina dhiaidh sin labhair muid ar rudaí eile. ‘Níos moille,’ arsa mé, ‘má éiríonn linn choíche imeacht ón áit seo, ní smaoiníodh tú níos mó orm.’

D’éirigh sé iontach tógtha. ‘Níl sé sin fíor, a Anne. Ó, níl, ní ligfidh mé duit fiú bheith ag smaoiníocht orm ar an dóigh sin!’

Go díreach ansin ghlaigh duine éigin orainn.

Labhair Athair leis, d’inis sé dom ar an Luan. ‘Shíl d’Athair go raibh seans ann go dtiocfadh grá as ár gcairdeas,’ arsa sé. ‘Ach d’inis mé dó go gcuirfimis smacht orainn féin.’

Tá Athair ag iarraidh orm gan dul suas staighre chomh minic sin, ach níl mé á iarraidh sin. Ní hé amháin de bhrí gur maith liom bheith le Peter, ach de bhrí gur dhúirt mé go bhfuil muinín agam as. Tá muinín agam as, agus tá mé ag iarraidh é sin a chruthú dó, ach ní bheidh mé ábalta choíche más rud é go bhfanaim thíos staighre ar eagla na mímhúiné.

Ní fhanfaidh, tá mé ag dul!

Idir an dá linn, réitíodh dráma Dussel. Tráthnóna Sathairn ag an dinnéar ghabh sé a leithscéal i dteanga álainn na hOllainnise. Réitíodh an tUasal van Daan ar an toirt. Caithfidh sé gur chaith Dussel an lá ar fad ag cleachtadh a óráide.

An Domhnach, a bhreithlá, chuaigh sé thart gan eachtra ar bith. Thug muid buidéal fíona mhaith dó ó 1919, bhronn muintir van Daan (atá ábalta a mbronntanas a thabhairt dó i ndeireadh na dála) pota picililí agus paicéad rásúr air, agus thug an tUasal Kugler buidéal síoróip líomóide dó (chun

líomanáid a dhéanamh), thug Miep leabhar, *Little Martin* dó agus thug Bep planda dó. Cheannaigh sé ubh do gach duine.

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN CHÉADAOIN, 3 BEALTAINNE 1944

A Kitty dhil,

Ar dtús, scéal na seachtaine! Táimid ag fáil sosa ón pholaitíocht. Níl rud ar bith ag tarlú, agus tá mé ag insint duit, rud ar bith arbh fhiú labhairt air. Tá mé ag tosú a chreidbheáil go dtiocfaidh an t-ionradh. I ndeireadh na dála, ní thig leo ligint do na Rúisigh an obair mhaslach uile a dhéanamh; le fírinne, níl na Rúisigh ag déanamh rud ar bith faoi láthair ach oiread.

Tagann an tUasal Kleiman chun na hoifige gach maidin anois. Fuair sé seit nua spriongaí do dhibheán Peter, mar sin de beidh ar Peter dul i mbun oibre á athchumhdach. Ní nach ionadh, níl fonn air ar chor ar bith. Cheannaigh an tUasal Kleiman púdar dreancaide do na cait.

Ar inis mé duit go bhfuil Boche s'againn imithe as radharc? Ní fhaca muid tásca ná tuairisc uirthi ó bhí an Déardaoin seo caite ann. Is dócha go bhfuil sí i bhflaitheas na gcat cheana féin, agus go ndearna duine éigin a bhfuil dúil aige sna hainmhithe sóláistí blasta di. Is féidir go mbeidh girseach éigin a bhfuil sé ar a hacmhainn aici caipín déanta as fionnadh Boche a chaitheamh. Tá Peter croíbhriste.

Le dhá sheachtain anuas táimid ag ithe lóin ar leath i ndiaidh a haon déag Dé Sathairn; ar maidin caithfidh bheith sásta le babhla bracháin. Ó amárach ar aghaidh beidh sé mar seo gach lá; sábhálann sé sin béile orainn. Is doiligh teacht ar ghlasraí fós. Tráthnóna inniu bhí leitís lofa bhruite againn. Gnáthleitís, spionáiste, agus leitís bhruite, sin a bhfuil ann. Cuir prátaí lofa leis sin agus beidh béile agat a bheadh fóirsteanach do rí!

Ní raibh an fhuil mhíosta agam le breis agus dhá mhí, ach thosaigh sí faoi dheireadh an Domhnach seo caite. In ainneoin an tsalachair agus an stró, tá áthas orm nár thréig sí mé.

Mar a thig leat a shamhailt gan dabht, is minic a deir muid agus éadóchas againn, ‘Cén chiall atá leis an chogadh? Cad chuige, ó, cad chuige nach dtig le daoine cónaí le chéile go síochánta? Cad é an scrios uile seo?’

Tá an cheist intuigthe, ach go dtí seo níor tháinig duine ar bith aníos le freagra sásúil. Cad chuige a bhfuil Sasana ag déanamh eitleán agus buamaí níos mó agus níos fearr agus ag an am chéanna ag cur cuid mhaith tithe nua le haghaidh athchóirithe ar fáil? Cad chuige a gcaitear na milliúin ar an chogadh gach lá, agus ag an am chéanna níl pingin ar fáil don leigheas, do na healaíona ná do na bochtain? Cad chuige a gcaithfidh daoine bheith ocrach agus na sléibhte bia ag lobhadh leo in áiteanna eile ar domhan? Cad chuige a bhfuil daoine chomh héigiálta sin?

Ní chreidim gurb iad na polaiteoirí agus na caipitlithe amháin atá ciontach mar gheall ar an chogadh. Ó níl, tá an gnáthdhuine lán chomh ciontach; nó d’éireodh ciníocha agus náisiúin amach fadó! Tá fonn ar dhaoine rudaí a scriosadh, fonn orthu bheith feargach, fonn dúnmharaithe agus maraithe orthu. Agus go dtí go dtagann claochlú ar an chine daonna uile, gan eisceacht, cuirfear cogaí ar dhaoine, agus scriosfar a dtógadh, a bhfásadh agus a saothraíodh go cúramach, gan an dara rogha ach tosú arís ón úr!

Is minic a bhím in ísle brí, ach chan éadóchasach. Amharcaim ar ár saol faoi cheilt mar a bheadh eachtra shuimiúil ann, í lán contúirte agus rómánsaíochta, agus ar gach anás mar a bheadh rud greannmhar breise ann do mo dhialann. Tá m’intinn déanta suas agam saol difriúil ó ghirseacha eile a leanúint, agus gan bheith i mo ghnáthbhean tí amach anseo.

Is tús maith í an taithí atá á fáil agam anseo ar shaol suimiúil, agus is é sin an fáth – an t-aon fáth amháin – a gcaithfidh mé gáire a dhéanamh ar an taobh ghreannmhar de na bomaití is contúirtí.

Tá mé óg agus tá cuid mhaith buanna faoi cheilt agam; tá mé óg agus láidir agus beo in eachtra mhór; tá mé ina croílár agus ní thig liom an lá ar fad a chaitheamh ag gearán de bhrí go bhfuil sé dodhéanta sult a bhaint as! Is iomaí rud a bhronn Dia orm: áthas, tréith ghealgháireach agus neart. Gach lá mothaím go bhfuil mé ag dul in aibíocht, mothaím an tsaoirse sa chónagar, mothaím áilleacht an nádúir agus maitheas na ndaoine thart orm. Gach lá sílim nach tarraingteach agus greannmhar an eachtra í! Leis sin uile, cad chuige a mbeinn éadóchasach?

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN AOINE, 5 BEALTAINE 1944

A Kitty dhil,

Tá Athair míshásta liom. I ndiaidh ár gcomhrá ar an Domhnach shíl sé go gcuirfinn stop le dul suas staighre gach tráthnóna. Ní bheadh sé gafa leis an ‘*Knutscherei*’* ag dul ar aghaidh. Ní thig liom cur suas leis an fhocal sin. Tá an chaint uile air olc go leor – cad chuige ar mhaith leis go mothóinn go holc fosta! Beidh focal agam leis inniu. Chuir Margot comhairle mhaith orm inniu. Is é seo a leanas a bheag nó a mhór an rud a ba mhaith liom a rá leis:

Sílim go bhfuil tú ag dúil le míniú uaim, a Athair, mar sin tabharfaidh mé ceann duit. Tá tú meallta liom, bhí tú ag dúil le níos mó féinsmachta uaim, is cinnte go bhfuil tú

*ag muirniú a chéile

ag iarraidh orm mé féin a iompar ar an dóigh ar chóir do ghirseach ceithre bliana déag í féin a iompar. Ach is é sin an áit a bhfuil dul amú ort!

Ó bhí muid anseo, ó mhí Iúil 1942 go dtí roinnt seachtainí ó shin, ní raibh saol furasta agam. Dá mba rud é go mbeadh a fhios agat a mhéad a bhínn ag caoineadh san oíche, cé chomh míshásta agus chomh héadóchasach agus a bhí mé, chomh huaigneach agus a bhí mé, thuigfeá go mbeinn ag iarraidh dul suas staighre! Tá mé san áit anois nach bhfuil tacaíocht Mháthar nó duine ar bith eile de dhíth orm. Níor tharla sé thar oíche. Rinne mé streachailt mhór fhada agus is iomaí deoir a shil mé le bheith chomh neamhspleách agus atá mé anois. Tig leat gáire a dhéanamh nó diúltiú mé a chreidbheáil, is cuma liom. Tá a fhios agam gur duine neamhspleách mé, agus ní shílím gur gá dom na rudaí a dhéanaim a mhíniú duit. Is é an t-aon fáth amháin a bhfuil mé á insint seo duit de bhrí nár mhaith liom é a dhéanamh ar chúl do chinn. Níl ach duine amháin ann a gcaithfidh mé míniú a thabhairt dó agus is mise an duine sin.

Nuair a bhí fadhbanna agam, thug gach duine – tusa san áireamh – an chluas bhodhar dom agus níor chuidigh siad liom. A mhalairt a bhí ann, níor tugadh ach rabhadh dom gan a bheith callánach. Bhí mé callánach go díreach ionas nach mbeinn cráite an t-am ar fad. Bhí mé rómhuiníneach ionas nach mbeadh orm éisteacht leis an ghuth taobh istigh ionam. Tá mé ag cur i gcéill le bliain go leith anuas, lá i ndiaidh lae. Ní dhearna mé gearán ná níor éirigh mé as an chur i gcéill, ní dhearna mé rud ar bith mar sin, agus anois ... anois tá an cath thart. Bhí an bua agam! Tá mé neamhspleách, idir anam agus chorp. Níl máthair de dhíth orm níos mó, agus is láidre mé mar dhuine ó tháinig mé amach as an streachailt.

Anois go bhfuil sé uile thart, anois agus a fhios agam go bhfuil bua an chatha agam, tá mé ag iarraidh dul mo bhealach

féin, an chonair is dual dom a leanúint. Ná hamharc orm mar a bheadh girseach ceithre bliana déag ann, de bhrí go bhfuil mé níos sine de dheasca na dtrioblóidí uile ann seo; ní bheidh aiféala orm mar gheall ar an bheart a rinne mé, impróidh mé mé féin ar an dóigh a measaim gur chóir dom!

Ní chuirfidh áiteamh séimh cosc orm dul suas staighre.

Beidh ort crosadh orm é a dhéanamh, nó muinín a bheith agat asam fríd achan rud, mín agus garbh. Pé rud a dhéanann tú, lig dom!

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN SATHARN, 6 BEALTAINE 1944

A Kitty dhil,

Aréir roimh an dinnéar, chuir mé an litir a scríobh mé i bpóca Athar. De réir Margot, léigh sé í, rud a chuir isteach air an chuid eile den tráthnóna. (Bhí mé thuas staighre ag déanamh obair tí!) Pim bocht, ba chóir go mbeadh a fhios agam an dóigh a rachadh a leithéid d'eipistil i bhfeidhm air. Tá sé chomh goilliúnach sin! Dúirt mé le Peter ar an toirt gan ceist ar bith a chur agus gan tuilleadh a rá. Níor dhúirt Pim a dhath ar bith eile liom ar an ábhar. An ndéarfaidh sé?

Tá deireadh anseo a bheag nó a mhór mar a bhíonn de ghnáth. Is ar éigean a thig linn a chreidbheáil a n-insíonn Jan, an tUasal Kugler agus an tUasal Kleiman dúinn faoi na praghsanna agus faoi na daoine ar an taobh amuigh; tá 350.00 guldán ar leathphunt tae, tá 80.00 guldán ar leathphunt caife, tá 35.00 guldán ar phunt ime, tá 1.45 guldán ar ubh amháin. Tá daoine ag íoc 14.00 an unsa ar thobac na Bulgáire! Tá gach duine ag trádáil ar an mhargadh dhubh; bíonn rud éigin le tairiscint ag gach teachtaire. Sholáthair seachadóir an bháicéara olann chléithe dúinn – nócha cent ar scáinne bheag amháin – tig leis an fhear bainne greim a fháil ar leabhair chiondála, tugann adhlacóir cáiseanna dúinn. Tarlaíonn briseadh isteach,

dúnmharuithé agus gadaíocht ar bhonn laethúil. Tá baint ag na póilíní agus na fir faire san oíche fiú leis na heachtraí seo. Tá gach duine ag iarraidh bia a chur ina mbolg, agus ó tharla go bhfuil na tuarastail reoite, níl an dara suí sa bhuaile ag daoine ach caimiléireacht a dhéanamh. Tá lán na lámh ag na póilíní ag iarraidh teacht ar na girseacha cúig bliana déag, sé bliana déag agus seacht mbliana déag d'aois a bhíonn ar iarraidh gach lá.

Tá mé ag iarraidh críoch a chur le mo scéal faoi Ellen, an tsíóg. Ar mhaithe leis an ghreann, tig liom é a thabhairt d'Athair ar a bhreithlá, mar aon leis an chóipeart.

Chífidh mé ar ball thú! (Le fírinne, ní hé sin an frása ceart. Sa chlár Ghearmánach a craoladh ó Shasana cuireann siad deireadh i gcónaí leis na focail '*Auf wiederhören*'.* Mar sin de, is dócha gur chóir dom a rá 'Go scríobha muid arís.')

Do chara dílis, Anne M. Frank

MAIDIN DOMHNAIGH, 7 BEALTAINE 1944

A Kitty dhil,

Labhair Athair agus mé féin le chéile ar feadh tamaill fhada tráthnóna inné. Chaoin mé uisce mo chinn, agus chaoin seisean fosta. An bhfuil a fhios agat cad é a dúirt sé liom, a Kitty?

'Is iomaí litir a fuair mé le mo linn, agus níor ghoill ceann ar bith acu orm chomh mór leis an cheann seo. Tusa, a bhfuil an oiread sin grá agat do do thuismitheoirí. Tusa, a mbíonn do thuismitheoirí i gcónaí réidh le cuidiú leat, a ndéanann cosaint ort, is cuma cad é atá ann. Deir tú nach gá duit na rudaí a dhéanann tú a mhíniú dúinn! Síleann tú go ndearnadh éagóir ort agus gur fágadh ar do chonlán féin thú. Níl sé sin fíor, a Anne, rinne tú éagóir mhór orainn!'

* Go raibh muid ag labhairt le chéile arís.

‘Is féidir nach d’aon turas a rinné tú é, ach is é sin an rud a scríobh tú. Níl sé sin fíor, a Anne, ní dhearna *muidne* rud ar bith chun a leithéid de cháineadh a fháil!’

Ó, theip glan orm. Is é seo an rud is measa dá ndearna mé riamh i mo shaol. Bhain mé úsáid as mo dheora chun breathnú a éileamh, chun cuma thábhachtach a chur orm féin ionas go mbeadh meas aige orm. Is cinnte go bhfuil mo sháith míshonais orm, agus go bhfuil gach rud a dúirt mé faoi Mháthair fíor. Ach chun an rud sin a chur i leith Pim, a bhí chomh maith sin dom agus a rinne gach rud dom – ní hea, níl léamh ná scríobh ar cé chomh cruálach agus a bhí sé sin.

Is maith an rud é gur chuir duine éigin múineadh orm sa deireadh, gur tháinig deireadh leis an uabhar a bhí orm, de bhrí go raibh mé i bhfad róleitheadach. Níl maitheas i ngach rud a dhéanann Máistreás Anne! An duine a ghoilleann ar dhuine éigin d’aon turas agus é ag maíomh ag an am chéanna go bhfuil a chroí istigh ann, is é an duine is suaraí agus is uiríse é!

Is é an rud is mó a bhfuil náire orm faoi ná an dóigh ar mhaith Athair dom; dúirt sé go bhfuil sé ag dul a chaitheamh na litreach sa sorn, agus tá sé chomh deas sin liom anois, a rá is de go raibh an locht *airsean*. Bhuel, a Anne, tá cuid mhór le foghlaim agat fós. Tá sé thar am agat tús a chur leis, in áit a bheith ag amharc anuas ar dhaoine eile agus i gcónaí ag cur an lochta orthu!

Is iomaí uair a bhí brón orm, ach cé air nach raibh ag an aois atá mé? Bhí mé ag cur i gcéill, ach is ar éigean a bhí a fhios agam é. Mhothaigh mé uaigneach, ach chan éadóchasach riamh! Murab ionann agus Athair a rith amach ar an tsráid tráth agus scian ina lámh aige sa dóigh is go dtiocfadh leis deireadh a chur leis uile. Ní dheachaigh mé chomh fada sin riamh.

Ba chóir go raibh náire an domhain orm, agus tá. An dochar atá déanta, ní thig a chur ar neamhní, ach ar a laghad tig leat

déanamh cinnte de nach dtarlóidh sé arís. Ba mhaith liom tosú arís ón úr, agus níor chóir go mbeadh sé sin deacair, anois agus Peter agam. Agus é ag tacú liom, tá *a fhios* agam go dtig liom é a dhéanamh! Níl mé liom féin níos mó. Tá grá aige dom, tá grá agam dó, tá mo chuid leabhar, mo chuid scríbhneoireachta agus mo dhialann agam. Níl mé chomh gránna sin, ná chomh bómánta sin, is duine gealgháireach mé, agus ba mhaith liom go dtiocfadh forbairt ar mo mheon agus go mbeinn i mo dhuine maith!

Is ea, a Anne, is maith a bhí a fhios agat go raibh do litir míchineálta agus bréagach, ach is é rud go raibh bród ort aisti! Leanfaidh mé lorg Athar arís eile, agus *tiocfaidh* feabhas orm.

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN LUAN, 8 BEALTAINE 1944

A Kitty dhil,

Ar inis mé duit riamh rud ar bith faoinár dteaghlach? Ní dóigh liom gur inis, mar sin de lig dom tosú. Saolaíodh Athair in Frankfurt am Main do thuismitheoirí a raibh maoin an tsaoil acu: bhí banc ag Michael Frank agus bhí sé ina mhilliúnaí sa deireadh, agus bhí cáil ar thuismitheoirí Alice Stern agus iad ina suí go te. Ní raibh maoin an tsaoil ag Micheal Frank ag an tús; fear a tháinig i dtreis gan chabhair ó aon duine a bhí ann. Ina óige chaith Athair a shaol mar mhac an fhir shaibhir. Cóisírí gach seachtain, damhsaí, fleánna, girseacha dóighiúla, vólsáil, dinnéir, teach ollmhór srl. I ndiaidh do Dhaideo bás a fháil, cailleadh bunús an airgid agus i ndiaidh an Chogaidh Mhóir agus an bhoilscithe ní raibh a dhath fágtha. Go dtí gur tháinig an cogadh bhí roinnt mhaith gaolta saibhre ann. Mar sin de bhí tógáil iontach maith ag Athair, agus b'éigean dó gáire a dhéanamh inné de bhrí gur scríob sé amach an friochtán ag an tábla den chéad uair le caoga bliain anuas.

Ní raibh teaghlach Mháthar chomh saibhir céanna, ach fós féin bhí go leor acu, agus d'éist muid béaloscailte le scéalta faoi dhamhsaí príobháideacha, dhinnéir agus chóisirí cleamhnais a raibh 250 aoí ann.

Nílimid saibhir anois, ná baol air, ach chuir mé mo mhuintir uile sa tréimhse i ndiaidh an chogaidh. Geallaimse duit, níl mé chomh dírithe sin ar shaol meánaicmeach agus atá Máthair agus Margot. Ba mhaith liom bliain a chaitheamh i bPáras agus i Londain ag foghlaim teangacha agus ag déanamh staidéir ar stair na healaíne. Cuir sé sin i gcomparáid le Margot, atá ag iarraidh aire a thabhairt do leanaí nuabheirthe sa Phalaistín. Bíonn físeanna agam fós ar ghúnaí galánta agus ar dhaoine tarraingteacha. Mar is iomaí uair a d'inis mé duit roimhe, ba mhaith liom an domhan uile a fheiceáil agus gach sórt rudaí spreagúla a dhéanamh, agus níor dhochar giota beag airgid a bheith agat!

Ar maidin d'inis Bep dúinn faoi chóisir chleamhnais a col ceathrair a ndeachaigh sí chuici ar an Satharn. Tá tuismitheoirí an chol ceathrair saibhir, agus is saibhre fós tuismitheoirí an fhir. Chuir Miep uisce lenár gcár ag insint dúinn faoin bhia a tugadh amach: anraith glasraí le liathróidí feola, cáis, rollóga feola, réamhchúrsaí a raibh uibheacha agus feoil rósta iontu, ciste, fíon agus toitíní, agus thioctadh leat oiread agus ba mhaith leat a ithe.

D'ól Miep deich schnapps agus chaith trí thoitín – agus an dtiocfadh leis tarlú gurb í seo an duine a mholann an mhearthacht dúinn? Dá mba rud é gur ól Miep iad siúd uile, ní fheadar cá mhéad a d'éirigh lena céile a chur siar? Bhí gach duine ag an chóisir giota beag meidhreach, ar ndóigh. Bhí beirt oifigeach ann fosta ón scuaid dúnmharaithe, a ghlac grianghraif den lánúin phósta. Tig leat a fheiceáil nach mbímid rófhada ó smaointe Miep, de bhrí gur bhreac sí síos a n-ainmneacha agus a seoltaí go gasta ar eagla go dtarlódh rud

ar bith agus go mbeadh orainn dul i dteagmháil le hOllannaigh mhaithe.

Bhí an oiread sin uisce lenár gcár. Lenár gcár nach raibh ach dhá spúnóg bracháin acu don bhricfeasta agus a bhí stiúgtha ocrach; lenár gcár nach bhfaigheann ach spionáiste leathdhéanta (ar mhaithe leis na vitimíní!) agus prátaí lofa lá i ndiaidh an lae; lenár gcár, nach líonann ár mbolg le rud ar bith eile seachas leitís bhruite, spionáiste, spionáiste agus tuilleadh spionáiste. Is féidir go mbeimid chomh láidir céanna le Popeye sa deireadh, cé nach bhfaca mé a leithéid ag tarlú go fóill!

Dá dtabharfadh Miep muid léi chuig an chóisir, ní bheadh rollóg ar bith fágtha do na haíonna eile. Dá mbeimis ann sciobfaimis a mbeadh le feiceáil, an troscán san áireamh. Tá mé ag insint duit, bhí muid chóir a bheith ag tarraingt na bhfocal go díreach as a béal. Bhí muid bailithe thart uirthi a rá is de nár chuala muid riamh trácht ar bhia blasta nó ar dhaoine grástúla! Agus is iad seo gariníonacha an mhilliúnaí chluitigh. Níl ciall ar bith leis an domhan!

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN MHÁIRT, 9 BEALTAINE 1944

A Khitt dhil,

Tá an scéal faoi Ellen an tsióg críochnaithe agam. Tá cóip déanta de ar pháipéar nóta deas agam, mhaisigh mé le dúch dhearg é agus d'fhuáil mé na leathanaigh le chéile. Tá cuma measartha deas ar an rud uile, ach níl a fhios agam an leor é mar bhronntanas breithlae. Scríobh Margot agus Máthair araon dánta.

Tháinig an tUasal Kugler aníos an staighre tráthnóna inniu agus an scéal aige gur mhaith le Bean Broks dhá uair an chloig a chaitheamh san oifig gach tráthnóna ag tosú ar an Luan. Samhlaigh sin! Ní bheidh foireann na hoifige ábalta teacht

aníos an staighre, ní thabharfar na prátaí dúinn, ní bhfaighidh Bep a dinnéar, ní thig linn an leithreas a úsáid, ní bheimid ábalta bogadh agus cuirfear gach sórt trioblóide orainn! Mhol muid cuid mhaith bealaí chun í a chur dinn. Shíl Bean van Daan go ndéanfadh scaoilteach ina cuid caife an beart. ‘Ní dhéanfadh,’ a d’fhreagair an tUasal Kleiman, ‘ná déan sin le do thoil nó ní thiocfaidh sí anuas choíche amach as teach an asail!’

Rinneadh scairteadh gáire. ‘Teach an asail?’ D’fhiafraigh Bean van D. ‘Cad é an chiall atá leis sin?’ Tugadh míniú. ‘An bhfuil sé ceart go leor na focail sin a úsáid?’ a d’fhiafraigh sí go hiontach soineanta.

‘Samhlaigh é go díreach,’ a dúirt Bep agus í ag déanamh scigireachta, ‘go bhfuil tú ag siopadóireacht ag an Bijenkorf agus iarrann tú eolas an bhealaigh chuig teach an asail. Ní bheadh a fhios agat fiú cad é air a raibh tú caint!’

Suíonn Dussel anois ar an leithreas ‘i dteach an asail’ chun leagan cainte a fháil ar iasacht, gach lá ar leath i ndiaidh a dó dhéag ar bhuille an bhomaite. Tráthnóna thóg mé píosa páipéir bhándeirg go móruchtúil gur scríobh mé:

Clár ama leithris an Uasail Dussel

Ar maidin ó 7.15 r.n. go 7.30 r.n.

Tráthnóna i ndiaidh 1.00 i.n.

Seachas sin, go díreach nuair a bhíonn sé de dhíth!

Dhaingnigh mé é seo le tacóidí ar dhoras glas an leithris agus é fós istigh. Thiocfadh liom an méid seo a chur leis fosta ‘Coinneofar i ngéibheann duine ar bith a sháraíonn é seo!’ De bhrí go dtig ár leithreas a chur faoi ghlas ón taobh istigh agus ón taobh amuigh.

An scéal grinn is déanaí de chuid an Uasail van Daan:

I ndiaidh ceacht ón Bhíobla ar Ádhamh agus Éabha, d’fhiafraigh gasúr trí bliana déag d’aois dá athair, ‘Inis dom, a Athair, cad é mar a tháinig mé ar an saol?’

‘Bhuel,’ a d’fhreagair an t-athair, ‘bhain an chorr bhán amach as an fharraige thú, leag síos ar leaba do mháthar thú agus bhain plaic as a cos, go crua. Bhí sí ag cur fola an oiread sin go raibh uirthi fanacht ina luí ar feadh seachtaine.’

Gan é iomlán sásta, chuaigh an gasúr chuig a mháthair. ‘Inis dom, a Mháthair,’ a d’fhiafraigh sé, ‘cad é mar a tháinig tú ar an saol agus cad é mar a tháinig mise ar an saol?’

D’inis a mháthair an scéal ceannann céanna dó. Sa deireadh, agus é ag dúil go gcluinfedh sé na mionsonraí beaga, chuaigh sé chuig a sheanathair. ‘Inis dom, a Sheanathair,’ arsa sé, ‘cad é mar a tháinig tú ar an saol agus cad é mar a tháinig d’iníon ar an saol?’ Agus don tríú huair insíodh an scéal ceannann céanna dó.

An oíche sin scríobh sé ina dhialann: ‘I ndiaidh dom fiosrúchán cúramach a dhéanamh, is é an t-adhmad a bhainim as seo nár tharla caidreamh collaíochta inár dteaghlach le trí ghlúin anuas!’

Caithfidh mé obair a dhéanamh fós; tá sé a trí a chlog cheana féin.

Do chara dílis, Anne M. Frank

IS. De bhrí go sílim gur luaigh mé an banghlantóir nua, níl mé ach ag iarraidh a rá go bhfuil sí pósta, go bhfuil sí trí scór bliain d’aois agus doiligh di rudaí a chloisteáil. Iontach fóirsteanach, mar gheall ar an challán uile a thig le hochtar i bhfolach a dhéanamh.

Ó, a Kit, a leithéid d’aimsir ghalánta. Dá mba rud é go dtiocfadh liom dul amach!

A Kitty dhil,

Bhí muid inár suí san áiléar tráthnóna inné ag obair ar ár gcuid Francise nuair as lár na soininne chuala mé lapadaíl an uisce taobh thiar díom. D'fhiafraigh mé de Peter cad é a bheadh ann ina bharúil. Gan sos a ghlacadh sular thug sé freagra - rith sé de rúchladh chuig an lochta – láthair na tubaiste – agus bhrúigh Mouschi, a bhí ina suí ar a gogaide ar chúl a bhosca easrach a bhí báite, siar chuig an áit cheart. Lean scairteadh agus beicíl é seo, agus ansin d'imigh Mouschi léi síos an staighre, agus a mún scaoilte aici. Agus í ar lorg rud éigin a bhí cosúil lena bosca, tháinig Mouschi ar charnán scamhadh adhmaid, go díreach thar scoilt san urlár. Shíl an linn anuas go díreach chuig an áiléar agus, ár ámharaí an tsaoil, tháinig sé go talamh sa bhairille prátaí agus in aice leis. Bhí braon anuas ann ón tsíleáil, agus ó tharlaíonn go bhfuil a sháith scoilteanna in urlár an áiléir fosta, bhí braonta beaga buí ag sileadh anuas tríd an tsíleáil agus ag teacht anuas ar an tábla bia, idir carnán stocaí agus leabhar.

Bhí mé sna trithí gáire, bhí an radharc chomh greannmhar sin. Ba é sin Mouschi cromtha faoi chathaoir, Peter i muinín uisce, púdar tuartha agus éadaigh mar arm, agus an tUasal van Daan ag iarraidh gach duine a shocrú. Ba ghairid go raibh an seomra curtha ina cheart, ach tá a fhios ag an saol mór go mbíonn boladh bréan amach is amach ó mhún an chait. Chruthaigh na prátaí sin go rómhaith, mar aon leis an scamhadh adhmaid, a bhailigh Athair le chéile i mbuicéad agus a thug anuas an staighre chun é a dhó.

Mouschi bhocht! Cad é mar a bheadh a fhios agatsa go bhfuil sé dodhéanta móin a fháil do do bhosca?

Anne

A Kitty dhil,

Sceitse úr chun tú a chur a gháire:

Caithfear gruaig Peter a bharradh, agus mar is gnách is í a mháthair a bhí ina gruagaire. Ar fiche a cúig i ndiaidh a seacht d'imigh Peter as radharc isteach ina sheomra, agus bhí le feiceáil arís ar bhuille an bhomaite ar leath i ndiaidh a seacht, gan air ach a bhríste snámha gorm agus péire bróg giomnáisiam.

‘An bhfuil tú ag teacht?’ arsa sé lena mháthair.

‘Tá, beidh mé thuas i gceann bomaite, ach ní thig liom an siosúr a aimsiú!’ Chuidigh Peter léi é a lorg, agus é ag ransú a tarraiceáin mar a mbíonn a cuid earraí cosmaideacha. ‘Ná déan praiseach de gach rud, a Peter,’ arsa sí go gearánach.

Níor chuala mé an freagra a bhí ag Peter, ach caithfidh sé go raibh sé sotalach, de bhrí gur thug sí smitín dó ar a lámh. Thug sé féin smitín di agus ansin bhuail sí lena dorn é ar theann a díchill, agus tharraing Peter a lámh siar agus é ag ligint air go raibh cuma scanraithe air. ‘Lean ort, a sheanbhean!’

D’fhan Bean van D. áit a raibh sí. Fuair Peter greim ar a rostaí agus tharraing í trasna an tseomra. Rinne sí gáire, caoineadh, báirseoireacht air agus chiceáil sí é, ach níor tharla rud ar bith. Thug Peter a phríosúnach a fhad le staighre an áiléir, mar a raibh fiachadh air ligint di. Tháinig Bean van D. ar ais chuig an seomra agus thit isteach i gcathaoir agus í ag osnaíl go trom.

‘*Die Entführung der Mutter,*’* a dúirt mé ag déanamh grinn. ‘Sea, ach ghortaigh sé mé.’

Chuaigh mé le hamharc uirthi agus d’fhuaraigh mé a rostaí dearga teo le huisce. Bhí Peter fós in aice leis an staighre, ach tháinig sé de chéim ghasta isteach sa seomra agus é ag éirí

* *Gabháil Máthar*, tagairt, b’fhéidir, do cheoldráma Mozart, *The Abduction from the Seraglio*.

mífhoighneach arís, a chrois ina lámh aige, mar a bheadh smachtóir leoin ann. Níor bhog Bean van D., ach d’fhan in aice lena deasc scríbhneoireachta, ar lorg ciarsúir. ‘Caithfidh tú do leithscéal a ghabháil ar dtús.’ ‘Maith go leor, leis seo gabhaim pardún agat, ní ghabhfainn, áfach, ach go mbeimis anseo go meán oíche.’

B’éigean do Bhean van D. gáire a dhéanamh ina hainneoin féin. D’éirigh sí agus chuaigh i dtreo an dorais, mar ar mhothaigh sí go raibh fiachadh uirthi míniú a thabhairt dúinn. (Is é an rud atá mé a mhaíomh faoi ‘dúinn’, d’Athair, do Mháthair agus domsa; bhí muid gnóthach ag dul don ghlanadh suas.) ‘Ní raibh sé mar seo sa bhaile,’ arsa sí. ‘Bhuailfinn chomh tréan sin é go rachadh sé de rúchladh anuas an staighre [!]. Ní raibh sé chomh sotalach sin riamh. Ní hé seo an chéad uair a bhí greasáil tuillte aige. Is é sin an toradh atá ar an tógáil clainne nua-aimseartha, páistí nua-aimseartha. Ní bheadh sé de dhánacht agam choíche greim a fháil ar mo mháthair mar sin. Ar chaith tú le do mháthair ar an dóigh sin, a Uasail Frank?’ Bhí sí trína céile, agus í ag siúl de choiscéim thomhaiste anonn is anall, ag rá cibé rud a tháinig isteach ina ceann, agus fós féin ní dheachaigh sí suas staighre. Sa deireadh thiar thall, chuaigh sí amach.

Níos lú ná cúig bhomaite ina dhiaidh sin tháinig sí de rúchladh anuas an staighre arís, a pluca líonta aici, agus chaith a naprún ar an chathaoir. Nuair a d’fhiafraigh mé di an raibh sí réidh, d’fhreagair sí go raibh sí ag dul síos staighre. Chuaigh sí síos staighre mar a bheadh camanfa ann, is dócha go díreach isteach i lámha Putti s’aici.

Níor tháinig sí aníos arís go dtí a hocht a chlog, an iarraidh seo lena fear céile. Tarraingíodh Peter anuas ón áiléar agus tugadh íde na muc is na madaí dó agus gach masla: smuilcín drochbhéasach gan mhaith, drochshampla, Anne seo, Margot siúd, ní thiocfadh liom an chuid eile a chloisteáil.

Tá an chuma ar an scéal go bhfuil gach rud socraithe síos arís inniu!

Do chara dílis, Anne M. Frank

IS. Tráthnóna Mháirt agus Chéadaoin labhair ár mBanríon mhuirneach le muintir na tíre. Tá sí ag dul ar saoire sa dóigh is go mbeidh sí i mbarr a sláinte nuair a thiocfaidh sí ar ais chun na hOllainne. Bhain sí úsáid as focail mar atá ‘roimh i bhfad, nuair a bheas mé ar ais san Ollainn’, ‘fuascailt ghasta’, ‘laochas’ agus ‘ualaí troma’.

Tháinig óráid leis an Phríomhaire Gerbrandy ina dhiaidh seo. Bhí a ghuth chomh scréachach sin aige mar a bheadh páiste óg ann gur dhúirt Máthair ó nádúr, ‘Óch.’ Chuir fear eaglaise, a fuair a ghuth ar iasacht ón Uasal Edel de réir dealraimh, deireadh leis ag iarraidh ar Dhia aire a thabhairt do na Giúdaigh, dóibh siúd uile sna sluachampaí géibhinn agus do gach duine atá ag obair sa Ghearmáin.

AN DÉARDAOIN, 11 BEALTAINE 1944

A Kitty dhil,

Ó tharla gur fhág mé mo ‘bhosca earraí gan mhaith’ uile – mo pheann tobair san áireamh – thuas staighre agus de bhrí nach bhfuil cead agam cur isteach ar na daoine fásta agus iad ag déanamh dreas codlata (go dtí leath i ndiaidh a dó), beidh ort bheith sásta le litir scríofa le peann luaidhe.

Tá mé iontach gnóthach faoi láthair, agus a aistí atá sé, níl mo sháith ama agam an t-ualach oibre atá orm a chur díom. An inseoidh mé duit i mbeagán focal cad é atá le déanamh agam? Bhuel anois, roimh an lá amárach caithfidh mé an chéad imleabhar de bheathaisnéis Galileo Galilei a léamh, de bhrí go gcaithfidh mé é a thabhairt ar ais chuig an leabharlann. Thosaigh mé á léamh inné agus tá mé a fhad le leathanach 220 as 320 leathanach, mar sin de éireoidh liom. An tseachtain seo chugainn caithfidh mé *Palestine at the Crossroads* agus an dara

himleabhar de Galilei a léamh. Ar a bharr sin, chríochnaigh mé an chéad imleabhar de bheathaisnéis an Impire Séarlas V inné, agus caithfidh mé fós an iliomad crann ginealaigh a bhailigh mé agus na nótaí a bhreac mé síos a oibriú amach. Ina dhiaidh sin tá trí leathanach d'fhocail iasachta as na leabhair éagsúla atá agam le scríobh síos, le cur de ghlanmheabhair agus le léamh os ard. Uimhir a ceathair: tá mo réaltaí scannán trína chéile agus fonn millteanach orthu bheith curtha in ord, ach ó tharlaíonn go nglacfaidh sé sin roinnt laethanta a dhéanamh agus go bhfuil an tOllamh Anne suas go dtí an dá chluas leis an obair, beidh orthu cur suas leis an anord go ceann tamaillín eile. Ansin tá Theseus, Oedipus, Peleus, Orpheus, Jason agus Hercules uile ag fanacht le bheith curtha in ord, ó tharlaíonn go bhfuil a ngaisce uile ag rith tríd m'intinn trasna ar a chéile mar a bheadh snáithí ildathannacha i ngúna ann. Beidh orm féachaint chuig Myron agus Phidias láithreach, nó déanfaidh mé dearmad glan ar an dóigh a dtéann siad isteach sa phictiúr. Tá an rud céanna le rá faoi, cuir i gcás, Cogadh na Seacht mBliana agus Cogadh na Naoi mBliana. Anois tá mé ag déanamh praiseach de gach rud. Bhuel, cad é a thig a dhéanamh nuair atá cuimhne mar seo agat! Samhlaigh a dhearmadaí a bheas mé agus mé ceithre scór!

Ó, rud amháin eile de. An Bíobla. Cá fhad a bheas sé sula dtiocfaidh mé chuig an scéal faoi fholcadh Susanna? Agus cad é an chiall atá le Sodom agus Gomorrah? Ó, tá an oiread sin le fáil amach agus le foghlaim fós. Agus idir an dá linn, tá Charlotte an Chnoic Phalaitínigh fágtha in áit a carta.

Tig leat a fheiceáil, nach dtig, a Kitty, go bhfuil mé réidh le pléascadh leis an obair?

Agus anois rud éigin eile. Tá a fhios agat le tamall fada gurb í an uaillmhian atá agam bheith i m'iriseoir, agus ina dhiaidh sin, i mo scríbhneoir cáiliúil. Beidh le feiceáil an bhfuil seachrán orm nó an mbeidh fírinne ar bith leis na haislingí seo, ach go

dtí seo ní raibh easpa ábhar scríbhneoireachta agam. Cibé ar bith, i ndiaidh an chogaidh ba mhaith liom leabhar a fhoilsiú dar teideal *An tUrtheach Rúnda*. Beidh le feiceáil an éireoidh liom, ach tig le mo dhialann bheith ina dúshraith dó.

Caithfidh mé ‘Saol Cady’ a chríochnú fosta. Smaoinigh mé ar an chuid eile den phlota. I ndiaidh di leigheas a fháil sa sanatóir, téann Cady chun an bhaile agus leanann uirthi ag scríobh chuig Hans. Tá 1941 ann agus ní fada go bhfaigheann sí amach go bhfuil Hans báúil leis na Naitsithe, agus de bhrí go bhfuil Cady iontach buartha faoi chruachás na nGiúdach agus faoi chara léi Marianne, tosaíonn siad a dhul a mbealaigh féin. Casann siad ar a chéile arís agus tosaíonn a shiúl amach le chéile arís, ach scarann óna chéile nuair a bhíonn girseach eile ag Hans. Tá Cady trína chéile, agus de bhrí gur mhaith léi post a bheith aici, déanann sí staidéar ar an bhanaltracht. Nuair a bhíonn sí cáilithe gríosáíonn cara lena hathair í chun post a ghlacadh mar bhanaltra i sanatóir dóibh siúd a bhfuil an eitinn orthu san Eilbhéis. Agus í ar saoire den chéad uair, téann sí go Loch Coma, mar a gcasann Hans uirthi. Insíonn sé di gur phós sé an bhean a tháinig ina diaidh tá dhá bhliain ó shin, ach gur chuir a bhean lámh ina bás féin agus na duibheagáin uirthi. Anois agus a Cady bheag feicthe arís aige, tuigeann sé go bhfuil sé splanctha ina diaidh agus arís eile iarrann uirthi é a phósadh. Diúltaíonn Cady dó, cé go bhfuil grá aici dó i gcónaí ina hainneoin féin. Ach ní ligfidh an t-uabhar di. Imíonn Hans leis, agus na blianta ina dhiaidh sin faigheann Cady amach go bhfuil sé i Sasana, agus é in easláinte.

Nuair a bhíonn sí seacht mbliana is fiche, pósann Cady fear darb ainm Simon atá ina shuí go te. Tagann grá aici dó de réir a chéile, agus chan an oiread céanna grá agus atá aici do Hans. Tá beirt iníonacha agus mac aici, Lilian, Judith agus Nico. Tá sí féin agus Simon sásta le chéile, ach tá Hans i gcónaí i gcoigilt a cuimhne go dtí oíche amháin nuair a bhíonn brionglóid aici go bhfágann sí slán aige.

Ní seafóid mhaoithneach í: tá sé bunaithe ar scéal faoi shaol Athar.

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN SATHARN, 13 BEALTAINE 1944

A Kitty dhil,

Bhí breithlá Athar ann inné, cuimneachán pósta naoi mbliana déag Athar agus Mháthar, lá gan an glantóir ... agus bhí an ghrian ag soiliú ar dhóigh nár shoilsigh sí riamh sa bhliain 1944. Tá ár gcrann cnó capaill faoi lánbhláth. Tá sé clúdaithe le duilleoga agus tá sé níos áille ná mar a bhí sé anuraidh fiú.

Fuair Athair beathaisnéis Linnaeus ón Uasal Kleiman, agus leabhar ar an nádúr ón Uasal Kugler, *Canálacha Amstardam* ó Dussel, bosca ollmhór ó mhuintir van Daan (a bhí clúdaithe chomh galánta sin go mb'fhéidir go ndearna duine proifisiúnta é), a raibh trí ubh, buidéal beorach, pota iogáirt agus carbhat glas istigh ann. Chuir sé cuma measartha suarach ar ár bpota triacla. Bhí boladh galánta ó na rósanna a bhí agam i gcomparáid le lusanna dearga na gile a bhí ag Miep agus Bep. Bhí sé millte ar fad. Tháinig caoga petits fours ó bhácús Siemons, iontach blasta! Cheannaigh Athair císte spíosraí dúinn, beoir do na fir agus iógart do na mná. Bhí gach rud thar a bheith blasta!

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN MHÁIRT, 16 BEALTAINE 1944

A Kitty dhil,

Go díreach ar mhaithe le hathrú (ó tharla nach raibh ceann acu seo againn le tamall fada) inseoidh mé duit faoi dhíospóireacht a bhí ann idir an tUasal agus Bean van D. aréir:

Bean van D.: ‘Tá neart ama ag na Gearmánaigh an Balla Atlantach a dhaingniú, agus is cinnte go ndéanfaidh siad a bhfuil ar a gcumas na Sasanaigh a choinneáil siar. Is iontach an rud é a láidre atá na Gearmánaigh!’

An tUasal van D.: ‘Ó, cinnte, iontach!’

Bean van D.: ‘Is iontach!’

An tUasal van D.: ‘Chomh láidir sin go bhfuil sé cinnte go mbainfidh siad an cogadh sa deireadh, an é sin an rud atá tú ag iarraidh a rá?’

Bean van D.: ‘Seans go mbainfidh. Níl mé cinnte nach mbainfidh.’

An tUasal van D.: ‘Ní thabharfaidh mé freagra air sin fiú.’

Bean van D.: ‘Tugann tú freagra i gcónaí sa deireadh. Caitheann tú caint bhladhmannaigh, gach aon uair.’

An tUasal van D.: ‘Ní chaithim, coinním mo chuid freagraí i gcónaí chomh lom agus is féidir.’

Bean van D.: ‘Ach bíonn freagra i gcónaí agat agus caithfidh an ceart a bheith agat i gcónaí! Is fíorannamh a thagann tuar ar do thairngreacht, bíodh a fhios agat!’

An tUasal van D.: ‘Tháinig go dtí seo.’

Bean van D.: ‘Níor tháinig. Dúirt tú go raibh an t-ionradh ag dul a thosú anuraidh. Bhí arm na Fionnlainne in ainm is a bheith as an chogadh faoi seo, bhí feachtas na nIodálach le bheith thart an geimhreadh seo caite, agus ba chóir go mbeadh Lemberg cheana féin i seilbh na Rúiseach. Ó, ní bhím ag brath ar do chuidse tairngreachtaí.’

An tUasal van D. (ag éirí de léim ina sheasamh): ‘Cad chuige nach ndúnann tú do bhéal mar athrú duit? Tabharfaidh mé le fios duit cé aige a bhfuil an ceart; lá éigin éireoidh tú tinn de bheith ag baint asam. Ní thig liom cur suas le do chnáimhseáil bomaite amháin eile. Fan go bhfeice tú, lá éigin, séanfaidh tú do chuid focal!’ (Deireadh le Gníomh a hAon.)

Le fírinne, ní thiocfadh liom cúl a choinneáil ar an scigireacht. Ní thiocfadh le Máthair ach oiread, agus bhí Peter fiú ag ithe

na liopaí ionas nach ndéanfadh sé gáire. Ó, na daoine fásta bómánta seo. Caithfidh siad roinnt rudaí a fhoghlaim ar dtús sula ndeir siad focal faoin ghlúin is óige!

Ó bhí an Aoine ann táimid ag coinneáil na bhfuinneog ar oscailt san oíche.

Do chara dílis, Anne M. Frank

*Na rudaí a bhfuil suim ag teaghlach an Urthí Rúnda iontu
(Suirbhé Slachtmhar ar Chúrsaí agus ar Ábhair Léitheoireachta)*

An tUasal van Daan: Cúrsa ar bith idir lámha aige; cuardaíonn cuid mhór rudaí i gCiclipéid agus Foclóir Knaur; is maith leis scéalta bleachtaireachta, leabhair leighis agus scéalta grá, corraitheacha nó beagthábhachtacha a léamh.

Bean van Daan: Cúrsa comhfhreagrais sa Bhéarla idir lámha aici, is maith léi úrscéalta beathnaiséise a léamh agus ó am go ham úrscéalta eile.

An tUasal Frank: Tá sé ag foghlaim Béarla (Dickens!) agus giota Laidine; ní léann sé úrscéalta in am ar bith, ach is maith leis cur síos dáiríre agus leamh ar dhaoine agus ar áiteanna.

Bean Frank: Cúrsa comhfhreagrais sa Bhéarla; léann gach rud ach amháin scéalta bleachtaireachta.

An tUasal Dussel: Tá sé ag foghlaim an Bhéarla, na Spáinnise agus na hOllannaise gan toradh suntasach ar bith ar a chuid oibre; ag léamh gach rud; téann sé leis an bharúil atá ag an tromlach.

Peter van Daan: Tá sé ag foghlaim an Bhéarla, na Fraincise (cúrsa comhfhreagrais), luathscríbhneoireachta san Ollannais, sa Bhéarla agus sa Ghearmáin, cúrsaí tráchtála sa Bhéarla, adhmaóireachta, eacnamaíochta agus mata in amanna; is annamh a léann sé, ó am go ham ag foghlaim tíreolaíochta.

Margot Frank: Cúrsa comhfhreagrais sa Bhéarla, sa Fhraincise agus sa Laidin, luathscríbhneoireacht sa Bhéarla, sa Ghearmáin agus san Ollannais, triantánacht, geoiméadracht dhlúthógach, meicnic, fisic, ceimic, ailgéabar, geoiméadaracht, Litríocht

an Bhéarla, Litríocht na Fraincise, Litríocht na Gearmáinise, Litríocht an hOllannaise, cuntasáíocht, tíreolaíocht, stair nuaimseartha, bitheolaíocht, eacnamaíocht; léann sí gach rud, go háirithe ar chúrsaí creidimh agus leighis.

Anne Frank: Luathscríbhneoireacht sa Fhraincis, sa Bhéarla, sa Ghearmáinis agus san Ollannais, geoiméadaracht, ailgéabar, stair, tíreolaíocht, stair na healaíne, miotaseolaíocht, bitheolaíocht, stair an Bhíobla, litríocht na hOllannaise; is maith léi beathaisnéisí, dúr nó corraitheach, agus leabhair staire (in amanna úrscéalta agus léitheoireacht éadrom).

AN AOINE, 19 BEALTAINNE 1944

A Kitty dhil,

Mhóthaigh mé go hólc inné. Ag caitheamh aníos (mise thar dhuine ar bith eile!), tinneas cinn, tinneas goile agus rud ar bith eile a thig leat a shamhailt. Mothaím níos fearr inniu. Tá mé stiúgtha, ach ní dóigh liom go mbacfaidh mé leis na pónairí a bheas againn don dinnéar.

Tá gach rud ag gabháil ar aghaidh go maith idir Peter agus mé féin. Tá níos mó cinealtáis de dhíobháil ar an ghasúr bhocht ná orm féin. Lasann a aghaidh fós gach oíche nuair a fhaigheann sé a phóg agus é ag dul a luí, agus ansin bíonn ag impí orm ceann eile a thabhairt dó. Nach bhfuil ionam ach ionadaí níos fearr ná Boche? Ní miste liom. Tá sé chomh sásta sin agus a fhios aige go bhfuil grá ag duine dó.

I ndiaidh an stró a bhí orm a chroí a mhealladh, sheas mé siar giota beag ón sceal, ach ná bí ag déanamh go bhfuil an grá atá agam dó ag dul i bhfuair. Is duine galánta é Peter, ach tá an doras ar mo chroí istigh dúnta go daingean agam; má tá sé ag iarraidh an glas a bhaint de arís, beidh air gró níos láidre a úsáid!

Do chara dílis, Anne M. Frank

A Kitty dhil,

Aréir nuair a tháinig mé anuas ón áiléar, thug mé faoi deara, an bomaite a chuaigh mé isteach sa seomra, gur leagadh an bláthchuach ina mbíodh lusanna galánta na gile. Bhí Máthair thíos ar a ceithre boinn ag tríomú an uisce ón urlár agus bhí Margot ag tógáil mo chuid páipéar ón urlár mar a bheadh iascaire ann. ‘Cad é a tharla?’ a d’fhiafraigh mé agus gach olc á thaibhreamh dom, agus sula raibh siad ábalta freagra a thabhairt, rinne mé measúnú ar an damáiste ón taobh thall den seomra. Bhí m’fhillteán ar fad ar na crainn ginealaigh, mo chóipleabhair, mo théacsleabhair, bhí gach rud ar snámh. Is beag nár chaoin mé, agus bhí mé chomh trína chéile sin gur thosaigh mé a labhairt Gearmáinise. Ní cuimhin liom focal, ach de réir Margot bhí mé ag spalpadh liom faoi ‘*unübersehbarer Schaden, schrecklich, entsetzlich, nie zu ersetzen*’* agus i bhfad níos mó. Phléasc Athair amach ag gáire agus lean Máthair agus Margot é, ach bhí fonn caointe orm de bhrí go raibh mo chuid oibre uile agus mo chuid nótaí críochnúla uile cailte.

D’amharc mé níos géire agus, ar ámharáí an tsaoil, ní raibh an ‘cailleadh domheasta’ chomh holc agus a shíl mé. Thuas san áiléar, bhain mé na leathanaigh a bhí greamaithe dá chéile óna chéile go cúramach agus chroch mé iad ar an líne éadaigh le tríomú. A leithéid de radharc greannmhar a bhí ann, b’éigean dom féin gáire a dhéanamh fiú. Maria de’ Medici in éineacht le Séarlas V, Liam Oráiste agus Marie Antoinette.

‘Is *Rassenschande* é’,* arsa an tUasal van Daan le greann. I ndiaidh dom cúram mo chuid páipéar a chur ar Peter, chuaigh mé síos staighre arís.

*Cailleadh domheasta, uafásach, millteanach, nach dtig a fháil arís

*Masla don íonacht chiníoch

‘Cé na leabhair atá millte?’ a d’fhiafraigh mé de Margot, a bhí á gcíoradh.

‘Ailgéabar,’ arsa Margot.

Ach mar bharr ar an donas, ní raibh mo leabhar ailgéabair go huile is go hiomlán millte. Is mian liom gur thit sé go díreach isteach sa bhláthchuach. Ní raibh an oiread sin fuatha agam do leabhar ar bith riamh agus a bhí don cheann seo. Taobh istigh den chlúdach tosaigh tá ainmneacha fiche girseach ar a laghad scríofa a raibh sé ina seilbh acu romhamsa. Tá sé sean, cuma bhuí air, cuid mhaith rudaí doléite scríofa air, focail atá scriosta agus focail atá le foghlaim. An chéad uair eile a bheas drochspionn orm tá mé ag dul a réabadh an ruda damanta as a chéile!

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN LUAN, 22 BEALTAINE 1944

A Kitty dhil,

Ar an 20 Bealtaine, chaill Athair an geall a chuir sé le Bean van Daan agus b'éigean dó cúig phota iógairt a thabhairt di: níor thosaigh an t-ionradh go fóill. Thig liom a rá go cinnte go bhfuil muintir Amstardam uile, muintir na hOllainne uile, leis an fhírinne a dhéanamh, muintir chósta Iarthar na hEorpa uile a fhad leis an Spáinn ag caint ar an ionradh de ló is d'óiche, ag díospóireacht ag cur geall agus ... ag tnúth leis.

Tá gach duine ar tinneall leis an tnúth; níor choinnigh gach duine, a dtabharfaimis Ollannaigh ‘mhaithe’ orthu, a muinín sna Sasanaigh ná baol air, ní shíleann gach duine gur beart siosmaideach straitéiseach í dallamullóg na Sasanach. Ó, ní shíleann, is iad na gníomhartha móra, gníomhartha móra laochais atá de dhíth ar dhaoine.

Ní thig le duine ar bith níos faide ná deireadh a shróine a fheiceáil, níor smaoinigh duine ar bith air go bhfuil na Sasanaigh ag troid ar son a dtíre féin agus ar son a muintire féin; síleann

gach duine go bhfuil sé de dhualgas ar na Sasanaigh an Ollainn a shlánú, a ghasta is féidir. Cé na dualgais atá ar na Sasanaigh i leith ár muintire? Cad é atá déanta ag na hOllannaigh leis an chuidiú fhial a bhfuil siad ag dúil leis a thuilleamh? Ní cóir na Sasanaigh a lochtú, in ainneoin a ndallamullóige, níos mó ná tír ar bith eile, beag ná mór atá anois i seilbh na nGearmánach, mar gheall ar an chogadh. Níl na Sasanaigh ag dul a ghabháil a leithscéalta; is fíor go raibh siad ina gcodladh i rith na mblianta nuair a bhí an Ghearmáin á hatharmáil féin, ach bhí na tíortha eile uile ina gcodladh fosta, go háirithe na cinn sin a bhfuil teorainn acu leis an Ghearmáin. Fuair Sasana agus tíortha eile an domhain amach nach fiú a dhath é do chloigeann a chur i dtalamh, agus anois tá gach ceann acu, go háirithe Sasana, ag íoc go daor as a pholasaí ostraise.

Ní íobraíonn tír ar bith a cuid fear gan fáth, agus go cinnte chan ar mhaithe le tír eile, agus ní eisceacht ar bith é Sasana. Tiocfaidh an t-ionradh, an fhuascailt agus an tsaoirse lá éigin, cé gurb é Sasana agus chan na críocha i seilbh na Gearmánach a roghnóidh an t-am.

Is mór an brón agus an bhuairt atá orainn ó chuala muid gur athraigh cuid mhór daoine a ndearcadh i leith na nGiúdach. Chuala muid gur tháinig dearcadh frith-Ghiúdachas aníos i gciorcail ina mbeadh a leithéid doshamhlaithe tráth. Chuir an scéal seo isteach go mór ar gach duine againn. Tá fáth an fhuatha intuigthe, b'fhéidir daonna fiú, ach ní hionann sé sin is a rá go bhfuil sé ceart. De réir na gCríostaithe, tá na Giúdaigh ag scaoileadh a rún leis na Gearmánaigh, ag cáineadh a gcúntóirí agus is iad is cúis leis an fhuilaingt, an droch-chinniúint agus an ghreasáil a tugadh dóibh cheana féin. Tá sé seo uile fíor. Ach cosúil le gach rud, ba chóir dóibh amharc air ón dá thaobh: an ndéanfadh na Críostaithe rud ar bith difriúil dá mbeadh an bhróg ar an chos eile? An dtiocfadh le duine ar bith, is cuma cé acu Giúdach nó Críostaí é, fanacht

ina thost i láthair bhrú na nGearmánach? Tá a fhios ag an saol mór go bhfuil sé beagnach dodhéanta, mar sin de cad chuige a n-iarrann siad rud atá dodhéanta ar na Giúdaigh?

Tá sé á rá i gciorcail rúnda gur cuireadh Giúdaigh na Gearmáine a chuaigh ar imirce chun na hOllainne roimh an chogadh chun na Polainne anois agus nár chóir go dtabharfaí cead dóibh pilleadh. Bronnadh tearmann orthu san Ollainn, ach a luaithe a bheas Hitler imithe, ba chóir dóibh dul ar ais chun na Gearmáine.

Nuair a chluineann tú sin, tosaíonn tú a smaoinreamh cad chuige a bhfuilimid ag troid an chogaidh fhada dheacair seo. Deirtear linn i gcónaí go bhfuilimid ag troid ar son na saoirse, na fírinne agus na córa! Níl an cogadh thart go fóill, agus cheana féin tá easaontas ann agus amharctar ar na Giúdaigh mar a bheadh neacha ísle ann. Ó, tá sé brónach gur fíradh an sean-nath don iliomad uair: ‘Is é an rud a dhéanann an Críostaí a fhreagracht féin, cuireann an rud a dhéanann an Giúdach smál ar na Giúdaigh uile.’

Le fírinne, ní thuigim cad é mar a thig le muintir na hOllainne, náisiún a bhfuil daoine maithe, ionraice, cearta ann, breithiúnas a thabhairt orainn ar an dóigh a ndéanann siad é. *Orainne* – an cine is mó a bhfuil leatrom déanta air, an cine is mífhortúnaí agus is truamhéalaí ar domhan.

Is é an t-aon dóchas atá agam nach bhfuil sa fhrith-Ghiúdachas seo uile ach rud sealadach, go dtaispeánfaidh siad an dóigh a bhfuil siad i ndáiríre, agus nach n-imeoidh siad choíche ón tslí atá cóir ina gcroí, mar tá sé seo éagórach!

Agus má dhéanann siad choíche an rud atá á bhgairt acu, beidh ar an dornán beag Giúdach atá fós fágtha san Ollainn an tír a fhágáil. Beidh orainn fosta ár n-ualaí a iompar agus bogadh ar aghaidh, ón tír ghalánta seo, a thug isteach go fial sinn tráth, ach atá anois ag tabhairt cúil linn.

Tá an-dúil agam san Ollainn. Bhí tráth ann nuair a bhí dóchas agam go mbeadh sí ina tír dhúchais dom, ó tharla gur

chaill mé an ceann a bhí agam féin. Agus tá dóchas agam go mbeidh go fóill!

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN DÉARDAOIN, 25 BEALTAINE 1944

A Kitty dhil,

Tá Bep idir dáil is pósadh! Ní chuireann an scéal an oiread sin iontais orainn, cé nach bhfuil duine ar bith againn rósásta. Is fíor gur fear óg, deas, stuama, aclaí é Bertus, ach níl grá ag Bep dó, agus is leor sin le comhairle a chur uirthi gan é a phósadh.

Tá Bep ag déanamh iarrachta dul ar aghaidh sa saol, agus tá Bertus á tarraingt siar; is fear oibre é gan suim ar bith aige nó dúil ar bith aige rud ar bith a dhéanamh dó féin, agus ní dóigh liom go sásóidh sé sin Bep. Tuigim go bhfuil Bep ag iarraidh deireadh a chur lena héiginnteacht; ceithre seachtaine ó shin shocraigh sí deireadh a chur leis, ach ansin mhothaigh sí níos measa fiú. Mar sin de scríobh sí litir chuige, agus anois tá sí idir dáil is pósadh.

Tá roinnt cúiseanna ag baint leis an chleamhnas seo. Sa chéad dul síos, athair Bep atá tinn agus a bhfuil an-dúil aige in Bertus. Sa dara dul síos, is í Bep is sine de na girseacha Voskuijl agus bíonn a máthair ag baint aisti faoi bheith ina seanmhaighdean. Sa tríú dul síos, tá sí díreach i ndiaidh fiche a ceathair a chnagadh, agus is ábhar mór buartha é sin do Bep.

Dúirt Máthair gurbh fhearr i bhfad é nach mbeadh ann ach go mbeadh sí mór le Bertus. Níl a fhios agam, tá trua agam do Bep agus tuigim an t-uaigneas atá uirthi. Ar aon nós, ní thig leo pósadh go dtí go mbeidh an cogadh thart, de bhrí go bhfuil Bertus i bhfolach, nó cibé ar bith faoi choim. Ar a bharr sin, níl an leathphingin acu nó a dhath ar bith a dtiocfadh leat spré a thabhairt air.

Is olc an tuar é do Bep, a bhfuil gach duine ag guí ar a son.

Is é an dóchas mór atá agam go dtiocfaidh feabhas ar Bertus faoina hanáil, nó go n-aimsíonn Bep fear eile, fear a bhfuil meas mar is ceart aige uirthi.

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN LÁ CÉANNA

Bíonn rud éigin ag tarlú gach lá. Gabhadh an tUasal van Hoeven ar maidin. Bhí beirt Ghiúdach i bhfolach aige ina theach. Buille trom a bhí ann dúinn, chan amháin de bhrí go bhfuil na Giúdaigh bhochta sin arís eile ar imeall na síoraíochta, ach fosta de bhrí gur olc an scéal é don Uasal van Hoeven.

Rinneadh cíor thuathail den domhan. Tá daoine ionraice á gcur go sluachampaí géibhinn, go príosúin agus go cillíní uaigneacha, agus bithiúnaigh shuaracha ag rialú idir óg is shean, idir shaibhir agus dhaibhir. Beirtear ar dhuine acu agus é ag obair ar an mhargadh dhubh, ar dhuine eile a chuireann Giúdaigh nó créatúir bhochta eile i bhfolach. Mura bhfuil tú i do Naitsí, ní bhíonn a fhios agat cad é atá ag dul a tharla ó lá amháin go dtí an chéad lá eile.

Is mór an cailleadh dúinn é an tUasal van Hoeven. Níl dóigh ar bith ann go dtig le Bep ualaí móra prátaí a iompar an bealach ar fad chuige seo, agus níor chóir go mbeadh uirthi, mar sin de is é an t-aon rogha atá againn níos lú acu a ithe. Inseoidh mé duit an rún atá againn, ach is cinnte nach mbeidh an saol níos fearr mar thoradh air. Deir Máthair go ndéanfaimid gan bhricfeasta, go n-íosfaimid brachán agus arán don lón agus prátaí friochta don dinnéar, agus más féidir é, glasraí nó leitís uair nó dhó sa tseachtain. Sin a bhfuil ann. Táimid ag dul a bheith ocrach, ach níl rud ar bith níos measa ná go dtiocfaí orainn.

Do chara dílis, Anne M. Frank

A Kitty dhil,

Faoi dheireadh agus faoi dheoidh, tig liom suí ag mo thábla os comhair na scoilte i bhfráma na fuinneoige agus deireadh a scríobh chugat, gach rud a ba mhaith liom a rá.

Motháim níos ainnise anois ná mar a mhothaigh mé le míonna anuas. Fiú i ndiaidh an bhriseadh isteach, níor mhothaigh mé chomh briste sin, istigh agus amuigh. Ar an láimh eile, tá an scéal ann maidir leis an Uasal van Hoeven, ceist na nGiúdach (a phléann gach duine sa teach go mion), an t-ionradh (gur fada leis a theacht), an bia uafásach, an teannas, an drochatmaisféar amach is amach, an díomá atá orm le Peter. Ar an láimh eile, tá cleamhnas Bep, ceiliúradh na Cincise, na bláthanna, breithlá an Uasail Kugler, cístí agus scéalta faoi sheónna, scannáin, agus choirmeacha ceoil. Tá an bhearna sin, an bhearna ollmhór sin i gcónaí ann. Lá amháin bímid ag gáire ar an taobh ghreannmhar den saol i bhfolach, agus an chéad lá eile (agus tá cuid mhór dá leithéidí ann), táimid scanraithe, agus tig an eagla, an teannas, agus an t-éadóchas a fheiceáil ar ár n-aghaidh.

Is ar Miep agus ar an Uasal Kugler atá an stró is mó ar mhaithe linne, agus ar mhaithe leo siúd uile atá i bhfolach – Miep as gach rud a dhéanann sí, agus is ar éigean a thig leis an Uasal Kugler labhairt leis an strus agus an teannas nach ligtear amach, atá millteanach ar fad in amanna, mar gheall ar an fhreagracht atá air as an ochtar againn. Tugann an tUasal Kleiman agus Bep togha na haire dúinn chomh maith, ach tig leo an tUrtheach a chur as a gceann, mura bhfuil ann ach ar feadh roinnt uaireanta an chloig nó ar feadh roinnt laethanta. Tá a gcuid buarthaí féin orthu, an tUasal Kleiman faoina shláinte agus Bep faoina cleamhnas, nach bhfuil cuma rómhaith air faoi láthair. Ach tá cead scoir acu fosta, a gcuirteanna ar a gcairde, a ngnáthshaol mar ghnáthdhaoine, sa dóigh is go maolaítear an brú, mura bhfuil ann ach ar feadh

tamaill ghairid, agus an brú atá orainn, ní mhaolaítear é agus níor maolaíodh oiread agus uair amháin é le dhá bhliain anuas agus muid anseo. Cá fhad eile a bheas an t-ualach trom atá ag éirí níos troime agus de réir a chéile níos dofhulaingthe ag brú anuas orainn?

Tá na draenacha tachtá arís. Ní thig linn an t-uisce a rith, nó má rithimid, níl ach silín ceadaithe; ní thig linn an leithreas a shruthlú, mar sin de caithfidh scuib leithris a úsáid; agus táimid ag cur an uisce shalaigh isteach i gcrúiscín mór déanta as cré. Tig linn é a láimhseáil inniu, ach cad é a tharlós mura dtig leis an phluiméir é a dheisiú leis féin? Ní thig leo teacht chun na draenacha a dheisiú go dtí an Mháirt.

Chuir Miep builín aráin a raibh silíní ann chugainn a raibh ‘Cincís Shona’ scríofa ar a bharr. Tá sé mar a bheadh sí ag iarraidh bheith ag magadh fúinn beagnach, ó tharlaíonn nach bhfuil dea-spionn nó ‘aoibhneas’ orainn, ná baol air.

Tá níos mó eagla ar gach duine againn ó tharla an eachtra le van Hoeven. Arís eile cluineann tú ‘fuiest’ ó gach taobh, agus táimid níos ciúine ag dul do gach rud. Chuir na póilíní an doras isteach ansin, thiocfadh leo an rud ceannann céanna a dhéanamh anseo chomh furasta céanna! Cad é a dhéanfimid má tharlaíonn go ..., ní hea, níor chóir dom sin a scríobh síos. Ach ní ligfidh an cheist di féin bheith brúite siar go cúl m’intinne inniu; a mhalairt atá fíor, tá an eagla uile a bhí orm riamh ina luí os mo chomhair agus an croí ar crith ionam.

B’éigean dom dul síos staighre ar a hocht a chlog tráthnóna inniu le dul chuig an leithreas. Ní raibh duine ar bith thíos ansin, de bhrí go raibh siad uile ag éisteach leis an raidió. Bhí mé ag iarraidh bheith cróga, ach bhí sé deacair. Mothaím i gcónaí níos sábháilte thuas staighre ná sa teach chiúin ollmhór sin; nuair a bhím liom féin agus na fuaimeanna maolaithe sin le cloisteáil ó thuas staighre agus bualadh na n-adharc le cloisteáil ón tsráid, caithfidh mé deifir a dhéanamh agus cur

i gcuimhne dom féin cén áit a bhfuil mé ionas nach mbeidh critheagla orm.

Tá Miep ag caitheamh níos fearr linn ó labhair sí le hAthair. Ach níor inis mé duit faoi sin go fóill. Tháinig Miep aníos tráthnóna agus í iontach tógtha gur iarr sí ar Athair go díreach ar shíl muid an raibh galar an fhrith-Ghiúdachais a bhí ag dul thart orthu fosta. Baineadh siar as Athair agus ba ghairid gur chuir sé ar mhalairt intinne í, ach d’fhan ábhar beag amhrais fós in aigne Miep. Tá siad ag déanamh níos mó teachtaireachtaí dúinn anois agus ag cur níos mó suime inár gcuid trioblóidí, cé gur cinnte nár chóir cur isteach orthu ag aithris ár n-ainnise. Ó a leithéid sin de dhaoine maithe uaisle!

Cuirim ceist orm féin arís agus arís eile nárbh fhearr dúinn gan dul i bhfolach, dá mbeimis marbh anois gan orainn an ainnise seo a fhulaingt, go háirithe ionas go mbeadh na daoine eile saor ón ualach oibre. Ach cúlaimid uile siar ón smaoineamh seo. Is aoibhinn linn an saol go fóill, ní dhearna muid dearmad fós de ghuth an nádúir, agus tá dóchas againn i gcónaí dóchas go mbeidh ... gach rud.

Go dtarla rud éigin roimh i bhfad, fiú ruathar aeir. Ní thig le rud ar bith bheith chomh treascach céanna leis an inní seo, Go dtaga an deireadh roimh i bhfad, dá chruálaí é; ar a laghad beidh a fhios againn cé acu a bheimid inár mbuaiteoirí nó an mbeimid inár bhfulangaithe.

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN CHÉADAOIN, 31 BEALTAINE 1944

A Kitty dhil,

Dé Sathairn, Dé Domhnaigh, Dé Luain, Dé Máirt bhí sé róthe le greim a choinneáil ar mo pheann tobair, agus is é sin an fáth nach raibh mé ábalta scríobh chugat. Bhí na draenacha tachta ar an Aoine, glanadh ar an Satharn iad. Tháinig Bean

Kleiman ar cuairt tráthnóna gur inis sí dúinn faoi Jopie; tá sí féin agus Jacque van Maarsen sa chumann haca céanna. Dé Domhnaigh, bhuail Bep isteach le cinntiú nár bhris duine ar bith isteach agus d’fhan don bhriceasta. Ar Luan Cincíse bhí an tUasal Gies ina fhear faire don Urtheach, agus Dé Máirt tugadh cead dúinn sa deireadh na fuinneoga a oscailt. Is annamh a bhí deireadh seachtaine na Cincíse chomh deas te sin againn. Nó b’fhéidir gurbh fhearr an focal é ‘te’. Bíonn sé go holc ar fad san Urtheach nuair a bhíonn aimsir the ann. Ionas go dtuigfidh tú an iliomad gearán a bhí ann, déanfaidh mé cur síos gairid ar na laethanta brothallacha seo.

Dé Sathairn: ‘Go hiontach, a leithéid d’aimsir mhaith,’ arsa gach duine ar maidin. ‘Dá mba rud é nach mbeadh sé chomh te,’ arsa gach duine tráthnóna, nuair a bhí orainn na fuinneoga a dhruidim.

Dé Domhnaigh: ‘Tá an teas dofhulaingthe, tá an t-im á leá, níl áit fhuar ar bith sa teach, tá an t-arán á thriomú, tá an bainne ó mhaith, ní thig na fuinneoga a oscailt. Táimidne inár ndíbeartaigh bhochta ag fulaingt anseo, agus gach duine eile ag baint suilt as saoire na Cincíse.’ (De réir Bean van D.)

Dé Luain: ‘Tá mo chosa nimhneach, níl rud ar bith agam atá fuar le caitheamh, ní thig liom glanadh suas sa teas seo!’ Ag gearán ó éirí go luí na gréine. Tá sé millteanach ar fad.

Ní thig liom cur suas leis an teas. Tá áthas orm gur éirigh an ghaoth inniu, ach go bhfuil an ghrian ag soilsiú fós.

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN AOINE, 2 MEITHEAMH 1944

A Kitty dhil,

‘Má tá tú ag dul suas chuig an áiléar, tabhair leat scáth fearthainne, is fearr ceann mór a thabhairt!’ Tá sé seo de dhíth chun tú a chosaint ar ‘cheatha an tí’. Tá seanfhocal Ollannach ann: ‘Ard tirim, slán sábháilte’, ach is léir nach bhfuil sé

fóirsteanach d'aimsir an chogaidh (gunnaí!) nó do na daoine i bhfolach (bosca leapa!). Tá nós ag Mouschi anois a gnó a dhéanamh ar roinnt nuachtán nó idir na scoilteanna sna cláir urláir, mar sin dé tá ábhar buartha orainn roimh na braonta anuas, agus níos measa fós, roimh an bhréantas. Tá an fhadhb chéanna ag an Moortje nua sa teach stórais. Tig le duine ar bith a raibh cat aige nach raibh oiliúint tí air an bréantas a shamhailt, seachas piobar agus tím, a ritheann fríd an teach seo.

Tá oideas úrnua agam le cuidiú leis an eagla roimh scaoileadh na gunnaí: nuair a éiríonn scaoileadh na gunnaí ard, lean ort chuig an staighre adhmaid is cóngaraí. Rith suas agus anuas cúpla uair, ag déanamh cinnte de go mbaintear barrthuisle asat ar a laghad uair amháin. Leis an scríobadh agus an challán uile a dhéanann an rith agus an titim, ní chluinfidh tú fiú scaoileadh na gunnaí, gan trácht ar bheith buartha faoi. Chuir do chara dílis foirmle draíochta i bhfeidhm, agus d'éirigh go geal léi!

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN LUAN, 5 MEITHEAMH 1944

A Kitty dhil,

Fadhbanna nua san Urtheach. Easaontas idir Dussel agus muintir Frank mar gheall ar roinnt an ime. Géilleadh iomlán ó Dussel. Dlúthchairdeas idir an duine deireanach agus Bean van Daan, cliúsaíochtaí, póga agus aoibh bheag chairdiúil. Tá Dussel ag tosú ag dúil le cairdeas mná.

Ní thuigeann muintir van Daan cad chuige ar chóir dúinn císte spíosraí a bhácáil do bhreithlá an Uasail Kugler nuair nach dtig le ceann a bheith againn féin. Uile iontach suarach. An giúmar thuas staighre: go holc. Tá slaghdán ar Bhean van D. Thángthas ar Dussel agus piollaí ghiasta an ghrúdaire aige, nuair nach bhfuil ceann ar bith againn féin.

Tá an Róimh i seilbh an Chúigiú hArm. Níor buamáladh an chathair agus níl sí millte. Bolscaireacht iontach do Hitler.

Is beag práta nó glasra atá ann. Bhí coincleach ar bhuilín amháin aráin.

Ní thig le Scharminkeltje (ainm an chait nua sa teach stórais) cur suas le piobar. Codlaíonn sí sa bhosca leapa agus déanann a gnó sa scamhadh adhmaid. Dodhéanta í a choinneáil.

Drochaimsir. Buamáil leanúnach ar Pas de Calais agus ar chósta iarthair na Fraince.

Níl duine ar bith ag ceannach dollar. Níos lú suime san ór fiú. Beidh bun ár mbosca dhuibh airgid le feiceáil roimh i bhfad. Cad é air a mbeimid beo an mhí seo chugainn?

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN MHÁIRT, 6 MEITHEAMH 1944

A Kitty dhil,

‘Is é seo Lá na Cinniúna, D-Day’ a d’fhógair an BBC ar a dó dhéag. ‘Is é seo *an* lá. Tá tús curtha leis an ionradh!

Ar maidin ar a hocht thuairisc na Sasanaigh go raibh buamáil throm in Calais, in Boulogne, in Le Harve agus in Cherbourg, chomh maith le Pas de Calais (mar is gnách). Ar a bharr sin, tugadh rabhadh dóibh siúd a chónaíonn sna tíortha atá i seilbh na nGearmánach, faoi fhiche míle timpeall an chósta bheith ullmhaithe do bhuamáil le fios nó le hamhras. Nuair is féidir é, scaipfidh na Sasanaigh paimfléid anuas ón aer uair an chloig sula dtarlóidh sí.

De réir nuacht na Gearmáine, tháinig paratrúpaí Sasanacha chun talún ar chósta na Fraince. ‘Tá soithí dul i dtír de chuid na Sasanach ag dul i gcomhrac le fórsaí farraige de chuid na Gearmáine,’ de réir an BBC.

Is é an t-adhmad a bhaineann muintir an Urthí as seo agus muid ag ithe bricfeasta ar a naoi, go bhfuil siad ag baint tástála

as teacht i dtír, cosúil leis an teacht i dtír dhá bhliain ó shin in Dieppe.

Chraol an BBC sa Ghearmáinis, san Ollannais, sa Fhraincis, agus i dteangacha eile ar a deich: gur thosaigh an t-ionradh! Mar sin de is é seo an ‘fíorionradh’. Chraol an BBC sa Ghearmáinis ar a haon déag: óráid leis an Ardcheannasaí, an Ginearál Dwight Eisenhower.

Chraol an BBC as Béarla: ‘Is é seo D-Day.’ Arsa an Ginearál Eisenhower le muintir na Fraince, áfach: ‘Leanfaidh trodaíocht fhíochmhar é seo, ach ina dhiaidh seo an bua. Is é an bhliain 1944 bliain an bhua iomláin. Go n-éirí libh!’

Chraol an BBC as Béarla ar a haon: tá 11,000 eitleán ag teacht agus ag imeacht nó ar fuireachas le trúpaí a thabhairt i dtír agus le buamáil taobh thiar de línte an namhad; tá 4,000 soitheach dul i dtír agus báid bheaga ag sroichint Cherbourg agus Le Harve ar bhonn leanúnach. Tá trúpaí Shasana agus Mheiriceá ag dul i ngleic leis an namhaid i gcoimheascair throma cheana féin. Óráidí le Gerbandy, le Príomhaire na Beilge, le Rí Haakon na hIorua, le de Galle na Fraince, le Rí Shasana agus, an meall mór ar deireadh, le Churchill.

Achrann ollmhór san Urtheach! An é seo i ndáiríre tús na fuascailte a bhfuilimid ag fanacht léi le fada? An fhuascailt ar labhair muid an oiread sin uirthi, a bhfuil cuma rómhaith uirthi fós, finscéal ar doiligh a chreidbheáil go bhfíorófar é. An dtabharfaidh an bhliain seo, 1944 an bua léi? Níl a fhios againn go fóill, ach bíonn súil le muir ach ní bhíonn súil le huaigh. Tugann sé uchtach dúinn arís agus neartaíonn sé arís muid. Beidh orainn bheith cróga le cur suas leis an chruatan agus an eagla atá fós le teacht. Ní hé an scéal é go díreach go gcaithfidimid fanacht calma agus daingean, na fiacla a ghearradh agus cruachan in aghaidh na hanachaine! Tig leis an Fhrainc, an Rúis, an Iodáil agus fiú an Ghearmáin scairteadh amach i bpian, ach níl sé de cheart againn fós!

Ó, a Kitty, is é an chuid is fearr den ionradh go mothaím go bhfuil cairde ar a mbealach. Bhagair na Gearmánaigh uafásacha sin agus chuir cos ar bolg orainn chomh fada sin gur leor linn an smaoineamh go bhfuil ár gcairde agus an slánú ag teacht le háthas a chur orainn! Anois ní hiad na Giúdaigh amháin atá i gceist, ach an Ollainn agus na tíortha uile atá i seilbh na nGearmánach. Is féidir, a deir Margot, go mbeidh mé ábalta dul ar ais ar scoil i Mí Mheán Fómhair nó i Mí Dheireadh Fómhair.

Do chara dÍlis, Anne M. Frank

IS. Coinneoidh mé ar an eolas thú faoin scéal is déanaí!

Ar maidin agus aréir, scaoileadh fir bhréige déanta as féar agus rubar ón aer gur thit siad taobh thiar de línte an namhad, agus phléasc siad a luaithe a bhuail siad an talamh. Tháinig cuid mhaith paratrúpaí anuas fosta, dath dubh ar a n-aghaidh ionas nach bhfeicfí iad. Thit 5,500 tonna buamaí ar chósta na Fraince i rith na hoíche, agus ansin, ar a sé ar maidin, tháinig i dtír na chéad soithí dul i dtír. Inniu bhí 20,000 eitleán i mbun oibre. Scriosadh batairí na Gearmáine ar an chósta fiú sular tháinig siad i dtír; tógadh ceann-droichead beag cheana féin. Tá gach rud ag dul ar aghaidh go maith, in ainneoin na drochaimsire. Is é an mana atá ag an arm agus ag na daoine ‘toil amháin agus dóchas amháin’.

AN AOINE, 9 MEITHEAMH 1944

A Kitty dÍlis,

Scéal iontach faoin ionradh! Ghabh na Comhghuallaithe Bayeux, sráidbhaile ar chósta na Fraince, agus tá anois ag troid ar son Caen. Is léir go bhfuil siad ag iarraidh an inis mar a bhfuil Cherbourg suite a scoitheadh. Gach oíche tuairiscíonn na comhfhreagrathaithe cogaidh ar na fadhbanna, ar an mhisneach agus ar mheon troda na bhfear. Chun a scéalta a fháil déanann siad éachta iontacha. Labhair roinnt de na

daoine a gortaíodh agus atá ar ais i Sasana cheana féin ar an raidió. In ainneoin na drochaimsire, tá na heitleáin á n-eitilt go díograiseach anonn is anall. Chuala muid ar an BBC go raibh Churchill ag iarraidh teacht i dtír leis na trúpaí ar D-Day, ach gur éirigh le Eisenhower agus na ginearáil eile é a thabhairt ar athrú aigne. Samhlaigh sin go díreach, an oiread sin misnigh ag duine chomh haosta sin – caithfidh sé go bhfuil sé seachtó ar a laghad!

Tá ár meanma cineál maolaithe anseo anois; fós féin, táimid uile dóchasach go mbeidh an cogadh thart faoi dheireadh na bliana. Tá sé thar am! Tá meigallach leanúnach Bhean van Daan dofhulaingthe; agus ó tharlaíonn anois nach dtig léi muid a chur ar an daoraí faoin ionradh, bíonn sí ag clamhsán agus ag gearán an lá ar fad faoin aimsir. Dá mba rud é go dtiocfadh linn í a chur síos san áiléar i mbuicéad uisce fhuair!

Tá an tríológ *Hungarian Rhapsody*, beathaisnéis an chumadóra, rímháistir an phianó agus an páiste iontach Franz Liszt léite ag gach duine san Urtheach ach amháin an tUasal van Daan agus Peter. Tá sé iontach suimiúil, cé go bhfuil barraíocht béime ar na mná, dar liom; ní hé amháin go raibh Liszt ar an phianadóir ab fhearr agus ba chluíítí lena linn, ba é an banaí ba mhó lena linn é fosta, fiú agus é seachtó bliain d’aois. Bhí caidreamh aige leis an Chuntaois Marie d’Agoult, leis an Bhanphrionsa Carolyne Sayn-Wittgenstein, leis an damhsóir Lola Montez, leis an phianadóir Agnes Kingworth, leis an phianadóir Sophie Menter, leis an Bhanphrionsa Siorcásach Olga Janina, leis an Bhanbharún Olga Meyendorff, leis an bhanaisteoir Lillia cad é an t-ainm atá uirthi, srl., srl., agus níl deireadh leis. Tá an chuid sin den leabhar a bhíonn ag plé leis an cheol agus leis na healaíona eile i bhfad níos suimiúla. Is iad cuid de na daoine a luaitear ná Schumann, Clara Wieck, Hector Berlioz, Johannes Brahms, Beethoven, Joachim, Richard Wagner, Hans von Bülow, Anton Runinstein, Frédéric Chopin, Victor

Hugo, Honoré de Balzac, Hiller, Hummel, Czerny, Rossini, Cherubini, Paganini, Mendelssohn, srl., srl.

Tá an chuma ar an scéal gur fear deas a bhí in Liszt, iontach fial agus cúlánta, cé go raibh sé thar a bheith mór as a áilleacht. Chuidigh sé le daoine eile, chuir ealaín thar gach rud eile, bhí iontach tugtha don bhranda agus do na mná, ní thioctadh leis cur suas le radharc na ndeor, bhí ina dhuine uasal, ní dhiúltódh gar a dhéanamh do dhuine ar bith, ní raibh suim aige san airgead agus chuir suim i saoirse an chreidimh agus sa domhan.

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN MHÁIRT, 13 MEITHEAMH 1944

A Kitty dhil,

Chuaigh breithlá eile thart, mar sin de tá mé anois cúig bliana déag. Fuair mé roinnt mhaith bronntanas: leabhar cúig imleabhar ar stair na healaíne de chuid Springer, baill fo-éadaí, dhá chríos, ciarsúr, dhá phota iógairt, dhá bhriosca meala (beag), leabhar luibheolaíochta ó Athair agus Mháthair, bráisléad óir ó Margot, albam do na suaitheantais ó mhuintir van Daan, Bithbhraith agus piseanna milse ó Dussel, milseáin ó Miep, milseáin agus cóipleabhar ó Bep, agus an buaicphointe: an leabhar *Maria Theresa* agus trí shlisín cáise lánuchtair ón Uasal Kugler. Thug Peter crobhaing ghalánta piainí dom; chaith an gasúr bocht a dhúthracht ag iarraidh bronntanas a aimsiú, ach níor oibrigh rud ar bith amach go díreach.

Tá ag éirí go maith leis an ionradh go fóill, in ainneoin na drochaimsire – ag stealladh anuas, gaoth láidir agus farraigí arda.

Inné thug Churchill, Smuts, Eisenhower agus Arnold cuairt ar shráidbhailte na Fraince a ghabh agus a d'fhuascail na Sasanaigh. Bhí Churchill ar bhád toirpéad a sheol sliogáin

phléascacha chuig an chósta. Dála neart fear, tá an chuma air nach dtuigeann sé cad is eagla ann – tréith inmhaíte!

Ónár suíomh anseo i nDún an Urthí, is doiligh giúmar na nOllannach a mheas. Gan amhras tá áthas ar chuid mhór daoine go bhfuil muinchillí na Sasanach díomhaoin (!) craptha suas faoi dheireadh agus go bhfuil siad i mbun oibre. Ní thuigeann na daoine siúd a mhaíonn i gcónaí nach bhfuil siad ag iarraidh bheith i seilbh na Sasanach cé chomh míchothrom agus atá siad. Is é seo a leanas bun agus barr a scéil: caithfidh na Sasanaigh bheith ag troid, ag streachailt agus a gcuid mac a íobairt chun an Ollainn agus tíortha eile i seilbh na nGearmánach a fhuascailt. Ina dhiaidh sin níor chóir do na Sasanaigh fanacht san Ollainn: ba chóir dóibh leithscéal iomlán a ghabháil leis na tíortha uile atá i seilbh na nGearmánach, Indiacha Thoir na hOllainne a thabhairt ar ais don úinéir cheart agus ansin fillleadh, níos laige agus níos boichte ar Shasana. A leithéid de dhrong amaideach. Agus fós féin, mar a dúirt mé cheana féin, tá cuid mhór Ollannach san áireamh ina ranganna. Cad é a tharlódh don Ollainn agus dá comharsana dá síneodh Sasana conradh síochána leis an Ghearmáin, agus neart deise aici a leithéid a dhéanamh? D’iompófaí an Ollainn ina cuid eile na Gearmáine, agus b’shin an deireadh a bheadh leis sin!

Ba chóir na hOllannaigh uile sin a amharcann síos ar na Sasanaigh go fóill, a bhíonn ag magadh faoi Shasana agus faoina rialtas agus faoina tiarnaí aosta, a thugann meatacháin orthu, agus fós féin a bhfuil fuath acu ar na Gearmánaigh, ba chóir iad a chroitheadh ar an dóigh chéanna a gcroitheadh ceannadhairt. B’fhéidir go gcuirfeadh sé sin i gcéill dóibh é!

Tá mianta, smaointe, gearáin agus maslaí ag snámh thart i mo chloigeann. Níl mé i ndáiríre chomh mórchúiseach agus a mheasann daoine; tá a fhios agam mo chuid lochtanna agus easpaí níos fearr ná duine ar bith eile, ach tá difear amháin

ann: tá a fhios agam fosta gur mhaith liom go dtiocfadh athrú orm, go dtiocfadh athrú orm agus go bhfuil athrú mór tagtha orm cheana féin!

Cad chuige mar sin, a bhiafraím díom féin go minic, a síleann gach duine i gcónaí go bhfuil mé dána agus gur duine uile-eolach mé? An bhfuil mé i ndáiríre chomh sotalach sin? An mise an duine atá sotalach nó an iadsan atá mar sin? Tá cuma amaideach air, tá a fhios agam, ach níl mé ag dul a scríosadh na habairte deireanaí sin, de bhrí nach bhfuil sí chomh hamaideach agus a amharcann sí. Tá a fhios ag gach duine go bhfuil Bean van Daan agus Dussel, an bheirt is mó a chuireann rudaí i mo leith, gan chiall agus, gan fiacail a chur ann, ‘bómánta’ ar fad! Is gnách nach dtig le daoine bómánta cur suas leis nuair a dhéanann daoine eile rudaí níos fearr ná mar a dhéanann siad féin iad – is iad an bheirt daoithe siúd Bean van Daan agus Dussel an sampla is fearr de seo. Síleann Bean van D. go bhfuil mé bómánta de bhrí nach bhfuil mé thíos leis an ghalair seo an oiread céanna agus atá sise, síleann sí go bhfuil mé dána de bhrí go bhfuil sí féin níos dána, síleann sí go bhfuil mo chuid gúnaí róghairid de bhrí go bhfuil a cuidse níos gairide fiú, agus síleann sí gur duine uile-eolach mé de bhrí go mbíonn sí ag caint dhá oiread agus a bhím féin ar ábhair nach bhfuil eolas ar bith aici orthu. Tig an rud céanna a rá faoi Dussel. Ach tá sé seo ar cheann de na nathanna cainte is fearr dá bhfuil agam ‘Áit a mbíonn toit bíonn tine’, admháim gan mhoill gur duine uile-eolach mé.

Is é an rud is difriúla faoi mo phearsantacht féin go dtugaim léasadh teanga dom féin agus go gcuirim mallacht orm féin i bhfad níos mó ná a dhéanann duine ar bith eile; má chuireann Máthair a comhairle orm, éiríonn an carnán seanmóirí chomh tiubh sin, go mbím éadóchasach go n-éireoidh liom choíche mo bhealach a dhéanamh síos fríothu. Ansin tugaim freagra agus tosaím a bhréagnú ar dhúirt gach duine go dtí go dtagann

seanráiteas Anne aníos gan dul as agam: ‘Ní thuigeann duine ar bith mé!’

Is cuid domsa é an frása sin, agus a éagosúla atá sé, tá croí na fírinne ann. In amanna bíim curtha chomh domhain sin faoi mo chuid lochtanna féin go mbím ag dúil le focal a thabharfadh sólas dom chun cuidiú liom mé féin a thochailt amach as arís. Dá mba rud é go díreach go mbeadh duine agam a ghlacfadh mo chuid mothúchán dáiríre. Faraor, níor aimsigh mé an duine sin go fóill, caithfidh an cuardach dul ar aghaidh.

Tá a fhios agam go bhfuil tú ag machnamh ar Peter, nach bhfuil, a Kit? Tá sé fíor, tá grá ag Peter dom, chan mar a bheadh leannán ann ach mar a bheadh cara ann. Méadaíonn a ghrá lá i ndiaidh an lae, ach tá fórsa rúndiamhar éigin do mo choinneáil siar, agus níl a fhios agam cad é atá ann.

In amanna sílim go raibh an tnúth uafásach leis ag dul thar fóir. Ach níl sé sin fíor, de bhrí nach bhfuil mé ábalta dul chuig a sheomra go ceann lá nó dhó, bíim ag tnúth go mór leis an oiread céanna agus a bhí riamh. Tá Peter cineálta agus maith, agus fós féin ní thig liom a shéanadh go bhfuil díomá orm leis ar mhórán bealaí. Ní maith liom é thar rud ar bith eile nach bhfuil dúil aige sa chreideamh, an dóigh a labhrann sé ar bhia agus ar rudaí éagsúla den sórt céanna. Fós féin, tá mé cinnte de go huile is go hiomlán go gcloífimid lenár gcomhaontú gan achrann a dhéanamh lena chéile. Tá Peter síochánta, géilliúil agus réchúiseach. Ligeann sé dom cuid mhór rudaí a rá leis nach nglacfadh sé leo óna mháthair. Tá sé ar a dhícheall na smáil a bhaint dá chóipleabhar agus a ghnóthaí a choinneáil in ord. Fós féin cad chuige a gcuireann sé na smaointe atá ina chroí istigh i bhfolach gan cead a thabhairt domsa teacht orthu? Ar ndóigh, tá sé i bhfad níos ciúine ann féin ná atá mise, ach tá a fhios agam ó mo thaithí féin (cé go gcuirtear i mo leith i gcónaí é go bhfuil an t-eolas uile agam de réir teoirice, ach chan de réir cleachtais) le himeacht na haimsire,

go mbeidh na cineálacha is lú fiú a dhéanann cumarsáid ag tnúth le duine a dtig leo a muinín a chur ann, an oiread céanna nó níos mó.

Tá ár mblianta machnamhacha caite agam féin agus ag Peter araon san Urtheach. Is minic a phléimid an todhchaí, an aimsir chaite agus an aimsir láithreach, ach mar a d'inis mé duit cheana féin, cronaím an fíor-rud, agus fós féin tá a fhios agam gur ann dó!

An é an chúis atá leis an dúil mhillteanach atá agam sá nádúr nach raibh mé taobh amuigh le fada? Is cuimhneach liom an t-am nuair nach mbeinn gafa ag spéir iontach gorm, ag ceol na n-éan, ag solas na gealaí nó ag buinneáin faoi bhláth. Oíche i rith na Cincise, cuir i gcás, nuair a bhí sé te, chuir mé stró orm féin mo shúile a choinneáil oscailte go dtí leath i ndiaidh a haon déag ionas go mbeadh radharc deas agam ar an ghealach, liom féin, an iarraidh seo. Faraor, bhí an íobairt a rinne mé in aisce, ó tharla go raibh barraíocht dallraithe ann agus ní thiocthadh liom dul sa seans leis an fhuinneog a oscailt. Uair eile, tá roinnt míonna ó shin, tharla go raibh mé thuas staighre oíche agus an fhuinneog oscailte. Ní dheachaigh mé síos arís go dtí go mb'éigean dom í a dhruim arís. Bhí mé faoi dhraíocht ag an tráthnóna dorcha fearthainne, ag an ghaoth agus ag na néalta ag rith trasna na spéire, ba é an chéad uair le bliain go leith go bhfacá mé an oíche os comhair a chéile. I ndiaidh na hoíche sin, ba mhó a bhí mé ag tnúth le í a fheiceáil arís ná an eagla a bhí orm roimh na burgléirí, roimh theach dorcha ar snámh le luchóga móra nó roimh sciúirdeanna na bpóilíní. Chuaigh mé síos staighre agus mé liom féin agus d'amharc amach ar fhuinneoga na cistine agus na hoifige príobháidí. Is iomaí duine a shíleann go bhfuil an nádúr galánta, is iomaí duine a chodlaíonn faoi spéir réaltach, agus is iomaí duine san ospidéal nó i bpríosún a bhíonn ag tnúth leis an lá a bheas siad saor le taitneamh a bhaint as a bhfuil ag an nádúr. Ach is beag

duine atá scoite dealaithe ó iontais an nádúir ar an dóigh a bhfuilimidne, a dtig leo bheith roinnte ar an duine saibhir agus ar an duine daibhir araon.

Ní rud é go díreach atá i mo shamhlaíocht – agus mé ag amharc ar an spéir, ar na néalta, ar an ghealach agus ar na réaltaí, cuireann sé suaimhneas orm agus mothaím dóchasach. Is fearr an leigheas é ná caorthainn curraigh nó bróimíd. Mothaím umhal i láthair an nádúir agus réidh le déileail le gach buille go misniúil!

Mar bharr ar an mhí-ádh, níl mé ábalta amharc ar an nádúr ach trí chuiríní a bhfuil dusta orthu agus iad greamaithe den fhuinneog le tacóidí atá siochta le salachar, ach amháin go fíorannamh, baineann sé den phléisiúr bheith ag amharc amach. Is é an nádúr an t-aon rud amháin nach bhfuil a shárú le fáil!

Is é ceann de na hiliomad ceisteanna a chuir isteach orm go minic ná an fáth ar measadh nach raibh mná chomh maith céanna le fir, rud a mheastar go fóill. Is furasta a rá nach bhfuil sé cothrom, ach ní leor sin domsa, ba mhaith liom fáth na héagóra móire seo a fháil amach!

Is dócha gur choinnigh na fir smacht ar na mná ón tús de bhrí go bhfuil siad níos láidre go fisiciúil; is iad na fir a shaothraíonn an bheatha, a ghineann na páistí agus a dhéanann a rogha rud ... Go dtí le déanaí, ghlac na mná leis seo gan cheist, a bhí bómánta, de bhrí gur measa é a fhad a théann sé ar aghaidh. Ar an dea-uair, rinne oideachas, obair agus dul chun cinn a súile do na mná. Bronnadh na cearta céanna orthu i gcuid mhaith tíortha; aithníonn cuid mhaith daoine anois, mná den chuid is mó, ach fir fosta, cé chomh héagórach agus a bhí sé cur suas leis an dóigh a raibh an scéal chomh fada sin. Ba mhaith le mná nua-aimseartha an ceart a bheith acu bheith go hiomlán neamhspleách!

Ach ní hé sin uile é. Ba chóir go mbeadh meas ar na mná fosta! Ag labhairt go ginearálta, tá meas mór ar na fir ar fud an domhain mhóir, mar sin de cad chuige nach mbeadh an cás amhlaidh leis na mná agus a gcuid measa féin orthu. Tugtar onóir agus ómós do shaighdiúirí agus do laochra cogaidh, tuilleann taiscéalaithe clú síoraí, tugtar urraim do na mairtírih, ach cá mhéad duine a fhéachann ar mhná mar shaighdiúirí?

Sa leabhar *Men against Death* chuaigh sé go mór i bhfeidhm orm go bhfulaingíonn na mná níos mó péine, tinnis agus ainnise i mbreith clainne amháin ná a ffulaingíonn laoch cogaidh ar bith ina shaol. Agus cad é an buíochas a fhaigheann sí as an phian sin uile? Cuirtear ar leataobh í nuair a chuirtear míghnaoi uirthi ag tabhairt linbh ar an saol, is gairid go bhfágann a cuid páistí í, imíonn a háilleacht. Is saighdiúirí is déine agus is misniúla iad na mná a bhíonn ag streachailt ar mhaithe leis an chine daonna a choinneáil beo ná na laochra móra béalscaoilteacha siúd uile le chéile a bhíonn ag troid ar son na saoirse!

Níl mé ag iarraidh a mhaíomh gur chóir do mhná gan páistí a thabhairt ar an saol; a mhalairt atá fíor, is é sin dlí an nádúir, agus is é sin an dóigh ar chóir dó a bheith. Is iad ár gcóras luachála a cháinim agus na fir nach n-aithníonn a mhéad, a dheacra agus ar deireadh a áille atá a gcuid oibre don tsochaí.

Aontaím go huile is go hiomlán le Paul de Kruif, údar an leabhair seo, nuair a deir sé go gcaithfidh na fir foghlaim nach meastar go bhfuil an bhreith cinniúnach agus dosheachanta in áiteanna an domhain a mheasaimid atá tugtha chun sibhialtachta. Is furasta do na fir bheith ag caint – níl orthu agus ní bheidh orthu choíche na hualaí a bhíonn ar na mná a iompar!

Creidim go dtiocfaidh athrú ar an dearcadh gur dualgas mná é páistí a thabhairt ar an saol le linn an chéid seo chugainn

agus go dtiocfaidh meas agus moladh na mban uile ina áit, a iompraíonn a n-ualaí gan ghearáin, gan focail mhórchúiseacha!

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN AOINE, 16 MEITHEAMH 1944

A Kitty d'bil,

Fadhbanna úra: Tá Bean van D. i mbarr a céille. Tá sí ag rá go scaoilfear í, go gcaithfear sa phríosún í, go gcrochfar í nó go gcuirfidh sí lámh ina bás féin. Tá éad uirthi liomsa go gcuireann Peter a mhuinín ionamsa seachas inti féin, tá sí maslaithe nach dtugann Dussel aird ar bith ar a cliúsaíocht agus eagla uirthi go dtabharfaidh a céile gaoth d'airgead na gcótaí fionnaidh uile ar thobac. Bíonn sí achrannach, ag gearradh na mionnaí móra, ag caoineadh, bíonn trua aici di féin, bíonn sí ag gáire agus ansin tosaíonn ón úr arís.

Cad é faoin spéir a thig a dhéanamh lena leithéid de snagaire amaideach an chine dhaonna? Ní ghlacann duine ar bith léi i ndáiríre, níl aon neart inti, bíonn sí ag gearán le gach uile dhuine, agus ba chóir an chuma atá uirthi a fheiceáil: *von hinten Lyzeum, von vorne Museum.** Mar bharr ar an donas, tá Peter ag éirí sotalach, an tUasal van Daan ag éirí cantalach agus Máthair ag éirí searbhasach. Is ea, tá drochbhail ar gach duine! Níl ach riail amháin ann a gcaithfidh tú cuimhneach uirthi: déan gáire ar gach rud agus déan neamhaird ar gach duine eile. Tá an chuma air sin go bhfuil sé féinspéisíoch, ach is é an t-aon leigheas atá ann dóibh siúd atá ag fulaingt de bhrí go bhfuil trua acu dóibh féin.

Tá an tUasal Kugler in ainm is a bheith ag caitheamh ceithre seachtaine in Alkmaar ar chúrsaí oibre. Tá sé ag iarraidh tarraingt siar as le teastas dochtúra agus le litir ó Opekta.

* ceann eireoige ar sheanchearc

Tá an tUasal Kleiman ag dúil go rachaidh a bholg faoi scian roimh i bhfad. Ag tosú óna haon déag a chlog aréir, gearradh na línte ar na gutháin phríobháideacha uile.

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN AOINE, 23 MEITHEAMH 1944

A Kitty dhil,

Níl rud ar bith speisialta ag tarlú anseo. Thosaigh na Sasanaigh a n-ionsaí lán seoil ar Cherbourg. De réir Pim agus an Uasail van Daan, is cinnte go bhfuasclófar muid roimh an 10 Deireadh Fómhair. Tá na Rúisigh ag glacadh páirte san fheachtas; inné chuaigh siad ar ionsaí in aice le Vitebsk, go díreach trí bliana cothrom an lae inniu ó rinne na Gearmánaigh ionradh ar an Rúis.

Tá Bep in ísle brí, níos ísle ná a bhí riamh. Táimid beagnach as prátaí; táimid ag dul a dhéanamh cuntais orthu do gach duine feasta, ansin tig le gach duine a rogha rud a dhéanamh leo, ag tosú ar an Luan, beidh Miep ar saoire go ceann seachtaine. Níor aimsigh dochtúirí an Uasail Kleiman rud ar bith ar a X-ghathú. Tá sé idir dhá comhairle, dul faoi scian nó ligint do rudaí dul a mbealach féin.

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN MHÁIRT, 27 MEITHEAMH 1944

A Kitty dhil,

Tá athrú tagtha ar an ghiúmar, tá ag éirí go maith le gach duine. Thit Cherbourg, Vitebsk agus Zhlobin inniu. Is cinnte gur ghabh siad cuid mhór fear agus trealaimh. Maraíodh cúigear Ginearál Ghearmánacha in aice le Cherbourg agus gabhadh beirt eile. Anois agus cuan acu tig leis na Sasanaigh a rogha rud a thabhairt i dtír. Gabhadh an Leathinis Cotentin

ar fad go díreach trí seachtaine ó thosaigh an t-ionradh! A leithéid de ghaisce!

Le trí seachtaine anuas ó D-Day ní raibh lá ar bith ann gan fearthainn gan stoirmeacha, chan anseo ná sa Fhrainc, ach níor chuir an mí-ádh seo as do na Sasanaigh ná do na Meiriceánaigh a neart a thaispeáint. Agus cén dóigh! Ar ndóigh, scaoil na Gearmánaigh a n-arm iontach féin, ach is ar éigean a dhéanfaidh tine bheag ealaíne mar sin dochar ar bith, ach amháin giota beag dochair b'fhéidir i Sasana agus cinnlínte ardghlóracha sna nuachtáin Jerry. Ar aon nós, nuair a thuigeann siad in 'Jerryland' go bhfuil na Boilséivigh ag éirí níos cóngaraí, beidh siad ar bharr amháin creatha le heagla.

Tá mná na Gearmáine uile nach bhfuil ag obair ar son an airm á n-aistriú, in éineacht lena bpáistí, ó cheantair an chósta go ceantair Groningen, Friesland agus Gelderland. D'fhógair Mussert* go liostálfaidh sé má bhaineann an t-ionradh an Ollainn. An bhfuil sé beartaithe ag an mhuc mhór ramhar sin bheith ag troid? Thiocfadh leis é sin a dhéanamh sa Rúis i bhfad roimhe seo. Dhiúltaigh an Fhionnlainn do chonradh síochána tamall maith ó shin, agus anois tá deireadh le socruithe síochána. Na bómáin sin, beidh daor orthu!

Cá fhad a bheimid ar 27 Iúil, do bharúil?

Do chara dílis, Anne M. Frank

Ceannaire Pháirtí Náisiúnta Sóisialta (Naitsíoch) na hOllainne.

A Kitty dhil,

Drochaimsir in aon mheall amháin gan stad go dtí an tríochadú lá Meithimb. * Nach maith a deirim sin? Ó, cinnte, tá beagán Béarla ar eolas agam cheana féin; go díreach mar fhianaise tá mé ag léamh *An Ideal Husband* le cuidiú an fhoclóra! Tá ag éirí go hiontach leis an chogadh: thit Bobruysk, Mogilev agus Orsha, cuid mhór príosúnach.

Tá gach rud go breá anseo. Tá feabhas ag teacht ar an ghiúmar, tá an lámh in uachtar ag ár sárdhaoine dóchasacha, tá muintir van Daan ag imeacht as radharc leis an siúcra, d'athraigh Bep a stíl ghruaige, agus tá seachtain saoire ag Miep. Is é sin an nuacht is déanaí!

Tá obair uafásach á déanamh ar fhréamhacha na canála ar cheann de mo chlárghiacla. Tá sé iontach nimhneach. Bhí mé chomh holc sin gur shíl Dussel go raibh mé ag dul a thitim i laige, agus is beag nár thit. Tháinig tinneas fiacaile ar Bhean van D. fosta gan mórán moille!

Do chara dílis, Anne M. Frank

IS. Chuala muid ó Basle go raibh ról an óstóra ag Brend† in *Minna von Barnhelm*. Tá ‘claonadh chun na haisteoireachta’ ann a deir Máthair.

AN DÉARDAOIN, 6 IÚIL 1944

A Kitty dhil,

Éiríonn mo chuid fola fuar nuair a bhíonn Peter ag caint ar bheith ina choirpeach nó ina amhantraí; ar ndóigh, tá sé ag magadh, ach mothaím féin go fóill go bhfuil eagla air roimh a laige féin. Deir Margot agus Peter liom de shíor, ‘Dá mbeadh do mhisneach agus do neart agam, dá mbeadh do thiomáint agus d’fhuinneamh dochloíte agam, thioctadh liom ... !

* Cuid Béarla Anne

† Col ceathrair Bernhard (Buddy) Elias.

An tréith chomh maith sin í gan ligint do dhaoine eile tionchar a imirt orm? An bhfuil an ceart agam nuair a leanaim mo choinsias féin?

Le fírinne, ní thig liom a shamhailt cad é mar a déarfadh duine ar bith ‘tá mé lag’ agus ansin fanacht ar an dóigh sin. Má tá sé sin ar eolas agat fút féin, cad chuige nach droideann tú ina dhiaidh, cad chuige nach bhforbrófaí do phearsantacht? Is é seo a leanas an freagra a bhíonn acu de shíor: ‘De bhri gur fusa i bhfad é gan é a dhéanamh!’ Fágann an freagra sin cineál beaguchtaigh orm. Furasta? An gciallaíonn sé sin go bhfuil saol ceilge agus falsachta furasta fosta? Ó ní thig, ní thig leis sin bheith fíor. Ní thig leis bheith fíor gur furasta daoine a mhealladh le saol furasta ... agus airgead. Rinne mé dianmhachnamh ar an fhreagra ba chóir dom a thabhairt, ar an dóigh ar chóir dom cur ina luí ar Peter creidbheáil ann féin agus, thar rud ar bith eile, chun é a athrú ionas go dtiocfaidh feabhas air. Níl a fhios agam cé acu atá mé ar an bhóthar cheart nó nach bhfuil.

Is minic a shamhlaigh mé cé chomh deas agus a bheadh sé dá gcuirfeadh duine muinín iomlán ionam. Ach anois agus é tagtha chuige sin, tuigim cé chomh deacair agus atá sé tú féin a chur i mbróga duine éigin eile agus an freagra *ceart* a fháil. Go háirithe de bhri gur coincheapa coimhthíocha úra iad ‘furasta’ agus ‘airgead’ domsa.

Tá Peter ag tosú ar bheith ag brath orm agus níl mé á iarraidh sin, ar dhóigh ar bith. Tá sé deacair go leor duit bheith ag brath ort féin, ach nuair is gá duit bheith dílis duit féin idir chroí is anam, is deacra fós é.

Cad é mar a thig liom a chur ar a shúile dó go mb’fhéidir go bhfuil cuma fhurasta agus iontach air, áfach, go dtarraingeoidh sé anuas sna duibheagáin é, áit nach n-aimseoidh sé cairde, tacaíocht ná áilleacht níos mó, chomh fada sin thíos go bhfuil seans ann nach dtiocfaidh sé aníos chuig an bharr choíche?

Táimid uile beo, ach níl a fhios againn cén fáth ná cén chúis; táimid uile ar lorg an aoibhnis; tá saol difriúil ag gach duine againn anseo, agus fós féin táimid mar an gcéanna. Tógadh an triúr againn i dteaghlaigh mhaithe, tá deis againn oideachas a fháil agus rud éigin a dhéanamh lenár saol. Tá neart fáthanna againn bheith dóchasach go mbeidh áthas an domhain orainn, ach ... caithfidimid é a shaothrú. Agus sin rud nach dtig a bhaint amach má ghlacann tú an bóthar furasta. Agus ní rud é a thig leat a chur i gcrích má roghnaíonn tú an bóthar furasta. Ciallaíonn dea-ghníomhartha agus obair mhaith go saothróidh tú an t-áthas, chan ag amhantraíocht agus falsacht. Is féidir go bhfuil *cuma* tharraingteach ar an fhalsacht, ach is í an obair amháin a thugann *fíorshásamh* duit.

Ní thuigim daoine nach bhfuil dúil acu san obair, ach ní hé sin an fhadhb atá ag Peter ach an oiread. Is é rud go díreach nach bhfuil sprioc aige, ar a bharr sin síleann sé go bhfuil sé róbhómánta agus ró-íseal le rud ar bith a chur i gcrích. Peter bocht, níor thuig sé riamh an dóigh a mothaíonn sé le háthas a chur ar dhuine eile, agus is é mo léan nach dtig liom an oiliúint a chur air. Níl sé creidmheach, bíonn ag magadh faoi Íosa Críost agus tugann ainm Dé gan fáth, agus cé nach bhfuil mé Ceartchreidmheach ach oiread, goilleann sé orm gach uair é a fheiceáil chomh huaigneach, chomh magúil agus chomh hainnis sin.

Ba chóir dóibh siúd a bhfuil creideamh acu bheith áthasach, de bhrí nach bhfuil sé ar chumas gach duine creidbheáil sa chumhacht is airde. Ní gá duit fiú bheith eaglach roimh phionós síoraí; tá sé deacair do chuid mhaith daoine glacadh le coincheapa na purgadóra, na bhflaitheas agus ifrinn, cé go gcoinníonn an creideamh, creideamh ar bith, duine ar an bhóthar cheart. Ní hé eagla roimh Dhia atá i gceist agam, ach an seasamh ceart a ghlacadh agus éisteacht le do choinsias. Cé chomh huasal agus chomh maith agus a bheadh gach duine, dá n-amharcfaidís siar ar a n-iompar féin agus an ceart agus

an t-éigeart a mheas. Dhéanfaidís iarracht gan smaoineamh bheith níos fearr ag tús gach lá úr agus, i ndiaidh tamaill, agus is cinnte go gcuirfidís cuid mhór i gcrích. Tá an t-oideas seo ar fáil do gach duine agus fáilte; níl costas ar bith air agus is cinnte go bhfuil sé úsáideach. Beidh orthu siúd nach bhfuil a fhios acu faoi foghlaim ‘go neartaíonn coinsias ciúin thú’!

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN SATHARN, 8 IÚIL 1944

A Kitty dhl,

Bhí an tUasal Broks in Beverwijk mar ar éirigh leis greim a fháil ar shúnna talún ag an cheannt torthaí. Bhí neart acu ann nuair a bhain siad an áit seo amach ach iad clúdaithe le deannach agus lán gainimh. Ceithre chiseán is fiche go díreach ann dúinne agus don oifig. An oíche chéanna chuir muid na chéad sé chrúiscín i mbuidéil agus rinne muid ocht gcrúiscín suibhe. An mhaidin dár gcionn thosaigh Miep a dhéanamh suibhe don oifig.

Ar leath i ndiaidh a dó dhéag, cuireadh an doras chuig an taobh amuigh faoi ghlas, tarraingíodh na ciseáin isteach sa chistin, agus Peter, Athair agus an tUasal van Daan ag stamrógracht leo suas staighre. Fuair Anne uisce te ón teitheoir uisce, chuaigh Margot a fháil buicéid, luigh gach duine isteach ar an obair! Agus mothú aisteach i mo bholg, chuaigh mé isteach in oifig na cistine a bhí plódaithe. Miep, Bep, an tUasal Kleiman, Jan, Athair, Peter: meitheal an Urthí agus an Cór Soláthair agus iad uile measctha lena chéile, agus é sin uile i lár an lae! Cuirtní agus fuinneoga ar oscailt, glóir arda, doirse á ndruidim de phlab – bhí sceitimíní áthais orm. Choinnigh mé ag smaoineamh dom féin, ‘An bhfuilimid i bhfolach i ndáiríre?’ Caithfidh sé gurb é seo an dóigh a mothaíonn sé nuair a thig leat dul amach sa saol arís faoi dheireadh. Bhí an sáspan lán, mar sin de chuaigh mé suas staighre de rúchladh,

mar a raibh an chuid eile den teaghlach ag tarraingt súnna talún thart ar thábla na cistine. Cibé ar bith, is é sin an rud a bhí siad in ainm is a bheith a dhéanamh, ach bhí níos mó ag dul isteach ina mbéal ná mar a bhí ag dul isteach sna buicéid. Is cinnte go mbeadh buicéad eile de dhíth orthu roimh i bhfad. Chuaigh Peter ar ais síos staighre, ach ansin buaileadh cloigín an dorais faoi dhó. Ag fágáil an bhuicéid mar a raibh sé, chuaigh Peter suas staighre arís de rúchladh agus dhruid an leabhragán ina dhiaidh. Shuigh muid ag ciceáil ár sál ar a chéile go mífhoighneach; bhí na súnna talún ag fanacht le bheith nite, ach chloígh muid le riail an tí: ‘Gan uisce a rith nuair atá strainséir thíos staighre – is féidir go gcluinfidh siad na draenacha.’

Tháinig Jap aníos ar a haon le hinsint dúinn gurbh é fear an phoist é. Chuaigh Peter síos staighre arís faoi dheifir. Ding deang ... cloigín an dorais, athrú intinne. D’éist mé le fáil amach an mbeadh duine ar bith eile ag teacht, i mo sheasamh ar dtús ag an leabhragán, ansin ag barr an staighre. Sa deireadh chrom Peter agus mé féin ár gceann chun tosaigh thar an runga, gur chuir muid cluas ghéar orainn féin mar a bheadh cúpla buirgléir ann leis na fuaimeanna ag teacht ón urlár thíos staighre a chloisteáil. Ní raibh glóir choimhthíocha le cloisteáil. Chuaigh Peter leath bealaigh síos an staighre ar a bharraicíní agus ghlaigh amach, ‘a Bep!’ Arís eile: ‘a Bep!’ Bhí a ghlór múchta ag an racán sa chistin. Mar sin de rith sé leis síos chuig an chistin agus mé ag faire amach go neirbhíseach ón urlár thuas.

‘Gabh suas staighre ar an toirt, a Peter, tá an cuntasóir anseo, caithfidh tú imeacht!’ Ba é glór an Uasail Kugler é. Agus é ag ligint osna, tháinig Peter aníos an staighre agus dhruid an leabhragán ina dhiaidh.

Tháinig an tUasal Kugler aníos sa deireadh ar leath i ndiaidh a haon. ‘A Dhia ár sábháil, tá an domhan ar fad iompaite ina súnna talún. Bhí súnna talún agam don bhricfeasta, beidh siad

ag Jan don lón, tá Kleiman á n-ithe mar smailc, tá Miep á mbruith, tá Bep á dtarraingt, agus tig liom iad a mhothú gach áit dá dtéim. Tagaim aníos an staighre le héalú ón dath dearg sin uile agus cad é a fheicim? Daoine ag ní súnna talún!’

Cuireadh an chuid eile de na súnna talún i mbuidéil. An tráthnóna sin: tháinig an séala de dhá chrúiscín. Ba ghairid go ndearna Athair subh díobh. An mhaidin dár gcionn: d’éirigh dhá shéala eile aníos, agus an tráthnóna, ceithre shéala. Níor éirigh leis an Uasal van Daan na crúiscíní a théamh mar is ceart nuair a bhí sé á n-aimridiú, mar sin de sa deireadh rinne Athair subh gach tráthnóna. D’ith muid brachán le súnna talún, bláthach le súnna talún, arán le súnna talún, súnna talún don mhilseog, súnna talún le siúcra, súnna talún le gaineamh. Ar feadh dhá lá ní raibh a dhath ar bith eile ann seachas súnna talún, súnna talún, súnna talún agus ansin bhí ár soláthar reaite nó i gcrúiscíní, slán sábháilte faoi ghlas.

‘Hóigh, a Anne,’ a ghlaigh Margot orm lá, ‘Tá Bean van Hooven ag dul a thabhairt roinnt piseanna dúinn, fiche punt!’

‘Nach deas uaithi é,’ a d’fhreagair mise. Agus is cinnte gur deas, ach tá an oiread sin oibre i gceist leo ... ach!

‘Dé Sathairn, beidh oraibh uile na piseanna a rúscadh,’ a d’fhógair Máthair ag an tábla.

Agus chomh cinnte agus a bhíonn an Cháisc ar an Domhnach, bhí an sáspan cruain is mó dá raibh againn le feiceáil ar an tábla, agus é líonta go béal le piseanna. Má shíleann tú é a bheith leadránach piseanna a rúscadh, ba chóir duit triail a bhaint as an chraiceann ar an taobh istigh a bhaint amach. Ní shílím go dtuigeann an oiread sin daoine go bhfuil na cochaill bog blasta agus lán vitiminí a luaithe a bhaineann tú an craiceann ar an taobh istigh amach. Ach is buntáiste níos mó ná sin é fiú go bhfuil beagnach trí oiread ann agus a bhíonn ann más rud é go n-itheann tú na piseanna amháin.

Is obair chruinn dheismhíneach í na cochaill a rúscadh atá fóirsteanach d'fhiaclóirí saothíneacha nó do shaineolaithe cúrialta spíosraí b'fhéidir, ach tá sé uafásach do dhéagóir mífhoighneach mo dhála féin. Thosaigh muid a obair ar leath i ndiaidh a naoi; shuigh mé ar leath i ndiaidh a deich, d'éirigh mé arís ar a haon déag, shuigh mé arís ar leath i ndiaidh a haon déag. Bhí crónán i mo chluasa leis an loinneog chéanna: scoith an bun, fág na cochaill folamh, tarraing an tsreang, cochall sa sáspan, scoith an bun, fág an cochall folamh, tarraing an tsreang, cochall sa sáspan, srl., srl. Bhí mo shúile ar snámh: glas, glas, péist, sreang, cochall lofa, glas, glas. Chun dul i ngleic leis an leadrán agus le rud éigin a dhéanamh, bhí mé ag geabaireacht an mhaidin ar fad, ag rá cibé rud a tháinig isteach i mo chloigeann agus ag cur gach duine ag gáire. Bhí an t-ionannas do mo mharú. Chinntigh gach sreang dár tharraing mé nach mbeinn ag iarraidh choíche bheith i mo bhean tí go díreach!

Ar a dó dhéag d'ith muid bricfeasta sa deireadh, ach ó leath i ndiaidh a dó dhéag go ceathrú go dtí a haon, b'éigean dúinn cochaill eile a fholmhú arís. Nuair a stad mé, mhothaigh mé go raibh tinneas farraige orm, agus mhothaigh na daoine eile amhlaidh. Bhí néal codlata agam go dtí a ceathair, agus mearbhall orm fós de dheasca na bpiseanna uafásacha sin.

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN SATHARN, 15 IÚIL, 1944

A Kitty dhil,

Tá leabhar faighte againn ón leabharlann a bhfuil an teideal dúshlánach seo a leanas air *What Do You Think of the Modern Young Girl?* Ba mhaith liom an t-ábhar seo a phlé inniu.

Cáineann an scríbhneoir *'ógánaigh an lae inniu'* ó bhun go barr, cé nár chaith sí as a gceann iad uile mar *'cásanna éadóchasacha'*. A mhalairt ar fad a bhí fíor, síleann sí go bhfuil

sé ar a gcumas domhan níos mó, níos fearr agus níos áille a thógáil, ach go mbíonn siad gafa le rudaí éadroma, gan smaoinreamh ar fhíor-áilleacht ar chor ar bith.

I sleachta éagsúla mhothaigh mé go láidir go raibh an scríbhneoir ag díriú a dímheasa orm, agus is é sin an fáth ar mhaith liom m'anam a nochtadh duit agus mé féin a chosaint ar an ionsaí seo.

Tá tréith shuntasach amháin agam ba chóir a bheith soiléir do dhuine ar bith a bhfuil aithne aige orm ar feadh tréimhse ar bith ama: tá cuid mhaith féinaithne agam. I ngach rud dá ndéanam, tig liom amharc orm féin mar a bheadh strainséir ionam. Tig liom seasamh os comhair ghnáth-Anne an ghnáthlae, gan mé claonta nó ag deanamh leithscéalta, agus amharc ar na rudaí a dhéanann sí idir rudaí maithe agus dhrochrudaí. Ní fhágann an fhéinaithne seo mé in am ar bith, agus gach uair dá n-osclaím mo bhéal, ritheann sé liom, 'Ba chóir duit é sin a rá ar dhóigh eile' nó 'Tá sé sin go breá an dóigh a bhfuil sé.' Cáinim mé féin an oiread sin go bhfuil sé ag éirí soiléir dom anois cé chomh fírinne agus atá sean-nath Athar: 'Caithfidh gach páiste é féin a thógáil.' Ní thig le tuismitheoirí ach comhairle a chur ar a gcuid páistí nó iad a chur ar bhóthar a leasa. I ndeireadh na dála, múnlaíonn daoine a dtréithe féin. Ar a bharr sin, tugaim aghaidh ar an saol go hiontach misniúil. Mothaím chomh láidir sin go bhfuil mé ábalta neart ualaí a iompar, chomh hóg agus chomh saor sin! Nuair a mhothaigh mé é seo den chéad uair, bhí áthas orm, de bhrí go gciallaíonn sé go dtig liom cur suas níos fusa le gach buille a thugann an saol dom.

Ach labhair mé ar na rudaí seo chomh minic sin. Anois ba mhaith liom díriú ar an chaibidil 'Ní Thuigeann Athair ná Máthair Mé.' Mhill mo thuismitheoirí go mór i gcónaí mé, chaith go cineálta liom, chosain mé ar mhuintir van Daan agus rinne a dtiocfadh le tuismitheoirí a dhéanamh. Agus fós féin ar feadh tamaill fhada mhothaigh mé iontach uaigneach, fágtha

ar leataobh, go ndearnadh faillí ionam agus nár tuigeadh mé. Rinne Athair a raibh ar a chumas mo mheon réabhlóideach a mhúchadh, ach bhí a shaothar in aisce. Leigheas mé mé féin trí m'iompar a chur faoin solas agus amharc ar mo chuid lochtanna.

Cad chuige nár thacaigh Athair liom agus mé ag streachailt? Cad chuige nár shroich sé an marc nuair a rinne sé iarracht lámh chuidithe a thabhairt dom? Is é freagra na ceiste: gur bhain sé úsáid as na modhanna contráilte. Labhair sé liom i gcónaí mar a bheadh páiste ann a bhí ag cur craiceann deacair de. Tá cuma sheafóideach air seo, de bhrí gurb é Athair an t-aon duine amháin a thug muinín dom agus a chuir ag smaoinemah mé gur duine siosmaideach mé. Ach rinne sé faillí i rud amháin: theip air a aithint gur thábhachtaí domsa thar rud ar bith eile an lámh in uachtar a fháil ar mo chuid deacrachtaí. Ní raibh mé ag iarraidh scéalta faoi 'fadhbanna coitianta na n-óganach' a chloisteáil, ná 'girseacha eile', ná 'fágfaidh tú i do dhiaidh é'. Ní raibh mé ag iarraidh go gcaithfí liom mar an gcéanna leis na girseacha eile, ach mar a bheadh Anne féin ann, agus níor thuig Pim an méid sin. Ar a bharr sin, ní thig liom muinín a chur i nduine ar bith ach go n-insíonn sé cuid mhaith faoi dtaobh dó féin domsa, agus de bhrí gur beag atá ar eolas agam faoi, ní thig caidreamh níos dlúithe a bheith agam leis. Téann Pim ar aghaidh i gcónaí mar a bheadh an tAthair aosta ann a mbíodh na fórsaí neamhbhuana céanna tiomána ann tráth dá raibh, ach nach dtig caitheamh liom mar a bheadh cara ann níos mó, is cuma cad é an iarracht a dhéanann sé. Mar gheall air sin, níor roinn mé mo dhearcadh ar an saol ná mo chuid teoiricí domhain-mhachnamhacha le duine ar bith ach le mo dhialann agus, ó am go ham, le Margot. Tá rud ar bith a bhaineann liom curtha i bhfolach ó Athair agam, níor roinn mé mo smaointe leis, agus thug mé cúl dó d'aon ghnó.

Ní thiocthadh liom é a dhéanamh bealach ar bith eile. Lig mé do mo mhothúcháin mé a threorú go huile is go

hiomlán. Bhí sé sin féinspéisíoch, ach rinne mé an rud is fearr do mo shuaimhneas intinne féin. Chaillfinn sin, móide an fhéinmhuinín ar chuir mé an oiread sin stró orm féin á fáil, dá gcáinfi mé anois leath bealaigh tríd an obair. Is féidir go bhfuil cuma chruachróíoch air seo, ach ní thig liom glacadh le cáineadh ó Pim ach an oiread, de bhrí nach é amháin nach roinnim na mothúcháin i mo chroí istigh leis, ach de bhrí gur bhrúigh mé níos faide ar shiúl uaim é agus mé cantalach.

Is é seo a leanas rud a mbím ag smaoineamh air go minic: cad chuige a gcuireann Pim isteach orm an oiread sin in amanna? Is ar éigean a thig liom cur suas leis má chuireann sé a lámh orm, agus tá cuma bhréagach ar an chion atá aige orm. Ba mhaith liom bheith fágtha liom féin, agus b'fherr go dtabharfaí neamhaird orm ar feadh tamaill go dtí go mbeidh mé níos muiníní ionam féin agus mé ag labhairt leis! Tá mé fós réabtha as a chéile agus mothaím ciontach faoin litir uafásach a scríobh mé chuige nuair a bhí rudaí ag cur isteach orm. Ó, tá sé deacair bheith láidir agus cróga ar achán dóigh!

Fós féin, ní hé seo an díomá is mó a bhí orm riamh. Ní hé, smaoiním ar Peter i bhfad níos mó ná a smaoiním ar Athair. Tá a fhios agam go maith gurbh é an duine a mheall mise, agus nárbh é an bealach eile thart é. Chruthaigh mé íomhá dó i m'intinn, agus shamhlaigh mé é mar a bheadh gasúr ciúin, milis, goilliúnach ann a raibh grá agus cairdeas de dhíth go géar air. Bhí orm mo chroí a oscailt do dhuine éigin beo. Bhí mé ag iarraidh cara a fháil a chuirfeadh ar bhealach mo leasa arís mé. Bhain mé amach ar chuir mé romham agus mheall é, go mall ach go cinnte ionsorm. Nuair a bhí sé ina chara agam sa deireadh, d'éirigh dlúthchaidreamh eadrainn, a bhfuil cuma náireach air nuair a smaoiním air anois. Labhair muid ar na rudaí is príobháidí amuigh, Ach níor thagair muid fós do na rudaí is cóngaraí dár gcroí. Ní thig liom bun ná barr a dhéanamh de Peter fós. An bhfuil sé éadrom, nó an é go

bhfuil an chúthaileacht á choinneáil siar, fiú liomsa? Ach á gcur sin uile ar leataobh, rinne mé meancóg amháin: bhain mé úsáid as dlúthchairdeas suiríoch le bheith mór leis, agus nuair a rinne mé sin, chuir mé cineálacha eile cairdis as an áireamh. Is fada leis go dtabharfaí grá dó, agus feicim go bhfuil sé ag cur níos mó spéise ionam le gach lá a théann thart. Sásaíonn an t-am a gcaithimid le chéile é, ach cuireann sé fonn orm tosú ón úr arís. Ní bhainimse an ceann de na hábhair a mbím ag dúil labhairt orthu go hoscailte in am ar bith. Chuir mé brú ar Peter, níos mó ná a aithníonn sé, éirí cóngarach dom, agus anois tá greim an fhir bháite aige orm. Le fírinne ní fheicim bealach ar bith éifeachtach chun cor a chur air agus é a chur ar ais ar a sheanléim. Is gairid gur aithin mé nach dtiocfadh linn bheith inár ndaoine d'aon nádúr, ach fós féin rinne iarracht é a scaoileadh saor óna shaol cúng agus a dheiseanna óige a leathnú amach.

'I ndoimhne an duine, is uaigní an t-aos óg ná na seandaoine.' Léigh mé é seo i leabhar áit éigin agus choinnigh mé cuimhne air. Go bhfios domsa, tá sé fíor.

Mar sin dé má tá tú ag machnamh cé acu atá sé níos deacra do na daoine fásta anseo nó nach bhfuil, is é an freagra nach bhfuil, is cinnte nach bhfuil. Tá rogha le déanamh ag daoine fásta faoi gach rud agus tá cinnte díobh féin agus dá ngníomhartha. Tá sé dhá oiread níos deacra dúinne an t-aos óg ár mbarúlacha a choinneáil an t-am seo nuair atá ár n-idéil á milleadh agus á scriosadh, nuair atá an taobh is measa den chine daonna chun tosaigh, nuair atá amhras ar gach duine faoi cad is fírinne ann, faoin rud cóir agus faoi Dhia.

Ní aithníonn duine ar bith a mhaíonn go bhfuil am níos deacra ag na daoine fásta san Urtheach go dtéann na fadhbanna i bhfeidhm *orainne* i bhfad níos measa. Táimid i bhfad ró-óg leis na fadhbanna seo a láimhseáil, ach coinníonn siad orthu á mbrú féin orainn, sa deireadh, cuirtear fiachadh

orainn réiteach a fháil, cé go dtiteann ár réiteach as a chéile an chuid is mó den am nuair a thugaimid aghaidh ar an fhírinne. Tá sé deacair ag uaireanta mar seo: éiríonn idéil, brionglóidí agus dóchais atá caomhnaithe ionainn aníos go dtí an barr, go dtí go mbrúitear síos arís iad ag an fhírinne lom. Is mór an t-ionadh é nár thréig mé mo chuid idéal uile, tá an chuma orthu go bhfuil siad chomh seafóideach agus chomh míphraiticiúil sin. Fós féin cloím leo de bhrí go gcreidim fós, in ainneoin gach rud, go bhfuil fíormhaitheas i ndaoine ina gcroí istigh.

Tá sé go huile is go hiomlán dodhéanta dom mo shaol a thógáil agus gach rud ina chíor thuathail thart orm, an fhulaingt agus an bás. Feicim an domhan á iompú go fadálach ina fhásach, cluinim an toirneach atá ag teacht ionsorainn, a scriosfaimid fosta, lá éigin, mothaím pianta na milliún atá ag fulaingt. Agus fós féin, nuair a bhreathnaím suas ar an spéir, mothaím ar dhóigh éigin go rachaidh rudaí i bhfeabhas, go dtiocfaidh deireadh leis an saol cruálach seo, agus go bhfillfidh síocháin agus suaimhneas ina áit. Idir an dá linn, caithfidh mé cloí le mo bharúlacha féin. Is féidir go mbeidh an lá ann nuair a thiocfaidh toradh orthu!

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN AOINE, 21 IÚIL 1944

A Kitty dbil,

Tá mé ag éirí dóchasach faoi dheireadh. Anois, sa deireadh thiar thall, tá ag éirí go maith le rudaí! Tá leo! Scéal iontach! Rinneadh iarracht Hitler a fheallmharú, agus an iarraidh seo níorbh iad na Cumannaigh Ghiúdacha ná na caipitlithe Sasanacha a rinne an iarracht, ach ginearál Gearmánach nach amháin atá ina chunta, ach atá óg fosta. Murach ‘Deonú Dé’ ní bheadh sé ann: tháinig sé slán as, ar an drochuair, gan ach roinnt miondónna agus mionscríoba air. Maraíodh

nó gortaíodh cuid de na hoifigigh agus na ginearáil a bhí ina seasamh ina aice. Scaoileadh ceannasaí na comhcheilge.

Is í seo an fhianaise is fearr dá bhfuil againn go dtí seo go bhfuil cuid mhór oifigeach agus ginearál tinn tuirseach den chogadh agus gur mhaith leo Hitler a fheiceáil ag dul isteach sa duibheagán, sa dóigh go dtig leo deachtóireacht mhíleata a chur ar bun, síocháin a dhéanamh leis na comhghuaillithe, iad féin a atharmáil agus, i ndiaidh cúpla scór bliain, tús a chur le cogadh úr, is féidir go bhfuil Deonú Dé ag glacadh a chuid ama ag fáil réidh le Hitler, de bhrí gur fusa i bhfad é do na comhghuaillithe ligint do na Gearmánaigh gan locht iad féin a mharú duine i ndiaidh duine. Is lú an obair a bheas ag na Rúisigh agus ag na Sasanaigh agus ligfidh sé dóibh a gcathracha féin a atógáil i bhfad níos luaithe. Ach nílimid san áit sin go fóill, agus níor mhaith liom toradh an imeachta ghlórmhair a shamhailt sula dtarlódh sé. Fós féin, is dócha gur thug tú faoi deara go bhfuil mé ag insint na fírinne, na fírinne loime, lomchlár na fírinne. An iarraidh seo, níl mé ag dul ar aghaidh faoi idéil arda.

Ar a bharr sin, ba chineálta an mhaise do Hitler a fhógairt dá phobal dílis go mbeadh an fhoireann mhíleata uile faoi smacht an Gestapo as seo amach, agus go gceadaítear do shaighdiúir ar bith a bhfuil a fhios aige go raibh oifigeach ar bith ina bhun páirteach sa ghníomh meata chun an Fürher a mharú an t-oifigeach céanna a scaoileadh ar an chéad amharc!

Is breá an phraiseach atá anois againn. Tá cosa Johnny Bhig nimhneach i ndiaidh mairseála fada agus tugann a oifigeach ceannais íde béil dó. Faigheann Johnny greim ar a raidhfil, scairteann amach, ‘Rinne tusa iarracht an Fürher a mharú. Seo duit!’ Scaoiltear urchar amháin leis, agus téann an t-oifigeach ardnósach a raibh sé de dhánacht íde béil a thabhairt dó chun na beatha síoraí (nó an é an bás síoraí é?). Sa deireadh, gach uair a fheiceann oifigeach saighdiúir nó a thugann sé ordú, is

dócha go mbeidh sé ar crith le heagla, de bhrí go bhfuil níos mó cumhachta ag na saighdiúirí ná atá aige féin.

An raibh tú ábalta an méid sin a leanúint, nó an raibh mé ag léim ó ábhar amháin go hábhar eile? Níl neart agam air, tá an radharc i mo shúil agam go mbeidh mé ag dul ar ais ar scoil i mí Dheireadh Fómhair ag cur an oiread sin áthais orm nach bhfuil ciall ar bith liom! Ó a Dhia, nár inis mé duit go díreach ansin go raibh mé ag iarraidh imeachtaí a shamhailt sula dtarlóidís? Maith dom, a Kitty, ní gan ábhar a thugann siad beart bréagnuithe orm!

Do chara dílis, Anne M. Frank

AN MHÁIRT, 1 LÚNASA 1944

A Kitty dhil,

Bhí ‘beart bréagnuithe’ ag deireadh na litreach agus tá sé ag tús an chinn seo. An dtig leat insint dom go díreach cad is ‘beart bréagnuithe’ ann? Cad é an chiall atá le ‘bréagnú’? Dála neart focal eile, is féidir dhá chiall a bhaint as: bréagnú a chur ar dhuine ón taobh amuigh agus ceann a chur ar dhuine ón taobh istigh. Is é an chiall atá leis an chéad cheann nach nglacann tú le barúlacha daoine eile, go mbíonn an ceart i gcónaí agat, go mbíonn an focal deireanach agat i gcónaí; le scéal fada a dhéanamh gairid, na tréithe míthaitneamhacha sin uile a aithníonn daoine ionam. Is é mo rún féin é an ceann deireanach, nach n-aithníonn daoine ionam.

Is iomaí uair a d’inis mé duit roimhe, go bhfuil mé idir dhá chomhairle. Tá an duine spleodrach, gealgháireach, braschainteach, an duine atá sásta leis an saol, agus thar rud ar bith eile, an duine atá ábalta an taobh is éadroime de rudaí a fheiceáil ar thaobh amháin díom. Is é an chiall atá agam leis sin nach bhfeicim rud ar bith cearr le cliúsaíocht, le póg, le croí isteach nó le scéal grinn atá dána. Is gnách go mbíonn an taobh seo díom ina luí ag fanacht le luíochán a

chur ar an taobh eile, atá i bhfad níos glaine, níos doimhne agus níos deise. Níl aithne ag duine ar bith ar an taobh is deise de Anne, agus is é sin an fáth nach dtig le bunús na ndaoine cur suas liom. Ó tig liom bheith i mo bhean grinn ar feadh an tráthnóna ach ina dhiaidh sin bíonn a sáith ag daoine díom a choinneoidh ag dul go ceann míosa iad. Le fírinne, is ionann mise agus scannán rómánsach do mhachnóir domhain – níl ionam ach spraoi, sos grinn, rud éigin a ndéantar dearmad air roimh i bhfad: gan a bheith go holc ach gan a bheith rómhaith ach oiread. Is fuath liom go gcaithfidh mé é seo a insint duit, ach cad chuige nach n-admhóinn é nuair atá a fhios agam go bhfuil sé fíor? Gearrfaidh an taobh is éadroime agus is fánaí agam an t-aicearra ar an taobh is doimhne agam agus mar sin de beidh an lá leis i gcónaí. Ní thig leat a shamhailt cé chomh minic agus a rinne mé iarracht an Anne seo a bhrú ar leataobh, nach bhfuil inti ach leathchuid den duine a dtugtar Anne uirthi – chun í a bhrú siar, chun í a chur i bhfolach. Ach ní oibríonn sé agus tá a fhios agam cén fáth.

Tá eagla orm go bhfaighidh na daoine amach a bhfuil aithne acu orm mar a bhím de ghnáth go bhfuil taobh eile agam, taobh atá níos fearr agus níos deise. Tá eagla orm go mbeidh siad ag magadh fúm, go sílfidh siad go bhfuil mé amaideach agus maoithneach agus nach nglacfaidh siad mé i ndáiríre. Tá mé cleachtach leis nach nglacann daoine i ndáiríre mé, áfach, níl ach an Anne ‘éadromchroíoch’ cleachtach leis agus ábalta cur suas leis; tá an Anne ‘is doimhne’ rólag. Má bhrúim an Anne mhaith isteach sa spotsholas ar feadh cúig bhomaite dhéag fiú, druideann sí mar a bheadh breallán ann an bomaite a iarrtar uirthi labhairt, agus ligeann do Anne uimhir a haon an labhairt a dhéanamh. Sula mbíonn a fhios agam é, bíonn sí imithe.

Mar sin de ní fheictear an Anne dheas i gcuideachta in am ar bith. Níor nocht sí í féin oiread is uair amháin, cé go dtéann sí ar an ardán beagnach gach uair a bhím liom féin. Tá a fhios

agam go díreach an dóigh ar mhaith liom bheith, an dóigh a bhfuil ... ar an taobh istigh. Ach ar an drochuair ní bhím mar sin ach nuair a bhím liom féin. Agus b'fhéidir gurbh é sin an fáth – ní hea, tá mé cinnte de gurb é sin an fáth – a sílim féin go bhfuil mé áthasach ar an taobh istigh agus a síleann daoine eile go bhfuil mé áthasach ar an taobh amuigh. Treoraíonn an fhíor-Anne mé ar an taobh istigh, ach ar an taobh amuigh níl ionam ach gabhar beag aerach ag tarraingt ar a theaghrán.

Mar a d'inis mé duit, ní hé an rud a deirim an rud a mhothaím, agus is é sin an fáth a bhfuil droch-chlú orm go mbím sa tóir ar na gasúir, gur cliúsaí mé, gur cílí mé agus léitheoir na scéalta rómánsacha. Déanann an Anne gan bhuaireamh gáire, tugann freagra braschainteach, croitheann a guailí agus ligeann uirthi go bhfuil sí ar nós cuma liom. Téann sé i bhfeidhm ar an Anne chiúin ar dhóigh eile ar fad. Má bhím go huile is go hiomlán ionraic leat, caithfidh mé a admháil gur cuma liom, go bhfuil mé ar theann mo dhíchill mé féin a athrú, ach go mbíonn namhaid níos cumhachtaí i gcónaí os mo chomhair amach.

Tá guth taobh istigh díom ag smeacharnach, 'An bhfeiceann tú, cad é a d'éirigh duit? Tá barúlacha diúltacha, amhairc uafásacha agus aghaidheanna magúla thart timpeall ort, daoine nach bhfuil dúil acu ionat, agus is é is cúis leis sin nach n-éistean tú leis an chomhairle a chuireann an leath is fearr agat ort féin.' Creid mise, ba mhaith liom éisteacht, ach ní oibríonn sé, mar más rud é go mbím ciúin agus dáiríre, síleann gach duine go bhfuil mé ag cur i gcéill ar dhóigh eile agus caithfidh mé teacht i dtarrtháil orm féin le scéal grinn, agus ansin níl mé fiú ag caint ar mo theaghlach féin, a ghlacann chucu féin go gcaithfidh sé go bhfuil tinneas orm, a líonann le haspairíní agus le suaimhneasáin mé, a mhothaíonn mo mhúineál agus clár m'éadain le fáil amach an bhfuil teocht ard orm, a chuireann ceist faoi ghluaiseachtaí mo phutóg agus a thugann amach dom de bhrí go bhfuil drochspionn orm, go dtí nach dtig liom an cur i gcéill a choinneáil suas níos mó,

de bhrí go n-éirím crosta nuair a bhíonn cuid mhór daoine ag cleitearnach thart orm, éirím crosta, ansin brónach, agus sa deireadh críochnaím suas ag cur an taoibh chontráilte de mo chroí amach, an droch-chuid ar an taobh amuigh agus an dea-chuid ar an taobh istigh, agus coinním orm ag déanamh iarrachta bealach a aimsiú a thabharfaidh mé chuig an duine is dual dom agus an cineál duine a ba liom bheith ionam ... dá mba rud é nach mbeadh duine ar bith eile ar chlár na cruinne.

Do chara dílis, Anne M. Frank

CRÍOCH DHIALANN ANNE ANSEO

Iarfhocal

Ar maidin 4 Lúnasa 1944, am éigin idir a deich agus leath i ndiaidh a deich, stop carr taobh amuigh de 263 Prinsengracht. Tháinig roinnt daoine amach as, Sáirsint de chuid an SS, Karl Josef Silberbauer, agus é gléasta in éide iomlán, agus ar a laghad trí bhall Ollannacha de na Póilíní Sábháilteachta, airm acu ach in éadaí sibhialta. Caithfidh sé gur sceith duine orthu.

Ghabh siad an t-ochtár a bhí i bhfolach san Urtheach, mar aon le beirt chúntóirí dá gcuid, Victor Kugler agus Johannes Kleiman – cé nár gabhadh Miep Gies ná Elisabeth (Bep) Voskuijl – agus thug leo a raibh ann d'earraí luachmhara agus airgead san Urtheach.

I ndiaidh na gabhála, tugadh Kugler agus Kleiman chuig príosún in Amstardam. Ar 11 Meán Fómhair, aistríodh gan ceart na trialach iad, go campa in Amersfoot (An Ollainn). Scaoileadh Kleiman saor de dheasca a easláinte. D'fhan sé in Amstardam mar a bhfuair sé bás sa bhliain 1959.

D'éirigh le Kugler éalú ón phríosún ar 28 Márta 1945, fad a bhí sé féin agus a chomhchimí á seoladh chun na Gearmáine chun obair sclábhaíochta a dhéanamh. Chuaigh sé ar imirce go Ceanada sa bhliain 1955 agus fuair bás in Toronto sa bhliain 1989.

Fuair Elisabeth (Bep) Voskuijl Wijk bás in Amstardam sa bhliain 1983.

Bhí cónaí ar Miep Santrouschitz Gies in Amstardam go dtí go bhfuair sí bás ar 11 Eanáir 2010. Fuair a céile Jan bás sa bhliain 1993.

Nuair a gabhadh iad, tugadh an t-ochtár a chónaigh san Urtheach chuig príosún in Amstardam ar dtús agus ansin aistríodh go Westerbrook iad, an campa aistrithe do Ghiúdaigh

i dtuaisceart na hOllainne. Díbríodh thar tír amach iad ar 3 Meán Fómhair 1944, san iompar deireanach le himeacht ó Westerbork, agus bhain Auschwitz (An Pholainn) amach trí lá ina dhiaidh sin.

De réir na fianaise a thug Otto Frank, cuireadh Hermann van Pels (van Daan) chun báis le gás nimhiúil in Auschwitz i mí Dheireadh Fómhair nó i mí na Samhna 1944, go gairid sular baineadh na seomraí gáis anuas.

Tugadh Auguste van Pels (Petronella van Daan) go Bergen-Belsen ó Auschwitz, ón áit sin go Buchenwald, ansin go Theresienstadt ar 9 Aibreán 1945, agus de réir dealraimh chuig sluachampa géibhinn eile ina dhiaidh sin. Is cinnte nár tháinig sí slán as, cé go bhfuil dáta a báis gan fhios.

Cuireadh fiachadh ar Peter van Pels (van Daan) páirt a ghlacadh sa ‘mháirseáil chun báis’ ó Auschwitz go Mathausen ar 16 Eanáir 1945, mar a bhfuair sé bás ar 5 Bealtaine 1945, trí lá sular fuasclaíodh an campa.

Fuair Fritz Pferrer bás ar 20 Nollaig 1944, sa sluachampa géibhinn in Neuengamme, áit ar tugadh é ó Buchenwald nó Sachsenhausen.

Fuair Edith Frank bás de dheasca ocras agus tnáite in Auschwitz-Birchenu ar 6 Eanáir 1945.

Aistríodh Margot agus Anne Frank ó Auschwitz ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair go Bergen-Belsen, sluachampa in aice le Hanover (an Ghearmáin). Mharaigh an babhta forleata tíofais a bhris amach i ngeimhreadh na bliana 1944-5, de dheasca na gcoinníollacha uafásacha sláinteachais, na mílte cime, Margot ar dtús agus, roinnt laethanta ina dhiaidh sin Anne féin.

Caithfidh sé go bhfuair sí bas go mall i mí Feabhra nó go luath i mí na Márta. Is dócha gur caitheadh coirp an dá ghirseach isteach sna holluaigneanna in Bergen-Belsen. D’fhuascail trúpaí Sasanacha an campa ar 12 Aibreán 1945.

Ba é Otto Frank an t-aon duine as an ochtar a tháinig slán as na sluachampaí géibhinn. I ndiaidh do na trúpaí Rúiseacha Auschwitz a fhuascailt, cuireadh ar ais chun a thíre dúchais é bealach Odessa agus Marseilles. Bhain sé Amstardam amach ar 3 Meitheamh 1945, agus chónaigh ansin go dtí 1953, nuair a d'aistrigh sé go Basle na hEilbhéise, áit ar chónaigh a dheirfiúr agus a clann, agus níos moille anonn a dheartháir. Phós sé Elfriede Markovits Geiringer, as Vín ó dhúchas, a tháinig slán as Auschwitz agus a chaill a céile agus a mac in Mauthausen. Chónaigh Otto Frank in Birsfelden taobh amuigh de Basle go dtí go bhfuair sé bás ar 19 Lúnasa 1980, áit ar chaith sé a dhúthracht ag craobhscaoileadh theachtaireacht dhialann a iníne le daoine ar fud an domhain mhóir.

Is é DIALANN CAILÍN ÓIG an fíorscéal is
tréine go fóill a tháinig amach as an
Dara Cogadh Domhanda.

I mí Iúil 1942 chuaigh Anne Frank agus
a teaghlach i bhfolach ar chúl teach
stórais in Amstardam agus iad ag
teitheadh ó na Naitsithe a bhí i seilbh
a dtíre. Bhí Anne trí bliana déag nuair
a chuaigh a teaghlach isteach san
Urtheach Rónda, agus ar feadh dhá
bhliain ina dhiaidh sin tugann sí
tuairisc bheo dúinn ar an fhuistrachas
a bhí uirthi, ar an bhgairt leanúnach
go dtiocfaí uirthi, ar an ocras agus ar
an eagla a bhí uirthi agus i ina cónaí
in áit chong. Tagann deireadh tobann
lena dialann nuair a tháinig na
Naitsithe uirthi agus ar a teaghlach i
mí Lúnasa 1944.

Fuair Anne Frank bás i mí an Mhárta
1945 i sluachampa géibhinn in
Bergen-Belsen sa Ghearmáin agus i cúig
bliana déag d'aois.

Soláthraíonn an leabhar seo portráid
thochtshar atá domhain agus
dodhearmadta ar Anne Frank -
gnáthchailín a bhí inti ach go fóill
féin déagóir fosta a bhí iontach ar fad.